

LOGAINMNEACHA CHLÉIRE.

CO. CHORCAÍ

Éamon Lankford

Tráchtas Ph. D. sa Ghaeilge.

faoi stiúrá ag an Ollamh Ruairí Ó hUiginn

Iml. II

Dámh na nEalaíon,
Coláiste Phádraig,
Maigh Nuad,

Samhain 1995

CLÁR

Imleabhar II.

	<u>Leathanach</u>
CUID 2. Seanchas na n-Áitainmneacha maille le nótaí	258
CUID 3. Staidéar ar Logainmneacha	453
Aguisín	623
Leabharliosta agus foinsí eile.	641
Innéacs ar logainmneacha an bhailiúcháin	678

Logainmneacha Chléire

Co. Chorcaí

Cuid 2

Seanchas na n-Áitainmneacha

**Seanchas, béaloideas agus blúiríní eolais faoi na
logainmneacha maille le nótaí**

Cuid 2

Seanchas na n-Áitainmneacha

Tá ainmneacha ann a insíonn a scéal féin agus ainmneacha a bhfuil scéal inste orthu sa seanchas áitiúil. Tá mar shampla, an t-ainm *Garraí an Choirce* a insíonn gur cuireadh coirce ag fás sa gharraí áirithe sin atá i gceist san ainmniú, agus tá leithéid *Cuaisín na Loinge Dóite* a insíonn céard a d'eirigh tráth do long i gcuaisín áirithe. Tá a stair féin ag gach focal i ngach ainm a shíneann siar go dtí a chéad úsáid.

Bhí a ainm féin tráth ar a lán gnéithe eile de tírdhreach Chléire, ach faraoir, níl sa bhailiúchán seo ach céatadán den méid a bhí ann. Tá, áfach, bailiúchán toirtiúil seanchais agus staire a ghabhann leis na hainmneacha céanna agus tugann a leithéid léargas ar thábhacht na n-ainmneacha i saol pobal an oileáin. Tá léiriú sa tseanchas seo chomh maith ar shamhlaíocht agus ar chruthaitheacht mhuintir Chléire.

Thacaigh áitainm le caomhnú scéil i mbeosheanchas na ndaoine. Murach mar shampla, an t-ainm *Dreapa an Phúca* a bheith ar bhéal daoine, is ar éigin a bheadh tuairisc anois ann gur chreid daoine tráth go bhfacthas a leithéid ag an áit áirithe seo. Bhunaigh ainmneacha mar *Cuaisín an Toirc*, *Tobar na Corann Crosta* agus *Leac Dhiarmada* príomhimeachtaí scéil 'Toraíocht Dhiarmada agus Ghráinne' i mbéaloideas Chléire. Go han-mhnic leis thacaigh an scéal a bhain le háit le caomhnú ainm na háite. Is sa bheosheanchas, mar shampla, a gheibhtear an scéal fíor nó bréagach, taobh thiar de ainmneacha mar *Carraig an Phoirtingéalaigh*, *Rinn na mBreall* nó *Áit an Chatha*. Murach an seanchas a ghabhann leo, tharlódh nach mbeadh fáil ar an ainm féin anois. Tá na glúnta a d'iompar an teolas seo ar shlí na fírinne sa chuid is mó agus tá na garraíacha, na portaigh, na carraigeacha agus na botháin féin fágtha balbh ina ndiaidh. Stair áitiúil bheo atá i ndínnseanchas na n-áitainmneacha. Nochtar ann saineolas faoi bhealaí ar uisce, iascaireacht, saothrú an talaimh agus gnéithe eile de shaol an oileáin. Luaite sa chnósach tá filí, iascairí, mná feasa agus bacaigh bóthair. Tá leis ann laochra na Fiannaíochta, púcaí agus Dream an Uabhair. Luaitear áiteanna baolacha ar tír agus ar farraige. Nochtar buntáistí agus míbhuntáistí ghnéithe den tírdhreach agus tagraítear do imeachtaí fíor nó bréagach a tharla in áiteanna. Cuirtear feidhmeanna a bhain le háiteanna eile in iúl, ar nós *Sruth an Mhuilinín* agus *Garraí na Ceárdtan* agus tuairiscítear iontu na gníomhaíochtaí a bhíodh ar siúl in áiteanna mar *Oileán na gCeard*.

In alt leis 'On the Transparency of Place-Names in Ireland, England and Sweden' (Ainm, 111, (1988),46) scríbh Alan Crozier

Ireland has a long tradition of place-lore, stories and legends which are as much a part of places as their names, and which often explain the origin of the names.

Is cuid den traidisiún sin an seanchas áitiúil atá bailithe anseo faoi logainmneacha Chléire. Seans maith go mbeadh a lán des na hainmneacha imithe as cuimhne daoine murach an beosheanchas seo a choiméad in úsáid iad go dtí ár linn féin. Is dócha, gur fíor a rá, go mbeadh mórán den seanchas céanna cailte ach gur mhair beo an oiread sin ainmneacha ar áiteanna.

Tugtar anso leis, cuid den stair a bhaineann le foirgnimh áirithe ar an oileán e.g. *An Séipéal* nó *An Sean Tigh Solais*, a mbíonn a n-ainmneacha in úsáid mar phointí tagartha. Tá cló iodáileach curtha ar na sleachtaí seanchais mar idirdhealú ó na sleachtaí eile eolais seo. Leanann na hainmneacha de réir na n-uimhreacha atá tugtha dóibh i gCuid I den saothar.

ARDGHORT (A)

Cúig ghabháltas talaimh atá ar an Ardghort agus is ó airde mhór-chuid den talamh ann a fuair sé a ainm. Tá páirc amháin ann agus sé an t-Ardghort a tugtar uirthi. Ní fheadar an ón mbaile a ainmníodh an pháirc nó an taobh eile timpeall.

[DSD.]

Is é an tArdghort an baile is airde i gCléire, agus is ann atá an gort is airde ins an oileán. Sin é an fáth gur glaodh an tArdghort ar an mbaile sin. Bhí séipéal ar an Ardghort uair eigin sa tseanshaol.

[RBÉ 609:214-8. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire, (12/11/1938). Faisnéiseoir : Diarmaid Ó Síocháin (69), Cill Leice Fórabháin a fuair an t-eolas seo 50 bl. roimhe sin arís ó Dhónall Ó Drisceoil (70). Cf. CFC 80.]

An Coiréal

4

Is anseo a gearradh an tslinn do dhíonta tithe tráth. Bhí coiréal eile slinn ag Faille na Binne agus ba ansin a gearradh an tslinn do dhíon an tSéipéil a tógadh i Lios Ó Móine sa bhliain 1839. Tá cuid de shlinn Chléire le feiscint ar roinnt tithe ar an oileán fós. Clúdaíodh falla thiar an tSean Túir ar Chnoicín an tSeabhaic le roinnt eile den slinn chéanna.¹

Garraí na Galltacha

7

Ó thosach na naoú haoise déag bhí roinnt bheag Sasanach ar an oileán ag plé leis an dtigh solais. Bhí an tOileán tuillte le daoine i lár na haoise agus ní ró-mhaith an bhail a bhí ar roinnt acu. Tugadh gabháltaisí beaga talaimh do chóilín-teacht Phrotastúnach ar ghrá cos do chur i dtalamh an oileáin. 'Dála san', dar le Donnchadh Shéamais Ó Drisceoil:

'níor Phrotastúnaigh chearta iad in aon chor ach réicí ón mór-thír a thréig a gcreideamh sa bhaile de dheascaibh aighnisí beaga b'fhéidir lena sagairt nó cúiseanna níos lú. Níor úsáideadh an focal Protastúnach i leith na ndaoine seo, ach Sasanaigh ab ea iad i ndearcadh na ndaoine. Fiú déarfaí gur iompaigh duine ina Shasanach'.²

'Sasanach' nó clann éigin den dream 'Gallda' a tháinig isteach leis an bProtastúnachas a bhí i seilbh an gharraí seo, is cosúil, agus gur uaidh sin a ainmníodh é.

Gort an tSéipéil

10

Deirtear go raibh séipéal anseo uair éigin agus go mbíodh clog séipéil le cloisint dá bhualadh ann maidneacha Domhnaigh. Tugtar Gort an Bhuinne air chomh maith.³ CD

Tobar an Dromáin

18

Is ar an mbaile seo leis [i.e. Ardhort] a bhí an chéad thaisceadán uisce reatha poiblí i gCléire. Ní mó ná go maith a d'éirigh leis toisc ná raibh aon raidhse uisce sa bhfoinse.

[DSD.]

Garraí Cháit Ní Dhálaigh

26

Bhí tigh sa gharraí sin tráth ach níl rian de le feiscint inniu. Tá tobar ann i gcónaí agus ní théann sé riamh i ndísc. PTD

Garraí an Aitinn

28

Do bhí bean ina cónaí i gCléire uair amháin, agus lá éigin do chuir sí a fear ag baint aitinn ach sé an freagra a thug sé uirthi, ná é seo a leanas:

*Ní ag baint aitinn mo ghnó, riamh fós níor ceapadh dom é,
Ná ag coiméad na bó, ná ag seoladh fé chnoc ná fé shliabh,
Acht ag rinne is ag spórt, is ag ól go deo chun go gcaillfinn mo chiall,
Is ag ardú na seoil, Is ag seoladh fé'n bhfarraige siar.*

[RBÉ S 295:26. Scéal - 'Ní ag baint aitinn mo ghnó'. Bailitheoir: Máire Ní Drisceoil, Comalán, Cléire. Faisnéiseoir: Ciarán Ó Drisceoil (55 bl.), Comalán, Cléire.]

Aiteann: *Do deintí go leor úsáid a bhaint as aiteann ins an oileán seo sé sin chomh fada siar is a théann beiriúchán agus cócráil. Dob é an tAiteann Gaelach a deintí a úsáid mar ábhar tine chun cócráltha agus beiriúcháin.⁴*

Do chaithtí an tAiteann Gaelach seo a ghearradh agus a fheochadh nó mar a déarfá a stálú ar feadh tamaill. Dá mbeadh an aimsir tirim níor ghá puinn aimsire a thabhairt do Aiteann Gaelach chun tirimadh nó stálú.

Do fachtí an tAiteann Gaelach i gcnocaibh an oileáin seo agus go deimhin tá an tAiteann Gaelach go flúirseach le fáil ar chnocaibh an oileáin seo.

[RBÉ 1813:22. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire, (25/3/1960).]

Is cuimhin liom daoine ná raibh aon ní eile chomh mór san ag déanamh buartha dhóibh ná eagla go rithfidis amach as ábhar tine. Ó mhaidin go h-oíche chífí fir agus mná ag tarrac beartanna aitinn os na cnocaibh agus dá gcur le cladhthacha fuara cloch le críonadh agus le tiormadh chun na tine. Ní cheadófaí do léas raithní fás ar thalamh garbh ná ar imeall páirce ó lá Fhéile'n Seáin amach gan a bhaint agus a chríonadh leis an ngréin agus a chur i gcoimeád i gcróitíní i

gcomhair an gheimhridh. Bheifí dá dhódh agus dá chur i gcoimeád. Drisleacha gus fiaile dá leithéid, do bhainfí agus chuirfí ar an dtinteán iad. Bhí íle ins na drisleacha glasa agus lasaidís go breá gan aon chríonadh.

Na garratha aitinn Fhranncaigh a chuaigh chun fíántais nuair a dhírigh daoine ar fhéar do shábháil, ba mhór an chabhair shaolta iad do dhaoine. Bíodh go mbíodh na feamanna i stumpaí agus ramhar féin, do ritheadh an tine triothu agus ní bhíodh puinn gríosaiigh iontu. Mar sin féin ba bhreá iad mar ná rabhadar chomh salach i lár an urláir le heire aitinn Ghaeiligh ná fraoigh. Bhíodh boladh bréa ó fhraoch dá dhódh agus bhíodh gríosach go bráth ann.

[Ifreann. DSD. IT. 11/1/1984.]

Bhíodh doicheall ar dhaoine roimh a chéile ag dul ar na cnocaihbh chun aitinn do fháil don dtine. Ach mar sin féin is fánach go deo a coiscfí beart aitinn ná fraoigh ar dhuine, go háirithe muran raibh a leithéid aige féin ar a ghabháltas agus go leor daoine ná raibh gabháltas ar bith acu bhí ceart acu chun ábhair na tine.

[Sean Dlí. DSD. IT. 27/3/1983.]

Garraí Bheist

65

Clann eile a bhí i gCléire ab ea 'na Beastanna' nó 'an Chlann Bheast'. Ba Riagánaigh iad agus bhí dhá fhorshloinne acu, dá n-abrainn é. Bhí 'Bheast' agus 'Struma'. Anois tharlódh gur dhá chlann de na Riagánaigh a mheasc ar chuma éigin agus gur choinnigh cuid acu forshloinne amháin agus cuid eile díobh an forshloinne eile. Go deimhin gheofá an dá fhorshloinne in aon teaghlach amháin agus bhí sé sin deacair le tuiscint.

[DSD. IT. 12/3/1980, ADSD 143.]

An Rinn Ramhar

68

Rinn: *Fairis sin, tá an Rinn Reamhar Mór againn agus an Rinn Reamhar Beag agus Rinn na hÓgha. Ní luafaí iad san in aon tír eolas scoile agus tuigeann an saol mór é sin, ach is léiriú é ar ní atá amhlaidh. Arís, trasna uainn ar oileán eile gheobhar Rinn na mBeann nó Rinn na mBreall ar cheann tiar Laogh Iarrach.⁵ Dála san tá an dá ainm air. Ar oileánaibh eile sa chomharsanacht gheobhair Rinn Dreolaín; Rinn na Sceadaigheal; Rinn a' Choire, agus ar chúl Inse Drisceoil gheobhair Rinn Chóta agus Rinn Chúl Uisce. Measaim dá mbeadh eolas iomlán ar an sceál gur iomó san rinn eile a bheadh le fáil.*

[Rinn. DSD. IT. 18/2/1981.], Cf. An Rinn Ramhair Ca 1.

Bas na Raithearsaí

71

Pointe nó Rinn talún ar an dtaobh theas den mbaile fearainn mar a bhfuil na carraigreacha fada mí-réidh. Is ionann "Bas" agus aon rud atá réidh cosúil le bos na láimhe.

[DSD.]

Barra Bhais na Raithearsaí

72

Tá barra Bhais na Raithearsaí go maith chun Ballach a mharú le tosach na tuille go brách chun go gclúdaítear an Bhais.⁶ Caitheann tú aistriú ansan mar bíonn an taoide ró ard....

[RBÉ 558: 557. Bailitheoir : Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire.]

Béilic na Malann

79

Tamall mór de bhliantaibh ó shin do bhí seanbhean anso chun cónaithe, agus ní raibh aici ach an t-aon chaoire amháin. Do chuaigh sí siar sa bhFuthair [i.e. An Futhar C 27] mar mhaithe leis an laincis a bhogadh, mar do shíl sí go mbeadh a cosa géarrtha ag an laincis, agus d'aimsigh sí marbh an chaoire. Sidé an rann a dhein sí don chaoire :

*Mo chiach is mo dheacair ná deárna tú bhearradh
Nú an olann do startha go ciúin díot,
Sula bhfuairéas tú marbh fé bhéilic na Malann,
Agus na buachaillí geala id shúilibh!
-'Siad na buachaillí geala na cnuimhe.*

[Béal. iml. xi, uimh. I-II, (1941), 28.]

Garraí Beag an Fhothair

80

Bhí garraithe saothraithe thíos ag na carraigreacha mara a ndearnathas roimh Bhliain an Mheathlaithe.⁷ Bhí Garraí Beag an Fhothair agus Garraí Dhonncha Uí Chrónacháin ar chuid acu.

Garraí Thaidhg Spáinneach

84

Gaol leis an 'Spáinneach Mór, Séamas Ó Cochláin báille de chuid na mBitséarach, tiarnaí talaimh an oileáin ba ea Tadhg Spáinneach.

[Cf. Garraí Mháire Spáinní BID 76.]

An Buailíneach

87

Choiméadtaí na ba ann roimh a gcrú. DD

Ní raibh gnó na buailte riamh á chleachtadh ins an oileán nó má bhí níl aon chuntas le fáil air anois. Ach aon rud amháin go bhfuil garraithe beaga talaimh ar chliathán an chnoic is airde ann gurb ainm na Buailthínigh dóibh. Ní fheadar conas a fuair an ainm, agus níor chualadh aon tseanchas mar gheall orthu.
[RBÉ 609:258. Bailitheoir : Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Inis Cléire, (Mí Eanáir 1939).]

Páirc an Phoitín

97

Is ar an Ardghort a ndearnathas an t-aon phoitín riamh i gCléire timpeall 1920-22. Ní fear ó Chléire a bhí dá ndéanamh, amhuaidh. DSD

Bóithrín Fhail Chua

108

[Cf. Róidín Faille Chua Ca 64.]

Mainistir an Ardghort

109

Is minic a chuala seandaoine dhá rá go raibh mainistir ar an Ardghort. Baile fearainn is ea Ardghort atá ins an pháirt is airde den oileán. Tá gort ar an mbaile sin go nglaotar "Gort an Liodáin" air. Is istigh sa ghort seo a bhí an mhainistir déanta. Do bhí na fallaí, nó cuid éigin dá rian suas go dtí tamall ó shin. Mar, an fear go raibh sí ar a chuid tailimh, nuair a bhí sé ag réiteach na h-áite amach seal blianta ó shin, do fuair sé rud mar a bheadh coinneoir nó sórd pláta beag, agus stuif éigin istigh ann. Agus de réir a thuairim, dúirt sé gur luathreadán é. Do fuair sé spúnóg chomh maith. Piútar ab ea an mianach a bhí ag déanamh na spúnóige agus an choinneora.....

Níl togha ná tuairisc, ná aon chuntas le fáil mar gheall ar Mhainistir an Ardghort. Níl ach go raibh sé ann, is gur imigh sé. Fiú amháin níl fhios ag éinne cérbh iad a bhí chun cónaithe ann, sagairt nó bráithre, nó eile. Níl fhios ag éinne.

Do fuair an cuntas bás.

[RBÉ 609:282-283. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Oileán Cléire. (13/1/1939). Cf. CFC 88-89.]

'Láthair an t-seanshéipéil'

109

Láthair an tseanshéipéil: in íochtar an bhaile chéanna agus ar theorann bhaile fearainn Gort na Lobhar, tá áit ann go dtugtar "láthair an tseanshéipéil" air. Is minic a chuala daoine dhá rá go raibh séipéal ann uair éigin fada ó shin. Níl fhios ag éinne cathain a bhí an séipéal suas, níos mó ná go gcualadar go raibh séipéal ins an áit sin áirithe.

Do bhí sé ráite go n-abradh seandaoine go gcualadar clog séipéil dá bhualadh ar an láthair go minic maidin Domhnaigh, is iad féin ag dul ar an

Aifreann, cé ná raibh aon tséipéal ar an láthair, ná ar feadh na mbliantaibh roimhe sin.

Ins an áit chéanna cúpla bliain ó shin nó mar sin, do fuarthas cloch go raibh clais nó iomar gearrtha síos inti. Tá an chloch le fáil fós.⁸ Cloch cheithre cúnneach is ea í.

[RBÉ 609:282-283. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Oileán Cléire. (13/1/1939). Cf. CFC 88-89.]

AN BHÁ THUAIDH (BT)

Tá bá mhór fhairseang idir an tOileán agus an tír. Líonadh an bhá san isteach de mhacraeilí sa bhfómhar, agus an uair sin [i.e. c. 1900] bhí trí fichid bád béaloscailte ag fágáil Thráigh Chiaráin ag leanúint an iascaigh sin: triúr fear ins gach bád acu san.

[SC 40-41.]

Oileáin Chairbre

Is sid iad na hoileáin mar a ghabhaid siad agus iad deighilte óna chéile le bealach nó le canáil nó le siúnta agus ainm fé leith ar gach ceann acu. Ós é Cléire an ceann is mó acu ní mór dom é a ainmniú ar dtúis.

Oileán Cléire.

Oileán Athach.

Oileán na gCeárd.

Oileán Éin.

Oileán na nGabhar.

Oileán Can Inis.

Oileán Uí Chumaisc.

Lao Iarthach, Lao Mhéan, Lao Oithreach; is sin iad na trí laonna ag glaoch ar a máthair. "The Calf Islands a thugadh na béarlóirí orthu."

Oileán Mhanainn.

Inis Cáim Iarthach.

Inis Cáim Oithreach.

Inis Uí Drisceoil.

Oileán Dá Bheann.

Oileán Gé.

Oileán Gamhna.

Oileán Caorach.

Inis Arcáin.

Oileán 'ach Broc.
Oileán Airgidéin.
Oileán an Ghainimh.
Oileán an Chairtín.
Oileán Uí Ghraíonaigh.
Rinn Gróige.
Inis Laoich.
Inis Beag.
Oileán na gCoiníní.
Oileán Dhúlaing.
An tArd Oileán.
Oileán Mullaigh.

*Oileán Bhríde.*⁹

[Litir ó Thomás Ó Síocháin, Cnocán na mBáirneach, Cléire (1942) chuig an Ath. Donncha Ó Floinn, Má Nuad Leabharlann Russel, Má Nuad; C. Ó Drisceoil, Béaloideas Ó Chléire (1993) Uimh. 17 180-181.]

Na pointí atá san Oileán.

Thoir thuaidh:

An Bhunadach Mhór.

An Bhunadach Bheag.

Ón Licín go Liogánaigh atá faid Cléire tomhaiste.

An Treathan.

Cuas an Éisc.

Leaca Loch an Lín, mar a gcuirte an lín á phortú.

Cuas an Dúglais.

Tón na gCaincíní.

Pointe an Chuais Leithin.

Quarter.

Poll an Duirc.

An Rinn Ramhar Bheag.

An Rinn Ramhar Mhór.

Bas na Raithearsaí.

Capall an Chuaisín (Cuaisín na Muice Mara).

Faill Ní Chathail.

Carraig Liúir.

Cuas an Eoin.

An Leathanán Beag.

An Leathanán Mór.

An Rinn Rua.

An Bhoilg.
An Díodán Beag.
An Díodán Mór.
An Logalach.
Oileán Eathach.
An Bullán.
Inbhear Mór.
Inbhear Beag.
An Gearrathar.
An Bullán Carrach.
Cuas an Ghalúnaigh, mar a gcuirfear an Sasanach deireanach in Éirinn chun báis.
An Bháigh Bheag.
An Liogánach.
Tón an Amadáin.
An Fhail Fhada.
Ard an tSrutha, is sia siarthuaidh.
Drom an Chupuird.
Áit na gCaorach.
Beál na Gaibhge.
An Mionnán Buí.
Cuas an Dúna.
Ceann Róin.
Tón Loing Bheag.
Tón Loing Mhór.
Trá Leagaigh.
Rinn na nGréin.
Oileán na gCeárd.
Cuas Uí Bhiaigh.
Mionnán na Caillí.
Faill na Binne (An Bhinn).
Faill na Bó.
Lia Dáith.
Licín Iothlainn.
Dún Cléire.
An Bhréadach.
Bothán na Mná Boichte.
Tráigín an Liont.
Faill Rónáin.
Faill Chua.

Cuas an Bháid.

Cúl Phortáin.

[LNDF 1928:88, Bosca 9, Leabharlann Russel, Má Nuad; C. Ó Drisceoil, Béaloideas Ó Cléire (1993) Uimh 13, 178-179.]

Na Boilg

Is í Boilg Cheann Chléire an ceann is mó. Ní bhriseann aon bhoilg sa tSamhradh ach amháin iad san atá éadoimhin agus is é an taobh thoir is ea a bhriseann gach boilg ar mh'eolas ach aon cheann amháin go nglaothar Boilg an Anama uirthi. Siar ó thuaidh is ea a bhriseann sí siúd, is cuma cá mbeidh an ghaoth an lá san.

Boilg na Feamannaí.

Boilg Dhrom Gabhair.

An Bhoilg Mhór.

Boilg an Chait.

Cailleach Mheall an Damhais.

Boilg na Lárach Doinne.

An Bhoilgín.

Boilg Thomáis.

An Guasartach.

Tón Loing.

Muileann Dá Ros.

Boilg Oileán na gCeárd.

Boilgín an Spáinnigh.

Boilgín Pholl an Duirc.

Boilg Bhealach Lao.

Boilg an Táilliúra.

Boilg Éadrom an Locha.

Leac Leathaird.

Boilg Thrant.

Boilg na Carraige Iarthaí.¹⁰

[Litir ó Tomás Ó Síocháin, Cnocán na mBáirneach, Cléire, (g.d.) chuig an tAth. Donncha Ó Floinn, Má Nuad; Bosca 6, Leabharlann Russel, Má Nuad; C. Ó Drisceoil, Béaloideas Ó Cléire (1993) Uimh. 18, 182.]

Oileán Éinne

1

Deir daoine go bhfuil sé glaota i ndiaidh naomh Éinne nó Enda. Nílim cinnte de. ED

Ceann eile dár n-oileánaibh is ea Oileán Éinne nó Éanna. Ar a laghad tá sé caol sa chaint. Nuair a bhí ár muintir ag gabháil le galántacht agus gan tuigsint acu

dár n-ainmneacha dúchais thugadar Bird Island air. Ní nach ionadh shileadar gur éan Éanna.

[cf. 'Truailliú'. DSD. IT. 2/2/1983.]

Chualag seandaoine á rá go bhfacthas brúch i gceann tiar an oileáin [i.e. Oileán Éinne] tráthnóna gaoithe anoir, agus an ghrian ag taitneamh uirthi, cíor ina láimh aici, agus í ag cíoradh a gruaige. Deiridís gur deartháir leis an mbrúch [i.e. murúch=mermaid]an rón.

[SC 125.]

Tugann na Béarlóirí Bird Island air ach níl aon bhaint in aon chor ag an oileán le héanlaithe. Oileán Éinne 'sea é. Tá oileán den ainm céanna amuigh taobh le hAlbain ach ní éan ar bith atá i gceist anseo againn. DSD

Carraig na Seagaí

2

An Seaga: Is ainnis go deo na neadacha a dheineann na faoilinn agus na roilleacha anuas ar láithreáin bheaga ar na caraigeacha mara. Cúpla ribe de dhrioscar na gcloch agus brúscar beag leagáin, má bhíonn sé le fáil ar a gcóngar. Ní mar sin don seaga. Tugann an seaga lóch tirim leis agus brúscar eile agus tógann nó deineann sé a nead faoi shlabhaic carraige agus i mball ard ná tiocfaidh éinne air gan dua... Bíonn an nead acu i gcónaí in áit go bhféadfaidh na seagaí óga iad féin a chaitheamh díreach síos san uisce nuair atáid ullamh chun imeacht leo.

[Cf. 'Ag Lorg Nead'. ADSD 106-107.]

Dubh atá sé. Caitheann sé dul síos go tóin na farraige a' d'iarraigh gach aon ní íosfaidh sé. Tá an lóma níos mó 'ná é de dhúbailt.

[Bailitheoir: Tomás Ó Síothcháin, Oileán Cléire. Treabhchaisí na n-éan a mhaireann ar an bhfarraige. An Lóchrann, Iúl, 1930.]

Trant

10

Boilg lasmuigh do Oileán Éinne atá i dTrant. As sin bíonn an Charraig Aonair le Poinnte Ard an tSrutha, agus tabharfaidh san siar ó dheas glan tú. ED

Boilg lastuas de Oileán Éinne 'sea Trant. Dá mbeadh sé ina ghaoth aniar aduaidh raghfá idir Trant agus Oileán Éinne. ED

An Ré Shunta

21

Dá mbeadh sé ina ghála aneas thiocfá aníos an Ré Shunta idir na hÓglaigh agus Leac Leathard lastuaidh de Charraig Uí Laoghair. The Great Sound, an sunta doimhin idir na hÓglaigh agus Carraig Uí Laoghair. ED

Drom na mBolg

23

Tá réimse arda carraige fén bhfarraige agus tabharfaí dromanna orthu. Tá an drom istigh againn agus an drom amuigh; tá drom na carraige againn agus drom na lice agus le linn gála nó airicéin eiríonn an fharraige an-ard ar fad de dhroim na ndromanna so agus titeann sí de thuairt thar na ndrom le glór ard.¹¹ In a leithéid d'ócáid bíonn na dromanna ag briseadh. Ba olc an bhail ar bhád dá mbrisfeadh drom acu so uirthi.

Is gnáth gur áiteanna maithe chun iascaigh iad na dromanna san. Ná deirtear nár leag drom na carraige éinne riamh follamh. Sí an Charraig Aonach nó Aonair atá i gceist ansan.

Is iomó san brí atá leis an bhfocal úd agus táthar dá chur i go leor ócáid sa chaint. D'fhéadfadh bád cúrsa do thógaint de dhruim Chairn¹² nó de dhruim aon ghob tailimh gan í dhul dá dhruim ar aon chor. Ar ndóigh dá bhfeictí áthach mór seoil os cionn Cairn nó os cionn Rinn Dreoláin¹³ do scannródh na daoine, ach mar sin féin is mar sin a deirtear i dtaobh báid nó áthach a ghabhann thar aon ghob tailimh nó rinn: chuaigh sí dá dhruim. Siar de dhruim Chairn, soir de dhruim an tSean Chinn¹⁴ suas de dhruim Cheann Laoigh agus mar sin de.

[Cf. 'Tuairisc an Róin'. DSD. IT. 13/6/1981.]

Na Trí Lao, The Calves

26, 35, 40

Tá trí oileán bheaga ar ár n-aghaidh amach, na Trí Laoithe. Ainm nua -aoiseach, cad ina thaobh nárbh ea? Deir na h-údair seo linn, údair léannta na staire go bhfuil an t-eolas go léir acu agus creidimís iad nó ná creidimís, deir siad linn gur oileán mór amháin a bhí ansan go dtí an bhliain naoi gcéad, deich agus daichead, ach go ndearnaigh nó go dtarlaigh crith talún do thimpist uafásach nó de stoirm uafásach éigin i mbliain na bliana san, agus do rith sé ag pléascadh na dúthaí as a chéile mar a chífimid anois é....

Is cuimhin liomsa féin agus níl ionam fós ach leanbh, is cuimhin liom agus mé sa chliabháin go mbíodh daoine ina gcónaí ar na Trí Laoithe sin. Bhíodh an mhuintir Riagáin agus an mhuintir Crualaí agus an mhuintir Scolaí iontu agus Drisceolaigh iontu, agus do chreideamar toisc gan siopa ná tigh tábhairne a bheith ar oileán mar sin go raibh an-sheans go raibh go leor airgid acu agus chreideamar go láidir nach mbíodh na daoine sin riamh gearr in airgead de dheascaibh nach raibh tigh tábhairne acu. DSD

An talamh atá ar na Laotha seo, is dóigh liom nach bhfuil sé in Éirinn níos a fearr chun chruithneachtan nó barraí eile do fhás. D'fhás barraí ana throm ar fad ar na hoileáin seo. Ní raibh easpa aoiligh orthu, mar an gaineamh atá timpeall orthu, is aol, cloch aoil ar fad 'sea é. DSD

My grandfather Pad Burke was a great swimmer. He had a pub in Cummer. It was held that he could swim to the Calves. He was drowned in the harbour when

he accidentally fell overboard and became entangled in a heavy coat which only weighed him down.

[Faisnéiseoir: Dónall Ó Lionáin (83), Baile Iarthach, Cléire, (Lúnasa 1983).]

An Lao Iarthach

26

Deirtear faoi an Lao Iarthach go mbíodh muilean salainn nó córas éigin acu leis an salann do bhaint as an sáile, rud nach deacair go fíoranach mar éinne a chónaíonn cois farraige agus atá taitheach ar chúrsaí na farraige agus ar na carraigreacha mara timpeall ar an bhfarraige, nuair a bhíonn an aimsir bhreá ghrianmhar mar seo ann dá dtéadh sé síos ar na carraigreacha cois na mara chífedh sé locháin sáile atá imithe i ndísc agus locháin lán de shalainn breá ach salann atá an-ghoirt ar fad.

Tá sé an-deacair a chur ar bhia toisc go bhfuil sé chomh goirt sin. Is minic a d'úsáideas féin é ar iasc agus ar rudaí mar sin, ach níor mhór bheith an-churamach mar róstann sé an t-iasc lena shalanntacht. Salann sáile an ainm atá againn ar an salann sin. Is fuirist é aithniúint aon áit a bhfeicfear é ach níorbh fholáir aimsir an ghrianmhar, an thirim. DSD

Rinn na mBeann

28

Ní dóigh liom féin go raibh aon doicheall mór riamh roimh longbhriseadh agus san go mórmhór nuair ná cailiffí éinne léi. Ba mhinic gur gar ó Dhia ag lucht oileán agus ag lucht cósta a leithéid do chasadh leo. Cuirim i gcás an long seoil úd an Stephen Whitney a chuaigh ar dtír ar Cheann Lao nó ar Rinn na mBeann chun bheith i gceart. Deirtear sa chaint gurbh é Boilg Rinn na mBeann d'fhág an bhreall ar an Stephen Whitney. Tá an áit úd ar cheann tiar Lao Iarthach idir Chléire agus an Scoil Mhuire. Is dóigh liom gur sa bhliain 1877 a tharlaigh sé sin.¹⁵ Nílím deimhnitheach ar cailleadh éinne léi ach tá a fhios agam rud amháin gur cuid dá h-adhmad a bhí mar cheann agus mar lochta ar an dtigh inar saolaíodh mé féin. Chífedá an salann sáile ag teacht amach ar an adhmad úd leis an dtiormacht nó leis an bhfiuchán.

[cf. Tubaistí Farraige. ADSD 39-40.], Cf. An Rinn Reamhair A 68.

Boilg Chathail Ó Ríagáin

31

Boilg 'sea carraig nach mbriseann choíche. Paiste de thalamh garbh go mbuaileann an t-iasc isteach ann. Laistiar des na Laonna tá Boilg Chathail Ó Ríagáin nó Charlie Regan's Boilg. ED

Boilg Bill Mór

32

Bhí cónaí ar Bhill Mór ar an gCoinlín. Céadagánach ba ea é. Ní fheadar cá bhfuil an Bhoilg, ach cualag trácht air. Tá Bill Mór curtha le dhá chéad bliain. Tá an píosa tailimh ag Paddy Leonard anois. MÓD

Doirseoir

33

Chuaigh long eile seoil ar dtír idir dá Lao nó sa Doirseoir i 1909¹⁶ nó 1910 agus is lasta adhmaid a bhí inti. Nuair a shnámh an t-adhmad aisti bhí an pobal uile dá tharrac ar dtír. Raic, a dhuine, agus bíonn saint i gcroí lucht oileán chun raice. Agus arís deirtear nár cuireadh aon adhmad raice riamh in aon chrích.

[Tubaistí Farraiige. ADSD 39-40.], cf. Bealach Lao 36.

An Lao Mheáin

35

Na daoine a bhí ar Lao Mheáin agus a fhág é ag tosach na ndaichidí is dóigh liom go ndeigheadar san trasna na sáile siar go Meirice agus na daoine a bhí air Lao Oirtheach, d'fágadar é sin blianta ó shin. Drisceolaigh ba ea leis iad. 'Maireann Fear Lao', caoineadh dob ea é sin do chum athair na mbuachaillí seo de mhuintir Laoghaire do chailleadh ar an gCarraig Aonair ag iascach. DSD

Bealach Lao

36

Tugtar Na Laotha ar na hoileánaibh agus tugtar Bealach Lao ar an bpríomh casán farraiige eatarthu. Tá an casán san idir Lao Oirtheach agus Lao Mheáin, ach tá casáinín eile, casáinín contuirteach idir Lao Iarthach agus Lao Mheáin ar a dtugtar Doirseoir. Cailleadh bád ansin [i.e. Doirseoir] fadó ag teacht abhaile ó mhargadh na Scoile Mhuire ag dul go Cléire. Tá ana-fheall ann. DSD

Lao Oirtheach

40

Bá is ea An Loch Trasna atá idir na hoileáin agus an tír agus is sin é an bunús gur tugadh An Loch Trasna mar ainm air. Tá Oileán Cárthaigh nó Carthy's Island, tá Maininis nó Castle Island, tá an dá-oileán san ag ceann tiar an locha. Tá Oileán Uí Chumaisc nó Horse Island idir an loch agus an tír ar an dtaobh thuaidh. Tá Lao Oirtheach nó East Calf ar an dtaobh theas de, an dá Inis Cáim, East agus West Kames, ar an dtaobh theas de chomh maith. Agus Inis Uí Drisceoil, Hare Island, mar ghárda eile ar an dtaobh theas den loch.

[Litir ó Thomás Ó Síocháin, Cléire (g.d.), chuig an Ath. D. Ó Floinn, Má Nuad. Leabharlann Russel, Má Nuad; C. Ó Drisceoil, Béaloideas Ó Cléire (1993) Uimh. 14, 179.]

Na Fiuráin, Na Fiúránaibh

50

Má tháinig rón trasna ar chorp duine sa bhfarraige do choinnigh sé cuideachta leis agus do chosain sé é chun gur thóg duine nó daoine é. Ní raibh beithíoch eile sa bhfarraige a dhéanfadh san.

Ar ndóin agus i dócha gurb é olagón uaigneach an rón san oíche a tharraing na scéalta timpeall air. Ba gheall le bean sí é; ba gheall le gol na marbh go léir é; mura mbeadh a fhios agat cad é chuirfeadh sé fuarallas amach trí cnámh do dhroma agus codladh grifín i ngluta do thóna.

Tá an-ionad rón againn anso ar ár gcóngar mar atá na Fiúráin - rabha carraigeacha atá ag ceann tiar Inse Drisceoil. Go deimhin féin níl Béal Dhreoláin [in Inis Earcáin] gearr díobh leis agus méid mhíchuibheasach i gcuid acu.

Ba dhóigh leat gur le cois an tailimh agus na gcarraigeacha a chéifé róinte an domhain. Níorbh aon ní iontach é rón do bhualadh iomat dhá mhíle dhéag chun farraige. Nuair a chífir é bíodh a fhios agat gur rón breoite é agus leanfaidh sé an bád ag lorg chabhrach. Is fánach an chabhair le fáil, mar má tógtar rón amháin isteach sa bhád - beo nó marbh - tiocfaidh róinte na farraige timpeall an bháid ag olagón - rud ná teastaíonn ó aon iascaire.

[Cf. An Rón. ADSD 131-132.]

An té ná cuala an rón riamh ag caoineadh agus nuair a chloisfeadh sé é ar a gcéad uair ba dhóigh leis gurb í an bhean sí a bheadh ann mar is uaigneach an rud a bheith ag éisteacht leis an rón ag caoineadh agus ag gol go fada fuíoch. Tugann an rón tréimhsí ar an gcuma seo. Aimsir chiúin a bhíonn ann nuair bhíd a gol-a-gón. Ní bhíonn na róna ag gol-a-gón is a caoineadh i ngach ball. Tá carraigeacha áirithe tógtha acu chuinn a gcuid caoineadh a dhéanamh ortha. Dealraíonn sé go bhfuil na carraigeacha san i bhfad ón a chéile. Ní dóigh liom go bhfuil puinn carraigeacha timpeall na háite seo go mbíd na róinte ag caoineadh ortha agus chomh fada is a théann mo thuairim níl aon charraig timpeall an oileáin seo go mbíonn na róna ag caoineadh ortha. Ach mar sin féin tá carraigeacha trasna na bá ón oileán a taobh le oileán eile, go nglaothar Inis Uí Drisceoil air go mbíonn na róna ag caoineadh ortha de shíor ghnáth. Na "fiúráin" an ainm atá ar na carraigeacha so.

"Carraigeacha mara" agus ana-íseal leis an uisce 'sea "Na Fiúráin". Níl fhios agam cad ina thaobh go bhfuilid tógtha ag na róna chuinn caoineadh ortha seachas na carraigeacha mara eile atá ina dtimpeall. Ní fheadar an é a n-ísleacht ins an uisce fé ndeara é nó nach é. Tá carraig eile leis ins an tsúnta atá idir Chléire agus Inis Earcáin go nglaothar an Charraig Mhór uirthi. Bíd na róinte leis ag caoineadh ar an gcarraig seo. Níl puinn carraigeacha ar m'eolas go mbíonn na róna ag caoineadh timpeall na h-áite seo.

An chéad uair a chuala féin na róinte ag caoineadh agus mé óg, do shamhlaíos gurb í an bhean sí a bhí ag caoineadh. D'fhiafraíos de m'athair cé bhí

ag gol, agus dúirt san liom, gurb iad san na róinte a bhí ag caoineadh thuas ar "Na Fiúránaibh" agus ar seisean "is maith an comharthaí sóinseáltha iad". Nuair a chloistear na róinte ag caoineadh in aimsir chiúin gheal, tá sé deimhnitheach go bhfuil seal d'aimsir righin ghlas chugainn.

[CÓS, RBÉ 842: 122-123], Cf. An Charraig Mhór C 258.

BAILE IARTHACH THEAS (BID)

Cnocán na Poláiseach

9

Bhí pálás éisc ann ós cionn Inbhear Beag.¹⁷ PC

Garraí an tSagairt

11

Chónaigh sagairt an oileáin anso tráth. Dé réir an tseanchais chónaigh an tAth Tomás Ó Mainnichín anseo thart ar an mbliain 1800. Ba é an sagart deireanach a chónaigh anseo. Gnóthaí a bhain le cúrsaí smugailéireachta ba chúis le haighneas éigin a d'eascair idir an sagart agus cúpla duine de mhuintir an oileáin. Pé ní é, dódh tigh an tsagairt lá agus é amuigh ar an mórthír. Ar filleadh ar Chléire dó, dúirt sé nach bhfillleadh sé féin ar an mBaile Iarthach nó ní chónódh aon sagart eile ann go deo arís. B'fhíor dó, níor chónaigh. Ba ar an gComalán a chónaigh siad i ndiaidh an Bhaile Iarthaigh agus is le h-ais Inbhir atáid ó thart ar 1839.¹⁸

Cuas an Uisce

12

Tá tobar fíoruisce ann agus sníonn sruthán beag uaidh chun farraige. PC

Bóthar Bhaile an Iarthaigh Theas

19

Is mar ghar dos na fir a bhíodh ag faire ón Sliabh Ard le teacht na stíméirí ó Mheiriceá a tógadh an bóthar díreach seo. Faoi 1866 ní raibh tábhacht a thuilleadh le hOifig na dTeileagraf i gCléire mar ba sa bhliain sin a cheangalaíodh Oiléan Dairire i gCiarraí tré chábla teileagrafa le Talamh an Éisc. Cuireadh deireadh obann mar sin le togáil an bhóthair go dtí an Sliabh Ard agus stopann sé ar theorainn Ghort na bhFeochadán.¹⁹

Ach an bóthar poiblí atá ag dul ón gCumar go dtí Baile Iarrach Theas deir na sean-daoine gurb í bliain an Ghortaigh a deármas é. Bliain an bhóthair nó bliain a' "Bord of Works" a tugtar ar an bhliain sin. Do bhí beirt fhear ón Oileán ag stiúradh na hoibre.

[RBÉ 609:220. Bailitheoir: Ciarán Ó Sfochaín, Crathach, Cléire. (Mí na Nollag 1938).], cf. An Sean Tigh Teileagrafa GI 1, Gort n Túir BID 107.

Is de shean-shliocht Chléire iad an bheirt Céadagánach Donncha agus Con²⁰ a sheol "an Ilen" chuig na hoileáin Malvina nó Falkland le Conchúr Ó Briain sna fichidí. Níorbh beirt deartháir iad ach clann na beirte deartháir. Ba é an Brianach céanna a thug bratach na hÉireann timpeall an domhain ar bord "An Saoirse". Is sa Scoil Mhór i nDún na Séad a tógadh an dá bhád. Scoil tionsclaíochta nó Fishery School a bhí sa "Scoil Mhór".²¹

Deirtear linn gur chuid de threibh na nDrisceolach an mhuintir Chéadagáin. B'fhéidir gurb ea agus is deimhniúeach gur le Corca Laoi a bhaineadar riamh anall - a dheimhneódh gur clann éigin de mhuintir na nDrisceolach iad.

Is cuid de chlainn ársa Chléire iad na Céadagánaigh. Is fé na gcúram a bhí Cailís Tighe Mholaga ar feadh na mblianta fada. Ba lucht farraige iad go léir agus ag muintir na beirte a chuaigh go dtí na Falklands do bhí go leor corcairní nó schooners lem linn féin. Bhí an Liza, an Lida, agus George Henry, an Sarah Evans agus an Isallt.²² Ba phíleoití iad ar na hárthaigh móra a bhíodh ag triall ar Chorcaigh ó chuanta an domhain mhóir.

Measaim gur ó na Giollaí a thugadar an phíleoitíocht mar bé deartháir sheanmháthar na beirte seo - Tomás Óg nó Tomás Ó Drisceoil - an pílóit deireannach de threibh na nGiollaí nó de shliocht an Ghiolla Duibh a threoraigh na Spáinnigh go Cionn tSáile i 1601. Ní mhaireann aon duine fireann de threibh an Ghiolla Duibh anois. Ba díobh Tomás Óg agus seanmháthair Chon agus Dhonncha Uí Chéadagáin. Maireann Donncha fós.

Nuair a achtaíodh ar phíleoití Chorcaí go mbeadh orthu dul chun cónaithe sa Chóbh feasta do dhiúltaigh na Céadagánaigh dul ann agus do chaill san an phíleoitíocht orthu. Ní thréigfidis Cléire ar ghrá poist ná gradaim. Tá im sheilbh fós ceann de na cnaipí práis a bhíodh ar éide na bpíleoití úd. Bhídís an-mhóralách as an éide úd.

[DSD. IT. 2/6/1982.]

Cill Léithín

Is sean chill Chríostaíochta í seo agus tá rian na n-uaigh soiléir fós inti. Gabhann bóthar an Bhaile Iarraigh Theas anois siar trí lár na cille seo. Ní fios cérbh é an Léithín seo a thug nó a fhág ainm ar an gcill seo. Tá trácht ar Léithín i sean scéalta a bhaineann le Cluan Mhic Nois. Fé na stairaithe atá sé a rá an raibh aon cheangal nó baint ag Ciarán Chléire agus Ciarán Chluana lena chéile agus gur duine éigin díobh a sheol nó a thug Léithín anseo go Cléire.

Taobh thiar des na sean tithe a chlúdaíonn cuid den Chill seo tá an t-aon rian den bhfalla-feidín i gCléire le fáil.²³

[DSD.]

"Cill a thinn". Tá an chill seo ar a mbaile Iarthach. Deir daoine gur págánaigh a bhíodh á chur inti.

[RBÉ 609:292. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire, (Ean. 1939).]

An Gearathar

45

Ball garbh isea é. Tá an talamh agus na failltreacha gearrtha díreach ann.

DSD

Carraig an Aifrinn

60

Tá cnocán beag i mbaile fearainn an Bhaile Iarthaigh go dtugtar Carraig an Aifrinn uirthi. Níl puinn seanchais mar gheall ar an gcarraig sin, ach go dtáinig pláigh go dtí an t-oileán uiar éigin fadó, agus gur léigh sagart éigin Aifreann ar an gcarraig sin, agus sara raibh an tAifreann críochnaithe go bhfeacaigh na daoine mar a bheadh scamall ramhar dubh ag éirí aníos as an áit chéanna agus ag imeacht siar ins an bhfarraige. Agus ón lá sin amach do scaip an phláigh.

[RBÉ 609:291. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin. Crathach, Chléire. (Ean. 1939). Cf. CFC 94.]

Pointe an Chuairt

69

[Cf. An Cuan BIT 1.]

Garraí Mháire Spáinní

76

Ar an mBaile Iarthach Theas, a chónaigh an Spáinneach Mór - báille de chuid na mBítséarach - ag a raibh mór - sheisear iníon gan aon chlann mac. Bhí seisear den mhór - sheisear úd pósta ar an oileán a fhágann snáithín éigin gaoil ag Cléirigh go léir lena chéile go dtí an lá inniu. Séamus Ó Cochláin a ainm ceart agus ba ó Chuas na Spáinneach lámh le Cruachán²⁴ a tháinig sé go Cléire i ndeireadh na h-ochtú aoise déag. Chonaiceamar go léir cuid de chlann clainne a chlainne iníon. B'iad ár sean athaireacha agus ár seanmháthaireacha iad.

[DSD.]

Cuas an Ghalúnaigh

87

Tá cuas beag anseo agus bhíodh mná ag ní eadaí sa sruthán in aice leis. Deirtear gur anseo a chuirfead an Sasanach deireannach in Éirinn chun báis.²⁵

DSD

Tá cuaisín beag ar thaobh thiar theas an oileáin. Cuas an Ghalúin an ainm atá air. Do raiceáladh long Spáinneach ann fadó. Do bhíodh taragaireacht ag seandaoine mar gheall ar Chuas an Ghalúin. D'abraidís go raibh sé ráite riamh gur

thiar theas i gCuas an Ghalúin a cuirfí an Sasanach deireanach a bheadh in Éirinn chun bháis.

[RBÉ 609:291-292. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire. (Ean. 1939). Cf CFC 88.]

Gallán na Páirce Nua

90

Bhí an gallán seo ar thaobh na páirce ós cionn na farraige mar mharc do iascairí colmóirí.²⁶ DÓS

Garraí Máire Dhónail

92

Riagáinigh ab ea "Muintir na Struma" agus ba file é duine ar díobh é Séamus na Struma.²⁷ DSD

Cnocán na mBuachaillí

97

Roimh aimsir an Land League²⁸ ins an tsaol go mbíodh na daoine á gcaitheamh amach as a gcuid tailimh agus an cíos díolta. Dúirthas go raibh lánúin ins an Oileán so agus gur cuireadh amach as a blúirín tailimh iad. Níl sé ráite cá raibh cónaí ortha in san Oileán, ach tar éis iad a chur amach do chrom na comharsain ar thigh a thógáil dóibh tar éis na hoíche thitim ar pháosa de thalamh bhásta. Cnocán na mBuachaillí, is ainm den áit gur tógadh an tigh air, agus tá Cnocán na mBuachaillí suite ar an mbaile is sia siar in san Oileán. An Baile Iarrach a ghlaotar ar an mbaile seo. De réir an chuntais, do bhí an tigh tógtha fé mhaidin agus an lánúin na gcónaí ann.

Níl sé ráite ach chomh beag cioca ar thóg an lánúin seilbh agus é chuinneamháil, ach dealraíonn an scéal gur dheineadar an tseilbh a choiméad. Mar, mar a mbeadh san ní scaoilfeadh na chomharsain fé'n a dhéanamh in aon chor.

Dealraíonn an scéal gur clocha a bhí mar mhianach ins na taobh fallaí, mar deir an cúntas gur leacacha móra fada tanaí cloch, agus scalpacha a bhí mar dhíon ar an dtigh sin. Agus go rabhadar san curtha suas air, i bhfoirm na slinne, na leacacha ar an dtaobh istigh agus na scalpacha ag clúdach na leacacha.

[RBÉ 1143: 256-257. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Cléire.]

Gort an Túir

107

Is anso a bhíodh an Seantí nó Túir ag lucht na dTeileagraf. Triúr cléireach de chuid an Magnetic Cable Company a bhíodh sa Tigh Teileagrafa in Inbhear agus fear faire uathu i dtigín i nGort an Túir ar an Sliabh Ard. Bhíodh cléireach éigin ag faire, amach de shíor ón áit seo ar na stíméirí ag teacht ó Mheiriceá mar ba Bhéal Inníor an t-ionad coinne ag gach long a thagadh ar chósta na hÉireann chun teachtaireacht a chur ar dtír.

Dá dtagadh long aniar san oíche, bhí lantaer ag an bhfear faire agus dheineadh sé comharthaí sóirt le daoine a bhíodh ar an dtrá de shíor ag feitheamh le focal na faire. Ghlaoití ar dhuine des na cléirigh agus lainséalthaí bád agus amach leo chun na scéala a bhailiú ón stíméir.²⁹

Bhíodh san de shíor agus de shíorghnáth ag faire ar an stíméir de ló agus d'oíche. Dá dtagadh sí aniar san oíche, bhí lantaer aige agus dheineadh sé comharthaí sóirt leis an bhfoireann a bhíodh ar an dtráigh; bhídís siúd ann d'acht agus d'áirithe ag feitheamh ar ordú a fháil ón bhfear faire. Cuirthí teachtaire láithreach ag glaoch ar dhuine des na cléirigh. Lainséalthaí an bád agus amach leo. Ní túisce amháin a stadadh an stíméir ná a ghlaodh an cléireach in ard a chinn agus a ghutha ar ainm an árthaigh. D'fhreagradh an captaen é. Labhradh an cléireach arís agus deireadh sé; "Heave out all dispatches on board, Reuter's newspapers, parcels for Queenstown and Cape Clear telegram ". Sin mar a chloisinn duine des na fearaibh a bhí sa bhád á rá, ag aithris ar an gcléireach ar an gcuma a n-abradh sé é.

Bhíodh na scéala déanta suas i gcannaí stáin a bhíodh díonmhar, sa chás nár bhaol go bhfliuchfaí na páipéir. Tógthaí isteach sa bhád na cannaí agus thagadh an bád thar n-ais, thugthaí na cannaí san oifig agus d'osclaíodh an cléireach iad; chuireadh sé na scéala chun siúil; agus bhíodh an teachtaireacht ag an gceannaí thall i Sasana trí huair an chloig níos túisce ná dá mbeidís ar bord na loinge go dtéadh sí go Cóbh Chorcaí.

[SC 5.], Cf. An Sean Tigh Teileagrafa GI 1, An Seantí BID 138.

Na Fir Bréige, Na Saighdiúirí

109

Clocha móra ar an Sliabh Ard atá ins na Fir Bréige, a bhíodh cóirithe i bhfoirm saighdiúra, caipín agus casóg dhearg ar gach "gallán" acu. Deineadh an gléasadh seo orthu in aimsir chogaidh Napóilín d'fhonn eagla nó dalla-phúicín a chur ar na Franncaigh a bhí ag tarrach ar Chóstaí na hÉireann i ndeireadh na hochtú aoise déag.³⁰ [DSD.]

Ar thaobh thiar an oileáin ar bhruach na bhfailteacha do bhí galláin mhóra ina seasamh a thaobh le chéile. Na "Fir Bhréagach" a tugtaí orthu. Ar gach gallán do bhí culaith d'éadach saighdiúra agus claíomh le cliathán gach saighdiúra. Do cuireadh ina seasamh ansin iad chun eagla a chuir ar an namhaid, dá mbeidís ar aigne an t-oileán a thógáil. Dá mbeadh an namhaid ag teacht ó thaobh na farráige agus nuair a chífidís na fir mhóra armálta thuas ar bharr na faille rompu, do bheadh eagla orthu teacht ar dtír chuir troda suas leo. Tá cúpla ceann éigin de na feara bréagach ina seasamh fós, cé go raibh na fichidí acu ann.

[RBÉ 609:273. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Oileán Cléire. (12/1/1939). Cf. Na Fir Bhréagach, CFC 85.]

I dTón an Amadáin tá na Fir Bhréaga, siad sin, clocha móra arda go gcuirtí éadach orthu fadó chun scannradh a chur ar daoinibh a bhíodh ag tabhairt fogha fén oileán. Bhíodh "watch tower" ann leis.

[RBÉ S 295:7. Bailitheoir: Donncha de Búrca O.S, Inis Cléire. (1938).]

Tá siad thiar ar an mBaile Iarthach, thiar ar an Sliabh Ard agus thugaidís 'Na Saighdiúirí' fad ó shin orthu. Bhí culaitheanna dearga ortha chun an namhaid a scannrú.

[Faisnéiseoir: Paidín Ó Drisceoil, Ardghort, Cléire, (Meitheamh, 1976).]

Rinn na nDeargán, Bollán na nDeargán

110

Bhíodh deargáin ana-fhliúrseach anseo tráth. DSD

Ball breá le haghaidh iascaireacht slaite ba ea an Bollán riamh.. PC

Bhí an-éileamh i gCléire ar an ndeargán:

Bream is caught by long poles with a crooked top, and a line, baited with muscles or crabs. Bruised mussels or periwinkles are thrown out to bring the fish close to the rocks-rock fish and black pollock are taken in the same manner.³¹

Deargáin: *Ba bhreá ar fad an deargán fomhair agus ba bhlasta go léir a raghadh an macrael fomhair síos do dhuine. Níl an deargán á mharbhú a thuilleadh againn ná é le fáil dá raghfaí ar a thuirisc. Tháinig sé chugainn i mbliain a daichead a dó tar éis a bheith imithe ón mbliain 1925. Deirtí gurb iad tráiléirí móra Shasana a scrios as an gcósta iad. Deirtí leis gurb é sruth Inbhir Mheicsiceo a d'aistrigh a cúrsa beagán faoi ndeara iad d'imeacht. Deireadh na seandaoine gur tharlaigh a leithéid uair éigin cheanna agus gur thug an deargán céad bliain gan teacht i ngoire na háite seo. Pé fíor é sin nó a mhalairt níl aon deimhniú agamsa air.*

D'íosfaí úr iad. D'íosfaí leasaithe iad. D'íosfaí iad agus iad buí ón gréin. Bhí blas áirithe orthu, blas ná féadfaí a dhearmad. Bhí a n-eireaball deargbhán agus a mbéal amhlaidh leis. Agus tú á dtarraic ar an ndrae is é dath an airgid a bheadh orthu ag teacht aníos. Bhí dhá phaiste dhubh orthu laistiar den sceolbhach agus pé greim a bheadh i do mhéara ní gheofá greim d'fháil ar an ndeargán sa dá phaiste sin. Ná deirtí gurb é an deargán an t-iasc a bhí ag ár dTiarna lena shuipéar deireanach ar an saol seo agus gurb iad an dá phaiste úd lorg a mhéar agus gurb é sin an fáth ná féadfaí greim d'fháil orthu. Is minic a bhaineas iarracht as, ach theip sé glan orm.

Dheinimís anraith breá leis an ndeargán. Ní raibh an bheoir sin riamh chomh blasta leis. Chím fós na súile breátha a bhíodh ag snámh air.

[Deargán Fomhair. ADSD 117-18.], Cf. Carraig an Éisc CLF 26, An Rinn Ramhair A 68.

Deargáin carraigeacha a glaotar ar na deargáin a maraítear le slata ar na carraigeacha. Ní bhfuarthas puinn deargán ar charraigeacha le bliantaibh. Tá siad ana-thearc ar fad. Leis an "peairí" ar maidin nó leis an iarsaí um thráthnóna is fearr chun deargán a mharú ar charraigeacha. Is minic a chuala go "dtréigfidh an t-iasc an Inbhear agus go dtréigfidh an carad a chéile".

[RBÉ 558: 557. Bailitheoir : Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire.]

Pointe an Bhulláin

112

Bíonn leis taoidí áirithe in áiteanna ná bíonn oiriúnach ach ar uaireanta áirithe chun iascaigh. Tá na taoidí agus na ballaibh seo de ghlan mheabhair ginnte ins an iascaire agus ní é féin a bheartaigh orthu ach tá sé aige ó shinsearach. Sin é an cleachtadh céirde a fuair sé ón athair, nuair a bhí sé ina pháiste i dtús a shlí bheatha. Mar shampla tá beart ó "bharrá an bhulláin" ar "trá mhara thuille" go maith chun iascaigh ins an bhfomhar, ach dá dtagadh an taoide sin "trá mhara thuille" isteach ins an oíche, is í is dóighiúla chun éisc a éirí léi (macraeillí atá i gceist agam). Ar chuma éigin nó eile, dealraíonn sé nach é nádúr ceart an éisc eirí i gceart go dtí isteach ins an oíche, i mion taca san den bhliain".

[RBÉ 971:323. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire.]

Amach ó Phointe an Bhulláin tharla tubaist fharraige i bhfad ó shin. Chum Cormac Ó Fícheallaigh, ³² file a bhí tráth i gCléire, caoineadh ar an dtarlúint.

Mairbhne Bhád an Bhulláin

Is amhlaidh a chuaigh naonúr fear amach i mbád ó Bhaile Iarthach, Cléire, ag iascach. Mathúnaigh ab ea cuid acu, pé scéal é. Do cailleadh an bád is a raibh ann.

*Do thiteadar na héclipse ar Chléire timpeall,
Is do thiteadar na scamail ar an mbaile ina mbídís;
Ní cloistear ceol chun spóirt ná rince ann,
Ach na seandaoine aosta ag imeacht le gaoith ann.*

*Tadhg Mac Donnchadha a bhí ar an bpointe, ³³
Gur róbhreá a lámh i ndeireadh báid lá gaoithe;
Do sméid sé an bád, is níor tháinig sé timpeall,
Is do chuaigh sé don stró sin go tóin an phoill síos.*

[RBÉ 174::578-82. Mairbhne Bhád an Bhulláin (Cormac Ó Fícheallaigh a chum). Bailitheoir: Seán Ó Conaill (Iúil 1935). Faisnéiseoir: Máire Ní Chéadagáin (72, pinsinéir) a chuala an t-amhrán seo óna máthair 50 bl. roimhe sin. Cf. CFC 42.]

Tón Amadáin

117

Tá Conán Maol Mac Mórna, an tAmadán curtha anseo. DSD

Faill Dhiarmada

118

"Do stracálamar³⁴ isteach go tóin Faill Dhiarmada" a deireadh na hiascairí tráth. Sé sin le rá thug an taoide léi, sinn féin agus ár mbád agus ár n-angaí isteach go tóin Faill Dhiarmada. Nuair atá bád ag iascach le línte cóngarach leis na carraigeacha caitheann an chriú a bheith cúramach, aireannach, toisc go mbíonn taoidí láidir neamh-stuidéara ag sceith 'na dtimpeall agus beidh ar a' gcriú san a súile a choinnéal ar oscailt i gcónaí le heagla dhóibh iad féin agus na línte a chaitheamh an áirde ar na carraigeacha san.

Tá Faill Dhiarmada ar ceann tsiar an Oileáin seo Chléire; faill ard ag féachaint síos ar an bhfarraige atá ann.

[RBÉ 1607:166. Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire.], Cf. Tobar na Corann Crosta Cn 14.

Deirtear anso go gcaithfear an Protastúnach deireannach a bheidh sa dtír seo le faill atá ar an dtaobh thiar den Oileán. Faill Dhiarmada an ainm atá air.

[RBÉ S 295:7. Bailitheoir: Donncha de Búrca O.S, Inis Cléire. (1938).]

Leac Dhiarmada

121

Tá stair ag baint le barr na faille seo [Faill Dhiarmada], mar is ann atá Diarmaid Ó Dúinn, na ndéadgeal, cos éadthrom curtha fé leic, agus Leac Dhiarmada a tugtar ar an leic sin.

[RBÉ 1607:166. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire.]

Beagán beag slí ó Phointe Ard an tSrutha ar chliathán na faille, tá liag mhór leagtha anuas socair ar an dtalamh. Agus thíos faoin liag seo, de réir seanscéil, tá Diarmaid Ó Duibhne curtha, agus is é an ainm atá ar an bhfaill ná Faill Dhiarmada. Dá bhrí sin, téann an ainm chomh fada siar le aimsir na bhFiann.

[RBÉ 609:269-276. Sean iarsma. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire (12/1/1939).]

Faill na Loinge

124

Tháinig long isteach sa chuan ansin maidin, lán d'adhmaid agus gan éinne ar bord inti. Chuir fearaibh Chléire fé sheol arís í ar ordú seoltóir loinge gurbh ainm dó Ciarán Dáith. Ní fios conas a thárla, ach ní raibh tásc ná tuairisc le fáil ar an long arna mháireach.

"Bhí tuairim fiche comhaois i gCléire ag eirí suas in éineacht, agus lucht comhaois a tugtaí orthu, mar Bliain na Loinge a rugadh iad".

[Cf. SC 99.]

Tigh Dhónaill Uí Lionáin

125

The Burkes came originally from Co. Clare. This house was built by my great grandfather in 1800. It was built around an older house, whose foundations were used for the present building.

[Faisnéiseoir: Dónall Ó Lionáin (83), Baile Iarthach, Cléire, (Lúnasa 1983).]

An Seantí

138

Ar An Sliabh Ard bhí bothán beag nó oifig déanta a bhain le Reuter's News.

PC

Do bhíodh radharc ar an bhfarráige ón dtigín beag seo. An 'seantí' a tugtaí mar leasainm ar an mbotháinín siúd. Dob é gnó a bhí den tseantí ná, ag faire ar loingsibh a bhíodh ag teacht ó Mheirice, mar ní raibh aon long a bhíodh ag teacht ón dtaobh aniar ná caitheadh comharthaí a dhéanamh leis an seantí ar an Sliabh Ard.

Do bhíodh beirt fhear ag faire amach ar a dturann ar na loingsibh istigh sa tigín seo gach re cheithre uair a chloigh acu. Do dheinidís comharthaí nó caint leo sa lá le brataí, agus ins an oíche le soilse. Ansin do cuirtí teachtaire aniar ón Sliabh Ard go dtí an oifig á insint go raibh long ag teacht ón dtaobh aniar. Agus nuair a thagadh an long chomh fada le béal an chuain do bhí bád speisialta ann roimpi chun an scéil i gceart a thógáil ar dtír go dtí oifig Reuter, agus do chuiridís sin na scéalta go dtí ceannaithe na loinge.³⁵

[RBÉ 609:258-60. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Inis Cléire, (Mí Eanáir 1939). CFC 99-100.]

BAILE IARTHACH THUAIDH (BIT)

Baile Iarthach Thuaidh

Sé an Baile Iarthach an baile fearainn is sia siar i gCléire. Tá an baile seo roinnte ina dhá chuid. Tá an Baile Iarthach Theas ann agus tá an Baile Iarthach Thuaidh. Ní mór ná fuil an t-oileán gearrtha trasna ar theorainn thoir an bhaile seo idir an dá chuan-Inbhear agus Trá Chiaráin.

Is ar an mbaile seo atá sean-iarsmaí na Críostaíochta le feiscint mar atá Teampall Chiaráin, Gallán Chiaráin agus Tobar Chiaráin. Féachann sé gur le Ciarán imeall an bhaile ar fad. Is ar an mBaile Iarthach, leis, atá Caisleán Dhún an Óir - nó a bhfuil fágtha de - Caisleán na nDrisceólach a leag nó a réab an Genearáil Harvey d'éis bhriseadh Chionn tSáile.

Ar an mbaile seo leis fuarthas Cailís Tighe Mholaga tar éis blianta do chaitheamh i bhfolach fe dhíon tí ann. Tá sí ar ais i dTigh Molaga anois arís. Níl aon rian den bhfalla-feidín in aon áit eile i gCléire ach ar an mBaile Iarthach agus is ann atá na Fearra Bréagacha - stocáin a cuireadh ina seasamh ar an Sliabh Ard

chun dalla-phúicín a chur ar na Franncáigh a bhí ag tarrach ar chóstaí na hÉireann i ndeireadh na hochtú aoise déag. Is ar an mBaile Iarrach leis atá an t-aon loch atá fágtha againn - Loch Erral (Erril). Is ins an loch so atá na camóga a itheann an salachar d'éadaí a séidtear isteach ann, má's fíor.³⁶ Timpeall aon acra dhéag isea achar an locha - má fhéadfaí loch a thomhas in acraibh.

Is breá Gaelach iad logainmneacha an Bhaile Iarthaigh mar atá - Rinn Árd a' tSrutha, Béal na Gaidhge, Bollán na nDeargán, an Slios, An Leagánach agus go leor eile ar liosta le h-áireamh. Tá baol mór ann go gcaillfidh aos óg na linne seo greim ar a ndúchas trí aineolas ar stair agus ar log-ainmeacha na h-áite in ar saolaíodh iad. Sé is dóichí gurb fíor-aineolas é toradh ár scolaíochta.

[DSD.]

Cítear Carraig Aonach go soiléiseach ón mBaile Iarthach. Deirtear go raibh draíocht ar Charraig Aonach ins an tseana-shaol.

[RBÉ 609:218. Bailitheoir: Ciarán Ó Siocháin, Crathach, Cléire. (Mí na Nollag 1928).]

An Cuan

1

Ag gabháil an chuain isteach tá Com na Cille agus Oileán na gCeárd ar an dtaobh dheis agus an Fhail Ard ar chlé le Caisleán Dhún an Óir ag teacht eatarthu araon, nó an méid atá fágtha de Dhún an Óir, nó cuid den méid atá fágtha de Chaisleán Dhún an Óir. DSD

Bhí An Cuan lán de ghnó agus de obair tamall dá shaol. Go mórmhór agus go fíreannach ón uair go bhfuairamar ár sairse féin agus ár rialtas féin is leis sin díreach a cuireadh deireadh le saol gnó i gCléire. Ní fheadar cad ina thaobh é ach fágadh folúntas agus le cúnamh Dé beifear á líonadh de réir a chéile. DSD

'Báisín Ionrach' a thug an file John K.Cotter ar an gCuan ina dhán 'Cléire'.³⁷

*Nuair a bhíosa óg i gCléire,
San aimsir mhaith fadó,
Bhí báid agus fir agus cailíní,
Go raidhsiúil ann sa treo.*

*An Cuan mar bháisín lonrach,
Chomh ciúin gan air aon smál,
Go socair na báid iascaigh,
Agus déanta suas gach seol.*

*Tá rón ar Phointe an Chuarta,³⁸
Sínte leis an ghrian,
Agus cobhaic mór lasmuigh dhe,*

Ag crónán chuige féin.

*Síos le taobh Inbhear Móire,
Go dtuga Dia mo ghrá,
'Sea, chonac an cailín álainn,
Ag siúl in aice trá .*

An crot atá anois ar an gCuan, is i 1906 a cuireadh air é. Roimhe sin, ní raibh ann ach cé fada amháin agus ní raibh cosaint ar bith ann do bháid sa Gheimhreadh. Bhí luach nár bheag de bháid, de líonta, agus de gach aon t-saghas gléasanna iascaigh ag baint le muintir an oileáin, go háirithe ó 1879 anall.³⁹

Béal Chuain Thráigh Chiaráin

2

Tharla tubaist i mBéal Chuain Tráigh Chiaráin i mí na Samhna 1918 in ar maraíodh cúpla duine. PC

Do bhí iascairí i dTrá Chiaráin i mí na Samhna, 1920 agus do chonaiceadar bairille dar leo ag snámh thuas sa Bhá Thuaidh. Do chuaigh beirt acu isteach i mbád beag agus do chuadar suas chun é do thógaint. Ní rabhadar i bhfad imithe nuair d'imigh bád móitair suas ina ndiaidh agus cúigear fear inti. Bhíodar féin agus na daoine a bhí sa bhád beag ag rá len a chéile féachaint cioca acu is túisce a bheadh thuas chun é do thógaint. Sa deireadh do rás an bád mór agus do mhaolaíodar an choisíocht nuair a thánadar in aice an bhairille. Do thrialladar ar dul timpeall air ach ní fhéadaidís é agus do bhuaileadar ina choinnibh. Ach faraíor ní bairille do bhí ann ach mianach agus a túisce a bhuaileadar é ná gur shéid sé suas san aer iad, idir bád, daoine agus uile. Do bhí scannradh a gcroí ar an mbeirt a bhí sa bhád beag ar eagla go dtitfeadh an clár agus an t-adhmad a bhí sa bhád eile isteach sa bhád agus go marófaí iad féin leis. Ach buíochas le Dia níor maraíodh. Siad na daoine a bhí sa bhád mór ná Mícheál Ó Céadagáin, Eoghan Ó Dálaigh, Seán Ó Lionáin, agus Pádraig Ó Maolmhuaidh. Do caitheadh iad go léir suas san aer agus ní fheachathas ó shin iad ach amháin Mícheál Ó Céadagáin agus Seán Ó Lionáin. Do tógadh iad san sa bhád beag. Do bhí Mícheál Ó Céadagáin slán agus tá sé ag maireachtaint i gcónaí ach do bhí aghaidh Sheáin Uí Lionáin imithe agus a intinn briste, slán mar a n-instear é.⁴⁰

[RBÉ S 295:122. An Mianach (Matalong). Bailitheoir: Cáit Ní Drisceoil, Comalán, Inis Cléire. Faisnéiseoir: Ciarán Ó Drisceoil (56 bl.), Comalán, Inis Cléire.]

Trá Chiaráin

3

Shéid sé stoirm mhírialta eile um Nollaig 1929 gur réab na báid go léir i dTrá Chiaráin a gceanglacha agus do cartadh mórthimpeall an chuain iad. Bhí orthu so

ar leo na báid agus na comharsain saoire na Nollag do dhearmad agus na báid go léir d'fheisteadh arís.

[ADSD 44.]

Timpeall le daichead bliain ó shin⁴¹ do bhí taoide ana-mhór ann is do thug sí sé nó seacht míle de mhaicréail a bhí ar an dTráigh isteach sa bhfarraige. Bhí sé ciúin ar feadh an tráthnóna ach bhí an taoide ana-mhór. Ansan i dtosach na hoíche d'éirigh gála, is do bhí an ghaoth ag séideadh aniar aneas. Timpeall le dó dhéag a chlog san oíche d'aistrigh an ghaoth is ansan bhí an ghaoth aniar.

Bhí bád mór iascaigh sa chaladh is do bhris sí na téada le neart na gaoithe is do thug sí dhá bhád eile a bhí in aice léi amach an Cuan chomh maith. Bhí cúpla fear i gceann des na bádaibh a bhí ag imeacht acht d'éirigh le duine acu léimt ar dtír. Bhí an bád ag imeacht amach an Cuan agus le neart na taoide do tugadh an bád isteach arís is d'éirigh leis an bhfear léimt ar dtír is do tháinig an bheirt acu saor.

An oíche chéanna do shéid an ghaoth na slinn ó ana-chuid des na tithe. Do bhí dhá bhád a bhí tarraicthe suas ar an dTráigh ar feadh cúpla bliain agus do bhí an taoide chomh ard san do tugadh amach an Cuan iad san leis. An mhaidin ina dhiaidh sin bhí sí-ghaoithe ann is do thóg an ghaoth bád sé maide a bhí ar an dTráigh suas san aer is nuair a tháinig sé anuas do briseadh ina smidiríní í.

[RBÉ S 295:104-5. Bailitheoir: Caitlín De Búrca, Cumar. Faisnéiseoir: Ristéard Ó Ceallaigh (72), Cumar, Inis Cléire.]

Sa tsean-shaol do bhí ceithre cinn de bhádaibh móra ag iascach amach ó Thrá Chiaráin. Ag iascach maicréilí a bhídis. Bhí mórshéisear fear i ngach aon cheann acu agus ansan bhí ceithre cinn déag is daichead de bháid bheaga, yawls ann agus bhíodh triúr iontu san.⁴² Nuair a stad an Cogadh Mór thit an tóin as an iascach. Bhuel ní raibh aon iascach ann mar ghnó, mar tar éis an Chogadh Mór ní raibh aon airgead le déanamh tamall leo. Théadh daoine tuairim is cúig mhíle is daichead ó Chléire ó dheas ag iascach maicréilí. ED

Do thit sioc chomh trom san sa bhliain 1947 gur reoigh an sáile i dTrá Chiaráin. Rud nár tharlaigh ach uair amháin eile i saol duine a bhí seacht mbliana déag agus ceithre fichid ag an am. San earrach sa bhliain 1962 thit sneachta trom a fhan gan leághadh chomh fada san gur shíleamar gur aistrigh an domhan ar a chrann iompair. Siúd í an bhliain gur bhásaigh na coinliúin go léir agus gur ceann fánach díobh a chímí ó shin.

Dá bhrí sin ní tarlú nua againn sioc, sneachta ná scardaíocha neamhchoitianta [ADSD 44.]

John K. Cotter, ón nGleann a chum "Memories of Tráigh Chiaráin"⁴³ a chuireann síos ar bháid de chuid Chléire:

Memories of Tráigh Chiaráin

*Thy lofty spars North Harbour that were the Caper's pride
Where are they now ? Alas they are gone that braved the waters wide.
The billows of the ocean will rock them now no more
And the gallant men who worked them then are on another shore.*

*There was the pride of Erin, the Clipper of the line
And Skipper Burke, the owner, a man of courage fine.
T'was in Dunmore of Waterford the Arklow men we beat
When the Pride sailed round the Irishman, the best of the Arklow fleet*

*The Skipper of the Rover too have crossed the great divide;
The Paddys and the Blue Jackets are lying by his side
Many a lofty Galley they boarded with their man.
And the skipper of the Sarah Gale was Carey of the Glen.*

An Doic

4

Is cuimhin liom an Doic á dhéanamh. Ní rabhas críonna in aon chor. Bhíos an-óg mar bhí m'athair ag obair ann. Agus an Breakwater, a bhfeadaraís an ball go bhfuil an Breakwater, sin é an uair do tógadh é sin. Chaithfinn triall air ar a seacht a chlog ar maidin le bricfeast agus ní rabhas ró-mhór ná ró-gharbh an uair sin. Do bhí slua daoine ag obair ann agus do bhí aon fhear amháin ann, is dóigh liom ó Chorcaigh é, nílim cinnte de, agus sin é a chuir suas na "standairí" chun oibriú go mbídís ag obair orthu agus do lig sé air gur siúinéir ceart é. Níor chuir sé na rudaí i gceart agus do thit na rudaí go léir anuas ar chuid des na fir agus do bhí beirt nó triúr acu nach mór marbh nuair a tógadh aníos as an Doic iad. Theith sé ansan. Do ghlan sé chun siúil.

Bhí an pá cuíosach acu ach is dóigh nach raibh an oiread sin acu in aon chor ann.⁴⁴

[Faisnéiseoir: Máire (Mamie) Ní Cheadagáin (80 bl.), Ardghort, Cléire.(Lúnasa. 1976).]

Ní raibh aon chuan i gCléire go bhféadfaí bád a choiméad ann sa gheimhreadh agus b'éigean na báid a tharrac go hard ar tír nó iad a shuncáil. Sa bhliain 1810 tuairiscíodh:

The boats have to be hauled on shore in bad weather. The building of a pier on the north side might be accomplished at no great expense,⁴⁵ agus sa bhliain 1832 tuairiscíodh go raibh i dTrá Chiaráin;

[A] pier and basin for the safety of the fishing boats, the largest of which contains from ten to twelve tons'.⁴⁶

Faoi 1844⁴⁷ bhí cé tógtha ar an taobh thoir de Thrá Chiaráin. Cé Sheáin Rua a tugtar ar an gCé seo anois.⁴⁸ Is beag feabhas a bhí tagtha ar chúrsaí faoi 1875 nuair a scríobh Daniel Donovan i *Sketches in Carbery* :

There is an inner basin, which has been enclosed by a pier, but still the hookers and pilot boats could not be moored there with any safety. Accordingly the fishermen are compelled during the winter months, either to sink their craft, or haul them high up on the beach.⁴⁹

Bord na nOibreacha Poiblí a thóg idir 1903 agus 1906, An Doic atá anois i gCuan Trá Chiaráin. DSD

Críochnaíodh an gnó agus deineadh go siúrálta é : doic bhreá laistigh des na céanna : sa chás, nuair a bhíonn an geata dúnta, pé stoirm a bheadh ann, nárbh fhearr duit cábla ó bhád chun í a choinneáil ná snáithín olna.

[SC 151.]

An Cé, Duffy's Pier

5

'Sé an cúram a bhí orm nuair a fhágas an scoil pé ball ina dheigheas, chuas ag obair i dTrá Chiaráin ar macréilí, ag leathadh is ag glanadh maicréilí is á gcur ar salann.

Bhíodh stíméirí ag teacht isteach an uair sin go Trá Chiaráin ag tógáil an éisc, stíméirí móra agus do bhíodh triúr nó a ceathrar ceannaitheoirí éisc ann. De mhuintir Chléire iad. Do bhí Seán de Búrca ar dhuine acu. Bhíodh "Stáisiún" aige sin i bpáirt den Ché agus do bhí Dónall Ó Lionáin agus Pádraig Ó Lionáin i mball eile den Ché. "Muintir an Phoist" iad san agus bhí Sam Beamish ann. Bhí sé sin thuaidh ar an gCeann Ramhar ag obair agus do bhí Mícheál Ó Dálaigh ag obair ann agus bhí Ciarán Mac Coitir ann. Bhí an méid sin acu ag obair ar an gCé ann.

Do bhí is dócha trí fichid buachaill is cailín i ngach aon "Stáisiún" acu san. Bhí seó daoine i gCléire an uair sin ann. Buachaillí óga na scoile, bhídís ag obair ann ach is dócha go rabhas féin ar an té is óige a fhág an scoil.

Chuirimís an t-iasc leasaithe isteach i mbairillí. Nuair a bheadh an t-iasc leasaithe do chaithfeá é thógáil amach as na bairillí agus é ní agus é thomhas ansan agus do raghadh an méid sin ceaisteanna éisc⁵⁰ isteach i mbairille. Chaithimís cúntasóir a bheith againn. Dheinimís suas an méid sin "cast" i ngach bairille. Bhí trí chinn de mhaicréilí san iarracht. Do chuirte isteach sa bhairille é sin. Pacáilfí é. Chaithfeá salann a chur ar gach líne acu.

Nuair a bhíodh an bairille lán ansan do dhúntaí an bairille. Chuirte ceann ansan air. Dheinidís picil láidir agus chuirte poll i gliathán an bhairille agus do líonaidís isteach an bairille le picil. Do bhíodh an t-iasc aoibhinn ar fad le n-ithe

ansan. B'é an rud ba bhreátha dar ithis riamh é. Nuair a bhíos sé breá glan piocaithe rodaithe agus é nite agus picil air arís bhíodh sé go breá.

Bhuel, nuair a bhíodh na céadta bairille déanta suas acu do thigeadh stíméirí mór isteach a d'iarraidh an éisc. Bhíodh beirt acu uaireannta agus sé an ball go dtéadh an t-iasc ná ó thuaidh go Béara. Do bhí stíméir mór Yankie ansan i mBéara, ceann mór ar fad a thógadh an t-iasc amach go Meirice. Sin é mo chuntas anois.

Ní thuillimís puinn mar nach mbíodh ach leathchoróin sa ló againn. Cad d'fhéadfá a dhéanamh ansan, ach fan, dá n-oibreófa thar am b'fhéidir go dtabharfaidís scilling nó cúpla scilling duit. Is minic a dheinimís oibriú go dtí a h-aon is a dó a chlog is t-oíche.

Dá mbeadh báisteach ann chuirimís "oil clothes" orainn. Bhuel, nuair a bhímís ag obair ar an iasc ansan aprúiní mála a bhíodh orainn a choinneódh ár gcuid éadaigh glan. Ó thuaidh go Béara a théadh an méid iasc a cheannaídís pé scéal é agus thugadh stíméirí ansan amach go Meirice é.

[Faisnéiseoir: Máire (Mamie) Ní Chéadagáin (80 bl.), Ardghort, Cléire. (Lúnasa, 1976).]

In aimsir Bhord na nOibreacha Poiblí ag tús an chéid seo is cosúil go raibh maor oibre ann arb ainm do Duffy agus gurb uaidh a ainmníodh 'Duffy's Pier', príomh-ché Thrá Chiaráin⁵¹. Ní raibh an t-ainm 'Duffy's Pier' i mbéal an ghnáth-phobal riamh.⁵² 'An Cé' a bhíonn ag daoine air. Réabadh barr an ché le linn stoirme i mí na Nollag agus Eanáir 1987-'88⁵³ agus b'éigin athchóiriú agus aththógáil a dhéanamh ar An Cé i Samhradh 1988.

Leaba Bhád an Phoist

6

Is mór go léir an dul chun cinn atá déanta againn sa tsaol ó bhíodh an post dá thabhairt chugainn agus uainn i mbád sé mhaide gan seol gan inneall.

I ndiaidh an bháid sé mhaide, do tugtaí an post i yawl béal oscailte ar feadh tamaill mhóir agus tugtaí é gach re seal le seol nó le maidí rámha go dtí 1910 nuair a fuairamar an chéad bhád mótair ó Roinn Shasanach. Ina dhiaidh san arís do thit conradh an phoist chun daoine ag a raibh a mbáid féin ó am go h-am go dtí timpeall 1931 nuair a fuairamar bád poist nua ón ár Roinn féin.⁵⁴ Do thit sí sin leis ó bheith oiriúnach don ngnó agus chuaigh an conradh arís chun báid príomháideacha go dtí go bhfuairamar bád nua eile ón ár Roinn féin Gaeltachta agus tá sí sin ag déanamh an ghnótha fós. Tháinig an bád úd timpeall 1958.⁵⁵

Go dtí san is ar an bhfear ag a mbeadh an conradh a bhí sé an mála do iompar ó Dhún na Séad go tigh an phoist agus as san bhí air an post do rith timpeall an oileáin nó duine éigin do dhíol chuige.

'Sé fáth dhom dul isteach i stair an phoist seo againn chomh mór sin chun an dul chun cinn atá déanta againn do léiriú agus chun a léiriú gur dul chun cinn i ndiaidh ár dtóna mórchuid de.

Ó chéad theacht an phoist go Cléire⁵⁶ tá droch laetheanta tagaithe agus laetheanta breátha. Bhíodh laetheanta nach mó ná go bhféadfaí an post do iompar ar dhrom ganndail agus laetheanta ná féadfadh aon phost do theacht fiú i loing dá mhéid. Is minic a thugamar seachtainí gan bád gan post agus is minic dhreoidhigh sóláisti na Nollag d'easpa báid agus de dheascaibh na h-aimsire. Is fánach a tharlaíonn a leithéid anois. Lá nó dhó sea is mó a bheadh bac aimsire ar an mbád so anois againn. Sin é ár ndul chun cinn go díreach.

[DSD. IT. 2/4/1980.]

Tobar Chiaráin

7

Tá tobar ag gabháil leis an ngallán. Tobar Chiaráin a thugaimid air. Deir daoine go bhfuil an tobar ceart Chiaráin i bhfad laisteas den ghallán.⁵⁷ Tá Cill Chiaráin tuairim tri fichid slat ón ngallán ó thuaidh.

[RBÉ 609:271. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Inis Cléire, (1938).]

Uisce Chiaráin: 'Tis believed that Saint Kieran's water is a great cure for sea-sickness. They used take it to the mainland, like from a blessed well. They take it in the boats.

[Leigheas ar thinneas farraige ('Uisce Chiaráin'). RBÉ 49: 258. Bailitheoir: Seán Standúin (Meán Fomhair 1933). Faisnéiseoir: Tadhg ó hAonghusa (78), Gleann, Cléire.]

"Another memento of St. Ciaran, close by the old church, is Tober Kiaraun, or St. Kieran's well, "a mere hollow in the strand of Trakieran, which is covered at high water, yet on its receding the water in the well is found perfectly fresh, being fed from a deep source from below".⁵⁸

[JCHAS, XIV (1908): 119.]

For Ciaran, who perhaps knew the furnace of the sun in the Sahara, there was fish to boil and eat and water to drink. Twenty five paces from his pillar-stone, the gallán by which he is commemorated, they open every year a little spring from which, yet so near the bitter salt lapping the rounded stones, sweet cold water flows gently as the oozing of an oasis, and they take it away in bottles for blessings and cures.⁵⁹

[Cf. Francis Mac Manus. 'Viking-Faced Cape Clear'. The Bell, (1950):26.]

Ta tobar beannaithe i dTrá Chiaráin agus 'sé an ainm atá air ná Tobar Chiaráin. 'Sé an fáth gur tugadh an t-ainm sin air toisc gurb é Naomh Ciarán (an chéad naomh de naomhaibh na hÉireann) a chuir ann é. Tá cúig toibreacha beaga á dhéanamh ann. Bíonn siad clúdaithe ar lán mara toisc gur ar an dTráigh atá siad.

Tá gallán in aice leis an dtobar agus tá dhá chros air agus rian cúig méarna Naomh Ciaráin air. Téann daoine ann ar thuras ar an 5ú lá de mhí na Márta mar sin é féile Naomh Ciaráin agus coimeádtar i gCléire an lá san i gcónaí toisc gurb é Naomh Ciarán a iompaigh chun an chreidimh fíor, muintir Chléire. Tugann na

daoine go léir uisce abhaile leo ón dtobar an lá san agus coiméadann siad istigh é ar feadh bliana agus ansan caitheann siad i gcoinnibh fallaí an tí é. Pé'n fhaid a choimeádfaí istigh é ní dríofadh sé. Tá ana-leigheas ann agus ólann ana chuid daoine é.

Dá ndúnfá do shúile agus dá dtógfá cloch amach as an dtobar, pé'n guí a déarfá, do gheobhfá é.

[RBÉ S 295:151-2. Toibreacha Beannaithe. Bailitheoir: Cáit Ní Drisceoil, Comalán, Inis Cléire. Faisnéiseoir: Ciarán Ó Drisceoil, Comalán, Inis Cléire.]

Tá gallán agus tobar tamall beag ó dheas ón reilig. Gallán Chiaráin agus Tobar Chiaráin a thugaimíd orthu. Téann go leor daoine ag déanamh turas ag an ngallán Lá 'le Ciaráin. Tagann Lá 'le Ciaráin ar an gcúigiú lá Márta gach bliain. Is ar thráthnóna an lae roimh lá na Féile, is é sin, tráthnóna an cheathrú lae a téitear ag déanamh an chéad turais.

Caitear trí thuras a dhéanamh ar maidin Lae 'le Ciaráin, agus óltar braon beag d'uisce Thobar Chiaráin gach turas acu. Téann daoine chun faoistine agus comaoine leis. Níl aon phaidreacha speisialta gearrtha amach chun turas a dhéanamh go Gallán Chiaráin, ach pé paidreacha is maith leat féin a rá. Tugann daoine uisce Thobar Chiaráin abhaile leo.

Ní déantar gnó ná obair i gCléire Lá 'le Ciaráin. Coinnítear saoire an lá. Bíonn Aifreann ins an tséipéal gach maidin Lae 'le Ciaráin. Agus do chuala seandaoine á rá nár chuimhin leo puinn laetheanta Ciaráin riamh ná beadh breá.

Dá mbeireadh madra buile ar aon duine a saolófaí i gCléire, ní dhéanfadh sé aon díobháil dó, mar ní thiocfadh an marc chun ábhair in aon chor. Tá an bua sin ag éinne a rugadh i gCléire ó aimsir Naomh Ciarán.

[RBÉ 609:278-80. Bailitheoir: Ciarán Ó Siocháin (16/1/1939). Faisnéiseoir: Ciarán Ó Siocháin a chuala an cuntas seo fiche bliain roimhe sin arís ó Dhiarmaid Ó Siocháin (50), Cill Leice Fórabháin, Cléire. Cf. CFC 90], SC 112.

Sé Lá Fhéile Chiaráin lá agus féile mhór na bliana againne agus comhartha ar an Earrach. Mar le féile mhór mar é in ár saol agus tábhacht Chiaráin féin, is greannúr ná fuil aon mhór cur amach ag éinne air. Ní nach ionadh san, tá a bhunús féin leis an scéal san. Creideann cách gur saolaíodh Ciarán i gCléire i ndeireadh na ceathrú aoise agus go ndeachaidh sé go dtí an Róimh ina fhear óg. Sé is dóichí gur máirnéalach é agus gur mar sin a shroich sé an Róimh agus a chuir sé aithne ar an gCríostaíocht, nó fós gur ar an Mór Roinn a chuir sé aithne air. Is deacair do éinne do rá anois mar ná fuil aon fhianaise dearfa againn.

Toisc Cléire do bheith chomh beag agus gan aon chónaí buan ag na daoine ann níos mó ná glúin nó dhó, do cailleadh mórán den eolas agus den seanchas i dtaoibh Chiaráin, ach mar sin féin níor dearmhadaíodh riamh é agus tá a fhéile dá chomóradh fós againn ar an gcúigiú lá de Mhárta.

Chreideamar riamh gur ó Chléire dá mháthair agus gur prionsa ó Osraí a athair. Má ba ea cár casadh ar a chéile iad agus conas gur ar Chléire a saolaíodh

é? Is cuma mar is fánach a chuir éinne riamh an cheist. Creideadh mar a gcuallathas. Deirtear fós linn gurb iad Ciarán Chléire agus Deaglán Déise sinsear naomh Éireann. Ní deirtear linn go rabhadar comhaimsireach. Ansan arís tá sé ráite go raibh Ciarán Chléire no Ciarán Saighir⁶⁰ ag cómhhdháil Dhruim Ceat. Má bhí, ní raibh sé ró-óg ag an am.

Deirtear fós gur bhuaíl Pádraig uime in áit éigin san Eoraip agus gur thug Pádraig clog dó agus dúirt leis a shuíomh do bhunú pé áit a bhuaílfeadh an clog so uaidh féin. Tháinig Ciarán abhaile go Cléire agus do chraobhscaoil sé an creideamh ann. Thaisteal sé fán gcósta siar ó thuaidh ach níor bhuaíl an clog. Chas sé soir ansan agus do bhuaíl an clog san áit ina bhfuil Cill Chainnigh anois agus is ann do bhunaigh Ciarán a eaglais. Is lá saoire Lá Fhéile Chiaráin fós leis in Osraí.

'Siad tréithe na carthanachta is mó a luaitear le Ciarán; grá don ndúlra agus do éanlaithe an aeir. Dála mar atá anois agus mar a bhí riamh agus mar a bheidh go deo bhí lánúin in aimsir Chiaráin nár réitigh lena chéile agus do lorg an bhean comhairle ar Chiarán conas a chuirfeadh sí a fear chun báis. "A Chiaráin ghlé dhil", a dúirt sí, " atá thiar i gCléire tabhair dom comhairle conas a mharóinn mo fhear". "Tabhair", arsa Ciarán leí, "plúr mín ghléigeal agus sicbhainne caorach in aghaidh an lae dó agus in eirbeall a theas".⁶¹ Chomhairligh sé di é a mharú le cineáltas. Ná taitneódh a chomhairle le h-aos na linne seo!

Pé scéal é nó nach é, tá Tobar Chiaráin againne agus Gallán Chiaráin atá ar an iarsma Críostáiochta is ársa in Iarthar na hEorpa agus Teampall Chiaráin mar ar léadh an chéad Aifreann riamh in Éirinn.

Tóg buidéal uisce as Tobar Chiaráin agus coinnibh é ar feadh do shaoil agus beidh an t-uisce chomh húr, chomh glan, an lá deireanach agus a bhí sé an chéad lá. Géilleann mórán go bhfuil leigheas an uile ghalair san uisce úd. Gur fada a mhaire cuimhne Chiaráin i gCléire.

[DSD. IT.14/3/1983.]

Is é Naomh Ciarán pátrún an oileáin seo. Do rugadh é in aice leis an dTráigh Fionn timpeall na bliana 375 A.D. (Tráigh Chiaráin a tugtar ar an dTráigh Fionn anois). Is é an chéad naomh é de naomhaibh na hÉireann. Laighne an ainm a bhí ar a athair agus cuid de uaislibh Osraí ba ea é. Liadhain an ainm a bhí ar a mháthair agus ó Chorca Laidhe ba ea í.

Págánaigh ba ea tuismitheoirí Naomh Ciarán acht sal ar saolaíodh an leanbh do bhíodh ana-chuid samhluídí ag a mháthair dá feiscint agus ní feadar sí do'n tsaol cad é an bhrí a bhí leo. Do chuaigh sí go dtí na draoithe féach an mbeadh fios acu cad é an brí a bhí leo.

Dúradar san léi "béarfad mac míriúlach duit agus a chlu go hard go deireadh an domhain". Ó bhí sé ana-bheag ar fad, do bhí sé ina bhuachaillín naófa, agus do bhí sé mara bheadh duine go mbeifí dá stiúradh ós na Flaithis.

Tá sé mar bhéaloideas i gcónaí i gCléire gurb é an chéad mhíriúilt a dhein Naomh Ciarán, ná aon lá amháin nuair a bhí sé féin agus leanaí eile ag spórt dóibh féin in áit éigin ar an bPointe do chonaic sé seabhac ag teacht anuas ar éinín óg agus ag triall ar é mharú. Do bhí an t-éinín go léir gearrtha acht do dhein an naomh guí chun Dé go leigheasfaí an t-éan agus do éist Dia na Glóire lena ghuí agus do leigheasadh

é.⁶² Níl fhios ag éinne a thuilleadh mar gheall ar an naomh acht gur fhan sé istigh ina bhaile dhúchais in Oileán Chléire go dtí go raibh sé trí bliana déag agus níor baisteadh fós é. Dob é an mian a bhí aige i gcónaí ná a thír dúchais d'fhágáilt agus dul go dtí an Róimh chun fios d'fháilt mar gheall ar an gCreideamh fíor. Sa bhliain 390 A.D. do shrois sé an Róimh agus do baisteadh é dhá bhliain ina dhiaidh san. Do chaith sé fiche bliain dá shaol ar fad sa Róimh agus i rith na mbliain san do deineadh sagart de agus do deineadh easpag de tamall ina dhiaidh san arís.

Sal ar tháinig Naomh Ciarán thar n-ais go dtí a thír dhúchais deirtear gur bhuaíl Naomh Pádraig uime agus gur thug sé cloigín dó, agus go ndúirt sé leis, pé áit in Éirinn a bhuailfeadh an cloigín sin, eaglais a thógáilt ann. D'imigh an dá naomh óna chéile ansan agus do chuir Naomh Ciarán roimis chun teacht go hÉirinn. Nuair a tháinig sé ar dtír sa tír seo, sé an chéad áit a chuaigh sé fén a dhéin ná Inis Cléire. Do tháinig sé ar dtír in Inis Cléire sa bhliain 410 A.D., agus do bhí sé de shólas aige gur iompaigh sé a mháthair isteach sa Chreideamh fíor agus leis gurb í duine des na céad daoinibh in Éirinn a chreid i nDia. Bean rialta ba ea an bhean so ansin.

Is iad muintir an Oileáin seo na céad daoine in Éirinn a bhí ina gCaitilicigh. Is anso i gCléire a thóg Naomh Ciarán a chead eaglais. Cill Chiaráin an ainm a tugtar ar an sean-eaglais sin anois. Dob í sin an chéad eaglais Caitilicigh in Éirinn. Nuair do bhí a misiúin críochnaithe ag Naomh Ciarán i gCléire agus i bpíosa mór do Iarthar Co. Chorcaí, d'fhág sé an áit agus do imigh sé go Osraí i gCo. Chille Choinnigh. Do fuair sé bás in Osraí ar an 5ú lá do Mhárta sa bhliain 555 A.D. 'Siad na paidreacha deireaneacha d'ofráil sé chun Dé nuair a bhí sé ag fáilt bháis ná na daoine a chuirfí ina reilig, go mbeadh a ndóthain acu ar an saol seo agus go mbeadh an bheatha síoraí ar an saol eile acu, agus na daoine a choiméadfadh an 5ú lá do Mhárta saoire, an pionós aimsire a bhí ortha i gcaitheamh a saol go maithfí dóibh é. Tá guí eile ann leis a bhaineann le hOsraí.

[RBÉ S 295:155-57. Naomh Ciarán. Bailitheoir: Máire Ní Drisceoil, Comalán Thuaidh, Inis Cléire. Faisnéiseoir: Nóra Bean Uí Dhrisceoil, (41 bl.), Comalán Thuaidh, Inis Cléire.]

Gallán Chiaráin

8

Deirtear go bhfuil rian boise an Naoimh le feiscint ar chúl an ghalláin. Má's fíor go raibh Ciarán ag saothrú na Críostaíochta i gCléire triocha bliain roimh

*theacht Phádraig Naofa go hÉirinn sa bhliain 432, caithfidh gurb é seo an iarsma Chríostaíochta is seanda dá bhfuil in Éirinn nó sa Bhreatain.*⁶³ DSD.

Seo a scrígh Rev. John O' Connell (d'éag 1704) sa 'Dirge of Ireland', faoi Naomh Ciarán a bheith i mbun saothair roimh theacht Pádraig naofa.

Do bhí sa Mhumhain roimh é go saothrach.
Ceathrar d'easpagaibh beannaithe naofa,
Ailbhe Imle is Déaglán Déise,
Ibhear umhail is Ciarán Cléire.

*I gcuan Thráigh Chiaráin tuairim leath na trá idir ceann tiar an ché agus an Leaca Mhór a bhí Gallán Chiaráin. Toisc an gallán a bheith curtha síos i mbanc de chré bhog in uachtar na trá, do ghearr na calaí an bonn ón mbanc sin, ins an chás gur thit Gallán Chiaráin anuas ar an dtráigh. Do thug gach n-aon ins an oileán síntiús lámh uaidh chun an gallán a chur ina sheasamh arís. D'aistríodh an gallán beagán beag ó thuaidh ón áit go raibh sé ar dtúis. Ní raibh leigheas air sin mar, an talamh go raibh an gallán ar dtúis air, do bhí sé scuabtha chun siúil. Tá Gallán Chiaráin tuairim cúig troithe os cionn leibhéal an tailimh.*⁶⁴ *Tá trí crosanna gearrtha isteach sa ghallán. Tá na crosanna seo timpeall le dhá throigh ar fhaid. Tá cros ar gach taobh den ghallán fíorghearrach dá bharr, agus tá ceann eile gearrtha isteach ina bharr. Is é Naomh Ciarán a chuir an gallán seo ina sheasamh ins an tráigh an chéad uair. Do chuir sé ann é mar chuimhne míosa air féin. Deireadh na seandaoine go raibh fearta mór le fáil ón ngallán, má ghéilleann tú go raibh cumhacht ó Dhia ag Ciarán Naofa. Ar an gcúigiú lá Mhárta a thagann Lá le Ciaráin. Tá Gallán Chiaráin ar an ngallán Caitlicí is sine in Éirinn.*

[RBE 609:271. Bailitheoir: Ciarán Ó Siocháin, Crathach, Oileán Cléire. (12/1/1939). Cf. CFC 84-85.]

Is minic a leigheasadh duine ag an gallán. Dá mbeadh lámh tinn nó cos tinn ag duine cuir i gcás, agus dá gcuimileodh sé i gcoinnibh an ghalláin é mar atá rian na cúig méara do leigheasfaí é.

[RBÉ S 295:151-2. Bailitheoir: Cáit Ní Drisceoil. Faisnéiseoir Ciarán Ó Drisceoil. Comalán, Inis Cléire, (1938).]

Fad ó shin agus is fad ó shin é ó chuir Naomh Ciarán an gallán atá le feiscint inniu in a sheasamh i mbonn na trá agus do bhí sruthán uisce ag rith síos ón ngallán ag dul amach sa bhfarraige. Is mo iascaire riamh a ól deoch sa tsruthán san le linn gabháil thairis. Is ar sin a glaotar uisce Thobar Chiaráin. Tugann foth-dhuine turas ag an gallán oíche Lae le Ciarán agus tugann siad cuid den uisce abhaile leo chomh maith mar tobar beannaithe is ea é. Fad ó shin sa tsean-shaol do thagadh báid stróinséartha as ballaibh eile ag déanamh bíaste iascaigh go Cléire ar feadh ráithe an fhomhair agus bé Trá Chiaráin an ionad stáca a bhí acu. Ní raibh cé ná falla an uair sin amach an ball go léir in aon rith amháin. Do tharlaidh oíche ins na

hoícheannta go raibh sé gaothmhar garbh agus níor fhág aon bhád an chuan on oíche sin. Do chuir gach aon fhear ancaire ón a bhád féin agus téad ar dtír chun iad do bheith siuráltha i gcóir na hoíche. Do chuir duine des na stróinséaraigh ceann a téide ar Ghallán Chiaráin mar stáca agus beidh fhios agamsa ar seisean 'cad iad na phearta atá ag Ciarán anocht' agus is le magaidh a dúirt sé an focal agus a chomharthaí gurb ea, bhí a mhalairt de scéal ar maidin aige mar i gcúrsa na hoíche do chrom an gallán a cheann i dtreo gur shleamhnaigh an téad de. Do racáil a bhád agus do bhí sí 'na ticeóidí beaga istigh i gCuas uí bhFiaigh ar maidin agus an gallán 'na sheasamh mar a bhí sé ó thúis agus mar atá sé i gcónaí.

[RBÉ S 295:153-4. Scéal. Bailitheoir: Seosamh Ó Nuallaín, Cnocán na mBáirneach. Faisnéiseoir: Conchúr Ó Síocháin (71), Cnocán na mBáirneach, Inis Cléire.]

Do tháinig ceannaitheoir stoic go Cléire fadó agus do cheannaigh sé tarbh. Do thug sé go Trá Chiaráin an tarbh agus do cheangal sé do ghallán Chiaráin é. Ní raibh sé i bhfad ceangailte nuair a lúb an gallán agus d'imigh an téad de agus do thosnaigh an tarbh ag búirigh agus d'imigh sé ar buille ar fuaid na trá. Ansan do thug sé a aghaidh ar an bhfarraige. Do thosnaigh sé ag rálláil agus nuair a tháinig an fear gur leis é ag triall air do bhí an tarbh báite.

Do ceanglaíodh bád air uair eile agus nuair a tháinig na daoine gur leo í ag triall ar an mbád ar maidin, do bhí an bád imithe. Do fuaireadar ina dhiaidh sin í slán sábháltha i gCuaisín a Tuirc.

[RBÉ S 295:152. Bailitheoir: Cáit Ní Drisceoil. Faisnéiseoir: Ciarán Ó Drisceoil, Comalán, Inis Cléire.]

Tigh na nÉan

9

Thug an Dr. J.T.R. Sharrock⁶⁵ agus ceathrar Sasanach óg cuairt ar Chléire sa bhliain 1959 d'fhonn staidéar a dhéanamh ar éanlaith an oileáin. Bhí an oiread sin éagsúlacht éan ann gur beartaíodh stáisiúin faire éan a bhunú i gCléire. Is ag imeall Trá Chiaráin atá Áras Lucht na nÉan ó 1962.⁶⁶

An Chill, Cill Chiaráin

10

Níl ach aon tigh amháin ar an mbaile sin anois.⁶⁷ Do bhain an baile le Cill Chiaráin ins sa tseana-shaol mar glaonn daoine talamh na Cille ar an mbaile sin fós.

[RBÉ 609:218. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire.]

Tá Cill Chiaráin ar bhruach Chuain Tráigh Chiaráin. An Chill Caitilicí is aosta in Éirinn. Tá sé ráite, éinne riamh a cuireadh a dtaobh istigh de fhallaí Theampaill Cill Ciarán, tar éis trí lá go raghadh a anam go flaitheas Dé.⁶⁸

[RBÉ 609:292. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire.]

Is anso a thóg Ciarán Naofa a chéad séipéal más fíor don seanchas:

Insa Chonair chluthair ar thaobh na gréine

Sea a dhein Ciarán Naofa ar dtúis a chill.

Reilig agus Teampall Chiaráin**11**

Ar bhruach an chialadh i gcuan Thráigh Chiaráin tá [R]eilig agus Teampall Chiaráin. Tá an teampall istigh sa reilig. Cé ná fuil ins an teampall sin ach cabhlach, tá sé de éileamh air go bhfuil sé ar an dteampall is sine in Éirinn. Deirtear gurb é sin an chéad tséipéal a cuireadh suas in Éirinn. Níl aon tseanchas beagnach mar gheall ar [T]heampall ná [R]eilig Naomh Chiarán. De réir mar a chualag, tá pinniúir thoir an teampaill déanta nua, ach an taobhfhalla theas go bhfuil an doras ann atá ag dul isteach sa teampall, tá áirse os cionn an dorais sin agus deir siad go bhfuil an áirse an-aosta ar fad.

Ach is minic a chuala seandaoine a rá, éinne riamh a chuirfí laistigh d'fhallaí Theampall Naomh Ciarán, ná raghadh an té sin go hlfreann go deo. Tá daoine dá gcur i gcónaí i Reilig agus i dTeampall Naomh Ciarán. Níl aon reilig eile Chaitlicí ins an oileán ach í. Agus na coirp atá curtha ann, ní bhacfhadh na francaigh iad, mar tá sé ráite riamh ná bacfaidís, agus tá sé fíor leis, mar ní fheacthais rian francaigh riamh ar aon chorp ina ndiaidh. Tá a n-uaigh féin ag gach muintir ins an reilig. An talamh atá mórthimpeall ar an reilig, 'talamh na cille' a tugtar air.

[RBÉ 609:282-3. Bailitheoir: Ciarán Ó Siocháin, Crathach, Cléire, (16/1/1939). Faisnéiseoir: Ciarán Ó Sfocháin, a chuala an cuntas seo fiche bliain roimhe sin arís, ó Dhiarmaid Ó Sfocháin (60), Cill Leice Fórabháin, Inis Cléire. Cf. CFC 89-90.]

A lán nósanna eile a bhí ann an uair sin, níl aon teacht tharstu inniu; an tsochraid féin a bhíodh ag dul don reilig, bhíodh mná ag olagón faid ar fhaid an bhóthair chun go dtugthaí an chomhra isteach sa reilig.

[SC 138.]

Teampall Chiaráin**11**

I dtuairisc ar 'The Parish and Island of Capeclare' a ghabhann le léarscáil an Downe Survey de Chléire luaitear 'There stands thereon a church and castle garisoned.⁶⁹ Tuairiscíodh 'The church and chancel were in repair' sa bhliain 1615.⁷⁰ agus 'in a good state' faoi 1634 ⁷¹ '[A] ruin'd Church dedicated to St. Kiaran, Founder of the See of Ossary' a bhí ann sa bhliain 1758 dar le Pococke.⁷² Níl fágtha inniu den séipéal cloiche seo ar a dtugtar Cill Chiaráin ach na ceithre fallaí. Meastar nach é seo an chéad séipéal a sheas ar an láthair seo.⁷³

Uaigh Chonchúr 'ac Éireamhóin**12**

Do bhí sé de éileamh ar Chonchúr go raibh sé ar cheann de na fir ba threise a bhí i gContae Chorcaí. Ar aon chuma, níor buadh riamh in aon chomórtas air, ag triail a nirt. Fear tréan láidir ab ea Conchúr. Tá mórán scéalta instithe mar gheall ar ghaisce Chonchúir.⁷⁴ Deirtear go raibh sé suas le naoi dtroithe ar fhaid, agus

pearsa dá réir aige. An uaigh go bhfuil Conchúr curtha inti, tá sí naoi dtroithe go leith ar fhaid. Tá an uaigh sin le feiscint fós istigh i dTeampall Naomh Ciarán. Nuair a raghair isteach doras Teampall Naomh Ciarán atá ar an dtaobh theas, cas ar leith do láimhe dheise agus siúl soir ceann ar aghaidh ar phinniúr thoir an teampaill, agus i ngearracht sé troithe den phinniúr sin tá uaigh ann i bhfad níos sianá na h-uaigheanna eile, agus leac ar gach ceann di. Thíos ins an uaigh sin tá an fear láidir Conchúr 'ac Éireamhóin curtha. Do bhí ceann dá chnámha le feiscint istigh i gcúinne na reilige seal blianta ó shin, agus níl sé chomh fada sin leis. Dúirt na daoine go léir a chonaic an cnámh sin, ná feacaigh aon duine riamh aon chnámh chomh téagartha leis an gcnámh sin.

[RBÉ 609:275. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Oileán Cléire, (12/1/1939). Cf. CFC 89-90.]

Bosca an Phúdair

13

Bhíodh ábhar pléascaigh i dtaisce anso tráth ag Bord na nOibreacha Poiblí.

75 PC

An Lic Bhuí

17

Gaineamh dearg atá ann agus is dócha gur tháinig an t-ainm as san, táim siúráltha. DSD.

Poll na Gainimhe PC

18

Bhíodh Cánóga le feiscint ann. DSD

[B'fhéidir gur Poll na gCainí atá san ainm ó cheart.]

An Rabha

19

Rabha : *Is í an rabha an áit iascaigh is giorra den talamh - (an tír). Carraig 'sea an rabha a bhíonn ag eirí aníos ó thóin poill. Ní nach ionadh ní mór ná gur mar a chéile an doimhneas uisce atá ar na rabhatacha go léir: Tá formhór acu idir dhá uisce, sé sin le rá go mbíonn a bhfíor mbarra nochtaithe lá sciúiríoch an ghuarnáin. In aon fhocal amháin, níl na rabhatach ar do chaon doimhneas uisce "ó bórd go talamh" mar a deárfá. Glaotar "Boilgeacht" ar na rabhatacha leis mar ainm. Dá bhrí sin is mar a chéile an Rogha agus an Bhoilg.⁷⁶ Ní mór ná gur talamh loígh (feama) an mianach atá in íochtar na farraige mór timpeall ar an rogha nó an bhoilg mar a tugtar uirthi uaireanta. Talamh salach a tugtar ar an sórd so tailimh. Tugtar talamh acarnach air chomh maith.*

[RBÉ 742:324. An Rogha. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Inis Cléire. (1/7/1940).]

Tagann ceithre rabhtaí móra gach bliain - rabhta na Féile Pádraig agus rabhta na Cásca, rabhta na Féile Michíl agus rabhta na Nollag. Is é rabhta na

Cásca an rabhta is mó a thagann. Tránn an t-uisce níos doimhne ansan ná aon uair eile. Ach tagann taoide mhór gach mí le h-airde na rae agus le rae.

[CFOC 219, 43-18.]

Oileán na gCeard

22

Is anseo a bhíodh na ceártain agus na ceárdaithe ag Muintir Uí Drisceoil roimh Chath Chionn t-Sáile. Is ann a deintí na h-airm. Bhíodh an t-oileán seo i bhfad níos mó gan amhras tráth. Ní nach ionadh san tá an t-oileán san le go leor de titithe leis an bhfaill ó shin agus níl mórán de ann ach amháin an ainm Oileán na gCeárd. DSD

Cuas na gColúr

25

An Colúr Uisce: le hais na mara a neadaíonn sé.

[Tomás Ó Síothcháin, Oileán Cléire, An Lóchrain Iúl, 1930, 7.]

Poll an Amhrais

27

Áit ana-chontúirteach é. PC

Cnoc Rinn na nGreann

28

Talamh garbh is ea an chuid is mó de. PC

Trá Leagaigh

30

Bíonn clocha réidh ar an dtrá seo. Deineadh leaca móra a tharraingt ón áit seo le haghaidh na céanna a thógaint i gCuan Thrá Chiaráin ag tosach na haoise seo. PC

Is dócha gur ó na leacacha is na clocha a bhaintí amach ann a tugadh Trá Leagaigh air. Is dóigh liom gurb é sin an bunús a bhí leis. DSD

Is ar bhóthar beag iarainn a deineadh na leacacha móra a iompar ón gcoiréil anseo go dtí An Cé.⁷⁷

Com na Cille

32

Tá sé lán de ghainnibh agus clocha. PC

Cnocán na Mucallaí

37

Is docha go raibh mucallach i mball éigin ann. PC

Mucallach : Ins an tseansaol, nuair a bhíodh daoine chun tí a thógáil, dob é an ball ba mhinicí leo é a dhéanamh, istigh faoi bhéilic nó sa bhfoithin in áit éigin. Ins an aimsir sin, ní raibh aon tithe beaga ná sciobóilí lasmuigh de na tithe cónaithe, ach cró bheag a bhíodh chun muc a choinneáil. 'Mucallach' a tugtaí ar an gcró bhig

sin. Ní bhíodh puinn gnótha de na tithe amuigh, mar ní bhíodh ag éinne ins an oileán ach bó agus gamhain. Do bhíodh an bhó agus an ghamhain istigh ar urlár na cistean sa tigh cónaithe ag caitheamh an gheimhridh.

[RBÉ 609: 222-38. An Teach. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin (19/11/1938).]

An Gleib

45

An talamh atá mórthimpeall ar an reilig, 'talamh na cille' a tugtar air.⁷⁸ Ar léarscáil Chléire de chuid an Down Survey 1655 faightear 6 gn., 10 n-acra 'Arable & pasture' luaite i leith 'Glebe'. Tá Knoghr. O' Driscoll tionónta, luaite leis an 'Glebe land of Cape-leer sa Book of Survey and Distribution c. 1666. Bhí an 25 acra de 'thalamh na cille' faoi dheachú £34, leath a bhí iníoctha le Beecher, an tiarna talún agus an leath eile leis an ministéir. Ní raibh teach biocáire ná teampall ar an oileán faoi'n am seo.⁷⁹

Na Lochtíní

46-51

Is leath-árdáin atá sa talamh iontu. PC

Garraí an Datha

52

Sa sean-tigh anseo bhí conaí ar William Hayes múinteoir scoile. PC

Boathouse

59

Is anseo a bhí bád leis an tiarna tailimh Beecher faoi choiméad. Bád sé mhaide a bhí ann. Bhí aighneas dlí idir an tiarna talaimh Sir Henry W. Beecher agus duine de mhuintir an oileáin faoi úinéireacht na h-áite agus chuaigh an lá leis an tiarna talaimh.⁸⁰

Garraí Chonchúir Uí Fhranncach

60

Is ó duine de mhuintir "Neill" a raibh an leasainm Uí Fhranncach orthu a ainmníodh. Bhí cónaí ar dhuine des na Geancaigh ansin.⁸¹

Bheadh an talamh ansin go maith is dócha ach ní fios cathain ó shin ó bhí sé curtha - os cionn céad bliain is dócha. PC

[Cf. Garraí Dhonncha Uí Fhranncach LM 118.]

Áit an Chatha

61

Anseo ag Áit an Chatha in aimsir Chairiú ó bharr na Faille Airde a leagadh an bhréiste le piléar gunna mhóir atá le feiscint ar lár i nDún an Óir.

[Cf. SC 112.]

By means of artillery, which Harvey planted on the high ground adjoining the castle, he compelled the garrison to surrender, and battered down the eastern wall of the castle.⁸²

Dún an Óir

64

Caisleán de chuid Taoiseach na nDrisceolach an Ridire Finín Ó Drisceoil ab ea an túr daingean cloiche seo. Meastar gur sa tríú haois déag a tógadh é. Baineann sé leis an stíl Normanach. Tharlódh go bhfuair sé a ainm toisc taisce óir a bheith curtha ann de réir an bhéaloidis nó b'fhéidir toisc buí gréine a bheith ag óradh na h-áite.

Tá dún ar thaobh thiar thuaidh an oileáin go dtugaimid "Dún an Óir" air. Tá Dún an Óir timpeall leathmhíle laistiar de Thráigh Chiaráin. Tá an dún seo déanta anuas ar oileán atá ar chónagar na farráige, agus céim chúng dhainséireach ag dul isteach ann. Tá caisleán déanta anuas ar an áit go raibh an dún. Caisleán Dhún an Óir an ainm atá ar an gcaisleán.

Dúrtas gurb iad muintir Drisceoil a thóg an caisleán. Taoisigh spridiúla láidire gaelacha ab ea na Drisceolaigh. Ba leo siúd an t-oileán seo lena ré féin. Do bhí tithe beaga gan áireamh, siléirí faoi thalamh, stáblaí capall agus ba, póna, agus gach cóir agus crot eile a fhéadfadh a bheith ar thaoiseach déanta mórthimpeall ar an gcaisleán. Nuair a bhí an caisleán á thógáil, do bhí sé ráite gur le fuil bheithíoch a bhí an moirtéal a bhí á thógáil fliuch, is é sin, nuair a bhí an moirtéal á shuaitheadh, gur le fuil bheithíoch a fliuchadh an moirtéal sin.

Níl aon dabhtaí, ná go bhfuil mianach éigin stróinséarach tríd an moirtéal sin, mar tá bloic mhóra d'fhalla an chaisleáin tar éis titim anuas ar an dtalamh, agus tá an moirtéal agus na clocha in aon bhró amháin, in achrann chomh daingean ina chéile go dtógfadh sé ursan an lá is treise á shaol a bhí sé, na clocha agus an moirtéal a scarúint ó chéile.

[RBÉ 609:264-266. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire. Faisnéiseoir: Tomás Ó Síocháin (71), Cnocán na mBáirneach a chuala an scéal seo ó Dhónal Ó Drisceoil, Lios Ó Móine, 50 bl. roimhe sin. Cf. CFC 92-93.]

Ag eirí amach as an gCuan [i.e. Cuan Trá Chiaráin BIT 1] an té a fhéachfadh chun deiridh i dtreo na láimhe clé cífidh sé Caisleán Dhún an Óir. Caisleán de chuid Drisceolach, áit an chontúirteach ar fad. Ní raibh sé mar sin, ach tá an talamh titithe as a chéile agus níl ann ach a leath anois agus tá sé an-bhaolach dul amach ann.⁸³ I ndiaidh Cath Chionn tSáile sé an Ginearál Harvey a chuir an caisleán san as a chéile.

Arís ag tagairt dos na Drisceolaigh san níor baineadh a gcuid tailte díobh riamh le h-éigean. Ba dhream aerach, ólach, piobarach iad. Dream fiain is dócha agus claon i ngach slí. Le cladharacht Fhinín Uí Dhrisceoil⁸⁴ do bhí sé ábalta a chuid teidil a fháil ón mBanríon Eibhlíse agus bhí sé ábalta a cheart chun na dteidil san a shíneadh de dheascaibh cleasanna áirithe. Agus arís nuair a bhí Cath Chionn tSáile thart agus an ruaig go deo ar an gcóras Gaelach do tháinig cladhaireacht

Fhinín Uí Dhrisceoil chun cabhraithe arís leis, agus do rith leis. Do fuair sé párdún agus bhí a chuid talaimh arís ina sheilbh aige ó fhórsaí Shasana.

Ina dhiaidh sin chuaigh cuid dá dheartháireacha agus dá chlann, na Drisceolaigh, thar lear le hAodh Ó Domhnaill agus mar sin de d'iompaigh Finín ar an ól agus ar an ragairne agus do raic sé é féin agus a chlann agus a mhuintir agus d'fhág sé é féin beo bocht dealbh go bhfuair sé bás dá uireasa istigh ina chaisleán i Loch Oighean. Tá fothrach an chaisleáin thuas ann fós. DSD

Tá cáil Fhinín Uí Dhrisceoil ar leis Caisleán Dhún an Óir buanaithe ag Robert Dwyer Joyce i véarsaí leis dar teideal 'Fineen the Rover'.⁸⁵

Véarsaí iad seo as an dán 'Dún an Óir' ó pheann Victor O'D Power,⁸⁶

*I stood by the crumbling walls of
Dún an Óir, Dún an Óir,
Where the clann O' Driscoll
Ruled, in days of yore,
The autumn days are dying,
The wind was softly sighing,
To the seabird plaintif crying,
Dún an Óir.*

*Oe'r the vast expansive sea,
Dún an Óir, Dún an Óir,
Where white and sparkling sails
Dotted oe'r,
While the men of Ciarán's isle,
With a kindly word and smile,
Were anchored for a while,
from Dún an Óir.*

Bhí fear ina chónaí i nDún an Óir tráth go nglaidís Gruagach Dhún an Óir air. PC

Bhí cónaí ar an nGruagach agus a mhnaoi ins an t-sean-caisleán (Dún an Óir, Baile Iarthach Thuaidh). D'éir rial na haimsire sin, bhí amadán ag gach duine uasal 'na Chaisleán. Bhí coill an uair sin sa Chumar (idir an dá Chuan) a shrois ó Pholl an Phúca go lár an Bhaile Iarthaigh. Ba mhinic an Gruagach ag fiach sa choill so.

Lá dos na laetheannta so do ghluais sé ag fiach dó féin agus d'fhág sé an t-Amadán Mór ag coiméad a mhná faid a bheadh sé féin ag fiach. Bhí draíocht ag an nGruagach so, agus an lá so cheap sé an t-Amadán Mór a thriall. D'fhill sé abhaile i riocht duine uasail agus thosnaigh sé ag cur caint agus bladar leis an mnaoi óig .i. bean an Ghruagaigh. Thuig an tAmadán Mór an fuadar a bhí fé. Tharraing an

tAmadán chuige a chlaíomh agus siúd ag troid é gur baineadh cos den amadán ach choinnibh sé air ag troid go fíochmhar ag cosaint na mná.

Baineadh an chos eile den amadán ach níor stop san leis é. Tháinig trua ag an nGruagach dó agus nuair a chonaic sé dílseacht an tAmadán do thug sé le tuiscint do gur bé féin an Gruagach agus chuir sé a dhá chois ar an t-Amadán Mór arís.⁸⁷
[RBÉ S 295:14. Bailitheoir: Mairéad Ní Shíocháin, Lios Ó Móine, Cléire. Faisnéiseoir: Tomás Ó Síocháin (52), Lios Ó Móine, Cléire.]

Cuas an Dúna

65

Do bhí flít loingeas ag baint leis na Drisceolaigh agus is é an áit go rabhadar feistithe idir an caisleán agus an talamh theas. Cuas an Dúna a tugtar ar an áit go raibh na loingeasa feistithe. Ionad cuain is ea Cuas an Dúna go bhfuil uisce doimhin ann, agus tá na stacaí agus na h-ionaid feistithe a bhí ag na Drisceolaigh chun a gcuid long a shábháil le feiscint i gCuas an Dúna.

[RBÉ 609:265-6. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire. Faisnéiseoir: Tomás Ó Síocháin (71), Cnocán na mBáirneach, Inis Cléire.]

Bhíodh trádáil ag teacht ó bhaill iasachta ina aimsir féin chun an Ghruagaigh [Gruagach Dhún an Óir].⁸⁸ Isteach sa chuas san gurb ainm Cuas an Dúna dó a thagaidís ar cur na ládála ar dtír. Agus ba mhaith an comhartha go mbídís ag teacht ann, mar tá fáinní móra iarainn boltálta isteach sa charraig i dtaobh theas an chuais, agus díobh san a ceanglaíthí na háirthe. Tá siad le feiscint i gcónaí ann ar thrá mhara taoide móire'

[Cf. SC 111.]

Ceann Róin

66

Tagann Rónta le chéile anseo agus bíonn siad ag cúpláil ann. DSD

Tá sé taobh thiar den chaisleáin agus tá sé mar a bheadh ceann róin air. PC

Is minic a théadh na fir ag iascach ar Ceann Róin atá laistiar den tSeana Chaisleán fadó shoin. Lá dá raibh seisear nó mór-sheisear des na fearaibh ag dul ag iascach do thárla go raibh fear leath-chaoch i ndiaidh na coda eile agus é ag iarraidh an bheart do bhaint amach. Ag gabháil thar an caisleán dó thug sé fé ndeara ós a chionn fear óg agus a cheann amach fuinneóg an Chaisleáin. D'fhéach sé roimis arís ag féachaint an tslí agus cad a bheadh ar an gcosán roimis ná maide breá agus ceann óir air. Thóg sé chuige é. Ní fhaca éinne des na fearaibh eile an fear san. Chuaigh an fear a bhí leath-chaoch abhaile agus an bata siúil ceann órdha aige ina lámh. Chuaigh an ráfla timpeall. Chuala an sagart é. Tháinig sé chun an fhir agus bhain sé an bata de. Ní cualathas trácht riamh ó shin ar an maide sin bíodh gur gearr ó shin a thárla an gníomh san.

[RBÉ S 295: 15. Bailitheoir: Mairéad Ní Shíocháin, Lios Ó Móine. Faisnéiseoir: Tomás Ó Síocháin, (52), Lios Ó Móine, Inis Cléire.]

Tón Loinge

67

Sin iad na carraigreacha taobh amuigh den seanchaisleán. Deir siad gur loingeas iompaithe taobh thíos de thuas atá sna carraigreacha. PC

Boilg na Feamanáí

70

Is carraig fén uisce Boilg na Feamanáí agus eiríonn farraigí an-arda dá droim le linn gála. Bíonn na farraigí úd scannrúil.

[Cf. Iorball. DSD. IT. 9/11/ 1983.]

Páirc na Síofraí

74

Bhíodh eagla ar dhaoine roimh na síofraí agus bhíodh daoine eile ná cuireadh aon t-suim iontu. Do creideadh go láidir iontu agus ina gcumhachtaí diabhláochta nó a mhalairt. Daoine a mbíodh eagla orthu roimh an dream diamhrach so, ní raghaidís amach san oíche gan smearóid dhearg nó cadhrán dearg do bhreith leo ar barra babhla nó bior dála péice píce. Thugadh daoine lóchrainntí leo leis mar chosaint san oíche. Ba é an discrédad cúpla brobh tuí fillte ar a chéile chun go mbeidís timpeall sé órlach ar fhaid agus é a thumadh in uisce croisrig.

[Cf. 'Síofraí'. ADSD 63-64.]

Páirc an Bhumba

76

Bhí Cochlánaigh an Bhaile Iarthaigh nó 'Na Spáinnigh' mar ba fhorshloinne dóibh ina mbáillí ag an tiarna talaimh. Bhí an dearg-ghráin ag daoine orthu. Is dócha gur ó dhuine de shliocht Shéamais Uí Chochláin, 'An Spáinneach Mór', an bumba, nó an 'bumbáille' a ainmníodh Páirc an Bhumba.⁸⁹

Tigh Master Hayes

79

Tuairiscítear don bhliain 1849 go raibh 'Schoolhouse endowed by Sir William W. Beecher' ar an láthair seo agus ainm William Hayes luaite leis.⁹⁰ Ní foláir nó bhí an scoil seo ag 'Master Hayes'⁹¹ ag feidhmiú mar scoil scairte mar bhí an Scoil Náisiúnta i Lios Ó Móine fé chúram Thomas Hayes ag an am gcéanna.⁹²

Tigh an Choitirigh

80

Duine éigin a d'ól braon fairis an gceart sa Chumar agus a ionsáfodh chun a phinginí a bhaint de a dúirt :

"Ag ceann tí Dhálaí"⁹³ a thosnaigh an spórt agus ag geata an Choithirigh a thosnaigh an argóint; ag bun na Leacan d'fhágadar gan copper é, agus sin é seanchas an Bhrianaigh óig". Is ea leis.

[Cf. ADSD 151.]

Ceannaitheoirí éisc, lucht gnó agus tábhairneoirí ⁹⁴ ba ea na Coitirigh a bhí anseo. Píolótaí ba ea iad leis tráth.⁹⁵

Tábhairne de Búrca

82

Burke's nó Paddy Burke's is gnáth a thabhairt ar an dtigh tábhairne seo ar a mbíodh an Shamrock Hotel air tráth. Tá an cruth céanna ar an mbeár istigh is a bhí air céad bliain ó shin.⁹⁶ Luaitear Patrick Burke mar úinéir sa bhliain 1898.⁹⁷

An Cumar

83

Tá an Cumar thíos i gclais dhoimhin idir dhá chnoc. Tá Cnoc an tSuíocháin ar thaobh thiar an Chumair agus tá Cnoc Phoill an Phúca ar an dtaobh thoir, agus tá cuan ar an dtaobh theas den Chumar go dtugtar "Iníor" air, agus an cuas is fearr ins an oileán ar an dtaobh thuaidh den Chumar, Tráigh Chiaráin. Baile is ea an Cumar atá ag deighilt dhá thaobh an oileáin óna chéile, is é sin, taobh thiar an Oileáin agus taobh thoir an oileáin.

[CFC 81.]

Is cuma sa diabhal anois, mar a deirtear i gCléire, pé áit a mbíonn an diabhal de ló go mbíonn sé sa Chumar istoíche.

[Cf. 'Sa Chumar' DSD. IT. 16/10/1978.]

Bhí cáil óil agus ceoil ar thábhairní an Chumair. Ba mhínic stranncáin ar nós "The Good Old Times in Cummer" le clos iontu. John K. Cotter ón nGleann, Cléire a chum seo.⁹⁸

The Good Old Times in Cummer

*I'll sing tonight of the good old days,
Before I left the glen,
In dear Cape Clear that island home,
Of fearless sailormen.
How when in Burkes at each weekend
We made the porter flow,
For these were in the good old times,
In Cummer long ago.*

Pádraig Mac Coitir , 'Pat the Poet' ón nGleann, Cléire a chum na véarsaí seo as *The Cummer long ago* .⁹⁹

*The world is rolling around and round
And changes come and go*

*Youth and prime and age and time
All roll through weal and woe.
But weal it was in my young days
Where the ocean tide do flow
Around the Island of Cape Clear
and the Cummer long ago.*

*We danced and sang on each weeks end
When the boats came home from sea
And met our friends upon the piers
and happy men were we.
The porter mixed with brandy
From the Dutchman off the Brow
We drank at Burke's and Daly's
in the Cummer long ago.*

Danzig, Tigh Mary Ann Stevens, Tigh Cháit Carey 84

Bhí aighneas i dtaobh an tí sin i rith an chogaidh nuair a bhí clampar ar siúl ag Hitler faoi chathair Danzig. ¹⁰⁰

Mary Ann Stevens lived in the first house at the corner in Cummer. She lived with her father Con Hegarty. The house is now used as a store by Donncha de Búrca. The house was the subject of a dispute and a lawsuit, and was given the name 'Danzig', because like the city of Danzig, it was a contentious issue. MJ

Tigh Cháit Carey a bhí ar an áit leis. Bí Cáit Carey an duine deireannach a dhein caoineadh ar na mairbh i gCléire. ¹⁰¹

Cáit had a little shop in Lios ó Móine in which she used to sell tea and sugar and the like . She moved to Cumar when she got old. MJ

An Lána

86

Sraith seacht gcinn de thithe beaga díon-slinneach atá sa Lána. Sir William Wrixon Beecher a chuir dá thógaíl iad thart ar 1843. Bhronn Becher ioncam na dtithe ar an Oirmh. Edward Spring ¹⁰² agus chuir Spring na tithe ar fáil do dhaoine a bhí sásta iompú ina bProtastúnaigh. Sa bhliain 1853 cheannaigh an Island and Coast Society bád ar £10 ¹⁰³ agus fuair oileánaigh a thréigh a gcreideamh beart sa bhád agus tigh sa Lána. ¹⁰⁴ D'eirigh leis an Ath. Henry Leader, Sagart Paróiste na Rátha cabhair airgid a fháil ón mBanbharúin Burdett-Coutts ¹⁰⁵ a chuir ar a chumas roinnt daoine a chur ar imirce. Orthu sin bhí daoine a bhí tar éis glacadh le tithe sa Lána. Ghlac cuid des na hoileánaigh seilbh ar thithe sa Lána agus ní ghéillfidís suas iad go bhfuair an

sagart geallúint ón Oirmh. Spring nach n-úsáidfí na tithe arís chun Caitlicigh a mhealladh ón a gcreideamh.¹⁰⁶

Cnoc an tSuíocháin

95

Oileán is ea Cléire le John K. Cotter ¹⁰⁷

*Táimse ó Chléire más maith libh éisteacht,
Agus ba mhaith liomsa cúpla focal do rá
Mar gheall ar an oileán so gur saolaíobh Ciarán ann
Agus a thug an creideamh ann thar sáile fadó.*

*Oileán isea Cléire i gceann thiar theas na hÉireann
Agus iascaire is ea gach aon fhear a mhaireann ann beo
Tá sé chéad déag bliain ó saolaíobh Ciarán ann
Agus níor fhág an creideamh riamh Cléire,
Is ní fhágfaidh go deo.*

*Do chuirfeadh sí áthas ar éinne dá raghadh sí lá gréine,
Agus féachaint mór timpeall ó Chnoc a' tSuíocháin ¹⁰⁸
Ag féachaint uait síos ann do chíféá an tsráid bheag
Gur breá idir dhá chnoc í agus gur ann atá an fhothain*

*Sin í sráid a' Chumair¹⁰⁹ go gcloisfeá an ceol ann
Dá mbeadh do ghabháil tríthe ar maidin Dé Luain.
Agus féach laistiar thíos de agus chíféá caisleán ann
Lán de nead faoileán gur ann atá a ngeoin.
Sin é Dún an Óir úd a thóg na Drisceolaigh
Nuair thiomáineadar na Sasanaigh thar sáile sa Spáinn.*

*Dá mbeifeá sa tSamhradh ann séasúr an iascaigh
Agus na báid a bheith ag seoladh ann ó Chuanta Chiaráin
Do chloisfeá an ceol acu ag ardú na seola
Is scaoileadh na dtéad ag imeacht ar siúl
Nó thíos ar na tráigh úd do chíféá gasra fear óg ann
Ag gáire is ag spóirt leis a' gcailín deas fionn*

*Tá cuid des na báid seo ag imeacht siar chun Carraig Aonair
Mar a mbíonn na maicréilí go trom is go ramhar
Agus cuid eile ar súil gaoithe siar suas chun an Chairn*

Chun iascach as Béara an tseachtain 'tá chugainn.

*Gan rath ar na Sasanaigh do mhilleadar Éire
Agus do scaipeadar ár dteanga san aimsir fadó
Ach buíochas le hÍosa tá an spiorad fós 'nár ndaoine
Beidh Gaeilge i gCléire faid a bhéas Sasanach beo.*

Cláí na Cloiche Báine

96

Tá gallán ceithre throigh déag sínte ar an talamh agus cláí tógtha in áirde air. Deirtear go raibh an gallán ina sheasamh uair amháin. PC

Córais Sliogáin

99-100

Dhá pháirc Aitinn Fhranncach iad. PC

Na Garraíocha Beaga

103-107

Tá cúig chinn de gharraíocha beaga ann, a bhíodh ar barr chun prátaí. PC

An Fhail Ard, Fail Ard an Chaisleáin

108

Cuireadh an t-ainm seo air toisc gurbh é ceann de na failte is airde ar an oileán é. Bhíodh bóthar ag triall ar Chaisleán Dhún an Óir thairis tráth. Is minic gan ach an Fhail Ard á thabhairt air. DSD

Is í an fhail ard dáiríribh í, lom díreach ina seasamh; agus an seanchaisleán ar a h-aghaidh anonn mar a bheadh sé ina oileán mara, cé go raibh bóthar deas socair d'inse ghlas isteach ag triall air tá seal blianta ó shin, ach tá sé briste stollta réabtha anuas ag an anfa inniu, agus ar éigin a fhéadfaí dul isteach ann.

[SC 109.]

Fail ard a sheasann lom díreach agus a mbíonn farraigí arda glórach ina choinne de shíor atá inti.

[Cf. SC 109.]

The cliff on which the castle stands is quite mural on the seaward face; and sustains, even in the calmest weather, a collision with the heavy swell of the Atlantic, which resounds to a great distance along the shore.

[Parliamentary Gazetteer of Ireland 1844, 303.]

Cuas na gCánóg

110

Ainmníodh an áit ó éan farraige, an chánóg, a bhíodh le feiscint go raidhsiúil ann. DSD

Cánóga: *Ní neadaíonn na cánóga in aon bhall ach fáin in sna failtheacha fiaine ná féadfadh aon duine dul ag triall orthu.*

[Treabhchaisí na n-éan a mhaireann ar an bhfarraige. Tomás Ó Síothcháin, Oileán Cléire, An Lóchrann, Iúil, 1930, 7.]

Bhí cánóga mar ainm choitianta againn ar éin farraige ná tagadh ar dtír ach go h-annamh, ach bhí dhá chánóg ar a raibh a n-ainmneacha féin - an chánóg choisdearg, agus an colúr uisce. Éan maith mór an chánóg choisdearg ach tá an colúr uisce an-bheag. Bhíodh a nead ag an gcánóg choisdearg i bpoll coinín siar ó Pholl an Duirc agus bhíodh an dá ghearrcach chomh toirtiúil le goislíní. Is fada an lá ó ghabhas an bóthar sin anois agus ní fheadar an mbíonn siad fós ann.

[DSD. IT. 6/8/1980. Ar Lorg Nead. ADSD 108.]

Béal na Gaibhge

112

Tagann Gaibhge, Gaidhge nó Gáibhthe ón bhfocal Gábh a chiallaíonn baol nó dainséar. B'fhéidir gur ó ghaidhgiócht nó guagacht na h-áite a h-ainmníodh.

Léimeann an cúr san aer san áit seo agus bíonn dathanna difriúla air nuair a bhíonn an ghriain ag soilsiú air. Tá abha ag rith faoi thalamh ó Loch Ioral go Béal na Gaibhge. DSD

Loch Ioral / An Loch / Loch an Bhaile Iarthaigh

114

Ainm níos ársa ná an Ghaeilge féin isea Loch Sról. DSD.

Sa tsean-aimsir nuair a bhí na Péin Dlithe i bhfeidhm in Éirinn do gheobhadh éinne cúig píointe a fhéadfadh máistir scoile, sagart nó mactíre a mharú agus a cheann a bhreith leo agus é thabhairt dos na Sasanaigh.

Tá béaloideas i gCléire mar gheall ar shagart a bhí ann an aimsear sin. Deirtear gur tháinig na saighdiúirí sin ó Shasana isteach anso leis agus gur thánadar i dtír san ceann thoir an Oileáin agus go rabhadar ag déanamh siar ar thig an tsagairt ach gur rith duine éigin agus gur chuir sé in iúl don sagart go rabhadar ag teacht chun breith air. Deirtear go bhfuair sé capall agus léim sé air agus dhéan sé siar ar an gcnoc. Nuair a bhí sé siar píosa mór den bhóthar do chonaic sé na saighdiúirí ag teacht ina dhiaidh. Lean sé air siar go dtí an áit ina bhfuil an Loch anois. Ní raibh ann acht currach an uair sin. Nuair a bhí sé amach nach mór ar an taobh eile bhíodar suas chuige beagnach. Do lig sé a bata titim síos uaidh san áit beag agus dhein sé poll. Tháinig uisce as an poll agus níor (stop) sé go dtí go raibh Loch uisce ann chomh mór agus atá inniú. Do bád na sighthuirí go léir agus tháinig an sagart saor ach míorúil ó Dhia ab ea é.

[RBÉ S 295:130-131. Bailitheoir: Eibhlín Ní Chéadagáin, Gleann, Oileán Cléire. Faisnéiseoir: Tadgh Ó hAonghusa (78), Gleann, Oileán Cléire. 1938.]

Chreidítí go raibh draíocht inti fada ó shin, agus deireadh na seandaoine go bhfeictí ártach seoil inti fada ó shin. Is é cuma inar deineadh í ar dtúis ná, fear do theacht ó bhall éigin ón dtír. Do thiúrtaigh an capall sa bhall seo agus siúd aníos an t-uisce faoi na cosa aige. Tá 'an rian' ar thaobh faille ann. Deirtear go dtáinig sagart

ó Léim Chon - gur léim sé trasna ar mhuinte capaill, agus go bhfuil rian chos an chapaill ann fós.

Bhí tiarna san áit fada ó shin, agus bhí sé ar intinn an loch do dhraenáil. Bhí mac ag an tiarna, agus tháinig a lámh tinn. Bhí sé ag obair sa loch. Do thug a leasmháthair d'ól fiach don dochtúir, agus do chuir sé nimh sa lámh. Fuair an mac bás. Níor bhac éinne leis an loch ó shin.

[RBÉ 49 : 209 -10. Bailitheoir : Seán Standúin (Meán Fómhair 1933). Faisnéiseoir: Seán Ó Céadagáin (78, feirmeoir), Baile Iarthach, Cléire.] Cf. CFC 82.

Tugadh Loch an Bhaile Iarthaigh air toisc loch eile do bheith ar an gComalán. Bhíodh eascúin fhíoruisce go raidhsiúil sa loch ach bhí sé riamh gan iasc ar bith eile ann. Deirtear go mbíodh péistíní beaga ann go dtugtaí camóga nó cúoga orthu a d'íosfadh an salachar d'éadaí a shéidtí isteach ann, más fíor. Tá go leor ionadacha maothadh lín timpeall imeall an locha ó bhí líon á fhás i gCléire.

[DSD.]

Tá loch breá uisce, leis ann go bhfuil dhá acra dhéag talaimh fé, agus tá abha ag rith síos go Béal na Gaibhge uaidh.

[SC 100.]

Níl breac ná bradán ann, ach tá eascúin fhíoruisce go raidhsiúil ann. Agus is clos dom go bhfuil péistíní beaga ann go dtugtar 'cúoga' orthu, agus is minic a chualag, aon sórt áras adhmaid, dá shailche mar a bheadh sé, tar éis cheithre huairte fíchead go mbeadh sé chomh glan chomh geal leis an lá a thóg an ceardaí a lámh de, mar phiocfadh agus shlíobfadh na 'cúoga' san gach a mbeadh istigh agus amuigh air ; ach dá ndearmhadaí ball éadaigh lá níocháin ann, ná feicfí a luach ná a láithreach arís, mar go n-íosfaidís ar fad é.

[SC 109.]

Ag scríobh do thart ar 1750 thagar Smith do na péisteanna beaga dubha a bhí le fáil ins an loch seo, Loch an Bhaile Iarthaigh:

Towards the west end of the island, is a fresh water lough, abounding with a black kind of worm, about two inches long, shaped like a leech, soft, and easily breaking to the touch.¹¹⁰

The water of this lake is of a most saponaceous abstersive quality; it very readily dissolves soap ; and the inhabitants affirm, that if a cask in which train oil had been kept, was to be laid, for a few days, in this lough, it would be taken out sweet and clean.¹¹¹

Agus sa bhliain 1758 scríobh Pococke:

There is a lake in this Island, with a particular kind of soft worm in it, which 'tis supposed cleanses all vessels put into it of whatever filth they have contracted'.¹¹²

'..the water is very soft, occasioned probably by the saltings of the soil from the sea spray'¹¹³. Sa bhliain 1832 dúrthas 'if an oily barrel, a dirty jar, a rusty

key, or anything else be put into it, it would become as clean as ever. The reason of this is because, it is full of small worms which eat the dirt¹¹⁴ agus ón uair go ndeintí lín a chur ar maoth sa loch leis agus dúrthas, 'It is of great use to the inhabitants for cleaning flax'.¹¹⁵

Fiú bhíodh éadaí á ní in uisce an locha isteach sna seascaidí.¹¹⁶

Ar imeall an locha tá fáil ar láib dubh a d'úsáidítí tráth mar ábhar tine. Tuairiscíodh sa bhliain 1832, "There is no turf on the island, but there is a kind of mud at the west lakes, which a few of the inhabitants work together with their hands and dry."¹¹⁷ Ag tagairt don láib céanna dúirt Lewis:

The chief supply of fuel is brought from the mainland, as the island itself affords none, except what is made of a black mud found near the western lake, and baked during the summer; the inhabitants suffer extreme privations in winter from the scarcity of fuel.¹¹⁸

agus tuairiscíodh an scéal céanna sa *Parliamentary Gazetteer of Ireland* don bhliain 1844.¹¹⁹

Rinn Ard na gCaorach

125

Ní tugtar feasta i gcaint na ndaoine ar Rinn Ard na gCaorach agus ar Rinn Ard an tSrutha ach "thiar ar an gceann" nó "west at the head" ag lucht an Bhéarla. Is uafásach an truailliú é ar an dteangain. Chítear gach aon truailliú eile pé acu san abhainn nó sa loch nó sa bhfarraige é ach níl aird ar bith á thabhairt do thruailliú ár ndúchas agus ár dteangan.

Bíodh ná fuil caoire ar bith againn anois ná ní raibh le leathchéad bliain agus tuilleadh, bheadh a fhios ag an ndall go rabhadar againn go fairsing lá dár saol mar go luaitear iad i logainmneacha dhá cheann ár n-oileáin mar atá Screathan na gCaereach agus Ard na gCaereach. Nach mó san rud agus eolas cailte i gcailliúint na teangan ?

[DSD. IT. 28/10/1981, ADSD 146.], Cf. An Rinn Ramhair A 68.

Seo é an sean-ainm ceart a bhí ar Chléire. Pointe ard é ar a mbíodh caoirigh ag iníor. DSD

Léim an Chapail

127

Tuairim leathmhíle soir ó Phointe Ard an tSrutha, is é sin an pointe is sia siar i gCléire, tá beart iascach slaite ann. Is é an ainm atá ar an mbeart seo Rinn Áit na gCaorach, latrach mhór de charraig go bhfuil pointe géar uirthi atá ag dul amach sa bhfarraige, agus cliathán socair aici. Tá rian chrú capaill beartaithe istigh sa chliathán socair sin. Do bhí sé ráite gurb amhlaidh a léim capall Dónaillín Taoiseach isteach ón ndúthaigh trasna ann. Agus Dónaillín Taoiseach féin ar a mhuin. Do bheadh timpeall le deich míle slí de léim air.

[RBÉ 609:260. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Oileán Cléire. (12/1/1939).]

Deirtear go raibh sagart tráth ar teitheadh ó shaighdiúirí Chromail agus gur léim an capall agus an sagart ar a dhrom ón dtír amach agus gur anseo a stad sé. Tá rian cruite an chapail le fescint i gcarraig ansin i gcónaí. Chuaigh sé den tarna léim ar bharr na faille agus is é an ainm atá ar an léim sin ná Léim Chapail Dhónaillín Taibhsigh.

[SC 100.]

Drom an Chupoird **129**

B'fhéidir go bhfuil dealramh cupoird ar an áit nó b'fhéidir gur tháinig ceann i dtrá uair éigin. DSD

Taobh an Bháid **134**

B'fhéidir go bhfuil an fhaill ann cosúil le taobh báid. DSD

Tá an charraig ansin géarrtha mar a bheadh taobh báid nó cliathán báid.

PC

Pointe Ard an tSrutha, Rinn Ard an tSrutha **141**

Tagairt don sruth ard atá sa bhfarraige anseo atá i gceist. DSD

Rinn Ard a' tSrutha an gob is sia siar den mbaile seo agus sin í an t-ainm ceart gaelach ar "Cape Clear". Mar a chionn an saol, is ó Cape Clear a fuairamar an "Ceann Chléire" agus ní visa-versa. "Poinnte Chléire" a bhí ag Tomás Rua Ó Súilleabháin¹²⁰ ach is dócha go raibh beagán den nua-aoiseacht ag gabháil do Thomás.

[DSD.], Cf. An Rinn Ramhair A 68.

Ceann Cléire **142**

Sé rud a tharla do Thadhg Maol go dtáinig sé ag iascach dheargánaibh ag Ceann Lao Iarrach agus do bhí foth-dheargán maith aige á mharú ann, ach ní raibh sé sásta, agus dúirt sé leis an gcriú dá mbeidís thíos ag Ceann Cléire, go líonfaidís an bád de dheargánaibh ann toisc go raibh Ceann Cléire riamh nó táltha chuinn deargáin.

D'aistrigh Tadhg Maol go dtí Ceann Cléire ach má aistrigh, níor baineadh an baoite dá dhúbhán agus "do leagadh an tsrathar fallamh abhaile leis"; sin é uair a chonaic sé an dearmad a bhí déanta aige. Ón lá san go dtí an lá inniu dá mbeadh iascairí ag iascach ar Mig nó banc iascaigh agus go ndéarfaidís lena chéile agus roinnt oiriúnach éisc aca á mharú dar leo, " go mbeadh an t-iasc níos raidhsiúla ar an mbanc seo d'áirithe nó mar atá sé anso " agus thar éis aistriú ar an mbanc san d'áirithe dhóibh ní bhfuairadar faic ar aon chur ann, ansan a déarfaidís, há, "chunách san orainn" mar do fuair amair ár seirbháil. Do imigh an gaoith chéanna

orainne is a imigh ar bhád Thadhg Maol ón gcaladh fadó, nuair a fhág sé deargáin oiriúnach le marú ina dhiaidh ar Ceann Lao chun teacht go Ceann Cléire i dtreo is go líonfadh an bád ann mar a shamhlaigh sé féin.

[RBÉ 1607: 180-181. Bailitheoir Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire.]

Páistí atá ag dul ar scoil agus ag foghlaim tír eolais na hÉireann chífídh siad a mhinicí agus atá "ceann" dá thabhairt ar ghoba an tailimh atá dá ngobadh féin amach sa bhfarriage. Feicidís Ceann Léime, Ceann na dTrí gCaisleán, Ceann Chléire¹²¹ - rud nó áit ná raibh riamh ann - agus na fichidí céanna eile dá leithéid. Ní chreidimse go raibh aon bhaint riamh ag an bhfocal "ceann" leis na h-áiteanna san ach gur bhéarlaigh scoláire éigin iad de thoisic nó de thionóisc nó le corp barr daille.

Ar Chléire féin, agus níor tugadh riamh air ach Cléire, is deimhin gur scoláire éigin nó mairnéalach Spáinneach nó Portaingéalach a thug "Cape Clear" air agus do glacadh leis, i bhfios nó i ngan fhios do mhuintir Chléire féin. Fós go dtí an lá inniu níl de ainm acu ar an ngob san tailimh ach Rinn Ard an tSrutha agus ar an ngob is gaire dó Rinn Ard na gCaorach. Is ó Ghob an Chuais Leithin go Rinn Ard an tSrutha a tomhaistear faid an oileáin agus sin sin.

[Cf. Rinn. DSD. IT. 18/2/1981.]

Licín an Bhranda

145

Raiceáladh bád ansan uair éigin agus fuarthas go leor branda air. PC

Smugailéireacht: Bhí smugailéireacht ar siúl ar chósta theas na hÉireann le cianta.¹²² Ag cur síos ar a chuairt ar Chléire sa bhliain 1758 tagraíonn Poccocke do ghnó na smugailéireachta agus do ghníomhíocht lucht gárda an chósta.

They were alarm'd', a dúirt sé, 'at seeing our boats thinking it was the King's, as they had laid in great store of Rum from the West India fleet which they had lately pass'd. They were glad to be undeceiv'd though when the officers not long ago made a seizure the women rescued it.'¹²³

Tuairiscíodh i 1810: 'They have frequent opportunities of a little traffic with homeward bound vessels'.¹²⁴ Bhí lámh leis ag an Ath. Labhrás Ó Mathúna sagart an oileáin thart ar 1818, sa ghnó mídhleathach seo más fíor don tseanchais.¹²⁵ Luaitear chomh maith go raibh An Poll Tobac i mbaile fearainn Cheathrúna ina bhall stórais do ábhar smugailéireachta.

[T]hagadh ártach ó Holland ar an gcósta ag díol thobac agus bhranda leis na hiascairí. Ní fhéadfadh sé teacht níos gaire ná trí mhíle don talamh mar bhí sé i gcoinnibh an dlí aige. Chaitheadh sé an fharraige a sheasamh pé cuma a shéidfeadh an ghaoth, mar bhíodh an coitéir ag faire i gcónaí, agus bhíodh sé tógtha láithreach dá dtagadh sé laistigh den líomatáiste.

[B]a shaor an earra a bhí aige: scilling an punt a n-éilíodh sé ar a chuid tobac -cístí breátha mílse, leathphunt an ceann, dob ea iad...

*Bhí an branda i searaí, cárt an ceann; agus dhá scilling an ceann ab ea a bhfiacha san.*¹²⁶

[SC 53.], Cf. Coastguard Station GM 4.

Cnocán na mBuachaillí

167

Roimh aimsir an "Land League" ins an tsaol go mbíodh na daoine á gcaitheamh amach as a gcuid talaimh agus an cíos díolta, dúrthas go raibh lánúin ins an oileán so agus gur cuireadh amach as a mblúirín talaimh iad. Níl sé ráite cá raibh cónaí orthu ins an oileán. Ach tar éis iad a chur amach do chrom na comharasain ar thigh a thógáil dóibh tar éis na h-oíche titim, ar pháosa de thalamh bhásta. "Cnocán na mBuachaillí" is ainm don áit gur tógadh an tigh air agus tá "Cnocán na mBuachaillí" suite ar an mbaile is siar ins an oileán. An Baile Iarthach a ghlaotar ar an mbaile seo.

De réir an chuntais, do bhí an tigh tógtha fé mhaidin agus an lánúin ina gcónaí ann. Níl sé ráite ach chomh beag cioca ar thóg an lánúin seilbh agus é choinneáil. Ach dealraíonn an sceál gur dheineadar an tseilbh a choiméad mar, mar a mbeadh san ní scaoilfeadh na comharsain fé'n a dhéanamh in aon chor.

Dealraíonn an sceál gur clocha a bhí mar mhianach ins na taobh fallaí, mar deir an cúntas gur leacacha móra fada tanaí cloch agus scalpacha a bhí mar dhíon ar an dtigh sin. Agus go rabhadar san curtha suas ar a foirm na slinne, na leacacha ar an dtaobh istigh agus na scalpacha a chlúdach na leacacha .

[RBÉ 1143; :256-257. "Cuntas Tí Chléire". Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire. (1938).]

Faill an Tí

192

Bhí tigh tógtha tráth ar barr na faille seo. DSD

Dún Tomáis

199

Éan Farraiige, Skooa nó Tomás an Bhacaigh atá i gceist san ainm Tomás. Bíonn an t-éan seo ag faire ar na faoiléain go dtí go mbíonn iasc acu agus ansin itheann sé é más féidir leis é a bhaint ós na faoiléain. DSD

Honolulu

205

Bhí sé go maith chun barraí a thabhairt. PC

Garraí na Gréine

206

*Tá gallán ceithre throigh déag fé chlaí thoir na páirce seo agus deirtear go raibh sé ina sheasamh tráth.*¹²⁷ PC

Garraí Phádraig Uí Dhálaigh

217

*"Cuir bull dubh agus bull dubh a fhásfaidh" - i.e. "Cad a dhéanfadh mac an chait". Chloisinn mo mháthair agus daoine eile ag rá gurb é sin an rud a deireadh Paddy Ó Dawley. (Pádraig Ó Dálaigh, mhair sé in Ardghort áit a raibh feirm aige. Bhí tigh tábhairne sa Chumar ina dhiaidh sin aige. Tá sé marbh le 40 éigin bliain).*¹²⁸

[RBÉ S 295:7. Bailitheoir: Donncha de Búrca O.S. Inis Cléire. (1938).]

Garraí Shéamais Spáinnigh

239

*Thugtaí an "Spáinneach Mór" ar Shéamas Ó Cochláin.*¹²⁹ *Báille ag an tiarna talaimh ba ea é. Bhí an dearg ghráin ag daoine air agus daoine eile morálach as a ngaol leis. DSD*

Má dhearnaigh sé go maith dá chlann iníon chuir sé tuilleadh le fán a' tsaoil ar ghrá san do dhéanamh. Dén ionadh é dá mbeadh an droch bhraon ionamsa.

[DSD. IT. 16/6/1982.]

Tigh Éabhair Mhóir

246

[B]hí sé ráite go raibh 'bráthair' ar a theitheadh i gCléire uair éigin i lár na h-ochtú haoise déag agus go raibh sé ag fanúint i dtigh Éabhair Mhóir Uí Dhrisceoil. Agus arís ní raibh a fhios ag na h-oileánaigh go léir gur bráthair nó manach a bhí ann ar aon chor mar gur shíl daoine áirithe go mba bhean é agus go dtugaidís sonc do Éabhar Mór an bhean ain-aithnid do bheith de shíor ina chuideachtain ag siúl na gcnoc.

[ADSD 14.]

Deirtear gur chuir an bráthair bosca faoi dhíon sa teach agus go ndúirt sé le muintir an tí gan baint leis an mbosca sin go dtiocfadh sé dá iarraidh arís - ní nár dhearnaigh. Sa bhliain 1850 tar éis don Athair Leadar, Sagart Paróiste na Rátha, Aifreann Stáisiún do léamh i dtigh Éabhair Mhóir Uí [Chéadagáin]¹³⁰ ar oscailt an bhosca dó, fuair sé éadaí Aifrinn ina gcaidhain agus cailís a bhain le Mainistir Thigh Molaige tráth.

Bhí scéal eile gur triúr a casadh leo i mbád beag san oíche, agus go raibh beirt díobh marbh agus an bosca so eatarthu. Tógadh an fear beo agus an bosca ar bord agus gur mar sin a tháinig Cailís Thigh Molaige go Cléire.

[Cf. ADSD 15.]

Hegarty's Garden

253

Fadó thagadh ana-chuid tincéirí isteach go dtí an oileán seo ag díol rudaí. Bhí aon fhear amháin ón Sciobairín agus do thagadh sé isteach go hana-mhinic. Sé an ainm a bhí air ná Seán Ó hÉigceartaigh. Do bhíodh sé ag díol buicéidí agus (oighealláin) oighin agus gach aon ní mar sin. An uair a bhí sé ag teacht isteach go Cléire do bhí ana-chuid airgead á dhéanamh ag muintir an oileáin agus uime sin do cheannóidís a lán rudaí uaidh. Bhí sé ana-áiseach leis, mar do dhéanadh sé gach aon saghas rud do cheartú, cur i gcás citil, buicéidí, corcáin agus a lán rudaí eile mar sin. Na rudaí a chaitheadh na daoine uatha do thógadh sé sin iad agus do dhéanadh sé iad do cheartú agus do dhíoladh sé iad arís ar leath-phraghas, agus do dhéanadh sé ana-chuid airgid mar sin.

[RBÉ S 295:113. "Lucht Siúil. Bailitheoir: Proinséas de Búrca, Trá Ciaráin, Inis Cléire. Faisnéiseoir: Pádraig de Búrca (52 bl.), Trá Ciaráin, Inis Cléire.]

An Bacús

271

Bhí arán dá ndéanamh ansin tráth. PC¹³¹

Tigh an Bhacúis

Tigh i gCléire go mbíodh bácaer ag bácáil aráin ann.

[DFLN 1944:4]

Siopa de Búrca

272

Ba sa chuid is sine den tigh a raibh cónaí ar Dhálaigh an Chumair. Bhí síbín ansin acu breis agus céad bliain ó shin. Ba dhuine díobh John Daly, captaen an 'Thomas Joseph' a chuaigh go tóin poill i 1918. Chum Din Mahony ón gCumar véarsaí dar teideal "Lamentation of the Thomas Joseph 1918".

*Returning home with merry hearts
and every face aglow,
They never dreamed their end was near,
But Neptune proved their foe.
The stars bright free now hid in space
The engine kicked awhile,
On that dreary night, they met their fate
In the rocks near the Sandy Isle.*

*You mariners and fishermen,
Come listen to my woe,
The boat the "Thomas Joseph"
Has gone down to sail no more.*

*They steamed her out to Baltimore,
To get on board new gear,
With her owner John Daly
From the Island of Cape Clear.*

*Young Michael Walsh and Collins,
Sprang into the briney waves,
With noble Nora Shipsey,
The bravest of the brave.
With a brave attempt to save her life
Collins nearly lost his own,
But gallant Walsh successful
Through the dreary crags unknown*

Trá na gCorp

287

Sara tógadh na céanna i dTrá Chiaráin thagadh uisce na farraige go himeall na reilige. Tharla stoirm a d'fhag cuid des na huaigeanna nocht agus a scuab chun siúil a raibh i gcuid eile acu. Tugadh Trá na gCorp ar an mball ó shin.¹³²

Gamhainín na Carraige

288

Dúirt an seanchas gur bean ba ea Carraig Aonach fadó, gur cuireadh draíocht uirthi agus gur dearnas carraig mhara dhi agus gur cuireadh amuigh ansan i lár na farraige í. Tá Carraig Aonach i lár na farraige, fós. Tá tigh solais uirthi anois le céad bliain agus breis. Dúirtheas go gcailltí go leor loingear ar an gcarraig sar ar cuireadh tigh solais uirthi. Tá sí suite trí mhíle ó Cléire siar. "Carraig Aonair" a thugann go leor daoine uirthi ach níor chuala éinne riamh ón Oileán so ag tabhairt "Carraig Aonair" uirthi, ach amháin Carraig Aonach.

Do réir mar a chualadh do bhí beirt deirféar ag a' Carraig Aonach sar ar darnas carraig dhi le draíocht. Mar a dúirt an sean -duine liom go raibh a athair féin ar a Sciobairín lá, agus gur casadh file air. D'fhiafraigh an file dá athair goidé an ainm a thugann sé ar an gcarraig sin atá lastiar de Chléire ach dubhairt a athair leis gur Carraig Aonach an ainm a bhí uirthi. Ní Carraig Aonach ainm de arsa'n file ach "Carraig Aon Díob" is ainm dhi. Agus cá bhfuil an dó agus a trí arsa athair a' tseandúine. Tá siad ó Cheann Buí siar, an Bhó is an Tarbh a tugtar orthu arsa 'n file.

[RBÉ 609:284. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Oileán Cléire. Faisnéiseoir: Diarmaid Ó Síocháin (69), Cill Leice Fóramháin, Oileán Cleire. 19/1/1938.]

Tá carraig bheag eile taobh le carraig Aonach, an "Gamhainín" nó "Gamhainín na Carraige" mar a thugaimíd air. Tá siúnta caol doimhin idir a'

Charraig agus a' Gamhainín. Deireadh na seandaoine nuair a thagadh maidin Lae Bhealtaine go bhfeictí Carraig Aonach roimh eirí gréine ag imeacht fé lán tseoil a bhfuirm loinge, le h-árthaí móra fada agus slata trasna ortha agus canafás breá geal agus dúrthas go dtagadh tairbhín ó Oileán Galaing a' glaoch ar Ghaimhnín na Carraige gach maidin Lae Bhealtaine agus go ngluaisídís araon soir roimh eirí gréine. Tá uisce doimhin timpeall ar Charraig Aonach timpeall dhá fead dhéag 'sea doimhneas an uisce. Do bhí nead fiolair i gCarraig Aonach fadó sar a cuireadh tigh solais uirthi.

[RBÉ 609:284. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Oileán Cléire. Faisnéiseoir: Diarmaid Ó Síocháin (69), Cill Leice Fóramháin, Oileán Cleire. 19/1/1938.]

Carraig Aonair

290

Bhí bean ann fadó agus bhí sí damanta. Do bhíodh sí ag cur scanradh ar gach éinne a thagadh 'na treo. Bhíodh an sagart ag faire uirthi i gcónaí chun fiafraí di dé'n cúis ina mbíodh sí ag cur scannradh ar gach éinne. Pé scéal aon oíche amháin do bhuaíl sé léi. D'iarr sé di dé'n cúis ina raibh sí mar sin agus d'inis sí dó go mbíodh sí ag marú daoine air. Dúirt an sagart léi go gcuirfeadh sé go Carraig Aonair í. Dúirt sí leis dá gcuirfeadh ná ligfeadh sí aon ártach thairiste gan í bhá. Dúirt sé léi go gcuirfeadh sé féin i mball í ná féadfadh sí aon díobháil a dhéanamh.

Deirtear gur chuir an sagart go dtí an Mhuir Dearg í nó áit éigin, ina dhiaidh sin.

[CBÉ S 295:86. Proinséas De Búrca, Trá Chiaráin a bhailigh ó Dhomhnall Ó Céadagáin (60), Coinlín, Cléire. 1938.]

Nuair a bhíos-sa im páiste chloisinn seandaoine á rá go raibh an charraig sin fé dhraíocht; agus go dtéadh sí uair sa mbliain, ar maidin Lae Bhealtaine, i bhfoirm loinge seoil, trí crainn uirthi clúdaithe le canfás, soir ag triall ar na Stacaí. Thugadh sí cogar don Staca agus théadh sí thar n-ais ina beart, agus bhíodh an turas san déanta roimh eirí gréine. Agus is é an ainm a bhí an uair sin uirthi ná 'Eala an Chairn Chiardhuibh, go raibh easpa solais uirthi san oíche'. Ach ó thógas aithne uirthi tá sí ansan gan cor aisti agus beidh go deo.

[SC 97.]

Tá an t-amhrán 'Marbhna Fear Lao' nó 'Carraig Aonair' coitianta go maith i gCléire fós. Fonn traidisiúnta é, bunaithe ar chaoineadh a chum fear darbh ainm Conchubhar Ó Laoghaire dá thriúr mac agus do chéile a iníne a bádh cúpla lá roimis an Nollaig agus iad amuigh ag iascach in aice le Carraig Aonair. Ba ón Lao Oirthearach dóibh, an t-oileán is sia soir ar na trí Laonna. I bhfad siar, i ndeireadh na seachtú haoise déag a cumadh an caoineadh seo ina bhfuil na línte:.

*Ar mo ghlúinibh nuair a théim, isteach chun tí Dé
Is 'fhéachaim ar an gcúinne a mbíodh mo thriúr ann a' léamh
Tagann greim i mo thaobh ná leigheasfar lem ré,
'S a Dhia mhóir, nach trua mé 's gan fuascla ar mo phéin!*

*Nuair a théim ar an gcláí 's a fhéachaim uaim síos
Nuair a chím Carraig Aonair sea phléascann mo chroí
Thar n'ais dhom arís go mullach mo thí
'Gus is í Carraig Aonair is céile dom chloinn.¹³³*

The Fastnet

*The wild and lonely Fastnet so stately and so brave,
So true an ocean sentinel to those upon the wave,
It cheers the storm tossed mariner when weary from the fight,
How joyously he hears the shout, ahoy, the Fastnet light,
The Fastnet, the Fastnet, among the breakers white,
The Fastnet, the Fastnet, the good old Fastnet light.¹³⁴*

CEATHRÚNA (Ca)

Ní fheadarsa cathain a dhírigh ár muintir ar bhuaibh do choinneáil ach dúirt duine éigin a thug cuairt ar an oileán sa séú haois déag go raibh ba beaga dubha ar an oileán ná meáfadh ar fad cúig chéad. Fós ba dheacair dóibh ba do bheith acu mar nár mhór iad do bheith ar staic de shíor mar ná raibh feirmeacha acu mar atá anois, agus ó 1833 i leith. Ba í 1833 'bliain na gceathrúna' nó an bhliain inar dearnathas gabháltas chearta den chuid is mó den oileán. Bhí roinnt bheag gabháltas déanta tamall roimhis sin ach bhíodar níos lú ná na cinn a deineadh i 1833.

Anois tharlódh nach ón roinnt a dearnadh ar an dtalamh a tháinig na ceathrúna san ainm ach gur dócha gur mó ceathrú a imigh as bheith mar ghabáltas aonair sa bhliain sin.

[DSD, IT. 9/4/1980; Roinnt na Talún, ADSD 48-9.]

Roimhe sin [.i. Bliain na gCeathrúna] ní raibh ag daoine ach garraí nó páirc nó "ceathrú" acra b'fhéidir anso agus páirc ansúd agus b'fhéidir gan aon dá pháirc acu a bheith gar dá chéile. Mhair ainmneacha na ngarraithe a bhí ann sar a

deineadh an t-oileán a roinnt i ngabháltaisí agus uathu san is féidir léiriú a fháil ar an leagan amach a bhí ar thalamh an oileáin roimh 1833.

[DSD.]

Ceathrúna: Níl aon fhios cad is brí, nó conas a fuair an baile seo a ainm.

[RBÉ 609: 214-8. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire, 2/11/1938. Faisnéiseoir: Diarmuid Ó Síocháin (69), Cill Leice Fórabháin a fuair an teolas seo ó Dhónall Ó Drisceoil (70). Cf. CFC 80.]

An Rinn Ramhair

1

Bhí fear i gComolán aon uair amháin darbh ainm Donncha Ó Céadagáin agus bhíodh sé ag iascaireacht le slait gach aon lá ar an Rinn Reamhair ar an dtaobh theas de Chléire. Aon lá amháin bhí sé ag iascaireacht ann agus bhí sé anagharbh agus tháinig calaithe mór isteach agus do thug sé chun siúil é. An lá sin d'fhág sé an baile go grod agus bhí an lá ag caitheamh agus ní raibh sé ag teacht abhaile chun a dhinnéir. Do chuardar á chuardach um thráthnóna agus do chuardaíodar i ngach aon áit, ach ní fhéadfaidís é fháilt. Fuairadar an slat a bhí aige ag iascaireacht ar an gcarraig ina mbíodh sé ag iascaireacht i gcónaí. Do chuireadar a thuairisc ins gach aon áit chun fháilt amach an bhfacaidh éinne é.....

Is amhlaidh gur bád é.

[RBÉ S 295: 87. Bailitheoir: Proinséas de Búrca, Tra Ciaráin, Inis Cléire. Faisnéiseoir: Séamas Ó Drisceoil (21), Comalán Theas, Inis Cléire, 1938.], Cf. An Rinn Ramhair Bheag A 68.

Páirc an Tobair

15

*Má bhí tobar id chuid tailimh ní raibh sé de cheart agat duine ar bith do chosc ar dhul agus uisce do fháil as agus bhí ort cosán do fhágaint, fiú tríd do pháirc prátaí má ba ghá, don té a bheadh ag fáil uisce as an dtobar san. Ní raibh sé de chead ag éinne do cheart do bhaint díot chun dul sa tsruth le do chuid éadaigh do ní, bíodh gur minic do throid na mná mar gheall ar lic a níocháin. DSD**

Tobar an tSagairt

26

Tá an tobar ainmnithe ón sagart úd, an tAth Labhrás Ó Mathúna a chumadh stranncáin i dtosach na naoú haoise déag.¹³⁵ DSD

Na Graifíní

39

Bhaintí an seithe den talamh ann [i.e. sna Graifíní] le grafán. Ghlaotaí talamh ghraifaidh air.

[BCC.]

Poll Tobac

48

Tá poll i bpáirc Mháire Chiaráin ina gcuireadh smugléirí¹³⁶ tobac agus earraí eile i dtaisce. Tá na fallaí sa 'Pholl Tobac' tógtha ar nós tigh nach mbeadh plastaráil déanta air. FD

Caití raic luachmhar do chur i bhfolach ar lucht custaim agus mál agus mura bhfógrófaí a leithéid dóibh bheadh an dlí agus na póilíní sa tóir air. An té ná faigheadh a cheart de thoisc nó de neamh-aird, ní féadfaí iontaoibh do thabhairt leis. Dá bhrí sin do cuirte sa talamh é agus faoin ngainimh é go mbíodh an tóir thart.

[ADSD 41.]

Faill an Tairbh

57

B'fhéidir gur thit tarbh le faille anseo tráth. DSD

An Bollán Mór

58

Carraig mor 'ciorcalach' atá ann. B'fhéidir go bhféadfaí a rá go bhfuil déanamh bulláin air. DSD

Faill Chua

59

B'fhéidir go mbíodh an chuach le clos anseo. Is ón áit seo a théadh na báid go léir ó Chléire chun margaidh roimh 1906. Tá iarsmaí sean-ché faoi uisce ann. DSD

Bhí seanchuan ansan sar a déarnas Cuan Trá Chiaráin. Ní cuan ceart é ach bhí cé ann agus sleabhán ar a dtarraingtí báid. Faill Chua an ainm atá ar an áit. Tá rian sean -ché thíos ann. Cé bharraigh é agus níl fhios ag éinne cathain a bhí an cé sin in úsáid ach arís daoine a chónaíonn ar oileánaibh caitheann siad cur suas agus a bheith sásta le faobhar agus le ciapadh na farraige, agus is dócha go dtáinig stoirm uair éigin agus a scrios an cé chun siúil agus a d'fhág an áit mar atá sé, fiú fós inniu tá an fhaill ag titim ann. Is minic a thugas ualach suas ann ar asal. Ní fhéadfainn teacht níos mó ann mar tá an bóthar agus cuid den talamh timpeall ann titithe leis an bhfaill.

Bhí an-cháil ar an áit sin tráth mar is ón áit sin a théadh báid ó Chléire ar an Scoil Mhuire agus ar Bhéal an Dá Chab agus ar an Sciobairín lena gcuid ime, lena gcuid ubh cearc agus aon ní a bheadh ar díol acu. Iasc nó pé ní a bheadh ar díol acu, is ó Fhaill Chua a fhágadís. Bhí sé níos caothúla mar áit ná Trá Chiaráin. Do thiocfadh bád ann lá garbh ná tiocfadh go deo go Trá Chiaráin.

[DSD.]

Do bhí bacach ag dul amach ó Fhaill Chua aon lá amháin fad ó shin, i mbád a bhí ag dul don Sciobairín le iasc leasaithe ar an margadh. Nuair a lainseáladh an

bád síos an tráigh amach san uisce, do léim an bacach isteach inti go teannchúiseach ar an gcéad duine agus d'fhan mar a raibh aige, ina shuí ar cheann an tochta dheiridh.

Do bhí an bád á ládáil i gcónaí, agus d'éirigh stoirm obann. Dúirt fear thall agus abhus go mb'fhearr cuid den ualach a chur ar dtír, mar go mbeadh sí ródhoimhin chun reatha, mar do bhí an fharraige an-útamála an uair seo le neart gaoithe. Ach pé scéal é, dúradar leis an mbacach a bheith amuigh as an mbád go diair. Dúirt sé leo go neamhspleách ná geobhadh.

Dúirt an Captaen le beirt de na fearaibh breith air an bhfear sin is é a shéideadh amach ar an dtráigh. Dúirt sé leo go mb'fhearra dhóibh é a chaitheamh amach ar an dtráigh ná é a chaitheamh amach i Lár na Cúlach, nó i Sruth Ghaisceanáin. Do rug beirt des na fearaibh ar a mbacach agus do spruichadar faid urchair é amach ar a dtráigh agus ní sásta mar a bhí sé an uair sin féin. Ansan do tháinig sé ar a ghlúinibh ag eascaíní orthu. Seo mar a dúirt sé:

*Fiastoirm ón dTiarna oraibh
A bhrifseadh bhúr gcrann
Gan d'iasc in bhúr líonta,
Ó Nollaig go Samhain,
Ach spéirlingí liatha,
Agus codlatáin deamhain.*

Do sádh amach an bád agus do dearnas seol ach má sea, do fágadh an bacach ar Thráigh Faille Cua a bharr a chuid eascaíní.

[RBÉ 558:531-2. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire. Faisnéiseoir: Conchúr Ó Drisceoil (51), Ceathrúna, Oiléan Cléire, (6/10/1938). Cf. Bacach Faille Cua, CFC 55-56. Do leaganacha eile den sceál seo cf. RBÉ S 295:47 agus Béal., XI (1941);27.], Cf. Oileán na mBroc C 262.

Tráigh Faille Cua

61

Dá mbeadh an aimsir breá do dhéanfaí an phasáiste ón Sciobairín go Cléire gan puinn dá dhua a fháil. Ní bheadh aon ní le déanamh ach ceann an bháid a chur ar Thráigh Faille Cua, agus cúrsa díreach a dhéanamh de. Ach dá mbeadh an aimsir righin, is mó "bonn" agus "bas" lámha allasmhar atá i rámha ó Sciobairín go dtí Cléire, fliuch annródh uaireannta. Is minic a bhíodh sé ins a rás ar uairibh acu go mbídís i ngiorracht míle de Thráigh Faille Cua agus go gcaithfidís dul i bhfillleadh le neart donnacht na haimsire, agus b'fhéidir gan an t-oileán a shroisint ar feadh trí seachtaine ina dhiaidh sin le gaoth, is le báistigh, agus stoirme.

Do shroiseadh na báid Tráigh Faille Cua gach am ins an oíche chomh maith leis an lá, d'réir mar a bhíodh an taoide oiriúnach, nó mar a deiridís, "caithfimid an taoide a fritháil ar an dtráigh". Tuairim leath taoide is fearr Tráigh Faille Cua, chuinn báid a theacht uirthi. Is cuma leath tuille nó leath átha, is fearr leath átha fé

chomhair bháid go mbeadh ualach innti toisc go mbíonn an taoide ag titim uaithi thairis í theacht ar an dtráigh....

[RBÉ 971:309-310. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire.]

Ins na blianta fadó nuair a thagadh na báid ar dtír, dob í an chéad ghnó gach bád a tharrach suas ón dtaoide, agus í chur i mbeart sábháltha ón anaithe, ach sar a dtagfaidís ar dtír do bhíodh mar a deirtear am cearta na taoide chun an bháid a tharrach ar an dtráigh sin d'áirithe tomhaiste aca. Mar shampla, ní hé an t-am céanna ins a taoide céanna, a fhéadfaí bád a thorrac suas ar Thráigh Faille Cua is a fhéadfaí bád tharrach ar Thráigh Chiaráin. Bhíodh fhios ag na sean -bhádaéirí ar sin, agus dá bhrí sin is minic, na flainíní ceangailthe dá ndrom le allas, ó bheith ag rámháiocht i cé-chaoilig leis an dtaoide ar an dtráigh sin d'áirithe.

[RBÉ 1646:130-131. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire.]

Banc Faille Cua

62

Bhí teileagraf ag teacht go Cléire tuairim seacht mbliana agus trí fichid ó shin.¹³⁷ Ó Dhún na Séad a bhí sé ag teacht agus trí Inis Arcáin. Bhí cábla fén uisce trasna an bhealaigh ó thaobh thiar Inis Orcáin, is é sin, ó Thráigh Chrú, go Faill Chua, tráigh atá i gceann toir Chléire. Bhí an chéad pholla ina sheasamh ar bhanc Faille Cua, agus mar a leanas ceann ar cheann, mar ba ghnáth lena leithéidí a bheith, go ndeaghadar go ceann eile an oileáin, is é sin, go Tráigh Inbhir Mhóir, mar a raibh an tigh déanta don ghnó.¹³⁸

[SC 4. Cf. An Sean Tigh Teileagrafa GI 1.]

Róidín Faille Cua

64

Bhí cúpla bóthar ann aon uair amháin ach tá siad titithe anois. Níl ach an t-aon bhóthar amháin ag dul síos ann anois. D'usáidítí iad, is dócha chun lóigh a tharrach aníos agus raic agus rudaí mar sin. Thugaidís an lóch aníos ar a ndrom i gliabháin a bhíodh déanta de tuigí.¹³⁹ MCD

Is síos tríd an baile seo [i.e. Ardghort] a ghabhann an bóthar go Faill Chuaich anois. Is bóthar nua-dhéanta é mar ná raibh ann ach guinneal srúthán go dtí timpeall 1940.

[DSD.]

Bóithrín: *Bhí cosáin nó bóithre coise mar a tugtaí orthu uaireannta ag gabháil soir, siar, síos, suas, trasna an tailimh agus ceart ag an saol chuchu. Ní fhéadfaí thú chosc ar do bhád do tharrac suas ar aon tráigh agus í chur ar sábháil ar an mbán má ba ghá ná ní fhéadfaí duine do chosc ar dhul ar an dtráigh fé dhéin báid ná a leithéid. Na mná a bhíonn ag lorg cearta ban ba chóir córas éigin mar é do bheith ann.*

[DSD. IT. 27/3/1983.]

Garraí an Aitinn

65

Tá trí garraithe aitinn anseo.¹⁴⁰ Barra do bha agus do chaoire ab ea an tAiteann Gallda.

[BCC.]

Pointe Thaidhg an Táilliúra

69

Bhí an forshloinne 'táilliúir' ag gabháil le daoine anseo agus cuid acu a chuaigh go dtí na Stáit Aontaithe gan aon Bhéarla dá laghad, thug nó ghlaigh duine 'Taylor' ar dhuine díobh. Chualag go raibh mac nó mac mic le duine díobh seo ina shagart Íosánach in áit éigin i ndeisceart na Stát agus an sloinne 'Taylor' air. Creidim leis gur ghlac cuid de mhuintir na Páirce 'Parker' chuchu mar shloinne i Meiriceá mar is minic ná bíodh fios a sloinne cheart ag daoine mar nár chualadar riamh sa bhaile ach a bhforshloinne. Cén ionadh mar sin gur dócha go bhfuil go leor dár gcine ag gabháil tríd an saol agus sloinnte ná raibh dúchasach dóibh orthu?

[DSD. IT 12/3/80. Forshloinnte, ADSD 142-43.]

An Latrach

71

Tá an talamh ann bog-garbh. Bíonn paistí boga ann sa gheimhreadh agus bíonn uisce ina stad ann idir na carraigreacha. Bhíodh seisc ag fás ann a d'úsaidtí i ndéanamh shúgáin. CD

Bíonn stoc ann ina seasamh. Tá sé cóngarach don tigh. "Tá sé ina lataraigh" - áit gan aon chlaí teorainn, beithígh isteach is amach ann.

[BCC], Cf. An Latrach LM 210.

Na Cúilíní

79

Dhá gharraí chluthair iad, An Cúilín Mór nó an Garraí Mór agus an Cúilín Beag nó an Garraí Beag. Páirceanna beaga iad na Cúilíní.

[BCC.]

Páirc na Cabhlaí

81

Cabhlach Nóra Fhinín a ghlaoití ar an sean-tigh gan aon díon air a bhí suite sa pháirc seo.

[BCC.]

Lár na Cúlach

87

[Cf. Faill Chua Ca 59.]

CILL LEICE FÓRABHÁIN (CLF)

Cill Lic-a-Fórbháin. Cad as a ainm? nó an féidir gur Cill Mhic Éirmhóin a bheadh ann? Bhí an t-ainm sin "Éirmhóin" fairsing i gCléire tráth i measc na nDrisceolach. Is de shliocht Mac Choin Mhic Éireamhóin dhá theaghlach ar an mbaile seo fós - ach ní théann sé sin i bhfad siar. Trí theaghlach ar fad atá ar an mbaile seo anois. Tá páirc ann ar a dtugtar an Chill - as a hainmníodh an baile.
DSD

Tá páirc ag bun an chnoic sin gur b'ainm dhi 'An Chill'. Is dócha gur ón bpáirc sin a fuair an baile an ainm Cill-Leic- a fóramháin.

[RBÉ 609:216 Bailitheoir Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire, (12/11/1938). Faisnéiseoir: Diarmaid Ó Síocháin (69), Cill Leice Fóramháin, Oileán Cléire.]

Páirc Thiar **1**

Thugtaí Garraí Mháire Phíolóit air chomh maith. FD

Garraí na Cruaiche **4**

Thugtaí Garraí Chonchúir nó Garraí Beag Ceann an Tí ar an mball chomh maith. FD

An Garraí Nua **6**

Is cuid den sean-Chill é seo.¹⁴¹ Thánthas ar cheithre uaigh folamh deich faoi thrí troigh san áit seo sa bhliain 1962. Bhí fallaí mairtéal ar na huaigheanna agus leaca orthu. Deirtear gur págánaigh a fuair bás le fiabhras a bhí curtha iontu. Ní raibh iontu nuair a osclaíodh iad ach sórt púdair buí. Bhí na huaigheanna ó dheas agus ó thuaidh. Bhí cairn 'clocha trá' ann agus cré mín gan clocha fé sin. Bhí pisreoga ag muintir na háite nár cheart bacadh leis na huaigheanna seo. Réitíodh garraí nua ar an láthair agus fágadh na huaigheanna mar a bhíodar. FD

Garraí Ceann an Tí **7**

Tá tobar fíoruisce ann. FD

Cnoc Coraintín **11**

Is ar an mbaile seo atá an cnoc is aoirde i gCléire. Is é an ainm atá ar an gcnoc so ná "Cnoc-Carn-Tinn". Tá leachtán mór cloch ar bharr an chnoic seo. Deir siad go mbíodh tine á lasadh ar bharr a chnoic, ag déanamh chomharthaí le áiteanna eile ar fuaid na tíre.

[RBÉ 609:216 Bailitheoir Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire, (12/11/1938). Faisnéiseoir: Diarmaid Ó Síocháin (69), Cill Leice Fóramháin, Oileán Cléire.]

Sé an cnoc is aoirde ar an Oiléan é agus tá Carn ar mhullach an chnoic. Deirtear gur troideadh Cath Mór ar an gcnoc seo agus gur thit taoiseach cháiliúil, sé sin Tonn agus gur ann a cuireadh é. Is ann a cuireadh Suibhne Gealt, más fíor don seanchas. DSD

Buaileadh cath mór ar an gcnoc san fadó agus thit taoiseach sa chath. Cuireadh i mullach an chnoic é agus an carn cloch san anuas air. Tonn ab ainm dó, agus is as san a tugadh Cnoc Charn Toinn ar an gcnoc so.

[SC 100.], Cf. Coinlín (Cn).

Fadó bhí fear i gCléire agus chuaigh sé ina chodladh oíche amháin agus do thosnaigh sé ag taidhreamh. Do thaidhreamh sé go raibh próca óir thuas in áit éigin i gCnoc Cairntín. Shíl sé go mbeadh sé saibhear go deo leis dá bhféadfadh sé é fháilt. An mhaidin ina dhiaidh sin nuair d'éirigh sé, d'ith sé a bhricfeast agus níor leog sé aon ní air. Dúirt sé leis féin go raghadh sé suas ar an gcnoc ag lorg an óir agus ná measfadh sé dóibh in aon chor sa bhaile cá raibh sé ag dul go dtí go dtiocfadh sé thar nais leis an próca óir. Ansan fuair sé rámhan agus sluasad agus d'imigh sé leis go dtí an áit.

Nuair a bhí sé chomh fada leis an áit do thosnaigh sé ag déanamh poill agus níor stad sé go dtí gur dhein sé poll a bhí sé troighthe, nó níos mó i ndoimhneas agus mo chreach is mo chás ní bhfuair sé an t-ór. Nuair a bhí sé tuirseach ó bheith á lorg do chuaigh sé abhaile agus do bhí sé chomh olc is a bhí sé riamh.

[RBÉ S 295:62. Bailitheoir: Prionséas de Búrca, Trá Chiaráin, Cléire. Faisnéiseoir : Seán Ó Riagáin (60), Cnocán an Chaoithigh, Inis Cléire.]

Eirí na Gréine - 'Rising Sun'

20

Ba ghnáth leis na fearaibh i gceann toir an oileáin bailiú ag an gcrosaire gach aon oíche sara dtéidís i dteannta a chéile go tigh tábhairne cáiliúil Chiaráin Uí Shíocháin The Rising Sun. B'í an Gaeilge gnáth-theanga comhrá na bhfear san agus gnáth-theanga an tí tábhairne. Ar bhás Chiaráin sa bhliain 1969 dúnadh an tábhairne agus cuireadh deireadh leis an ócáid shóisialta phoiblí dheireannach ag Gaelgóirí an chinn toir.

[Oidhreacht na nOileán, Breandán Ó Buachalla. Léachtaí Cholm Cille XXII, 1962, 16.]

Carraig an Éisc

26

Deintí éisc a chur dá thirimíú faoi ngréin ar an gcarraig seo. DSD

Nach cumhra go deo an boladh a bhíodh ón ndeargán leasaithe agus é á chnuasach ón gcláí, buí ón ngréin. Meascán de bholadh na sáile, na gaoithe, agus na gréine agus an éisc féin.

[Cf. Deargán Fomhair ADSD 117-18.], Carraig an Chomaláin C 92.

An Bán

27

Bán: [C]haitheadh fear na rámhainne tosnú ar an mbán a rómhar díreach le shála na Nollag. Ba mhór an obair d'éinne amháin leathacra nó trí ceathrúna báin a iompáil lena rámhainn; agus bhíodh iarmhar a dhóthain uaireannta air. Chomhairídís, an té ná beadh deireadh na bprátaí curtha aige an chéad choicíos den mhárta, go mbeadh sé iarmharach as san amach.

[Cf. SC 17.]

An Cuar

34

Dá mbeadh an lá breá don am den mbliain, ní dóichí ball a chífí gasra ná ar bharr cnoic nó cúir. Bhí na hionadacha úd forleathan againn. Tá siad fós againn ach ní feicfí duine beo ar aon láthair díobh anois ag suí, ag seasamh, ná ag rástáil. Ba

'cúr' nó 'carraig' gnáthainm a leithéid d'áit. Tá cúir i gCill Lice Fórabháin againn agus cúir sa Ghleann nó ar an nGleann againn os cionn chuain Inbhir agus ba ar na hardaibh úd do bhailíodh daoine.

[ADSD 58.]

An Chill

35

Áit ab ea é ina gcuirtí leanaí nach mbíodh baistithe.¹⁴² DSD

Crosaire Aindí, An Crois

36

Príomh cros-bhóthar an oileáin é Crosaire Aindí. Tagann a ainm ón déanamh atá air agus ní ó aon duine a chónaigh timpeall na háite é. DSD

Cros na gCeithre Rian a tugtar air i *Seanchas Chléire*. Téann an bóthar soir go Cuas an Dúglais, an bóthar siar go Cuan Thráigh Chiaráin, an bóthar ó dheas go Cuan Inbhir agus an bóthar ó thuaidh go Tráigh Faille Cua. Is in aimsir an Ghorta a deineadh na bóithre seo.¹⁴³

Do fuair ana-chuid daoine bás aimsir an Ghortaigh agus sa deireadh do chuir an Rialtas na daoine ag obair ar na bóithre. Do cuireadh ag obair ar na bóithre i gCléire leis iad. Sé an phá a bhíodh acu ná ceithre pingine sa ló. Do thugadh daoine a bhíodh sa bhaile blaise éigin bídh chun na daoine a bhíodh ag obair, nuair a bhíodh sé acu.

Aon lá amháin nuair a bhíodar ag obair ar bhóthair éigin i gCléire do tugadh dinnéar beag éigin chun gach fear a bhí ag obair ach aon fhear amháin. Nuair a bhí an chuid eile des na fearaibh ag ithe a ndinnéar do chuir an fear seo a ucht ar an gclai agus a dhá láimh suas len a cheann. Do shíl an chuid eile des na fearaibh gurb amhlaidh a bhí sé ina chodladh ach nuair a thánadar chuige do bhí sé marbh. Sin

mar a fuair ana-chuid daoine bochta bás aimsir an Ghortaigh. Do dheineadh na fir a ndícheall chun bídh a sholáthair dos na daoine a bhí sa bhaile agus go minic do bhídís ró-lag chun aon obair a dhéanamh agus do gheibhidís bás ins na páirceanna agus ar thaobh na mbóithre agus ins gach áit.¹⁴⁴ Do chuaigh ana-chuid daoine fé dhín Tigh na mBocht ach ní raibh aon tslí ann dóibh.

[RBÉ S 295:140-1. Na Bóithre. Bailitheoir: Cáit Ní Drisceoil, Comalán, Inis Cléire. Faisnéiseoir: Conchúr Ó Drisceoil, Ceathrúna, Inis Cléire.]

Ba sean-nós é suí ar an gcrois agus labhairt leis na comharsain. Ní ag an gcrosaire é ach ar an gcrois. Slí shean - nósach é a rá ná tiocfaidh le tuigsint na n-óg.

[ADSD 11.]

Níl ach aon chros amháin ar an mbóthar atá i gCléire. Sé an ainm atá ar a gcrois sin ná "Cros Aindí". Níl aon bhéaloideas ag baint leis an gcrois sin ach amháin go raibh sprid á fheiscint ann agus gur mhairbh an sprid sin fear agus tar éis an fhir sin a mharú do chuaigh deartháir an fhir mhairbh fé dhéin na spride ar a gcrois, agus do thug sé tál agus adharc.

Do labhair sé leis an sprid agus d'fíafraigh sé dhi cad ina thaobh gur mhairbh sí a dheartháir. Dúirt an sprid leis nach í féin a mhairbh in aon chor é ach gurb é an teagla a mhairbh é. Ach do chuir an sprid ceist éigin air gur fhág sé an t-oileán ar feadh sé mhí gan teacht thar n-ais agus i gceann sé mhí do tháinig sé thar n-ais. Ón lá sin go dtí lá a bháis níor inis sé do aon duine d'aon chuaird ná go dé an cheist a chuir an sprid air, ach ón lá a fhág sé an t-oileán go dtí an lá inniu ní fheacais an sprid ar "Chruis Aindí".

[RBÉ 609: 219-20. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire.]

Garraí an Tóibín

38

Níl aon chomharthaí éisc a bheith ar aon áit áirithe, an "Tóibíneach" d'fheiscint ná a chloisint. Ach tá sórd muinnín go n-éireodh iasc t'reís iad a chloisint nó d'fheiscint. Ach mar sin féinig ní féidir a rá ná gur comhartha an Tóibíneach a chlos ins an oíche agus d'fheiscint ins an lá.

[RBÉ 971:354. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire.]

Cuaidí

45

Bhí ár spirid féin againne anso, ach níor chualadh riamh dén díobháil a bhí déanta aici ar an saol so bíodh gur mhairbh sí mórán faid a bhí sí ina spirid. Bí siúd í Spirid a' Chuaidí.

Chuaigh fear de chuid an oileáin ina diaidh le tál agus adharc chun deireadh do chur léi toisc gur mhairbh sí a deartháir. Thug sé bliain agus lá as baile agus níor inis sé d'éinne riamh cá raibh sé ach do chuir sé an ruaigh ar an spirid. Sé a

thug sé de eolas riamh ar a mhí-aiste go ndúirt an spirid leis nach í féin a mhairbh a dheartháir ach gur mhairbh an t-eagla é.

Bhíodh dream an uabhair leis ag gabháil timpeall san oíche agus níorbh fhóna an teagmháil aon bhaint do bheith agat leo. Sé is dóichí go raibh gaol éigin idir iad féin agus an slua sí nó fós b'fhéidir gur aon dream amháin iad a bhíodh faoi mhalairt ainme ó am go h-am. Uaireanta níorbh aon ní nua é duine saolta - bean airís - gluaiseacht leo súd san oíche agus an tír do thaisteal idir nascadh lae agus oíche agus céad ghlaoi an choiligh.

Bhí bean dá leithéid againn féin - Máire Rua - ach ba Máire Ní Shéaghdha a h-ainm cheart. Ní fheacaigh éinne riamh ag imeacht í ná ag teacht, ach mar sin féin ní raibh áit in Éirinn ná raibh sí i dteannta dhream an uabhair nó an tslua sí.¹⁴⁵

[DSD. IT. 16/9/1981.], Cf. Gort Mhaoláin Cn 17.

Tobar na dTrí Teorainn

51

Tagann trí theorann le chéile in uachtar an bhaile seo [i.e. Ardghort]. Chreidítí tráth go raibh buanna in aghaidh an fhuadaigh in uisce na dtrí teorann dá mbeadh ann.

[DSD.]

Dá gciorrófaí bó nó gamhain ar dhuine bheadh air dul agus uisce na dtrí teorainn a sholáthar agus é shéideadh ar an mbeithíoch chun na geasa a scaoileadh. Dá dtigeadh pian ar bheithíoch caithfí snaidhm na péiste a dhéanamh os a chionn agus bheadh an phian imithe - más fíor.

[ADSD 85.]

Ní chualag aon ní riamh mar gheall ar uisce na teorann ach is minic a chualag mar gheall ar uisce na dtrí teorann. Agus ní dóigh liom go mbíonn aon tairbhe in uisce na dtrí teorann ach amháin Lá Bealtaine. Do théadh na daoine ag iarraidh uisce na dtrí teorann le crúscaí is le caláin. Do chaithidís an t-uisce a bheith ins sa bhaile acu roimh eirí gréine nó mar a mbeadh ní bheadh aon tairbhe ina ngnó. Do baintí go leor tairbhe as an uisce na dtrí teorann Lá Bealtaine, agus do chuirí a gcéad ocáid é, agus do samhláidís féin go ndéanfeadh sé go leor maitheas dóibh. Do chreididís dá mbeadh braon d'uisce Lae Bhealtaine acu ná féadfaí iad féin ná a gcuid stoic ná aon ghnó a bheadh acu á dhéanamh chiorrú. Ins sa tsaol úd do bhíodh sé do éileamh ar dhaoine go gciorrúidís rudaí ar a gcomharsain. Agus do chreidfeadh na comharsain dá mbeadh braon d'uisce na dtrí teorann maidin Lae Bhealtaine acu nárbh fhéidir iad a chiorrú ná aon díobháil á dhéanamh dóibh. Do chuirí braon sa chuigeainn de Lá Bealtaine ar eagla go ndéanfaí an chuigeann a chiorrú ná a bhfuadach. Mar do bhí pisreóga a bhain leis na seandaoine. Do chuimilítí fén stoc braon de. Nó dá mbeadh úd nó siní tinn ag bó, nó aon amard ar bhoinn ná ar ghamhain do bhí leigheas le fáil do in uisce na dtrí teorann Lae Bhealtaine, agus dá

nífeadh daoine a raghaidh is a lámha in uisce na dtrí teorann Lá Bealtaine ins an chás ná féadfadh éinne a bpearsa a chiorrú ná aon díobháil eile a dhéanamh dóibh i rith na bliana. Do chroithí braon de ar na barraí a bhíodh ag fás ins an talamh, ar phrátaí, eorna nó féar, ar eagla go ndéanfaí iad a chiorrú agus go mbeadh na barraí sin ag fás chun duine éigin eile agus do bhíodh sé mar béas aige daoine leis a gcuid stoic, siad san na ba agus na gamhna agus mar sin dóibh, a chomáint ag triall ar uisce na dtrí teorann ar maidin Lae Bhealtaine roimh eirí gréine.¹⁴⁶

[RBÉ 609:256-257. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin. Faisnéiseoir: Máire Ní Shíocháin (78), Cill Leice Fórabháin, Oileán Cléire.]

CNOCÁN AN CHOIMHTHÍGH (CC)

Níl aon teaghlach ar bith ar an mbaile seo anois agus ní raibh ach an t-aon teaghlach ann le os cionn céad bliain.¹⁴⁷ Do ghlac báillí an Tiarna Talaimh seilbh ar stráice de tá beagán os cionn céad bliain ó shin agus chuireadar le tuilleadh dá ngabhálacha ar an gCoinlín é. Leath 's teas den Leaca Mhór tá lorg chladaigh tithe beaga. Daoine de shloinne Donabháin a bhí ins na tithe úd.

[DSD.]

An Leaca Mhór

1

Timpeall le seasca bliain ó shin do bhí fear ag fáilt bháis agus bhí a mhac ar thaobh an leabaidh, agus dúirt sé leis nuair a bheadh sé tar éis báis d'fháilt go dtabharfadh sé ofráil don sagart chun Aifreann a rá ar son a anam. Ach má dúirt sé é sin níor dhein sé é, mar do dhein sé dearmad air.

Níor chuimhnigh sé go deo air go dtí aon oíche amháin timpeall le trí mhí tar éis bás a athar. Bhí a bhean ina codladh agus do dhúisigh sí i lár na hoíche agus do chonaic sí fear lasmuigh don leabaidh agus do ghlaigh sé uirthé trí uaire i ndiaidh a chéile agus dúirt sé lei "do gheall d'fhear dom go bhfaigheadh sé Aifreann ráite ar son m'anam nuair a gheobhainn bás agus níor dhein sé é fós". Dúirt sé léi leis "ón lá a fuair bás, táim fé bhéilic mhór san Leaca Mhór agus beidh mé ann go deo go dtí go ndéanfaidh mo mhac an rud a dúirt sé liom sula bhfuair bás".

An lá ina dhiaidh sin nuair a d'eirigh an bhean d'inis sí an scéal go léir dá fear, agus díreach nuair a chualaidh a fear é, do rith sé amach an doras agus chuaigh sé to dtí Tigh an tSagairt láithreach agus dúirt sé leis an sagart Aifreann a rá ar son anam a athar agus dúirt an sagart é. Ansan chuaigh an fear abhaile agus níor chuir a athair a thuille trioblóide air go dtí lá a bháis.

[RBÉ S 295:149-50. Bailitheoir: Proinseas de Búrca, Trá Chiaráin, Cléire. Faisnéiseoir: Nóra Bean de Búrca (54), Trá Chiaráin, Inis Cléire.]

The Leacamore

1

*Tis the road from North Harbour that leads to his home,
Of many a fisherman in from the foam,
They know they must face it to reach their own bower,
And weary and cold they go up to Leacamore.*

*But some of them linger to take a few pints,
To brace up their courage and loosen their joints,
The time is fast passing till twelve to the hour,
When they are dodging and tacking going up Leacamore.*

*Knockanacuaig where was born Ciarán,¹⁴⁸
And then at the top you have Knockanaprakaun,
Tis rocky and stoney and will make you sour,
If you are in a hurry going up Leacamore.*

*If from the hilltop you soon look around,
The scene all before you will simply astound,
Wherever you travelled if the world you tour,
Tis worth all the trouble going up Leacamore.*

*When your vision is feasted to the harbour come back,
Hotels three in number will be in your track,
Drink Cummer whiskey for it has the power,
To fill you with vigour to climb Leacamore.*

[Patrick Cotter, (Pat the Poet), An Gleann, Cléire a chum c.1947.]

Barr na Leacaine Móire / Barr na Leacan

4

Ag "barr na Leacan, tá inse ghlas bháin ar thaobh na láimhe clé laistigh den chlaí" agus deirtear gurb ann a rugadh agus a beathaíodh Ciarán Naofa.

[SC 114.]

Deirtear gur ar barr na Leacaine Móire a saolaíodh Naomh Ciarán. Tharlódh gur ann a bhí an chéad séipéal nó tigh Aifrinn i gCléire agus gur ceanglaíodh an dá rud le chéile le himeacht na mbliain.¹⁴⁹ DSD

Cnocán an Choimhthígh

5

Caoimhtheach - duine caoimhtheach - is fearr an striapach muinteartha ná an striapach choimhtheach. Duine ná déanfadh puinn caidrimh ná muintearas le h-

aoinne is ea duine caoimhtheach. B'fhéidir go raibh caoimhtheach nó dí-threabhach in áit éigin ann fadó agus gur uaidh a h-ainmníodh.

[DSD.]

B'fhéidir gur ghlac Muintir Cobhthaigh a raibh gaol gairid acu leis na Drisceolaigh, seilbh ar an áit seo agus gurb iad san na caoimhthígh atá i gceist san ainm. DSD

Bhí fear i gCléire uair amháin agus bhí sé ina chónaí i dtigh a mhuintire. Buaileadh breoite duine sa tigh agus cuireadh an fear seo a d'iarrach an sagart. Bhí san go maith is ní raibh go holc. Tháinig an sagart pé scéal é agus chuir sé an Ola Dhéanach air. Bhí sé ag imeacht abhaile arís is cuireadh an fear seo 'na theannta mar chuideachta toisc go raibh an oíche ann. Bhíodar ag imeacht leo go dtí go dtánadar go áit caol idir dhá chnoc ar a dtugtar Cnoc a' Chroidhthigh anois.

Bhíodar ag caint is ag cadráil is ag cur tré chéile go dtí go dtánadar go Cnoc a' Chraoidhthigh. Ansan chas an sagart timpeall is dúirt sé leis an fear dul abhaile ach ní raghadh. Fé dheireadh thug an sagart clabhta do is dúirt sé leis dul abhaile anois is do chuaigh sé. Chuaigh sé thar n-ais beagán.

Chonaic sé an sagart ag 'botineáil' a chóta is ag fáil ullamh mar dhuine a bheadh ag dul ag troid. Ansan luigh sé síos cois an chlaí go dtí go ndeachaidh an sagart as a radharc. Ansan chuaigh sé ag lámhacán cois na gclathach go dtí go dtáinig sé go cúinne an chlaí. Ansan chonaic sé an sagart ag imeacht síos an bóthar is é ag tacáil ó thaobh taobh an bhóthair agus spoirteacha ag imeacht ó thaobh taobh an bhóthair mar a chéile. Nuair a chonaic an fear é sin tháinig scannradh air is theich sé abaile ar a dhícheall.

[RBÉ S 295:55. Bailitheoir: Donncha de Búrca, O.S. Inis Cléire, (1938).]

Cabhlach Dhonncha Uí Mhathúna

8

Le cabhair airgid ón mBanbharúin Burdett-Coutts d'eirigh leis an sagart paróiste an tAth. Henry Leader¹⁵⁰ roinnt clanna de chuid Chléire agus Inis Earcáin a chur anonn go Meiriceá thart ar 1862. Bhí Donncha Ó Mathúna agus a chlann ar chuid den dream a d'ardaigh a seolta leo an uair úd.¹⁵¹

An Bhinn

23

Tá déanamh na faille ar nós binn tí. DSD

Faill na Binne

25

[N]uair a tógadh an séipéal nua,¹⁵² is é áit go bhfuarthas slinn dó, ná ar thaobh thuaidh an oileáin ar chónagar na farraige, i mball go dtugtar Faill na Binne air, agus do fuarthas tuilleadh dhi isteach ó Inis Earcáin. Drochrath slinne dob ea í sin, mar do bhí sí ro-bhog, agus do bhí an iomad de nádúr a' liogáin inti. Do bhí

cuid de na leacacha sin sé troithe ar fhaid le trí troithe ar leithead. Do tógadh an séipéal nua timpeall fiche slat lastoir den tseanséipéal.

[RBÉ 609:211-3. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Inis Cléire (10/11/1938). Cf. CFC 105.], cf. An Bhinn CC 23.

Mionnán na Caillí

27

Mionnán is ea gabhar óg. Tagann "Caillí" ó chailleach nó bean feasa. B'fhéidir go dtagann an ainm ón déanamh atá ar an gcarraig seo. Tá radharc breá ón a bharr. DSD

Faill na nUan

29

Is cuimhin liom daoine a bheith ag maireachtaint ann. Bhí muintir Riagáin ansin. PC

Poll an Phúca

32

Bhí coill tráth ag rith ó Pholl an Phúca go lár an Bhaile Iarthaigh.

[Cf. RBÉ S 295:14.]

An Púca: Má ba fíor do lucht na scéal ní raibh neart ar bith sa spirid ná sa phúca díobháil do dhéanamh duit mas amuigh i bhfeighil do ghnótha a bhís.

Thugadh daoine lóchrainntí leo leis mar chosaint san oíche. Is deimhin nach chun solais iad mar ná raghadh solas an lóchrainn thar barr do bhróige agus is minicí a chuirfeadh sé isteach i bpoll uisce thu ná a mhalairt. Dála san do creideadh go láidir ná raibh sé i gcumas na spride¹⁵³ ná an phúca tú do leanúint thar sruth ná isteach i roilig. Má bhí an droch rud dod theanntú ní raibh agat le déanamh ach an sruth do léimt nó teicheadh isteach sa roilig. Ba bhocht an chosaint iad muran mbeidís ar do chomhangar agus a fhios do bheith agat go rabhadar ann, ach ar chuma éigin gur deacair a léiriú bhídis ann nuair a bheifí dod theanntú ró-chrua.

Tá daoine fós ann agus is brón leo na síofraí agus na spirideanna go léir do bheith imithe as an saol. Tá daoine eile ann a deir gur dul chun cinn mór iad do bheith imithe agus na daoine éirithe níos eolgaisí ar an saol. Leis sin féin creidim go láidir go gcreidtear a bheag nó a mhór fós i measc óg agus aosta go bhfuil fophúca agus síofra agus spirid a ghabhann amach ar a ruaigeanna oíche.

[DSD. IT. 23/9/1981. ADSD 64.]

An Cumar

33

Áit íseal idir cnoic atá sa Chumar.¹⁵⁴ Ó dheas uaidh tá Cnoc an tSuíocháin agus ó thuaidh tá Cnoc Phoill an Phúca. Baile isea an Cumar atá ag deighilt dhá thaobh an Oileáin ón a chéile, sé sin taobh thiar an oileáin agus taobh thoir an oileáin.

[RBÉ 609:217. Bailitheoir: Ciarán Ó Stocháin, Crathach, Cléire. Faisnéiseoir: Dónal Ó Drisceoil, Oileán Cléire.], Cf. An Conair Cn 1, Gleann Smóil Cn 1.

Cnoc an Bhaithín

41

Bhí fear i gCléire fadó gurb ainm dó ná Partalán Ó Muirín.¹⁵⁵ Bhí sé ina chónaí in áit go dtugtar Cnoc Bhaithín is ní deigidh sé fé lámh easbaig go raibh sé an-aosta. Nuair a bhí sé ag dul fé lámh easbaig dúirt an teasbag leis "an bhfuil aon phaidreacha agat"? "Tá", ar seisean, "Cailín an Tiarna". "Abair dom é", arsa an tEaspag. "Feadaíol is fearr atá sé agam" ar seisean. "Abair mar sin féin dom é" ar seisean. "Táim an-tirim" a dúirt sé, "is ní mór dom deoch uisce beatha". "Á, a Phártaláin" arsa an tEaspag "ní féidir leat aon bhraon dí a ól mar táir ag dul fé lámh Easbaig ar ball". "Abair an phaidir naofa sin gach tráthnóna nuair a bheir ag dul a chodladh is beidh paidreacha do dhóthain agat agus ná déan dearmad ar iad a mhúineadh sa séipéal gach Domhnach do na leanáí óga. Beannacht Dé leat agus táir an -bheannaithe".

[RBÉ S 295:100. Bailitheoir: Tomás Ó Seaghdha, Baile Iarthach, Cléire. Faisnéiseoir: Dónal Ó Lionnain (80), Baile Iarthach, Oileán Cléire, (1938).]

An Bóthar Láir

44

Gabhann casán soir tré chuid den bhaile seo - ó Gharraí Dhonncha Uí Mhathúna go teorainn Lios Ó Móine agus buaileann sé le bóthar ansan. Tugtar an Bóthar Láir air go léir anois. Bhí éileamh síofraíoch ar an mBóthar Láir. DSD

Cé Sheáin Rua

45

Bhí an Cé seo tógtha faoi 1844 le cabhair deontais ón Rialtas agus síntiús ó Sir W. Beecher tiarna talaimh an oileáin.¹⁵⁶ Ba mhór an chabhair a leithéid don 350 duine a dúrthas a bhí i mbun iascaireachta i gCléire ag an am.¹⁵⁷ I rith an gheimhridh áfach ba ghá báid Chléire a tharrach ar tír, a shuncáil ¹⁵⁸ nó a chur ar sábháil i gcuanta sábhálta amuigh ó Chléire¹⁵⁹ go dtí tús an chéid seo nuair a deineadh an chruth atá anois ar Thrá Chiaráin a chur air.

An Stór

46

Cáit de Búrca sean-mháthair Dhonncha de Búrca a thóg an Stór¹⁶⁰ mar a bhfuil an Club anois. Ristéard Ó Ceallaigh ón gComar a thóg an Stór le fear eile. D'úsáideadh é mar stór do ghual agus bhíodh líonta á chur i gcoimeád agus á dheisiú ann.

Nuair a bhíodh Seán de Nais ag teacht chun an oiléain sna triochaidí, ag stiúradh ranganna Gaeilge faoi Choiste Ghairm-oideachais Chontae Chorcaí, ba san fhoirgneamh seo a bhailíodh pobal Chléire - óg is sean - chun éisteacht leis. Sea! is mó oíche shuairc, scéalaíochta, rince agus ceoil a chuir an sean stór guail seo de an tráth san. Le fírinne, bhí an t-éileamh chomh trom sin ar ranganna go mb'éigean

múinteoirí breise a chur go Cléire agus ina measc siúd bhí Dónall Ó Corcora a ceapadh ina dhiaidh sin ina Ollamh le Béarla sa Choláiste Ollscoile i gCorcaigh. San am úd, b'ionad culturtha lán-Ghaelach an stór. Is tigh tábhairne agus ionad sóisialta ag pobal Chléire an Stór ó 1977.¹⁶¹

[Glór Phobal Chléire 1977.]

CNOCÁN NA mBÁIRNEACH (CB)

Is ar an mbaile seo a saolaíodh Conchúr Ó Síocháin a scrígh Seanchas Chléire, agus is ann a chaith sé a shaol.

Cúig theaghlach a bhí ar an mbaile i dtosach an chéid seo agus gan mórán athrú ar an áit ó shin ach an pobal imithe mórán i laghad ó timpeall triocha duine go dtí seachtar anois. Bhíodh an baile seo ceangailte le Lios Ó Móine do na stáisiúin an uair úd. Ní raibh bóthar ar bith ag dul chun ná tríd an bhaile seo ach casán go dtí 1925 nuair a fuair an tAthair Pádraig Ó Conaill¹⁶² deontas ón gCoimisiún Talún chun bóthar a dhéanamh ann.

Ana-bhall sleabhcáin d'fhás isea bun a talaimh ann. Tá cuid den talamh go maith torthúil agus cuid eile de nach bhfuil ann ach bairbéal cré bháin.

[DSD.]

An-talamh atá ins an oileán. Fásann prátaí ann níos fearr ná aon bharrá eile. Níl puinn talaimh ann atá feiliúnach chun cruithneachtan a thabhairt, ach deir na sean-daoine gurb é Cnocán na Máirine an baile is aibiúla i gCléire. Cuirim i gcás go gcuirfeadh fear i gCnocán-na-Máirine cruithneacht agus go gcuirfeadh fear cruithneacht in aon bhaile eile an lá céanna, do bheadh cruithneach fear Chnocán na Máirine aibidh seachtain roimh aon bhaile eile cé go ndéanfaí an churadóireacht an lá céanna. Cnoc agus carraigeacha 'sea talamh an oileáin seo beagnach.

[RBÉ 609:218. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire. Faisnéiseoir: Diarmaid Ó Síocháin (69), Cill Lice a Fórabháin, Oileán Cléire.]

Bia tuatha báirnigh a deirtí. I rith an Ghorta Mhóir dar ndóigh bhí tearcamas bia ag cur as do mhuintir Chléire agus is dóichí nach raibh puinn eile le n-ithe ag daoine seachas báirnigh toisc iad a bheith ró-ghafa ag an ngalar chun tabhairt faoin iascaireacht, fiú.

De réir mar a tháinig feabhas ar an saol, ba mhasla dóibh é, bheith ag ithe báirneach mar go raibh baint ró-mhór acu leis an drochshaol. Deirtear gur b'shin an fáth gur aistríodh Cnocán na mBáirneach ní h-amháin go Cnocán na Máirine ach go Cnocán na Marbhna. Ach níor mhair ceachtar den dá ainm sin.¹⁶³

Deartháir liom, déarfadh sé linn i gcónaí gurb é an t-ainm a bhí ann ná Cnocán na Maireann, mar dúirt sé go bhfuair duine éigin bás agus do dhein

seanbhean amhrán agus do dhein sí maireann agus do thug duine éigin Cnocán na Maireann as san amach air.

[Faisnéiseoir: Ellen Bean Uí Drisceoil, Cnocán na mBáirneach, Cléire (1977).]

Do ghaibh bochtanas agus uireasa leis an mbáirneach agus dá dheascaibh san níor thaitn an t-ainm Cnocán na mBáirneach le daoine áirithe agus le húdarás mí-threorach do tugadh Cnocán na Máirne air, ainm gan céill dáiríribh.

[DSD.]

Dála na mbáirneach agus an triopáin agus an tsleabhcáin ba bhia bochtán iad agus ba náire dhuit bheith dá mbailiú. Iomard é sin atá orainn agus ní inniu ná inné é. Tá sé orainn ó chailleamar ár meas orainn féin agus ar ár saibhreas aicionta. Ach féach, ní ag lucht an eolais a fhan an t-eolas ceart ach acu so a bhí teanntaithe i gcróitíní agus in uaibheanna na h-aindeise.

[DSD, IT. 1/9/1992.]

Baile cois farraige sea Cnocán na Mairne. Nuair a tháinig saighdiúirí Chearrú [Carew] go Cléire nuair a bhíodar ag creach agus ag losgadh na Mumhan, is ar Chnocán na Mairine an chéad áit ar an Oileán go dtánadar. Do thánadar ar dtír ar thráigín beag atá ar chónagar na farraige ar an mbaile sin. Tráigín an Líont is ainm don tráigín sin. Níor chuala riamh conas a fuair, ná cad as go bhfuair an baile Cnocán na Mairine ainm.

[RBÉ 609:215-216. Bailitheoir: Ciaran Ó Síocháin, Crathach, Cléire, (12/11/1938). Faisnéiseoir: Diarmuid Ó Síocháin (69), Cill Lice a Fóramháin, Cléire.]

Poillín an Lóigh

2

Ní bhíodh aon leasú sciobóil, ach amháin fíorbheagán, a cuirfí ar an ngarraí; ach ag faire ar an dtaoide mhóir chun an lóigh a bhaint chun an farasbarr de a chríochnú; agus é sin a thabhairt leo ar a ndrom i gliabháin, mar ní raibh asail an uair sin chomh raidhsiúil agus atáid siad inniu.

[SC 18.]

Ba le scamhadóir nó corrán cam a deintí gearradh lóigh chun na ngarraithe a leasú.

[SC 91-92.]

An Loghach: *Bhíodh a bheart loghaig deirg ag cách agus meas dá réir air. Ba ag báilí an tiarna talaimh a bhíodh an t-ionad do b'fhearr.*

[Tá] go leor saghasanna loghaig ann mar atá an loghach dubh, clabhataí cait, dúlamán, diliosc agus leath-dhiliosc, triopán, sleabhacán glas lá agus rl.

[DSD, IT. 18/7/1979.]

Tráigín an Líont

5

B'fhéidir gur planda a bhfuil "Sea Champion" air i mBéarla atá i gceist sa bhfocal "Liont" san ainm seo. DSD

Tá tráigín bheag ar thaobh thuaidh an oileáin go nglaothar Tráigín an Líont uirthi, agus is ar an dtráigín seo a tháinig saighdiúirí Chromail ar dtír. Nuair a thánadar go Cléire do scuabadar an t-oileán sar ar fhágadar é.

[RBÉ 609:291. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire.], Cf. Cnocán na mBáirneach (CB).

Bhíodh lín dá chur ar maoth ann sa tseanshaol. ED

Cuaisín Faille Rónáin

7

Is ó dhuine den ainm sin a tháinig i dtír ann, a thit anuas nó a bhí ina chónaí ann, a ainmníodh. DSD

Ag caitheamh mhí an Mheithimh agus mí Iúil, bhíodh an aimsir sa bhreáthacht nár ghá dóibh na báid a tharraingt aon oíche, ach iad d'fheisteadh sna cuaiseanna. Bhí cuaiseanna áirithe acu chuige sin, leis, ball go mbeidís ar snámh i gcónaí, is é sin, Cuas an Dúglais, Cuas an Bháid, Cuaisín Faille Rónáin, nó ceann an Oileáin Bhig i nDún Cléire. Ach ó lá Lúnasa amach tarraingthí na báid nach aon oíche agus cuirthí síos ar maidin iad; mar, oíche fhada fhómhair ní bhíodh aon iontaoibh acu as ná go séidfeadh sé.

[SC 29.], cf. Cuas an Dúglais C 149, Cuas an Bhád C 197.

Bothán na Mná Boichte

9

Áit é a raibh bothán ag bean bhocht éigin. DSD

Tá an t-Oileán dhá mhíle ar leithead ó Charraig Liúir i dtaobh theas an Oileáin go Bothán na mná boichte ar Charraig an Éisc i dtaobh thuaidh an Oileáin.

[SC 80.]

Faill Rónáin

13

Tá baile istigh in Oileán Cléire go dtugtar Cnocán na mBáirneach uirthi. Bhí triúr mac de mhuintir Muirthigh¹⁶⁴ ann is bhí droin ar dhuine acu. Chuaigh duine acu go Meirice ag tuilleamh airgid is phós sé bean ó Chiarraí, Máire Ní Dhuibhir. Tar éis tamaill tháinig sé abhaile is bhí an bheirt deartháir sa mbaile roimis. Dúirt sé leo tigh nua a thógáil. Dúirt fear na droinne gan aon rud a dhéanamh go mbeadh sé féin ar taobh éigin.

"Cá bhfuil sé ag dul" arsa deartháir leis. "Tá Diarmuid Ó Flaitheartaigh ag teacht ó Chontae na Gaillimhe, fear go bhfuil droinn eile air agus tá sé chun mise a throid agus pé duine a gheobhaidh an bua ní bheidh aon dhroinn air ar maidin".

"Tá go leor caint díomhaoín agat" arsa an deartháir, pé ní déanfair níl tú chun an tigh seo a fhágáil anocht.

Dhúnadar an doras is chuadar síos go Dún Cléire [i Lios Ó Móine] is rugadar go leor adhmaid leo is chuireadar i gcoinnibh an dorais é. Bhíodar tuirseach ina dhiaidh sin is chuadar a chodladh. Ar maidin nuair a d'eirigh siad chonaic siad fear na droinne amuigh cois an gCúr is é ag rince le háthas, is nuair a chuaigh an deartháir ag caint leis dúirt fear na droinne gurbh í an oíche ba chrua a bhí aige riamh mar bhí troid uafásach aige leis an bhfear eile is gur bhuaigh sé air is dúirt sé leis go raibh fuil ag rith síos go Faill Rónáin.

D'imigh fear na Gaillimhe abhaile agus dhá dhroin air is nuair a chonaic a mháthair an dá dhroinn air dúirt sí leis "bhís ainnis do dhóthain le droinn amháin". Labhair an mac eile is dúirt sé go gcaithfeadh sé dul go Cléire chun an fear sin a fheiceáil. Tháinig sé is tugadh ceárd fíodóireachta do is deineadh ana-iascaire dho. Bhíodh iascairí ag teacht ó Chionn tSáile agus bhí sé chomh maith de fhear le haon duine acu is d'fhág sé anseo ina fhear breá óg slán beo leis.

[RBÉ S 295: 97-8. Bailitheoir: Tomás Ó Seaghdha, Baile Iarthach, Cléire. Faisnéiseoir: Dónal Ó Lionáin (80), Baile Iarthach, Oileán Cléire.]

Garraí an Phíobaire

30

Thagadh daoine le chéile anso tráthnóintí samhraidh fadó, chun rince agus caitheamh aimseartha a dhéanamh. In aice na Carraige Léithe bhí garraí réidh chun rince agus thagadh píobaire ann chun seinm don "Chomhthalán" mar a tugtaí ar an dteacht le chéile seo.¹⁶⁵ Tugadh Garraí an Phíobaire ar an láthair ón am sin. DSD

Bhí nós eile fadó go dtugaimís 'comhthaláin' orthu, is é sin, bailiú mór daoine i dteannta a chéile, agus bhíodh baill áirithe chuige sin acu, garraí deas réidh socair chun rince, agus an píobaire i gceann an gharraí ina shuí ag seinm dóibh. Sa tsamhradh a bhíodh na comhthaláin ar siúl. Tá garraí ar m'eolas féin gurb é ainm atá air ná Garraí an Phíobaire; tá sé thoir ansan in aice na Carraige Léithe, ach níl ansan ach píosa de, mar tá sé briste suas ag an mbóthar. Tá an chathaoir chloiche ina mbíodh an píobaire ina shuí inti, tá sí le feiscint inniu mar a bhí sí an uair sin.

[SC 136.]

Cathaoir an Phíobaire

31

[Cf. Garraí an Phíobaire CB 30.]

An Bóthar Nua

32

Deineadh An Bóthar Nua tré Gharraí an Phíobaire sa bhliain 1925. Is sa bhliain úd a cuireadh an chéad bhonn le mórán de bhóithre Chléire. Ní raibh ina

róidíní roimis sin ach casáin rócharsaigh, pludaigh ná rachadh dhá chat thar a chéile ionnta d'uireasa slí.

[DSD.]

Sinia **36**

Tharlódh gur truailliú ar "Sean Dia" atá sa bhfocal Sinia. ED

Tigh an Údair **44**

Tigh an Údair atá ar Thigh Chon Pheadair Uí Shíocháin, údar 'Seanchas Chléire'.¹⁶⁶ Rugadh Conchúr (Con Pheadair) sa bhliain 1866 agus chaith sé a shaol ag iascaireacht. Bíodh go ndúirt sé gur fhág sé an scoil 'gan léann, gan scríobh, gan léadh, gan litir'¹⁶⁷ bhí cáil air mar sheanchaí agus mar fhear béaloidis. In aimsir Chonchúir thugtaí 'Ollscoil Chnocán na mBáirneach'¹⁶⁸ ar an dtigh scoraíochta seo.

Cabhlach Pheadair Uí Shíocháin **45**

Cé ná raibh sé mór ná leathan, bhí sé ina thigín dheas, chluthair, fháiscthe, fholláin, shláintiúil. Bhí sé ina dhá chuid, sórt cistineach, agus íochtar an tí. Dob é íochtar an tí an t-ionad codalta a bhíodh ag daoine, agus bhí sé deighilte ón gcistin le landaoir, agus doras i lár na landaoireach ag dul síos ann. Bhí dhá sheomra lasmuigh den tigh, an seomra theas agus an seomra thuaidh. Na ba a bhíodh i gceann acu agus na prátaí sa cheann eile.

[SC 2.]

Garraí na Ceártan **47**

Bheadh isteach is amach le trí chéad bliain ó bhí ceárta ann.¹⁶⁹ Tá falla na ceártan le feiscint i gcláir an gharraí.¹⁷⁰

Ceárta Liam 'ac Thaidhg **48**

Tá garraí beag i mbaile fearainn "Cnocán na Mairne" gurb ainm Garraí na Ceártan do. Do bhí ceártan ann fadó. Liam Ó Mathúna ab ainm don ghabha a bhí ag obair ins an ceártan sin, agus ó Cho. Chiarraí ab ea é. Tá scéal maith ag baint leis an gcomórtas a bhí idir é féin agus gabha ó Chorcaigh ag déanamh dúbháin iascaigh. Tá taobh fhalla na ceártan istigh sa gharraí beag fós. Níor chuala go raibh aon cheártan eile ins an oileán ach tá garraí beag eile i mbaile fearainn Chrathaigh gurb ainm Garraí na Ceártan do ach níl aon tuairisc go raibh ceártan riamh ann.

[RBÉ 609:204. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Oileán Cléire, 29/10/1939.]

Seo scéal a chualadh mar gheall ar dhá ghabha gur éirigh comórtas eatartha, sé sin nár bhfios cioca aca araon a dhéanfadh an dúbhán iascaigh a b'fhearr.

Ins a tsaol go bhfuilim ag tagart dó, dob iad na gaibhne a deineadh na dúbhán iascaigh. Ach "pér domhan é", an dá ghabha gur éirigh an comórtas eatartha, ó Chléire dob ea duine acu, agus fear de mhuintir Mathúna ¹⁷¹ dob ea é, agus an garraí beag go raibh a cheártain aige, tá sé ann fós, Garraí na Ceártan is ainm di, agus ó Dhún Garbháin dob ea an gabha eile.

Do dhearnaigh gach gabha acu a dhúbhán iascaigh féin. Nuair a cuireadh an dá dhúbhán fé fhiainis na n-údar, níor bhféidir togha ná rogha a dhéanamh eatartha. Do bhí an obair chomh cneasta san déanta nár bhfios conas a déanfaí an cheist a réiteach. Ní raibh seift ansan air, ach an taon tseift amháin, an dá ghabha a chur ag iascach.

Do ghléas mac Uí Mhathúna ó Chléire a dhúbhán féin chuinn iascaigh, agus do mhairbh sé iasc leis, toisc gur iascaire é Mac Uí Mhathúna chomh maith le gabha. Do theip ar ghabha Dhún Garbháin a dhúbhán féin iascaigh a ghléasadh, ná iasc a mharú leis. Dá bhrí sin fuair gabha Chléire an bua.

Is í mbaile fearann Chnocán na Máirneach, a bhí cónaí ar a ngabha a thug bua an dúbhán iascaigh leis. Tá Garraí na Ceártain eile ins an oileán. Tá an garraí sin i mbaile fearainn an Chrathaigh. Má bhí gabha ina chónaí ann. Os rud é gur dócha go raibh, níl aon tuairisc ina thaobh.

[RBÉ 1646: 187- 88. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire.]

An Latrach

49

The 'Latrach' is on Paddy Sheehan's ground. There was a boreen going through the 'Latrach' on to the main road above Mickey Daly's.¹⁷² There was a pathway all the way. The 'Latrach' is in Cnocán na mBáirneach and it went right up through Con Sheehan's ¹⁷³ ground, but its all filled in now with furze and briars. JC

Tigh Ellen Sheáin Éireamhóin

72

An sean-tigh anseo, bhí sé thuas ag cliathán an bhóthair taobh thíos den gheata. Tá an tigh seo tógtha ceathair is ceithre fichid bliain .¹⁷⁴

[Faisnéiseoir: Éireamhóin Ó Drisceoil, Cnocán na mBáirneach, Cléire, (1978).]

Carraig Uí Laoghaire

77

Tá Trá Dhún Chléire agus Carraig Uí Laoghaire in aice leis, agus is dócha gurb ó mhuintir Laoghaire atá an t-ainm sin ar sin. Tá an lao Oireach ann agus is sa Lao Oireach a chónaigh an mhuintir Laoghaire a bád ag Carraig Aonair ar a deineadh an dán nó an caoineadh breá úd 'Maireann Fear Lao'.¹⁷⁵ DSD

Dá raghfá laistigh de Charraig Uí Laoghair leis an taoide ard ní mór duit féachaint amach duit féin mar tá Carraig an tSáile, an Charraig Iarthach agus carraigreacha eile i ngach aon áit ansin. ED

Tháinig bád laistíos idir Carraig Uí Laoghair agus an talamh agus í lán de shaighdiúirí dearga in aimsir Chromail. Ghabhadar siar thar Dhún Cléire agus d'iompaíodar isteach ar an dtráigh ansin. Theith gach éinne rómpa. Níor fhágadar próca barra ná oighean bainne gan doirteadh. Ghearradar éisc a bhí leasaithe. Scaoileadar arbhar as málaí agus bhaineadar na heireabhaill de stoc, mar ná raibh éinne chun 'chugat-an- phúca' a rá leo

[Cf. SC 127-128.]

COINLÍN (Cn)

Is é an bunús atá le Coinnlín ná, pasáiste cung idir dá shnaidhm.

[RBÉ 609:217, Bailitheoir : Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire. Faisnéiseoir : Diarmaid Ó Síocháin (69), Cill Leice Fórabháin a fuair an t-eolas seo 50 bliain roimhe sin ó Dhónal Ó Drisceoil (70), Oileán Cléire.]

Bíonn Coinleach nó Coinlín fágtha sa pháirc i ndiaidh an chruithneacht a bhaint. Is cosúil go raibh an talamh anseo go maith don curadóreacht.

[DSD.]

Conair is Coinnlín a d'fhág na Lochlannach mar spré ag a n-iníon, mar is inti a deintí an bheoir is fearr in Éirinn fadó, mar is inti a bhí an fraoch is fearr .¹⁷⁶

[Tomás Ó Síocháin (65), I.M.N., (1929).]

Tá rian na gabhála go láidir ar an mbaile seo. Ba bháille nó ionadaí de shaghas éigin ón Tiarna Talaimh - Beecher ¹⁷⁷ - Éamon Shipsey nó Shipsey na Breiminí ,¹⁷⁸ a ghlan an Mhuintir Uí Shé as an gCoinlín ar ghrá feirm fogharta a dhéanamh dá mhac i lár na naoiú aoise déag.

Is ar an gCoinlín atá Tigh an Phoist, Tigh na Scoile, Tigh an tSagairt agus Tigh an Mháistir. Tá sean-bhóthar ag gabháil siar tré lár an bhaile seo isteach sa Chumar. Chífí a lorg fós ag an té a lorgeódh é.

[DSD.]

In san aimsir fad ó shin do bhí na Lochlannaigh i gCléire chomh maith is do bhíodar cois farraige in aon bhall eile in Éirinn. Tá scéal againn ó sna seandaoine, a tháinig chúchu féin anuas ó shinsear go sinsear, sé sin le rá go bhfuil dhá bhaile fearainn i gCléire, Conair agus Coinlín. Is geall le haon áit amháin iad, ach iad a bheith deighilte óna chéile le cláí teorainn. Is as bláth an fhraoigh, a fhásann insa dá áit sin is ea a bhaineadh na Lochlannaigh an bheoir ba bhreátha agus ba mhilse a deintí in Éirinn agus, féach, do thugaidís Conair agus Coinlín mar spré dá gclann iníon nuair a phósaidís.

Nuair a fuair an taoiseach a bhí ar na daoine sin bás do thugadar leo é agus do chuireadar i mbarra an chnoic is airde san oiléan é. Tinn dob ainm do. Is sin mar a fuair an cnoc an ainm atá air. Do cuireadh cairn mór ard os a chionn agus go deimhin dealraíonn an áit gur mó duine do chuir cloch ina leacht.

Suigh ar mhalainn an chnoic sin tráthnóna bréa i Mí Iúil sa tSamhradh, tuairim a cúig a chlog, nuair a bheidh an ghrian siar ó thuaidh agus an spéir glan, gan smúit ná ceo, agus lán mara taoide móire ann. Beidh radharc álainn le hamharc agat. Beidh oileáin Chairbre ansúd os do chomhair amach, níos breátha go mór ná mar a fhéadfadh aon láimh duine é a chuir síos ar pháipéar ná léarscáil....

[Litir ó Tomás Ó Síocháin, Cnocán na mBáirneach, Cléire (1942) chuig an Ath. Donncha Ó Floinn, Má Nuad Leabharlann Russel, Má Nuad; C. Ó Drisceoil, Béaloideas Ó Chléire (1993) Uimh. 17 180-181.], Cf. Cnoc Coraintín CLF 11.

An Chonair

1

Níl ach aon tigh amháin ar an gConair. Tá an Conair ag dul síos cois Cuan Inbhear. Tá seanchas maith ag gabháil leis an gConair.

[RBÉ 609: 217. Bailitheoir : Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire. Faisnéiseoir : Diarmaid Ó Síocháin (69), Cill Leice Fórabháin a fuair an t-eolas seo 50 bliain roimhe sin ó Dhónal O Drisceoil (70).]

Is ionann Conair agus casán trí choill. Gleann Smóil (Thrush Glen) a tugtaí air fadó agus bhíodh crainn árda ag fás ar gach taobh. DSD

Gleann Smóil

1

Níor chuala go raibh fiach ná marcaíocht riamh i gCléire ach amháin an méid fiaigh a dhéanadh na Fianna ann. In aimsir na bhFiann, de réir mar a chuala, do bhíodh an baile fearainn go dtugaimíd an Cumar¹⁷⁹ air anois clúdaithe faoi choill. Ní é An Cumar ab ainm an uair úd dó, ach Gleann Smóil ab ainm dó. Gleann doimhin idir dhá chnoc is ea an Cumar nó Gleann Smóil. An cnoc atá ar thaobh thoir an Chumair, Cnoc Phoill an Phúca is ainm dó, agus an cnoc atá ar thaobh thiar an Chumair, Cnoc an tSuíocháin is a ainm.

De réir seanchais, ar dhá thaobh an Chumair suas ar cliathán na gcnoc ar gach taobh, do bhí coill ag fás. Do bhí cranna móra fada ag fás ins an choill seo; do bhíodar chomh fada sin go raibh na brainsí ag breith ar a chéile ó na cranna a bhí ag fás ar gach taobh. Agus do bhí na brainsí sin agus an duilliúr chomh torthúil agus chomh ramhar ar a chéile agus an mullach chomh slím sleamhain réidh díreach, nuair a bhíodh na Fianna ag spóirt is ag pléarác le chéile, go gcaithidís tríníúir le neart lámh, agus go ritheadh an tríníúir sin gan stad ó thaobh go taobh eile na coille ar mhullach na gcrann.

Dúrtas gur ins an choill seo a bhíodh na Fianna ag fiach nuair a bhídís i gCléire.

An Comar

1

Fadó bhí fear ag teacht abhaile ón gComar oíche amháin agus bhí braon ólta aige. Chuaigh sé amú agus cé an áit a bhuaíl sé ná isteach i bpáirc a bhí lán do stuaicíní. Do bhuaíl sé i gcoinnibh aon stuaicín amháin agus dúirt sé leis "Gaibh mo leatscéal a dhuine uasail", mar shíl sé gur duine a bhí ann. Ansan chuaigh sé cúpla coiscéim eile agus bualadh é i gcoinnibh stuaicín eile, agus dúirt sé an chaint chéanna. Thárla sé do cúig nó sé h-uaire go dtí go raibh sé ag eirí tuirseach den sceál. Ansan chuigh sé síos ar mhóinteán. "Sea", ar seisean, "tá sé chomh maith agam suí anso agus an tsocraid a ligint tharam." Nuair a chonaic sé na stuaicíní go léir shíl sé gur daoine a bhí ann.

[RBÉ S 295:27. Bailitheoir: Proinséas de Búrca, Traígh Ciaráin, Inis Cléire. Faisnéiseoir: Domhnall Ó Céadagáin (60), Coinlín, Inis Cléire.]

Chualag go raibh a mhalairt d'ainm fadó air, Gleann Smóil. An bhfeiceann tú an dá chnoc, an ceann thoir agus an ceann thiar? Bhí coill ag fás ar thaobh gach cnoic acu, agus bhí na crainn san airde go raibh géagáin na coille ag breith ar a chéile os cionn an ghleanna, sa chás gur chuma duit a bheith ag gabháil fé dhroichead agus a bheith ag gabháil trí Ghleann Smóil an uair sin.

[SC 108.]

Tigh Liam Uí Chéadagáin

3

Ar an 23ú lá do Mhí na Nollag sa bhliain 1869 do tógadh sathach pairifín i raic agus do cuireadh ar dtír in Inbhir é. San am sin rud ana -iontach dob ea pairifín, mar ní bhíodh sé dhá dhó in aon tigh i gCléire an uair sin. Dá bhrí sin ní raibh a fhios ag éinne cad é an sórd rud é nó conas a úsáididís in aon chor é. Geatairí giúise agus traine dhá ndó istigh i slige a bhíodh an uair sin i gCléire mar sholas. Is é sin a bhíodh ins gach tigh san oíche agus deir na sean daoine go mbíodh an solas nach mór chomh maith leis na soilse a bhíonn ann anois.

Do bhí na daoine a thóg an raic seo dhá chur i bhfolach mar an uair sin do bhíodh tógáilt ag oifigí ar aon sórt raice a tógfaí. Pé scéal é do chaitheadar faire go mbeadh an oíche ann, i dtreo na faighfí amach é. Nuair a tháinig an oíche do chuireadar an sathach pairifín isteach go tigh Liam Uí Chéadagáin sa Chumar. Nuair a bhí sé istigh sa tigh acu, do chuireadar na clampaí ar na dóirse, mar bhí an oíche tar éis titim. Ní raibh éinne istigh ansan ach daoine go raibh seártha don phairifín acu. Do bhí aon fhear amháin ann agus é ag roinnt an phairifín, agus fear eile ann agus é ag coiméad solas geataire dhó ós cionn an tsathaigh. Acht do thit splanc ón ngeathaire isteach sa t-sathach agus slán mar a n-instear é ní raibh moill soiceind eile air ná gur imigh an tigh go léir suas san aer. Do loisceadh na daoine a

bhí istigh, ach bhí beirt nó triúr ná feachathas na láthair ortha slán mar a n-instear é do deineadh luarach ar fad díobh. Do tháinig ana-chuid díobh amach tríd na fuinneoga, acht má's ea do bhíodar ar lasadh. Acht sé do dhein níos measa iad, do bhí locháin uisce ar an dtaobh amuigh den doras, agus do chaith ana-chuid díobh iad féin isteach ann.

Do fuair dhá dhuine déag bás tar éis teacht amach as an dtigh, agus tuilleadh aca bás tar éis tamaill a thabhairt sa leabaidh sa bhaile. Do fuair ós cionn fiche duine bás ar fad, agus do mhair timpeall triochoa nó níos mó, acht bhí rian an dóiteáin ar n'aon duine acu go dtí lá a mbáis. Ní mhaireann éinne anois dos na daoineibh a bhí sa tigh nuair a dódh é. Beannacht Dé lena n-anam go léir.

[RBÉ S 295:122-3. Bailitheoir : Máire Ní Drisceoil, Comolán Thuaidh. Faisnéiseoir: Tomás Ó Síocháin (75), Comolán, Inis Cléire. Is cuimhin leis go maith an lá do thit sé amach. Bhí sé ocht mbliana d'aois an uair sin.]

Is minic a bhí olagón agus caoineadh de bharr na raice mar ní uair ná dhó a scuab an fharraige léi fear tógála na raice. I 1869 do dódh tigh agus daoine, aithreacha agus máithreacha clainne i gCléire de dheascaibh raice. Soitheach de shaghas éigin ola a bhí á roinnt sa tigh agus na dóirse dúnta. Chuir duine éigin coinneal lasta síos sa tsoitheach féach an raibh puinn eile ann. Ba leor san. Ba dhaor an pas dó é.

[ADSD 42.]

Bóthar na Conaireach, The Bollán Road

6

Bóthar breá socair atá ag gabháil le ciumhais an chuain, gearrtha amach as an gcnoc faid ar fhaid atá i mBóthar na Conaireach.

[SC 108.]

Tugtar 'The Bollán Road' ar Bhóthar na Conaireach a shíneann ó Thigh an tSagairt isteach sa Chomar. Din Mahony ¹⁸⁰ a chónaigh sa Lána atá sa Chomar a chum na véarsaí dar teideal *The Bollán Road* a chuireann síos ar mheithil oibre de chuid Comhairle Chontae Chorcaí sna daicheadí.

The Bollán Road

Come all you jolly Irish boys,
Both Paddy, Mike and Seán,
Bring your spades and shovels,
We'll level the old Bollán.

Tade Sheehan was the mason,
That built the crooked wall,
And Timsey was the foreman,
The cleverest of them all.

The Fiddler swung his heavy sledge,
It came down very slow,
It might hurt his fiddle finger,
Or else strike the head of Joe.

Dan Sheehan and Florence Cadogan,
They're working at the dawn,
You can hear their hammers ringing,
As you round the Gaisceannán.

Pat Walsh, he struck the Tarry Rock,
It sounded like a bell,
When playing around South Harbour,
She.....

Jack Mahony, he sent out.....
Dear boys we'll all sit down,
For I can hear the bottle dropping,
And the shouts of Cummer town.

Keep your eye upon the foreman,
He'll return to us his fold,
And when we'll reach North Harbour,
We'll wet our fingers whole.¹⁸¹

[Faisnéiseoir: Mícheál (Mack) Ó Donnchú (60), Baile Iarthach, Cléire, (2/8/1983).]

Cuaisín na Loinge Dóite

8

*Tháinig long isteach agus í á dhó agus d'fhan sí ann.*¹⁸² DSD

Tigh an tSagairt

9

Is anseo a chónaigh sagairt Chléire ón mbliain 1839 go 1953 nuair a tógadh tigh nua ar an láthair céanna.¹⁸³ Náisiúnaí agus urlabhraí éifeachtach thar ceann pobal Chléire ba ea an tAth. John Noonan a chónaigh anso sa tréimhse 1840-4.¹⁸⁴

Father O'Halloran died in Cléire in 1918. He was from County Kilkenny. When the coffin was brought out of the priest's house a visiting priest asked whether any old men or women who used "caoin" the dead were to be found in Cléire anymore. Someone called on Cáit Carey¹⁸⁵ and she came over and clapped her

hands down on the coffin and she "caoined" away out in front of the priest's house. There were no words used but a kind of a sad air.

Cáit Carey was an old woman, without any relatives who had lived down below in Lower Lios Ó Móine. MJ

Special courts were held in Cape where laws were framed by 12 men and a priest and approved by the Authorities. Fr. Noonan ¹⁸⁶was the first priest who started it and the first priest to fall out with the Minister Spring. The court was held once a week or once a fortnight at the priest's home and afterwards at the house of one of the farmers named Cadogan. The 12 men were selected by the priest. The laws related chiefly to settlement about land disputes and trespassing of cattle. The decision was always final and was ratified by the authorities outside.

[CRB.]

Scoil Inis Chléire

11

Bhíos sa scoil in Inbhear. Nuair a bhíos ag fás suas ar dtúis bhí níos mó ná céad scoláire sa scoil agus bhí trí múinteoirí cailíní ann. Bhí an scoil ina dhá pháirt an uair sin. Bhí Bean Uí Dhúgáin agus Miss Barrett ann agus ní fheadar cé'n ainm a bhí ar an ceann eile. Bhí bean Dhónaill Uí Chéadagáin ann leis. Bhí os cionn céad páiste sa cheann eile den scoil agus bhí a triúr nó a ceathair máistrí ansan leis.

[Faisnéiseoir: Máire (Mamie) Ní Chéadagáin (80 bl.), Ardghort, Cléire. (Lúnasa, 1976).]

An Scoil Náisiúnta

11

Tógadh an scoil seo sa bhliain 1897¹⁸⁷ agus is inti a cuireadh oideachas bunscoile ar leanaí Chléire ó shin. Bhí idir scoil do bhuachaillí agus scoil do chailíní sa bhfoirgneamh céanna. Ceathrar múinteoir a bhí ar an bhfoireann teagaisc, príomhoide agus cúntóir i ngach scoil díobh.¹⁸⁸ 'Cape Clear National School 1897' a bhí ar an mbonnchloch ¹⁸⁹ ach 'Scoil Inis Chléire' a cuireadh in airde ar chloch nua sa bhliain 1926 nuair a deineadh Gaelú ar theidil mhorán scoileanna mar chuid de pholasáí oideachais an Stáit. Is sa bhliain céanna a deineadh comhnascadh ar an dá scoil agus ceapadh Donnchadh de Búrca¹⁹⁰ ina phríomhoide. Ba é Seosamh Ó Drisceoil ¹⁹¹, Cnocán na mBáirneach an duine deireanach de bhunaibh Chléire a ceapadh ina phríomhoide. Le himeacht na mbliain thit uimhir na n-oidí nuair a chuaigh líon na ndaltaí ar rolla na scoile. Beirt bhan n-oidí¹⁹² atá anois ann le 20 dalta ar an rolla. Deineadh athchóiriú agus maisiú ar an bhfoirgneamh le gairid a chuir slacht urnua ar an scoil.¹⁹³

Bí an bhreith a thug Conchúr Ó Síocháin ar mhúintoirí Chléire sa bhliain 1936 ná go raibh 'múinteoirí sa scoil sin chomh maith de mhúinteoirí agus a chasfaí id shiúl ort, mar go deimhin, is mó scoláire a fhág an scoil sin a chuaigh i gcoláistí go Baile Átha Cliath agus go h-áiteanna nach é'.

[Cf. SC 108.]

Tobar na Corann Crosta

14

Bhí na Fianna ag seilg lá, agus chuaigh pionna muice fiaine i ndearnain Dhiarmada agus é á thomhas. Chuir an pionna nimh ina láimh, agus d'fháisc pianta air, agus gan aon leigheas le fáil dó. Chogain Fionn a ordóg láithreach chun fios a fháil cá bhfaighfí leigheas do Dhiarmaid. Ní raibh an leigheas le fáil ach amháin i gCléire; trí bhraoin d'uisce Thobar na Corann Crosta i gCléire a chur ar an gcneá agus go mbeadh sé leighiste láithreach. Níor dheineadar aon mhoill ach é thabhairt go Cléire ceann ar aghaidh ag triall ar an dtobar. Le linn Fhinn a chur an uisce ar lámh Dhiarmada bhí Conán Maol ina gcuideachtain, agus bhí seanolc chun Dhiarmada aige. Le linn Fhinn a bheith ag tógáil an triú braon den uisce as an dtobar: 'Á.' arsa Conán, 'is iad na bosa le h-éad iad!' D'imigh an t-uisce idir a mhéireanna ó Fhionn, agus sclog Diarmaid ar an bhfód. D'ardaíodar leo siar é ar bhruach na faille, agus tá sé curtha ansúd,¹⁹⁴ agus tá Faille Dhiarmada ar an áit sin ón lá san go dtí an lá inniu.

[SC 98.]

Is ar an gCoinlín atá Tobar na Corann Crosta as a gheofaí an t-uisce a leigheasfadh Diarmaid Ó Duibhne d'éis don torc an cró lí do chur air. Ach do fuair an t-éad an lámh uachtar ar Fhionn agus do chaill Diarmaid a bheatha dá dheascaibh. DSD

An Geata Bán

15

*Bhí éileamh siofraíoch ar an áit. DSD
Luann John K. Cotter an Geata Bán ina dhán 'Cape Clear':*

*The Fastnet light shines on the Glen,
as it did in the long ago,
When I used to pass the Geata Bán,
and heard the Gabhraín Rua.
The corncrakes are busy,
in the fields along the way,
Homewards in the gloaming,
from the fishing in the bay.*

Tigh Bill Mór Ó Céadagáin

16

*"Ní leogfadh Bill Mór leo é". Fear mór ba ea Bill Mór Ó Céadagáin. ¹⁹⁵
Mhair sé i gCoinlín. Tá sé marbh suas le 60 bliain. Pé ní a déanfaí leis bheadh sásamh aige. Deirtear anois leis é le duine go mbeadh a shárú aige ar pé ní a bheadh ar siúl.*

[RBÉ S 295:7. Bailitheoir: Donnch de Búrca OS (1938), Inis Cléire.]

Bhí tigh ósta ann sa tsean-aimsir. Bhíodh sagairt an oileáin ag cur futhu ann tráth. B'é seo an chéad tigh tábhairne oifigiúil i gCléire. Leagadh go talamh é i 1960 agus cuireadh na clocha isteach i gCé Inbhear agus sa Ghrotto in aice an Chuain.
PÓL

Gort Mhaoláin

17

Bhí bean i gCléire uair amháin agus is í an ainm a bhí uirthi ná Máire Rua.¹⁹⁶ Ní raibh aon bhaile aice féin, agus do bhíodh sí ina cónaí i dtigh Dhónal Ó Céadagáin i gCoinlín. Bean ana-ghreannmhar do ea í mar dá gcuirfí isteach i seomra í san oíche agus dá dhúnfá na fuinneoga agus an glas a chur ar an ndoras bheadh sí imithe agus ní thiocfadh sí thar n-ais go dtí an oíche.

Pé scéal é, tháinig sí isteach oíche éigin agus bhí fear ó Chnocán na Chaoithígh istigh darb ainm Ciarán Ó Riagáin, agus bhí sé ag scoraíocht agus dúirt sé go raibh sé ag fáilt déanach agus go gcaithfeadh sé dul abhaile, mar go mbeadh am leabaidh ann san am go sroisfeadh sé an baile. Dúirt sí leis fanúint go fóill, mar go raibh dhá dhream síofraí amuigh go raibh aon dream amháin imithe agus go raibh an dream is measa ag teacht. Dúirt an fear léi "ná bí ag magadh anois, níl a leithéid ann in aon chor". Ansan chuaigh an fear suas go dtí an tine agus do thóg sé fód móna a bhí ar lasadh agus do chuir sé anuas ar ursal é. Ansan d'imigh sé amach an doras agus an fód móna ina láimh aige agus d'fhág sé slán ag muintir an tí.

Nuair a bhí sé ag dul ó thuaidh tré Gort Maoláin do bhuail sé cinn de luchta móra bána leis. D'imigh sé tharastu amach agus d'imigh sé abhaile go slán sábháltha agus ní fhaca sé go deo ina dhiaidh sin iad.

[RBÉ S 295: 146-147. Bailitheoir: Proinséas de Búrca, Trá Chiaráin. Faisnéiseoir: Seán Ó Riagáin (60), Cnocán an Choimhthígh, Cléire.]

Cloch Mhaoláin

20

I mbaile fearainn Coinlín tá páirc mhínligh shocair. Tá tuairim acra go leith talaimh ins an pháirc sin, agus i gcúinne thiar theas na páirce sin do bhí gallán ina sheasamh. Gort Mhaoláin is ainm don pháirc, agus Gallán Mhaoláin is ainm don ghallán. Deir siad go bhfuil cros gearrtha isteach sa ghallán, agus go bhfuil tobar timpeall na háite go dtugtar Tobar Mhaoláin air.

[RBÉ 609:272. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Oileán Cléire. (12/1/1939).]

An Chaológ

21

Caolfhód: *Na h-asail istigh leis an ndearg agus na h-asail amuigh ar an mbán agus tabhair aire dod ghnó nuair atá an caolfhód dá iompu agat. Ní treabhthaí go caolfhód cam. Níorbh mhaoite do dhinnéar ná do bheatha ort mar chománaí dá mba treabhthaí mallaithe a bhí ar an gcéacht.*

Tigh an Mháistir

28

Ba dheacair riamh múinteoirí oilte a mhealladh chun dul i mbun saothair ar oileán mara, agus ghaibh Tigh an Mháistir mar sin le post an phríomhoide anuas go dtí 1963.¹⁹⁷

COMALÁN (C)

Cumlán 'sea an ainm ceart. Tá an baile seo istigh i gCúm idir chnocaibh agus do tógadh an t-ainm Cumlán ón gcúm so idir na cnocaibh. Is é an Cumalán an baile is sia síos ins an oileán.

[RBÉ 609 : 215. Bailitheoir : Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire. Faisnéiseoir: Diarmuid Ó Drisceoil, Comalán, Cléire.]

Tharlódh gur ón gCúm nó laig atá ag rith ó Pholl a' Duirc go Cúl Phortáin agus an talamh ard ar gach taobh, do hainmníodh. An féidir gur "Cúm Oileán" nó fós "an cúm lán" atá i gceist ?

[DSD.]

Tá an baile fearainn roinnte i ndeich ngabháltas talaimh anois.¹⁹⁸ Seacht ngabháltas a deineadh de sa bhliain 1833 nó "Bliain na gCeathrúna", ach do fo-roinneadh trí ghabháltas díobh súd idir 1833 agus 1900. Go dtí an bhliain úd 1833, bhí formhór de thithe an bhaile ina gcladach amháin i lár an bhaile, ar leath-thaoibh casáin chaoil chnapaigh laithí, bíodh go raibh roinnt eile díobh scaipaithe amach óna chéile. DSD

Sa tseansaol, nuair a bhíodh báid ag iasach langaí fiche nó daichead éigin bliain ó shin, do bheidís amach ar fad sa bhfarraige, agus do chaithfidís comharthaí tailimh a bheith acu ar na bainceanna.¹⁹⁹ Ceann de na bainceanna ab fhearr a bhíodh acu, ba é an comhartha a bhíodh acu air ná log talmhan atá ar an dtaobh thiar den gComalán a bheith lán le h-uisce, agus is uaidh sin do tháinig an ainm 'Comalán'.

[RBÉ 52 : 256. Bailitheoir: Seán Standúin (1933). Faisnéiseoir : Conchúr Ó Riagáin (47), (Fear Tábhairne), Cumar, Cléire.]

Is iad Muintir Uí Drisceoil an sloinne is coitianta ar an mbaile seo. Tá an Ghaolainn go maith ag gach duine ar an mbaile seo agus is í a bhíonn mar ghnáth-theanga ins gach tigh ann.

[RBÉ S 295 :143-5. Bailitheoir : Máire Ní Drisceoil, Comalán Thuaidh, Inis Cléire. Faisnéiseoir : Ciarán Ó Drisceoil, Comalán Thuaidh, Inis Cléire.]

Sé Comalán an baile is sia soir i gCléire. Tá an Bealach mar theora ar an dtaobh thoir de, agus an Bhá Thuaidh, ar an dtaobh thuaidh de. Tá an Fharráige Mhór ar an dtaobh theas de agus Ceathrúna ar an dtaobh thiar de. Tá dhá thigh déag ar an mbaile seo, agus tithe slinne 'sea iad go léir, ach amháin dhá thigh bheaga, go bhfuil ceann tuí orthu. Tá an-chuid cabhalach tithe ar an mbaile seo. Do bhí trí h-uaire an méid daoine ina gcónaí ann caoga bliain ó shin, ná mar atá anois, acht an uair sin do bhíodh ceithre tithe ins cuid des na feirmeacha dá bhfuil ann acht aon tigh amháin anois. D'fhág an-chuid daoine an baile seo i ndiaidh an Ghortaigh agus d'imíodar leo go Americeá. Do bhí cuid des na tithe gur fhág an t-athair agus an mháthair agus na leanaí agus d'fhágadar an tigh ansan ag duine éigin eile.

Do bhí loch ar an dtaobh theas den bhaile fadó, go nglaoidís Loch a' Chomaláin air. Do leag na daoine an t-uisce as an Loch san ó shin. Is timpeall an locha sin a bhí tithe an bhaile go léir fadó. Do bhíodar ag dul soir is siar in aice an locha. Is é an fáth gur tugadh Comalán mar ainm ar an mbaile; "Cúm" is ea áit íseal idir dhá chnoc, agus 'sé an "lán" atá i gceist, ná lán de thithe. Tá san amhlaidh mar tá Carraigín an Fhiolair, ar an dtaobh theas de agus Carraig a' Chomaláin ar an dtaobh thuaidh de.

Go dtí le daichead bliain féin,²⁰⁰ is go Comalán a thagadh an post isteach. Bád sé mhaide a bhíodh ag dul amach ó Chuas a' Dubhglas, ceithre uaire sa tseachtain agus mór-sheisear fear inti. Sin, fear dhá stiúradh agus seisear fear ag iomramh.

[RBÉ S 295:143-5. Bailitheoir: Máire Ní Drisceoil, Comalán Thuaidh, Inis Cléire. Faisnéiseoir: Ciarán Ó Drisceoil, Comalán Thuaidh, Cléire.]

Tá radharc breá ó bhád ar Chléire agus ar an áit ar a dtugtar an Comalán. Tá sé soiléir anois go bhfuil 'Cúm' ag teacht amach idir Cnoc Pholl an Duirc agus Futhar Rinn na hÓgh agus mar a deir siad tharlódh gur ón gcom san a tháinig an ainm ar an mball san, 'An Comalán'.

Nuair a cailleadh ar na Gaeil ag Cionn tSáile do tháinig Ceairiú aníos. Tháinig sé i dtír in Inis Earcáin. Tháinig sé trasna go Trá Chrú ansin. D'fhéach sé trasna na bá anseo ar Chaisleán Dhún an Óir féachaint conas a b'fhearr a thiocfadh sé ar é a leagadh. Ní dóigh liom go dtáinig sé riamh i dtír i gCléire. DSD

Cnoc Phoill an Duirc

1

Is ó "tuirc" nó "torc", sé sin muc alta, a thagann "duirc" an ainm seo. Cnoc go barr na faille atá ann.

[DSD.]

Tá radharc bréa ann óna bharra. DSD

Cuaisín an Toirc

2

Tá sé ráite gur anseo a mharaigh Diarmuid Ó Duibhne an torc nuair a bhí sé ar a theiceadh ó Fhionn mac Cumhaill. DSD

Do tháinig easpag go Cléire fad ó shin go Cuaisín an Toirc agus do chuir an bád an t-easpag amach arís an oíche chéanna. Tháinig an bád abhaile an oíche sin mar ba ghnáth do agus do fuaireadh i dTrá Chiaráin í. D'éirigh stoirm san oíche agus do smut sí na téada agus do scuabadh amach í ar an dtráigh agus do stiúir sí í féin ar Chuaisín an Toirc trí chorp an ghála.

Do bhí na daoine gur leo í á lorg an lá ina dhiaidh sin agus ní bhfuairadar í. Do chualadar cúpla lá nó trí ina dhiaidh sin go raibh sí i gCuaisín an Toirc saor sabháltha mar a chuireadar an t-easpag ar dtír an lá roimis sin. Do deineadh ionadh dhi ansan conas a tugadh sábháltha í mar ní raibh éinne beo inti. Do dhein duine éigin amhrán ansan agus seo mar a dúirt sí:

*Do bhí na Fuaráin ag búithrigh agus na suantaí le chéile
Do bhí an t-easpag ag stiúradh fan an siúl ó Oileán Éinne
Ní do chláiríní raice ná do chipín Bhrian Délac
a dhearnas an bád úd den Cháitín ó Chléire,
Ach an chuid rith don Domhnaigh do fhás sa Ghleann Garbh.
A dearnas an bád úd don Cháitín ó Chléire.*

[RBÉ S 295:50-51. "Scéal". Bailitheoir: Cáit Ní Drisceoil, Comalán, Inis Cléire. Faisnéiseoir: Ciarán Ó Drisceoil (33 bl.), Comalán, Inis Cléire.]

Poll an Duirc

3

An torc a mharaigh Diarmaid Ó Duibhne, is ann a chónaigh. ED

Tá poll dhá chéad troigh ann agus é leath acra ar leithead. Deirtear gur bhuail lasair an talamh agus gur deineadh an poll. DSD

Deirtear nuair a bhí Diarmuid is Gráinne ag rith ó Fhionn fadó go dtánadar isteach go Cléire, is gur thánadar ar dtír ar an dtaobh thoir theas den Oileán. Bhí cnoc mór os a gcomhair amach agus bhí carraig ar a bharr agus thagadh fiolar nach aon seachtú bliain ann is do bhéaradh sé ubh ann agus ar ámhraí an tsaoil bhí sé ann an lá seo. Nuair a chonaic Diarmuid é, rith sé suas go barr an chnoic chun é a mharú ach nuair a shrois sé an barr bhí sé buailte amach agus chaith sé suí síos. Chonaic sé an ubh ina luí ar an gcarraig cúpla slat uaidh, is thóg sé é chun é a ithe, ach nuair a chonaic an fiolar é sin, tháinig sé thar nais is bhí sé a d'iarraigh é ghobadh. Níor dhein Diarmuid dath ach sheas sé suas is chaith sé claíomh airgid a bhí aige leis, ach más ea níor bhuail sé an fiolar. Is bhí sé níos measa ná riamh mar bhí a chlaíomh caillte aige is ní raibh aon sásamh aige le fáil. Fé dheireadh chaith sé

dorc breá óir a bhí aige leis is bhuail sé an fíolar is mhairbh sé é. Thit an dorc ar an talamh in aice an uisce is dhein sé poll mór ann is tugtar mar ainm ar an bpoll sin riamh ó shin - Poll Duirc.

[RBÉ S 295 : 57. Bailitheoir: Seosamh Ó Drisceoil, Cnocán na mBáirneach, Cléire.]

Tá sé os cionn céad bliain ó shin ó bhí oíche stoirme ann agus tá sé ráite nar tháinig a leithéid de oíche stoirme ó shin. An oíche chéanna do thit caor ar chnoc i dtaobh theas an oileáin agus do dhein sé cúpla céad troigh ar doimhneas de pholl mór farsing agus d'iompaigh sé amach fén dtalamh i dtreo na farraige agus is é ainm atá fáltha ag an áit sin riamh ó shin ná Poll Duirc agus Droichead Phoill an dTuirc.

[RBÉ S 295 : 127. Bailitheoir : Seosamh Ó Nualláin. Faisnéiseoir: Conchúr Ó Síocháin (72), Cnocán na mBáirneach, Oileán Cléire.]

Droichead Phoill an Duirc

4

Do bhí rí theas ansan i bPoll Duirc, Rí Tuirc, Rí Chlanna Gael, agus tá poll agus droichead fós ann agus is dócha go mbeidh an poll agus an droichead ann go deo.

Níor leag aon aimsir ná gála falla an droichid. Sé an fáth nárbh fhéidir an droichead a leagadh mar bhí sé beannaithe.

[BCC (1965). Faisnéiseoir : Cáit Ní Cheadagáin, Comalán, Cléire.]

Mig Pholl Duirc

6

Ar na meánna a thaithigh iascairí Chléire, bhí Mig Pholl Duirc, Mig Fhail Ní Chathail, Mig Dhún Uí Chobhthaigh. DSD

An Mhig:

Chomh fada siar agus is féidir dul i stair iascaigh an oileáin seo, agus go deimhin tá iascairí riamh ó shin ann, agus do réir na tuairiscí a síneamh anuas chugainn ó ár sinsear, dúradar gurb í an mhig an talamh iascaigh a bhí ag na sean-daoiní mar ní raibh aon fhios ag na sean-iascairí ná raibh na bainceanna móra spiléireacht amuigh ins a' bhfarraige dhoimhin agus do réir tuairisc, rud ná bhfuil ró aosta ar fad 'sea an siléir ins an oileán so, má tá sé céad bliain agus breis, b'fhéidir gurb é a dhícheall é. Deirtear gurb é an uair a fuair iascairí Chléire an siléar, díreach an uair a fuadar amach na bainceanna móra. Tá sé ráite gurb iad iascairí Cinn tSáile a thaispeáin d'iascairí an Oileáin seo na mairceanna tailimh a bhí ar na bainceanna móra so agus tá ráfla i measc na n-iascairí anso gurb iad na Spáinnigh a thaispeáin do mhuintir Cinn-tSáile iad.

Ní hé ná go raibh iascach draeithe dá dhéanamh ag ár sean iascairí, do bhí, ach an dara-lámhthe a bhíodh acu.

Talamh bog 'sea leabaidh nó íochtar na meadha mar dá mbeadh íochtar acharnach aice, do bheadh dubháin agus luadhacha na n-daraeithe lámha á gcailiúnt

ins an achrann so. Tá na meadhanna so scaipithe le hais an chósta go léir. Tá deifir idir an sórd tailimh íochtair atá ag an meigh agus atá ag an mbanc mór spiléireacht amuigh sa bhfarraige doimhin. Ach tá an t-uisce (an fharraige) níos doimhne ar na bainceanna ná mar atá ar na meánna, mar dá fhaid amach cuin farraige raghair, sin mar is doimhne atá an t-uisce.

[RBÉ 742: 322-324. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire. (1/7/40).]

Garraí Chac na Seagaí

8

An Seaga: Tugann an seaga lóghach tirm leis agus bruscar eile agus tógann nó deineann sé a nead fé shlabhaic carraige i mball ard ná tiocfaidh éinne air gan dua. Theip riamh orm fein agus ar dhaoine nach mé ceann acu do shroichint bhí na failleacha chomh contúrach san. Bíonn an nead acu i gcónaí in áit go bhféadfaidh na seagaí óga iad féin do chaitheamh díreach síos san uisce nuair atáid ullamh chun imeacht leo.

[DSD. IT 6/8/1980.]

Carraigín an Fhiolair

9

Deirtear gur minic a stad fiolar ar an gcarraig seo atá ag barr na faille. Tá saghas "Cathaoir Ríoga" ar an gcarraig agus is ann a bhíodh cruinniú ag na seandaoine fadó gach Lá Féile Stiofáin chun mór-cheisteanna a phlé. DSD

Sé an fáth gur tugadh an ainm sin air, toisc go dtagadh fiolar ansin gach bliain fadó shin. Do théadh an fiolar go Carraig Aonair gach lá. Aon lá amháin nuair a bhí sé ag teacht thar n-ais do chuaigh cat sa phíobán ann. Do fuair eadh iad araon báite in Inbhear Bheag. Deirtear gurb é sin an fiolar deireannach a bhí in Éirinn ó shin.

[RBÉ S 295 : 151. Bailitheoir : Ciarán Ó Drisceoil (55), Comalán, Cléire.]

Tá cnapóg mhór de charraig in airde ar chliathán cnoic i dtaobh thoir an oileáin. Carraigín an Fhiolair an ainm atá ar an gcarraig seo. Cnoc Phoill Duirc an ainm atá ar an gcnoc go bhfuil an charraig ann. Ins an tseansaol dúrthas go mbíodh fiolar ag stad ar an gcarraig. Is é áit go mbíodh nead ag an bhfiolar sin ná thiar i gCarraig Aonach. Ins an aimsir sin, ní raibh aon tsolas ar Charraig Aonach, agus nuair a bhí na gearraigh leagaithe amach ag an bhfiolar, do théadh sí amach gach lá ag cuardach bhídh dhóibh. Is minic a thug sí chun siúil na h-uain óga as an oileán siar go Carraig Aonach ag triall ar a cuid gearrcach. Ach lá de na laetheantaibh dá raibh an fiolar ag dul thar n-ais sa charraig folamh gan aon ghreim bídh chun na ngearrcach, ar a gabháil siar de dhroim an oileáin, do sciob sí cat léi ina crúcaí. Más ea, ní raibh i bhfad nuair a eirigh an cat chuichi, agus ba ghearr go ndeaghaidh an cat sa scórnaigh aice. Do bhíodar araon ag tabhairt dá chéile chun gur thiteadar anuas ins[a'] bhfarraige leath slí idir Chléire agus Carraig Aonach.

Agus do báthadh an fiolar agus an cat, mar fuair bád ó Chléire, a bhí ag teacht ó Charraig Aonach ó bheith ag iascach, an fiolar agus an cat báite ar bharr na farraige, agus is amhlaidh a bhí an cat in achrann ins an scórnaigh ag an bhfiolar.
[RBÉ 609 : 273-4. Bailitheoir : Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire, (12/1/1939). Cf. Sean Iarsmaí, CFC 86.]

An Chathaoir Ríoga

9

Tá Cnoc Pholl an Duirc ann le radharc bhreá óna bharr. Tá Carraig an Fhiolair ann. Tá stuaic tógtha ann, agus tá 'Cathaoir Ríoga' na sean-nDrisceolach ann. Cathaoir chloiche í, cnoc ina sheasamh nó carraig nádúrtha ina sheasamh ar an bhfaobhar agus suíochán taobh leis. Is ann a shuíodh na seandaoine, nuair a bhíodh seandaoine i gCléire. Do shuídís ann gach Domhnach ag scoraíocht, ag cur is ag caint agus ag cur tré chéile ar chúrsaí na farraige agus cúrsaí na seanaimsire.²⁰¹ Tá radharc álainn uaidh. DSD

Tá stuaic tógtha ann agus tá "Cathaoir Ríoga" na sean nDrisceolach ann. 'Cathaoir' chloiche, cnoc ina seasamh nó carraig nádúrtha ina sheasamh ar an bhfaobhar agus suíochán taobh leis. Is ann a shuíodh na seandaoine, nuair a bhíodh seandaoine i gCléire. Do shuídís ann gach Domhnach ag scoraíocht, ag cur is ag caint agus ag cur tré chéile ar chúrsaí na farraige agus cúrsaí na sean-aimsire. Tá radharc álainn uaidh. DSD

An Bhoilgín

11

Carraig í seo a mbíonn farraige an-ard á bualadh agus go dtagann fothrom cosúil le geoin boilge na ceártan uaithi. Tugtar Boilgín an Quarter air chomh maith. DSD

Carraig Mharcais

13

Bhí cearta lóigh a bhaint ag Marcus Ó Gláimhín anso. PC

Pointe an Chuais Leithin

14

Tomhaistear Cléire ón bpointe seo go Pointe Ard an tSrutha. DSD

Poll na gCainimhe

18

Bhíodh Cánóga le feiscint ann. DSD

Poll Mháire Tóibín

19

Máire Tóibín: Ní dóigh liom gur iompaigh éinne de dhúchasacht Chléire leis an greideamh nua, ach tá sé cinnte go dtéadh cuid éigin díobh ag seirbhís ar ghrá

ladhar mine buí nó taoscán praisce do fháil, ach chomh luath riamh agus a gheal an saol arís thugadar droim láimhe dó.

Chonac i leabhar an pharóiste faoistin Mháire Tóibín a dhein sí nuair a chas sí arís ar a tréad féin tar éis dul ar fán uaidh tamall beag le linn gátair. Arís ní fheadar má ba dhúchasach den oileán í nuair a chím a sloinne. Is dealrathach le sloinne Déiseach é agus is deimhin gur tugadh báillí agus chimeádaithe stoic báillíochta ó na Déisibh go Cléire uair éigin i ndeireadh na seachtú aoise déag nó i dtosach na hochtú aoise déag. Tugadh Faolánaigh agus Wadeanna agus is dóch Tóibínigh leo. Ní raibh aon éileamh fóghanta orthu súd i measc na gCléireach. [DSD, IT.10/10/79.]

Bhí scoil scairte tráth mar a bhfuil Poll Mháire Tóibín. DSD

Thréigh Máire an creideamh le linn gátair 'ach d'aisiompaign sí arís nuair a gheal an saol'.

[Cf. ADSD 35.]

Do tháinig bád beag isteach sa Chuas Leathan lá timpeall céad bliain ó shin go raibh fear agus bean inti. Do chuir sé an bhean ar dtír ann agus d'fhág sé sa chuas í agus d'imigh sé féin, chun farraige arís. Bean mhór rua dob ea í agus d'fhan sí sé nó seacht seachtaine san oileán. Do bhí iascaireacht ar siúl san oileán an aimsir sin agus do bhíodh na fir go léir ag iascach is dá bhrí sin ní bhíodh sa bhaile ins na ite ach na mná. Nuair a bhíodh an bia beirithe ag's na mná do thagadh sí (Máire Tóibín) isteach chuchu agus do bhaineadh sí an bia díobh agus d'íosfadh sí oiread le seisear. Do bhí sí dhá dhéanamh san ar feadh sé seachtaine go dtí aon lá amháin tháinig fear abhaile ó bheith ag iascach agus ocras maith air ach conus mar a bhí a mháthair marbh nach mór ag Máire Tóibín agus a raibh de bhia sa tigh ite aice agus í sínte ar chóra mhór ag sranntainigh. Nuair a chonaic an iascaire é sin, do fuair sé maide draighin agus do dhún sé an dá dhoras agus ní miste dhom a rá nó gur thrithigh sé an cliatháin go maith di. D'imigh sí an doras amach agus thug sí a h-aghaidh ar an gCuas Leathan agus níor tháinig sí in aon tigh eile as san amach. Is é an áit chodladhta a bhíodh aice ná poll atá idir dhá charraig sa Chuas Leathan go dtugtar Poll Mháire Tóibín air agus tá an t-ainm ar an bpoll go dtí an lá inniu. Tráthnóna breá mín geal do tháinig an bád beag céanna agus an fear do chuir ar dtír í agus do thóg sí an bóthar céanna amach í is ní fios an ón bhfarraige nó ón ndúthaigh amuigh do thánadar ach pé ní é ní fheacathas i gCléire ó shin í agus ní raibh aon chathú orthu ina diaidh.

[RBÉ S 295 : 48-9. Bailitheoir : Cáit Ní Drisceoil, Comalán, Cléire. Faisnéiseoir : Nóra Bean Uí Dhrisceoil (40), Comalán, Inis Cléire.]

Bearna na Scrithin

20

[Cf. An Pointe C 122.]

Garraí na Róinte

21

Tá garraí píosa soir ón dtigh anso againn- ní linn an garraí ach is cuma san - agus is Garraí na Róinte a ainm. Is minic a chuireas an cheist orm féin agus ar dhaoine a bheadh céad agus daichead bliain anois conas gur 'Garraí na Róinte' é. Cad ina thaobh nár 'Garraí na Rón' é, ach níorbh é agus do dheinidís magadh fút a leithéid de cheist a chur.

Cloisim 'coileán' agus 'gamhain' agus 'lao' á ghlaoch ar an rón óg. Is 'piscín róin' an focal a bhí ag na seandaoine anso air. Ba mhó an rón i ndealramh agus i n-iompar le cat ná le aon bheithíoch eile, agus a rian air.

Creideadh nár lean aon ábhar riamh an té do mhairbh rón de thoisc. Na seandaoine go léir dár chuimhín liom do choisfidís ort an rón do mharú. Ba leathdhuine an mhurúch agus creideadh go láidir gurb é an rón deartháir na murúch. Féach nár chuir gnéas isteach olc ná maith ar an scéal sa chaint. Ba dhóigh leat orthu go raibh gach rón fireann agus gach murúch baineann. Rud do bhí de réir na cainte.

[Cf. An Rón, ADSD 131-32.]

D'ítí an rón leis ar an mBlascaod ach ní ití i gCléire é.²⁰² Níor lean aon ámhar an té a mharbhódh rón, nó sin é a chreid na daoine.

[ADSD 134-35.]

Tháinig rón ar tír uair amháin agus mhair ansin ar feadh tamaill.

[BCC. Faisnéiseoir : Seán P. Ó Drisceoil, Comalán, Cléire (1965).]

Garraí na nGearb

25

Bhíodh seithe gearbach ar phrátaí a d'fhástaí ann. DSD

An Futhar

27

Do bhí tigh theas sa bhFuthar go nglaothaí Tigh Bhes Ní Chiaramháin air. Tá píosa den tigh ann i gcónaí agus tá aiteann agus raithineach ag fás aníos ann. Tá béilic os a chionn agus tá eidhneáin ag fás air agus dá suífeá air lá breá samhraidh, do chloisfeá clocha ag titim as an eidhneáin anuas agus ní bheadh ceann agatsa le feiscint. Dá mbeifeá id sheasamh san áit go raibh an tigh ann do chíféá deatach ag eirí as an dtalamh.

Do bhí tobar breá in aice an tí agus bóthar ag dul síos go farraige agus bhí abha níocháin thíos in aice na farraige. Bhí tobar eile lastuas den tigh agus níor éirigh sé sin tirim riamh.

[BCC ; Faisnéiseoir : Cáit Ní Chéadagáin, Comalán, Oileán Cléire, (1965).]

Futhar Rinn na hÓgh

28

Tá áit againn ar a dtugtaí Futhar Rinn na hÓgha. Ní luaitear a ainm a thuilleadh ná níl a fhios ag an té gur leis é ná éinne ar an mbaile gurb shin é seanainm na háite. Níl d'ainm air anois ach An Cnoc. Bíodh nach cnoc ar aon chor é. Luaitear Cnoc nó Cnoicín an tSeabhaic ar áit eile leis againn agus is minic a chualag Futhar an Chaisleáin mar ainm ar an áit céanna. Cé acu den dá ainm is ársa atá? Níl a fhios ag éinne anois mar ná bhfuil siad i mbéal duine beo chomh fada a chloisim daoine ag caint.

[ADSD 146.]

Goirtín na Mheathlaigh

29

Goirtín nár Mheathlaigh a bhíodh san ainm agus bhí sé ráite nár theip nó nár mheathlaigh na prátaí sa ghort seo sa bhliain 1847 Bliain an Mheathlaithe. SCD

The China Wall

31

Bhí aighneas talún idir na comharsain ansin tráth. Tugadh an China Wall ar an gcláí teorainn idir an dá ghabháltas. DSD

An Stuaic, An Monument

32

Nuair a fhéachaim siar thar leathchéad bliain agus mórán nó an chuid is mó de mo lucht chomhnaois ar shlí na bhfíreán, fiafraím díom féin cad do thug orainn nó cad do ghríos sinn inár n-óige túranna cloch a thógaint ar chuid de na láithreacha úd. Túranna ar ná raibh mórán de rian láimhe an tsaoir. Cách ag iompar a ghalláin féin ar a dhroim agus á leagaint de réir mar a thug sé é chun láthair. Ní buachaillí amháin a dhearnaigh san. Dhearnaigh na cailíní óga agus mná ná raibh chomh h-óg san a gcion den obair. Ná an diabhal baol go raibh aon tinneas droma ná rimití ag gabháil dúinn. Ní mhairfeadh an tinneas agus ár ndíogras ar aon bhaile an t-am úd.

Pé acu san ó Dhún na Séad, ón Scoil nó ó Chorcaigh a bheidh do thriall ar an oileán i mbád, tá túr díobh súd ar Charraig an Fhiolair ná féadfair gan é a thabhairt faoi ndeara agus i saol an lae inniu tá cuairteoirí agus daoine nach iad ag síorlorg cuntais air mar go gceapaid siad go bhfuil stair ársa éigin nó suntasacht neamhghnách ag baint leis. Éachtach go leor, ní féidir le h-éinne a saolaíodh idir an dá linn a scéal a insint, ná éinne a bhí scothaosta ag an am agus a bheadh i ngar dá chéad anois, bheadh sé agus tá sé chomh dall céanna air. Conas eile do bheadh, mar gur le h-aos déaga na linne ar fad do bhain a mbunú agus a gcur i gcló a chéile. Gan fhios dóibh féin agus gan fhios dá mhuintir bhí an chaidhp acu á chur air stair na mílte bliain.

An Stacán

32

[Cf. Baigdeaid C 268.]

Garraí na mBéiliceach

33

[C]ad d'imigh ar na daoine nó cad do chaoch chomh mór san iad ná fuil fios dá laghad ag ár gclainn ar ainmneacha na mbéilic úd go léir atá chomh fairseang san ar shleasaibh ár gcnoc.

An mó duine im thimpeall inniu nach bhfuil a fhios aige cá bhfuil Béilic an Chómhra ná Béilic an Chláir ná Béilic na Leacan mar a gheibhtí na caoirigh a goidtí marbh agus na buachaillí geala ina súilibh. Ní fheadar má tá a fhios ag éinne anois cá bhfuil Garraí na mBéiliceach.

Níl áit níos oiriúnaí chun dul ar deighilt ón bpobal agus macnamh do dhéanamh ar ár meath ná faoi bhéilic de na béiliceachaibh atá go raidhsiúil inár dtimpeall. Ar chuma éigin bíonn radharc breá uathu i gcónaí agus is dócha gurb é an fáth go dtaitníd siad le gabharaibh. Cá bhfuil an gabhar nach maith leis bheith os cionn a chroí? Ina leithéid d'áit tá an talamh go léir ar d'aghaidh amach agus ainmneacha na mball mbeag á gcraoladh ag an uile bhéilic.

[ADSD 57.]

Cnocán Rua

35

*Maidean fhuar ghlas ag dul ó thuaidh dom,
trí Chnocán Ruadh 's mé im aonar,
'Seadh fuaireas scéala go rabhadar mór-chuid
D'ár bhfearaibh cródha traochta.*

*Gur cuireadh fógra trí chríochaibh fódla,
Ghá rádh gur bheag leo méirligh,
'S go mbeadh gan stró 'ca, nó dul fén bhfód ghlas,
An tír 'na dhual dóibh - Éire.*

*Go raibh crú na dtréan-fhear 'na gaisibh fuara
Fé bhonn a mbróg ag méirligh.
Mo bhrón thu, a fhódla! Do chroidhe dá scólladh
'S do chlann dá gcur i ngéibheann!*

*Cúig chéad fé dhó is céad 'na chómhangar,
'S dá chéad fó cheathair mar aon leis,
Do chur le dó fá ocht 's is leór san -
Tráth fuaireas féin na scéil úd.*

[Donnchadh Ua Drisceóil, Oileán Cléire, do cheap. Scéala fuaireas, An Lóchrann, Samhain, 1930.]

An Bheifítí

38

Beifítí: *Ar a dó dhéag a chlog ghlaodh an fear faire ar an muintir a bhí ina gcodladh agus deireadh sé gur mhithid dul ag tarraingt. Thagaimís amach agus théimís go léir ar deic. Théadh ceathrar i bhfeighil na líonta, is é sin, beirt á dtarraingt isteach sa bhád agus beirt eile á stuáil sa tseomra. Chaitheadh an ceathrar san culaith éadaigh a chur orthu féin ná leogfadh aon bhraon uisce isteach: bhíodar san déanta de bhaifítí íleálta, agus bhíodh culaith den tsórt san ag gach fear nuair a bhíodh gá aige leis.*

[SC 37.]

Mar seo nó mar siúd do dheinidís cuilteanna priobánta ar fhrámaí adhmaid. Bhíodh snáthaidí acu don obair úd ná bíodh ar fad chomh ramhar ná chomh láidir le snáthad ramhar ach dá mbeireadh orthu ní raghadh snáthad seoil amú orthu. Do dheinidís san, agus léinteacha agus fo-éadaí bréide dá gcuid fear agus dá gclainn, agus ba ghearr an mhoill orthu éadaí báistí do dhéanamh le beaifítí buí, idir bhríste, chóta agus léine. Dála san ní tugtaí éadaí báistí orthu san ar aon chor ach oilcleátaí. Is ón iasacht a thánadar inár saol agus thugadar a n-ainm leo ag teacht. Is iad ár gcuid ban a bhí ábalta an ola mine rois do bheiriú agus céir bheach do leachadh tríthi le cur ar na h-éadaí úd chun tuile ón aer agus fliuchán ón bhfarraige do chosc ar a gcuid fear.

[ADSD 24.]

An Bán

39

[Cf. An Pointe C 122.]

Garraí Chonchúir Bhig

43

Fear mór scéalaíochta a raibh tigh aige san áit seo ba ea Chonchúir.

[BCC.]

Garraí Chon Uí Chéadagáin

48

Deartháir le Con Ó Céadagáin ba ea Carey. Chum John K. Cotter, an Gleann, Cléire dán ar ocaíd bhás Carey Uí Chéadagáin nuair a chuaigh a bhád go tóin poill le

linn stoirme ar chósta na hAlban. Bhí Carey i dteannta John K. ag breith gunnaí i dtír ón Asgard i mBrí Chualainn sa bhliain 1914. ²⁰³

A Cape Clear Sailor

*He was a Cape Clear fisherman, a seaman bold and brave,
That travelled all the oceans, while war ruled the wave,
He often was torpedoed and tossed about the main,
But when he got repaired ashore he went to sea again.*

*I knew him in the olden days when we were young and free,
And fishing in the Gabriel upon the Irish Sea,
On the pier off Howth that Sunday, when the Yacht came in the bay,
He nobly helped to land the guns on that historic day.*

*'Tis sad to say he met his doom far from his island home,
His body now is numbered with those beneath the foam,
When on a stormy winters night when rolling breakers roar,
His ship went down in the Orkney Sound on Scotland's northern shore.*

Tobairín Shéamaisín

49

Bhí tarrach an bhaile ar an dtobar seo mar a deintí éadaí a ní tráth. DC

Garraí Shéain Uí Cheadagáin

50

Aon pháirc amháin le tigh ann a bhí ag fear d'ar b'ainm dó Seán Ó Cheadagáin. [BCC.]

Garraí Léan Nic Giolla

60

Bhí bean ag maireachtaint ansin go dtugaidís Léan Nic Giolla uirthi. Is dóigh liom gur Drisceolach í. Drisceolaigh ba ea na Giollaí. DC

B'é an Giolla Dubh, Drisceolach a stiúraigh na Spáinnigh go Cionn tSaile i 1601. Ba le hEibhlín, sé sin Léan Ní Drisceoil a raibh gaol aici leis na Giollaí an garraí seo. DSD

Garraí na Cuaiche

61

An Chuach: Is ar stocán cloiche nó ar bharrá béilice a chloisinnse an chuach agus is ann do chinn í. Ní raibh sí riamh gan an gobadán lena cois. Ní fheadar an raibh aon ainm faoi leith riamh ar an gcuaich fhireann nó an bhfuil aon chuach fhireann ar aon chor ann. Má tá cad iad na tréithe nó na maiseacháin atá air a chuirfeadh in aithne dúinn é. B'fhéidir gurb í an chuach fhireann a dheineann an

chuachaireacht dála an choiligh ag gaoch; agus an chuach ar a dtigeann an diuc gurb í a bhíonn baineann.

[Teachtaire an tSamhraidh. ADSD 110-111.]

Páirc an Choinligh

67

Chuirte cruithneacht, coirce nó eorna ann. Tar éis a mbaint coinleach a bhí fágtha. DC

Páirc an Chapail

69

Ní raibh sé curtha ó Bhliain an Mheathlaithe. DC

Tobar an Bhirínigh

72

Tá tobar fíoruisce ann a bhfuil blas na meala ar an uisce uaidh toisc go mbíonn na beacha ag déanamh neadacha agus ag cnósach meala in aice leis.

[BCC. Faisnéiseoir : Donncha Ó Céadagáin, Comalán, Cléire, (1965).]

Capall Bán

73

Carraig mhór sa chnoc atá sa Chapall Bán. SCD

Garraí Donncha Dearg

74

Fear ceann rua ba ea Donncha agus bhí tigh beag aige anseo. DC

Garraí na Spideog

76

Bhí garraí thiar i Loch an Fhionnáin Bhuí go nglaoon siad Garraí na Spideog air. Seo é an fáth go nglaoon siad an ainm sin air. Do bhí bean ann go raibh cúig cinn de chaoraigh aici. Do bhíodh sí ag díol bainne agus do chuireadh sí uisce tríd an bhainne agus ansan dhíoladh sí é. Na seirbhísigh do bhí ag obair di ní thabharfadh sí lán phá dóibh in aonchor. Do fuair sí bás agus tamall ina dhiaidh sin do bhí a fear ag baint prátaí agus do tháinig spideoigín go barra na rámhaine nuair a bhí sé ag baint, ag piocadh piast. Do tharraing sé an rámhan uirthi chun í a bhualadh agus dúirt sí leis "Ná buail mé mar is mise do bhean" Dúirt sé leí "Cad a chaolaigh do chosa ? ". "Bainne na gcúig caorach do chaolaigh mo chosa, allas lucht a' tsaothair agus gan a bheith fíoráltha do bhochtaibh", ar sise. Dúirt sé ansan leí "An bhfeice mé go deo arís tú a éin dílis na páirce ? ". "Cífidh tú arís mé agus chífir gach lá mé ar nós sí ghaoithe do bhíonn ar na bánta.

[BCC ; Faisnéiseoir : Cáit Ní Chéadagáin, Comalán, Oileán Cléire, (1965).]

Bhí fear ag baint prátaí lá agus do tháinig spideog ar an ngort chuige agus do labhair sí leis. D'aithin an fear ón chaint gurb í a bhean í a fuair bás an bhliain roimhe sin, agus d'iarr sé di cad a chaolaigh a cosa, ach dúirt sise mar leanas:

"Alas! lucht an t-saothair agus gan a bheith fábharach dos na bochtaibh, agus bainne na gcúig gcaroach is é, do chaolaigh mo chosa".

[RBÉ S 295:10. "Bean ón mbás" (sceál); Bailitheoir: Máire Ní Drisceoil, (cailín scoile), Comalán, Cléire; fuair sí sa bhaile é.]

Páirc an Fhionnáin Bhuí 77

Saghas fás a fhásann ar thalamh portaigh 'sea Fionnán Buí. DSD

Tobar Pháirc an Fhionnáin Bhuí 78

Tá blas na meala ó uisce an tobair. DC

Loch an Chomaláin 80

Sa tsean-aimsir bhí loch ann ar a dtugtaí Loch an Chomaláin air. Bhíodh báid ag iomair ann nuair a bhí an loch i bhfad níos mó. Tá sruthán ann a cuireadh fé talamh agus tá curadóireacht á dhéanamh os a chionn le fada.

[BCC.]

Loch an Fhionnáin Bhuí 80

[Cf. Garraí na Spideog C 76.]

Dreapa an Phúca 81

Bhí fear lá ag dul ag iascaireacht slaithe go Poll an Duirc. Nuair a bhí sé ag dul i ndroim an dreapa chonaic sé púca. Rith sé abhaile agus d'fhiafraigh a mhuintir de conas a tharla gur tháinig sé abhaile chomh grod. Dúirt mo dhuine go bhfaca sé púca agus b'shin mar a fuair an dreapa sin a ainm.

[BCC. Faisnéiseoir: Seán P. Ó Drisceoil, Comalán, Cléire.]

An Púca: *Ní dhúnfadh na seandaoine seanchosán ar aon ocáid ná ní bhrisfidís seandreapa ar eagla bac do chur ar na mairbh. Creideadh go bhfuil ar na mairbh cuairt do thabhairt ar gach áit dar ghabhadar riamh ar an saol so agus gur mar sin a bhídis ag díol a mbreithiúnachas aithrí. Fós ní thógfaí tigh trasna ar sheanchosán mar ní leogfadh na síofraí nó na daoine marbha do éinne cónaí ina leithéid de thigh. Chonac ar a laghad dhá thigh dá leithéidí agus bhí ar na daoine iad do fhágaint ó na síofraí. Thit na tithe as a chéile tar éis tamaill. Ní h-eol dom a leithéid do tharlú ar an oileán so.*

Bhí sé coiscithe leis síneadh trasna cosáin ar eagla na mairbh do chur amú ar an gcosán. Bhí baol ann go séidfídis saighead mhillte leat.

Chonac seandreapa á dúnadh agus mé óg agus do chítí samhail ar an gcláí ann gach aon oíche agus bhíodh eagla ar mhnáibh agus ar leanaí gabháil thairis san oíche. Oíche amháin agus sinn ag teacht abhaile ó rince bhí an tsamhail ann mar ba

ghnáth ach chuamar chun amhrais ar a shíofracht. Theich an tsamhail nó an síofra agus do leanadh é trasna na páirceanna gur rugadh air. Ní raibh aon samhail ná síofra ar an gcláí úd a thuilleadh. Is síofraí saolta leath dár samhlaidí dá dtéimís faoi'n a ndéin.

[Cf. Cosán Contúirteach DSD IT 13/4/1983.]

Garraí Dhonncha Uí Chrónacháin

83

Bhí garraithe mar an garraí seo saothraithe thíos i measc na gcarraigeacha mara. Bhí gach aon bhall go raibh fód cré le fáil saothraithe roimh Bhliain an Mheathlaithe. 'Tá morán iomairí a cuireadh an uair sin nár cuireadh rámhainn ó shin iontu, agus atá sa chrot chéanna i gcónaí mar ní raibh aon ní iontu a bainfí'.²⁰⁴

Garraí Mór

84

An garraí go bhfuil Tigh Sheáin²⁰⁵ tógtha air sin é an Garraí Mór. Is dócha gur b'shin an garraí is mó a bhí ann san aimsir sin. Bhí an oiread sin daoine ar an oileán an uair sin, tá fhios agat go raibh gach aon bhlúire den oileán curtha síos go trá mhara. DC

Cabhlach Bhait

89

Tá sean-chabhlach tí ansin a raibh cónaí ar Bhait an Ghiolla ann fadó. DC

Mar a tháinís isteach an geata ar an taobh thoir den bhóthar do bhí tigh ansan. Tá píosa den bhfalla i gcónaí ann ag geata Sheáin Uí Dhrisceoil. Is ar an mblúire cabhlach ansan do ghlaoidís 'Batt a' Ghiolla' air. Duine des na Giollaí ba ea é. Ní chuimhin liomsa é ach ba chuimhin lem athair is lem mháthair é mar thugadh sé morán dá shaol thiar i dtigh Flor Drisceoil Leoil. Thug sé morán dá shaol ansan. N'fheadar an iad na Drisceolaigh céanna iad nó nach ea. DC

Idir an dá pháirc Fhada tá cliathán tí ansan i gcónaí. Tá sé mar chlaí anois ann. Is dócha go bhfuil sé céad blian ó tógadh é. MCD

Carraig an Chomaláin

92

Tá Carraig an Fhiolair againn agus Carraig an Chomaláin agus Carraig Liath. Go deimhin tá dhá Charraig Liath againn agus Carraig an Éisc agus le linn m'óige agus i bhfad ina dhiaidh chéad daoine ina stad iontu nó orthu, ní amháin Lá Fhéile Stiofáin ach aon lá Domhnaigh agus go minic san oíche leis.

Ní fheadar cad air a mbítí ag caint. Seanaimsireacht is mó, measaim, mar ná raibh puinn eile acu le labhairt thairis. B'fhéidir go mbíodh beagán caidreála ach ní bhíodh aon nuaíocht. Ní dóigh liom go dtuigfidís an focal sa chéill sin. ²⁰⁶

[ADSD 58.]

Gort an Mhoirtéil

97

Tá lios nó tigh fé thalamh ann. Ní théann aon duine síos ann mar bheadh eagla na síofraí orthu. DSD

Garraí Léan Gós

99

Gós: Agus ag tagairt don sloinne úd Gós, bhí sí forleathan in Iarthar Chorcaí agus go h-áirithe in Inis Earcáin. Ba cheardaithe iad go léir, saoir chloch agus táilliúirí. Is dóigh liom gur Gosnell nó Gosnil an Béarla a bhí acu ar a sloinne. Ba dhuine díobh a thóg an tigh in ar saolaíodh mé féin.

[Cf. Árthaí Follamha. DSD. IT 7/10/1981.]

Cabhlach Léan Gós

100

Is leis an mbior dearg a chuir an bacach an ruaig ar an dá iarlais a fágadh ag Léan Gós fadó. Níl sé ró-fhada ar fad ó leagadh cabhlach Léan Gós. Tá a tobar²⁰⁷ fós ann agus rian a bothóige. Bhí éileamh síofrach ar an áit go dtí le fíordheireanaí. DSD

Bhí bean ar an mbaile seo fadó agus bhí beirt leanbh aice agus bhídís ag gol is ag gráigealaigh i gcónaí agus ní shásódh an domhain go léir iad. Do bhí an bhean ana-bhocht agus ní bhíodh aon bhainne aici ach mar a théadh sí ó thigh go tigh ag lorg braoinín dóibh gach lá. San am san do bhíodh go leor baceaigh ag gabháil timpeall ar lorg a ndéirce. Thug Léan bheith istigh do dhuine des na baceaigh seo oíche. D'éirigh sí ar maidin agus chuaigh amach ag soláthar rud éigin i gcóir bricfeast na leanbh agus d'fhág sí an bacach ina chodladh ar an suíochán. Is amhlaidh mar a bhí ag an mbacach, bhíodh sé idir a chodladh is a dhúiseacht. Ní raibh na sála thar táirsigh ag Léan nuair a léim duine des na leanaí amach as an gcliabhán agus chuir a láimh fén ndíon ar bharr an fhalla agus tharraing anuas seana-dhúda chuige féin. Do dheargaigh sé bastún sa tine agus dhearg sé a phíopa leis. Nuair a bhí a dhóthain óltha aige do shín sé chun a dhriotháir é. Bhí an bacach á dtabhairt fé ndeara go géar agus chonaic sé nuair a airíodar coiscéim a máthair ar an dtáirsigh arís gur chuireadar an píopa i bhfolach fén ndíon mar a raibh sé sul ar fhág sí iad agus d'fháisceadar ar bhéicigh arís.

Pé ní a thug sí léi bhí sí chun é thabhairt le n-ithe nó le n-ól dóibh nuair a stop an bacach í agus dúirt sé léi ligint dóibh go fóill go mbeadh sé féin ullamh. Tharraing sé chuige boltha a bhí leis an cárta agus chuir a cheann sa tine agus d'fhág sé ann é go raibh sé dearg go maith. Ansan do thóg sé amach é agus bhí sé chun é sháthadh isteach i gcraos na leanbh nuair léim beirt shean-daoine amach as an gcliabhán agus amach an doras leo agus fágadh na leanaí cearta sa chliabhán.

[RBÉ S 295 :18. Bailitheoir : Cáit Ní Drisceoil, Comalán, Cléire. Faisnéiseoir : Míchéal C. Ó Drisceoil (56), Comalán, Inis Cléire.], Cf. Síofraí Léan Gós CFC 28-29.

Goirtín Dhiarmaid Óig

103

Ní fhéadfaí aon mhuc do ligint isteach ann mar do chuir sagart mallacht air agus ar an mhuintir gur leo é. Tá róidín beag taobh thíos de.

[BCC. Faisnéiseoir: Seán P. Ó Drisceoil, Comalán, Cléire.]

Deartháir le Tadhg an Ghiolla ba ea é is dóigh liom, an Diarmaid Óg an Ghiolla. Drisceolaigh ba ea iad. Tá seanchas ag baint le Diarmaid Óg agus a dheartháir Tadhg gur iarr an sagart a bhí i gCléire ar pé duine acu, araon, nó ar a n-athair is dócha, ar a mhuintir, ar aon chuma, garraí a thabhairt do chapall a chur ar féarach chuchu. Chuir sé mallacht orthu. Dúirt sé "Ní mhairfidh Tadhg ná Joe, ná mairfidh beirt le Diarmaid Óg agus is gairid ina dhiaidh agaibhse bhur gcuid uisce féin a ól". Sula bhfuair an bheirt sin bás, Tadhg agus Joe pé'r díobh féin, bhíodar ag ól a múin féin. DSD

Ceathrú Bheití

113

Bhí tigh agus ceathrú talaimh ag Best Ní Dhálaigh anseo.

[BCC.]

Cuas an Chapail

117

Is dóichí gur bádh capall nó gur caitheadh capall marbh isteach ann am éigin. DSD

Tón na gCaincíní

119

Tá trí nó a ceathair de phointí ag rith amach as a chéile ann agus tugann siad Tón na gCaincíní orthu. ED

Tá rinn talaimh ag gobadh amach sa bhfarraige anseo agus cuma caincín nó sróna a bheadh ag iarraidh béil a phógadh uirthi. Ana-bhall iascaireachta ba ea é. DSD

Tá Tón na gCaincíní ag eirí amach as an bhfarraige. DC

An Pointe

122 Do bhí

Stations i dtigh ar an mbaile seo timpeall deich mbliana is trí fichid ó shin agus bhí fear gur chóir dó bheith ar na Stations an mhaidin san. Bhí sé thíos ar an bPointe ag marú dheargán. Pé féachaint a thug sé thar barraicín na slaite bhí currach ann agus fear amháin inti. D'fhiafraigh fear an churraigh d'fhear na slaite dé'n fáth ná raibh sé ar na Stations. Pé leathscéal a thug sé dó, dúirt sé leis go raibh go maith, ach imeacht láithreach agus fiarú ón tsagairt an raibh aon deis ag Dream an Uabhair ar na flaithis agus go mbeadh sé féin ag marú na ndeargán go bhfillfeadh sé.

D'imigh an fear leis agus d'fhan sé go bhfuair sé amus cainte leis an sagart agus d'inis a chúrsa do, conus mar a bhí. Dúirt an sagart leis imeacht agus a rá leis an bhfear a bhí ar an gcarraig ná raibh aon deis ag Dream an Uabhair ar na Flaithis choíche agus gan dul níos giorra dho ná faid a ghlaodh agus gan aon bheithíodh éisc a bhí laistíos de mharc a lán mharraigh a thógailt.

Chuir sé de agus labhair sé ó Bhearna an Scrithin agus dúirt leis an fear a bhí ar an gcarraig go ndúirt an sagart ná raibh aon deis ag Dream an Uabhair ar na Flaithis go brách.

Leis sin léim an fear thíos isteach i bhfarraige agus an chéad callaithe a chuir sé ar an mBán agus an tarna callaithe do rug sé ar shálaibh ar an bhfear a bhí ag an mBearnain. Siúd sa choisíoch suas leis agus ní mór nár sciob an triú callaithe chun siúil é, ach pér domhain é thug sé na cosa boinn leis agus mhair sé chun an scéal a insint.

[RBÉ S 295 : 18-19. Bailitheoir: Cáit Ní Drisceoil, Comalán, Cléire. Faisnéiseoir: Donncha Ó Drisceoil (25), Cumalán, Cléire.]

Scol na Cáige

124

Bhíodh na Cáig ag dul isteach ós cionn na faille ann. DSD

Is anseo a báití madraí buile.

[Cf. ADSD 58.]

Tigh Sheáin D.

137

**Comharsa le Donnchadh Sheámais Ó Drisceoil ba ea Séan D. Ó Driosceoil. Ar bhás Sheáin D. seo a scrígh Donnchadh Sheámais faoi:*

"Gael Gaelach ó chroí amach gur fada a mhairfidh a cháil i measc lucht foghlamtha na teangan a thug a sciúird ar Chléire. Grian na Gaeilge ag lonnradh go soilseach óna theangain agus cait na foghlamtha dá chrú ar feadh na mblianta bhfada.

Níor scríbhhigh sé aon leabhar ná níor chum sé aon dán. Níor ghá dó san. Ba é féin an leabhar agus ba é féin an dán, agus ba iontach go léir an comhnascadh san.

Do ba ea go deimhin. Bíonn an leabhar breacaithe tíortha agus an dán cumtha teoranta; ach ní théann an fíor-thobhar i ndísc ná ní fhágann sé tart ar aoineach a ghabhann an bóthar. Sin mar a bhí ag Seán. An saol dá shásamh féin air agus an tobar síor lán dá mhéid a tógadh as. Ba fear ar an bhfarraige agus ba fear ar an dtalamh é agus ba sheanchaí i measc cuideachtan é; agus fós ba ollamh agus ba údar ar chlaí a mhachaí é. Is boichte i an teanga dá uireasa. Seo mar chaithfinn leis de réir uird an aibitre:

*Ardfhear scléipe, scéalta agus seanchais;
 Bogbhriatharach, binn i gcómhrá
 Cainteach, caradach le críona agus óg;
 Dána, dingeabhála i ndíospóireacht;
 Eolgaiseach ina dhúchas agus in a gheinealach;
 Foighneach leis an laige gan leadarán;
 Grámhar, gartach i ngá dá ghéire;
 Ioldánach i ngach gné dá shaoll.
 Luath le freagra in aghaidh ghéarchúis;
 Mánla, min, i measc na mban;
 Namhadach le lucht magaidh agus mírúin;
 Ollamh agus saoi ag an aois léinn;
 Prapa na teangan gan chlaonadh gan tuba;
 Ruagaire lucht clis agus díothumhlachta;
 Saoi fealsúnachta a chine;
 Tuigseanach do chruatanaibh an tsaoil.
 Uireasbach ár n-oighreacht dá eága.*

Go raibh an t-aoibhneas céanna aige féin inniu a thug sé leis i measc a charad ar an saol so.

[Feartlaóí ó Chléire, DSD. IT 8/11/1978.]

Cill Bhrún, Reilig Chille Bhrún

139

Siad na trí Reilig is sine in Éirinn ná Reilig Chille Bhrún, Reilig Chille Mhumhan agus Reilig Chille Bhrúineóg. Tá Reilig Chille Bhrún suite i lár an Chomaláin. I gcúinne na reilige sin, tá tobar go nglaotar Tobar Chille Bhrún air. Deirtear gurb é an t-uisce a thagann ón tobar sin, an t-uisce is bréatha agus is sobhlasta i gCléire. Is i gcúinne na reilige sin leis do rugadh Conchúr 'ac Éireamhóin, an fear is mó agus is treise a bhí riamh i gCléire. Tá fothrach an tí ina rugadh é le feiscint fós. Tá Reilig Chille Bhrúan amuigh in Inis Earcáin. Tá sé suite i lár an oileáin.

[RBÉ S 295 :143-5. Bailitheoir : Máire Ní Drisceoil, Comalán Thuaidh, Inis Cléire. Faisnéiseoir : Ciarán Ó Drisceoil, Comalán Thuaidh, Inis Cléire.]

Do bhí leanaí curtha ansan sa chill sin fad ó sin in aimsir na bpágánach, leanaí gan bhaisteadh a dúradar. Dúradar go raibh sé le cliathán an chlaí anuas i gcoinne an tobair agus síos ar aghaidh an tí amach ansan. MC

Tá sé chill ins an oileán seo. Níl aon, nó puinn seanchais ag baint lena formhór. Seo a n-ainmneacha : Cill Bhrún, Cill Leice Fórabháin, Cill Mhaoláin, Cill Chiaráin, An Chillíneach agus Cill Átha Ín.

Cill Bhrún : Tá Cill Bhrún i mbaile fearainn an Chomaláin. Cill pháganach ab ea í sa tseanshaol, agus is é tuairim seandaoine, de réir mar a chualadar, go raibh Críostaithe dá cur inti ar feadh tamaill. Tá tuairim lethacra talaimh faoi Chill Bhrún, agus tá tobar istigh i gcúinne na cille sin go dtugtar Tobar Cille Bhrún air. Ní dheaghaidh Tobar Cille Bhrún riamh i ndísc. Níl aon tseanchas mar gheall ar Chill Leice Fórabháin.

[RBÉ 558 : 535-7. Bailitheoir : Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire.(Eanáir 1939). Cf. Cilleanna Oileáin, CFC 87.]

Bhí sean-reilig pháganach ann. Tá cuid des na h-uaigneanna le feiscint fós agus galláin anuas orthu. Ní fios d'éinne cathain siar i saol an oileáin a bhí sí in úsáid ach is deimhin gur Cill Chríostaí atá inti. Tá tuairim leath acra tailimh fé Chill Brún. DSD

Tá sé ráite gur reilig pháganach í reilig Cill Bhrún. Do thabharfainn mo thuairim gur cuireadh daoine ins an chill sin ó tógadh Teampall Chiaráin, siúd is nár chuala éinne riamh á rá go bhfeaca sé daoine á chur inti. Ach mar sin féin, dob é tuairim na seandaoine go raibh caitlicí curtha inti. Agus im aimsir féin, trí fichid bliain ó shin, do chonac na h-uaigneanna chomh friseáilte is gur dhóigh leat gur inné a dearnthas iad.

Tá réasún eile agam leis i dtaobh a rá go bhfuil caitlicí curtha ann, mar tá na trí cilleanna ainmnithe le chéile ; Cill Bhrún, Cill Bhún agus Cill Léin. Do bhí sé ráite gurbh í Cill Bhrún i gCléire an ceann ba shine acu. Tá caitlicí á chur i gCill Bhún fós. Tá sé chomh dóichiúil go raibh caitlicí dá chur ins an dá chill eile, tóisc na trí cilleanna a bheith ainmnithe le chéile : Cill Bhún agus Cill Léin.

Tá Cill Bhrún ar an gComalán ins an oileán so, agus tá Cill Bhún idir Cruachán agus Carn Uí Néid agus nílim siúrálta cá bhfuil Cill Léin. De réir mo thuairme go mbeadh sí laistear den Sciobairín, in áit éigin ar chónagar na farraige.

[RBÉ 558 : 535-7. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin. Faisnéiseoir: Seán Ó Céadagáin (74, Sean iascaire), Comalán, a fuair an t-eolas seo 60 bl. roimhe sin arís ó Sheán Ó Céadagáin, Comalán. Cf. Cill Bhrún CFC 88.]

Béilic na Leacan

145

Is anso a gheibhtí na caoraigh a goidtí marbh agus na buachaillí geala ina súilibh. Ba iad na buachaillí geala na cnuimhí.

[Cf. ADSD 57.]

Cuas an Dúghlais

149

Tá sleabhán ann go bhféadfadh bád teacht ar dtír ann. Ana-áit ba ea é fadó do bháid bheaga a bheadh ag iascach deargáin agus cnúdáin agus mar sin de. DSD

Bhíodh na báid tarraingthe suas ar bhanc na dtránna ag caitheamh an gheimhridh agus an earraigh go brách go dtagadh an t-am. Bhíodh foireann soláthraithe ag nach éinne dá bhád féin nuair a bhíodh am iad a chur ar snámh ann:

cúigear ar a chomh-laghad i gcuid acu, agus as san go mórsheisear i dtuilleadh acu. Cuirthí na báid ar snámh, agus b'shin é an t-iascach fuar fliuch anróch, ocrach go minic: mura bhfairtheá moch déanach é ní bheadh aon ní de bharr t'aimsire agat.

[SC 26.]

Go dtí le daichead bliain féin, is go Comalán a thagadh an post isteach. Bád sé mhaide a bhíodh ag dul amach ó Chuas a' Dubhglas, ceithre uaire sa tseachtain agus mór-sheisear fear inti. Sin fear dhá stiúradh agus seisear fear ag iomradh.

[RBÉ S 295:144 Faisnéiseoir: Ciarán Ó Drisceoil (55 bl.), Comalán Thuaidh, Inis Cléire. Bailitheoir: Máire ní Drisceoil, Comalán Thuaidh, Inis Cléire.]

Tháinig foireann loinge Gréagaí ar dtír anso uair eile i lár na n-ocht déaganna. Is sna báid bheaga a thánadar mar chuaigh a long go tóin poill orthu. Ní raibh Béarla ná Gaelainn acu, ná puinn d'aon teangain ag na daoine a dhein fóirint orthu ach an Ghaelainn. Pé slí a chuireadar iad féin in iúl, do thuigeadh ó dhuine díobh gur theastaigh an sagart uaidh agus bhí sagart ar fáil. Agus iad go léir ar shráideoig ar an urlár agus compord éigin á chur orthu dúirt sean-duine an tí le duine díobh 'stretch down your reachtaís agus dein slí do dhuine eile'. Is dócha go raibh a chosa lúbtha aníos aige.

Ná deirtear gur ar lucht farraige a bheireann cúrsaí cruaidh an domhain.

[Tubaistí Farraige. ADSD 40.]

Ar an dtaobh shoir don bhaile seo (Comalán) tá cuas ar a dtugtar Cuas an Dubhghlais. Ag a bun an bhóthair atá sí agus sruthán uisce ag rith síos ann. Deirtear go bhfuil próca óir curtha thíos sa chuas san agus fear gorm agus claíomh aige á gháirdáil.

Seo mar a thárla do bheith ann d'réir na sean-scéalta. Fadó, fadó riamh tháinig long ón Astráil ar dtír san áit sin ar lorg fíor uisce. Ní ró-fhada ar dtír dóibh go dtáinig an tóir ón bhfarraige ortha. Ní raibh ach an próca óir sin acu agus thugadar as an long é agus chuireadar an fear gorm mar ghárda air. Chuireadar geasa air an t-ór a chosaint beo agus marbh do go dtiocfaidís féin á iarraidh arís. Tá sé dóighiúil nár thánadar chun an fhir bhoicht a fhuascailt fós mar ar uair áirithe gach aon oíche cloistear mar a bheadh duine ag gearán thíos sa chuas.

[RBÉ S 295 : 4. Faisnéiseoir: Máire Bean Uí Drisceoil (50), Comalán, Inis Cléire. Fuair sise é ón a máthair a fuair bás in aois a 69.]

Cuaisín an tSamhraidh

Is ann a chuirte an t-im le cruachant sa samhradh.

[Cf. ADSD 58.]

Tobar na Cille

150

Tobar fíoruisce atá anseo i gcúinne na sean-cille. Ní tobar beannaithe é.

DSD

Dhéinidís ciseáin as na sallies atá timpeall ar an dtobar. Deintí ciseáin chun éisc a tharrach in airde ar asal. DSD

Cuas na Longaí

155

Bhí raidhse longaí riamh ann. MCD

Longaí: Bheadh langaí, troisc ruthaí, cudóga, eascoin agus go leor cineálacha eile éisc le cur ar salann. Do leasaítí scolbaigh agus putóga móra na langa agus na dtrosc -uaireanta gan iad do bhaint díobh ar aon chor agus uaireanta eile leo féin. Ní raghadh sceolbhach ná bolg snámha amú ná an putóg mór ach chomh beag.

Pé fáth é do éiríodh as an saghas úd iascaigh i dtosach na bhfichidí.²⁰⁸ Do chuathas ar ais air arís le linn an chogaidh dhomhanda 1939-45 ach ní raibh aon airgead mór ann. Dó dhíolamar go leor langaí agus troisc bhreátha ar sé scilling an chloch nó tríocha pingin san airgead nua. Anois táimid ag tabhairt punt ar phunt ar a leithéid de iasc atá ag teacht thar lear agus ár bhfarraigí, nó grinnill ár bhfarraige, lán díobh - sé sin, mas linn ár bhfarraigí feasta.

[DSD. IT 29/8/1979.]

Boiligín na Spáinneach

156

Árthach den 'Spanish Armada' a chuaigh i dtír ann agus cailleadh í. Tá sé díreach taobh thuas de Chuas an Dúglais. MCD

Cnoc Rinn Guaille

159

Cnoc le pointe cosúil le gualainn duine atá ann. Ba le Conchúr 'ac Éireamhóin, duine des na fearaibh ba threise sa Mhumhain, an áit seo.²⁰⁹ DSD

Bhí sé mar nós ag daoine sa seanaimsir dul ar Chnoc Rinn Guaille tráthnóintí agus bailiú ann ag déanamh caithimh aimsire leis na comharsain.²¹⁰

Leaca Loch an Lín

160

Taobh thíos den leaca bhí áit ina deintí lín a phortú. MCD

Loch an Lín

161

Bhíodh daoine ag portú lín ann fadó. D'fhágtáí an lín sa pholl seo ar feadh naoi lá. MCD

Deintí lín a chur ar maoth nó a phortú san áit seo tráth.²¹¹ DSD

Líon: *Chuirthí síol an lín sa talamh ar nós gach síl eile, agus nuair a bhíodh sé fásta aibidh stoití é. Deintí punanna de. Portaítí é - bhíodh sé sé lá san uisce. Tógthaí as an uisce é agus triomaíthí leis an ngréin é. Deintí lán doirn de tháithíní des na punanna. Buailthí na táithíní sin le tuairgín chun go mbristí agus go mbrúití an sliogán a bhíodh ar an dtuí. Tarraingthí tríd an dtaisteal garbh ansan é, agus tríd an dtaisteal mín ina dhiaidh sin : bhaineadh na taistil an colg go léir de, sa chás go mbíodh sé chomh mín chomh ceansa agus gur dóigh leat nach tuí a fhás trí thalamh in aon chor é. An uair sin bhíodh sé ullamh don turna. Snítí leis an dturna é, d'fhíodh an fíodóir é ar nós na bréide, ach anairt ab ea é nuair a bhíodh sé críochnaithe'.*

[SC 137-138.]

Tigh Chonchúir 'ac Éireamhóin

168

Tá cúpla céad bliain nó níos mó ó bhí Conchúr 'ac Éireamhóin ann. Do rugadh i ngarraí beag é i gceann toir an Oileáin seo. Tá an garraí beag seo buailthe suas le reilig Cille Bhrún. Do bhí tigín ins a' gharraí agus ins a tigín sin a tógadh agus a beathaíodh Conchúr 'ac Éireamhóin. Do bhí sé de éileamh ar Chonchúr go raibh sé ar cheann des na fir ba threise a bhí i gContae Chorcaí. Ar aon chuma níor buadhamh riamh in aon chomórtas air, a thriall a nirt. Fear tréan láidir ab ea Conchúr. Tá morán scéalta inste mar gheall ar ghaisce Chonchúir. Deirtear go raibh sé suas le naoi dtroighthe ar fhaid agus pearsa dá réir aige.

[RBÉ 609 : 275. Bailitheoir : Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Oiléain Cléire, (12/1/1939).]

Is i gcúinne na reilige sin leis do rugadh Conchúir 'ac Éireamhóin, an fear is mó agus is treise a bhí riamh i gCléire. Tá fothrach an tí ina rugadh é le feiscint fós.

[RBÉ S 295 :115 Bailitheoir : Máire Ní Drisceoil, Comalán Thuaidh, Inis Cléire. Faisnéiseoir ; Ciarán Ó Drisceoil (55) Comalán, Inis Chléire.]

Do rugadh Conchúrach Éireamhóin ar an mbaile seo go nglaothar Comalán air i dtigh beag go bhfuil a rian le feiscint fós ann istigh i gcúinne sean reilige go nglaothar Reilig Chille Bhrúin air. Deirtear gurb é an fear is mó, agus is treise, agus is cumasaí a bhí riamh i gCléire. Bhí sé ocht dtroighthe go leith ar airde agus an uaigh go bhfuil sé curtha ann, tá sé naoi dtroighthe ar fhaid. Deirtear go raibh sé chomh láidir sin gur thug sé bád beag ar a dhrom leis. Seo mar a bhí an sceál.

Oíche amháin sa Gheimhreadh san aimsir sin, d'eirigh stoirm mhór, ná raibh puinn dá leithéid ó shin ann. I lár na h-oíche do dhúisigh athair Conchúrach Éireamhóin agus nuair a chuala sé an tóirneach agus an bháisteach amuigh do chuimhnigh sé ar a bhád a bhí tarraingthe suas i Licín agus dúirt sé leis féin gurb olc an oíche a bheadh aici anocht agus an anaithe ag dul ar an mbán. Dúirt sé gur dócha go mbeadh sí imithe ar fad ar maidin. Do ghlaoigh sé ar a mhac ansan féachaint ar chuaigh sé fé dhéin an bháid. "A Chonchúir", ar seisean, "ar chuaís fé

dhéin an bháid ó shin?". "Do chuas", arsa Conchúrach, "tá sí amuigh ag ceann an tí ansan agat".

[RBÉ S 295:111, 114. Concúbharach Éireamhóin. Bailitheoir: Máire Ní Drisceoil, Comalán Thuaidh, Inis Cléire. Faisnéiseoir: Ciarán Ó Drisceoil (55bl.), Comalán Thuaidh, Inis Cléire.]

Do bhí fear i gCléire fadó agus sé an ainm a bhí air ná Conchúrach Éireamhóin. Aon lá amháin do mhairbh sé bó agus bhain sé an craiceann den mbóin agus d'imigh sé go Corcaigh leis an gcaiceann. Ní raibh aon ghluaisteáin ann an uair sin, agus is amhlaidh a shiúil sé go Corcaigh. Ar ghabháil abhaile do, chonaic sé dosaen fear agus iad ag iarraidh ancaire mór a thabhaint isteach ó chuan éigin leo. Nuair a chonaiceadar an fear mór do stadadar go léir ag féachaint air. Do labhair sé leo agus d'fíafraigh sé díobh an bhféadfaidís an t-ancaire mór sin a bhogadh. Dúradar ná féadfaidís é do chorraí in aon chor. Ansan do rug sé ar an t-anciare agus do chaith sé ar a ghualainn é agus thug sé aníos ar an dtalamh é. "Nilimíd", ar siad, "caith amach arís é". Do rug Conchúrach air agus do chaith sé amach as radharc é. "Anois", ar seisean, faigh é anois", agus do thug sé féin a bhóthar air abhaile.

[RBÉ S 295:165-66. 'Conchubharach Eireamhóin'. Bailitheoir: Conchúr Ó Drisceoil, Cnocán na mBáirmeach, Inis Chléire.]

Do mhair duine d'arb ainm Conchúrach Éireamhóin i gCléire timpeall le trí chéad bliain ó shin. Bhí sé lá amuigh sa dúthaigh is do tháinig sé abhaile i gcóir na hoíche. Bád beag a bhí aige is nuair a shrois sé an dtráigh do cheangal sé an bád ann. Ansan chuaigh sé abhaile is chuaigh sé a chodladh láithreach. Do bhí a athair ana-chríonna is d'fhiafraigh sé de cár fhág sé an bád is dúirt Conchúr leis gur fhág sé ar an dtráigh í. Dúirt a athair leis go mbeadh an bád briste. Do chuaigh Conchúr trí na chéile is do léim sé amach as an leabaidh agus do chuir sé air a chuid éadaigh. D'imigh sé ag triall ar an dtráigh in a raibh an bád. Do chuir sé an bád ar a dhrom is do thug sé leis abhaile í go ceann an tí. Nuair a éirigh a athair ar maidin do bhí ionadh air nuair a chonaic sé an bád i gceann an tí as do chuaigh ainm Chonchúir mór thimpeall na hÉireann lena neart.²¹²

Do cuireadh dushlán air ó íochtar na hÉireann le Sasanach ana-mhór-le-rá a bhí ag maireachtaint ann. Do bhí fear bocht i gContae Chorcaí is d'fíafraigh sé de Chonchúr an raghadh sé leis an Sasanach agus é thógáilt suas. Do chuir an fear bocht so geall mór síos ar Chonchúr. Dúirt an sprealldha Sasanach go raibh fear aige féin níos treise. Do bhí an fear a thóg an geall ana-bhocht is do bhí anamhuinín aige as Conchúr. Nuair a bhí an lá chun troda déanta amach acu do ghlaigh an fear bocht ar Chonchúr chun troda is do chuaigh sé len a chois. Chuaigh Conchúr agus an fear a bhí ina choinnibh isteach sa bhfáinne. Nuair a bhí an t-am suas ins an fáinne is nuair a dúrthas leo dul in achrainn dá chéile do rug an bheirt ar a chéile is do chuardar in achrann dá chéile. Do bhíodar ag stracadh is ag

stolladh a chéile. Do bhí an lámh uachtair ag dul ar Chonchúr. Do bhíodar tamall mór ag stracadh is ag stalladh a chéile. Nuair a dúirt bean an fhir bhoicht "faire a Chonchúir ná creach sinn" do thug Conchúr aon léim amháin agus do thug sé fáisce don bhfear a bhí ina choinnibh agus do dhein sé trí pháirt dá drom. Do bhuaigh an fear bocht an geall is do bhí a dhóthain ag Conchúr go deo arís.

[RBÉ S 295:103-4. 'Scéal'. Bailitheoir: Caitlín de Búrca, Comar, Inis Cléire. Faisnéiseoir: Pádraig Ó Drisceoil, (67 bl.) Ardghort, Inis Cléire.]

Aon lá amháin bhí bád ann agus bhí a ancaire sáite sa phluda. Bhí naoi fear ann ag trialt é ar dú acht do theip orthu. Ní fhéadfaidís cor a bhaint as. Pé scéal é, go raibh Conchúr Éireamhóin ann. Nuair a chuaigh na fir isteach go dtí a dinnéir rug Conchúr ar an ancaire. Do ardaigh sé é le aon lámh amháin gan aon trioblóid. Nuair a tháinig na fir amach ón dinnéir bhíodar á rá le chéile gur olc iad na fir a dhein é sin toisc gurb é sin a lá oibre go léir agus ní raibh faic le déanamh acu anois agus ní gheobhaidís ach pá leath lae. Bhí Conchúr ag iascach leo ar feadh tamaill. Sa deireadh rug sé ar an ancaire arís agus chuir sé níos sia amach é. Bhí ionadh ar gach éinne a chonaic é sin agus sé a dúirt na doine iasachta ná féadfadh an fáigh is láidre a bhí riamh in Éirinn é dhéanamh.

[RBÉ S 295:78. Bailitheoir: Eibhlín ní Chéadagaín, Gleann, Oileán Cléire. Faisnéiseoir: Pádraig Mac Coitir, Gleann Thiar, Inis Cléire.]

Gort Fhinín

170

B'fhéidir gurb ó Fhinín an Ghiolla a ainmníodh. DSD

Rinn Guaile

174

Dá mbeadh fear mór láidir ann, a bheadh ag bogadh ualaí troma, nó ag tabhairt meachaint mór ar a dhrom leis, déarfaí, go raibh sé chomh láidir le Conchúr 'ac Éireamhóin féinig.

Míniú

Do bhí sé d'éileamh ar Chonchúr 'ac Éireamhóin go raibh sé ar a' bhfear ba threise a bhí i gCúige Mumhan. Do rugadh agus do tógadh Conchúr 'ac Éireamhóin in Oileán Cléire in áit go dtugaimíd Rinn Guaile air. Tá Rinn Guaile fíorghiorracht do Chuas an Dúglais, an caladh atá ar thaobh thoir an oileáin seo Cléire. Tá clú agus caíl ar a neart le clos imeasc mhuintir thaobh thoir Oileán Cléire ins an áit go raibh cónaí air.

Tá Conchúr 'ac Éireamhóin curtha istigh i dTeampall Naomh Ciarán ag an bpinniúr thiar agus tá an uaigh go bhfuil sé curtha inti tuairim naoi troighthe le faid. Tá cuid dá thriúchas i gCléire agus cuirtear síos iad ins an uaigh go bhfuil Conchúr 'ac Éireamhóin curtha inti.

[RBÉ 1646:129-130. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire.]

- Tobairín na Carraige** 175
Tá sruthán beag ag teacht anuas uaidh tríd an bport agus téann sé chun farraige ag Cúl Phortáin. MCD
- Garraí na Jibe** 176
Bíonn jib ar bhád. Laistiar de tá An Poinnte. B'fheidir gur tarrangódh jib bhád aníos ansin ón bhfarraige. MCD
- Cnocán na Droighean** 177
Tá sé ráite go bhfuil lios fé thalamh ann. MCD
- Garraí Mháire Léith** 179
Ansin bhí an 'mhuintir liath' agus ba iad sin an mhuintir Donnchadha. Ba dhuine díobh mo shean-sheanmháthair, ó thaobh máthar m'athar. Bhí an chlann liath seo fairsing go leor ar an oileán ach san am céanna bhíodar an-ghaolmhar lena chéile a fhágann ná rabhadar rófhada ar fad ann. Tá an forshloinne sin imithe chun báis anois leis agus is lenár linn féin a tharlaigh sin. Thabharfaí faoi ndeara gur ar aon bhaile amháin is minicí sloinne amháin ach chuir bliain na gceathrúna²¹³ an scéal sin amhlaidh nó blianta eile a ndeintí gabháltais nó a roinntí an talaimh. [Forshloinnite', ADSD 142-43, IT.12/3/1980.]
- An Pháirc Mhóir** 187
'An Pháirc Mhóir ' a chualasa riamh. Bhí cabhlach ansan agus siúráltha le Dia, ainm mná atá ann. DSD
- Stucán Fail na gCloch nGeal** 193
Bhí cúpla bóthar ag dul síos ann tráth ach tá siad titithe anois. Tarraingtí lóch nó raic aníos ann. MCD
- Pointe na Péiste** 194
Rinn tíre a bhfuil déanamh péiste air atá ann nó b'fheidir gurb ó ainmhí éigin farraige anaithnid a h-ainmníodh. DSD
Anso timpeall orainn féin fiú tugadh pointí orthu mar atá Poinnte na Péiste agus pointí nach iad. Aon áit a luaitear pointe le gob nó rinn talún, is deimhin gur ainm nua í agus go raibh an scoláireacht ag cur isteach ar a bhaiste. [An Rinn, DSD, IT.18 /2/1981.]

Tá próca óir curtha ann.

[BCC.]

Cuas an Bháid

197

Tá an áit cuíosach maith chun báid. Bíonn báid bheaga feistithe ann sa tSamhradh. Sin é an trioblóid. Is mór an trua gan puinn bóthair síos ann mar is ball cuíosach maith é. Ní tharraingítí báid in aon chor ann ach deintí iad a fheistiú ann. Bíonn siad ar snámh i gcónaí ann. Níl aon bhall ann chun iad a tharrach. Tá bád agam féin Eibhlín Bán ar snámh anois agam ann. MCD

Timpeall le trí céad bliain ó shin, nó b'fhéidir níos mó, d'fhág long áit éigin i bhfad ó bhaile agus bhí córa óir inti mar pháirt dhá ualach. Tá sé chomh fada san anois ó thit sé amach ná bhfuil a fhios ag éinne cad é an tír a d'fhág sí. Nuair a bhí sí ar an mbóthar abhaile, do tháinig Pioráidí suas léi agus do ghoideadar an t-ór aisti. Nuair a tháinig an long abhaile do craobhscaoileadh gur goideadh an t-ór aisti agus d'imigh ártach ríogúil amach ag lorg an Phioráid, ach más ea níor thánadar suas léi mar bhí coisíocht níos fearr ag na bPioráidí ná ag an t-ártach eile.

Do tháinig na Pioráidí isteach chomh fada le cóstaí na hÉireann agus ní mór ná gur rugadh ortha ar an dtaobh theas do Chléire. Do tháinig an dá ártach isteach an Bealach, agus tá sé ráite gur chasadar an Pointe agus ins chás go ndeighidh an piorath amú timpeall na gcarraigeacha. Is dócha gurbh é an Bunadach do tháinig orthu mar ball iargúlach is ea Cuas an Bháid, mar do chuireadar an fear gorm ar dtír agus an córa óir ina theannta.

Deir sean-daoine go bhfuil an fear gorm curtha in aice an tsrutháin atá ag dul síos sa chuas agus an córa óir curtha ina theannta agus go bhfuil cloch bhán ag a cheann. Ach pé aca fíor nó bréag é, tá an sruthán agus an chloch bhán le feiscint fós. Tá rud eile a bhí ráite, sin go raibh gort in aice leis go raibh poll mór fé thalamh ag dul ón bhfarraige isteach suas fé, agus tá an pháirc sin ann agus ní fios cad é an fhaid atá an poll ag dul isteach fuithe. Deirtear go ndúirt an fear gorm sul ar fuair sé bás, go gcoimeádfadh sé an córa óir chomh maith nuair a bhí sé marbh is do choiméad sé é nuair a bhí sé beo. Do chualaid mo athair dhá rá go gcialaidh sé a aintín dhá rá go gcialaidh sí áintín a chéile dhá rá nuair a bhí sí ina chailín beag go bhfeachaid sí daoine ag teacht isteach ón ndúthaigh amuigh go Cuas an Bháid dhá chuardach, acht, ní bhfuairéadar é, acht do bheadh sé ann i ngan fhios dóibh san. B'fhéidir nár chuardaíodar an áit i gceart.

[RBÉ S 295:108-9. Bailitheoir : Máire Ní Drisceoil, Comalán, Inis Chléire. Faisnéiseoir: Ciarán Ó Drisceoil (55 bl.), Comalán Thuaidh, Inis Chléire.]

Aon lá amháin fadó, do tháinig bád mór lán do shaighdiúirí ar dtír go Cuas an Bháid, agus san aimsir céanna san ní raibh fear san Oileán ná bíodh amuigh ag

iascaireacht. Ní bhíodh sa bhaile acht na mná agus na páistí. D'imigh na saighdiúirí fén Oileán siar agus do thugadar an Éire de iasc agus de chaoraigh rómpa aniar. Do bhí duine dos na saighdiúirí a thug leanbh roimis agus do lean máthair an linbh aniar é go dtí an Cuas, agus do bhí an saighdiúr chun an leanbh do chaitheamh síos leis an gCuas, acht do chuaigh an mháthair ins na hachainní air gan a dhéanamh.

Tharraing sí réal dho ar an leanbh, acht "bíodh sé ina mhargadh" ar seisean, agus do fuair sí an leanbh, agus d'eirigh an leanbh suas chun bheith ina fhear maith. Sé an ainm a bhí air ná Pádraig Déasach, agus ón lá san amach sé an ainm a ghlaoch na daoine air ná 'Pádraig Déasach, an luach réalach is fearr a bhí riamh in Éirinn'.

[RBÉ S 295 : 24. Bailitheoir : Máire Ní Drisceoil, Comalán, Cléire. Faisnéiseoir : Conchúr Ó Drisceoil (58), Ceathrúna, Oileán Cléire.]

Bhí píoráití farraige ag teitheadh ó fhrigéad sa tseanaimsir. Rith sé isteach ón gcósta go béal an chuais sin, agus nuair a chuir sé ceann an talaimh idir é féin agus an frigéid, chuaigh sé amú ar an bhfrigéad agus mheas sé gurb amhlaidh a cailleadh é; níor lean sé níos sia é. Bhí feircín óir ar bord inti tar éis a thógáil ó loing éigin a shuncáil sé inné roimis sin.

'Sea,' arsa an captaen, 'cuirfeam ar dtír an t-ór anso.' Chuaigh sé féin agus seisear dá chuid fear ar dtír agus thugadar an feircín óir leo. Dheineadar poll sa talamh in áit éigin ar bhruach an chuais, agus chuireadar an feircín síos ann.

D'fhiafraigh an captaen an bhfanfadh aon fhear á choimeád san. Bhí fear dubh ina measc, agus dúirt sé sin go bhfanfadh sé féin á choimeád. Níor chuimhnigh an fear bocht ar an olc. Ní fheadar sé a thuilleadh gur thóg an captaen piostal as a phóca, agus lámhach sé an fear dubh.

'Sea,' ar seisean leis an gcuid eile, 'caithig sa pholl é i dteannta an óir agus leogaint dó é a choimeád!' Chaitheadar síos agus dhúnadar suas an poll, agus táid siad araon i dteannta a chéile go dtí an lá inniu.

[SC 197.]

Cabhlach Nóra Fhinín

199

Cabhlach cóngarach do thigh Phatsy Jerh. a bhí ann. N'fheadar an raibh aon ghaol aici leis na Mahonys. Istigh ansin a bhí sí. Bhí síbín ansin aici agus is ansin istigh a déarnathas cleamhnas do Pheadar Ó Síocháin agus do Kit. Nuair a bhí an cleamhnas déanta fuair sí bó mhaol mar spré. 'Suigh ansan síos an staighre', a dúirt sí 'go gcomhróidh mé síos an spré dhuit, do chúpla píuntín airgid, is mallaí mantach aosta", agus is sa tsíbín Nóra Fhinín a dearnas an cleamhnas sin, fad ó shin. DSD

Bhí sibín anseo ag Nora Fhinín agus is ann a deineadh morán de chleamhnaisí Chléire tráth.

*"Pósadh na Cásca, pósadh le háthas,
Pósadh na hInideacht, pósadh le dithinis".*

Seo leanas mar a deintí cleamhnaisí i gCléire timpeall le fiche bliain ó shin féin [i.e. c. 1918]. Aon bhuachaill go mbíodh fonn pósta air an uair sin i gCléire is san Inid a phósfadh sé. Is iad na sean-daoine a bhíodh san oileán a dheineadh na cleamhnaisí go léir (agus ba iad san na daoine ba chóir chuige). An buachaill óg go mbíodh fonn pósta air an uair sin, sé an rud a dheineadh sé ná buidéal uisce beatha a cheannach agus é a thabhairt ar triall ar shean duine éigin. Do thugadh an sean duine sin an buidéal uisce beatha ar triall ar athair an chailín (a theastaíodh ón mbuachaill). D'óladh an bheirt acu an buidéal eatartha, agus is minic a bhídís ar meisce, agus is mar sin a deintí cleamhnaisí.

[RBÉ S 295:141. Póstaí. Bailitheoir: Máire Ní Drisceoil, Comalán Thuaidh, Inis Chléire.]

Cuas Licín

208

Bhíodh báid tarraicthe ansin go dtí le déanaí. Go dtí fiche bliain nó mar sin ó shin [i.e. c. 1961] dheinidís na báid a tharrach ar an dtrá atá ansin thíos. Bhíodh a trí nó a ceathair de bháid ag tarrach ann i gcónaí. MCD

Leicín

211

Do rugadh Conchúr 'ac Éireamhóin i dtigh beag i gcúinne Relig Chille Bhrúin ar an gComalán, atá suite ar an dtaobh thoir de Inis Cléire. Tá fallaí an tí gur rugadh é le feiscint fós. B'é an fear ba mhó agus ba threise a bhí riamh i gCléire é, agus bhí sé ocht dtroighthe ar faid.

Aon oíche amháin in aimsir Chonchúrach Éireamhóin, d'eirigh stoirm mhór agus bhí an bád a bhí aige tarraingthe suas i Leicín agus bhí anaithe ag dul suas ar an mBán. Do bhí Conchúrach ina chodladh agus dúirt a athair leis go dtabharfadh an anaithe leis an bád mar a raghadh sé fén a dhéin. D'eirigh Conchúrach agus d'imig sé ó thuaidh go Leicín, acht sé an rud do dhein sé ná an bád do chur ar a ghualainn agus í thabhairt abhaile leis. Do bhí a athair ag cnáimhseáil i gcónaí, mar níor inis a mhac do in aon chor cá raibh sé, agus bhí an t-anaithe ag eirí. Acht sa deireadh dúirt Conchúrach, "Eirigh a codladh ansan duit féin, mar ná bhfuil an bád san go maith, tá sí amuigh ansan ceangailte don chlaí".

Deir na sean-daoine go raibh deartháir ag Conchúrach Éireamhóin, a bhí i bhfad níos mó agus níos láidre ná é féin agus d'imigh sé ar an bhfarraige in ártach smuigléirí; is na fir is treise a bhíodh le fáilt iontu san. Do phós Conchúrach sa tsean-láithreach, mar a tógadh suas agus do rugadh é. Do mhair sé saol fada agus tá sé curtha i dTeampall Reilig Naomh Ciaráin.

[RBÉ S 295:70-71. Bailitheoir: Máire Ní Drisceoil, (15 bl.), Comalán Thuaidh, Inis Chléire. Faisnéiseoir: Ciarán Ó Drisceoil, (55bl.), Comalán Thuaidh, Inis Chléire.]

Tá "gearra na coille" fé féin anois. Tá ó "Licín go liogánaigh" fén a chomóndracht. 'Na dhiaidh san uile', Tá an chú , an cat, 's an giorria ag rith leis".

Tagrann an chaint sin d'iascaire go mbeadh amfola agus iompáil-lighe ina chroí chun an tsaoil. Nuair a bhíonn gearra na coille fé dhuine féin ní bhíonn éinne eile a cur isteach ná amach air, bíonn an líomatáiste seo go léir "ó Licín go Liogánaigh" fén a comóndracht aige.

Tá Oileán Cléire trí mhíle ar fad agus an uair a dheinimid é thomas "ó Licín go Liogánaigh".²¹⁴

Tá Licín ar an bpointe is sia soir ins an oileán agus tá an Liogánaigh ar an bpointe is sia siar.

[RBÉ 1607 :163. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Inis Cléire. Faisnéiseoir : Ciarán Ó Drisceoil (55), Comalán Thuaidh, Inis Cléire.]

Cuaisín an Trithin

219

Is ann a fhásann an duileasc a bhíonn breá le n-ithe.

[Cf. ADSD 58.]

Garraí Mháire Mhóir

223

Bhí cónaí ar sheanmháthair Chon Pheadair²¹⁵ Máire Mhór, in aice le tigh an tsagairt a sheas mar a bhfuil Garraí an tSagairt ar an gComalán.²¹⁶ Tharla gur bhuaíl a comharsa béal dorais, an tAthair Labhrás Ó Mathúna, chuichi isteach lá.

[D]úirt sí go raibh aibíd ag a máthair á ghrianadh ar an scairt, agus ná féadfadh éinne cuimhneamh ar aon ornáid ná raibh tarraingthe amach ar an aibíd, leis nach aon dath snáth. Thóg an sagart an aibíd ina lámh, agus bhí sé ag féachaint uirthi ar feadh tamaill. Tharla, le linn na h-uaire, go raibh corcán corta beirthe le h-ais an chlaí chun seol báid a choirtiú. Shiúil an sagart anonn ag triall ar an gcorcán corta, agus chaith sé an aibíd síos ann, agus mheasc sé le maide í. Thóg sé aníos ansan í, agus ar seisean: 'Tá sí ar aon dath amháin anois agat, a Mháire Mhór, mar ní oireann aon ornáid don chré.' Sin é an tseirbheáil a thug sé don bhall éadaigh, tar éis a bhfuair sí de dhua á dhéanamh!

[SC 89.]

Garraí an tSagairt

228

Timpeall le deich mbliana agus ceithre fichid ó shin, is sa Chomalán a bhíodh sagart an oileáin ina chónaí, sal ar aistrigh sé go hInbhear.²¹⁷ Tá fothracha an tí go mbíodh cónaí orthu le feiscint fós. Glaotar Garraí an tSagairt ar an bpáirc go bhfuil

na fothracha sin le feiscint. Is é an t-athair Labhrás Ó Mathúna an sagart deireanach a bhí ina chónaí sa Chomalán.

[RBÉ S 295:143-5. Bailitheoir: Máire Ní Drisceoil, Comalán Thuaidh, Inis Cléire. Faisnéiseoir: Ciarán Ó Drisceoil, Comalán Thuaidh, Cléire.]

Bhí cónaí anseo ar shagairt Chléire roimh 1839.²¹⁸ Tá lintéir tigh an tsagairt a sheas ansin le feiscint fós. Tá leis cros greanta ar fhalla tí atá buailte le tigh Thaidhg Uí Shíocháin pé áit as a dtáinig sé.²¹⁹ Go dtí an bhliain 1841 paróiste amháin ba ea Cléire agus Inis Earcáin. Sa bhliain 1832 tuairiscíodh 'The priest lives in the island during the winter months, and in the summer stops in Sherkin, an island which lies between Cape and the mainland. A boat must attend upon him every Sunday and holy-day, and the owner provide his breakfast'.²²⁰

An chéad lá riamh a tháinig an t-Athair Labhrás Ó Mathúna go Cléire is dá ainneoin a chuir an tEaspag ann é. Tá sé timpeall le céad bliain anois ó bhí sé ann. Lá Le'n Sheáin an chéad lá a tháinig sé ann. Seo mar a dúirt sé [An sagart]:

I

Lá le'n Seáin in Oileáinín Cléire.

Geallaimse díbhse mar a mbeadh an tEaspag is a dlí

Ná tiocfainn-se choíche in bhúr n-éileamh

Ach ó chaitheas-sa scríocha

aiciním ar Chríost Gall an rath go dtiocfaidh ar dtír chugaibh.

Is an fharraige do líonadh le héise dhíbh.

II

Do shiúlais-se Sasana, Alba agus Éire,

an Fhrainnc le chéile agus taobh thall na Róimhe,

mar a raibh sagairt agus easpaig sa mhéid sin,

a leithéid súd in aon bhall níor thaobhaigh im threo.

Do léifeadh leabhar na Laidine duit gan dearmad im Bhéarla,

an tAifreann le chéile agus ba aireach é a searmóin.

Croí fial fairsing imeasc fáilte dá réir sin agus ar an bhfód.

III

Teánn sé ar an gcarraig ag cailireacht is ag glaoch ortha,

a d'iarraidh a gcás do réiteach idir maoir agus gach treo.

Acht dá dtiocfadh leis an eaglais an obair súd do dhéanamh.

Súd sochair saol chun na gCapers go deo.

[RBÉ S 295:29-30. Bailitheoir: Máire Ní Drisceoil, Comalán, Inis Cléire. Faisnéiseoir: Ciarán Ó Drisceoil, Comalán, Inis Chléire.]

Amhrán an Smuglaera

Bhíodh árthaí ag teacht ó Hollónt sa tsean-aimsir ag díol tobac ar an gcósta so, mar ball cúl le feann ab ea é. Do bhí sé i gcoinnibh an dlí acu bheith á dhíol, ach

lasmuigh de thrí mhíle bheidís neamhspleách ar an saol. Do gheoghfá dhá phúnt agus fiche tobac ar phúnt airgid an t-am san.

Bhí sagart i gCléire, tá céad bliain ó shin ann agus níos mó, agus do bhíodh tobac á smugaláil chuige i n-árthrach. An tAthair Labhrás Ó Mathúna ab ainm dó. Aon bhabhta amháin do dhein sé soimision caillthe den árthrach, mar bhí súil ó lá aige léi agus ní raibh sí ag teacht. 'Sé ainm bhí ar an árthrach Laogh mo Chroí. Dhein sé cúpla bhéarsa amhráin di:

*Do b'fheárr liom féin 'ná Cléire is críg,
Ná cathair na Trae go léir gan chíos,
Ná claidheamh cinn Óir im dhóid ón Rí,
Go mbeinn ag rinnce ar stage le Laogh mo Chroidhe.*

*Tá deathach' im thaobh 's im ghéagaibh síos,
'S im ghoile ní thaobhíonn aon daith bhídh,
Ach ag duain liom féin lé taobh gach clái,
'Gus ag feitheamh ar ghlaoch ó Laogh mo Chroí.*

*Nuair a théann an rae agus na réilthe síos,
Agus a chodladh nuair a théann gach n-aon sa tír,
Codladh ní théim-se agus ní féidir liom luí,
Ach ag feitheamh ar ghlaoch ó Laogh mo Chroí.*

Maidin amháin dár éirigh sé amach, do chonaic sé ag seolthóireacht amuigh í. Do raghadh an t-árthrach síos suas ag feitheamh le hórdú fháil uaidh. Dúirt sé:

*Nach deas mar a rinnceann mo bhuidhean-sa Scaits,
Agus ní deise mar a rinnceann Isle o' Man:
D'éirigh mo chroí chómh hárd leis an ngaoith
Nuair a rinnc sí síos is aníos lem ais.*

Dhá shaghas rinnce ab ea an Scaits agus an Isle O'Man, tá's agat. Do dhein an sagart céanna amhrán á mholadh féin, mar dhea gur dhuine eile é:

*Do shiúlaíos féinig Sasana, Alba is Éire
An Fhrainc lé chéile agus taobh thall na Róma,
Mar a raibh sagairt, easpaig agus eaglais sa mhéid sin,
Ach a leithéid siúd i n-ao' bhall níor thaobhaigh im threo*

*Do léighfeadh leabhar na Laidne is gan dearamad an Béarla,
An t-Aifreann dá réir sin is dob aerach í 'sheanmóir
Bhí sé fial fairsing fáiltheach deághthach 'na dhéidh sin
Do bhí caitheamh agus fagháil agus féile ar a bhórd.*

[Conchabhar Ó Síothcháin, Oileán Cléire, d'aithris - Donnchadh Ó Floinn, An Lóchrann, Bealtaine 1930, 6.]

Cabhlach Chonchúir

236

Sean-chabhlach le Conchúr Ó Gláibhín a mhair i lár na h-aoise seo caite atá anseo. Chónaigh mac leis, Mícheál, ar an ngabháltas a bhí ag Domhnall Ó Drisceoil²²¹ i Lios Ó Móine. Fear mór scéalaíochta ba ea Mícheál.²²²

An Gallán, Galláin na nGeallúna

238

Tá dhá gallán ina seasamh i bpáirc atá ar an dtaobh thuaidh den bhaile seo. Do bhí trí chinn ann tráth éigin, ach do thit ceann acu. Tá sí mar bhéaloideas ag na seandaoine gur ag na galláin sin a phóstaí na daoine i gCléire aimsir na bPágánach sal ar dhein Naomh Ciarán Críostaithe do mhuintir an oileáin. Tá poll i gceann dos na Galláin agus deirtear gurb amhlaidh a chaitheadh an buachaill teacht ar thaobh don pholl agus an cailín ar an dtaobh eile agus go gcuirfidís a lámha do chrocadh lena chéile. Gach aon strainséar a thagann go dtí an oileán, téann siad ag féachaint ar na galláin sin.

[RBÉ S 295:143-5. Bailitheoir: Máire Ní Drisceoil, Comalán Thuaidh, Inis Cléire. Faisnéiseoir: Ciarán Ó Drisceoil, Comalán Thuaidh, Cléire.]

Is minic a chualag aimsir na bpágánach fadó, sara raibh an creideamh in Éirinn, gur ag an ngallán a póstaí iad, is é sin an lánú a bheadh le pósadh a bhreith ar láimh a chéile tríd an bpoll san. Bheadh rí na bpágánach chun láithrigh, agus ansan bhídís pósta i láithreach an rí. Cur síos eile a chualag orthu gur trí gaiscígh iad a bhí fé dhraíocht.

[SC 80-81.]

Tá Galláin na nGeallúna i mbaile fearainn an Chomaláin. Deirtear gur oidhreacht pháganach iad Galláin na nGeallúna. Do bhí trí galláin acu ina seasamh a taobh lena chéile, ach do thit ceann acu, agus tá sé sínte ar an dtalamh. Tá dhá ghallán acu ina seasamh fós. Tá poll beag comhchruinn trí cheann de na galláin atá ina sheasamh. Níl an poll seo níos leithe ná béal cupáin, agus ba dhóigh leat go mbeifí ag déanamh iarracht chun poill a ghearradh ann. Is minic a chuala gur ag na Galláin seo a deintí gach dlí agus acht agus geallúint agus gach síocháin eile a bhí ins oileán i ré na bpágánach. Dob ann a phóstaí gach lánú, agus is amhlaidh a chaitheadh an fear teacht ar aon taobh amháin den ghallán go raibh an poll tríd, agus an bhean ar an dtaobh eile den pholl, agus na méaranna a chur i gcoinne a

chéile ó gach taobh tríd an bpoll, agus geallúint agus coinníoll an pósadh a dhéanamh agus greim ar mhéarannaibh a chéile acu.

[RBÉ 609 : 269-76. Bailitheoir : Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire. Mí Eanáir 1939. Cf. Galláin na nGeallúna, CFC 84.]

Dreapa Chonchúir na Cuaiche

239

Tá sé ráite go raibh púca ar an ndreapa. TS

Páirc na gCoiníní

246

Coiníní: Tá an áit tuilte leo - coinín nó patachán ar an uile ribe féir, ar an uile léas coirce agus ar an uile tor cabáiste. Ní thugann siad caoi do ghlasra ar bith fás. Ní leogann siad greim i mbéal bó ná duilliúr ag gabhar le h-innilt. Imirceoirí is ea iad. Ní rabhadar riamh dúchasach don áit seo. Nílid ar aon oileán eile in ár dtimpeall. Ní mhairidís ar na hoileáin eile. Nach maith a bhí a fhios ag an dtiarna talún go raibh an scéal san amhlaidh. Theastaigh spórt uaidh. Theastaigh ábhar spóirt uaidh. Ba é Cléire an áit dó san. Cá mbeadh fiach ach san áit ina raibh ábhar an fhiaigh? Níor lorg an tiarna tailimh an fiach. Chuir sé in áirithe dó féin é agus d'fhág sé plá agus mallacht ina dhiaidh ná glanfar go bog.

[ADSD 94.]

An Bealach

254

An Bealach 'sea 'Gascanne Sound'. The deep between Oileán na mBroc agus Pointe an Chuais Leithin. MÓD

The Bealach is all the way, all the opening, the inner Sound is the Gascennane Sound. EÓD

An Gaisceanán

256

Baisteadh an Gascúnach ar dhuine des na Drisceolaigh toisc seal a bheith caite aige thall i nGascóin na Fraince. De réir Annálacha Inis Fathlainn thit Amhlaoi bh Gascúnach Ó hEidirsceoil le lámh an tSasanaigh ag Cath Thrá Lí sa bhliain 1234.²²³

Carraig is ea Gaisceanán atá i lár na srutha idir Cléire agus Inis Arcáin. Deireadh seandaoine gur gaiscíoch nó athach ab ea é Gaisceanán gur cuireadh draíocht air, agus gur dearthas carraig de, agus gur cuireadh ansin é i lár na farraige.

Níl aon stróinséireach a bhíonn ag gábháil thar Gaisceanáin ar an gcéad uair, ná go bhfuil sé faoi fhíneáil, agus is é an chuma go ndíolann gach duine an fhíneáil sin, ná véarsa d'amhrán a dhéanamh don charraig le linn gabháil thairsi.²²⁴

[RBÉ 609 : 199-200. Bailitheoir : Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Inis Cléire, (27/10/1938). Faisnéiseoir : Diarmaid Ó Síocháin (68), Cill Leice Fórabháin a chuala an cúntas seo 50 bl. roimhe sin, ó Dhonnchadh Ó Drisceoil, Cnocán na mBáirneach.]

Bhéarsa do Ghaisceanán

Diarmuid Ó Donnabháin Ruis, captaen na bhFiníní, bhí sé ag teacht go Cléire lá agus bhí an lá gaothmharach glas. Tá carraig ins an Bealach, go nglaoann siad Gaisceanán air. Bhí Diarmaid an t-am san ina chónaí sa Scibirín. Bhí sé in' oifigeach sa phoor-house, agus bhíodh sé ag tabhairt airgid do sna daoine bochta ón bpoor-house. Dúratas leis go raibh sé achtaithe ar na' h-aon stróinséarach bhéarsa a dhéanamh do Ghaisceanán. Dúirt sé mar seo:

*A Ghaisceanáin a' bhrolaigh bháin, is géar-í do shrúill.
Leog mé slán, 's a bhfuil sa' bhád i n-aonfheacht liom,
Agus seo mo dhá láimh duit ná tiocfad go brách arís go Cléire chughat.*

[Conchabhar Ó Síothcháin. An Lóchrann, Lúnasa, 1930, 3.]

Sunta an Ghaisceanáin

257

Má théimse amach An Bealach fágfaidh mé an Gaisceannán agus an Charraig Mhór ar ár gclé. Deirimse libh nach cóir agus nár cheart agus nach bhfuil sé oiriúnach ag aon duine gabháil amach Siúnta an Ghaisceannáin gan stad, macnamh beag do dhéanamh agus rann beag do dhéanamh don Ghaisceannáin.

DSD

If the wind was south westerly or southerly, naturally one would'nt go around Gasceannane because there would be a swell there. One would travel around Sherkin in that event. If the wind was, say north east and if you had an ebb tide, an ebb tide flows up there.... If you had a flood there you would'nt go at all there because the flood comes down in a spout there. Naturally with a northerly wind and an ebb tide they say you'd make eight minutes shorter of a route there. You'd come around Sandy Island in all southerly winds nearly all the time. EÓD

Sruth an Ghaisceanáin

257 A

Tuile gan Bháisteach

Fear gurbh ainm Finghín 'ac Gearailt dó. Siúinéir ab ea é agus fear cruinn ar gach aon chuma. Do casabh file air lá amuigh sa dúthaigh, agus bhí tuile mhór bháistí ann an lá céadna. "A Fhinín 'ic Ghearailt", ars' an file leis, "cathain a thiocfaidh lá tuile gan bháisteach?" 'Sé an freagra thug sé air:

*"Ní file fear mh'ainme 'gus ní ceapadh le dán mé,
Ach dá mbeifeá-sa go maidin ar Ghaisceanán in airde,
Do bheadh fios ar maidin agat cathain thiocfadh tuile gan bháisteach".*

[Conchabhar Ó Síothcháin, Oileán Cléire, d'aithris. An Lóchrann, Márta, 1930, 5.]

An Charraig Mhór

258

Shéid sé stoirm uafásach ar an séú lá fíchead de na Faoidigh i naoi déag fíche a trí. Chuir sé anfa ar an mbán agus do leag sé Simné na Carraige Móire. Tá an Charraig Mhór ina maolachán riamh ó shin. Shéid sé stoirm mhírialta eile um Nollag 1929 gur réab na báid go léir i dTrá Chiaráin a gceanglacha agus do cartadh mór timpeall an chuain iad. Bhí orthu so ar leo na báid agus na comharsain saoire na Nollag do dhearmhad agus na báid go léir d'fheisteadh arís.

[ADSD 44.], Cf. Na Fuaránaibh BT 50.

Carraig an Phoirtingéalaigh

260

[Cailleadh] ártach Poirtingéalach ar chliathán theas na Carraige Móire sa tseanaimsir. Carraig an Phoirtingéalaigh an ainm atá ar an bpáirt sin do ón lá san go dtí an lá inniu. Mhair na fir, agus chualag go ndúirt an captaen ná cailfí an t-ártach dá mbeadh an t-ancaire mór a fhág sé sa bhaile ar bord aige. Tá sé mar ghnáthfhochal ó shin anso, an té a dhéanfadh dearmhad ar aon ní, 'Á', a déarfadh an fear thall leis, 'd'fhágais sa bhaile é mar a fhág an Poirtingéalach an t-ancaire mór sa bhaile ina dhiaidh!'.

[SC 83.]

Do cailleadh ceann des na hárthaigh sin 'Spanish Galleons', nó ártach Poirtingéalach ann, deirtear. DSD

Oileán na mBroc

262

Bhí an iomad daoine ar an oileán chun a ndóthain den sleabhcán d'fháil. Théidís go Oileán na mBroc á lorg agus is ann do bhíodh an fiabharra de. Téití go hOileán Éinne leis agus amach ar Charraig Liúir faoin a dhéin. Níor bheo do bheo gan bhéile de idir Lá Fhéile Bríde agus tosach an Abráin. Chreid mórán go raibh leigheas poic agus plandaras ann go mórmhór san uisce a théadh á bheiriú, agus a rian air ná téadh puinn de amú.

[ADSD 147-48.]

Do bhí fear i gCléire fadó agus do bhí tarbh buille aige. Ní raibh na báid chomh aireach i gCléire in aon chor an aimsir sin agus atáid anois. Báid bheaga maidí a bhí acu. Do tháinig ceannaitheoir stoic san oileán agus do cheannaigh sé an tarbh. Do thug sé bád ó Inis Uí Drisceoil isteach roimis agus fir láidre inti.

Do tugadh an tarbh go Faill Chua agus do chuireadar téad sa stróinín a bhí ina smut agus dúradar leis an bhfear a bhí ar an dtraigh 'má's é an fear mór é tabharfaimíd linn é'. Do chuireadar a gcúrsa ar Thrá Chrú in Inis Earcáin. Bhí san go maith is ní raibh go holc conas a bhí ach gur tháinig sé anuas ina smúrabhán, dubh le cach, ins a chás ná feicfá poll ná dréimire. Do bhíodar ag iomramh agus ag

iomramh in sa chás go ndúradar le chéile go rabhadar amú. Do thit an oíche agus ní rabhadar ar aon talamh ach an taoide tuille ag baint na mbonn uatha. Ach le toil Dé do chualadar caint ar a gcóngar in áit éigin. Cad a bheadh ann ach bád beag ó Chléire i bhfál Oileán na mBroc agus í ag marú éisc. Do labhair ceann d'fhearaibh Inis Uí Drisceoil agus d'iarr sé cé bhí ag caint ansan. "Tá bád ó Chléire", arsa duine eile á fhreagairt. "A ghrá Dé", arsa fear Inis Uí Drisceoil, "cá bhfuileann sibh ansann". "Táimid a bhfál Oileán na mBroc", arsa fear Chléire, "agus casaigí mar seo mar tánn sibh ag imeacht siar ó dheas fén gcósta. Cad as go dtánúir, nó cad é sin in bhúr diaidh", arsa fear Chléire. "Mallacht súd air", arsa fear Inis Uí Drisceoil, "tá an fear mór in ár ndiaidh agus táimid marbh aige mar táimid ar farraige ón a dó dhéag a chlog inniu agus is dócha go bhfuil sé a cúig a chlog ar maidin anois". Do imíodar isteach an Bhealach Bheag ansan agus do thugadar go Trá Crú an tarbh agus is iad a bhí go máite agus go tuirseach.

[RBÉ S 295:51-52. "Scéal a' Tairbh". Bailitheoir: Cáit Ní Drisceoil, Comalán, Inis Chléire. Faisnéiseoir: Tomás Ó Síocháin (75 bl.), Comalán, Inis Cléire.]

Poll na nEascúin

266

Ní cuirfí eascúin ar salann in éineacht le langaí agus troisc. Bhíodar ró-throigheanach chuige sin agus do loitfeadh a n-íle na langaí. Ní fheadar cad ina thaobh é ach ní fhaca eascúin leasaithe riamh dá dtabhairt chun margaidh. Is deimhin go ndíoltar na heascúin úra agus luach maith orthu leis. Ba dheacair dhomhsa ná dom leithéid léiríu ná míniú don duine thall an blas breá atá ar chnámh droma eascúine buí. Bíse ag caint ar mhisleáin! Is fada uathu a fhanfá dá bhfuightheá blas an chná chnámh droma úd.

Ní fheadar cad ina thaobh é, ach tugtaí eascúin buí ar chailíní agus ar mhnáibh óga a bhíodh tanaí agus buí ina gcneas. Is le droch-mheas orthu a tugtaí san orthu mar ná raibh aon mheas ar mhnáibh ná ar chailíní ná raibh rua breicineach geal nó geal dubh ach buí - Ó go bhfóirí Dia orainn! An duine a bheadh sleamhain meallthach ina shlí agus ina chaint ba eascú leis é agus ní thabharfaí iontaobh leis ar an ocáid.

Dála san ní raibh Peadar Ó hAnnracháin - beannacht Dé lena anam - ana ró-gheal ina chneas agus nuair a bhíodh sé i gCléire i dtosach an chéid so ar obair timreachta do bhaist mná óga Chléire Peadar buí na n-eascú air mar leasainm.

Fág fé mhná Chléire é - nuair a bhí mná Chléire ann! .

[DSD. IT. 23/11/1983.]

Carraig na nDeargán

267

Ball maith chun deargáin ba ea Carraig na nDeargán. Deintí iad a leasú.

DC

Baigdeaid

268

Deireadh seandaoine an bhaile le stróinséirí dul ar Charraig an Fhiolair agus go mbeidís ag féachaint anuas ar Bhaigdeaid. Ní nach ionadh b'áit eile ar leith é Baigdeaid. Áit ina raibh aoibhneas agus saibhreas an domhain le fáil ann. Is é an scéalaíocht a thug an tuairim san dóibh. Théidís féin ann ina n-aonar agus ina ngasraibh ar dhomhnaíochaibh agus ar fhéilibh móra na heaglaise., go raibh draíocht ag baint leis agus ag gabháil do. Téim ann chun féachaint anuas ar an radharc úd ar a thug na seandaoine Baigdeaid.

[Carraig an Fhiolair, ADSD 55; DSD, IT. 19/9/1987.]

Is cuimhin liom lá agus mé ag teacht abhaile ón Aifreann agus bhí roinnt cuairteoirí ar an oileán. Bhí duine acu ag caint le fear ón oileán agus d'fhiafraigh sé de cén sort áite é sin thuas mar atá an Stacán ag éirí san aer. 'Téir suas', a dúirt sé agus 'beidh tú ag féachaint síos ar Bhaigdeaid'. Sin mar a léirigh sé an radharc a bhí le feiscint ón áit. DSD

CRATHACH THIAR (CTi)

Cuaisín na Muice Mara

1

Dealraíonn sé go raibh muca mara timpeall na h-áite seo. D'itheadh muintir na mBlascaod iad mar mhuceoil agus tá siad níos blasta ná é.²²⁵ DSD

Muc Mara: *Ceann eile de na piastaí seo is ea an tóthainneach. Is 'muc mhara' a tugtar uirthi seo mórthimpeall an chósta, pé chúis gur tóthainneach í i gCléire. Tharlódh gurb í an tóthainneach seanainm cheart an tseoltóra²²⁶ agus gur cailleadh an ainm muc mhara de thoisic nó de thoisic eile, agus gur ghreamaigh an focal tóthainneach di. Tá Cuaisín na Muice Mara ar thaobh theas Chléire, a fhágann go raibh an focal ann uair éigin, agus tuigtear a bhrí. Ní mídhealraitheach an dá phéist lena chéile ach an seoltóir do bheith i bhfad níos mó ná an tóthainneach agus gan aon phionnaí ar an dtóthainnigh. D'ití an tóthainneach ar an mBlascaod ach níor chualag go n-ití in aon bhall eile í. Gluaiseann siad ina scoileannaibh ag léimrigh as an uisce, ag rás agus á n-únfairt féin gach re seal. Thug ceann acu na blianta mar phíleoit i gcuan Dhún na Séad. Bhíodh sí roimh gach bád ag béal an chuain chun í thionlacan isteach agus dheineadh sí gach bád do thionlacan amach arís go béal an chuain. Píleoit Dhún na Séad a tugtaí uirthi. Ní dóigh liom go bhfuil sí ann anois le cúpla bliain.*

[ADSD 134-35.]

Carraig an Chláir

2

Bhíodh daoine sa tseansaol ag dul trasna ann ag fiach deargáin. DSD

Tá sé leibhéalta ar a bharr mar chláir ach ansan mb'fhéidir go mbíodh daoine ag dul amach ann sa tsean-shaol, ag dul trasna ann le clár ag iascach deargáin. ED

Faill Ní Chathail

3

Chuaigh long eile ar na carraigeacha ag Faill Ní Chathail sa bhliain 1884. Níor cailleadh éinne léi ach do tógadh go leor gréithre aisti. Chonaic féin plátaí, spúnóga agus áisí eile aisti i go leor tithe. D'fhan sí sin tamall maith ar barra agus théadh go leor daoine ar bórd ag féachaint uirthi. Fiú chuaigh an sagart paróiste agus an sagart cúnta inti. Ní foláir nó gur itheadar béile inti mar go ndúirt duine éigin gurb é an diabhal de ghoile a bhí ag an sagart paróiste an lá a chuaigh sé ar bórd an t-Ilerion - b'shin é a h-ainm.

[ADSD 39.]

An Sliabh

6

Tá trí cinn de fháinní iarainn lena mbíodh an polla ceangailte thuas ann i gcónaí.²²⁷ CC

Mig Fhail Ní Chathail

14

"Cá raghaimid anocht?" a déarfadh duine. "Raghaimíd ar Mhig Fhail Ní Chathail". "Tá na meadhna go léir aiscithe anois: bímis ag dul abhaile". Bíonn cómharthaí tailimh ar na meadhnaibh.²²⁸

[An Lóchrann, Deireadh-Fomhair 1930, 6.]

Ní raibh aon slí eile maireachtaint ag muintir an Oileáin seo ach amháin an t-iascach. Iascaire ab ea gach fear dá raibh ann, agus do thógadh na mná páirt ins an obair ag cabhrú leo. Is minic a chuala nuair a bhíodh na sparaitéir agus iascach cholomáirí ar na meadhanna go dtéadh na mná go léir fé dhéin na bhfear le'n a ndinnéar. Tá Mig ar thaobh theas an oileáin seo, tamall beag amach ó thaobh an oileáin go dtugtar Mig Fhail Ní Chathail uirthi. Mig ana-fhairsing isea Mig Fhail Ní Chathail agus is i ngeall ar sin, do bhíodh slí ag flíot mór bád iascach uirthi. Ins an am úd ní raibh aon anncaire iarainn ag baint le aon bhád iascaigh anso, ach do bhí gléas eile acu a bhí déanta d'adhmaid agus de chloith (de cloith - de chloch). Cailleadh a tugtaí ar an ngléas san.²²⁹ Ar cheann na caillí sin do bhí téad ceangailte. B'í an cailleadh an t-anncaire, agus dob í an téad anncaire, agus nuair a bhíodh an sparaitéir chun anncaire ar an Mig ag iascach cholmóirí dob í an cailleadh an t-anncaire a bhí a choinneamh óir.

Agus seo arís sláinte chuinn na mban mar is ag tagairt dóibh bhíos lena na umhlaíocht agus len bpraitinghiúlacht, agus le'n a ndúrthacht i dtreo is go mbeadh an dinnéar ag na h-iascairí. Ar dtúis do bhíodh mar a déarfá flot déanta suas idir na mná. Do théadh na mná go léir fé dhéin na carraige mara, a n-áit speisialta, i dtreo an am céanna, agus dá mbeadh aon bhean mall nó deireanach, do fanfaí léi. Do bheadh na mná go léir bailithe ar an gcarraig, agus do bhí aon bhean amháin ar an mithil, go raibh guth binn agus scartacha láidir aici, agus thosnódh sí sin ag gaoch ar na h-iascairí an ard-a-cinn sa ghuth is á sméide chuinn carraige, teacht chuinn dinnéir. An Coileach a tugtaí mar ainm ar an mnaoi seo a bhíodh ag gaoch agus ag sméide. Is minic a thugadh na h-iascairí amuigh ins na bádaibh an téarma, sé sin nuair a chífídís, agus nuair a chloisfidís an bhean ar an gcarraig mhara. "Tá an Coileach ag gaoch, is mithid glíndeáil suas agus dul chuinn dinnéir". Nuair a fhágfadh na báid an Mhig ní bhainfidís an clohort nó clár cheangailt de cheann téide an anncaire agus á chaitheamh amach ar snámh ins a bhfarraige. Do théadh gach bád thar nais agus do thógadh a chlohairt féin ar bórd arís.

[RBÉ 1320:729-30. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Inis Cléire.]

Gort an Ghalláin

25

Tá gort i mbaile fearainn an Chrathaigh agus Gort an Ghalláin is ainm dó. I dtaobh theas an ghoirt tá gallán mór ina sheasamh. Tá an gallán seo tuairim deich troithe os cionn an tailimh, agus tuairim cheithre troithe ar leithead. Níl aon tseanchas mar gheall ar an ngallán so, ach tuairim 50 bliain ó shin do bhí sclábhaithe ag obair tuairim 60 slat ón ngallán sin ó thuaidh, agus do fuaireadar cloch shocair go raibh sord scríbhneoireacht uirthi.²³⁰ Ba gheall le cathair na Trae an scrí seo, agus dúirt na fir go raibh poll mór thíos faoin leac cloiche seo. B'fhéidir go raibh baint éigin ag an ngallán leis an gcloich. Do tugadh an leac seo amach go dtí Oileán Inis Arcáin, agus do bhí sí ina seasamh taobh leis an séipéal ag an bhfalla in áit éigin.

[RBÉ 609:272. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Oileán Cléire, (12/1/1939).]

Pond

31

Deintí lín a phortú ansin tráth.²³¹ SMC

Páirc na Cathrach

32

Tugtar 'The Mine' leis ar an áit mar deineadh iarracht copair a bhaint as uair éigin. CC

Garraí na dTrí Cúinne

34

Thugtaí Garraí na Gréine air chomh maith. CC

Garraí an 'Chottage'

38

Bhí tigín beag ann tráth. SMC

Bóthar Chnoc an Chrothaigh

41

Tá bóthar ag teacht de dhroim airde an chnoic seo [Cnoc an Chrothaigh] atá le feiscint go soiléiseach i bhfad siar ins an chósta, toisc go bhfuil a aghaidh iompaithe siar. Ar thaobh theas an oileáin seo atá an bóthar seo agus sin é an bóthar a bhíonn in aon líne le Tigh Solais Charraig Aonach go dtógann na h-iascairí comharthaí tailimh air chun teacht ar cheart lár na Carraige Nua. Banc spiléireachta is ea an Charraig Nua naoi míle ó Charraig Aonach Siar.

[RBÉ 742:338-340. Bailitheoir: Ciarán Ó Siocháin, Crathach, Cléire.]

Tigh Thomáis Shipsey

46

Deirtear gurbé cuma a d'eascar an t-ainm Shipsey ná seo. Do raiceáladh long ar an dtaobh theas den oileáin agus tháinig máirnéalach amháin slán ón longbhriseadh. Fuarthas theas é ag na failltreacha. Nuair a tháinig a chiall chuige, ní raibh de phort aige ach an dá fhocal Béarla, 'Ship' agus 'Sea'. 'Shipsea'- Shipsey a tugadh air ina dhiaidh sin. Le himeacht aimsire bhain na Shipsigh agus a sliocht gradam amach dóibh féin leis an tiarna talaimh agus deineadh báille de dhuine díobh.²³²

Caitilicigh ba ea na Shipsigh gur iompaigh Shipsey Mór na Breiminí ina phrotastúnach, rud a thug uchtach don choilíneacht protastúnach a bhí á phréamhú i gCléire sa tréimhse 1849-53. Báille ag an tiarna talaimh ba ea Shipsey Mór.²³³

Is anseo a bhí Oifig an Phoist Chléire ar dtúis sar a aistríodh go Coinlín é ag deireadh an chéid seo caite nuair a chuaigh Shipsigh an Chrothaigh chun cónaithe ansin.²³⁴

CRATHACH THOIR (CTo)

Is i lár an oileáin geall leis, atá an Crothach, idir an Gleann, Lios Ó Móine agus Cill Lic a Fórabháin. Dearnathas go leor de mhuintir an bhaile seo do dhí-shealbhú tráth ar ghrá fheirmeacha móra do dhéanamh do Chlann Shipsey Mhóir na Breiminí. Tá rian na mbothán a bhí acu siúd soiléir fós.

Crothach nó Corrach is dóichí is bun leis an ainm. "Siúd é an préachán bréagach bradach thar an gcrothach úd anall" a deir an sean-phort suantraí.

Bhí go léir síbíní ar an mbaile seo tráth. Tá rian de chuid acu ann fós. Gabhann síoma bog poirt agus corraigh ó dheas agus ó thuaidh tré lár an bhaile. Níl ann fé láthair, ach an t-aon teaghlach amháin, ar imeall theas an bhaile, agus is

ar an mbaile seo leis a cualadh an glór deirneach den 'Siobhán an Túirne' nó an 'Nightjar' sa Bhéarla. Is ar an mbaile seo a céad cuireadh síol féir i gCléire.

[DSD.]

Baile isea an Crathach go bhfuil cnoic 'na lár agus déanamh cruaike atá ar na cnoic sin. Is ós na cnoic sin a fuair an baile an ainm Crócha nó Crathach.

[RBÉ 609:216. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire. Faisnéiseoir: Diarmaid Ó Síocháin (69), Cill Leice Fórabháin, Oileán Cléire, 12/11/1938.]

Thárlódh gur ó "Crothach" nó "Cruthach", sé sin dea-chumtha a h-ainmníodh an baile fearainn. Is áit riascach í Crathach Thoir. DSD

Garraí na Ceártan

4

Níl aon tuairisc go raibh ceárta riamh ann.

[RBÉ 609:205. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire.]

Capall an Chuaisín

28

Carraig mhara sea Capall an Chuaisín go bhfuil déanamh droim chapail ar a h-uachtar. Tá clais nó laig shochair, mar a déarfá, síos i lár an droma san. Beart fé chomhair iascach shlaite 'sea Capall a Chuaisín agus dúrthas go mbíodh saidhní dá n-oibriú ón gcarraig seo.²³⁵ Deirtear liom go raibh slí fé chomhair dhá shaidhne a oibriú ar Chapall an Chuaisín nuair a bhíodh saidhní á n-oibriú i gCléire seal blianta ó shin.

[RBÉ 742:304. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Oileán Cléire. 1/7/1940.]

Tá Capall an Chuaisín go maith chun deargán do mharú...

[RBÉ 558: 557. Bailitheoir : Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire.]

Gort an Bhranair

31

Deintí barr an ghoirt bhranair a dhó agus a scaipeadh ansin mar leasú.

DSD

GLEANN IARTHACH (GI)

An Sean Tigh Teileagrafa

1

Tuairm ochtó nó nócha bliain²³⁶ ó shin, do bhí sreangscéal ag teacht isteach ins an oileán seo. Le Reuter a bhain an sreangscéal sin, agus do bhí oifig acu i dtreo lár an oileáin ar chónagar an chuain theas. Agus ar bharr an chnoic is sia siar ins an oileán, an Sliabh Ard a tugtar ar an gcnoc sin, do bhí bothán beag déanta ann a bhain le Reuter.

Do bhíodh radharc ar an bhfarraige ón dtigín beag seo. An seantí²³⁷ a tugtaí mar leasainm ar an mbotháinín siúd. Dob é gnó a bhí den tseantí ná, ag faire ar loingsibh a bhíodh ag teacht ó Mheirice, mar ní raibh aon long a bhíodh ag teacht ón dtaobh aniar ná caitheadh comharthaí a dhéanamh leis an seantí ar an Sliabh Ard.

Do bhíodh beirt fhear ag faire amach ar a dturann ar na loingsibh istigh sa tigín seo gach re cheithre uair a chloig acu. Do dheinidís comharthaí nó caint leo sa lá le brataí, agus ins an oíche le soilse. Ansin do chuirteá teachtaire aniar ón Sliabh Ard go dtí an oifig á insint go raibh long ag teacht ón dtaobh aniar. Agus nuair a thagadh an long chomh fada le béal an chuain do bhí bád speisialta ann roimpi chun an scéil i gceart a thógáil ar dtír go dtí oifig Reuter, agus do chuiridís sin na scéalta go dtí ceannaithe na loinge.

[RBÉ 609:258-60. Bailitheoir: Ciarán Ó Siocháin (Mí Eanáir) 1939. CFC 99-100.]

Is é an bunús gur cuireadh ann é mar mhaithe le scéala a thógáil ós na stíméirí a bhíodh ag teacht ó Mheirice; mar ba é béal Inbhir an t-ionad coinne ag gach loing a thagadh ar chósta na hÉireann chun teachtaireacht a chur ar dtír.

[SC 4-5.]

Cé Cillín, Cé Inbhir

2

The pier was known as 'Cé Cillín' or Killeen's Pier as there was a Galway man named Killeen as site foreman during the building of South Harbour pier.

[Faisnéiseoir: Pádraig Ó Céadagáin (56). Baile Iarthach Thuaidh. 26/6/1984.]

Thugtaí Cé Cillín nó Killeen's Pier air tráth. Chuala go raibh fear de mhuintir Cillín ó Iarthar na tíre ag obair mar mhaor ar an gcé an uair úd. PC

An tiarna talaimh, Sir William Wrixon-Beecher, -comhpháirteach leis an mBord Iascaireachta, a thóg an Cé timpeall 1815.²³⁸

[Cf. South Harbour GM 1.]

Tobar Róibín

3

Tá, a deirtear, cáil ar a chuid uisce ar fud an domhain. Cuirtear é féin agus tobar eile ar shléibhte Chill Mhantáin i gcomh áird lena chéile i bhfeabhas agus i bhfoláinteacht a n-uiscí.

[DSD.]

Oileán Athach

5

Ins an tsean-shaol i gCléire do bhíodh mórán saidhní dá n-oibriú ar na carraigeacha mara.²³⁹ Ach leis na blianta fada níor cuireadh saidhne i gCléire níos mó ná cúpla uair nó thrí. Tá an cleas san áirithe iascaigh tugtha suas acu. Seo ainm cuid des na carraigeacha mara go n-oibrítí na saidhní ortha. Capall an Chuaisín,

Bullán na Conaireach, Tráigh Inbhir Mhóir, Tráigh Inbhir Bhig, Lic an Chapaill agus Oileán Athach.

Bhí an áit seo á úsáid ag báid sar a tógadh Cé in Inníor Mór. Bhí cuid den oileán gearrtha amach ón gcuid eile mar a bheadh oileán ann féin. B'fhéidir gur ón bhfocal faitche nó faiche a ainmníodh. DSD

Poll na Leice Buí 7

Tá poll sa talamh ann agus bhíodh clocha buí istigh ann. DSD

An Lubalach 9

B'fhéidir gur Logalach a chiallónn lug ar thaobh faille atá i gceist. DSD

An Díodán Mór 10

Tá foscadh le fáil san áit. Thárlódh go bhfuil dordán, díodán nó crónán le clos ón bhfarraige anso. DSD

Gallán na mBánóg 12

Ar thaobh theas an Oileáin do bhí galláin eile gurb ainm Galláin na mBánóg. Táid siad ar imeall an chnoic ón dtaobh thuaidh. Níl aon tseanchas mar gheall ar Ghalláin na mBánóg.

[RBÉ 609:273, Bailitheoir : Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Inis Chléire.]

Ansan sa Ghleann bhí Gallán na mBánóige a briseadh chun clathacha a dhéanamh, tá trí fichid éigin bliain ó shin DSD

Cuas an Ghleanna Iarthaigh 30

Tugtar an t-ainm seo air toisc é bheith suite i nGleann Iarthaigh. Déanann an t-uisce atá ag teacht isteach anseo glór cosúil le séideadh na boilge. DSD

Pointe na Boilge 33

Tá rinn talún ann ina bhfuil carraig le poll ann agus gluaiseann an t-uisce tríd le fórsa agus déanann sé glór cosúil le séideadh na builge i gceárta. DSD

Béal Inbhir 38

Béal Inbhir a bhí mar ionad coinne ag gach long a thagadh ar chósta na hÉireann chun teachtaireacht a chur ar dtír. Is go Béal Inbhir leis a thagadh na báid mhóra seoil chun Píolóit a thógaint ar bord don turas go Cuan Corcaí. 'They are' a dúrthas, faoi phíolóitáí Chléire sa bhliain 1832, 'excellent pilots for that part of the coast.'²⁴⁰ Ba iad Céadagánaigh an Bhaile Iarthaigh a bhí i mbun na píolóiteachta ó Chléire go Corcaigh le fada an lá.²⁴¹ Dhein Pádraig mac Coitir nó 'Pat the Poet' ón

nGleann veársaí ar obair na bpíolótaí sa dán aige dar teideal *The Pilot from Cape Clear*.

*A Yankee ship with colours flying,
For a pilot will appear,
She's standing in with her mainsail,
For a pilot from Cape Clear.*

*Then lo, when off South Harbour,
A pilot boat there glides,
With a pilot flag from her Mizzen mast,
For the stately ship she steers.*

*How skillfully the Cape man bows her,
And asks whence she came from ,
He asks what is her cargo,
And where does she belong.*

*This is the June Rose,
For Queenstown we are bound,
With maize and wheat from Frisco,
That city of high renoun.*

*He sails around her quarter,
As he holds in to the wind,
He steps upon her quarter deck,
And quickly throws a line.*

*Let down your sheets for Queenstown Bay,
For its welcome there we'll be,*

*We natives of this island,
Are a truebred Irish race,
No mixture of the blue blood,
Flows through our Irish veins.*

*Although but simple fishermen,
We love our island dear,
Here's to our wives and sweethearts,
In this island of Cape Clear.*

[Cf. Dánta le Peadraig Mac Coitir, An Gleann, Cléire CLOC.], Cf. South Harbour GM

GLEANN MEÁNACH (GM)

Suas tríd an Gleann ó Ché Inbhir a ghabhann Bóthar an Ghleanna chun an Sean Tigh Solais atá ar barr Chnoc an tSeabhaic. Is sa Ghleann a bhí an Teampall Gallda agus tá a chlós fós le h-aithint. Ba sa Ghleann leis a chónaigh an duine deirneach de shliocht na nGiollaí a deineadh giollaíocht nó píolóiteacht ar loingear

go Corcaigh. Bád é sa bhliain 1859. Ba de shliocht an Ghiolla Dhuibh é a threoraigh na Spáinnigh go Cionn tSáile i 1601.

Bhíodh síbín ar an nGleann ag bean do Chlann Uí Shé fadó ach níl a rian ann anois. Tar éis don mhuintir Uí Shé a ghlanadh amach as an gCoinlín dhein Éamon Shipsey an Gleann a ghlanadh chun cur lena sheilbh féin agus feirmeacha do dhéanamh dá chlann mac.²⁴²

Féachann sé go bhfuil scamall éigin ar an nGleann mar ní fhanann na gabháltaisí i bhfad i seilbh aon mhuintire ann. Scamall na gabháltacha b'fhéidir. Scéidheann sruthán síos tríd an nGleann go hInbhear faoi ndúirt an strancánaí "Let this be a warning to all the Glen Farmers, not to trespass on the waters of the Green river's flow".

[DSD.]

Inbhear, South Harbour

1

Ins an aimsir fadó nuair a bhíodh na loingeas móra seoil ag teacht aniar ó Cheanada lán do chruithneacht is do adhmaid do stad ceann acu lasmuigh do Chléire chun píolóite d'fháilt. Chonaic píolóite Oileán Cléire í agus iad i ngátar is do fuaireadar ullamh agus do chuireadar síos bád a bhí ar an dtráigh acu ach, slán mar a n-instear é, sar a shroiseadar an long do iompaigh an bád a bhí acu agus cailleadh iad. Siad na daoine a cailleadh ná Tomás Ó Drisceoil, Tadhg Ó Céadagáin agus Conchúr Ó Briain.

[RBÉ S 295:105. Matalong. Bailitheoir: Cailtín de Búrca, Comar, Oileán Cléire. Faisnéiseoir: Risteárd Ó Ceallaigh, Comar, Inis Chléire.]

Bhí fear i gCléire fad ó shin gurb ainm Tomás Ó Drisceoil do, agus píolóit loinge ba ea é agus ins an aimsir sin bhíodh loingeasa raidhsiúla. Do chaitheadh gach long a bhíodh ag dul go Corcaigh píolóit a thógáil.²⁴³ Ach lá brea ciúin geal do chonacthas ón gcnoc long ag teacht lasmuigh Inbhear.

D'fhág bád Inbhear ag dul fé dhéin na loinge, seisear fear inti agus an píolóit.²⁴⁴ Níor thánadar tharnais an oíche sin ná amárach a bhí chugainn ná riamh ó shin ná aon tuairisc uatha. Slán mar a n-instear é agus gach n-aon a chloiseann é. Do bhí file san oileán gur b'ainm Cormac Ó Ficheallaigh do, agus do dhein sé maireann dóibh agus seo mar dúirt sé.

*Mo thuirse nach long a deineadh d'bhúr mbád,
Do stiúrfadh do réir cúrsa anonn don Spáinn.
Do bheadh ár súil abhaile libh, nuair a gheallfadh an lá
ach do fágadh sa chaise sibh ag casadh le snámh .*

[RBÉ S 295:126-127. Matalong. Bailitheoir: Seosamh Ó Nualláin, Cnocán na mBáirneach, Inis Chléire. Faisnéiseoir: Conchúr Ó Síocháin (72 bl.), Cnocán na mBáirneach, Inis Chléire.]

Bhí Cé Inbhir tógtha faoi 1837 mar tuairiscíodh: 'A good harbour has been formed, and a neat pier constructed on the south side of the island, at the joint expense of Sir W. W. Becher, Bart., and the late Fishery Board'.²⁴⁵ Táthar den tuairim gur tógadh é thart ar 1816 mar áis chun ábhar do thógáil an tí solais ar Chnoicín an tSeabhaic a chur i dtír.²⁴⁶

Tugtar 'Cuan Samhraidh' ar an áit seo chomh maith mar bhíodh na báid iascaireachta ar snámh ann i gcónaí i gcaitheamh an tsamhraidh. Ní h-aon bhall slán é áfach le linn stoirme. Tuairiscíodh i 1844 'The south cove, called the South Harbour, is so open to the Atlantic, as often to menace with ruin all craft which approach it; yet when the wind blows from any point in the northern half of the compass, it affords good shelter'.²⁴⁷

Sa bhliain 1962 deineadh damáiste don ché ag Inbhear agus i 1966 réabadh an falla agus an bóthar gar do Bhrú an Óige le linn stoirme.²⁴⁸ Shéid stoirm uafásach in earrach 1991 a d'fhág an falla timpeall ar gháirdín Tigh an tSagairt réabtha.²⁴⁹

Chum John K. Cotter ón nGleann dán dar teideal *South Harbour* ina bhfaightear na véarsaí seo:²⁵⁰

*The road that to South harbour leads is the fairest road to see,
I've walked it with a buoyant heart from care and trouble free.
The summer's sun shines brightly on that Glen beside the sea,
On clover fields whose blossom yields the honey for the bee.*

*The cheerful mind of early years we'll never know again,
Illusions of our boyhood dreams, their raptures and their pain.
Ah! would that I were back again where I spent many a day
By the shores of wild South harbour where Neptune's pipers play.*

*The harebell blooms among the rocks that skirt the harbour side,
The surf is rolling on the beach with the flowing of the tide.
It rolls the pebbles over and moves them to and fro,
Where I built castles in the sand in the days of long ago.*

.....
*South Harbour calm and peaceful when the ocean is at rest,
How often have I played the oar in peace upon thy breast.
Paddling in a little boat with colleens fresh and fair,
Visiting the echo cave where mermaids do their hair.
If mankind all were peaceful, what a happy world 'twould be,
With pride and greed and arrogance all buried in the sea.*

*South Harbour was packed with sand in my grandfather's young days.
"Inbhear Beag" had many feet of sand as well. When the pier at South Harbour was
built for landing materials for the building of the Lighthouse the sand was cleared
away in a different direction.*

[Faisnéiseoir: Danny Leonard (85), Baile Iarthach Theas, Cléire, Lúnasa, 1983.]

Inbhear Mór

2

Cuimhneód choíche ar na laethanta a chaitheas ar scoil ag tús m'óige. Do bhí fiche éigin bád breá iascaigh ag baint leis an Oileán seo an uair úd. Do bhí mór-sheisear d'fhearaibh lúfar, láidir mar chriú i ngach ceann des na bádaibh sin, agus na theannta san do bhí daicheadh líontán ag gabháil le gach bád ar a chomh luigheadh. Do shínneadh hangaí gach báid acu san tuairim dhá mhíle ar fhad.

Do bhíodh na báid ag iascaigh ar feadh chúig oíche na seachtaine, sé sin, Dé Luain, Dé Máirt, Dé Céadaoin, Déardaoin, Dé hAoine gan Dé Satharn nó Dé Domhnaigh, a bhach. Tá dhá chuan dheasa ins an Oileán agus is istigh ins na cuanta seo a bheadh na báid feistithe ó thráthnóna Dé hAoine go maidin Dé Luain. Inbhear agus Tráigh Chiaráin a tugtar ar na cuanta seo. Tá Tráigh Chiaráin ar thaobh thuaidh an Oileáin ach níl sé chomh oscailte agus iompaithe amach chun an chósta mhóir. Cuan Samhraidh a thabharfadh muintir an Oileáin seo ar a leithéid san de chuan.

I gcaitheamh an tsamhraidh do bhíodh go leor des na bádaibh feistithe i gcuan Inbhir. Sea do bhí an Scoil Náisiúnta déanta in aice le Iníor. Ní raibh Trá Inbhir féin ach tuairim trí fichid slat ón scoil ins an chás nár bhféidir leat do chos a chur in aon áit ná raibh báid agus líonta, draethi inti, agus iascairí mór thimpeall ort.

[RBÉ 670:7. Bailitheoir : Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Oileán Cléire.]

Tráigh Inbhir Mhóir

3

*Idir dhá Nollaig 1940 do chuaigh long eile [i.e. *The Maigne*] ar dtír in Inbhear agus í lán de bhagún ar a bealach go Sasana leis. Thit sí ar a cliathán agus seo leis an mbagún chun snáimh. Dhá mhuic i ngach paca. Agus cogáíocha ar siúl, cé fhágfadh easpa air féin agus níor fhág leis agus chuaigh cuid mhaith de na muca úd faoi athleasú. An mhéid de ná deaghaidh do cuireadh go tóin poill é amach ó chuan Chorcaí.²⁵¹ Cé acu den dá chrích ba chirte nó ba ainchirte?*

[ADSD 40.]

In aimsir an Land League tháinig daoine isteach ar an oileán chun craobh den eagrás sin a bhunú ansin. Is isteach ar Thráigh Inbhir a thánadar agus do thug duine acu oráid mhór cainte uaidh. Ar a ndúirt sé bhí seo:

'Agus, a dhaoine uaisle Chléire, tá tiarnaí sínte agaibh ar fhleasc a ndroma, mar a bheadh gamhain go mbeadh a cheithre cosa san aer agus sibh ag baint an tseithe dhe.

A dhaoine uaisle Chléire, níl aon lá ná feiceann sibh ártach an dá chrann, na dtrí gcrann agus na ceithre gcrann ag imeacht tharaibh siar, ag tógáil bláth na hÉireann go dúthaíocha iasachta, ag triall le maireachtain dóibh féin.

Agus, a dhaoine uaisle Chléire, má chuirtear amach as bhur gcuid talaimh sibh, ní baol daoibh éinne á tógáil go brách go dtagaidh na bairnigh aniar aneas ó Bhullán na nDeargán'.²⁵²

[Cf. CFC 101-2.]

Coastguard Station : Brú an Óige

4

Tigh Mhinistéara ba ea Brú An Óige. Is dócha go bhfuil sé céad bliain²⁵³ ó bhí na Coastguards ann. Tháinig an Ministéir ann ina dhiaidh acu. Bhí Teampall Gallda i bpáirc taobh thuas de sin. Is cuimhin liom é do leagadh. Sean Uncail Paddy Timsey an duine deireanach a cuireadh ann.²⁵⁴ B'shin é an Protastúnach deireannach a cuireadh ann. ED

Ní fios cathain a tógadh an Stáisiún ach ag tagairt do Inbhear sa bhliain 1823 scríobh Otway 'In this sheltered hollow was the house of the waterguard'.²⁵⁵ Is cosúil gur stáisiún cuíosach tábhachtach de chuid gárda an chósta í Cléire mar dúrthas 'a crew of about twenty sailors with their families are stationed here to put a stop to smuggling on the coast'.²⁵⁶ Bhíothas ag coimeád súil ar phobal an oileáin féin is cosúil leis mar tagraítear do 'surveillance of coastguards and revenue officers, who neither allow them to traffic with homeward bound vessels, as in the days of their forefathers, nor to hold intercourse with contraband traders from the coasts of France and Holland, nor to manufacture their own whiskey'.²⁵⁷ ' There is a coastguard station on the island' a thuairisc Lewis sa bhliain 1837²⁵⁸ ach ní thagraíonn an *Parliamentary Gazetteer of Ireland*, 1844 don stáisiún ar chor ar bith. An amhlaidh go raibh deireadh leis idir an dá linn?

Mhair gnó na smugailéireachta beo rábach áfach ar chósta Chléire sa cheathrú deireanach den aois seo caite.²⁵⁹ Ag tagairt don tréimhse 1890-1900 luann Conchúr Ó Síocháin go mbíodh searaí branda, cárt an ceann le fáil ar dhá scilling an ceann ó smugailéir a thagadh ar chósta Chléire. 'Sin í an aimsir', a deir sé, 'gurbh fhuirist do dhuine a phíopa a líonadh, pe ní is a dhéanfaidís anois, nuair a gheofa tobac bliana ar deich scillinge'.²⁶⁰

Nuair a bheartaigh an tOirmh. Edward Spring ar theacht chun cónaithe go Cléire sa bhliain 1846 bhronn an tiarna tailimh Sir. William W. Beecher tigh agus feirm sa Ghleann air, 'The house, a deserted coastguard station, was in ruins. The farm was capable of much improvement'.²⁶¹ 'Large sums were expended in improving the land and enclosing a beautiful garden'.²⁶² 'I am', a dúirt Spring. 'just now making some very fine double ditches lengthways and crossways on the farm'.²⁶³ Chaill sé £44 leis na feabhsaithe go léir a bhí déanta aige ar an bhfeirm ach bhí sé aige dar leis, 'now in a good state for potatoes about two acres never before reclaimed. My potato crop last year was the best on the island, and I believe my turnips too'.²⁶⁴

Sna blianta 1846-48 deineadh an sean Coastguard Station a chóiriú mar an Cape Clear Parsonage ²⁶⁵. Ní ró-fhada a mhair mar Thigh an Mhinistéara mar faoi 1881 bhí sé i seilbh Ceadagánaigh a bhí ina phíolóta agus ba mhinic an "Glebe House"²⁶⁶ á thabhairt aige sin air. Ó 1960 is brú de chuid An Óige é.

Pound

5

'On the whole island there are but two trees, which are situated in the pound at South Harbour'.²⁶⁷

An Teampall Gallda

6

Féach féin nach eaglais Phrotastúnach ná teampall Protastúnach a tugtaí air ach an teampall gallda agus an scoil gallda a bhí taobh leis agus atá le blianta beaga anois mar halla an oileáin.

Níor chualag an focal Protastúnach á úsáid riamh i m'óige. Sasanaigh dob ea iad agus sin a raibh. Fiú déarfaí gur iompaigh duine ina Shasanach.

Pé scéal é, is é is dóichí go bhfeacthas do na Sasanaigh go raibh an t-am caothúil go leor timpeall na bliana cúig agus daichead nó roimhis an creideamh nua do thabhairt isteach ar an oileán. Bhí an t-oileán tuillte le daoine²⁶⁸ agus is dócha cuid díobh agus cuid mhaith díobh ar dhrochfheisteach agus go raibh sé dóichiúil go leor go raghaidís leis an ndream a chabhródh leo le bia agus uile.

Bhí roinnt bheag Sasanach ar an oileán roimhe sin ag plé leis an dtigh solais ach níorbh oileánaigh iad. Tugadh gabháltais bheaga tailimh leis do choilín-teacht Phrotastúnach ar ghrá cos do chur i dtalamh ar an oileán.²⁶⁹ Dála san níorbh Phrotastúnaigh chearta iad ar aon chor ach réicí ón mórthír a thréig a gcreideamh sa bhaile de dheascaibh b'fhéidir aighnis bheaga lena sagart nó cúiseanna níos lú. Thagadh an Ministir Spring Rice nó Spring mar a tugtaí i gCléire air isteach á sólású súd agus sa bhliain 1846 do tógadh an teampall gallda ar an oileán faoi a cheannas súd, agus níor spáráladh aon airgead air.²⁷⁰ Clocha gearrtha a bhí ón dtaobh amuigh leis agus buaic an chloig ar a phinniúir thoir. Is ag a cheann tiar a bhí an doras isteach ann agus póirse beag ón dtaobh amuigh. Bhí ceann an-ghéar air agus dealramh éigin fuar tréigthe air nuair a chuas ar scoil.

[ADSD 72-73.]

An Island Society a thóg an Teampall sa bhliain 1849. Tá a chlós le h-aithint fós díreach ar chúl Brú An Óige. Bhí slí do thrí chéad duine ann. 'A sensible imitation of an ancient Irish church' ba ea é, dar leis an Oirmh. Edward Spring.²⁷¹ Do leagadh an Teampall sa bhliain 1932-33 agus tá na clocha anois ag tógailt bainc i Scoil Mhuire, Co. Chorcaí. Tá daoine curtha i gclós an Teampaill. Cuireadh an Protastúnach dúchasach deireannach de chuid an oileáin ann sa bhliain 1944.²⁷²

Ní dóigh liom gur iompaigh éinne de dhúchasaigh Chléire leis an gcreideamh nua ach tá sé cinnte go dtéadh cuid éigin díobh ag seirbhís ar ghrá ladhar mine bhuí nó taoscán praisce d'fháil, ach chomh luath riamh agus a gheal an saol arís thugadar droim láimhe dó.²⁷³ Pé scéal é do bhí pobal beag ar Chléire a fhreastalaíodh ar an dteampall gallda agus bhí Spring ag freastal orthu súd. Gnáthdhaoine bochta dob ea iad ach nuair a iompaigh Shipsey Mór óna chreideamh, agus ba bháille ag an dtiarna é siúd, thug sé neart don gcoilín-teacht. Níor sheasaimh an pobal Protastúnach i bhfad agus d'imigh an ministir leis féin ach d'fhág sé léitheoir Bíobla ina dhiaidh gur minicí ar straidhn mheisce é ná ar a mhalairt. Bhíodh sé ag múineadh sa scoil ghallda leis ach dála san, níor lean an scoil úd i bhfad. Chonac an díon uirthi seo leis i m'óige ach do thit sé isteach le h-imeacht na mblianta. Chreid go leor daoine go mbíodh ainsprid ag gabháil idir an scoil agus an teampall i gcló cránach gach aon oíche ach is dócha arís ná raibh ann ach speabhraídí na samhlaíochta.

[ADSD 72-73.]

Bhí scoil ag an *Island and Coast Society* sa sean Coastguard Station mar a bhfuil Brú an Óige anois ach sa bhliain 1846 ghlac an tOirmh. Spring seilbh air seo agus dhein an *Cape Clear Parsonage* as.²⁷⁴ Ar chúl an tí seo ag An Cuar bhí tigh cónaithe a cóiríodh mar scoil le cabhair deontais £10 ón gcumann.²⁷⁵ In a chuid ábhar bolscaireachta, ag bailiú airgid dó, do Theampall i gCléire sa bhliain 1850 thagar Spring don scoil nuachóirithe:

The newly erected Schoolhouse is another good building, for half the cost of which we are indebted to the devout and energetic exertions of a young sister near Dublin, who felt that she could not better employ her pen during a portion of the hours of a severe and protracted bodily affliction, than by thus applying it to the promotion of her Heavenly Father's glory.²⁷⁶

Ba é polasaí an chumainn an Protastúnachas a chur chun cinn tré mheán na Gaeilge. Bhain an tOirmh. Spring úsáid as an nGaeilge²⁷⁷ agus leag sé foghlaim na Gaeilge ina choinníoll fostaíochta do chúntóir aige féin sa bhliain 1852.²⁷⁸ Gach seans gur i nGaeilge amháin a bhí an teagasc sa scoil ón uair gur tuairiscíodh "Irish is, as you are aware, universally spoken here".²⁷⁹ Tugadh lánúin den sloinne Mac Gearailt i leith mar oidí ó pharóiste Fionntrá i gCiarraí agus chuadar i mbun scoile don Oirmh. Edward Spring. Tugadh liúntas speisialta dóibh as an nGaeilge a mhúineadh i scoil an *Island and Coast Society*.²⁸⁰ Ábhar ba ea an nGaeilge nach raibh le fáil i scoil náisiúnta ar bith sa tír ag an am.

Bhí Myles McSweeney a bhí tráth ina oide agus léitheoir in Inis Uí Drisceoil ag múineadh sa scoil i gCléire sa bhliain 1852.²⁸¹ Is cinnte go raibh an Ghaeilge go maith aige mar bhí sé achtaithe ar léitheoirí do na hoileáin go gcaithfidís an Ghaeilge a bheith acu agus is Gaeilge ar fad a bhí ar Inis Uí Drisceoil i lár an chéid seo caite.

Dúnadh an scoil thart ar 1880 agus sa bhliain 1881 tuairiscíodh: 'The spacious school-house is the habitation of a Catholic fisherman and his family'.²⁸² Is follamh a bhí sé go ceann i bhfad go dtí gur cóiríodh mar halla paróiste é sa bhliain 1963 faoi stiúir an Ath. Dhónal Mac Cárthaigh. 'An Halla Glas' a bhí ar an ionad siamsaíochta seo don phobal agus do lucht freastail Choláiste Gaeilge Samhraidh na gCampaí Oibre anuas go dtí 1985 nuair a tógadh halla siamsaíochta eile "Luí na Gréine" i Lios Ó Móine.

Is sa 'Halla Glas' a tionóladh Daonscoil Chléire ó 1969 go 1977. Bhí club óige, Club Chiaráin, a dhein leas na Gaeilge ar an oiléan, lonnaithe ann sa tréimhse 1965-72. Ba ansin istigh a cuireadh fáilte roimh bheirt Uachtaráin, Éamon de Valera agus²⁸³ Cearbhail Ó Dálaigh.²⁸⁴ Bhí naíonra ann ar feadh tamaill agus tá sé in úsáid le cúpla bliain anuas mar bhrainse de Leabharlann Chontae Chorcaí.

An Cuar

8

[cf. An Cuar CLF 34.]

Tigh Pat the Lad

18

He was called 'Pat the Lad' ²⁸⁵ to distinguish him from his son Patrick or 'Pat the Poet'. He wrote poems in Irish and English. Someone cut his beard while he was asleep and he took it in good spirit when he wrote about it and his wife Máire Bhán who was from Skibbereen.

*"When Máire Bhán will hear it,
She could go distracted mad,
For shaving poor Pad Cotter,
Who courted her for so long". EÓD*

Tigh Phádraig MhicChoitir, Tigh 'Pat the Poet'

18

'Pat the Poet' atá faoi chaibidil ag Francis MacManus ²⁸⁶ anseo thíos. Thugadh Mac Manus cuairteanna ar Chléire ins na daicheadí déanacha. Ag trácht ar Phádraig Mac Coitir deir sé:

'He had knocked around the ports and harbours of the world, of Europe and the Americas and the East, with the same innocence of history as a gypsy's. Dakar, New York, Marseilles, Shanghai, Odessa and Genoa, were all one to him in so far as their

hinterlands were concerned, and all peoples were just people, except that some were heathen and others were not. On his voyages and in his retirement, he amused himself by writing verse, and a great deal of the verse was about Cape Clear Island:

*Around it the wild birds are singing the sweetest,
The swallows come early, the cuckoo and wren,
The seagulls are flying from over the mountain
And peace builds her nest near the House in the Glen.*

His house was shipshape, clean and neat as the cabin of a well-kept yacht, and filled with those ingenious cupboards that sailors make so easily. He was a solitary man, and like a good escapist, he had plenty of little curiosities which he could keep in play within the confines of the island. He had had enough of the world. One got the impression from his quiet, almost reluctant talk, that the world was outside in the sense that it is outside a cloister, and that he had taken a vow against it. He would not have been the first to take such a vow'.

[Cf. Francis Mac Manus, 'Viking-faced Cape Clear', *The Bell*. (1950) 25-26.]

Deartháir le 'Pat the Poet' ba ea an Captaen Séan Mac Coitir ²⁸⁷ ón nGleann a thug seirbhís i gCabhlach Mheiricea i rith an dá Chogadh Domhanda. Bronnadh gradam de bharr 'conspicuous gallantry' agus bhí sé le Cabhlach Mheiriceá agus le Halsey ar VJ Day sa tSeapáin.²⁸⁸

Pointe na Reanna Rua

19

Tagann dath dearg air ón ngrian nó ó shalann na farraige. DSD

Tigh Mhic Suibhne

25

Pádraig Mac Coitir (Pat the Poet) a chum na véarsaí seo dá chomharsa béal dorais Jerh. Sweeney. Con Pheadair Ó Síocháin, údar *Seanchas Chléire*, atá i gceist sa dán le 'Con the Poet'.

When Sweeney sold the boat

*It was on a Saturday evening I got a great surprise,
I saw strange men around the glen that dazed my weary eye,
I thought it was by Hitler's bombs the glen was going afloat,
But by strange scene it might have been that Sweeney sold the boat.*

*Sweeney is a big farmer and a man of powerful means,
He boarded foreign trawlers with this little boat it seems,*

*But now the war is raging hot and trawlers are remote,
With crops to sow and hay to mow then Sweeney sold the boat.*

*When passing down through Cummertown we looked a pretty sight,
The lovely horse and driver grand and things seemed gay and bright,
And down around the Harbour bar we met with Con the poet ,
Saying we'll have a glass of claret hot for I sold the boat .²⁸⁹*

Bóthar an Ghleanna

26

Bhí an Sean Túr ar Chnoicín an tSeabhaic agus an bóthar chuige suas tríd an gleann tógtha faoi 1806.²⁹⁰

Chreid go leor daoine go mbíodh ansprid ag gabháil idir an scoil agus an teampall [ar Bhóthar an Ghleanna] i gcló cránach gach aon oíche ach is dócha arís ná raibh ann ach speabhraídí na samhlaíochta'.

[ADSD 73.]

Véarsaí iad seo as *The Old Glen Road* le John K. Cotter²⁹¹ a chónaigh ar Bhóthar an Ghleanna:

The grass is growing green again where it used to be as bare,
And the careless feet that trod it then are scattered here and there,
Gone are the days into the past when we were young and bold,
And played the game of sally on the old Glen road.
We never will romp together again as in the days of old,
Nor pluck the fairy thimbles on the old Glen road.

We galloped around the haycocks at hide and seek did play,
Chasing one another and rolling in the hay,
With shouts of merry laughter at the funny stories told,
When we gathered every evening on the old Glen road.
We never will romp together again as in the days of old,
Nor go dancing to the lighthouse on the old Glen road.

Bhí scoil scairte sa ghleann tráth. Ag déanamh a shlí dó ar Bhóthar an Ghleanna go Tigh an tSolais sa bhliain 1823 tháinig Caesar Otway ar scoil scairte. Seo a thuairisc :

Further on, as we ascended the hill, we came into a snug hollow, in which was a low hut, without a chimney, covered with a net-work of ropes, to save the thatch from the stripping of the storm and there came forth from this hive, or hovel, a hum as if from a wasp's nest.

So bending double to pass, as through the aperture of a cavern's mouth, we descended into a hole, as dark, smoky, and smelly, as the cave of Cacus ; but in a short time, our eyes assimilating themselves to the palpable obscure could observe about twenty children sitting on stones, humming forth their lessons like hornets preparing to swarm; every little healthy, ragged, fish-smelling urchin had a bit of a book in his hand.

The furniture was of a heterogeneous character, bespeaking the multifarious occupations of the pedagogue. In a corner by the fire-side was his bed, over which were hanging sundry kinds of fish, put to smoke or dry ; over the door were nets and rods; along the walls were hanging a number of dead rabbits; and over the game was suspended a bag of foetid ferrets; all of which bespoke that independent of his college, this worthy principal drew much of his livelihood from the sea in summer, and from the sand-hills in winter. ²⁹²

Toisc na hoileánaigh a bheith ar bheagán Béarla ²⁹³ dar le Otway, is féidir glacadh leis gur tré mheán na Gaeilge a tugadh an teagasc i scoil scairte an Ghleanna. Denis McCarthy, Caitliceach,²⁹⁴ a bhí i mbun na scoile 1824-26 in a raibh tinreamh 40 Caitliceach agus 5 Protastúnach. Orthu bhí 37 cailín agus 8 buachaill. Ba de chlocha agus cré an scoil, a tógadh ar chostas £6.²⁹⁵ "Pay School" ba ea é in a raibh táillí idir dhá agus ceithre scilling sa ráithe le h-íoc ag na daltaí leis an múinteoir. Tuairiscíodh i 1835 go raibh scoil lae faoi Thomas Hayes agus go raibh tinreamh 30 dalta ann, 27 buachaill agus 3 cailín le meán tinreamh 15.²⁹⁶ D'athraigh Hayes ón scoil sa Ghleann go dtí an scoil a bhí athchóirithe i Lios Ó Móine ag an tiarna talaimh.²⁹⁷

Bhí cúpla scoil scairte sa Ghleann.²⁹⁸ Tuairiscíonn 'Report of the State of Popery' go raibh máistir scoile ar an oileán sa bhliain 1731 agus seans mhaith gur sa Ghleann a bhí teagasc á thabhairt aige. Tuairiscíodh:

I have made inquiry into the present state of popery in my parishes in ye Dioces of Ross and have been informed that in ye parish of Cape Clear there is one mass house, one priest and (One Popish) schoolmaster.²⁹⁹

Bhí scoil scairte leis tráth mar a bhfuil Poll Mháire Tóibín, thoir ar an gComalán.³⁰⁰

GLEANN OIRTHEACH(G0)

An Gleann

Baile sea An Gleann atá thíos idir na cnocaibh ar thaobh theas an oileáin. Is ar an mbaile seo atá an sean-Tigh Solais. Sidé an Tigh Solais a bhí á usáid sar ar cuireadh Tig Solais ar Charraig Aonach.

[RBÉ 609: 217. Bailitheoir : Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire. Faisnéiseoir: Diarmaid Ó Síocháin (69), Cill Leice Fóramháin, Oileán Chléire a chuala an cuntas seo caoga bliain roimhe sin ó Dhómhnall Ó Drisceoil (70), Oileán Cléire (1938).]

Do bhí bean ina cónaí sa Ghleann i gCléire timpeall le daichead bliain roimh bhliain an Ghorta, bliain go dtugtaí an Samhradh Daor air.³⁰¹ Do bhí na fir amuigh ag iascach uaithe agus bhí an córtha go raibh an arán ann folamh. D'fhéach sí sa

chórtha féach an raibh oiread bídh ann agus a dhéanfadh dinnéar dos na fir a bhí amuigh ag iascach. Do bhí oiread agus a dhéanfadh iad ach sin a raibh.

Ní raibh sí acht díreach tar éis féachaint ar an gcórtha nuair a ghaibh bean siúil isteach ag lorg déirce uirthi. Ní fheadair sí an saol cad a dhéanfadh sí, mar ní fios cad é an neomat a bheadh a muintir sa bhaile agus gan aon ní ullamh aici ina gcóir mar bhíodar amuigh ar feadh seachtaine uaithe. Dúirt sí ina h-aighe féin, b'fhéidir go bhfaighidís sin cabhair éigin ó loinghise ; mar a bhfaighidís cad a dhéanfadh sí in aonchor agus gan aon ní ina gcóir aice. Mar sin féin ba dheachair lei í d'eiteach, agus do thug sí a raibh sa chórtha don bhean bhocht.

Ní raibh an bhean bhocht ach imithe nuair do chuaigh bean an tí ar an gcnoc, ach cad a chífedh sí acht a muintir agus í ag teacht ar dtír in Inbhir. "Ó Dia lem anam" ar sise,"cad a dhéanfaidh mé, tá mo mhuintir amuigh le seachtain, agus gan greim bídh agam le tabhairt dóibh". Do chuaigh sí isteach abhaile ansan agus d'fhéach sí sa chórtha féach an raibh aon scriobad ann, acht le toil Dé, conus a bhí acht an córtha ag scéith amach le órna. Do shéid an tseanabhean bocht í féin ar a dá glúin ag gabháilt buíochais le Dia i dtaobh an míorúilt a bhí déanta aige.

[RBÉ S 295:28-9. Bailitheoir : Máire Ní Drisceoil. Faisnéiseoir: Ciarán Ó Drisceoil, Comalán, Inis Cléire, (1938).]

Cnoicín an tSeabhaic

1

Is ar bárr Faill Ní Chathail mar a bhfuil an sean Teach Solais agus túr a tógadh in aimsir Napoilín atá Cnocán an tSeabhaic suite. DSD

Is é Cléire an t-oileán is mó d'oileánaibh Chairbre. Tá trí chnoc arda ann: An Sliabh Ard thiar agus Cnoc Phoill an Doirc agus Cnoc Chairntín i lár an oileáin. Is é sin an cnoc is airde ann. Tá sé a ceathair nó a cúig de chéadaibh troigh os cionn leibhéal na farraige. Tá cnoc eile i dtaobh thiartheas de sin, atá cóngarach do bhruach na farraige, go nglaothar Cnoicín an tSeabhaic air. Tá túr cearnach ar bharr an chnoic sin, a tógadh ann in aimsir chogaidh Napoleon..

Insa bhliain 1818 is ea a cuireadh ar bun tigh solais a thógáil ar an gcnoc chéanna san agus do lasadh solas ann sa bhliain 1822. Tuairim daichead bliain ina dhiaidh sin do h-aistríodh go Carraig Éanach é mar do bhí an cnoc i dtánaiste a bheith chomh hard leis na cnoic eile atá ann agus, dá dheasca san, do clúdaíodh an ceo go h-obann é agus níorbh fhéidir an solas a fheiscint. Do fuair fir farraige, agus go mór mór captaeiní loingesa, locht air agus, go deimhin féin, do bhí an locht air gan dabht. Is sásta an fear é an máirnéalach bocht, agus is áthasach, nuair do bheadh a fhios aige gur gearr go mbeach sé ar lámh na sábhála istigh insa chuan is breátha sa domhan, sé sin Cóbh Chuan Chorcaí.

[Litir ó Thomás Ó Síocháin, Cnocán na mBáirneach, Cléire (1942) chuig an Ath. Donncha Ó Floinn, Má Nuad Leabharlann Russel, Má Nuad; C. Ó Drisceoil, Béaloideas Ó Chléire, (1993), Uimh. 17 180-181.]

An Lighthouse, An Seanteach Solais

2

Nuair a fhásamar suas bhí caitheamh aimsire breá againn theas ag an Lighthouse. Do bhíodh seó báid istigh an uair sin. Ón uair a thugaidís isteach báid mhóra lán de dhaoine do bhíodh an aimsir thuas ansan i dTigh an tSolais ag rince³⁰² is ag ceoltóireacht is gach ní. Sin é an uair a thosnaigh na daoine ag teacht go Cléire.

Bhíodh rince sna tithe leis. Bhíodh rince anso istigh³⁰³ go minic. Thagadh an slua go léir isteach agus bhíodh ceol is rince go maidin acu.

An tigh sin go raibh Cáit Ní Shíocháin inti,³⁰⁴ an-cheolthóir ba ea a deartháir sin Conchúr, Con Pheadair. Bhí deartháir acu san agus ard-cheolthóirí ba ea gach aon duine acu san. Bhí triúr acu san ina gceolthóirí. An cheolthóir ba ea athair Father Paddy.³⁰⁵ Do bhí seó ceolthóirí anso agus thuas ar an gcnoc leis, deartháir le Nóra Cornelius, máthair Jimmy. Deartháir lei sin, ana cheolthóir ba ea é. Bhí gach aon amhrán acu. Bhí an 'Lovely Banks of Boyne', 'Banks of Sweet Dundee,' agus 'Johnny Hart.' Sin amhrán breá leis agus na h-amhráin Gaolainne ansan a bhíodh acu, bhíodh 'Fáinne Geal an Lae', 'An Buachaillín Donn', is 'Cailín Deas Crúite na mBó', 'Droimeann Donn Dílis', 'Cáit Ní Dhuibhir' is iad san go léir.

Ní ag cuimhneamh ar amhráin a bhídís ach ag cuimhneamh ar obair. D'oibrigh muintir Chléire go cruaiigh idir fear is bean acu agus buíochas le Dia, tá an saol athraithe anois. Tá na maisíní ag déanamh na h-oibre anois a dheinidís sin cheanna.

[Faisnéiseoir: Máire (Mamie) Ní Chéadagáin (80 bl.), Ardhort, Cléire. Lúnasa, 1976.]

Do chualadh mo shean-athair dhá rá go mbíodh Cléire lán de bhacaigh fadó, ag cnósach éisc, mar san aimsir sin do bhíodh ana-chuid éisc ins gach aon tigh i gCléire. Aon lá amháin do bhí bacach ag gabháilt trí Chléire agus do bhí dhá mhaide croise aige. Do chuirfeadh sé trua ar éinne a chífedh é. Do bhí sé ag siúl roimis go dtáinig sé go ceann thiar an oiléain, go áit go nglaoatar an Gleann air. Do bhí sé ag déanamh ar thigh a bhí idir é féin agus Tigh an t-Solais, agus é ina ainniseoir bocht.³⁰⁶ Do chaith sé gabháilt tríd na páirceanna, agus do tharla go raibh tarbh i bpáirc. Conas a bhí, acht do thóg an tarbh a cheann agus nuair a chonaic sé an bacach d'imigh sé ina dhiaidh. Acht sé an rud a dhein an bacach ná an dá mhaide [a chaitheamh] uaidh, ins sa chás nár tháinig an tarbh suas leis do thug sé an cláí uaidh. Do léim an bacach n'aon cláí chun go ndeigheadh sé amach ar an mbóthar, agus ní miste a rá ná gurb é an buachaill éadrom é. Níor stad cos leis chun go dtáinig sé go ceann thoir an Oileáin. Ón Ceann Thoir a bhí an post dhá rith san aimsir sin, agus do chuaigh sé amach le Bád an Phoist, agus ní fhacathas i gCléire riamh ó shin an bacach. Is dócha gur mó bacach nach é do thagadh go Cléire ins an tsean aimsir a bhíodh ina rógairí.

[RBÉ S 295:45-6. Bailitheoir: Máire Ní Drisceoil. Faisnéiseoir: Tomás Ó Síocháin (75), Comalán, Inis Cléire (1938).]

Tigh comh-chruinn seo Tigh an tSolais tar éis é a thógáil do chuireadh solas ar a barra fé chóir lucht farraige. Tá an tigh solais tógáilte le céad fiche bliain agus breis. Ach do tógadh an solas de, agus do dearnas é aistriú go Carraig Aonach tuairim céad bliain mí sa treo san. Sé an fáth go ndearnas é aistriú, mar do bhí an solas ró-ard ins an aer, agus ansan aon solas a bhíonn ró árd tógann sé an ceo níos tapúla ná solas a bheadh íseal.

Do bhíodh triúr fear ag tabhairt den tsolas i gcónaí. Ach do bhí aon fhear amháin ag tabhairt aire do gurb ainm Bhialson dó. Dúrtas gur oifigeach ab ea é in arm Shasana a dearnas 'Light Keeper' de.

[RBÉ 609 : 289-90. Caisleán Fhail Ní Chathail. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Inis Cléire, (Eanáir 1939).]

Bheartaigh an 'Ballast Board for the improvement of the port of Dublin' ar thigh solais a thógaint i gCléire ag tosach na naoú aoise déag. Chuaigh innealtóir agus cigire an bhoird, George Halpin,³⁰⁷ i mbun súirbhéireacht suíomhanna i dteannta an Chaptaen Cunningham agus Grantham i mí Iúil 1816. Roghnaíodh suíomh ar Chnoicín an tSeabhaic mar a raibh fáil ar an sean 'Signal Tower' tréigthe de chuid an Admiralty. Bhíodhas den tuairim go bhféadfaí cóir tí cónaithe a chur ar an sean túr do lucht riartha an tí solais.³⁰⁸ Thacaigh an Lord Lieutenant agus Trinity House le h-iarraitas Tigh Solais Chléire agus tosnaíodh ar an tógáil i mí Bealtaine 1817 tar éis mórán achrainn leis an tiarna talaimh William Wrixon Becher. Bhí an Bord ag súil le léas ar an dTúr agus dhá acra talaimh ar chíos 35 giní sa bhliain ach d'éirigh idir iad agus an tiarna talaimh, Becher. Bhí an lá le Becher nuair a bhain sé £1,000 den Bhord mar íocaíocht.³⁰⁹

'It is a a circular tower of cut granite³¹⁰ -the workmanship of which is remarkably well executed. It is about thirty six feet high from the base to the balcony, which surrounds the lantern, and from high water-mark four hundred and forty eight feet. On the inside are three flights of winding stone steps. The floors are very curiously constructed, being formed of large stones - the centre one, which is circular, supported by those adjacent, into which it is grooved, and lead in the interstices. In the upper part, or lantern, are sixty four panes of the best plate glass, of near quarter of an inch in thickness; the frames, in which the glass is placed, are metal, with copper screwed over. The cupola³¹¹ or roof, is of copper, painted white, and ornamented with a weather - cock'.³¹²

Fógraíodh go mbeadh an Teach Solais ag feidhmiú ón gcéad lá de Bhealtaine 1818. Bhí an solas le feiscint uair sa dá neomat. 'It was a revolving light with twelve Argand burners and reflectors',³¹³ córas soilse de chuid Thomas Rogers.³¹⁴ Dúrtas go bhféadfaí an solas a fheiscint faid 28 míle slí farraige.³¹⁵ Costas £1,216, 5s. 5d. a ghaibh le reachtáil an Tigh Solais sa bhliain 1844.³¹⁶

Beartaíodh sa bhliain 1848 teach solais nua a thógaint ar Charraig Aonair.³¹⁷ Tógadh an solas as an Sean Teach Solais agus do athchóiríodh i dTeach Solais An

Charraig Aonair é.³¹⁸ Ar an chéad lá Eanáir 1854 cuireadh deireadh le ré Teach Solais Chléire. D'fhan an foirgneamh i seilbh an Ballast Board go dtí 1854 nuair a fuair Sir Henry Wrixon Becher seilbh ar an áit ar £200.³¹⁹ Lig Becher an tigh agus talamh ar chíos le Céadagánaigh ar a dtugtaí 'Cadogans of the Lighthouse'.³²⁰

An Túr / Caisleán Fhail Ní Chathail

3

Tá fail ar an dtaobh an oileáin gurb ainm Fail Ní Chathail di. Ar bhruach na faille sin do tógadh caisleán. Do réir mar a chuala is san aimsir Banríon Eibhlís a cuireadh a tógáil í. Déanamh ceathar cúineach atá air. Deirtear gurb amhlaidh a deintí comharthaí ó mhullach an chaisleáin seo go dtí caisleáin eile dá shórd a bhí amuigh insa dúthaigh. Do chuala sean daoine a rá go gcloisidís go minic go raibh beagán éigin saighdiúirí ann ag faire amach.....

[RBÉ 609:288-290. Bailitheoir : Ciarán Ó Sfocháin, Crathach, Cléire, (1939).]

Sa Leabharlann Náisiúnta tá fáil ar phleana dar dháta 1806 do Thúranna Comharthaíochta, 18 díobh atá suite ar chósta Chorcaí . Síneann túranna Chorcaí fan an chósta ó Eochail go hOileán Baoi. I gcás Cléire dhe 'Ground under Tower enclosed with a good stone wall' atá tuairiscithe.³²¹ Túr cearnógach trí stór, atá 14 troigh cearnach laistigh le fallaí de thiubhas dhá throigh isea an túr . Tá dhá fhalla lasmuigh clúdaithe le slinn de dhá shaghas, slinn ghorm Chléire agus slinn a tugadh isteach ón mórthír tráth gur deineadh obair chothabhála ar an dtúr. B'fhéidir gur deineadh seo le linn ré an Tí Solais 1817- 51. Bhí an túr in úsáid mar thigh cónaithe ag lucht an Tí Solais sa bhliain 1832. Ag tagairt don Tigh Solais sa bhliain 1832 dúrthas 'Close to it is an old tower, formerly occupied by soldiers, and now by one of the light-keepers'.³²²

Ar leáscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis 1839-42 faightear a bhformhór luaite mar 'Signal Tower', 'Telegraph', Watch Tower' nó 'Signal Tower (in ruins)'.³²³ 'Signal Tower' atá ar thúr Chléire. Córas Séamfóir, bunaithe ar ghléas comharthaíochta a raibh trí lámh leis, a d'úsáidít i ndéanamh comharthaí. D'fhéadfaí suas le 92 comhartha éagsúil a chur i ngníomh leis an gcóras trí láimh seo a d'eascair sa bhFrainc ar dtúis agus a bhí in úsáid go forleathan ansin faoi 1803. Deintí teachtaireachtaí a sheoladh ó thúr go túr agus ó loingeas go túir fan an chósta. Is sa tréimhse idir 1796 agus 1806 a tógadh na túranna seo. Ba chuid de chóras cosanta na tíre iad. 'The object of the towers was to speed communication of information from the remote areas to the major centres of military concentration'.³²⁴

Chualag seandaoine á rá gur in aimsir chogadh Napoilín a tógadh an seanthúr cearnach san.

[SC 96.]

Mig Fhail Ní Chathail

4

Tá Mig colmóirí ar thaobh theas an oileáin seo, tamall beag amach ó thaobh an oileáin go dtugtaí Mig Fhail Ní Chathail uirthi. Mig ana-fhairsing 'sea Mig Fhail Ní Chathail agus i ngeall ar sin do bhíodh slí ag flíot mór bád iascaigh uirthi.

[RBÉ 320: 429. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Inis Cléire.]

Nuair a théadh sé isteach sa bhfómhar, thagadh colmóirí ar na talaimh iascaigh nó na meánna. Scoirtí de iascach an mhionéisc agus théití ag iascach na gcolmóirí, mar ba mhó luach airgid a bhíodh i gcéad acu san ná a bheadh i seacht gcéad deargán.

[SC 31.]

Carraig an Chorráin

6

Tá Carraig an Chorráin thíos i dtóin Fhail Ní Chathail ar an taobh theas.

ED

Déanamh an chorráin atá ar an gcarraig seo. Sean-uirlis le lann lúbtha ba ea an corrán. D'úsáidítí é chun arbhair nó féar a bhaint. D'úsáidítí corrán eile i gCléire, sé sin an corrán cam, chun lóch a bhaint. DSD

Corrán: *[N]uair a bhíodh taoide bheag ann agus ná bíodh an lóch tirim chun é a ghearradh leis an gcorrán láimhe, an uair sin a théidís ag scamhadóireacht ar na rabhaite doimhne ná triomaíodh in aon chor. Bhíodh ceathrar fear ins gach bád i bhfeighil an ghnótha san, beirt des na fearaibh ag obair leis na corráin chama agus an bheirt eile ag coinneáil an bháid socair os cionn rabha an lóigh le dhá mhaide rámh.*

[SC 92.]

Carraig Liúir

7

Sin í Carraig Liúir ar an dtaobh theas; agus is é bunús go bhfuair sí an ainm sin, de réir mar a chualag, bhíodh flít bád ón bhFrainc ag teacht ag iascach ar an gcósta so fadó, agus is é an ainm a bhíodh orthu ná liúireanna: trí crainn ins gach bád agus trí seolta lug ar gach crann. Cailleadh ceann acu ar an gcarraig sin, agus Carraig Liúir atá ar an gcarraig sin riamh ó shin.

[SC 96.]

Cúlbhá

9

Tá bá eile lasmuigh den bháigh seo. DSD

Cuas an Eoin

10

B'fhéidir gur Cuas an Éin atá i gceist ach go bhfuil an Eoin níos fileata, nó b'fhéidir go dtagann sé ó inneoin, an uirlis a bhíonn ag gabha sa cheárta chun bróg na gcapall a mhúnlú. Thárlódh gur ainm chailín atá i gceist, sé sin Neoin nó Nóra agus gur Cuas Neoin an ainm ceart ar an gcuas seo. An amhlaidh go dtagann an t-ainm ón ainm Eoghan, rud a d'fhágfadh Cuas Eoin againn?

[DSD.]

An Leathanán Mór

13

Bhí fear anso sa ghleann timpeall céad bliain³²⁵ ó shin agus chuaigh sé ag iascaireacht le slat laistean do Thigh an tSolais ar charraig go nglaothar air Leathain Mhór. Do chonaic sé fear eile ar an gcarraig roimis agus nuair a tháinig sé suas leis chonaic sé gur stróinséir é agus d'fhiafraídh sé de cad é an sórt duine é ná cad a thug ansan é. D'inis sé don fear ón ngleann gur tháinig sé chun iarraidh ar an sagart na daoine a chuir Dia amach as Flaitheas Dé an ligfeadh Dia isteach arís iad an lá deireannach. Dúirt sé leis an fear ón nGleann dul ag triailt ar Thigh an tSagairt. Chuaigh sé go dtí an tigh. Dúirt an sagart leis gan dul siar níos sia ná barr an chnoic agus a rá leis ná ligfeadh Dia isteach go deo arís iad. "Ar do anam ná téir síos ró-fhada mar ceann dos na hAingil a chuir Dia amach as Neamh fadó 'sea é".

Chuaigh an fear go dtí barr an chnoic agus labhair sé leis an fear thíos. Dúirt an fear leis teacht siar agus go raibh sé féin ag marú iasc an fhaid a bhí sé ag Tigh an tSagairt. Do bhí an charraig bán le hiasc. Do léim sé amach ins an uisce agus d'árdaigh sé na caillí níos airde ná mar a dhein aon ghála mór roimis sin ná ó shin. Chuaigh an fear díreach go dtí an sagart agus d'inis sé dó cad a tharla agus is é a bhí sásta leis féin i dtaobh comhairle an t-sagairt a ghlacadh gan dul síos chuige chun an t-iasc d'fháilt mar is amhlaidh a bhí sé á mhealladh agus nuair a theip air do theastaigh uaidh é bhá mar shásamh.

[RBÉ S 295:128-9. Bailitheoir : Eibhlín Ní Chéadagáin, Gleann. Faisnéiseoir : Tadhg Ó hAonghusa (78), Gleann, Óileán Cléire.]

Leaca na Bhainne

18

Bhí beirt cailíní óga ina gcónaí anso sa Ghleann aon uair amháin agus bhíodar an-cheannúil ar a chéile. Bhíodar ar muin na muiche ar feadh tamaill agus shíleadar go leanfadh sé ach mar a deir an seanfhocal, ní mar a shíltear a bhítear. Do thit an cailín ba shine breoite agus do fuair sí bás i gcionn coicíse. Nuair a bhí sí ag fáil bháis do bhí an cailín eile ag taobh na leapan ag gol, agus dúirt sí lei "Tar chugam tar éis do bháis". agus dúirt an cailín breoite agus gan inte acht an tsnag, "Tiocfaidh mé."

Bhí sí ag feitheamh léi ar feadh trí mhí tar éis a báis ach sa deireadh tháinig sí. Aon oíche amháin a bhí sí ag sníomh, d'osclaibh an doras agus tháinig sí isteach. Dúirt sí leis an cailín beo gan an méid sin trioblóide do chuir ar éinne eile go deo arís. Ansan d'fhiafraigh sí di cá raibh sí ar feadh an trí mhí a bhí sí ag feitheamh di. D'inis sí di go raibh sí in áit sa Ghleann go nglaohtar Leac na Bhainne. Thug sí seacht gráiní cruithneacht di agus dúirt sí léi go mbeadh sí marbh i gcionn seacht mbliaina. Nuair a ghlaoigh an coileach ar maidin d'imigh sí arís agus fuair an cailín beo bás seacht mbliana díreach ón lá sin.

[RBÉ S 295:128. Bailitheoir: Eibhlín Ní Chéadagáin, Gleann. Faisnéiseoir: Pádraig Ó Coitir (80), Gleann Thiar, Oileán Cléire.]

Tigh John K. Cotter

56

A bhaile féin atá faoi chaibidil ag John K. sa dán:

The House of the Glen

*In a green little valley that faces the ocean,
Is a fisherman's dwelling and his pride is therein,
When he enters South Harbour on Saturday evening,
There is welcome before him in the House of the Glen.*

Chorus;

*The place that I loved, the home of my kin,
The fisherman's dwelling, the House of the Glen .*

John K. owned a boat called the Gabriel. The Gabriel came in alongside the Asgard in the east pier at Howth in 1914. Two men on board Erskine Childer's yacht called the crew of the Gabriel over. A few of the crew went below deck while John K. supervised the landing of the guns. I saw this happening as I was on the other pier having come ashore from the Carbery Queen. The British were watching the Gabriel in all the harbours after that.

[Faisnéiseoir: Dónal Ó Lionáin (84), Baile Iarthach, Cléire, Lúnasa 1983.]

Ba ghné tábhachtach de shaol oileánach faire do dhéanamh ar raic. Ar chlár adhmaid i staighre an tí seo tá 'Plimsoll Line'³²⁶ greannta, a thugann le fios gur dóichí gur cuid de raic báid a tháinig i dtír i gCléire atá sa chlár céanna.

Tigh 'Carey of the Glen'

56

'Carey': *John K's father was known as 'Carey of the Glen' and he was married to Johanna Leonard of Lios Ó Móine. The house where she came from was called 'Gabriel View House', or the 'Factory' in the past. Carey died in 1917. His boat, the Sarah Gale, was willed to his son John K.. Carey used to be involved in smuggling and there's an account of one such adventure, his arrest and trial and that of his crew in the book 'Seanchas Chléire'³²⁷.*

On the rock outside John K's home in the Glen was built 'The Virtue'.

[Faisnéiseoir: Mary Frances Cotter (46), An Gleann, Cléire, Lúnasa 1982.]

Tigh Miko Hennessy

61

The three brothers John K., James and Denis Cotter, sons of 'Carey of the Glen', built Hennessy's house. Mick Hennessy, skipper of The John was married to a Cotter woman.

[Faisnéiseoir: Mary Frances Cotter (46), An Gleann, Cléire, Lúnasa 1982.]

Bóthar Tigh an tSolais

62

Timpeall céad bliain ó shin³²⁸ aon sagart amháin a bhí idir Inis Chléire agus Inis Arcáin. Tháinig sé oíche ag glaoch ar fhear darbh ainm Damsil, a bhí ag tabhairt aire don séipéil an uair sin. Chuadar ó dheas go Tigh an tSolais agus ar an mbóthar dóibh cuireadh eagla ar an tsagart ach ní fhaca an fear aon ní. Níor chuaigh an sagart a thuilleadh gur chuir sé ceist ar an bhfear ag iarraidh an raibh aon tigh ná éinne ina gcónaí san áit riamh. Dúirt an fear go raibh bean bhocht ina cónaí ann agus go bhfuair marbh í san leabadh aon mhaidin gan sagart. Dúirt an sagart gur chuir sí eagla air féin ach ní fhaca éinne ó shin í mar do léigh an sagart paidreacha éigin.

[RBÉ S 295:78-9. Bailitheoir: Eibhlín Ní Chéadagáin, Gleann, Inis Chléire. Faisnéiseoir: Bean Thaidhg Uí hAonghusa, Gleann, Inis Chléire.]

GORT NA LOBHAR (GL)

Is idir an Ardghort ar an dtaobh thoir agus Cill Leice Fórabháin agus Cnocán na mBáirmeach ar an dtaobh thiar atá Gort na Lobhar. Ní gnách an "L" leathan sa chaint - "Gort na Leabhar" a deirtear. D'fhéadfadh gur aon cheann díobh an ceart. Thárlódh go raibh áit éigin - tá páirc den ainm sin ann- mar ionad do lobhair nó do lucht aon ghalair mar sin. Sé is dóichí go dtugtaí lobhra ar ghalair eile seachas an Lobhra féin. Ba Drisceolaigh ar fad a bhí ar an mbaile seo go dtí gur tháinig fear de chlann Dálaigh mar chliamhain isteach i ngabháltas ann - tá thart ar céad fiche bliain ó shin.³²⁹

[DSD.]

Bhí ar a laghad trí chlann de na Drisceolaigh i gCléire agus ba chlanna iad ná raibh aon ghaol bunúsach acu lena chéile. Go dtí le fíor-dhéanaí is de réir a bhfor-shloinnte a gabhaidís i ngnáth-shaol an lae ach i scribhíní ba Dirsceolaigh iad go léir (Dirisceolaigh a deirtear sa chaint ach Drisceolaigh a scrítear). Tá na trí clanna díobh fós i gCléire. Tá Dirscéalaigh na Páirce -agus níor tugadh riamh orthu faid mar a mhair Sceolach díobh ach na Giollaí; agus tá Dirscéalaigh Éireamhóin agus ba iad - agus is ea fós - na hÉirmhóinigh iad. Tháinig clann eile fós díobh, Muintir Lughaidh, isteach timpeall na bliaina 1818 nó 1819 ón Ráth; do chailleadar a bhfor-shloinne ar a dteacht isteach anseo, ach leanann an for-shloinne fós an sliocht i nDún na Séad.

[DSD. IT.12/3/1980.]

Tá muintir na Páirce³³⁰ agus na Giollaí³³¹ sa logainmníocht ar an gComalán, agus tá Garraí Sheáin na Páirce, Garraí Léan Nic Ghiolla agus garraí Éireamhóin ansin.

Cuaisín Charraig Uí Laoire

1

Is dóichí gur ó dhuine de Mhuintir Laoghair³³² a bádh in aice le Carraig Aonair do h-ainmníodh. DSD

Gort na Raithiní

6

Raithneach: *Raithneach agus céad fás fiaile eile ab ábhar comhachta agus teasa na ndaoine sular tháinig an gás agus an aibhléis.*

[ADSD 55.]

Bhaintí raithneach le speal agus deintí tine di, nuair nach raibh a malairt le fáil.³³³

Garraí na dTuigí

13

Bhí Páirc na dTuigí ar formhór na maoin. Tá dhá pháirc mór tuigí anseo againn anois. Tá siad chun díobhaíl do dhéanamh mar tá siad ag fás mór agus ag leathadh amach. Tá siad thíos ansin sa Phort. Clúdóidh siad an ball ar fad. MC

Ní raibh tigh ná bothán tí gan a gharraí tuigí. Ba slata caola sailí iad na tuigí a gearrtaí nó a baintí le duibhe ré na Samhna chun cliabhán, steargán, sciathóga agus ruisseána do dhéanamh.³³⁴ Ba chuid thábhachtach de riachtanais an tsaoil iad. Ní beifí buíoch don té a chífí ag baint buinleoige i ngarraí na dtuigí mura mbeadh ach chun goib na mbolg do réiteach.

[Lá Samhna. ADSD 120-121. DSD. IT.9/11/1993.]

Tuigí: *Bhíodh garraí tuigí ag baint leis nach aon tigh, mar slata ab ea tuigí go ndeintí alán úsáid díobh. Deintí an riseán díobh: dob é sin an bord a bhíodh acu*

chun na bprátaí a leogaint amach air. Deintí sciathóga díobh, chun na bprátaí a phiocadh ón iomaire aimsir na bprátaí a bhaint. Deintí cliabháin agus steargáin díobh. Deintí potaí díobh go mbíodh íochtar cláir iontu chun ardualach a dhéanamh do chapall nó d'asal, mar ní raibh aon bhota san aimsir sin ann ná aon chuimhneamh air.

[SC 104.]

Fadó ní raibh ach duine anso is ansúd ins an áit seo d'fhéadfadh cliabhán a dhéanamh. Is é an cuma na ndeinidís iad ná do gheobhaidís hocht gcinn déag do thuigí fada díreach agus iad do sheasamh sa dtalamh. Ansan ocht gcinn déag eile do na tuigí is fearr chun buinne béil do chur air. Nuair a bheadh an buinne béil air do chrochaidís ocht gcinn déag eile chun buinne eile do chur air. Ina dhiaidh sin do gheobhaidís trí cinn do thuigí díreach chun buinne trí slat do chur air ach d'fhágaidís poill idir gach buinne trí slat a chuiridís ann. Do chuiridís buinne ceithre slat go nglaofaidís buine na dtonn air. Bheadh sé déanta ansan ach an tón d'oibriú le tuigí beaga go nglaotar brionlóga orthu agus an tón do cheangal leis na píosaí thuas is bheadh sé déanta ansan.

[RBÉ S 295:102. Conas cliabhán a dhéanamh. Bailitheoir: Caitlín de Búrca, Comar, Oileán Cléire. Faisnéiseoir: Pádraig Mac Coitir (80bl.), Gleann, Oileán Cléire.]

Cabhlach Éibhir Mhóir

18

Tá tigh a chuir Éibhear Mór Ó Drisceoil á dtógáil na céadta bliain ó shin ina sheasamh fós sa Gharraí Glas. ED

Na trí tithe cónaithe is sine ar an oileán seo, táid siad ina seasamh fós. Níl éinne chun maireachtaint i ndá thigh acu, ach tá daoine ina gcónaí in aon cheann amháin acu.

Deir siad go bhfuil na trí tithe seo na céadta bliain d'aois. Deir siad, an fear a chuir á dtógáil iad, gurb é an ainm a bhí air ná Éibhear Mór Ó Drisceoil. Is é an baile go raibh cónaí ar Éibhear Mór ná Gort na Lobhar. Tá beirt de na tithe seo ar an mbaile Gort na Lobhar, agus tá ceann eile acu suite ar an mbaile Liosa Móine.³³⁵ [RBÉ 609: 210. 'Na tithe is sine i gCléire'. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire, (9 /11/ 1938). Faisnéiseoir: Conchúr Ó Drisceoil (58, feirmeoir beag) Ceathrúna, a chuala an cuntas seo 30 bl. roimhe sin ó Fhinín Ó Drisceoil (55) Comalán. CFC 105.]

Gort an Tí Finn

21

Is anseo atá Lios nó An Teampall Gréine a dhéanadh ceangal idir an chloch i bPáirc na Cloiche agus Fionn Mac Cumhaill. Bhí carn cloch anuas ar an Lios tráth nó ar an láithreán ciorcalach seo atá ana dheallrathach le lios. Sáite i gcláí na páirce seo tá cloch le marcanna ghreannta air a aistríodh amach ón láithreán ciorcalach timpeall 1930. Ní fios an Chloch Ogham é nó nach ea.³³⁶ Ní chuireann Muintir Chléire aon ionad sa scéal Fionn do bheith ceangailte leis an rud go léir, mar go mba é Fionn príomh-ghaiscíoch na sean daoine. DSD

An Teampall Gréine

22

Is ionann suímh nach mór don Lios i nGort an Tí Finn agus an Teampall Gréine. Cré an mhín mar a bheadh sé curtha tré chriathar a bhí ar an láthair nuair a dhein Mike Mháire Mhiocain Óig an ball seo a ghlanadh amach blianta ó shin. Cuireadh na leacacha móra a bhí ansin isteach sa chlaí agus tá ceann díobh ar a bhfuil scríbhinn de shórt suite anois in airde ar chlaí an bhóthair i nGort an Tí Finn³³⁷. Deirtear go bhfuil pasáiste ag rith faoi thalamh ó chúinne thoir theas na páirce seo go Páirc na Cloiche.³³⁸

Gort na Lobhar

23

Sé is dóichí go dtagann ainm an bhaile fearainn ó ainm na páirce seo agus gur ann a chuirte daoine go mbíodh lobhar nó galar an Ghorta orthu. Tá sé i mbéal daoine gur ana-pháirc chun beithígh a bheathú í. ED

Garraí Mhiocain, Garraí Mháire Phíolóit

25

Miocan: Is cuimhin liom ainmneacha baiste mar Éireamhán Mhiocain ac Éireamhán agus ba iníon leis an gcéad Éireamhán luaite mo sheanmháthair. Anois féach nach mac a deirtí ach 'ac. Bhí sé amhlaidh leis ag Crothúr ac Éireamhán - fathach mór an oileáin san ochtú céad déag. Bhí an modh úd fíor leis don ainm Macon nó Miocan. Is Miocan a deirtí agus ba ainm baiste againn í.³³⁹ Bhí Miocan Mór againn agus Crothúr Mhiocain agus Miocan Crothúir Mhiocain agus bhí na Miocainí chomh flúirseach san go dtugtaí na Miocainí orthu pé ainm do bheadh orthu. Bhí Miocan Beag againn agus Flor Mhiochain Bhig agus mar a bhí agam á rá ní raibh sloinne luaite ar feadh na gcéadta blian - má luadh riamh iad.

[DSD. IT. 16/10/1982. Ainmneacha Daoine. ADSD 144-145.]

Tá cabhlach tigh Chonchúir Mhiocain Uí Dhrisceoil i gcúinne na páirce seo. Tugtar Garraí Mháire Phíolóit ar an láthair chomh maith mar is ar an mbaile fearainn seo leis a bhí cónaí air na Píolóití - Sliocht an Ghiolla Dhuibh³⁴⁰ a threoraigh nó a dhein giollaíocht do na Spáinnigh go Cionn tSáile i 1601. Tá rian a dtithe ann fós. DSD

Nuair a luaitear an focal píolóit i leith duine i gCléire, sé atá i gceist ná gur duine eolach é. Ba duine eolach í mar sin an Mháire (Phíolóit) Ní Drisceoil atá luaite in ainm na páirce seo. Meastar gur bean freastail nó "midwife" a bhí inti agus gur de shliocht na nGiollaí í a dhéanadh píolóitíocht ar longa go Corcaigh. Ba sa bhliain 1859 a bádh an duine deireannach a bhí i mbun na h-oibre seo amach ó Chléire.

Páirc na Cloiche, Bán Tí Choinín, Mán Tí Choinín 29

Tá garbhóg cloiche³⁴¹ ann go nduirt Ruairí de Valera ina thaobh ná raibh aon amhras aige ná gur Cromleach Garbhógach ab ea í nó Boulder Dolmen.³⁴² Tá pasáiste éigin ón gcloich sin féin dtalamh go dtí an Lios i nGarraí Tí Finn - sé sin munar an draein é ná beadh ag gníomhú le fada an lá. DSD

Thugtaí Bán Tí Choinín nó Mán Tí Choinín ar an bpáirc seo chomh maith. SMC

Tá cloch mhór ina lár. Bhí beirt fhathach ag troid fadó. Do thóg duine acu an chloch ina láimh chun í a shéideadh leis an duine eile agus léim sí ó Chléire go hInis Earcáin.³⁴³ Deirtear go bhfuil pasáiste féin talamh ó shin.

[BCC.]

Garraí an Aitinn 31

Aiteann: Dheintí an t-aiteann a bhrú do bhuaibh fadó sar a bhfuarthas meaisíní chun é a ghearradh. Chuirte an t-aiteann francach in umar agus dheintí é a bhrú le gearrthóir. Obair allasmhar ba ea brú aitinn. Is minic a chaití an gearrthóir a ghéarú cúpla uair sar a mbeadh beart aitinn brúite.³⁴⁴

Chuirte aiteann francach ar barr na gclathacha chun fothana agus ba mhinic gur leath préamhacha an aitinn na clathacha úd as a chéile.³⁴⁵

Síbín Mháire Ní Mhuirthile 33

Thuas ag cliathán an bhóthair, taobh thíos de thigh Dhonncha Uí Dhálaigh, istigh sa pháirc ansan bhí síbín, tigh i gcóir díolachán whiskey is porter agus is dóigh liom gur Máire Ní Mhuirthile an bhean a bhí ansan á dhíol.³⁴⁶ MC

Síbín: Do bhí trí fichid síbín i gCléire an uair sin. Daoine ba ea na síbíní a bhíodh a díol "whiskey". Nuair a bhíodh na daoine ag obair sa pháirc do thagadh na síbíní chuchu agus do cheannaídís an "whiskey" uatha ar phingin an gloinne. Do mhaolaíodh san an tart a bhíodh ortha. Do thógaidís soithí "whiskey" i raic an uair úd leis. Do ólaidís sáiste cnoic agus deochanna eile a deintí as na luibheanna a fhásann ar an gcnoc agus ar an dtalamh.

[RBÉ S 295:160-161. Biana Sean-Aimsire. Bailitheoir: Cáit Ní Drisceoil. Comalán, Inis Cléire. Faisnéiseoir: Tomás Ó Síocháin (75 bl.), Comalán, Inis Cléire.]

Goirtín na gCéacht 40

Céacht: Fadó i gCléire ní bhíodh aon chéachtainn mar atá anois ach ní foláir dos na daoine (iad a dhéanamh) iad féin le adhmaid. Ní gach éinne a fhéadfadh iad do dhéanamh in aon chor.

Bhí aon fhear amháin ar an oileán darb ainm Seán Ó Dálaigh agus bhí sé níos fearr ná éinne eile chun iad do dhéanamh. Aon lá amháin dá raibh sé ag

rómhar le rámhain, dúirt sé leis féin an bhféadfadh sé cuimhneamh ar aon seift eile seachas é seo. Ansan tháinig smaoineamh isteach ina cheann, céacht a dhéanamh le adhmadaid i dtreo go bhféadfadh sé an talamh a threabhadh le capall agus an céacht gan é bheith á mharú féin gach aon lá leis an ramhain. Aon lá amháin thosnaigh sé ar an gcéacht a dhéanamh agus d'éirigh leis é dhéanamh gan aon trioblóid.

Nuair a bhí sé déanta aige do chuaigh sé amach sa pháirc agus fuair sé dhá chapall agus do thosnaigh sé ag treabhadh agus d'éirigh leis go maith an pháirc do threabhadh in aon lá amháin agus bhí ana áthas air mar ní bheadh sé déanta go deo aige leis an rámhain. As san amach do bhíodh an plean nua ag gach éinne ach ní fhéadfadh éinne céacht a dhéanamh chomh maith is do fhéadfadh sé féin.

[RBÉ S 295:89-90. Céacht. Bailitheoir: Proinséas de Búrca, Trá Chiaráin, Inis Chléire. Faisnéiseoir: Séamas Ó Drisceoil (21 bl.), Comalán Theas, Inis Chléire.]

Fothair Eoin

48

Bhí cónaí ar Eoin Óg Ó Dálaigh i nGort na Lobhar. MÓD

Chualamar trácht ar 'Cheisneamh Iníne Eoin Óig'³⁴⁷ agus ar an mhoill a choinnigh sé ar an mathshlua uaisle a tháinig gan choinne go tigh a h-athar. Do mhoilligh sí iad chun go bhféadfadh a muintir nó muintir a h-athar an tigh do chóiriú agus gach rud do chur ina cheart sula dtiocfadh na cuairteoirí isteach. Do mhoilligh sí iad chomh éifeachtach san ná raibh dath saor nár imíodar leo arís gan bualadh isteach. Ba dhóigh le duine ná raibh ann ach scéal nó bréag, agus ní mar a chéile scéal agus bréag, bíodh nach gá an scéal do bheith fíor. Dála san, is fíorbheagán scéal a bhíonn fíor. Nach minic a chualamar "ní scéal ná bréag é".

[ADSD 37.]

An Cuas Dubh

53

Tá carraigeacha dubha ar gach taobh den chuas. DSD

LIOS Ó MÓINE (LM)

Is deacair a rá cad as nó cad uaidh a ainmníodh an baile seo. Ní móin atá i gceist ann mar ba Lios na Móine a bheadh air dá mbeadh. Arís, tá gaineamh firinsceán agus baininsceán againn sa chaint mar atá - Gort a' ghainimh, Cuas na Gainimhe agus mar sin de. D'fhéadfadh gur móin atá i gceist i Lios Ó Móine sa tslí sin. Is gnáthaí 'Liosamóine' air sa chaint. Tharlódh leis gur ainm nó sloinne a bheadh ann dála Rinn Ó gCuanach. DSD

Bhíodh an baile seo roinnte i gceithre ghabháltas déag ach tá an córas úd imithe anois de dheascaibh báis agus imirce. Ocht líon tí atá ann anois.³⁴⁸ DSD

Tugtar "Baile na bPaidreacha" mar leasainm magaidh ar an mbaile seo leis. DSD

Bhí lios ar an mbaile seo tráth agus tugtar Gort a' Leasa, ar an bpáirc ina raibh an lios suite. DSD

Baile Fearainn sea Lios Ó Móine atá ar chónagar na farraige ar thaobh thuaidh an oileáin seo. Níl puinn tithe ar an mbaile sin ná fuil gort speisialta a' baint léi go bhfuil an ainm céanna orthu, sé an ainm é sin ná Gort-an-Leasa. Is dóigh liom go bhfuil lios thíos cois farraige chomh maith. Is dócha gur os na liosanna seo a fuair an baile seo an ainm Liosamóine.

[RBÉ 609:216. Bailitheoir: Ciarán Ó Sfocháin, Crathach, Cléire. Faisnéiseoir: Diarmaid Ó Sfocháin (69), Cill Leice Fórabháin, Oileán Cléire. (1938).]

Fadó bhí fear ó Lios Ó Móine ag siúl aon oíche amháin. Nuair a bhí sé ag teacht abhaile, do casadh fear air ar an mbóthar agus níor aithin sé in aon chor é. Do rug sé ar lámh air, ach níor labhair sé leis in aon chor. Ansan do scaoil sé a lámh arís agus chuaigh an fear abhaile. Nuair a bhí sé sa baile tháinig ana-eagla air agus d'iarr a athair air cad a d'imigh air. Ansan d'inis sé an scéal go léir dá athair. Dúirt a athair leis go mb'fhearr dhó é a insint don sagart. D'inis sé don sagart é agus dúirt an sagart leis teacht chuige féin is t-oíche amáireach agus dúirt an fear go raghadh.

Pé scéal é, nuair a tháinig an oíche amáireach do chuaigh an fear go tigh an tSagairt agus chuadar ar aon go dtí an áit ina bhfaca sé an fear an oíche roimhis sin. Nuair a bhí an bheirt acu ann ar feadh tamaill tháinig an fear chuchu, agus do labhair an sagart leis.

Bhí a fhios ag an sagart nárbh fear ón saol seo in aon chor é. D'iarr sé air cad a bhí ag teastáil uaidh agus dúirt sé go raibh gaol aige leis an bhfear agus gur mhaith leis go bhfaigheadh sé Aifreann ráite ar son a anam. Ansan chuadar abhaile agus an lá ina dhiaidh sin dúirt an sagart Aifreann dó. Ní fhaca éinne as san amach é.

[RBÉ S 295:112. Bailitheoir: Proinsias de Búrca, Trá Chiaráin, Inis Chléire.]

Bhí sagart i gCléire uair amháin agus chuaigh duine éigin ó Lios Ó Móine ag glaoch air chun ola dhéanach a chur ar dhuine éigin a bhí breoite. Chuaigh an sagart go dtí an tigh agus do chuir sé an Ola Dhéanach ar an duine a bhí breoite. Nuair a bhí sé ag fágaint an tí dúirt fear an tí go raghadh sé píosa lena chois mar go raibh sé ana-dhorcha.

Nuair a thánadar píosa den bhóthar dúirt an sagart leis an fear imeacht abhaile agus níor imigh. Dúirt sé go raghadh sé giota beag eile. Chuaigh siad giota eile den bhóthar agus ansan chuir an sagart an fear abhaile dá ainneoin agus d'imigh an sagart abhaile é féin. Nuair a bhí sé píosa den bhóthar do bhuaill rud éigin dearg ina choinnibh. D'fhan an fear ag féachaint ina dhiaidh ar feadh tamaill agus nuair a bheadh sé céim chun cinn do raghadh sé seacht gcéim chun deiridh. Bhí sé mar sin ar feadh i bhfad agus ní fhéadfadh sé dul abhaile.

Fé dheireadh tháinig deireadh leis agus do chuaigh an sagart abhaile. Nuair a casadh an fear air amáireach dúirt sé leis gur maith dho go raibh sé féin roimis aréir mar do mharófaí é.

[RBÉ S 295: 85. Bailitheoir : Proinséas De Búrca, Trá Chiaráin, Cléire. Faisnéiseoir : Séamas Ó Drisceoil (21), Comalán Theas, Inis Chléire, (1938).]

Bhí sean-bhean i gCléire fadó in aimsir Dhream an Uabhair agus Máire Ní Shé (mhair sí i Lios Ó Móine) ab ainm di. Nuair a bhí sí timpeall meán aosta sciob an dream seo leo í. Bhíodar go minic istoíche i dtigh. Oíche amháin dá raibh fleá acu i dtigh san Oileán, timpeall ar mheán oíche bhí muintir an tí ina gcodladh i seomra in aice na cistine, ach bhí Dream an Uabhair do-fheiscithe. I lár na hoíche tháinig bean an tí go dtí an chistin i gcóir deoch agus nuair a chuaigh sí trasna na cistine do mhothaigh sí pian ina glúin agus chuaigh sí go dtí an leaba agus d'fhan ann.

An lá ina dhiaidh sin tháinig Máire Ní Shé agus dúirt gurbh í féin a chaith fo-chupán leithe mar dá gcaitheadh éinne eile é bheadh sí níos measa, agus dúirt Máire go mbeadh sí maith go leor ach trí braonacha d'uisce fó riabhach do chuir air. Do cuireadh an fó riabach isteach sa stábla agus bhí ann ar feadh naoi lá gan aon uisce a dhéanamh. Ansan scaoileadh amach í agus togha fir Oileán Chléire ag faire uirthi. Bhí sí trí lá gan uisce a dhéanamh. Ar aghaidh léi an triú lá go bruach na faille agus b'shin an chéad uisce a dhein sí. Fuaireadh é agus sábháileadh an bhean.³⁴⁹

[RBÉ S 295 :12-13. Bailitheoir : Mairéad Ní Shíocháin, Lios Ó Móine, Cléire. Faisnéiseoir : Tomás Ó Síocháin (56), Lios Ó Móine, Cléire.]

An Muileainín

10

Is le bróinte láimhe a mheilidís an t-arbhair fadó. DSD

Ní raibh tigh san Oileán gan féire acu, mar is leo a mheilidís an méid d'arbhar a bhíodh acu sa tseanaimsir. Ach chualag go raibh sórt éigin muilinn san Oileán, leis, go raibh uisce á chasadh, ach níl aon chuntas ag éinne cathain a bhí sé ann. Ach tá comhartha lena chois i gcónaí, mar tá an bhró ann.

[SC 90.]

Rud eile a chualag mar gheall air [An Muileainín] gurb é an cuma go ndíolthaí an muilteoir a bhí ansan, cuid den mhín a thabhairt dó mar dhíol fiach. Is dócha go bhfuil sé sa bhfaid ó shin agus ná raibh aon airgead in aon chor á dhéanamh; mar ní chualag aon tseandúine á rá go raibh aon chuntas acu cathain a bhí sé ann.

[SC 116.]

Chomh fada siar is do théann cuntas do bhí dhá mhuileann i gCléire agus is é an tsruth chéanna a bhí a' cur an dá mhuilinn ag obair. Muileann na Rae a tugtaí ar cheann acu agus Muileann Thráigh Dhún Chléire a tugtaí ar an gceann eile.

Níl aon tuairisc go raibh Muileann na Rae ag obair ach amháin go bhfuil an láthair go raibh sé ann le feiscint fós. Ach tá tuairisc i measc na ndaoine le fáil mar gheall ar Mhuileann Thráigh Dhún Chléire ag obair. Ní raibh aon chruithneacht ag fás i gCléire ach eorna ar fad agus ag meill eorna a bhíodh Muileainín Thráigh Dhún Chléire. An Muileainín a tugtaí ar mhuilean Thráigh Dhún Chléire agus is é an Muileainín a tugtar air fós.

Do réir mar a chualasa, ní ar airgead a bhí an muileainín ag obair in aon chor, ach ar chuid den eorna. Cuirim i gcás go dtabharfadh duine mála eorna ag triall ar an muileann chun a mheill, is amhlaidh a chaithfeadh an duine sin cloch nó b'fhéidir dhá chloch a thabhairt don mhuilteoir i dtaobh an mhála a mheill. De réir méachaint a éilíoch an muilteoir.

Do bhí ceann des na bróinte a bhí ag baint leis an muileainín le feiscint thíos ar Thráigh Dhún Chléire go dtí le fíor-dhéanaí chun gur briseadh suas í agus gur cuireadh isteach ins an chlaí í. Tá píosa den bhróin sin le feiscint fós istigh in aghaidh an chlaí le cliathán na srutha thíos ar bhruach na trá agus níl sé ró-fhada ó leagadh an taobhfhalla a bhí leis an muileann.

Is dóigh liom gur túcáil bhréide an obair is deireanaí a bhí ar siúl ins an muileainín.

Is dóigh liom de réir mar a chualag ná raibh aon ghráinne á mheill ann a chaitheamh na mbliantaibh deirneanach sula dúnadh síos ar fad é agus ní fheadar cathain é sin.

[RBÉ 609:276-7. Sean-Mhuilthe. Bailitheoir : Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire, (1939). Faisnéiseoir: Diarmaid Ó Síocháin (69), Cill Leice Fórabháin, Oiléan Cléire. CFC 95.]

The 'Muileainín' is between me and Mícheál Leoil's and that's where the quern is now.³⁵⁰ Its down below near the strand. Its on my ground. My ground went down to the strand before, but my father shifted the ditch in the winter time years ago for pulling up boats there and they called the place the 'Muilínín'. JC

Tigh Sheáin Uí Chonghaile

19

Tigh le athair John Connolly, nó Seán Cravat atá ansin. Cravat a leasainm.

ED

Dún Chléire

23

Tá sé ráite go raibh dún ann tráth éigin. ED

Trá Dhún Cléire

24

Ba chuid dár gcultúr dul ar an dtráigh Aoine an Chéasta ag déanamh cnuasach trá agus is leis an obair sin do dhéanamh cnuasach a úsáidí an t-eisileán.

Tá an

t-eisileán imithe agus ní deintear an cnuasach trá feasta.

[DSD. IT. 6/9/1978.]

An-trá piachán agus fáslach trá agus carraigeacha móra is ea Trá Dhún Chléire. Má bhí Dún ag an trá seo riamh níl éinne deimhin anois murb í an áit ar a dtugtar an "Fort" anois. DSD

Is é an nós a bhí an uair sin [c.1875] ag scoláirí scoile Chléire, nuair a gheibhidís uair an chloig chun spóirt - is é sin, sa tsamhradh - ná dul ag snámh go Tráigh Dhún Cléire. Ní raibh an t-aistear i bhfad, tuairim deich nóimeataí ag dul agus deich nóimeataí ag teacht.

[SC 12-13.], Cf An Sean-Scoil LM 221.

Sruith An Mhuilinnín

34

Bí an tsruith sin a chas bró an Mhuilinnín.³⁵¹

[N]uair a bhíonn tearcamas uisce ann choinníonn an ball seo uisce i gcónaí. Agus nuair a bhíodh líon curtha ag daoine fadó, bhídís ag portú an lín ann tar éis é a ghearradh.

[SC 116.]

Tobar Ghláimhín

33

Tobar Ghláimhín is down here outside Sawyer's gate. It was a grand well, when I was young. We used to use it a lot, because it was grand and near our house. Going east through the ground here,³⁵² you'd get all wet, but you could go the road to the well there, you see. But, it wouldn't hold much, about two buckets of water. That well is there always. JC

Tigh Ghláimhín

37

Bhí cónaí ar Mhícheál Ó Gláimhín mar a raibh Danny Mike [Ó Drisceoil].³⁵³

Aonach

61

Ní bhíonn aon aonach i gCléire agus mar sin is ceannaitheoirí stoic a thagann go dtí an oileán chun na beithígh a cheannach. Bíonn an feirmeoir agus an ceannaitheoir ag áiteamh ar a chéile ar feadh tamaill. Bíonn siad ag hugstéireach. Ansan buaileann an ceannaitheoir an feirmeoir ar an mbais agus tugann sé an t-airgead don bhfeirmeoir agus caitheann sé seile air agus cuireann sé ina phóca é. Tugann an feirmeoir réul nó scilling mar ádhmar don ceannaitheoir agus caitheann sé sin seile air agus cuireann sé ina phóca é agus ansan bíonn an margadh déanta. [RBÉ S 295:160. Ceannaitheoirí. Bailitheoir: Cáit Ní Drisceoil. Comalán. Inis Chléire. Faisnéiseoir: Ciarán Ó Drisceoil (56bl.), Comalán, Inis Chléire.]

Gort na Leasa

66

Thíos ar fad tá Gort na Leasa Íochtair agus Uachtair. Bhíodh púca is fir bheaga, is fir mhóra is gach aon ní agus iad ag teacht amach as na clathacha. Bhídís ag teacht amach as na poill agus ag deanamh "slaughter" gach aon oíche. Na púcaí leis bhídís ag baint leis na ba is gach aon ní. Ag crú na mbó a bhídís agus na ba a chrúidís, ní bheadh aon bhainne acu an chéad lá eile acu agus ní bheadh a thuilleadh bainne acu as san amach. Thugaidís an bainne is gach aon ní eile leo. Ní fhaca féin aon phúca ann.

[Faisnéiseoir: Síle Bean Uí Shíocháin, Lúnasa 1976.]

Tobar Sheáinín de Búrca

79

Tá an Tobar ar thaobh an Bhóthar Láir. Bhí tigin ag Seáinín Chonchúr Óig in aice leis. SS

Garraí na nGabhann

89

Garraí beag í ina gcuirte na gabhna óga ba ea é. SS

Stacán na Mionnán

95

Mionnán 'sea gabhar óg agus ciallaíonn stocán nó stacán aon rud atá ag gobadh amach. Is dóichí gur toisc an déanamh atá ar an stacán anseo a ainmníodh. DSD

An Pórt, 'An Fort'

96

Anseo os cionn na farraige bhí dún tráth. Tá rian clais an dúna le feiscint ann fós. Laistigh de tá lug 15x12x3 troigh sa talamh agus meastar gur le haghaidh lín a phortú a bhí sé seo.³⁵⁴

Tá poll thíos ann ina lár agus bhíodh uisce ann. Chuiridís lín isteach ann sa tsean-aimsir. Sin é a chuala. HS

Páirc an Leachtáin

105

Páirc ina bhfuil clochán cloch 'sea í. HS

Cnocán an Tobair

111, 251

Bhí beirt bacach i gCléire fadó. Tadhg Mór Ó Síocháin, a bhí mar ainm ar dhuine acu. Do bhí duine aca ag gabháil le Dream an Uabhair ó Chiarraí agus Tadhg Mór ag gabháil le dream an Uabhair ó Chorcaigh. Do chuaigh an bacach Tadhg Mór abhaile chuig a mhuintir tráthnóna agus dúirt leo "Anocht ar an gcnocán san thall", ar seisean, "a throidfear an troid is mó dar troideadh riamh i gCléire. Má

bhuann mo thaobh-sa beidh dhá chois agam-sa amárach agus gan aon chos ar an duine eile". "Go deimhin a Thaidhg", arsa a athair, "Ní fhágfaidh tusa an áit seo anocht".

Idir a athair agus a mháthair a chodail sé an oíche sin. Ach nuair a dhúisíodar ar maidin bhí Tadhg imithe. Ghabhadar amach agus chonaiceadar Tadhg ar an gcnocán gan briseadh gan brú air ach é slán folláin agus dhá chois air ag rince. Roimis sin ghlaoití Cnocán an Tobair air ach ó shin i leith glaotar an "Iomaire Rua" ar an gcnocán sin.

[RBÉ S 295:13. Bailitheoir: Mairead Ní Shíocháin, Lios Ó Móine, Inis Cléire. Faisnéiseoir: Tomás Ó Síocháin (56 bl.), Lios Ó Móine, Inis Cléire.]

Tigh Thaidhg Mhóir / Tigh Helena

117

Bhí Riagánach ansin thíos mar a bhfuil Tigh Helena³⁵⁵ agus tá cabhlach an sean-tí leis fós ansin. Deartháir ba ea é le Tadhg Ó Riagáin, an Crois. Taede a bhí air sin ar an gCrois.³⁵⁶

Uncail le Tomás Ó Riagáin a bhí ina chónaí san áit atá ag Bean Uí Shúilleabháin anois i Lios Ó Móine Íochtair. Tá iníon an té ar leis an áit sin tráth, pósta i Meiriceá le Tadhg Ó Drisceoil, deartháir Dhonncha Shéamais Ó Drisceoil.³⁵⁷ PÓD

Garraí Dhonncha Uí Fhranncach

118

'Geanncaigh' a thugtaí ar mhuintir Uí Chonghailigh. PC

Tháinig na Geancaigh chugainn ó Dhruínneach agus thugadar a bhforshloinne leo leis. Dála sin sa saol a dtagadh daoine ón mórthír go Cléire ní mór nach de shiúl cos ar fad a théadh daoine ó áit go h-áit. D'fhág sin go mbíodh aithne an-fhorleathan ag daoine ar a chéile agus is dócha, leis an aithne úd, go bhfaightí stair agus eolas ina theannta. Is den sloinne "Coinghialach" nó "Coinniala" na Geancaigh.

[Cf. Forshloinn. ADSD 142-143.]

Faill an Uisce

124

Ó Thobar Sheáinín thuas atá an t-uisce ag teacht agus tugtar Faill an Uisce ar an áit mar bíonn an tuisce ag rith ann gach aon gheimhreadh. SS

Faill na Binne

127

Is ag Faill na Binne a baineadh an slinn don chéad díon slinne a cuireadh ar an Séipéal i lios ó Móine.³⁵⁸

An t-Oileán Beag

129

I mbaile fearainn Lios Ó Móine tá trá bhreá agus ar lár na trá san tá oileán beag le feiscint. Níl an tOileán seo ach tuairim céad troigh ar fhad, agus fiche troigh ar leitheadh. Tá inse d'fhéar glas ag fás ar a mhullach meascáithe le feallóga agus le finneal trá agus le ? agus le póisíní eile a bhíonn ag fás ar chónagar trá. Tá rian agus ligint na mblian le feiscint ar an gcarraig Oileáinín seo, mar charraig is ea í anois. Tá gach aon ghlaise agus gach aon riasta gearrtha isteach ins an Oileáinín seo gur dhóigh leat gurb í an Ogham Chraobh a bheadh scríte isteach sa charraig ar thaobh an Oileáin. Ar an inse ghlas atá ag fás ar mhullach an Oileáinín seo bíonn ins an tSamhradh neadacha déanta ag na cóbair agus ag na faoileáin ann. Sé an ainm atá ar an Oileán seo, an tOileán Beag. D'abrach na seandaoine go raibh an tOileán Beag tuairim le míle ar fhaid ins an tsean-shaol, agus go raibh ceann t'siar an Oileáin Bhig ag dul chomh fada soir le Béal Chuain Trá Chiaráin. Ins an tsean-shaol súd do chónaigh Taoiseach ar an Oileán Beag agus do bhí de réir na sean tuairiscí Dún láidir ag an Taoiseach sin ann. Dún Chléire a tugtaí ar an nDún san.

Níl scéal, dóigh, ná dónaicín, ná aon tseana-scéal eile le fáil mar gheall ar Dún Cléire ná an Taoiseach.

[RBÉ 609:263-4. Bailitheoir : Ciarán Ó Sfocháin (42), Crathach, Oileán Cléire. (Mí Eanáir 1939).], Dún Cléire LM 23.

Cuaisín an Oileáin Bhig

131

Bhíodh báid ar snámh ann ó mhí an Mheithimh go tosach Lúnasa.

[Cf. SC 29.]

Com an Bháid

137

Paiste leibhéalta í atá taobh thuas den Chnocán. Deintí báid ann fadó. HS

Páirc Gaelic

139

Gaelic Mahony a bhíodh mar ainm ar dhuine a chabhraigh le Muintir Uí Chonghaile³⁵⁹ cuid des na clathacha ar an ngabháltas a thógaint.

'Gaelic' a thugadh an Mathúnach air féin. HS

Gort na Bearna

160

Bearna: *Níl aon pháirc ná go bhfuil bearna ag dul isteach inti. Bíonn na bearnacha seo timpeall ocht dtroighthe ar leithead a fhormhór go léir, clocha singile a bhíonn i dtógáil na mbearnacha. Ach tá cuid acu seo ná fuil aon chloch ionntu go mbíonn maidí nó stacaí trasna ionnta in ionad na gcloch. Tá sean fhocal ann a deireann "do cuireadh staca ins a' bhearnan roimis".*

[RBÉ 609:255. "Na Béarnain". Bailitheoir: Ciarán Ó Sfocháin, Crathach, Inis Cléire.(1938).]

Ní raibh de gheata againn ach an bearna cloch agus bhí na bearnaí úd chomh fada in ócáid go raibh na clocha a dhúnadh iad chomh sean chaite sin ná raibh de oidhne orthu ach mar ubh gé - caite, maol, cruinn ó bheith dá leagadh agus dá dtógáil.³⁶⁰

[ADSD 53.]

Aitín Dhónaill

170

Bhí cearta lóch a bhailiú ag Dónal Dhiarmada Ó Drisceoil agus cíos íochta as leis an tiarna talún.

Roche's Garden

173

Paiste talaimh é seo a fuair John Roche ón tiarna talaimh. PÓL

The Factory

179

*Ag gabháil thar an Factory aréir dom
Is ea d'airíos sa féin an fiadhach.
Bhí turn coats an bhaile go léir ann.
Agus Barry beag caoch 'na ndiaidh.
Bhí seanghabhair beirthe ar sceich aca,
Is iad dhá strachadh ó na chéile siar
Ní raibh cuimhne aca ar phaidir ná croí ann,
Ach an Ministéir Maol dhá riar.*

*An té chíftheadh Friday a gearradh na feola ann.
Dhá shlogadh ina scórnach siar.
Ba gheall le fiorrchat óg é,
Nó le "Monkey" go ndoichfaí a ghiall,
Dá lámhfadh Paddy Ciosóg é.
Do bhéarfainn do coróin sa mbliain,
go gcuirfí mar "weather cock" cróga é.
Sa teampall nár órdaigh Dia.*

[RBÉ S 295:166. Na Soupers. Bailitheoir: Conchúr Ó Drisceoil, Cnocán na mBáirneach, Inis Chléire.]

Gabriel View House

179

After the 1916 Rising the Capuchins from Rochestown used come to Cléire. The local priest asked the Leonards of Lios Ó Móine to keep them. The famous Father Albert and Father Bonaventure both stayed in the house in the summertime when the Leonard men would be away fishing for a lot of the time. They were anxious

to stay in the eastern part of the island where Irish was spoken more frequently. It was the two priests who gave the house the name Gabriel View as Mount Gabriel is in clear view. Father Bonaventure was the Provincial at the time. Father Albert was silenced and sent to America. His remains were returned to Ireland in the sixties and reinterred at Rochestown in Cork. MJ

Cillíneach

187

Deirtear gur leanaí gan baiste a bhíodh á chur ann.

[RBÉ 609:291-2. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Inis Chléire, (Ean. 1939), CFC 87.]

Thánathas ar tuairim is fiche uaigneanna ar an láthair seo ag deireadh na naoú haoise déag. Bhí na h-uaigneanna timplithe le clocha bána. Deirtear go léití an tAifreann ann in aimsir na bPéin Dlithe.³⁶¹

Garraí Dhá

195

Faightear an t-ainm Daithí i measc Síochánaigh Lios Ó Móine. Tharlódh gur ó Dhaithí Ó Síocháin a chónaigh i Lios Ó Móine sa bhliain 1849 a ainmníodh. Bhí seoltóir loinge arbh ainm dó Ciarán Dáith i gCléire tráth agus b'fhéidir gur uaidh a ainmníodh.³⁶²

Leaca na gCapall

197

Ba mhinic a d'úsáidítí an t-asal i gCléire chun treafa ach bhí an talamh sa pháirc seo chomh cruaidh go gcaití capaill a chur i mbun na hoibre. PCD

Páirc an Ghorta

203

Bhuail an Gorta Cléire ach ní dóigh liom go bhfuair puinn daoine bás in 1847. Fuair daoine bás ina dhiaidh sin, leis an ocras. Bhí rud éigin scríte ag Diarmaid Ó Donnabháin Rosach faoi. B'shin é an "Relieving Officer". Bhí fear amháin sínte siar ar Thrá Chiaráin. Ar an dtrá a bhí sé sínte leis an ocras agus thugadar min do agus d'ith sé an iomad agus do mharaigh sé é. Do thugadar an iomad mine do is gan é ina thaithí. ED

Níor luigh an Gorta chomh mór san ar lucht na n-oileán toisc go raibh neart bídh sa bhfarraige timpeall orthu agus ar charraigreacha timpeall orthu bhí fásanna agus cnósanna trá. Do bhréag an file, is dóigh liom i go leor des na cuntaisí a tugtar ar an nGorta Mór ins na hoileáin anseo. Ach arís tharlódh dála na nDrisceolach go léir go raibh muintir na n-oileán glic agus go ligidís orthu féin a bheith a sheacht measa as ná mar a bhíodar ar ghrá stórais mine bhuí nó pé'n sórt mine a bheadh ar siúl a fháil dóibh féin agus a chur i dtaisce dóibh féin agus a gcearc agus muc i dteannta leo féin.

Tá sé ráite go dtéadh mo shean sean athair féin mar sin, go raibh sé ag iascach in áit éigin thiar amach ó Oileán Chléire agus deirtear fós ina thaobh nár sheas riamh ar Oileán Chléire fear chomh spríunlaithe leis an bhfear san. Ard-spríunlóir ba ea é ach aimsir an Ghortaigh Mhóir ba ea é.

Fós dá mbeadh daoine ag fáil bháis i gCléire nó ar oileánaibh taobh leis ag an am san de dheascaibh cruatan agus uireasa bheadh go leor uaigheanna cois bóithre agus cois clathacha rud nach bhfuil ann. DSD

Tigh Shiobháin Connie

205

Tigh Cruídín a bhí ar seo chomh maith. Taidhgín Ó Drisceoil as Ceathrúna ba ea a athair. B'as an tigh ansin atá tógtha suas i gcoinne tigh le Patsy Ó Drisceoil é.

Máire Con a bhí sa tigh theas mar a bhfuil Peadar Ó hUigín. PÓD

An Draein Mhór

206

That stream [.i. An Draein Mhór] is coming from Paddy Carey's, all the way down from Tobar na gCeann. The same water is coming to Tobar Ghláimhín, but its like a by pass away up somewhere in a drain. It divides above and comes down west here at Tobar Ghláimhín. JC.

Páirc na Geatairí

207

Áit riascach is ea an áit seo agus deintí geatairí luachra a bhailiú in áiteanna mar í. PC

Geatairí: *Fad ó shin ní raibh aon phairifín ná aon choinneal ann agus sé an sórd solais a bhí ag na daoine ná solas geataire. Do théadh na daoine amach sa phort agus do bhainidís geatairí agus do scuadaís an craiceann díobh. Do théidís leis an dtine ansan an geataire agus do chuiridís isteach i slige é agus do chuiridís troighean éisc isteach ins an slige agus do chuiridís an geataire anuas ar sin. Ansan do gheibhidís match agus do lasaidís an geataire agus do dheineadh sé solas breá. [RBÉ S 295: 135. Bailitheoir : Cáit Ní Drisceoil, Comalán. Cléire. Faisnéiseoir : Tomás Ó Síocháin (75), Comalán, Cléire.]*

Tar éis an tslige a líonadh den íle, d'fhaighidís dó nó trí cinn de gheatairí, agus do scúidís an croiceann glas díobh, mar laistigh den chroiceann glas bíonn croí bog bán, agus ní bhíonn aon phioc den ghlas le feiscint ach cnámh beag a fágтар ar a chliathán nuair a bhítear á scú chun an gheataire a choinneáil gan bhriseadh. Ansin cuirtear na geatairí scúite isteach sa tslige. Súann na geatairí an íle (troighean) agus ansin lastar na geatairí.

[Cf. 'Solas', RBÉ 609: 238-40. Bailitheoir: Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire, (19 /11/1938); CFC 115-16.]

D'úsáidítí seis nó geatairí uaireanta i ndíonú tithe i gCléire.³⁶³

An Latrach

210

The Latrach goes through Con Sheehan's ground 'till you go out on the main road above. Its all filled in now with briars and every damm thing. The path goes right up through the Latrach and out at the road. JC

Tá páirc i gCléire ar a dtugtar an Lataarach, in aice an tséipéil; tá sí ina dhá leath leis an mbóthar. Níl aon chapall is aoirde léim 'ná capall na latraí nuair fhaghann sé bia, 'put a beggar on horseback', etc.

[DCC 69.], Cf. An Lataarach Ca 71.

Tigh Dhónaill Ó Síocháin

214

Lionánaigh a bhí ina gcónaí sa tigh sin roimh na Síochánaigh, ach tá sin ag dul siar tamall fada. PÓD

Droichead na nDearnaití

217

De réir an tseanchais b'as obair na gcláiríní níocháin do ainmníodh. Tá sruthán mór fada ó Thobar na gCeann go Muilleainín agus deirtí go raibh an oiread sin níocháin dá dhéanamh ann nuair a bhíodh na dearnaití go léir marbh ó thuairteáil na gcláirín níocháin go n-imídís síos leis an sruth agus toisc an droichead so do bheith ar an ísléan go stadfadh an ghluaiseacht agus go n-eiríodh cairn dearnaití marbha fé shúil an droichid nó go dtigeadh tuilleadh a ghearrfadh chun siúil iad.

[DSD. IT. 26/9/79.]

An Séipéal

219

Is dóigh liom gurbh é an chéad tigh slinne é a tógadh i gCléire. Tá sin tuairim céad bliain ó shin. Tuí a bhí mar díon ar an sean-séipéal. Is amhlaidh a thugadh Muintir an Oileáin beart tuí ar a dtorann chuinn díon an tSéipéil a choinneáil suas.

[RBÉ 609:211. Bailitheoir : Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire.]

Dhealródh an scéal go bhfuil séipéal i mbaile fearainn Lios ó Móine le isteach is amach le 250 bliain.³⁶⁴ Sa bhliain 1750 luann Smith 'Towards the middle of the island is their chapel - a large building but as destitute of any ornament as a barn'.³⁶⁵ Ar léarscáil de Chontae Chorcaí dar dháta 1811, tá R.C. Chapel suite i lár an oileáin.³⁶⁶ Thug Lewis 'a small thatched building' air sa bhliain 1837³⁶⁷ agus is dóichí gurb é an séipéal céanna atá faoi chaibidil ag Conchúr ó Síocháin nuair a deir sé gur chuala sé agus é óg seandaoine á rá gur cuimhin leo séipéal díon tuí a bheith sa logán san laistiar theas de, sarar tógadh an séipéal mar a bhfuil sé anois.³⁶⁸

Ba le linn don Ath. Tomás Ó Muirthile a bheith ina shagart i gCléire sa bhliain 1839 a tógadh an séipéal atá anois ann.³⁶⁹ Is thart ar an am seo leis a d'athraigh sagairt an oileáin ón gComalán³⁷⁰ go tigh le h-ais Inbhir.

Sa bhliain 1841 tuairiscíodh 'There is a Roman Catholic Church having a slated roof'³⁷¹ bíodh gur thuairisc an *Parliamentary Gazetteer of Ireland* sa bhliain 1844 go raibh díon tuí air:

The Roman Catholic chapel is a long, narrow, barn-like building, near the middle of the island - has an attendance of 350.³⁷²

Ba ghearr go mb'éigin slinn a chur in áit tuí ar dhíon an tséipéil agus ba i gcoiréil i Lios Ó Móine a baineadh an slinn chuige.³⁷³ Níor sheas slinn Chléire rófhada áfach agus is ó Bheantraí³⁷⁴ agus Inis Earcáin³⁷⁵ isteach a tháinig an dara díon slinne a cuireadh in airde sa bhliain 1855. Drisceolach ó Chill Chruacháin gar do Bheantraí a dhein an díonú nua, ceardaíocht nár ghá d'athnuachaint go 1978.³⁷⁶

Dreapa an tSéipéil

220

Síneann Casán an tSléibhe ó dheas ón ndreapa seo thar Na Cnoicíní agus an Windy Style go dtí an dreapa ag Tigh an Phoist atá gar do thigh Bhríd Bean Mhic Coitir, Crathach Thiar, údar an dáin thíos.

Aifreann Lae Nollaig
Ar maidin lae Nollaig,
Is orm a bhí an lúcháir,
Ag siúl ar na bántaibh,
Is de dhroim na gcnocáin,
Solas na gealaí,
Mar threoraí rómham féin,
Is mé ag dul ar an aifreann,
Le breacadh an lae.

Nuair a thaobhníos den dreapa,
Atá ag clós an tSéipéil,
Do bhí na soilse ar lasadh,
Le blóim ins an aer,
Na carraí ag sodar,
Is ag tarrach go tréan,
Is gach n-aon ag saothrú,
Chun an aifrinn dá réir.³⁷⁷

B'shin é an sean-scoil thuas ag an seipéal. Ní raibh puinn Gaolainne sa scoil an uair sin. Tháinig máistir stróinseartha isteach. Fear Gaolainne ceart ba ea é. Chaith sé seachtain nó coicíós ann. Do labharfadh sé Gaolainn leis na scoláirí féachaint an raibh aon Ghaolainn acu. Sin é an uair a thosnaíodh ar an nGaolainn ar scoil ar dtúis. Pádraig Begley ba ea é.

Bhíomar ar scoil sa Séipéal thuas leis nuair a bhí an scoil féin á shocrú³⁷⁸. Bhíomar a trí nó a ceathar bliain sa Séipéal. Bhí scoil leis sa Lighthouse ar feadh tamaill.

[Faisnéiseoir: Ellen Bean Uí Drisceoil, Cnocán na mBáirneach. (1978).]

Do bhí máistir scoile i gCléire timpeall le trí fichid bliain ó shin agus sé an ainm a bhí air ná Seán de Young.³⁷⁹ Do thugadh na páistí Máistir Bán na Coise Briste air toisc go raibh staf ina chois. Do thugadh na buachaillí pingin chuige gach maidin. Dé Luain nó mar a mbeadh an phingin acu do thugaidí buidéal bainne chuige agus sin é an pá a bhí aige. Do bhí sé ró-bhocht chun dul ar loistín agus is ins an scoil a bhíodh sé ag maireachtaint agus sé féin a bhíodh ag riarú an bhia do féin. Do thugadh cuid des na daoine mála prátaí chuige agus do thugadh cuid eile acu mála plúr muilinn chuige. Do bhí cuid des na páistí na tabharfadh an phingin chuige agus 'sé deireadh an Máistir leo ná:

*A Chon Mhóir, a treabhsair bhriste,
a Chon Carey gan aon phingin,
a Spailpín Fánach ó Chnocán na mBáirneach,
cuir-se abhaile chugam-sa mo thuistiúin amárach.
Is a Sheáin Tamey³⁸⁰ na gcuilug.*

'Sea mhaise' arsa Seán Tamey "is Máistir Bán na Coise Briste".

Sé an pionós a chuireadh sé ar na páistí ná bíodh a gceacht acu ná dul siar go dtí an Reilig agus cnámh le Conchúr Éireamhoin a thabhairt aníos leo agus é do chur síos arís ar maidin amárach. Múinteoir cuíosach maith dob ea an Máistir Bán. [RBÉ S 295:134-5. An Máistir Bán. Bailitheoir: Cáit Ní Drisceoil, Comalán, Inis Cléire. Faisnéiseoir: Tomás Ó Síocháin (75 bl.), Comalán, Inis Cléire.]

Is dócha ná raibh aon díol ar fónamh ón mBord ag an máistir san aimsir sin, mar chaitheadh gach garsún pingin a thabhairt chuige ar maidin Dé Luain mar dhíol seachtaine; an té ná beadh an phingin aige, dhá ubh chirce, nó buidéal bainne nó fód móna; mar sa scoil a bhíodh cónaí air, agus d'oirfeadh gach ní dó chomh maith leis an airgead. Is minic a bhíodh sé trí chéile i dtaobh nárbh fhéidir leis an Béarla a chur i bhfeidhm orthu mar a thaitnfeadh leis. Ansan is ea a chromadh sé á spídeadh, agus i nGaeilg a dheineadh sé é, mar ab ea ab fhearr a thuigfidís é agus a thabharfaidís an scéal abhaile leo.

[SC 12.], Cf. Trá Dhún Chléire LM 24.

Donnchadh Shéamais Ó Drisceoil a mhol sna seascaidí go ndéanfaí Iarsmalann den Sean-Scoil. Thug baill de phobal an oileáin i gcomhair leis na Campaí Oibre faoi'n aththógail i 1969. Beartaíodh Cumann Iarsmalann Chléire a bhunú d'fhonn an sean-scoil a fhorbairt mar Láthair Oidhreachta. Deineadh amhlaidh agus ar an 25ú Iúil 1986 d'oscail an Cáirdinéal Tomás Ó Fiaich an foirgneamh athchóirithe go h-oifigiúil agus is Láthair Oidhreachta Chléire atá baistithe ar an Sean-Scoil ó shin.

Más iarsmalann oileáin féin í ár n-iarsmalann níl sí oileánda.³⁸¹

[Cf. 'Blianta Órga', DSD, IT. 2/8/1981.]

Scoil tógtha le clocha agus díon slinne air a bhí sa bhfoirgneamh sa bhliain 1826³⁸². agus cónaí ar an múinteoir i gceann den dá sheomra a bhí inti³⁸³. Nascadh leis an gcóras Náisiúnta Bunscoile é sa bhliain 1834³⁸⁴. Díon tuí a bhí air sa bhliain 1854 nuair a bhí scoil do chailíní agus scoil do bhuachaillí ann³⁸⁵ agus tinreamh suas le ceithre scór ag freastal orthu. Bhí drochbhail ar thigh na scoile faoi 1894 agus tógadh scoil nua ceithre sheomra i gCoinlín i 1896-97.

Leicín Uí Fhicheallaigh

229

Is ionann licín agus cloch réidh. Is de shliocht Chorca Laidhe clann Uí Fhicheallaigh a raibh tailte acu ó thuaidh ó Dhún na Séad. (Tá an ainm Eithleann le fáil i ngeinealacha na clainne sin). Tharlódh go raibh cearta iascaireachta nó cearta lóch timpeall na h-áite seo ag duine den sloinne seo. Tá garraí ar an gComalán ar a dtugtar Garraí Sheosaimh Uí Fhicheallaigh.³⁸⁶

Tigh Dhonncha

242

*Tigín breá tionnúir ba ea seo sa gheimhreadh. Bhí bireach agus tuí air.*³⁸⁷
Tigín beag cluthair ba ea é. SS

Bothán Sheáinín

243

Bhí tigín anseo ag Seáinín Chonchúir Óig. SS

Tigh John Connolly

245

John C. Connolly, my father, built this house. My mother was Lizzy Regan from Schull. My father had two brothers, Connie and Paddy, and I think there was another brother who died of the measles. Connie and Paddy went to the States and they got drowned on the banks of Newfoundland. A gale caught them and they all went down in a fishing boat. My grandfather sent for my father and he came home from the States and he got married here. There were fifteen of us in the family. JC

ARDGHORT (A)

¹ Cf. Fail na Binne CC 25 (i gCuid 2), LM 127 (i gCuid 2), An Túr GO 3 (i gCuid 2).

² Cf. DSD. IT. 10/10/1979.

³ Cf. Mainistir an Ardghort A 109 (i gCuid 2).

⁴ Cf. Garraí an Aitinn Ca 65 (i gCuid 2).

⁵ An t-oileán is faide siar des na Laonna nó na Trí Lao atá sa Lao Iarthach BT 26. An Lao Iarrach an gnáthlitríú a bhíonn ag Donnchadh Shéamais Ó Drisceoil air in Aistí Ó Chléire. Sé an dála céanna é i gcás lámhscríbhinní de chuid RBÉ a bhaineann le Cléire. Scríobh de réir na cainte agus na foghraíochta atá ann.

⁶ Bhí Barra an Bhulláin BID 113 go maith chun iascaigh slaite. Cf. Pointe an Bhulláin BID 112 (i gCuid 2).

⁷ Cf. Seanchas Chléire (1970) 95. Tá garraithe eile a bhfuil a n-ainmneacha cailte anois le haithint fós ar thaobh theas Ardghort (A) agus Gort na Lobhar (GL). Tá roinnt eile le haithint ar bhailiúchán aerghrianghrafanna Chléire CLOC.

⁸ Tá sé ar bhuanthaispeánt i Láthair Oidheachta Chléire.

AN BHÁ THUaidH (BT)

⁹ Cf. Colmán Ó Drisceoil, 'Béaloides Ó Chléire', Tráchtas M.A. (1993) neamhfhoilsithe, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Cf. Lámhscríbhinní de chuid an Ath D. Ó Floinn, Bosca s, litir 43 (g.d) i dtaisce i Leabharlann Russel, Má Nuad. Ar na h-oileán atá luaite sa sliocht, seo mar is cóir an léamh thíos a bheith ar roinnt ainmneacha ; Oileán Éinne in áit Oiléan Éin; Oileán Dá Bhan in áit Oiléan dá Bheann; Oiléan Uí Ghrianaigh in áit Oiléan Uí Ghraíonaigh. Is dócha gur inis Lao i.e. na Laonna (BT 26,35,40) atá i gceist le Inis Laoich. Ar na pointí a luaitear is dócha gurb é an Lubalach is cóir a bheith in áit an Logalach; Cuas Uí bhFiaigh in áit Cuas Uí Bhiaigh. Ní fios cá bhfuil Lia Dáith.

¹⁰ Cf. Colmán Ó Drisceoil, 'Béaloides Ó Chléire', op.cit., Bosca 6 litir 44 (g. d.), Leabharlann Russel, Maigh Nuad.

¹¹ Mór bhainceanna iascaigh a bhí sa Drom Amuigh agus an Drom Istigh, Talamh Cró, Talamh Charraig an Locha, Talamh Bhéal na Gaibhge, Talamh Cheann na dTrí Chaisleán, agus mar sin do. Cf. CÓS, RBÉ 742:327.

¹² i.e. Cairn Uí Néid, Co. Chorcaí.

¹³ Tá Rinn Dreoláin suite in Inis Earcáin. Cf. BIE.

¹⁴ i.e. An Seancheann (Old Head of Kinsale), Co. Chorcaí. Cf. Gasaitéar na hÉireann 1989, 260.

¹⁵ Is sa bhliain 1847 a tharla an tubaist seo ar Rinn na mBeann nó Rinn na mBreall ar an Lao Iarthach. Cf. (i) 'Loss of the Stephen Whitney, American Liner', Cork Examiner, 15/11/1847; (ii) 'Loss of the Stephen Whitney,' Cork Examiner, 17/11/1847; (iii) 'The Late Shipwreck', Cork Examiner, 16/11/1847; (iv) Na Trí Lao BT 20-22; Sk. 63-64.

¹⁶ 'Savona' ab ainm don bhád úd a chuaigh ar na carraigeacha i 1909. Cf. 'The Gale: Ship abandoned off coast', Cork Examiner, 18 January 1909.

BAILE IARTHACH THEAS (BID)

¹⁷ Ag tagairt do iascaireacht séirdíní in uiscí timpeall ar Chléire scríobh Poccocke sa bhliain 1758 "where the pilchards came great fortunes were made by them" [Cf. Pádraig Ó Maidín, 'Poccocke's Tour South and South West Ireland 1758', JCHAS., LXIII, No. 198 (1958) 81]. Is beag atá le rá faoi séirdíní i mbéaloideas Chléire ['Na Séirdíní', CÓS, RBÉ 1143:134-36 (10/5/1946)] ach tá fothrach Páláis Éisc ina ndeintí séirdíní a leasú le feiscint os cionn Inbhir ar thalamh a bhain le Din Cadogan agus tá rian ceann eile le feiscint ag geata Tigh an tSagairt i gCoinlín. Dhein Smith cur síos ar an bpróiseas leasaithe séirdíní a bhí i bhfeidhm sna Páláis ar an gcósta theas sa bhliain 1750 [Cf. Smith, *op. cit.*, 315-16].

¹⁸ Agallamh le (i) Pádraig Ó Céadagáin (PC), Glebe, Cléire, Lúnasa 1979; (ii) Pádraig Ó Lionáin (PÓL), Coinlín, Cléire, Lúnasa 1983. Cf. Garraí an tSagairt C 228 (i gCuid 2); Tigh an tSagairt Cn. 9 (i gCuid 2).

¹⁹ Agallamh le Pádraig Ó Céadagáin, Glebe, Cléire, Lúnasa 1982.

²⁰ Ba sa Glebe a bhí cónaí ar Con Ó Céadagáin. Uncail le PC ba ea é. Ba ag Céadagánaigh, An Glebe a bhí an scúnar *Liza*. Cf. (i) Liosta Báid Chléire CLOC; (ii) Tigh Din Cadogan BID 40 (i gCuid 2).

²¹ Cf. (i) É. Lankford, 'Baltimore Fishery School 1887-1987'. Ábhar taighde a soláthraíodh do thaispeántas chomórtha i Láthair Oidhreachta Chléire, Meitheamh 1987 CLOC; (ii) Cuntas ar an Scoil Tionsclaíochta le Alfred O'Mahony. CLOC.

²² Cf. 'Liosta Báid Chléire'. CLOC.

²³ Cf. Falla-feidín, a cabin whose walls are of mud or clods FGD.

²⁴ Cruachán, Co. Chorcaí, i.e. Crookhaven. Bhí gaol idir an Spáinneach Mór agus an té atá i gceist in ainm na páirce seo [Agallamh le PC, Lúnasa 1982].

²⁵ Cf. (i) Failil Dhiarmuida BID 188 (i gCuid 2); 'Béaloideas Ó Chléire', Béal., V. (1935) 130.

²⁶ Bhí marcanna agus comharthaí eile ar talamh agus ar farrage ag iascairí Chléire. Cf. (i) Marcanna talaimh bhail Seithí, CÓS, RBÉ 742:341-42; (ii) Cnoc an Chrathaigh Cti 40 (i gCuid 2); (iii) Comalán C (i gCuid 2), RBÉ 52:256; (iv) Migh Fhail Ní Chathail CTi 1 (i gCuid 2).

²⁷ Cf. 'Béaloideas Ó Chléire', Béal., XI, uimh. 1-II (1941): 30.

²⁸ Bunaíodh an Land League i gCo. Mhuigheo sa bhliain 1879 [Do stair an Land League: Cf. (i) F. S. L. Lyons, Ireland Since The Famine. London, 1973; (ii) J. Lee, The Modernisation of Irish Society, 1848-1918. Dublin: Gill and Macmillan, 1973; (iii) P. Bew, Land and the National Question in Ireland, 1852-82. Dublin, 1979; (iv) James S. Donnelly, The Land and the People of Nineteenth-Century Cork: The Rural Economy and The Land Question. London, 1975]. Cuireadh

craobh den chumann seo ar bun i gCléire faoi Uacharántacht an tsagairt [Cf. SC 145] agus tré sheasamh le chéile bhain na hoileánaigh sásamh amach. Fuairadar an triú chuid lacáiste sa chíos [Cf. SC 147].

²⁹ Cf. (i) SC 4-5; (ii) 'Sreangscéalta', CFC 99-100; (iii) An Sean Tigh Teileagrafa GI 1; (iii) 'Letter from W. H. Boland', West Carbery Eagle, 1/2/1862.; 'Cape Clear as a Telegraphic Station', West Carbery Eagle, 5/4/1862; 'The Cape Clear Telegraphic Station', West Carbery Eagle, 8/12/1863.

³⁰ Theip ar longa de chuid Cabhlach na Fraince saighdiúirí a chur ar dtír i mBeanntraí, Co. Chorcaí sa bhliain 1796. Bhí Wolfe Tone ar bord ceann des na longa. Agus é gar do Chléire ar an 21 Nollag scrígh Tone:

'...at daybreak, we are under Cape Clear, distant about four leagues, so I have at all events once more seen my country; but the pleasure I should otherwise feel at this is totally destroyed by the absence of the General, who has not joined us, and of whom we know nothing'.

[Cf. (i) (a) Life and Adventures of Theobald Wolfe Tone., written by himself, and extracted from his journals. Glasgow (n.d.) 160; (b) The Autobiography of Theobald Wolfe Tone, Abridged & Edited by Seán O'Faoláin, London, (1937), 192]. Bhí an aimsir chomh hólc san gur chuaigh roinnt longa ar strae, briseadh agus chuaigh roinnt eile go tóin poill. Bhailigh an chuid eile acu ar ais chun na Fraince. Ina dhiaidh seo bhíothas de shíor ag faire amach ar chósta na hÉireann do na Francaigh agus tógadh an 'Signal Tower' i gCléire (c. 1806) mar chuid de chóras cosanta nó córas foláireamh [Cf. An Túr GO 3 (i gCuid 2)]. Tógadh 'Na Fir Bréige' agus gléasadh iad in éadaí shaighdiúra mar chuid den córas cosanta chun dalladh píicín a chur ar an namhad. Deineadh amhlaidh leis i mBéara. (Cf. 'Buachaillí Bréige', Ted O'Sullivan, Bere Island, Cork, 1992, 51-52).

³¹ R. Wilson Jun. 'A Brief Description of Cape Clear', Seanchas Chairbre, Vol. 2, (1983):27-28.

³² Sé véarsa atá sa mhairbhne iomlán [Cf. CFC 42]. Ní fios an é an Cormac Ó Ficheallaigh céanna a chum na véarsaí seo agus Ficheallach a chónaigh i gceantair Chathair Chorcaí. Cf. 'Cormac (Charles Field), Ó Fichealla', c.1748-1831. Breandán Ó Conchúir, Scríobhaithe Chorcaí 1700-1850, 1982, 67.

³³ i.e. Pointe an Bhulláin BID 112 (i gCuid I).

³⁴ 'Do stracálamar -We drifted'. Cf. nóta le Ciarán Ó Síocháin, Crathach, Cléire, RBÉ 1607:166.

³⁵ Cf. (i) An Sean Tigh Teileagrafa GI 1 (i gCuid 2); (ii) Banc Faille Cua Ca 62 (i gCuid 2).

³⁶ Is dócha gurb é an Camóg nó cumóg (*Gammarus duebeni*) an t-ainmhí uisce locha nó amphipod (Crustacean) is mó cáil in Éirinn. Faightear i locha agus in aibhní ar fud Éirinn é ach faightear go han-íonmhar ar fad é i Loch Ioral. Fuarthas suas le 200 *Gammarus* i dtroigh cearnach in áiteanna ar imeall an locha. Cf. BMC.

³⁷ Cf. (i) Bailiúchán dánta le John K. Cotter, An Gleann, Cléire CLOC.; (ii) Tigh John K. Cotter GO 56 (i gCuid 2).

³⁸ i.e. Pointe an Chuairt BID 69 (i gCuid I).

³⁹ Cf. SC 150-151. D'eagraigh Tadhg mac Síthigh ón Sciobairín, Co. Chorcaí feachtas chun aird Rialtas Shasana a dhíriú ar fhadhbanna a bhí ag iascairí oileán Cléire. Ag éirí as an bhfeachtas bheartaigh an Rialtas ar doic nua a thógáil sa chuan i 1902 agus cuireadh an obair i gcrích 1903-05.

⁴⁰ Do chuntas eile ar an dtubaist seo: Cf. (i) Seanchas Chléire 164-166; (ii) Southern Reporter. 22/11/1919.

⁴¹ Tugann Conchúr Ó Síocháin cuntas fada ar imeachtaí 'Oíche an ghála aneas' [Cf. SC 43-52] ach ba sa bhliain 1892 a tharla sé dar leis. Ní hamhlaidh a bhí áfach ach sa bhliain 1894. I mí Aibreán na bliana sin shéid stoirm uafásach a dhein scrios ar bháid ar farraige agus i gcuanta ar chósta Chorcaí. Bádh mórán daoine leis. [Cf. (i) 'The Storm-Appaling loss of life and property', The Cork Examiner, April 24, 1894 agus The Cork Examiner 25, 26, 27 April 1894; 'The Storm on the South Coast', The Irish Times, 25/4/1894. (ii) Tagrann dán dar teideal 'The Breeze 1894' don scrios a deineadh ar bháid a bhí ar farraige le linn na stoirme. CLOC.

⁴² Cf. 'Liosta de bháid Chléire ó 1900'. CLOC

⁴³ Cf. Bailiúchán dánta le John K. Cotter atá i dtaisce i Láthair Oidhreachtá Chléire.

⁴⁴ Stróinséirí is mó a bhí ag obair ann ar dtúis ach 'chuadar abhaile, mar bhí sé ró-chostasúil a bheith leis an bpá beag, gan aon ní fágtha de bharr a n-aimsire acu'. Tháinig meath ar an iascach i 1904-05 agus chas roinnt iascairí ar an obair tógála a bhí ar fáil sa chuan. Orthu san bhí Conchúr Ó Síocháin, údar Seanchas Chléire ar phá sé scillinge sa ló. Cf. SC 151-154.

⁴⁵ Rev. H. Townsend, Statistical Survey of the County of Cork, (1815) 302.

⁴⁶ RW, op.cit., 26.

⁴⁷ Parliamentary Gazetteer of Ireland, 1844, 303.

⁴⁸ Cf. Cé Sheáin Rua CC 45 (i gCuid 2).

⁴⁹ Daniel O'Donovan, Sketches in Carbery, Cork 1876, 66.

⁵⁰ Deintí an ghabháil éisc a roinnt i seáraí ar fhoireann an bháid agus seára don bád féin. Bhí córas speisialta ann chun na h-éisc a roinnt amach go cothram [Cf. SC, 27-28] agus bhí córas leis ann nuair a bhíodh deithneas orthu [Cf. SC 28-29]. Bhí córas eile fós i bhfeidhm nuair a bhíodh díol éisc i gceist le ceannaitheoirí éisc a bhí ag ceannach uathu ar an oileán. De réir a chomhaireamh a díolthaí iasc an uair sin, agus is é an chomhaireamh a deintí, trí fichid cúpla ab ea céad comhaireamh éisc agus cheithre chúpla mar aguisín ina theannta [Cf. SC 31]. Bhí córas difriúil ann don saghas iasc a bhí ar díol: Na Macraelí: Trí chinn d'éisc a bheadh i ngach aon cheaist. 'Dathad ceaist, agus ceaist, agus tally ('Sé sin, dhá cheaist is dathad) sin céad. Bheadh an dá cheaist sin in aisce ag an ceannathóir, 'sé sin, leath-chéad ins gach aon mhíle'. Cf. 'Díol Éisc (Dé réir a' chóimhrimh)', 'Béaloidas Ó Chléire II', Béal, V. op. cit., 37.

⁵¹ Agallamh le PC, Lúnasa 1979.

⁵² Is ar cháipéisí oifigiúla atá fáil ar an ainm. Cf. (i) Plean den chuan dar dháta 1903. CLOC; (ii) Cape Clear, North Harbour. Proposed Mailboat Berth sign.- Duffy's Pier, Office of Public Works, Dublin, Drawing No. 560/10, 14/3/1960. CLOC

- ⁵³ Thairg an Rialtas £300,000 don obair tógála sa chuan. Cf. (i) 'Haughey to the Rescue', Cork Examiner, 3/2/1988; (ii) 'Red tape may delay pier's restoration', Cork Examiner, 5/2/1988; (iii) 'Cape Clear set to fight back', Cork Examiner, 5/2/1988.
- ⁵⁴ "Dún an Óir" ab ainm don bhád seo a tógadh i nDún na Séad.
- ⁵⁵ "Naomh Ciarán" ab ainm don bhád seo a thóg muintir Tyrell, Inbhear Mór, Co. Chill Mantáin.
- ⁵⁶ Thosnaigh Seirbhís Poist Oifigiúil ar an gcéad lá d'Aibreán 1894. Agallamh le Tadhg Ó Síocháin (TÓS), Comalán, Cléire, Lúnasa 1979.
- ⁵⁷ Ba ábhar iontais le fada é tobar ffor uisce a bheith ag briseadh aníos ar Thrá Chiaráin. Níor aimsíodh foinse an tobair go dtí 1960. Cf. (i) Patrick Joseph O'Leary and Elizabeth Shee Twohig, 'A Breton Type Iron Age Pillarstone On Cape Clear, Co. Cork, Ireland', Rev. archeol. Ouest, Supplement no. 2, (1990): 263-267; (ii) É. Lankford, 'Gallán Chiaráin'. Cf. Paddy O'Leary and Elizabeth Shee Twohig, 'A possible iron age pillarstone on Cape Clear', JCHAS, 98 (1993):138-139.
- ⁵⁸ James M. Burke. 'Cape Clear Island', JCHAS, XIV (1908): 119. Ní ar an dtrá a bhí an fhoinsé ach san áit ar a dtugtar Tobar Chiaráin an lae inniu suite. Ba i 1960 a aimsíodh an fhoinsé cheart [Cf. JCHAS, 98 (193) 138].
- ⁵⁹ Cf. 'Leigheas ar thinneas farraige, mar dhea', RBÉ 49: 258-9; CFC 34.
- ⁶⁰ Is ag Saighir Chiaráin atá suite i mbaile fearainn Cláirín, Co. Ua Fáille a thóg Naomh Ciarán a mhainistir. Cf. 'Seir Kyran's Church and Parish, King's County', The Dublin Penny Journal, Vol. III, 11/10/1834, 113-14. Do ghearrsint ar thraidisiún faoi bhunú Saighre. Cf. Daphne D. C. Pochin Mould, The Irish Saints, Dublin, 1964, 78-79. Do liosta lámhscríbhinní a chuireann síos ar shaol agus imeachtaí an naoimh. Cf. (i) James F. Kenney, The Sources for the Early History of Ireland: Ecclesiastical, Dublin, 1979, 316-17; Introduction and Guide, vol.1: Ecclesiastical, Dublin (1979), 316-318. (ii) Cannon John O' Hanlon, Lives of the Irish Saints. III .1875-1903. 116-18. Do liosta leaganacha de bheatha an naoimh cf. P. Grosjean, S.J.: Vita Sancti Ciarani, Episcopi de Saighir ex Codice Hagiographico Gothano. Analecta Bollandiana, t..59 (1941): 217-272. Ar na húdair a scrígh ar Naomh Ciarán Saigher tá Alban Butler, Rev. S. Baring Gould, John Hogan, Rev. J. F. Shearman, Lanigan, Todd. Tá Beatha Chiaráin le fáil i Silva Gaedelica le Standish H.O' Grady agus i mBeatha Naoimh Chiaráin Saighre le Rev. D. Mulcahy.
- ⁶¹ Cf. 'Scéal eile ar Naomh Ciarán' CFC 91-92.
In alt leis ar 'Language and the Making of Place', scrígh Yi-Fu Tuan , 'Naming is power - the creative power to call something into being, to render the invisible visible, to impart a certain character to things.'¹ Léiríonn breis agus 2,000 áitainm conas mar a láimhsigh áitainmneoirí Chléire an chumhacht sin thar na céadta bliain. Ag éirí as an méid sin, is d'fól suime iad na ceisteanna atá le freagairt. Cad iad, mar shampla, na gnéithe éagsúla a mbronntar ainmneacha orthu? Cad chuige áitainmneacha? Cad a spreagann ainmneacha? Cén léargas ar ghaol an duine lena thimpeallacht atá le sonrú in ainmneacha? Cathain a cumadh iad? Cén fáth gur mhair roinnt acu agus nár mhair ainmneacha eile ?

Tá Mac Aodha, Ó Cíobháin, Ó Catháin agus O'Flanagan ar an ndornán Éireannach a bhfuil léargas éigin tugtha acu ar nádúr agus structúr na náitainmneacha oifigiúla atá ar fáil ar léarscáileanna de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus i mionainmneacha neamhoifigiúla ceantracha áirithe tuaithe gar don Spidéal, Co. na Gaillimhe, Cill Ghallagáin, Co Mhuigheo agus Dún Chiaráin Thuaidh agus Theas i gCiarraí. I gcoitinne, sa mhéid atá curtha ar fáil ar logainmníocht na hÉireann go dtí seo, is beag tagairt atá déanta do rud a spreag ainmneacha agus nó do na patrúin a ghabhann le bronnadh ainmneacha ar áiteanna ar bith. Seachas a bhfuil curtha ar fáil ag na húdair thuasluaite, is beag rangú nó anailísiú atá déanta ar eilimintí áitainmneacha na hÉireann.²

Braitheann bronnadh ainmneacha cuid mhaith ar an mothú gur mír inti féin í áit, a bhfuil féiniúlacht ar leith ag baint léi a scarann ó áiteanna eile í. Gan amhras cruthaíonn áitainmniú an fhéiniúlacht seo chomh maith. Bhí feidhm an-teoranta ag ainmneacha ar dtús agus ní raibh feidhm leo lasmuigh den cheantar áitiúil mar ba leor ainmniú mar an *cnoc*, nó an *abha*, nó an *cuas*, agus mar sin do.³ 'Indeed, one of

man's first acts on entering any unexplored or uninhabited region is to give names at least to the most prominent features and thus to humanise the wilderness', a deir Relf, i *Place and Placelessness*.⁴ Ba le céad úsáid maoin aiceanta na timpeallachta a d'eascair an tírdhreach cultúrtha. Deir Lind, 'The early name-givers were vitally part of, and concerned with their immediate habitat. The place name was a tool whereby they identified that which was important to them, especially if it was of practical value.'⁵ Faoin luath-bhláthú a tháinig ar áitainmniú i bhfás na teangan in Éirinn tá sé seo le rá ag Liam Mac Mathúna:

While one would expect the vast majority, if not indeed all, topographical elements to have made their way into the place-names of Old and Middle Irish from the general vocabulary of the language, one must allow for at least the theoretical possibility of an element being coined initially for direct application and utilisation in a place-name, or even being borrowed from another language as a fully-fledged place-name element.⁶

An té a bhíonn leis féin ina áitritheoir aonair gan chomharsa, is beag gnó a bhíonn aige do áitainmneacha, ach go néilíonn riachtanaisí gnáthchumarsáide go ndéanfaí baill lonnaíochta a scaradh ó áiteanna eile. Is trí mheán na logainmníochta a deintear an scagadh sin.

Is gá aithint a dhéanamh ar 'áit' mar bhall inti féin sar a ndéantar ainmniú uirthi. 'Place is any locality that has significance for a person or a group of persons', dar le Tuan.⁷ Do chuile áitritheoir bíonn a réalachas sainiúil féin ag baint le háit, ina mbíonn a brí roinnte le daoine agus le háiteanna eile. Dar leis an antraipeolaí Meiriceánach Rodman, 'Places are not inert containers. They are politicized, culturally relative, historically specific, local and multiple constructions.'⁸ De réir mar a cuirtear aithne ar 'spás' ar bith bronntar luach air agus sé an luach a bronntar a thugann brí dó, a dheineann de áit ar leith, scartha ó áiteanna eile.⁹ 'A place, therefore', dar le Stewart, 'is any area which an observing consciousness, whether human or animal, distinguishes and separates, by whatever means, from other areas.'¹⁰

Bíonn iomlánú ar eilimintí nádúrtha agus cultúrtha i gceist i gcruthú áiteanna. 'Each place has its own order', a deir Lukermann, 'its special *ensemble* which distinguishes it from the next place,'¹¹ nó mar a deir Yi Fu Tuan, 'All places are small worlds.'¹² Bíodh is go bhfuil gach áit sainiúil, is cuid de áit eile nó cuid de mhórchéantar í áit ar bith. 'Places are not independent, though they may be separate'¹³ agus ar aon dul le háiteanna níl na hainmneacha a ghabhann leo neamhspleách ar a chéile ach oiread. Deintear 'áit' a chruthú (as spás) nuair a bronntar ainm air. Is féidir le rud teibí mar radharc nó léim (gluaiseacht) a bheith ina áit má ainmnítear é. Cur

síos ar radharc mar shampla, atá san ainmniú ar *Bhaigdeaid C 268* agus cur síos ar léimnt chapail atá i *Léim an Chapail BIT 127*.¹⁴

D'fhonn freastal ar riachtanais áitiúla a chéad cheapadh ainmneacha. Ba é an dála céanna é mar shampla, ag Indiaigh Mheiriceá. 'The purpose', a deir Drew, 'of the Indians in naming was to identify a place for themselves, so they usually designated it by some feature of landscape or by something which occurred there.'¹⁵ D'eascair ainmneacha ón gá a bhí le acmhaineacht agus insaothraitheacht nó fiúntas áiteanna a chur in iúl. Chuige sin ba den riachtanas an t-idirdhealú ar mhéid, cuma, treoíocht, comhdhéanamh agus dath. Chaití na buntáistí agus mífhúntáistí a bhain le háiteanna ar tír agus ar farrage a chur in iúl. Bhí beatha daoine ag brath ar an gcur in iúl seo. Bhí gá leis ag daoine le cuimhne ar ocaídí, imeachtaí agus gaolta a choimeád beo. Is chun freastal, mar sin, ar riachtanaisí pobal an oileáin amháin a chéad cheapadh áitainmneacha Chléire. Is ainmneacha iad logainmneacha Chléire a chruthaigh go raibh feidhm laethúil leo ag an muintir a bhronn agus a chaomhnaigh iad.

Is ait mar a deintear roghnú san áitainmniú ar ghnéithe áirithe den timpeallacht agus neamhshuim de ghnéithe eile fiú sa chomharsanacht chéanna. 'Unless we are sufficiently interested in an item, and not *qua* its type, we do not bestow a name upon it.'¹⁶ Feictear sna gnéithe a roghnaítear agus a ainmnítear eilimintí a thugann léargas ar an iliomad gné den timpeallacht agus de ghníomhú an duine ina thimpeallacht. Déanfar anseo tuairim a sheoladh faoi chuid den mhothú agus faoi chuid den spreagadh a d'fhéadfadh a bheith le bronnadh áitainmneacha i gCléire. Feicfead gur mó sin rud a théann i bhfeidhm ar an roghnú agus ar an ainmniú a deintear. Is i gcomhthéacs teoranta an scála oileánda a deintear an roghnú agus an t-ainmniú seo.

Céard is áitainm ann ?

Gabhann trí ghné le háitainmniú, an aithint, an tagairt agus an t-idirdhealú. Is féidir an trí ghníomh seo a chur i bhfeidhm go comhuaineach in áitainmneacha, ach tharlódh gur ceann amháin go príomha a bhí i gceist ag an té a chéad cheap. Bíonn brí le háitainmneacha mar sin murab ionann agus a lán des na hainmneacha pearsanta a mbaintear feidhm astu in ainmniú daoine. Ní gá gur ainmfhocal le haidiacht a bheadh san áitainm. Is féidir feidhm a bhaint as focal, nath nó abairt ar bith mar áitainm. e.g. *Garraí [ag]Ceann an Tí*, nó *Baile i bhFad Éireann*. Comhthuiscint a bhíonn idir dhaoine a úsáideann na háitainmneacha céanna.

Tá tuairimí éagsúla, áfach, faoi céard is logainm nó áitainm ann. Seo mar shampla, an sainmhíniú a thugann Kálmán orthu i *The World of Names*. 'By place-names the designations of settled or unsettled regions, of orographic and hydrographical formations are meant, i.e. the names of continents, countries,

provinces (counties), cities and towns, villages, farmsteads, rivers and still waters, hills, valleys, village lands, bridges, buildings, streets, etc.'¹⁷ Bíonn scoileanna agus séipéil breatha ar leárscáileanna áirithe agus ón uair gur ainmneacha foirgnimh atá iontu ba chúil b'fhéidir gan iad a áireamh ina logainmneacha. Toisc go ndeineann a leithéid ainmniú ar áiteanna ar leith áfach, is cóir glacadh leo mar áitainmneacha. Uaireanta ní áirítear ina n-ainmneacha aonaid mar pháirceanna agus gnéithe eile ar a dtugtar 'mionainmneacha.' Is mó san saothar a thagann ar an saol faoin teideal 'The Placenames of X' agus a dheineann neamhshuim ar fad de mhórchinéalacha áitainmneacha áirithe, gan trácht ar a bheith beag beann ar mhionainmneacha. Is é is ciall le mionainmneacha de ghnáth ná ainmneacha nach ainmneacha ar scála baile fearainn iad¹⁸ nó ainm 'gach gné thíre nach bhfuil teorainn chinnte *dhlíthiúil* aice-sléibhte, locha, aibhneacha, páirceanna, carraigeacha, dúichí, mion-sráidbhailte.'¹⁹ Tá dhá bhrí leis an téarma 'mionainm,' an t-ainm a chuireann síos ar 'áit mhion' agus an t-ainm a bhíonn in úsáid i measc grúpa beag daoine. Tá an dá chiall i gceist in úsáid an téarma mionainm anso. Bíonn, gan amhras, mionainmneacha agus mórainmneacha ag sníomh isteach ina chéile agus is deacair a rá cad iad na hainmneacha atá in úsáid i measc aon dream daoine ar leith. Ar aon chuma bíonn 'mórainmneacha' a úsáideann an pobal i gcoitinne, agus bíonn ainmneacha eile nach mbíonn in úsáid go forleathan. Ar mhórainmneacha Chléire bheadh ainmneacha na mbailte fearainn, mórghnéithe an tírdhreacha mar *Cnoc Coraintín*, *An Bollán* nó *An Loch* agus ranna inmheánacha eile talaimh mar *An Sliabh Ard* nó *An Fothar*. Thabharfaí mórainmneacha leis, is dócha, ar láthaireacha teacht le chéile daoine ar nós *An Cuan*, *Trá Chiaráin*, *An Comar*, *An Séipéal* agus *An Scoil*. Ar mhionainmneacha an oileáin bheadh mar shampla, carraigeacha, ardáin agus ísleáin talaimh, toibreacha agus ainmneacha páirceanna ar na gabháltaisí éagsúla.

Tugann foirm nó ábhar áitainmneacha léiriú ar an timpeallacht agus daonnacht an duine. Is féidir le háit bheith ina tírghné aiceanta nó ina mír tógtha ag an duine agus is ar an mbonn seo atá rangú déanta anseo ar ainmneacha atá bronnta ar mhíreanna mar iad i dtírdhreach Oileán Chléire. Is ionann áitainm i gCléire agus ainm nó fiú abairt a mbaintear feidhm astu chun tuairisciú, léiriú nó cur in iúl do dhéanamh ar áit faoi leith. Bíodh nach nglacfadh roinnt tíreolaithe b'fhéidir leis an idirdhealú seo, is féidir, i gcoitinne, garbhrangú a dhéanamh ar áitainmneacha de réir an bhunúis nádúrtha nó chultúrtha atá leo. Bíonn ainmneacha leis ann a mbíonn idir eilimintí aiceanta agus eilimintí cultúrtha iontu. Is leis an gcéad ghrúpa a bhaineann ainm mar *An Pointe C 122a*; leis an dara grúpa a bhaineann leithéid *An Lios GL 22a* agus leis an tríú grúpa a bhaineann ainm mar *Gharraí an Chnoic CLF 13*. Bíonn leis, an grúpa ainmneacha a chuaigh i gcionn ar shamhlaíocht an duine agus baineann ainm carraige mar *An Capall Bán C 73* leis an ngrúpa seo.

An Tírdhreach

Céard atá sa tírdhreach ? 'Landscape', a deir Cosgrove, 'is not merely the world we see, it is a construction, a composition of that world. Landscape is a way of seeing the world.'²⁰ Bíodh b'fhéidir, nach nglacfadh roinnt údar le téarmaí mar 'Tírdhreach Nádurtha' agus 'Tírdhreach Cultúrtha' mar idirdhealú ar phríomhghnéithe an tírdhreacha, is cuí go nglacfaí leo anso ar mhaithe le rangú.²¹ Iomlán gnéithe fisiciúla an tírdhreacha aiceanta atá i gceist anso le húsáid an téarma 'tírdhreach nádúrtha.' Gnéithe an tírdhreacha atá 'tógtha' agus gnéithe atá 'múnlaithé' ag an duine atá i gceist in úsáid an téarma 'tírdhreach cultúrtha.' Ar ghnéithe tógtha bheadh iarsmaí seandálaíochta, seanionaid lonnaíochta, tithe agus mar sin de. Agus ar ghnéithe múnlaithé ag an duine bheadh páirceanna, mar shampla. Bíodh go bhfuil an pháirc déanta de eilimintí nádúrtha, ní gné nádúrtha atá sa pháirc féin toisc gur scáthán den sochaí a chum iad, méid, suíomh, úsáid agus teorainn na páirce. Is múnlu ar an nádúr í ar mhaithe leis an ceann is fearr a dhéanamh de úsáid spáis. Nuair a bronnar ainm ar ghné ar bith den tírdhreach deintear eilimint chultúrtha di, mar daonnaítear í le húsáid teanga ina leith.

Dar le Cosgrove, 'Landscape is a social product, the consequence of a collective human transformation of nature.'²² Eilimintí cultúrtha atá sna hainmneacha a bronnadh ar na hathraithe go léir atá déanta ag an duine ar an tírdhreach. Is cuid den chultúr ábhartha é an próiseas féin lena ndeintear ainmneacha a bhronnadh ar áiteanna. Dar le Tuan :

The earth is our home- we have no other- yet we do not feel at home in it. Alterations have to be made. These may be small and imperceptible such as naming the parts of nature; in the mere process of naming, strange plants, animals and rocks are subtly altered to become suitable denizens of the human world. Large, tangible changes occur where we apply physical force to clear bushes and trees and convert wild nature into orderly fields and houses. All these changes- tangible and intangible- are works of culture. Human beings everywhere distinguish between nature and culture.²³

Cúrsaí daonna is mó a bhíonn faoi chaibidil in áitainmneacha an tírdhreacha. Nochtann ainmneacha gach sórt tírghné aiceanta a raibh brí leo dóibh sin a bhronn na h-ainmneacha, agus nochtaítear iontu na rudaí a chuaigh i gcionn ar a samhlaíocht. Ar na gnéithe ba thábhachtaí i saol an duine riamh bhí uisce. Is fíor i gcás ainmneacha a thagraíonn do uisce i gCléire an méid a deir Jett faoi áitainmneacha Indiaigh Navajo a chónaíonn ar chósta Ciúin-Aigéin Mheiriceá:

Clearly a paramount need for man and stock alike, it is not surprising to find a large number of references to water features for it is these that are goals on journeys or in daily activities reference must frequently be made to them.²⁴

Chuaigh gnéithe den tírdhreach fisiciúil i bhfeidhm níos mó ar dhreamanna áirithe ná mar a chuaigh ar dhaoine eile. Faoi mar a deir Meinig, 'Landscape is defined by our vision and interpreted by our minds.'²⁵ Ní bhíonn, mar shampla, ainm ag Indiaigh Mheiriceá i gceantracha an Chiúin Aigéin do shunda go hiondúil, ach bíonn ainmneacha acu ar fhormhór a gcuid gobanna talaimh agus cuaisíní.²⁶ Is léir go raibh uisce ar cheann des na foinsí ba thábhachtaí do ainmniú áiteanna mar Shanghai ('foremost on the sea') agus Hamburg ('castle at the river bend'?).²⁷

Bhí an fharraige sa bhfuil i bpobal Chléire. Ba dhream iad a thuill a mbeatha ar an bhfarraige ag iascaireacht. B'éigean dóibh an t-aistear farraige ón oileán go dtí an mórthír a chur díobh ar bhonn rialta. Bhí, mar sin, cur amach ar an bhfarraige féin agus ar uiscí Chléire fíor-thábhachtach do thaisteal agus do shábháilteacht lucht seolta farraige. Bhí slí bheatha an iascaire ag brath ar mhion eolas ar an bhfarraige timpeall ar Chléire. Ar oileán bhí na háiteanna ina raibh fáil ar uisce ar thalamh an oileáin féin teoranta agus b'éigean cúram faoi leith a dhéanamh díobh d'fhonn éilimh stoic is daoine a shásamh. Bheifí ag súil mar sin go mbainfeadh roinnt mhaith den ainmniú le gnéithe a bhain le huisce, carraigeacha san uisce, bealaí ar uisce, failltreacha, gnéithe ar an gcósta agus gan amhras toibreacha agus locha ar tír. Is amhlaidh atá .

Anailís chainníochtúil ar bhuneilimintí logainmneacha

Is féidir ainmneacha topagrafaíochta a roinnt idir ainmneacha ar ghnéithe nádúrtha agus ainmneacha ar ghnéithe den tírdhreach a mhúnlaigh daoine agus is cuid suntasach den dara roinn iad na hainmneacha ar ranna talaimh. I bhformhór teangacha na hEorapa ainmneacha le heilimintí nó téarmaí do ghnéithe cultúrtha is mó a bhíonn in uachtar. Is fíor a leithéid, is dócha in áiteanna eile seachas b'fhéidir ainmneacha Seapánacha, ainmneacha Malaech agus ainmneacha Indiacha.²⁸ Is le talamh agus farraige a bhaineann ainmneacha Chléire, le hainmneacha ar mhíreanna den tírdhreach cultúrtha in uachtar. Ar a leithéid tá ainmneacha mar *páirc*, *gort*, *píosa* agus *garraí* a bhaineann le ranna talaimh agus ainmneacha lonnaíochta mar *lios* agus *tigh*. Eochair thábhachtach iad áitainmneacha a chabhraíonn linn tuiscint a dhéanamh den tírdhreach.

An Rangú

D'fhéadfaí logainmneacha áite ar bith a rangú ar mhórán slite. In alt ar *Placename Research in Ireland*²⁹ molann Mac Aodha deich gcinn de theidil do scéim rangaithe áitainmneacha agus in *The Living Landscape* le Ó Catháin agus O'Flanagan deintear ainmneacha a rangú faoi sheacht gcinn de theidil. I gcoitinne in Éirinn, is

féidir trí mhór-roinn a dhéanamh díobh, i.e. ainmneacha ar ghnéithe nádúrtha, ainmneacha ar ranna talaimh, agus ainmneacha ar ghnéithe den tírdhreach a mhúnlaigh daoine. Is féidir fo-ranna a dhéanamh des na hainmneacha nádúrtha faoi theidil mar chnocainmneacha, lochainmneacha, cuasainmneacha agus faillainmneacha agus ainmneacha ar ghnéithe eile den tírdhreach fisiciúil. Is féidir na hathraithe cultúrtha a chuir daoine i bhfeidhm ar an tírdhreach a rangú leis faoi theidil éagsúla mar lonnaíochtaí, roinnt an talaimh in aonaid mar bhailte fearainn, garraithe, páirceanna agus mar sin de. Chaithfí in a leithéid de scéim cinneadh faoi leith a dhéanamh faoi cén roinn lena mbainfeadh ainmneacha áirithe ar nós tobarainmneacha mar go bhféadfaí a leithéid a rangú mar ainmneacha nádúrtha nó ainmneacha cultúrtha. Bheadh ainmneacha áirithe a bhainfeadh le háit faoi leith ar nós oileáin, b'fhéidir, agus chaithfí scéim rangaithe a chur in oiriúint d'aicmí ainmneacha speisialta a bheadh ar fáil ansin amháin. Tá, mar shampla, aicme speisialta déanta d'ainmneacha osnádúrtha sa *Living Landscape* toisc go bhfuil, is cosúil, a leithéid níos líonmhaire ins an áit atá faoi chaibidil ná mar atá, b'fhéidir, in áit eile. 'There is' a deir David Lowenthal, 'no natural or best way to classify anything; all categories are useful rather than true.'³⁰ Is le talamh agus farraige a bhaineann ainmneacha Chléire, le hainmneacha ar mhíreanna den tírdhreach cultúrtha in uachtar. Ar a leithéid tá na hainmneacha mar *páirc, gort, píosa* agus *garraí* a bhaineann le ranna talaimh agus ainmneacha lonnaíochtaí mar *lios* agus *tigh*. Eochair thábhachtach iad áitainmneacha a chabhraíonn linn tuiscint a dhéanamh den tírdhreach.

Ag scríobh do i *The Irish Review*, deir Tim Robinson:

Placenames are semantically two pronged; they not only have a referent, like any proper name, i.e. the place they denote, but most of them also have a connotation; they make a condensed or elliptic remark about the place, a description, a claim of ownership, a historical anecdote, even a joke or a curse on it. And so they may only reveal their meaning in the physical and historical context of the place.³¹

Ainmneacha aon-eiliminteacha nó dé-eiliminteacha atá sa chuid is mó de áitainmneacha Chléire.³² San áitainmn dé-eiliminteach bíonn feidhm amháin ag an mbun-eilimint agus feidhm eile ag an eilimint thánaisteach nó ag an cáilitheoir. Is é is ciall le buneilimint sa saothar seo ná, an téarma nó an chuid sin den áitainm a léiríonn cén aicme lena mbaineann áit. Deintear an bhuneilimint a roghnú de ghnáth ó líon beag focal a gheibhtear coitianta in áitainmneacha. Ainmfhocal a bhíonn sa bhuneilimint de ghnáth. Cáilitheoir a bhíonn san eilimint thánaisteach, mar deineann sí cáiliú ar a mbíonn ainmnithe sa bhuneilimint, sé sin tugann sí breis eolais. Go hiondúil is aidiacht a bhíonn sa cháilitheoir. Ina chóras do rangú logainmneacha baineann George R. Stewart, saineolaí ar logainmníocht Mheiriceá, feidhm as na téarmaí *Generic* agus *Specific* i gcur in iúl a bhfuil i gceist anso le buneilimint agus

eilimint thánaisteach.³³ Deintear na téarmaí a mbaintear feidhm astu mar cháilitheoirí a tharraingt ó réimse foclóra atá i bhfad níos leithne ná na buneilimintí. Is féidir, dáiríre, focal ar bith sa teanga a bheith ina cháilitheoir nó ina eilimint thánaisteach. I gcomhréir áitainmneacha sa Ghaeilge is sa chéad áit a bhíonn an bhuneilimint agus leanann an cáilitheoir í sin díreach mar a leanann an aidiacht ainmfhocal sa ghnáthchaint.

I scéim rangaithe ar bith bíonn roinnt áitainmneacha a d'fhéadfaí a rangú i ndá roinn nó trí. Sna cásanna ar deacair rangú a dhéanamh ar bhuneilimint nó ar eilimint thánaisteach deineadh cinneadh ar deireadh thiar bunaithe ar eolas breise faoin ainm nó faoin áit. B'éigean buille fé thuairim a thabhairt i gcás rangú líon beag ainmneacha.

Sa saothar seo deintear buneilimint gach áitainm a rangú san aicme lena mbaineann áit d'fhonn léargas a fháil ar mhinicíocht na mbuneilimintí, agus rangáítear na téarmaí a cháilíonn na buneilimintí faoi theidil éagsúla d'fhonn léargas a fháil ar an bpróiseas áitainmniúcháin. Rangú aicmí áitainmneacha agus anailís chainníochtúil ar na buneilimintí atá faoi chaibidil ar dtús, mar sin, agus lena chois sin déanfar soiléiriú ar chuid den chur chuige agus modhanna an áitainmneora agus na cineálacha éagsúla áitainmneacha a ceapadh i gCléire.

Sa chéad chuid den anailís thíos deintear rangú ar bhuneilimintí na n-ainmneacha sa bhailiúchán de réir gnéithe aiceanta agus cultúrtha an tírdhreacha. Is í an cheist go dtugtar aghaidh uirthi anso ná, cad iad na háiteanna go mba ghá, i meon na muintire, a ainmniú toisc iad a bheith fite fuaite i saothar agus i gcaidreamh an t-saoil mar a caitheadh.

Rangáíodh buneilimint 2105 logainmn de chuid Chléire i sé aicme faoi leith. Is féidir dhá roinn a dhéanamh díobh, (A) iad san atá ina n-eilimintí nádúrtha agus (B) iad san atá ina n-eilimintí cultúrtha. Is leis an tírdhreach nádúrtha mar a chonaic an duine é a bhaineann áitainmneacha aicmí 1 agus 2. Baineann na háitainmneacha in aicmí 3, 4 agus 5 le Roinn (B), i.e. leis an tírdhreach mar a mhúnlaigh an duine é. Meascán ainmneacha a d'eascair as aigne fhileata nó dearcadh meafrach i leith tírghnéithe aiceanta agus cultúrtha atá in aicme 6 agus pléifear samplaí díobh sin faoi ainmneacha samhlaíocha níos déanaí.

Roinn A: *Aicme*

1. Téarmaí a bhaineann le tírdhreach.
2. Téarmaí a bhaineann le huisce

B

3. Téarmaí a bhaineann leis an "tírdhreach tógtha".
4. Téarmaí a bhaineann le taisteal.
5. Téarmaí a bhaineann le ranna talaimh.
6. Téarmaí eile.

Sna haicmí seo go léir gheibhtear sraith buneilimintí mar shampla, *cnoc, loch, tigh, páirc*. Téann cuid mhaith den eolas a bhíonn faoi ghlas in ainm amú orainn muna mbíonn radharc againn ar léarscáil. In ionad féachaint ar "ainmneacha" mar sin, má fhéacaimíd ar an rud atá ainmnithe, is mó rud a bheidh le foghlaim againn faoi na daoine a chum. Tá fáil ar an 'rud' atá ainmnithe i mbuneilimint formhór na n-áitainmneacha i gCléire. Tóg, mar shampla, an bhuneilimint *droichead* atá sna hainmneacha *Droichead Phoill an Duirc C 4, Droichead na nDeairnití LM 217, agus Droichead Chonchúir Uí Shé C 108*. Feicimid gur gné den tírdhreach aiceanta atá sa chéad ainm, ainmniú a bhfuil samhlaíocht áirithe ag baint leis, agus is dhá dhroichead 'tógtha' atá faoi chaibidil sna hainmneacha eile. Tugtar eolas tíreolaíochta de dhá shagas dúinn sa trí ainm seo, gur thóg daoine droichid agus go raibh 'droichead' nádúrtha in áit áirithe. Is de bharr geariniúchadh ar ainmneacha, mar sin, a thagann an t-eolas seo chun solais.


An sprioc leis an anailís

Tré ainilís ar logainmneacha Chléire - idir a mbuneilimintí agus a n-eilimintí tánaisteacha déanfar iarracht ar a léiriú go maireann sna cinéalacha éagsúla logainmneacha meon agus dearcadh an áitritheora i leith a thimpeallachta, maraon le léargas nach beag ar na gnéithe den timpeallacht a raibh feidhm ar leith ag baint leo sa tseansaol. Beifear ag iarraidh a thaispeáint gur scáthán iad na logainmneacha do mheon dúchasach áite agus do chaidreamh comharsanachta agus foinse eolais ar shinsear phobail.

1. Téarmaí a bhaineann le tírdhreach.

Áirítear buneilimintí na n-áitainmneacha a chuireann síos ar thírghnéithe an oileáin i dtrí ghrúpa, (A) iad san a thuiriscíonn gnéithe fisiciúla, (B) iad san a bhfuil gnéithe luibheolaíochta luaite iontu agus (C) iad san a cruthaíodh nó a múnlaíodh de thoradh ar ghníomhú uisce. Baintear feidhm as 83 téarma éagsúil i dtuirisciú na n-eilimintí atá sa rangú seo. Anso thíos tá samplaí des na príomheilimintí atá i ngach grúpa agus ní deintear forangú ar foirmeacha bídeacha, foirmeacha leis an alt agus iolraí taobh istigh den aon eilimint amháin. Áirítear meascán eilimintí faoi 'Théarmaí Eile.'

Buneilimintí



Tábla 1 - Buneilimintí i Aicme 1

<u>Gnéithe</u>	<u>Líon Iomlán</u>	<u>% den Iomlán</u>	<u>% den Aicme</u>
<i>A - Fisiciúil</i>	498	23.66%	75.69%
Leaca	85		
Cnoc	81		
Carraig	55		
Pointe	33		
Poll	19		
Trá	14		
Eile	121		
<i>B - luibheolaíocht</i>	57	2.7 %	8.66 %
Port	25		
Currach	23		
Bán	13		
Grafa	9		
Droighean	3		
Eile			
<i>C - Múnlaíthe ag uisce</i>	103	4.90	15.65%
Faill	40		
Boilg	32		
Oileán	10		
Eile	21		
<i>Iomlán</i>	658	31.26 %	100 %

D'fhéadfadh réimse leathan modhanna agus stíleanna ainmnithe gabháil le heilimint amháin nuair is cuid den tírdhreach nádúrtha a bhíonn i gceist. Is féidir le buneilimint amháin bheith ina spreagadh do ainmneacha de chineálacha éagsúla mar sin. Beidh samplaí ar leith mar *leaca*, *cnoc*, *faill* agus *carraig* faoi chaibidil thíos chun an éagsúlacht seo a léiriú.

(A) Gnéithe fisiciúla:

Le 85 sampla is é *leaca an eilimint* is coitianta des na gnéithe fisiciúla atá luaite i logainmneacha Chléire. Is minic an eilimint seo i dteannta téarmaí tírghnéithe eile mar *loch*, *trá*, *cnoc* agus *inbhear* mar atá i *Leaca an Locha*, *Leaca na Trá*, *Leaca an Chnoic* agus *Leaca Inbhir*. Tá fáil ar 81 cnocainmneacha. Ina measc san tá cnoic ainmnithe ó ghnéithe den tírdhreach, ó ainmneacha pearsanta, ó ainmneacha ainmhithe, éin agus fásra. Tá an t-alt luaite le 8 sampla den eilimint *cnoc*. Luaitear *cnoc* le hainmneacha pearsanta san ainm *Cnoc Éireamhóin*, le hainmneacha ainmhithe agus éin sna háitainmneacha *Cnoc an Chapaill*, *Cnoc an Phréacháin* agus leis an bhfásra sna hainmneacha *Cnoc an Fhéir Tirim* agus *Cnoc an Fhraoch Bháin*. Tá sé luaite, leis, le míreanna eile den tírdhreach áitiúil ar nós *faill*, *poll*, *rinn*, e.g. *Cnoc Faill an Duirc*, *Cnoc Phoill an Duirc* agus *Cnoc Rinn Guaille*. Is ón seanchas áitiúil a ainmníodh *Cnoc an Aifrinn*, *Cnoc an Phúca*, *Cnoc Phoill an Phúca* agus *Cnoc Faill an Duirc*. Tá *cnoc* luaite le hainm bhaile fearainn an Bhaile Iarthaigh san áitainm *Cnoc an Bhaile Thuaidh*.

Is do charraigeacha ar farraige amháin nach mór a thagraíonn an eilimint *carraig* (nó *Carrick*) in ainmneacha Oileán Mhannainn,³⁴ ach is do charraigeacha ar tír agus ar farraige a thagraíonn an bhuneilimint *carraig* in ainmneacha Chléire. Is féidir na carraigainmneacha a rangú in aicmí ginearálta leo féin ar nós na gcnocainmneacha. Tá ainmneacha éagsúla mar *An Charraig Liath* (7), *An Charraig Fhada*, *An Charraig Iarthach* agus *An Charraig Mhór* a bhfuil cáiliú datha, cuma, treo agus méid déanta ar an mbuneilimint.

Tá fáil ar 5 sampla den ainm *An Charraig* ach tá an eilimint seo luaite le heilimintí eile de chuid an tírdhreacha chomh maith. Fógraíonn *Carraig an Chomair*, *Carraig an Locha* agus *Carraig na Rinne Ramhaire* mar shampla, gnéithe éagsúla den tírdhreach áitiúil san ainmniú a deineadh orthu. Thóg carraigeacha ainmneacha éin mar atá sna hainmneacha *Carraig an Fhiolair* nó *Carraig na Seagaí* agus tá ainmneacha éisc luaite leis chomh maith sna hainmneacha *Carraig an Éisc* agus *Carraig na nDeargán*. Chuaigh ainmneacha ainmhithe i gcionn ar an gcarraigainmniú chomh maith. e.g. *Carraig an Chait*, *Carraig na bPortán* agus *Carraig na gCaorach*. Is ón seanchas áitiúil a deineadh ainmniú ar *Charraig an Aifrinn* agus *Carraig an Phoirtingéalaigh* agus san aicme luibheolaíochta tá na

hainmneacha *Carraig an Droighin* agus *The Ivy Rock*. Tá fáil ar thrí sampla de *An bollán* in ainmniú carraigeacha.

Tá fáil ar 33 sampla de *Pointe* mar bhuneilimint agus is minic a bhíonn siad ainmnithe trí thagairt do ghnéithe aiceanta eile sa chomharsanacht. Bíonn *pointe* luaite i dteannta ainmneacha daoine leis uaireanta. Ar an 16 sampla de thírghnéithe éagsúla a gheibhtear i dteannta *pointe* in ainmneacha tá *bollán*, *boilg*, *cuas*, *leac*, *rinn* agus *carraig*. Is suimiúil a bhfuil le rá ag Donnchadh Shéamais Ó Drisceoil faoin téarma: 'Anso timpeall orainn féin fiú, tugadh pointí orthu mar atá *Pointe* na Péiste agus pointí nach iad. Aon áit a luaitear *pointe* le gob nó rinn talún, is deimhin gur ainm nua í agus go raibh an scoláireacht ag cur isteach ar a baiste.'³⁵ Ar bhuneilimintí ghnéithe fisciúla eile tá *Poll*, *Drom*, *Rinn*, *Cúl*, *Réidh*, *Stacán*, *Cuar*, *Gleann*, *Comar* agus *Fothar*.

(B) Gnéithe Luibheolaíochta:

Ar na háitainmneacha a bhfuil eilimintí luibheolaíochta ina bpríomheilimintí tá *Currach*, *Port* agus *Latrach* ar na heilimintí is coitianta. Eilimintí a thuiriscíonn áiteanna fliucha iad a gheibhtear luaite go minic leo féin i dteannta an ailt. Is minic ina n-aonar iad is dócha toisc an dáileadh a bhíonn orthu i gcomhthéacs na timpeallachta oileánda, bíodh go bhfuil scóip go leor ina leithéid de áiteanna do ainmniú a bheadh níos samhailtí. Bíonn fáil orthu agus iad luaite le hainmneacha daoine agus eilimintí a chuireann síos ar mhéid agus treo. Samplaí singil de eilimintí luibheolaíochta atá sna háitainmneacha seo : *An Bheafítí*, *An Bhiríneach*, *An Chluainé*, *An Mhóinéir*, *An Toinn*, agus *Furze Bank*. Luaitear *An Droighean* faoi thrí mar bhuneilimint. Baineann an eilimint 'máintí', (truailiú is dócha ar 'móinteán') leis an ngrúpa seo chomh maith agus tá an eilimint le fáil sna hainmneacha *Máintí na bhFáinleog* agus *Máintí Coinín*.

(C) Gnéithe teorannaithe ag uisce:

Baineann 103 nó 5.1 % de áitainmneacha an oileáin le gnéithe den tírdhreach atá teorannaithe ag uisce. Is í an eilimint **Faill** le 40 sampla, an téarma is coitianta orthu. Is le heilimint a thagrann do mhéid atá faill san ainmniú ar *An Fhail Mhóir*, le heilimint a thagrann do chuma san ainmniú ar *An Fhail Fhada*, *An Fhail Ard* agus *An Fhail Bhriste*. Tá faill luaite i dteannta téarmaí lonnaíochta in ainmneacha mar *Faill an Chaisleáin* agus *Faill an Tí*. Bíonn ainmneacha ainmhithe agus éan coitianta i bhfaillainmneacha in a lán áiteanna. I gCléire tá *Faill na Bó* agus *Faill an Tairbh*, *Faill Chua* agus *Faill an Phréacháin*. *Faill na nUan* atá ar bhall eile a thaithíodh na huain, is cosúil. Bíonn ainmneacha laochra na Fiannaíochta luaite le faillainmneacha leis ar nós *Faill Dhiarmada* nó *Faill Dhiarmada Uí Dhuibhne* agus bíonn faillainmneacha ar fáil ina mbíonn faill luaite le heilimintí eile a bhfuil a mbrí agus a

spreag iad préamhaithe in eachtraí áitiúla. Ar a léithéidí bheadh, b'fhéidir, *Faill na Loinge*, *Faill na Téide* agus *Faill an Chliabháin*. Is dóichí gur cleachtadh a bhain le cúrsaí iascaireachta a spreag an tainm *Faill na mBan* nuair a bhíodh iascairí Chléire ag iascaireacht gar don áit seo agus go dtagadh daoine go barr na faille ansin dá mbeadh teachtaireacht le cur in iúl don té a bheadh ar an bhfarraige gar don chósta. Tarraingt ar an samhlaíocht atá san ainmniú a deineadh i gcás *An Fhail Fhiacloch* agus *Faill an Sciatháin*. Léiríú maith iad na faillainmneacha ar an réimse leathan eilimintí a bhíonn i dteannta buneiliminte áirithe.


Mar a bheifí ag súil leis, is annamh a gheibhtear ainmneacha pearsanta luaite le míreanna den tírdhreach. Tá, áfach, ainm pearsanta amháin, Rónán, luaite faoi thrí sna faillainmneacha agus tá an t-ainm Cathal luaite mar shloinne san ainm *Faill Ní Chathail*. Is dóichí gur imeacht-ainmniú atá ann seachas ainmniú seilbhe. Is é *Cnoc Éireamhóin* an t-aon sampla de chnocainm ina bhfuil ainm pearsanta luaite. Is é an tainm *Boilg Thomáis* an t-aon bhoilgainm ina bhfuil an eilimint *boilg* luaite le hainm pearsanta. Luaitear le 3 ainm agus sloinne é sna hainmneacha *Boilg Chathal Ó Riagáin*, *Charlie Regan's Boilg* agus *Boilg Nóra Ní Shíocháin* agus le leasainm san ainm *Boilg Bill Mór*. Ag cur in iúl cearta daoine chun lóigh a bhaint ag na háiteanna seo a ainmníodh amhlaidh iad, is cosúil. Ainm pearsanta amháin *Éanna* atá luaite sna hoileánainmneacha .i. *Oileán Éinne* agus is é an dála céanna é i gcás sloinnte, e.g. *Oileán Duibhir*.

Is léir ón dinnseanchas go bhfuil *boilg* eile i gceist in ainmneacha nach mbeadh an téarma *boilg* luaite iontu, ach ní áirítear amhlaidh anso iad.³⁶ *Boilg*, mar shampla, atá i *Leac Leith Ard* agus sa *Doirseoir*, ach áirítear *Leac Leith Ard* ina ghné fhisiciúil toisc an eilimint *leac* a bheith mar bhuneilimint san ainm, agus áirítear *An Doirseoir* i dteannta 'Téarmaí Eile' in aicme 6 toisc meafar nó samhlaíocht áirithe a bheith i gceist san ainm, bíodh gur carraig faoi uisce atá sa 'Doirseoir.' D'fhéadfaí an t-ainm *Leac Leith Ard* a rangú i roinn na n-eilimintí atá teorannaithe ag uisce d'fhonn na hanailíse seo ach measadh gur fearr déanamh mar a deineadh sa chás seo toisc nach "boilg" amach is amach atá sa charraig seo. Is é an dála céanna é i gcás ainmneacha eile a d'fhéadfaí a rangú i gcúpla fo-roinn, b'fhéidir. B'éigin cinneadh a dhéanamh i ngach cás i bhfianaise iomlán an eolais a bhí ar fáil faoin áit agus faoin ainm a bhí faoi chaibidil ag an am. Is trín áit féin a iniúchadh a d'éirigh liom an t-eolas seo a bhailiú de ghnáth. Ba mhór an chabhair dinnseanchas an oileáin chuige seo. Ní mór mar sin, glacadh leis nach bhfuil aon teorainn docht dhaingean idir eilimintí ainmneacha roinn amháin agus eilimintí a bhaineann le roinn nó fo-roinn eile, agus gur ranna ginearálta iad chun aidhmeanna na hanailíse a chur i gcrích.

2.Téarmaí a bhaineann le huisce.

Rangaíodh buneilimintí an 184 áitainm a bhaineann le huisce in aicme fé leith agus deineadh dhá fho-roinn díobh. Roinneadh iad idir (A) na cinn a bhain go díreach leis an bhfarraige agus (B) iad san a bhain le huisce ar thalamh an oileáin féin. B'fhéidir go mbeifí ag súil go mbeadh níos mó ainmneacha san aicme seo toisc gur oileán í Cléire. Bheadh leis, ach gur rangáíodh ainmneacha míreanna sa bhfarraige in aicme 1 thuas.

Buneilimintí a bhaineann le huisce



Tábla 2 - Buneilimintí Aicme 2

A: Uisce ar Farraige B: Uisce ar Tír

Eilimint	Líon	Eilimint	Líon
Cuas	52	Tobar	50
Cuan	4	Loch	16
Rabha	10	Latrach	5
Harbour	2	Sruth	3
Inbhear	4	Draein	3
Díle	3		
Mígh	4		
Talamh	2		
Eile	4	Eile	22
Iomlán	85	Iomlán	99
% den Iomlán	4.3 %	% den Iomlán	4.7 %

Baintear feidhm as 19 eilimint éagsúil i dtuairisciú áitainmneacha aicme 2. Sa chéad roinn, (A), tá fáil ar 11 eilimint éagsúil i measc an 85 nó 45.7 % buneilimint a mbaintear feidhm astu san ainmniú agus luaitear an dara eilimint le 29 nó 33.7 % díobh seo. Orthu tá *bá, béal* agus ciall "béal chuain" leis, *cúilín, cúl, díle, inbhear, mig, rogha* agus *talamh*. Sa dara roinn, (B), ina bhfuil ainmneacha a bhaineann le huisce ar an oileán féin, baintear feidhm as 8 n-eilimint éagsúil i dtuairisciú 99 áitainm ina bhfuil fáil ar an dara eilimint i gcás 34 nó 33.3 % ainm díobh. San iomlán 184 áitainm atá san aicme seo agus gabhann an dara phríomheilimint le 63 nó 33.5% díobh.

Sé *cuas*, i dteannta *cuaisín* le comhaireamh 52, an eilimint is coitianta ar fad i measc eilimintí a bhaineann le huisce na farraige. Ní hionadh an méid sin de chuaisíní beaga a bheith ainmnithe ar oileán mara agus deintear idirdhealú eatarthu agus an áit ar a dtugtar **cuan** mar a bhfuil béal mór uirthi oscailte chun na farraige. Tá fáil ar 4 sampla des na heilimintí *cuan* agus *inbhear*. Luaitear *béal* leis na míreanna *cuan, inbhear* agus *bealach* ar uisce. Samplaí singil de *chúlbhá, cúilín* agus *lár cúlach* atá ar fáil.

Tá ainmniú déanta ar 16 ball iascaireachta ar chósta an oileáin ina bhfuil fáil ar na heilimintí *Mig, Rabha* agus *Talamh* mar bhuneilimintí iontu. Ní 'roinnt nádúrtha' ar an bhfarraige iad na 'háiteanna' seo, ach áiteanna a 'cruthaíodh' trí ainmneacha a bhaisteadh orthu.

Ainmneacha a bhaineann le huisce ar thalamh an oileáin féin atá i 16 lochainmn. Cúig ainm atá ar loch amháin díobh sin. Is ionann *Loch Iorail, Loch Sróil, An Loch, Loch an Bhaile Thuaidh* agus *Loch an Bhaile Iarthaigh*.


Bhí tarrach ar an dtobar i gcónaí agus bhí ceart ag cách chuige. An fheidhm laethúil a bhí leis a choiméad ainmneacha an oiread sin díobh beo i mbéal an phobail. Caithfidh go raibh i bhfad Éireann eile díobh ann nár chuaigh i ndísc ach go ndeachaidh an t-éileamh a bhí orthu tráth as le himeacht na ndaoine ó na háiteanna ina raibh a leithéid suite. Le teacht na haibhléise go Cléire i 1971 tháinig córas uisce reatha lena cois a d'fhág an tobar áitiúil díomhaoin. Is suimiúil an ní é go maireann 50 tobarainm díobh sa logainmníocht i gcónaí bíodh go bhfuil an fheidhm a bhí lena bhformhór imithe i léig le breis is cúig bliain ar fhichid. Is i dteannta eiliminte nó eilimintí eile a bhaineann le hainmneacha pearsanta, sloinnte agus leasainmneacha daoine sa chuid is mó, atá fáil mar ar an eilimint *tobar* sa logainmníocht. Ainmniú ó ainmneacha pearsanta atá i ndeich gcinn de thobarainmneacha an oileáin ar a bhfuil mar shampla *Tobar Airt, Tobar Mhíchíl* agus *Tobar Sheáinín*. Bíonn leasainmneacha daoine luaite leis an eilimint tobar chomh maith mar atá i d*Tobar Sheáin Bill, Tobar Sheáin Rua*, agus *Tobar Chonchúir Bhig*. Ar ainmneacha ban i dtobarainmneacha tá *Tobar Shíle, Tobar Nóra Fhinín, Tobar Mháire Mháirín, Tobar Léan Gós* agus

Tobar Nóra Ní Shíocháin. Ar eilimintí san aicme seo tá *draein, latrach, sruth, lake* agus *pond*.

3 Téarmaí a bhaineann leis an tírdhreach cultúrtha.

Is é atá in aicme 3 ná rangú ar bhuneilimintí áitainmneacha a bhaineann le míreanna den tírdhreach cultúrtha nó an 'tírdhreach tógtha.' Is féidir míreanna ársaíochta agus seanlonnaíochta a rangú leo féin (3A) agus míreanna eile a d'eascair as an múnlu a dhein daoine ar an tírdhreach níos déanaí a rangú i bhfo-roinn eile (3B). Iomlán 418 nó 20 % de bhuneilimintí atá san aicme ar fad.

Eilimintí a bhaineann leis an tírdhreach cultúrtha



Tábla 3 - Buneilimintí Aicme 3

Eilimint	Líon	% den Líon Iomlán
<i>A - Arsaíocht / Seanlonnaíocht</i>	35	1.66 %
Lios	11	
Gallán	11	
Dún	4	
Fort	2	
Cloch	2	
Caisleán	2	
Falla - féidín	1	
Carn	1	
Túr	1	

<i>Eaglais</i>	12	0.57 %
Cill	8	
Teampall	3	
Mainistir	1	

<i>B - Foirgnimh</i>	371	17.62 %
Tigh	75	
Cabhlach	29	
Séipéal	10	
Scoil	7	
Pier / Cé	7	
Eile	5	

<i>Iomlán</i>	418	19.85 %
---------------	-----	---------

Baineann 46 eilimint le hiarsmaí ársaíochta agus baintear feidhm as 12 eilimint éagsúil sa tuairisciú orthu. Orthu san tá míreanna ársaíochta ar nós *lios, dún, fort cill, gallán, carn, boulder, mainistir, teampall, tithe falla feidín* agus *caisleán*. Ar eilimintí seanlonnaíochta a luaitear tá *lios, dún* agus *fort*. Tá *An Lios* i nGort na Lobhar agus i nGort *na Leasa* i Lios Ó Móine. Ciall dúnt rinne atá le *dún* sna hainmneacha *Dún Thomáis*, agus *Dún Cléire* ach túr chaisleáin atá i gceist san ainmniú ar *Dhún an Óir*.

Tá an eilimint *gallán* luaite le hainmneacha cheithre bhaile fearainn, mar atá: *Gallán an Chomaláin, Gallán an Chrathaigh, Gallán Lios Ó Móine* agus *Gallán Bhaile an Iarthaigh*. Baintear feidhm leis as an eilimint *cloch* in ainmniú gallán: *Cloch Maoláin* agus *An Chloch Ogham*. Cuid de Uaigh Phasáiste ag barr *Chnoc Coraintín* atá sa *Chairn* agus iarsma eile ársaíochta atá sa *Boulder Dolmen* i bPáirc na Cloiche i mbaile fearainn Ghort na Lobhar.

Baintear feidhm as an eilimint *caisleán* i dtuairisciú foirgnimh ar déanamh túir. *Caisleán Dhún an Óir* atá ar a bhfuil fágtha de chaisleán meánaoiseach de chuid na nDrisceolach ar an mBaile Iarthach agus *caisleán* atá ar thúr cloiche ar *Chnoicín an tSeabhaic* ar a dtugtar *Caisleán Fhail Ní Chathail* nó an *Signal Tower*. Tugtar *An Túr* nó an *Sean-Túr* leis ar an *Signal Tower* céanna.

Is í *Cill* an eilimint eaglasta is coitianta i logainmníocht na hÉireann.³⁷ Ar na téarmaí eaglasta a gheibhtear mar bhuneilimint i gCléire tá seacht gcillainmneacha agus dhá ainm leis an eilimint **teampall**.³⁸ Bíodh go dtéann stair an ainm *cill* siar go tús na Críostaíochta in Éirinn agus tá fáil go luath ar an téarma *teampall*, is teampall a bhíonn go minic mar théarma sa Ghaeilge ar shéipéal Protastúnach. Is i dteannta ainmneacha a dheineann ceiliúradh ar dhaoine a gheibhtear na cillainmneacha de ghnáth. Ainmneacha tíolactha atá i 5 cillainmneacha. Orthu tá *Cill Chiaráin, Cill Bhrún, Cill Maoláin, Cill Léithín* agus *Cill Leice Fórabháin*. De réir an tseanchais is baill adhlactha iad go léir. Tá *Cillíneach* i Lios Ó Móine. Tá *Cillín Beag* sa Ghleann ach ní thuairiscítear gur cuireadh daoine ann riamh. *Teampall Chiaráin* atá ar fhothrach

séipéil i Reilig Chiaráin agus *An Teampall Gallda* a tugadh ar an teampall Protastúnach a sheas tráth in Inbhear. Téarmaí eaglasta atá i mbuneilimintí áitainmneacha mar *An Séipéal* nó *Teach an Aifrinn*, *An Gleib* nó *The Glebe* agus *An Grotto*. Ainmniú ón seanchas atá i *Mainistir an Ardghoirt* agus *An Teampall Gréine* mar a bhfuil *An Lios* i nGort na Lobhar.

Tá an-éagsúlacht i dtéarmaíocht bhuneilimintí áitainmneacha a eascraíonn as gnéithe eile den tírdhreach cultúrtha. Baintear feidhm líonmhar mar shampla, as na heilimintí lonnaíochta *cabhlach* agus *tigh*. Is é a bhí sa *chabhlaigh*, tigh tréigthe a bheadh ag titim anuas ar a chéile".³⁹ Sa tráchtas seo beartaíodh tigh-ainmneacha a áireamh mar áitainmneacha, mar measadh go raibh sé réasúnta aon ainm a bhí in úsáid mar phointe tagartha ag grúpa daoine a áireamh amhlaidh. Bhí ainmneacha ag daoine i gCléire do thithe agus mar sin, is féidir a lán eolais chultúrtha a bhailiú toisc a leithéid de ainmniú a bheith déanta. Is ainmneacha iad a thugann seilbh le fios atá ina bhformhór. Tá fáil ar 29 ainm leis an eilimint *cabhlach* agus 75 ainm leis an eilimint *tigh* iontu. As cur ar fáil seirbhísí agus áiseanna éagsúla don phobal thar thréimhse fhada a d'eascair roinnt ainmneacha ina bhfuil an eilimint *tigh* iontu bíodh nach tithe cónaithe iad. Ainmníodh na 'tithe' seo ón bhfeidhm a bhí leo. e.g. *An Sean-Teach Solais*, *An Sean-Teach Scoile*, *An Sean-Tigh Teileagrafa*, *Tigh na nGeineadóirí*, *Tigh na nÉan*, *Tigh na Scoile*, *Tigh an Phoist* agus *Teach an Aifrinn* 7rl..

Ar eilimintí a bhaineann le háiseanna báid agus le saol iascaireachta ar oileán tá *Cé*, *Pier*, *Doic* agus *Harbour* agus eilimint a bhaineann le cúrsaí iascaireachta is ea *pálás* san ainm *The Palace* nó *Páláis*, áit a deintí séirdíní a leasú. Fógraíonn *sibín*, *tábhairne*, *bácús*, *caidéal* mar a raibh fáil ar dheoch, arán agus uisce. Baill coiméadta ainmhithe ab ea *cró* agus *pound*, e.g. *Cró na gCaorach C36* agus *Pound GM 5*. Ní bhíonn de gheata sa chuid is mó i gCléire ach clár adhmaid, bairille nó sceach curtha sa bhearna. Ní hionadh mar sin, gan ach dhá shampla den eilimint *geata* a bheith ar fáil. e.g. *An Geata Bán Cn 15*, *An Geata Dubh CC 43*. Dhá shampla den téarma *clái* a luaitear chomh maith; *An Clái Ard GL 34b* agus *Clái na Cloiche Báine BIT 96*.


Soláthar áiseanna turasóireachta le gairid a thuiriscíonn buneilimintí na n-ainmneacha seo; *An Hostel*, *Iarsmalann Chléire*, *Ionad Campála*, *Club Chléire*, *Cistin Chiaráin* agus *Potaireacht*. Ainmneacha iad a mbaintear feidhm laethúil astu. Eilimintí a bhaineann le córais chumarsáide atá i roinnt téarmaí. Bhíodh mar shampla, *An Sundial* ina áis ag lucht *Tigh an tSolais* sa chéad leath den naoú aois déag. Ar na háiseanna cumarsáide a thuiriscítear sna buneilimintí *tower*, *pole*, *station* agus *bóthán*, tá *Signal Tower*, *Signal Pole*, *Telegraph Station*, *Coastguard Station*. Ba sa *Bhothán Dubh* a bhíodh fearas teileafóin an oileáin sar a tógadh an *Malartán Teileafóin* nua in Ardghort. Fearas geinte cumhacht aibhléise iad *Na Muilte Gaoithe* atá ar shuíomh ar *Chnoc Coraintín*. Tuairiscítear gnéithe den stair shóisialta áitiúil i

mbunelimití na n-ainmneacha seo: *Draenáil Dhiarmada Bháin C 138, Draenáil Dhiarmada Mhóir C 269, The Mine CTi 32b, Bosca an Phúdair BIT 13a* nó *Powder Box BIT 13b, An Factory LM 179a* agus *Muileann Thráigh Dún Cléire LM 10b*.

4. Téarmaí a bhaineann le taisteal.

Móriomlán 53 nó 2.5 % de eilimintí ainmneacha Chléire a thuairiscíonn taisteal agus a rangáíodh mar aicme 4. Orthu tá (A) téarmaí taistil ar farraige agus (B) téarmaí taistil ar tír. Is le tírghnéithe atá a bhformhór luaite. Baineann 42 nó 2 % díobh le taisteal ar tír agus 11 nó 0.5 % le cúrsaí taistil ar farraige. I gcás 22 de na háitainmneacha san aicme seo tá an dara phríomheilimint luaite.

Bunelimití a bhaineann le taisteal



Tábla 4 - Eilimintí Aicme 4

Eilimint	Líon	% de Líon Iomlán
<i>A - Ar Farraiqe</i>	11	.52%
Sunta	8	
Bealach	2	
Caol	1	
<i>B - Ar Tír</i>	42	2.00%
Bóthar	16	
Bóithrín	5	
Road	3	
Róidín	4	
Sean-bhóthar	3	
Crois	2	
Crosaire	1	
Dreapa	2	
Stile	1	
Droichead	3	
Casán	1	
Avenue	1	
<i>Iomlán</i>	53	2.52 %

Chuaigh cur amach ar chomharthaí aimsire le cois cinneadh seoltóirí faoi na haistir agus na bealaí farraiqe a roghnófaí. Is iad *Sunta*, *Bealach*, agus *Caol* na heilimintí a úsáidtear i logainmníocht Chléire i gcur in iúl bealaí chun taistil ó Dhún na Séad ar farraiqe go Cléire. Ní féidir teacht ar bhaill iascaigh an Bhá Thuaidh ná ar an oileán féin gan cur amach ar na bealaí farraiqe seo. Ar aistear farraiqe go Cléire sa drochshíon gabhann an taistealaí tríd *An Caol* idir Inis Earcáin agus Inis Uí Drisceoil agus ar aghaidh díreach tríd *An Sunta Thuaidh* go *Béal Chuain Trá Chiaráin*. San aimsir bhreá is fearr, ar an turas go Cléire, gabháil taobh leis *An Gaisceanán* tríd *An Bealach* agus *Sunta an Talaimh* go port ag *Trá Chiaráin*. Ar an aistir farraiqe ó Scoil Mhuire go Cléire is tré *Bhealach Lao* idir *Lao Mhedáin* agus *Lao Iarthach* a ghaibh an seoltóir riamh anall. Chun teacht slán in uiscí an oileáin níor mhór don seoltóir a bheith eolasach ar na sruthanna éagsúla ar farraiqe agus ar na háiteanna ina raibh tarrach mar *Shruth an Ghaisceanáin* agus ar na carraigeacha mara ar nós na *Fuaráin*, *Carraig an tSáile*, *Leac Leith Ard*, *Drom na mBolg* agus *Pointe Ard an tSrutha*. Trí staidéar a dhéanamh ar bhuneilimintí na n-ainmneacha seo is léir gur ainmníodh 'spásanna' gur áiteanna iad a bhí tábhachtach don iascaire agus don taistealaí chun na móirthíre.

'Bhí casáin nó bóithre coise mar a tugtaí orthu uaireanta ag gabháil soir, siar, síos suas trasna an talaimh agus ceart ag an saol chucu.'⁴⁰ Baintear feidhm as 11 eilimint éagsúil i dtuairisciú taistil ar thalamh an oileáin, mar atá *bóthar*, *bóithrín*, *road*

, *róidín*, *sean-bhóthar*, *crois*, *croisaire*, *dreapa*, *stíle*, *droichead* agus *casán*. Is iad *bóthar* agus *dreapa* na heilimintí is coitianta. Leis na háitainmneacha a bhfuil an téarma *bóthar* ina bhuneilimint is tuairisciú ar phríomhbhealaí taistil an oileáin a bhfuil leithead 8-10 dtroigh iontu atá i gceist. Ciallaíonn an téarma *seanbhóthar* i logainmníocht an oileáin casáin chnoic ar nós *Sean-Bhóthar an Chomair* agus *Sean-Bhóthar Choinlín* a bhíodh tráth in úsáid mar chóngair ach atá anois imithe as feidhm agus úsáid an ghnáthphobail. Tá cuid eile díobh dúnta le clathacha tógtha trasna orthu, dála *Sean-Bhóthar an Ghleanna*. Tá *Croisaire* an-choitianta mar eilimint sa Rinn, Co. Phortláirge, ach is dhá shampla de a gheibhtear i gCléire, e.g. *Croisaire Bhait* agus *Croisaire Aindí*. I gCléire tá *crois* agus *cross* ina n-eilimintí a mbaintear feidhm astu do chrosbhóthar chomh maith: *Crois Aindí*, *Cross House*.


Caithfidh go raibh an eilimint *dreapa* nach mór chomh líonmhar tráth agus atá an eilimint *tigh* sa logainmníocht. Is beag tigh nach raibh dreapa ar an mbealach chuige agus bhídís ar na casáin chnoic agus ar na clathacha teorann idir ghabháilaisí. Bhíodh na scórtha dreapaí ann tráth agus bhíodh a ainm féin ag gach ceann acu. Ceithre cinn díobh atá fós ar an gcasán ó *Dhreapa an tSéipéil go Tigh an Phoist*. Ní gnáthach dóibh a bheith luaite le hainmneacha daoine toisc b'fhéidir an oiread sin gabháil siar is aniar orthu ag daoine.

Trí shampla den eilimint *droichead* atá i logainmneacha Chléire. Is é atá i *nDroichead Phoill an Duirc* ná ainmniú ar áit mar ar tharla 'droichead' de thoradh titim faille agus oibriú poll seantoinne. Bíodh gur droichead tógtha trasna ar bhóithrín atá ann is ón seanchas áitiúil a ainmníodh *Droichead na nDearnaití* agus is droichidín a tógadh sna fichidí atá i *nDroichead Chon Sé*.

5. Téarmaí a bhaineann le ranna talaimh.

Rangaíodh buneilimintí a thuiriscíonn ranna éagsúla talaimh in aicme faoi leith. Móriomlán 714 nó 34 % de eilimintí atá san aicme seo. Luaitear an dara príomheilimint le 182 des na hainmneacha. Orthu tá garraíainmneacha, gortainmneacha agus páircainmneacha. Ar fhuíollach na n-áitainmneacha san aicme seo tá meascán eilimintí ar nós leaganacha de *ceathrú* agus *ceathrúna*, *bánóg*, *buailíneach* agus *baile*. Tá samplaí de *gáirdín* agus *garden* mar bhuneilimint in ainmneacha an oileáin leis.

Buneilimintí a bhaineann le ranna talaimh



Tábla 5 - Buneilimintí Aicme 5

Eilimintí	Líon	% den Iomlán
Garraí	332	15.77 %
Gort	168	7.99 %
Páirc	163	7.74 %
Eile	51	2.42 %
Gairdín	5	
Garden	8	
Field	4	
Píosa	2	
Póna	4	
Ceathrú	3	
Ceathrúna	5	
Bánóg	3	
Buailíneach / Buailíní	4	
Baile	4	
Eile	9	
Iomlán	714	33.92 %

Agus páircainmneacha i Sasana faoi chaibidil aige, deir John Field, 'By *field-names* is meant the name of any piece of land forming part of the agricultural economy of the area in which it is found.'⁴¹ Bíonn eilimintí nó téarmaí éagsúla do ranna talaimh áirithe in Éirinn le fáil níos minicí in áit amháin ná mar a bhíonn in áiteanna eile. Ar na téarmaí do ranna talaimh is minicí a bhíonn in áitainmneacha Rinn Ó gCuanach mar shampla tá *páirc*, *páircín*, agus *píosa*.⁴² Tá fáil ann ar *gháirdín* agus ar *gharraí* ar chomh-mhínicíocht. Is annamh *páirc* in úsáid i gCléire i gcomparáid leis an eilimint *garraí* agus ní gheibhtear ach sampla amháin den eilimint *píosa*. Is iad *garraí*, *gort* agus *páirc* na heilimintí is coitianta a gheibhtear agus bíonn a bhformhór acu seo luaite le téarmaí a thuiriscíonn suíomh, cuma, méid, fásra, nádúr na hithreach nó tírghné éigin aiceanta nó cultúrtha.

The practice of naming fields', a deir John Field, 'is to be found in Britain and mainland Europe, and the repertoire is remarkably similar across national frontiers. Field-names may be used to refer to precise locations within the village or on the farm, to direct the worker to his tasks for the day, or to locate a particular operation or event.'⁴³

Luaitear 17 eilimint éagsúil i dtuiriscíú gharraíainmneacha. Tá idir ghnéithe den tírdhreach fisiciúil agus mhíreanna den tírdhreach cultúrtha orthu. Gheibhtear garraíainmneacha luaite le téarmaí suímh, cuma, treo, méid agus ainmneacha daoine, ainmhithe agus foirgneamh, patrún atá coitianta leis i Sasana.⁴⁴ Ar na treonna a bhíonn luaite leis an eilimint *garraí*, tá thiar, thoir, soir, theas, laistear, laistíos agus lastuaidh. Mionainmneacha iad *Garraí Láir*, *Garraí Lastuaidh den Bhóthair*, *Garraí Laistear den Bhóthair*, agus *Garraí Laistíos den tSeomra* a bhfuil leaganacha díobh athluaite ar ghabháltaisí éagsúla.

Bhí garraithe beaga ag daoine i bhfad óna n-áit chónaithe. Bhí cónaí mar shampla ar John Roche i mBaile Iarthach Thuaidh sa bhliain 1865⁴⁵ ach ba i Lios Ó Móine a bhí an garraí aige ar a dtugtar *Roches Garden LM 173b*. Is é an dála céanna é le dhá gharraí atá suite in aice an locha i mBaile Iarthach Thuaidh a bhfuil Hegarty's Garden *BIT 253-254* tugtha orthu. Bhí cónaí ar Chon Hegarty, an té a shaothraigh sna garraithe seo sa tigin ar an gComar ar a dtugtar *Danzig BIT 84a*. Is é a bheadh sa gharraí ná an ball go mbeadh curadóireacht déanta le cabhair ghrafáin nó rámhainne. Ba sa ghort a bheadh an cruithneacht agus sa gharraí a bheadh an práta curtha. Shíl daoine gurbh é an práta an bia agus ná raibh in aon ní eile a bhí leo ach an t-anlann.⁴⁶

Bhí an *Kitchen Garden GM 9* le hais *Tigh an Mhinistéara GM 4c* atá anois mar Bhrú ag An Óige. Cloistear *The Hostel Garden* á thabhairt anois ar an ngáirdín céanna. Shleamhnaigh an téarma 'garden' isteach sa chaint agus an tuiscint gur saothrú le haghaidh 'na cistine' a dheintí ann.

I measc gortainmneacha tá na buneilimintí *gort*, *goirtín* agus sampla amháin de *gortán*. Is ag tosach an ainm a gheibhtear an eilimint *gort* i ngach cás díobh ach is

sa dara háit a gheibhtear 'gort' i gcás na n-áitainmneacha *An Geabhar-Ghort* agus *An Gleanna-Ghort* agus luaitear *An tArd-Ghort* faoi thrí.

Leagan éigin den eilimint *páirc* nó *páircín* atá luaite mar bhuneilimint i 163 páircainmneacha. Tá páircainmneacha leis ina gheibhtear an eilimint *field* mar bhuneilimint. Samplaí díobh sin is ea *Dónaillín's Field*, *Mike's Field*, *Trump Field*, *Well Field* agus *Dandelion Field*.

Téarma an-choitianta i logainmníocht Pharóiste na Rinne, i gCo. Phortlárige is ea *Píosa* ach is annamh é i logainmníocht Chléire. Dhá shampla den áitainm *An Píosa Mór* a luaitear. Ar théarmaí do ranna talaimh eile i logainmníocht an oileáin tá samplaí den eilimint *póna*, *bánóg*, *buailíneach*, *buailíní*, *baile*, *ceathrú*, agus *ceathrúna*.

Tá an eilimint *Talamh* luaite le háiteanna ar tír agus áiteanna ar farraige. Sa Rinn is le háiteanna ar tír is mó a gheibhtear an eilimint luaite ach is a mhalairt de scéal atá i gCléire. Tá, áfach, i gCléire an *Talamh Fhada Thiar* ar tír agus *Talamh Bhéal na Gaibhge* ar farraige.

6 Téarmaí Eile.

Rangaíodh buneilimintí nár oir do aicmí 1-5 in aicme leo féin. San aicme seo tá 80 nó 3.8 % de áitainmneacha an oileáin ina luaitear 61 téarmaí éagsúla. Tá an aicme seo ar an aicme is lú toisc go bhfuil an anailís a deineadh ar an *gcorpus* iomlán áitainmneacha chomh mion sin.


Toisc gur meafair iad a lán des na heilimintí san aicme seo, ní bhíonn buneilimint luaite iontu. Bíonn buneilimint tugtha le fios, áfach. *Capall Bán* atá ar charraig mar shampla. Is féidir mar sin, comhaireamh a dhéanamh ar an ainm seo i dteannta charraig-ainmneacha eile, nó is féidir an t-ainm a fhágaint gan áireamh. Áirítear ainmneacha mar í ar 'théarmaí eile' anso agus pléitear samplaí éagsúla díobh sna hainmneacha samhlaíoch níos déanaí.

Toradh na hAnailíse

Rangaíodh 1889 de bhuneilimintí na n-áitainmneacha atá sa bhailiúchán seo in aicmí 1, 3 agus 5. Baineann níos mó ná leath den 316 nó 15 % fuíollach le haicme 2, nó téarmaí a bhaineann le huisce. Is le gnéithe tíreolaíochta an oileáin a bhaineann 852 des na hainmneacha. Baineann 658 nó 31 % díobh le hAicme 1 agus 184 nó 8.% le hAicme 2. Ainmneacha a rangáíodh in Aicme 4A le heilimintí a bhaineann le bealaí

taistil nádúrtha atá i 10 nó .5% eile des na hainmneacha a fhágann mór iomlán de 852 nó 40.5 % de ainmneacha Chléire ag tagairt do ghné éigin aiceanta.

Bunelimity - Toradh na hAnailise



Tábla 6 - Buneilimity Aicme 1-6

Gnéithe	Aicme	Líon san Aicme	Líon Iomlán	% den Iomlán
<i>Eilimity Aiceanta</i>			852	40.48 %
Fisiciúil	1	658		31.26 %
Bainteach le hUisce	2	184		8.74 %
Bealaí Nádúrtha	4a.	10		.48 %
<i>Eilimity Cultúrtha</i>			1253	55.72 %
Ranna Talaimh	5	714		33.91 %
Iarsmaí Arsaíochta/Lonnaíochta	3	417		19.85 %
Bealaí Tógtha	4b.	42		2.0%
Eile	6	80		3.8 %
Iomlán			2105	100%

Le 714 ranna talaimh ainmnithe sna hainmneacha sé roinnt an talaimh a spreag an méid is mó den áitainmniú ar an oileán. Tá thart ar 1600 roinn talaimh le feiscint ar léarscáil 1901 den Suirbhéireacht Ordanáis agus seans maith go raibh ainm bronnta ar

gach aonad díobh tráth. Mhair céatadán maith díobh sa 34 % de ainmneacha Chléire a thuairiscíonn ranna talaimh mar gharraithe, páirceanna agus aonaid eile.

Deineann 417 nó 19.8% ainm in Aicme 3 tagairt do mhíreanna cultúrtha a mhúnlaigh lámh an duine. Ar mhíreanna cultúrtha eile a bhaineann le taisteal agus atá rangaithe mar Aicme 4B, tá 42 nó 2 % de ainmneacha an oileáin. Is le gnéithe cultúrtha a bhaineann na hainmneacha in Aicmí 3, 4B agus 5 ina bhfuil mór iomlán 1174 nó 55% de áitainmneacha an oileáin.⁴⁷ Baineann an fuíollach 80 nó 3.8% le hAicme 6 agus is gnéithe aiceanta is mó atá ainmnithe.

Gabhann an dara phríomheilimint le 21.2% nó 448 de áitainmneacha an oileáin. Is le haicmí 1 agus 5 a bhaineann 15.4% nó 325 díobh. Tá an dara phríomheilimint i 143 nó 6.8% de ainmneacha aicme 1 agus baineann a bhformhór, 112 nó 5.3% díobh, le gnéithe fisiciúla, 7 nó .3% le gnéithe luibheolaíochta agus 24 nó 1.1% le míreanna sa bhfarraige. Le ranna talaimh Aicme 5 tá an dara phríomheilimint luaite le 182 nó 8.6% des na hainmneacha.

II

EILIMINTÍ TÁNAISTEACHA

Breith an Ainmneora

Deintear rangú ar áit nuair a bronntar ainm uirthi. Tuairisciú ar shuíomh, cuma, tréithe agus mar sin de a bhaineann le háit a bhíonn in ainmniú go minic. Is breith phearsanta ainmneora ó phointe áirithe amháin a bhíonn ann, breith bunaithe de ghnáth ar radharc duine ar áit faoi leith ag am áirithe.

D'fhéadfadh an bhreith a bheith tugtha mar shampla, i gcomhthéacs na líne ina raibh duine ag féachaint ag an am. D'fhéadfadh gur ina sheasamh dó nó gur ag gluaiseacht a bhí an t-ainmneoir nuair a bhí a bhreith á déanamh.⁴⁸ Is cinnte leis, gur ar an radharc ón bhfarraige a tugadh an bhreith i gcás a lán dá bhfuil ainmnithe ar chósta Chléire. 'Landscape is an ordering of reality from different angles. It is both a vertical view and a side view. The vertical view sees landscape as domain, a work unit, or a natural system necessary to human livelihood in particular and to organic life in general; the side view sees landscape as space in which people act, or as scenery for people to contemplate. The vertical view is, as it were, objective and calculating.'⁴⁹ Sin é is coitianta atá san áitainmniú. Is fíor gur minic a deineadh ainmniú comhfhiosach d'aon ghnó ar áit, ach tharla leis gur eascair ainmneacha go nádúrtha as gnáthchaint daoine. Chaithfeadh fios a bheith ag an bhfeirmeoir, mar shampla, cé mhéid talaimh a bhí aige le haghaidh barraí nó cé mhéid de a d'iompródh méid áirithe stoic agus mar sin de. Chuige sin chaithfí bheith in ann caighdeán na hithreach ó áit go chéile a mheas. Meastóireacht den tsaghas sin a thug ar an saol, ainmneacha mar *Gharraí an Stoic*, *Garraí na Bó*, *Garraí an Lín*, *Garraí an Fhraoigh* agus a leithéid. Radharc díreach ón mbarr anuas a bhíonn i gceist anso. Bíonn an radharc taobhach nó cliathánach leis, ann ina ndeintear an tírdhreach a mheas mar spás ina mbíonn an duine ag gníomhú, nó mar radharc a bhíonn ina ábhar machnaimh ag an duine. Breith iltaobhach, mar sin, a bhíonn in áitainmniú ar bith, breith a ghintear trí shúile cinn agus samhlaíocht an ainmneora. Iarracht ag an duine ar smachtú an tírdhreacha a bhíonn san ainmniú a dheineann sé ar ghnéithe de. Ní hamháin, sin ach is sainmhíniú ar an dtírdhreach agus ar an nduine féin a bhíonn i soiléiriú na gcomhcheangal seo eatarthu. Déanann na ceangail úd léiriú cultúrtha orainn agus is cuid an-suntasach den chultúr náisiúnta iad na slite a tharraing áitainmneoirí Chléire chucu féin agus iad i mbun bronnadh ainmneacha ar an iliomad gné den tírdhreach.

Is éagsúil iad na próiseis a bhíonn ag feidhmiú go comhuaineach in aigne ainmneora agus tuiscint á déanamh aige de áit i mbun bronnta ainm dó. Dar le Lowenthal:

Essential perception of the world, in short, embraces every way of looking at it : conscious and unconscious, blurred and distinct, objective and subjective, inadvertent and deliberate, literal and schematic. Perception itself is never unalloyed: Sensing, thinking, believing are simultaneous, interdependent processes.⁵⁰

Tá cumas iontach sa duine an bhreith seo faoi áit a dhéanamh go han-tapa. Deintear an bhreith ar áit i gcomhthéacs eispáras iomlán an ainmneora. Is féidir le duine gnéithe de thírdhreach stróinseártha a aithint agus a ainmniú i gcomhthéacs a thaithí féin ar an saol. Tá claonadh láidir ann rud a mheas i gcomhthéacs a thairbhe do féin. Ainmniú ar áit de bharr a thairbhe don duine atá i mórchuid den áitainmniú a deintear agus ní ghabhann mórán dua ná suaitheadh aigne lena fhorhmór. Dearcadh agus tuairim an oileánaigh ar mhion-áiteanna a thimpeallachta atá ina chuid logainainmneacha.

Mapaí san Intinn

Tá cumas nádúrtha sa duine 'mapaí intinne' a chumadh treoshuite le pointí an chompáis, nó cinn a cheapadh a bhíonn dírithe ar an mbaile nó ar an suíomh ina mbíonn duine ag am ar bith. Tá leis, sa duine, cumas tírdhreach a aithint ó phointe eile. Féachann sé go mbaineann na difríochtaí sna modhanna smaointe seo le gnásanna, taithí agus tabhairt suas seachas le cumas nó scileanna speisialta a bheith ag duine i mbun déanamh a shlí dó.⁵¹ 'Whatever the detailed procedures of wayfinding', a deir Downs agus Stea, 'they are learned and taught, not innate and inherited.'⁵²

D'fhonn a shlí a dhéanamh is gá fios a shuímh a bheith ag duine ag an am áirithe sin. Gan an t-eolas sin bíonn duine amú. Is gá, mar sin, don duine ciall a dhéanamh den timpeallacht in a bhfaigheann sé é féin ag am áirithe. Féachann sé go n-éiríonn linn seo a bhaint amach go héasca cuid mhaith den am.⁵³ Ní hionann aon dá bhreith faoi rud nó faoi áit. Dar le Spencer agus Thomas 'Individual human perceptions of distances are extremely variable, as are perceptions of height, area, volume and numbers. The perceptions of "livability" of particular regions vary tremendously.'⁵⁴ Is tuairisciú phearsanta, mar sin, ar a bhfacthas ag am áirithe a bhíonn i ngach áitainmniú a thagann ar an saol. Deintear ciall den mhapa intinne agus den timpeallacht ina bhfaigheann duine é féin tríd an roghnú a deintear ar áiteanna áirithe a fheidhmíonn mar mharcanna i dtreorú an duine. Bíonn gá le 'teanga' chun an mapa agus an timpeallacht a nascadh le chéile d'fhonn suíomh ar bith a chur in iúl. Bíonn a chóras féin curtha in oiriúint don timpeallacht fhisiciúil ag gach dream daoine chun treorú áitiúil a dhéanamh orthu féin agus bíonn a theanga áitiúil féin ag gach grúpa chun spás agus treo a chur in iúl. Deineann mar shampla, treibheanna Indiaigh Yurok agus Karok California treorú orthu féin i gcomhthéacs rith na habhann. 'This

system is built around four cardinal terms : upriver, downriver, towards the river, and away from the river.'⁵⁵ Is díol suime é an córas a tharraing áitainmneoirí Chléire chucu féin chun treorú a dhéanamh orthu féin ar oileán mara.

Ní gan dua a dheineann duine a bhealach, bíodh go bhféachann sé simplí toisc a bhfuil de chumhacht intinne ag an nduine chun deighleáil le deacrachtaí. Baineann éagsúlacht, saibhreas agus neamhchinnteacht leis an dtimpeallacht agus braitheann éifeacht, léargais agus tuiscint an duine ar an dtimpeallacht sin ar mhíreanna agus ócáidí a mbíonn teacht orthu réasúnta rialta sa timpeallacht chéanna. Deintear, is cosúil, gach aithint agus ainmniú ar rud agus áit i gcomhthéacs a bhfuil ar eolas cheana.⁵⁶ 'Actual experiences,' dar le Relph, 'are composed of whole complexes of visual, auditory and alfactory sensations, present circumstances and purposes, past experiences and associations, the unfolding sequence of vistas and the various cultural and aesthetic criteria by which we judge buildings and landscapes.'⁵⁷ Tá na próiseis intinne a bhíonn ag feidhmiú in aigne ainmneora fite fuaite lena chéile agus is díol suime mar a chuaigh siad i bhfeidhm ar áitainmneoirí Chléire agus iad i mbun bronnadh ainmneacha thar na céadta bliain ar na mílte áiteanna éagsúla ar an oileán.

Anailís Chainníochtúil ar Eilimintí Tánaisteacha **Logainmneacha**


Sa rangú a deineadh ar bhuneilimintí na n-ainmneacha luadh a raibh ainmnithe sa phríomheilimint ach ní léiríonn an t-eolas sin an fheidhm a bhí le hainm ar bith. Chuige sin, is gá féachaint ar an ainm iomlán. I dtosach báire, áfach, déanfar anailísiú chainníochtúil ar na heilimintí tánaisteacha leo féin. In anailísiú na n-eilimintí tánaisteacha scrúdaítear:

1. Téarmaí atá bunaithe ar radharc na súl agus a chuireann síos ar:
(a) Dath. (b) Méid. (c) Cruth.
2. Téarmaí coibhneasta nó eilimintí bunaithe ar shuíomh, treo agus am.
3. Meastóireacht is tuairimíocht sa logainmníocht.
(a) Téarmaí a bhfuil cáilíocht agus meastóireacht i gceist iontu.
(b) Téarmaí a bhaineann le hábhar.
(c) Mothú sa téarmaíocht.

- 4 Ainmniú ón Duine.
- (a) Aicmí Daoine.
 - (b) Gairmeacha/ Ceardanna.
 - (c) Tréithe.
 - (d) Baill Choirp.
5. Ainmniú ó Ainmneacha Pearsanta, Sloinnte, Leasainmneacha agus Ainmniú Tíolactha.
6. Ainmniú Ceiliúrtha ar Áiteanna Eile.
7. Téarmaí a bhaineann le gníomhaíochtaí faoi leith.
- (a) Talmhaíocht. (b) Iascaireacht. (c) Saothair eile.
8. Téarmaí Dúlra sa Logainmníocht.
- (a) Aeráid.
 - (b) Plandaí fiáine agus barraí.
 - (c) Ainmhithe fiáine.
 - Beostoic.
 - Éin.
 - Éisc.
 - Mionmhíolta.
9. Uimhríocht sna háitainmneacha.
10. Ainmneacha na mBailte Fearainn sna mionainmneacha.

1. Dath, méid agus cuma ina n-eilimintí tánaisteacha

In ainmneacha ina bhfuil dath, méid agus cuma tuairisce the faightear 21 eilimint éagsúil luaite mar cháilitheoirí.



Dath	49
Méid	114
Cuma	34
<i>Iomlán</i>	197

Dath: Ainmneacha le heilimint datha iad 49 de logainmneacha Chléire. Ar na dathanna a luaitear tá Rua (8), Liath (7), Buí (5), Gorm (5), Bán (4), Dubh (4), Glas (2), Dearg (1), Órga (1) agus 'Geal' (3).⁵⁸ Tá cumasc dathanna i gceist san ainm Dúglas a luaitear faoi dhó. Luaitear 'geal' ceithre uair. Is le heilimintí tánaisteacha a bhaineann na deich gcinn de aidiachtaí datha a úsáidtear sna hainmneacha.

Tá an téarma *dath* féin ina eilimint sa dá ainm *Garraí an Datha BIT 52* agus *Com na Cille Daite BIT 32b*. Fágann gálaí geimhridh agus salann na farraige a mbíonn de fhásra ar chnocáin is rinn tíre dóite rua. Ní haon iontas *Cnocán Rua C 35* agus *Pointe na Reanna Rua GM 19* a bheith ar áiteanna i gCléire mar sin. Tharlódh gur ainmniú ar dhath na hithreach in áit atá san ainmniú a deineadh ar

Ghoirtín Rua CC 20. Níl an eilimint *rua* coitianta i gCléire, ach sa chás go mbíonn sé i dteannta ainmneacha phearsanta in áitainmneacha

Is é *liath* an dara dath is coitianta a luaitear in ainmneacha Chléire. Tá seacht sampla den ainm *An Charraig Liath* le fáil ar an oileán agus baintear feidhm as an téarma leis, san ainm *Leachtán Léith Siar GO 16*. Is caighdeán an uisce a samhlaíodh a bheith in áit áirithe a spreag úsáid an téarma *gorm* san ainmniú a deineadh ar an *gCuas Gorm BIT 133* agus *An Poll Gorm C 17*. Is mar cháilitheoir ar bhuneilimint a ainmníonn na gnéithe *leac(5), port, stacán, mionnán* agus *muireann* a gheibhítear *Buí* luaite.

Tagairt do chlocha a bhféadfaí an dath *bán* a shamhlú iontu atá le tuiscint ó na hainmneacha *Faill na gCloch nGeal (2) C 191, BIT 191, Cuas na gCloch nGeal C 253* agus *Cláí na Cloiche Báine BIT 96*. Úsáidtear *bán* le páirc, trá agus carraig sna háitainmneacha seo : *An Pháircín Bán LM 108, Trá Bhán BT 43* agus glaothar *An Capall Bán C 73* ar charraig ar thaobh chnoic. Is mar théarma tíreolaíochta a úsáidtear *bán* i gcás 13 ainm. Orthu san tá *An Bán Breá C 26, Bán Chuais an Éisc C 152* agus *An Bán Mór A 82*. Ainmniú ón gcosúlacht *glas* a bhí ar nádúr na hithreach i ndá gharraí atá san ainm *An Garraí Glas GL15, LM 51*. Cuas, carraig agus gort (4) na tírghnéithe a bhfuil an téarma *dubh* samhailte leo sna hainmneacha *An Cuas Dubh GL 53, An Charraig Dhubh BID 75b, An Gort Dubh BID 17-18, CTo 10-11*.

Sampla amháin den téarma *ór* atá le fáil agus ciall éiginnte leis. Bhí *Dún an Óir* ar cheann de chaisleáin na nDrisceolach agus b'fhéidir go dtagraíonn an téarma 'óir' don saibhreas a bhí i dtaisce san áit tráth. Ón uair go mbíonn an ghrian ag lonnradh ar an áit seo san iarnóin, an bhféadfadh gur ón dealramh órga a samhlaíodh a bheith ar an áit a ainmníodh ?


Méid: Tá fáil ar 114 ainm ina bhfuil téarma méid ina cháilitheoir.

Is iad na téarmaí *beag* agus *mór* a úsáidtear de ghnáth in áitainmneacha a bhfuil méid á chur in iúl iontu. Ní méid ar mhaithe le méid a bhíonn i gceist áfach, ach coibhneas méid. Baintear feidhm as 28 buneilimint éagsúil in ainmniú míreanna den tírdhreach aiceanta ina bhfuil an téarma *mór* ina cháilitheoir. Is in ainmneacha a bhaineann le ranna talaimh, páirceanna nó garraithe is mó a gheibhítear an 69 sampla den téarma *mór* agus 48 sampla den eilimint *beag*. Ar na garraí-ainmneacha tá 25 Garraí **Mór** i gcomparáid le 5 Garraí **Beag**.⁵⁹ Luaitear na heilimintí seo leis i dtuairisciú tréithe daoine in ainmneacha agus in ainmniú roinnt carraigeacha ar farraige.

Cuma: Ar na haidiachtaí a úsáidtear mar 'cháilitheoirí' i dtuairisciú cruthanna tá *ard* agus *fada* ar chomhfhiniciocht, nach *mór*. San ainmniú seo ar áiteanna tré choibhneas cuma a chur in iúl tá fáil leis ar na téarmaí *caol, leathan, ramhar* agus *cam*. Eilimintí cuma eile a luaitear ná: *trí cúinne* (1), *daingean* (1) agus *briste* (2). Is féidir eilimint cuma mar eilimint thánaisteach a bheith i dteannta eiliminte eile ina

mbeadh treo nó méid b'fhéidir, tuairiscithe. Faightear a leithéid mar shampla, in ainmniú mar *An Pháirc Fhada Theas C 185*.

2. Eilimintí tánaisteacha bunaithe ar shuíomh, treo agus am.



Ainmneacha Coibhneasta

Suíomh	93
Treo	123
Am	29
<i>Iomlán</i>	245

Is minic a bronntar ainmneacha ar mhíreanna den tírdhreach ón gcoibhneas suímh, treo agus ama atá idir iad agus mír eile sa chomharsanacht chéanna. Tá 309 nó 14.6 % de áitainmneacha Chléire bunaithe ar choibhneas suímh, treo nó ama agus luaitear 37 eilimint éagsúil sa tuairisciú. Orthu san féachann sé gur eascair 93 nó 4 % díobh as coibhneas suímh, 123 nó 5.8 % as treo agus 29 nó 1.4 % as coibhneas nó comparáid ama le míreanna eile sa chomharsanacht.

(a) **Ainmniú ó shuíomh:** Ainmnítear áiteanna go minic ón suíomh atá acu i gcoibhneas le háiteanna atá lastuaidh, laistear, laistíos, laistiar agus ar chúl uathu. Pointí tagartha agus cur síos ar áiteanna eile atá i gcoibhneas leo atá á gcur in iúl san ainmniú ó shuíomh ar leith seachas ainmniú beacht ó phointí an chompáis. Ainmniú ar áiteanna sainiúla atá ann, ainmniú atá an-choitianta leis in áitainmneacha Indiach

Mheiriceá mar a gheibhtear áiteanna ainmnithe *ar chúl, ar aghaidh, thuas* agus *thíos* abhainn agus mar sin de.⁶⁰ Baintear úsáid as 18 téarma suímh in ainmniú áiteanna i gCléire. Ainmniú ar shuíomhanna áirithe ar leith iad *Garraí Lastuaidh den Bhóthar CTi 45* agus *An Garraí Laisteas den Bhóthar C 54*, ina bhfuil an bóthar mar lár-phointe. Tá coibhneas tírdhreachúil le sonrú san ainm *Cúl bhá GO 9*.

Bhain ainmneoirí Chléire feidhm fhorleathan as *bun, barr,*⁶¹ *barra, ceann, mullach, taobh*⁶² agus *idir* mar théarmaí in áitainmneacha chun cur síos beacht a dhéanamh ar shuíomhanna faoi leith. Is coibhneas idir shuíomheanna ar an mír chéanna a bhíonn i gceist go minic murab ionann agus an úsáid a baintear as leithéid 'laisteas' san ainmnú. Is le míreanna den tírdhreach aiceanta is mó a gheibhtear luaite iad ach is féidir iad a fháil luaite le gnéithe den tírdhreach cultúrtha chomh maith. Tá, mar shampla, *bun* luaite san ainm *Bun na Leacaine Móire CC 2* agus san ainm *Garraí ag Bun na Páirce C 34*. Luaitear *barr*, le cnoc san áitainm *Barr an Chnoic C 40*; le faille *-Barr na Faille CB 12, LM 27, LM 2* agus le leaca *-Barr na Leacan C 104*. Baintear feidhm as an téarma *mullach* agus ciall *barr* leis san ainm *Garraí ar Mhullach an Chnoic GL 46*. Téarma coitianta i logainmníocht na Rinne, Co. Phortlárge is ea *barra* do bharr tírghné. Níl ach an dá shampla de i gCléire áfach, sna hainmneacha *Barra an Bhulláin BID 113* agus *Barra Bhais na Raithearsaí A 72*. Baintear feidhm as *tón* san dá ainm *Tón Faill Dhiarmada BID 120* agus *Tón an Ghearathair BID 89*.

Baintear úsáid as an téarma *ceann* san ainm *Ceann an Bhóthair Láir LM 241*, ach ní ceann tíre é amhail *Ceann Chléire BIT 142*, nó *Ceann Róin BIT 66* agus *Ceann Lao BT 27*. Tá *Ceann an Bhóthair Láir* díreach mar a bhuaileann casán cnoic leis an mbóthar mór.

Baintear feidhm as na téarmaí *lár,*⁶³ *meán* agus *meánach* i logainmneacha ar talamh agus ar farrage. Baintear feidhm as an téarma *lár* chun suímhíú beacht a dhéanamh ar áiteanna a bhfuil an bhuneilimint chéanna tuairiscithe iontu. Luaitear é le háitainmneacha ina bhfuil eilimintí ar nós páirc (6), gort (2), garraí (2), currach (1), port (1), agus bóthar (2) iontu. Airde choibhneasta atá i gceist in úsáid na dtéarmaí *uachtar* agus *íochtar* san ainmniú seo, ainmniú atá coitianta leis i gceantar an Spidéil, Co. na Gaillimhe.⁶⁴

(b) Treo san áitainmniú: Deineann daoine treorú orthu féin i slite éagsúla. Dheineadh Indiaigh Mheiriceá, mar shampla, treorú orthu féin ó threo aibhneacha agus luí an chósta.⁶⁵ Deintear mórán treorú ó phointí an chompáis ar fud an domhain, go háirithe in áiteanna faoin dtuath agus ar oileáin. Tá na 'Compass-point names,' mar a thug Stewart orthu an-choitianta i ngach tír.⁶⁶ I gCléire deineadh a lán den áitainmniú a bhunú ar an gcoibhneas a bhí ag áit i leith pointí an chompáis. Luaitear 16 eilimint éagsúil treo san ainmniú seo. Is iad na téarmaí is coitianta a úsáidtear mar cháilitheoir sna hainmneacha ná *thuaidh, theas, thiar, thoir, agus oirtheach, iarthach, soir, siar,*


aneas, south, west, north, lastuaidh, laisteas agus ó dheas. Tá na bailte fearainn *Baile Iarthach Thuaidh (BIT)* agus *Baile Iarthach Theas (BID)* suite ar thaobh thiar Chléire, ach is ainmneacha oifigiúla nó ainmneacha riaracháin nó ainmneacha na léarscáilíochta amháin iad. Ní cloistear na téarmaí *Thuaidh* ná *Theas* sa chaint i leith an Bhaile Iarthaigh. Is cosúil ó fhianaise lámhscríbhinní de chuid Roinn Bhéaloideas Éireann go mbíodh téarmaí ar nós *Comalán Thuaidh* agus *Comalán Theas* in úsáid sna triochaidí ach ní luaitear a leithéid sa chaint ná i scríbhinn, bíodh go bhfuil sé de nós fós ag roinnt daoine *Comilane South* a úsáid mar sheoladh ag scríobh dóibh i mBéarla. Is é an dála céanna é leis *An Gleann*. Sa chaint déarfaí go raibh cónaí ar dhuine sa Ghleann, agus ní dhéanfaí tagairt ar bith do na hainmneacha atá ar thrí bhaile fearainn a bhfuil gleann luaite iontu, mar atá; *An Gleann Iarthach*, *An Gleann Meánach* agus *An Gleann Oirtheach*. Ainmneacha riaracháin atá iontu san agus ní deintear tagairt dóibh sa chumarsáid áitiúil. Téarmaí riaracháin iad *Thuaidh*, *Theas*, *Iarthach*, *Meánach* agus *Oirtheach* i gcás na mbailte fearainn.

(c) Téarmaí ama san ainmniú: Tá téarmaí coibhneasta ama gann sa logainmníocht. Coibhneas ó thaobh ama dhe atá tuairiscithe i 33 nó 1.6% de áitainmneacha Chléire. I gcás Chléire, ní fhaightear ach *Nua*, *Sean* agus sampla amháin de *Old* sa téarmaíocht a cháilíonn buneilimint ainmneacha. Ón uair go bhfuil míreanna den tírdhreach aiceanta socraithe de ghnáth le cianta fada, is annamh a fhaightear na téarmaí 'nua' agus 'sean' curtha i leith a leithéidí. Baintear feidhm astu, áfach, i dtuairisciú míreanna den tírdhreach cultúrtha, go háirithe in ainmniú pháirceanna, gharraithe, agus talaimh a ndeintear athchóiriú ortu. Samplaí den tsórt sin 'sea: *An Pháirc Nua (8)*, *An Garraí Nua (4)*, agus *Currach Nua GO 55*.

Ní minic gur féidir dáta a chur le bronnadh an téarma *nua* ar áitainm. Tá an t-ainm *An Bóthar Nua CB 32* sa logainmníocht ó 1925 nuair a tógadh bóthar ó Ghort na Lobhar go Lios Ó Móine. Tá *An Cé Nua* tar éis sleamhnú isteach sa chaint agus sa logainmníocht áitiúil ó deineadh athchóiriú ar an gCé i dTrá Chiaráin i 1987. Féachann sé go mbuanófar an t-ainm seo le himeacht aimsire fé mar a deineadh leis *An Bóthar Nua CB 32* nuair a glacadh leis mar chuid den chumarsáid áitiúil. Cloistear tagairt don *Sean-Ché* cheana féin nuair a bítear ag trácht ar an gcuid sin den ché nár athchóiríodh.

3. Meastóireacht is Tuairimíocht i Logainmneacha Chléire

Tá fáil ar ainmneacha ina bhfuil *cáilíocht*, *ábhar*, nó *mothú* faoi leith curtha in iúl. Bhí gá riamh ag daoine cáilíocht áiteanna éagsúla a aithint ó chéile. Bhí buntáistí agus míbhuntáistí ag baint le háiteanna agus bhí gá mar sin le nochtadh tuairime faoi cá raibh fáil ar ábhar mar chlocha nó gaineamh nó cá raibh fáil ar an talamh a bhí torthúil nó míthorthúil. Meastóireacht agus breith an oileánaigh ar a thimpeallacht atá sna hainmneacha go léir a bronnadh, ach bíonn meastóireacht agus breith indibhidiúil ar leith i gceist i roinnt ainmneacha nuair a tugtar ainm mar *Beag an Mhaith*, nó *An Bán Breá*, nó *An Cionáit* ar áit. Bíonn mothú pearsanta an ainmneora le sonrú ina leithéid de ainmniú. Ainmneacha iad 90 ainm a bhfuil cáilíocht, nó ábhar nó mothú áirithe le sonrú sa tuairisciú a deintear orthu.



Tuairimíocht & Meastóireacht

Cailíocht	15
Abhar	64
Mothú	8
<i>Iomlán</i>	<i>87</i>

Cáilíocht: Cuid shuntasach de phróiseas áitainmniúchán an oileáin is ea an tuairisciú a deintear ar cháilíocht an talaimh sa logainmníocht áitiúil. Tá tuairimíocht nochtaithe i leith cáilíocht áiteanna i 15 nó 0.7 % de áitainmneacha an oileáin.

Tá tagairt do easpa torthúlachta an talaimh coitianta sa logainmíocht i gCléire. I Sasana mar shampla, tá fáil ar go leor páircainmneacha le hainmniú mar *Never Gains*, *Little Profit* agus *Small Profit* déanta orthu.⁶⁷ Deintear ainmniú dá shórt i gCléire leis, ach tá an réimse foclóra a chuireann síos ar cháilíocht gnéithe den tírdhreach cúng go leor, áfach. Níl cáilíocht nádúr na hithreach le sonrú ach i 1 % des na háitainmneacha. Ar na téarmaí a mbaintear feidhm astu i dtuairisciú cáilíocht ghnéithe den tírdhreach, tá *beag an mhaidh*, *breá*, *bocht*, *giobach*, *gearb*, *tirim*, *port*, *seabhain*, *ríoga*, *trump*' agus *bá*.

Ábhar: Is mó an seans go dtabharfaí aitheantas i logainmneacha pobal ar bith don rud a bhí gann ná don rud a bhí raidhsiúil. Dhírigh áitainmneoirí an oileáin ar roinnt gnéithe a bhí gann agus thug seasamh áiteanna ar leith dóibh trí ainmneacha a bhronnadh orthu. Ba den riachtanas é aon mhaoin ar leith sa chomharsanacht a aithint agus dá réir sin ainm a bhronnadh ar an áit. Tá ábhar de short éigin luaite i 64, nó 3% des na háitainmneacha i gCléire. Cá raibh mar shampla, fáil ar mhoirtéil le haghaidh tí, ach sa Chomalán mar atá *Gort an Mhoirtéil C97*. Ábhar tábhachtach tógála eile is ea aol agus ba ar an gComalán leis a bhí fáil air. Ní hionadh mar sin go dtabharfaí *Gortán an Aoil C 133* ar áit mar a raibh fáil air. Chinntigh an gá a bhí leis na hábhair seo gur mhair na téarmaí 'moirtéil' agus 'aol' sa logainmíocht.

Bhí gá le gaineamh i dtógáil agus plastaráil tí agus bhí éileamh leis air i bhfeabhsú an talaimh. Dheintí gaineamh na trá agus lóch a mheascadh le chéile agus iad a scaipeadh ar na garraithe. Ar na h-eilimintí atá luaite le gaineamh in áitainmneacha Chléire tá *goirtín* (4), *garraí* (2), *gort* (4), *cuas* (1) agus *poll* (1). Is i mBaile Iarthach Thuaidh, Lios Ó Móine agus Ardghort atá fáil ar an téarma sna hainmneacha *Garraí an Ghainimh LM 149b*, *BIT 168a*, *Goirtín an Ghainimh LM 149a*, *BIT 168d*, *Goirtín an Ghainimh Íochtair LM 236* agus *Goirtín an Ghainimh Uachtair LM 237*, *Gort an Ghainimh A 1a*, *Gort an Ghainimh Thoir A 1b*, *Gort an Ghainimh Láir A 2*, *Gort an Ghainimh Thiar A3*. Tá na háiteanna seo ar fad gar go leor don bhfarraige agus b'fhéidir nach tuairisciú ceart ar ábhar an talaimh ansin atá sna hainmneacha ach gur áiteanna iad a dtarraingítí gaineamh trá aníos iontu. B'fhéidir leis go séidtí gaineamh ón bhfarraige isteach ann. Bhí, gan amhras, baill áirithe níos fearr le haghaidh gainimh ná áiteanna eile agus aithint ar a leithéid atá i gceist san ainmniú ar *Pholl na Gainimhe BIT 18* agus *Cuas na Gainimhe BIT 20*.

'Place-names', adeir Wagner agus Mikesell, 'illuminate many steps in the agricultural process-clearings, burnings, and other preparations of the ground.'⁶⁸ Is fíor seo is cosúil i gcás roinnt ainmneacha i gCléire chomh maith. Dheintí, mar shampla, lóch tirim agus ábhair eile cosúil le drisleacha, aiteann, 7rl. a dhó tráth, agus an luaithreach a scaipeadh mar leasú. Is dóichí gur ghníomhaíocht den sórt seo a spreag an t-ainmniú a deineadh ar *Ghoirtín an Luathrigh LM 69*. Ar an ngabháltas céanna tá fáil ar *Ghoirtín an Luathrigh Thoir LM 56* agus ar *Ghoirtín an Luathrigh*


Thiar LM 57. Deineann na hainmneacha seo a bhfuil fáil orthu i Lios Ó Móine amháin gíomhaíochtaí a bhain le saothrú an talaimh a thabhairt chun cuimhne. B'fhéidir gurb amhlaidh leis atá an scéal i gcás an ainm *Garraí na Tine GO 33*.

Ar nós áite ar bith eile chuaigh geolaíocht i bhfeidhm ar an bpróiseas áitainmniúcháin i gCléire. Tá go leor áiteanna ainmnithe ón ábhar cloiche a bhí le fáil iontu. Orthu san tá *Garraí na Clochóidí LM 145*, *Gort na Cloiche CTo 9*, *Páirc na gCloch CB 61*, *Páirc na Cloiche (2) GL 29c, A 90*, agus *Gort na gCarn BIT 207*. Trá chlochach mar a bhfuil fáil ar leacacha móra atá i d*Trá Leagaigh BIT 30* ina bhfuarthas go leor den chloch bhreá a chuaigh isteach i dtógáil *Chuan Trá Chiaráin BIT 1b*. Eilimintí an-choitianta i logainmníocht na hÉireann iad *screathan*⁶⁹ agus *cloch*.⁷⁰ Áit gharbh chlochach is gnáthchiall le *screathan*. Ball clochach is ea *An Screathan C 22b*. Tá leis, ann *Páirc an Leachtáin C 215a, LM 105* agus *Gort na Carraige LM 177* mar a bhfuil carraig mhór. B'fhiú na baill lóigh nó feamainne cosúil le *Boilg na Feamanaí BIT 70* do ainmniú. Cúpla tagairt a gheibhtear d'uisce. Tá *Sruthán dá Abha BIT 182* ann agus gan abha ar bith sa bhall céanna.

Bíodh nach bhfuil 'móin tine' ar bith i gCléire tá *Gort na Móna BID 79, LM 48, 62-3* luaite ceithre uair agus tá *Gort na Móna Thoir BID 80, Thiar CB 64b, Thuaidh CB 66b, láir CB 65a, South CB 65b* agus *West CB 64a* ann. Is léir mar sin nach 'móin tine' is brí le 'móin' anso ach áit mhóinteach, phortúil gan mórán tairbhe inti.

Mothú: Is ar éigean a d'fhéadfaí ainmniú a dhéanamh ar áit gan mothú éigin a bheith mar chuid den spreagadh ann. Tugann úsáid 8 dtéarma mothúcháin éigin le fios. e.g. *amhras, windy, cionáit, 'beag an mhaith' breá, giobach, agus crá*. Is annamh, áfach, téarmaí mothúcháin luaite mar eilimint in ainmneacha agus is trí iniúchadh ar an ainm iomlán, idir bhuneilimint agus eilimint thánaisteach a bhíonn teacht go minic ar an mothú a spreag áitainmniú. Nuair a bheidh iniúchadh déanta ar na heilimintí tánaisteacha sa bhailiúchán seo beidh tuilleadh le rá faoi mhothú sa logainmníocht.

4. Ainmniú ón Duine



■ Aicmí Daoine
▨ Tréithe Daoine
■ Baill Choirp Daoine & Ainmhithe

Daoine

Aicmí Daoine	39
Tréithe Daoine	8
Baill Choirp Daoine & Ainmhithe	30
<i>Iomlán</i>	<i>77</i>

Aicmí daoine sa Logainmníocht:

Féachann sé go raibh gradam nó stádas ag baint le haicmí áirithe daoine i súile an phobail agus gur leor san chun na haicmí sin a bhuanú sa logainmníocht. Tá gairm nó ceard éigin luaite i 39 nó 1.9% de logainmneacha an oileáin. Luaite tá, sagart agus bráthair, máistir agus master, buinne agus banaltra.

Bhí an sagart faoi mheas i gCléire le fada an lá. Tuairiscítear i 1823 ' prince paramount here, absolute master of the bodies and souls of these islanders; none dare dispute his word, for heaven and supernatural powers are on his side.'⁷¹ Tá buaine ag an ainm *Tigh an tSagairt Cn 9* in Inbhear mar is ansin ar an láthair chéanna atá

cónaí ar shagairt an oileáin le breis agus 150 bliain. *Seaview Cottage* atá ag léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis ar *Thigh an tSagairt* ach ní bhfuair an t-ainm seo aitheantas ar bith riamh i gcaint an phobail.⁷² Chónaigh sagart an oileáin tráth ar an mBaile Iarthach mar a bhfuil *Garraí an tSagairt BID 11* ach faoi thosach an naoú haois déag is ar an gComalán mar a bhfuil *Garraí an tSagairt C 228a* nó *Gáirdín an tSagairt C 228b* a chónaigh siad. Tamaillín siar uaidh seo tá fáil ar *Thobar an tSagairt Ca 26*. Údar leabhar ba ea Conchúr Ó Síocháin, Cnocán na mBáirneach agus ní hionadh mar sin go mbeadh ainm a thí, *Tigh an Údair CB 44a* i logainmníocht an oileáin. Trí na gairmeacha a lua lena n-ainmneacha, rud a mhaireann sa logainmníocht, caomhnaítear gradam agus meas an phobail ar an bhfile áitiúil san áitainm *Tigh Pat the Poet GM 18b* agus a meas ar amhránaí cáiliúil le hainmniú mar *Thigh Mal na nAmhrán LM 120c*.

Tá *mná* mar aicme luaite chomh maith le *buachaillí* agus *bean bhocht*. Luaitear na *mná* san ainmniú *Faill na mBan* agus *Bothán na Mná Boichte*. Nós caitheamh aimsire oileánda teacht le chéile ar chnoic agus ardáin tráthnóintí Domhnaigh a bhunaigh an t-ainm *Cnocán na mBuachaillí (2) BID 97*.⁷³ Tá, leis, *Cabhlach Bhuaichillí CTi 19b*, ball eile teacht le chéile do fhir óga an oileáin san aimsir fadó.

Bhíodh sé de nós ag na *mná* dul ar na failtreacha chun comharthaí a thabhairt dá gcuid fear a bhíodh ag iascach amach beagán ón oileán go raibh bia réidh ina gcomhair. Thagadh bád des na báidibh ag triall ar an mbia don chuid eile.⁷⁴ Tharlódh gur ón nós seo a d'eascair an t-ainm *Faill na mBan LM 233*. Tá *Tráigín na mBan LM232* in aice láimhe. Ar an aistear farraige ó Dhún na Séad go Cléire tá *Oileán Dá Bhan* suite idir Inis Uí Drisceoil agus Inis Earcáin. Amuigh ar imeall *Charraig an Éisc CB 8a* a bhí fáil ar *Bhothán na Mná Boichte CB 9* pér díobh í. Luaitear coimhthígh nó daoine ón iasacht sna háitainmneacha *Cnocán an Choimhthígh, Garraí na Galltachta A 7b* agus *Carraig an Phoirtingéalaigh C 260*. Dhealródh sé gur báille de chuid na mBitséarach a bhí sa 'Bhumba' a luaitear san áitainm *Páirc an Bhumba BIT 76*.

Is féidir cuid de shaol sóisialta an oileáin a bhlaiseadh ón imeacht-ainmniú a deineadh ar *Gharraí an Phíobaire CB 30*. D'eascair an t-ainm ó nós an 'chomhthaláin', sé sin teacht le chéile daoine in áit fé leith le haghaidh tráthnóna rince is caitheamh aimsire. Píosa talaimh leibhéaltha atá i n*Garraí an Phíobaire* agus ba ansin a dheintí rince le ceol an phíobaire a bhíodh ina shuí ar chloch ar a dtugtaí *Cathaoir an Phíobaire CB 31*.⁷⁵

Ceardanna:

'Ba cheardaí agus saor gach 're fear do bhuailfeadh umat agus dheinidís obair an-bhuan. Is fánach go deo a loirgíodh éinne ceardaí ná saor chun obair do dhéanamh dó. Ní rabhamar gan ár saoir chloch agus ár saor adhmaid ná fós gan ár ngréasaithe ná ár dtáilliúirí.⁷⁶ Agus níl logainmníocht Chléire gan a tuairisc ar chuid acu. Is beag tagairt díreach, áfach, a deintear sa logainmníocht do cheardanna. Ní luaitear ach na téarmaí *ceard* agus *cearta* a bhaineann le hionad oibre an ghabha agus lucht ceirde. Is é an eilimint *táilliúir* an t-aon ainm ceirde atá luaite i logainmníocht Chléire. Tugtar le fios san áitainm *Oileán na gCeard BIT 22* áfach, gur mó ceard a cleachtaíodh i gCléire tráth. 'Ba cheardaí an gabha ann féin, nó ba chóir gurb ea, ach inár gcaint-ne bhí deifear éigin idir ciall an dá fhocal. Ba shaor adhmaid é an ceardaí, nó ba shiúinéir é, ach ba é an gabha, an gabha i gcónaí.⁷⁷ Is cosúil go raibh ceard an ghabha á chleachtadh i gCnocán na mBáirneach ón uair go bhfuil *Garraí na Ceártan CB 47* ann ach níl an ghairm féin luaite. Is í an ghníomhaíocht atá luaite. Tá fáil ar *Gharraí na Ceártan CTo 4* eile i gCrathach Thoir, ach ní thuairiscítear cathain a bhí ceárta ann, nó cé bhí ina bun.

'Ní thabharfaí ceardaí ná saor ar na daoine a dheineadh éadaí ban, ach ba tháilliúir é fear déanta éadaí fear.⁷⁸ Caithfidh gur chleacht Drisceolach éigin an táilliúrachta ón ar tógadh an forshloinne 'Táilliúir' do chlann díobh.⁷⁹ Tá fáil ar 'táilliúir' san ainm *Pointe Thaidhg an Táilliúra Ca 69*, mar shampla, ach ní fios ar chleacht an Tadhg Ó Drisceoil ón ar ainmníodh an pointe ceard na táilliúrachta nó an amhlaidh gur sa bhfarraige ag an bpointe sin a raibh cearta lóigh a bhaint ag an Tadhg céanna agus gur ainmniú ón a bhforshloinne "Táilliúir" atá san áitainmniú seo. 'Ba cheardaí é an saor báid agus an gréasaí ach ba shaor é an fear a thógfadh falla le clocha. Uaireanta thabharfaí saor chloch air, ach do thuigfí ón bhfocal saor gur le clocha a oibríodh sé.⁸⁰ Tá mar shampla, ainm 'Mike the Mason' (Ó Drisceoil) fós ar bhéal daoine ar fheabhas a cheardaíochta i dtógáil tithe i gCléire sna fichidí. Cleachtaíodh go leor ceardanna, ach is beag díobh atá luaite sa logainmníocht.

Gairmeacha:

Ar na gairmeacha a bhfuil tuairisciú orthu sna háitainmneacha tá *máistir*, *piolóit*, *buime*, *banaltra*, agus *fear poist*. Faoi mar a bhí i gcás an tsagairt, bhí meas ag an bpobal riamh ar an oide scoile. Ní hionadh mar sin go bhfaighfí an *máistir* nó *master* luaite sa logainmníocht áitiúil. Tá *Tigh Master Hayes BIT 79* luaite sa Chomar agus *Lisín an Mháistir LM 102* i Lios Ó Móine. Tharlódh, áfach, gur tagairt do 'Mháistir' nó báille de chuid an tiarna talaimh is cúlra don ainm *Lisín an Mháistir*. Go dtí lár na fichiú aoise nó mar sin bhí tigh ag gabháil le post an

mhúinteora fén dtuaith. Seasann *Tigh an Mháistir Cn 28* amach ar airde talaimh i gCoinlín agus tá radharc maith air ón nGleann. Bheadh an seasamh céanna sa logainmníocht ag *Tigh an Mháistir* is a bheadh ag an *Séipéal LM 219*, *Tigh an tSagairt Cn 9* nó *An Scoil Cn 11*. Bíodh nár chónaigh 'Máistir' an oileáin ann ó 1965 tá an t-ainm *Tigh an Mháistir* beo i gcónaí ar bhéalaibh daoine.

Bhain gnó piolóiteacht na mbád mhóra seoil le Drisceolaigh Ghort na Lobhar le fada agus ba díobh an té atá luaite san áitainm *Garraí Mháire Phiolóit GL 26*. Drisceolach a dhein piolóiteacht go Cionn tSáile ar chabhlach na Spáinne sa bhliain 1601 agus ba dá thoradh sin a d'eascair an forshloinne 'Piolóit' i leith chlann Drisceolach Chléire ar díobh an té a chónaigh tráth mar a bhfuil *Tigh Mháire Phiolóit GL 27*. Gairm a bhí sa phiolóiteacht agus luaitear sa bhliain 1810 go raibh teacht isteach ón bpíolóiteacht ag daoine i gCléire.⁸¹

Tuairiscíonn *Gort an Bhuime A 10 a* in Ardghort go raibh bean freastail, bean feasa nó banaltra faoi ghradam ag an bpobal ansin tráth. Is ó thosach na fichiú aoise atá cónaí ar bhanaltraí de chuid na nÚdarás Sláinte ag cur fúthu i gCléire. Solátharaíodh tigh cónaithe don bhanaltra ar a dtugtar *Tigh an Bhanaltra CTi 44b*. Chuir Bórd Sláinte an Deiscirt tigh nua ar tógáil sna hochtóidí i mBaile Iarthach Theas ar a dtugtar *Tigh an Bhanaltra BID 139* anois air agus le tamall tá an téarma 'Sean' á lua le hiar *Thigh an Bhanaltra* atá suite i gCrathach Thiar. Is den riachtanas banaltra a bheith ar an oileán agus bheadh gradam an tsagairt nó urraim speisialta ag dul don bhanaltra. Ní hionadh mar sin go ndéanfaí aird a tharraingt ar a háit chónaithe sa logainmníocht. Ainmniú de réir an tseasaimh nó an ghradaim a bhí ag daoine i súile an phobail atá san ainmniú seo de réir aicme agus gairme. Ar nós daoine a mbeadh bua na hamhránaíochta nó na filíochta acu, bheadh cáil leis orthu sin a mbeadh ceard acu, nó a mbeadh freastal fé leith á dhéanamh acu ar an bpobal. Is áitainmniú ó ghairm atá déanta, mar shampla, i gcás an ainm *Tigh Jimmy an Phoist CB 75*.

Tréithe Pearsanta:

Tá tréith éigin pearsanta luaite i 8 nó .4% des na háitainmneacha. Ar na tréithe a luaitear tá *mór*, *beag*, *óg* agus *sean*. Ainmneacha a chuireann seilbh in iúl ar nós *Garraí Cháit Mhóir C 229b* agus *Tobar Chonchúir Bhig C 44* atá sa chuid is mó acu. Bíodh go luaitear tréithe fisiciúla daoine san áitainmniú seo is leasainm atá ann chomh maith, rud a chinntíonn soiléireacht ainmnithe in aigne an phobail.

Luaitear stádas nó cuma daoine chomh maith i roinnt ainmneacha. Tagráitear mar shampla do aois pearsain san ainm *Garraí Sean-Bob GO 53*. Ní aois daoine atá faoi chaibidil, áfach, sa tuairisciú atá déanta ar *Gharraí Mháire Chonchúir Óig LM 71*, *Garraí Mháire Óige Ca 33* agus *Tigh Mhike Mháire Mhiocain Óig GL 17b*. Is sa chiall gheinealachtuil a úsáidtear *óg* sna háitainmneacha sin. Bhíodh mar shampla

Miocan Mór, Miocan Beag agus Miocan Óg ar Drisceolaigh. Is minic an téarma *óg* a bheith in úsáid chomh maith mar théarma ceana nuair is ionann ainm do mhac agus athair, e.g. *Gort Dhiarmaid Óig*.

Baintear feidhm as dathanna chun tréithe fisiciúla daoine a chur in iúl. Ar na dathanna a luaitear tá *rua*, *bán*, agus *buí*. In ainmneacha áirithe úsáidtear *rua* nó *dearg* le h-ainm pearsanta. Ní fios an tagairt í seo do ghruaigh an duine nó do ghnee pearsanta eile. Mhair an téarma 'Rua' ó ghlún go glún i measc Drisceolaigh an Chomaláin⁸² agus Riagánaigh Chnocán an Choimhthígh d'fhonn seilbh a chur in iúl sa logainmníocht. e.g. *Tigh Sheáin Rua CC 13b* agus *Tigh Phádraig Rua (Ó Drisceoil) C 169* agus *Garraí Dhonncha Dearg (Ó Céadagáin) C 74b*. Tá dathanna leis luaite le clanna eile pér díobh iad, e.g. *Garraí Dhonncha Bháin A 31b*, *Garraí Thaidhg Bháin A 31a*, agus *Garraí Dhónail Bhuí BID 32*.

D'eascair leasainmneacha gan amhras as pearsantacht agus tréithe daoine. Bhí feidhm ag an leasainm sa ghnáthchumarsáid agus ba leor tagairt don leasainm chun aithint a dhéanamh ar áit chónaithe duine. Is tuairisciú ar stáid eacnamaíochta duine atá san ainm *Bothán na Mná Boichte CB 9*.

Ainmneacha baill choirp sna logainmneacha:

Luaitear baill choirp i 30 nó 1.4% de ainmneacha Chléire. Bronnann an duine cuid dá phearsantacht trí ainmniú a dhéanamh ar rudaí, daoine agus áiteanna. Siombal agus pointe tagartha a bhíonn san áit a ainmnítear. Cén siombal is fearr ag an duine ná samhail de féin. Tá glactha le ceann, droim, mullach agus mala mar chuid de fhoclóir agus de théarmaíocht na tíreolaíochta. Tá fáil chomh coitianta orthu gur ar éigin gur meafair a thuilleadh iad. Focail nó téarmaí iad do áiteanna a bhfuil cuma nó déanamh orthu atá dealraitheach le baill áirithe choirp an duine. Fiú dar le MacMathúna, 'The most pervasive patterned facet of the topographical lexicon of Irish is undoubtedly that linking the human body and the various features of the landscape.'⁸³ Pearsantú ar thírgnéithe atá san ainmniú seo.

A real or fancied resemblance to different parts of the human body, has originated a great variety of topographical names all over the country. Most of the bodily members have been turned to account in this manner : and the natural features compared with, and named from them, are generally, but not always, hills.⁸⁴

I samhlú seo cosúlachtaí idir an tírdhreach agus corp an duine, baintear feidhm as ainmneacha baill choirp i dtuairisciú cuma, agus suímh gnéithe den tírdhreach. Ar chuid de na gnéithe sin a ainmnítear tá cnoic, failltreacha, ardáin éagsúla talaimh, carraigeacha mara is tíre, reanna agus gobanna talaimh. Ina theannta san deintear

tuairisciú ar chodanna faoi leith sna gnéithe céanna trí úsáid téarmaí mar *taobh, tón, bun* agus *bárr*.

Féachann sé go bhfuil ainmneacha baill choirp luaite leis in áitainmneacha tíortha eile. Ar théarmaí baill choirp a gheibhtear in áitainmneacha na hAlban tá: ceann, aodann, srón, béal, teanga, fiacal, bile, súil, feusag 7rl.⁸⁵ I measc cnocainmneacha na hAlban tá na téarmaí *ceann, mala, guala, tón, uileann* agus *aodann* coitianta.⁸⁶ Deintear ainmneacha baill choirp a lua le tírghnéithe in áitainmneacha Indiach Mheiriceá leis mar a mbíonn fáil ar théarmaí a chiallaíonn corp, leicean, droim, malainn agus muinéal.⁸⁷

Sa tuairisciú a deintear ar ainmneacha baill choirp an duine i logainmneacha Chléire tagraítear do : *corp, cnámh, ceann, mala, mullach, leaca* agus *grua, béal, fiacal, caincín, drom, cúl, guaile, tón, bos, barraicíní* agus *coiscéim*.⁸⁸

Ceann: Tá an téarma *ceann* anois mar ghnáththéarma ag an bpobal ag cur síos ar an gcuid is airde de phointe, gob, nó rinn talún, ní amháin in Éirinn ach in Albain.⁸⁹ Baintear feidhm as ceann agus ciall 'ceann mara' leis d'fhonn cur síos a dhéanamh ar phointe nó rinn talún ina mbíonn sruth láidir taoide ag gabháil thairis.⁹⁰ Is sa chiall seo is cosúil a deineadh ainmniú ar *Ceann Cléire. BIT 142. Is é Ceann Cléire* an pointe is sia ó dheas i gCléire mar a bhfuil *Poinnte Ard an tSrutha BIT 141b* gar do. *The Bill of Cape Clear* atá air sa Bhéarla.⁹¹

Tá fáil ar an téarma *ceann* mar phríomheilimint i thart ar 150 ainm baile fearainn in Éirinn⁹² agus tá sé an-choitianta ar fad in ainmneacha ar ghobanna talaimh a bhíodh ina marcanna ag iascairí tráth. Is ionann Howth a bhronn Lochlannaigh ar Bhinn Éadair agus *heafod* nó *head* an Bhéarla, *haupt* na Gearmáinise agus *caput* na Laidine. Foirmeacha éagsúla den bhfocal sin sna teangacha Laidneacha iad cap, capo, cabo agus uathu faightear an fhoirm *cape* sa Bhéarla atá coitianta⁹³ ar rinn, nó ceann tíre ar nós *Cape Clear* Chléire. Tá Cionn tSáile, i gCo. Chorcaí agus Kenmare, i gCiarraí. Tá fáil ar leaganacha éagsúla de *Ceann Cléire* ar mhuirchairteanna de luath dháta.⁹⁴ Ciall reanna nó ceann tíre atá le *Ceann Cléire* a ainmníonn an ceann tíre is faide ó dheas ar an oileán.

Tá ciall eile leis an téarma *ceann* sa logainmníocht in Éirinn.⁹⁵ Tuairiscíonn *Ceann an Bhóthair Láir LM 241* suíomh faoi leith intíre ina mbuaileann casán coise chnoic le bóthar mór. Ní téarma tíreolaíoch atá san úsáid seo ach is feidhm thuirisciú suímh amháin atá aige san ainm *Ceann an Bhóthair Láir*. Is feidhm tuairisciú suímh garraí agus leaca faoi leith atá san úsáid a baintear as an téarma *ceann* san ainm *Garraí Ceann an Tí CLF 7* agus san ainm *Leaca Ceann an Tí CLF 5*.⁹⁶

Béal : Téarma atá an-choitianta sa logainmníocht is ea *Béal*.⁹⁷ I gCléire luaitear an téarma le míreanna ar farraige agus ar tír. Ciall inbhear nó oscailt chun na farraige atá le béal sna hainmneacha *Béal Inbhir GL 38, Béal Chuain Tráigh Chiaráin BIT 2* agus *Béal na Gaibhge BIT 112. Béal an Bhealaigh C 255* .

Luaitear béal le míreanna ar tír ar nós *Béal na Leacan C145a* agus *Béal Tí Maithín CC 42*.

An Fhail Fhiaclach BIT 131 atá ar fhail i mBaile Iarthach atá gearrtha gear mar a bheadh fiacail.

Malann : Baintear feidhm as an téarma éadan⁹⁸ go topagrafaiciúil chun cur síos a dhéanamh ar bharr chnoic in Éirinn.

The Irish word eudan is translated *frons* by Cormac Ó Cullenan, and generally signifies the human forehead, but when used topographically it signifies the brow of a hill- generally, but not always, the southern or sunny side; and the opposite of cúl, the back or northern side, of a hill. ⁹⁹

Bruach nó guala cnoic is ciall le malainn de ghnáth.¹⁰⁰ Cloistear sa chaint gan amhras a leithéid 'chuaigh sé in éadan an chnoic', ach is malainn a bhíonn ar mhullach chnoic i gCléire: Baill gar do bharr chnoic atá in sna háiteanna ar a dtugtar; *Malainn GL 47, An Mhalainn A 77, Ca 8, Garraí na Malann A 78, agus Malann an Chumair BIT 77*. Téarma coitianta sa logainmníocht in Éirinn is ea **mullach**¹⁰¹ cé nach bhfuil ach an dá shampla de i gCléire sna hainmneacha *Mullach Uí Úill CTi 4d* nó *Mullach Uí Chathail CTi 4a*. Féachann sé i gcás samplaí Chléire gur téarma é mullach atá bunaithe ar airde choibhneasta seachas ar chosúlacht le cuid de chorp an duine nó tréithe eile.

Caincín : Is dóichí gur ón gcosúlacht a samhlaíodh le cuma sróine an duine a ainmníodh an rinn tíre ar a dtugtar *Na Caincíní* nó *Tón na gCaincíní C 119a*. Tá an téarma *srón* coitianta sa logainmníocht in Albain leis a bhfuil fáil air mar shampla, san áitainm Stranrara = "Strathan Raor", nó srón ramhar.¹⁰² Tá fáil leis air in Éirinn gan amhras agus ciall reanna nó gob tíre ag gabháil leis faoi mar atá le Srón Dearg agus An tSrón Liath agus Srón an Bhealaigh i Rathlainn.¹⁰³ Tá Srón Abhann¹⁰⁴ agus Srón¹⁰⁵ i gCiarraí. Rinn tíre atá i Srón an Bhainbhín in Inis Earcáin láimh le Cléire ach níl fáil ar an eilimint *srón* in ainmneacha Chléire féin.

Leaca / Leicean : Baintear feidhm fhorleathan as an téarma *leaca* i dtuairisciú ainmneacha tírghnéithe agus ciall taobh cnoic leo.¹⁰⁶ Más féidir glacadh le *leithcheann* mar ainm ar 'cheek', ó thaobh seimeantaice de,¹⁰⁷ is dócha go bhféadfaí glacadh leis an dtuairim go bhfacthas cosúlacht chéille idir an leiceann nó taobh na haghaidhe agus taobh ghné den tírdhreach. In Albain 'Leacann is applied to a hillside, from a portion of which the earth has been washed away, exposing a smooth surface of flat rock.'¹⁰⁸ *An Leaca Mhór CC 1a* atá ar thaobh Chnocán an Choimhthígh agus *Leacain an Chnoic C 82* atá ar thaobh cnoic eile.

Grua : An grua atá ar uachtar leiceann an duine.¹⁰⁹ Tá grua luaite i leith áite atá ar ardán talaimh gar do *Ghalláin an Chomaláin C 238a - Grua na nGallán C 188a*. **Drom/ Droim** : Is deacair fianaise a fháil ó logainmneacha an oileáin a

chruthódh gur de bharr cosúlachta a bheith feicthe idir dhrom an duine agus gnéithe den tírdhreach ar tír agus ar farraige a deineadh ainmiú ar áiteanna a bhfuil an téarma *drom* iontu. Téarma coitianta in Albain é *drom*: 'Druim, 'a back', is used for smooth ridges, generally around 2,000 feet in height. It is sometimes applied to the end slope of ridges or mountains.¹¹⁰ Ciall chnocáinín nó chnoic ísil atá leis.¹¹¹

Tharlódh, gan amhras, go bhfacthas cosúlacht idir ardán nó cnocáinín áirithe agus *drom* an duine nó *drom* ainmhí b'fhéidir agus gur baineadh feidhm as an téarma le himeacht aimsire chun cur síos a dhéanamh ar thírghnéithe a bhí ar airde áirithe i gcoibhneas le gnéithe eile sa chomharsanacht. Ní hionann, áfach, mír ar a dtabharfaí *drom* ar Oileán Chléire agus áit eile.

I gCléire tá *An Drom Soir Cn 27* agus *An Drom Siar Cn 26* mar ainmneacha páirceanna a bhfuil airde grádaithe iontu i gcoibhneas leis an talamh in aice leo. *Drom Liam Uí Chúrtáin BIT 178*, *Drom an Ghalláin C 95* agus *Drom na Páirce BIT 174* atá ar áiteanna eile dá leithéid agus ní hé go bhfeictear cosúlacht idir áit ar bith díobh agus cuid de chorp an duine. Ar áiteanna iascaireachta ar farraige a mbaintear feidhm as 'drom' ina dtuairisciú tá *Drom an Chopaird BIT 129* agus *Drom na mBolg BT 23*. *An Drom Amuigh* agus *An Drom Istigh* atá ar mhórbhancanna iascaireachta a mbíodh tarrach ag iascairí Chléire orthu.

Is deacair an chiall atá le *cúil* agus *cúl* sa logainmníocht a dheighilt ó chéile.¹¹² Ciall chúinne gur ionann le *nook* an Bhéarla é atá sa téarma **cúil** san ainmniú ar *Na Cúilíní Ca 79-80* ach, d'fhéadfadh ciall suímh laistiar a bheith i gceist le **cúl**. Tá *cúl* ar ainmneacha áiteanna ar tír agus ar farraige.¹¹³ Ar áiteanna cois farraige a bhfuil an téarma iontu tá *Cúl bhá GO 9* a dheineann cur síos ar an gcuid sin de bhá atá laistigh den bhá atá oscailte chun na farraige agus is cuaisíní iad an dá áit a bhfuil *Cúl Mór Ca 20, BIT 152* orthu.

Guala : Ar an mBlascaod Mór ta an téarma *guala* coitianta, in ainmneacha e.g. *Guala an Luic Mhóir*, *Guala na Móna* agus *Guala an Chapail Bháin* etc. Is é 'Gualainn' an gnáthleagan a úsáidtear sa Rinn. I gCléire nochtar sampla amháin de ar an gComalán sa chnocainm *Cnoc Rinn Guaile C 174* .

Tóin : Is é a bhíonn i gceist leis an téarma *tóin* ná an chuid is faide siar de rud.¹¹⁴ Bhaintí úsáid as an téarma in ainmniú cnoc agus áiteanna a raibh suíomh íseal acu.¹¹⁵ In ainmniú áiteanna ag bun faille is mó a gheibhtear é in áitainmneacha Chléire. Bun faille cois cósta is ea *Tón an Amadáin BID 117*, *Tón an Ghearrathair BID 89*, *Tón Faill Dhiarmada BID 119* agus *Tón na gCaincín C 119a*.¹¹⁶ Ainmniú ar charraigeacha mara a samhlaíodh ar déanamh tóin loinge atá, is cosúil, san ainmniú *Tón Loing BIT 67* agus *Tón Loing Bheag BIT 274*.

Bas : Ar rinn tíre ar a dtugtar an Raithearsach tá áit leibhéalta ar a nglaothar *Bas na Raithearsaí A 71* ainmnithe is dócha ón gcosúlacht a samhlaíodh idir é agus *bas* na láimhe.¹¹⁷

Barraicín : An bhféadfadh gur samhlaíodh cosúlacht idir bharraicín coise agus an tírdhreach mar a bhfuil *Garraí Barraicín BID 31, Páirc Barraicín BID 33,*¹¹⁸ agus *Tigh Barraicín BID 34.* Ní luaitear an chos sna háitainmneacha ach go hindíreach san ainm *Carraig an Choiscéim BIT 189* a bhí is dóichí ina áis do iascairí an oileáin tráth.

Brollach: Luaitear an *brollach* san áitainm *Páirc an Brollach BIT 219.* A suíomh ag 'brollach' nó ar airde talaimh is cúlra b'fhéidir lena ainmniú.

Féachann sé gur imeacht-ainmniú atá san ainmniú a deineadh ar *Thrá na gCorp BIT 287* an chuid sin de Thrá Chiaráin is cóngaraí don Reilig. Thagadh an fharraige isteach ar thalamh *Reilig Chiaráin BIT 10c* le linn stoirme tráthanna fadó agus nochtadh coirp uair nuair a scuabadh cré chun siúil. Níl aon tuairisc ar céard a spreag an t-ainmniú ar *Thobar na gCnámh Ca 88,* i gCeathrúna.

Ní foláir nó téann ainmniú de réir cosúlachtaí a samhlaíodh idir mhíreanna den tírdhreach agus corp an duine siar i bhfad. Tá, mar shampla, fáil sa *Leabhar Laighean* ar *ceann* mar chuid bhunúsach i ndéanamh logainmneacha. Orthu san tá Ceann Toirc, Cionn (i.e. Ceann) Eitigh agus Ceann Bóirne. Is cosúil go raibh ceangal le fada idir fhoclóir Gaeilge baill choirp agus foclóir a chuireann síos ar tírghnéithe. Tá mar shampla focail ann sa tSean- agus sa Mheán-Ghaeilge a bhféadfaí ciall baill choirp an duine agus gnéithe den tírdhreach a thuiscint uathu. Ar chuid díobh sin tá *cenn, mullach, lecca,* agus *druím(m),* focail a bhfuil a dtuairisc le sonnrú in áitainmneacha de chuid an oileáin.¹¹⁹


Ardshamhlaíocht atá san ainmniú seo a nascann corp an duine le míreanna éagsúla den tírdhreach. Tugann bronnadh áitainmneacha den tsórt seo léargas ar mheon na n-áitainmneoirí agus ar chóras ainmniúcháin a théann i bhfad siar. Tháinig na hainmneacha seo chugainn ó shamhail a bhuaíl lucht a mbronnta. Ba i slí a bhí meafrach a samhlaíodh áiteanna. Áitainmniú samhailteach é a dhein áit faoi leith de gach ball a ainmníodh ar an gcuma seo. Domhan ann féin a bhí i ngach áit díobh le sainiúlacht dá cuid féin, sainiúlacht a mhaireann go dtí an lá inniu féin. Deintear an t-sainiúlacht seo a bhíonn ag áit a bhuanú trí áitainm meafrach a bhronnadh.

B'fhéidir go raibh na céad ainmneoirí chomh cóngarach sin don timpeallacht in ar mhair siad go mba fhuirist dóibh cosúlachtaí idir iad féin agus tírghnéithe na timpeallachta a shamhlú. B'fhéidir nach bhfuil ann, áfach, ach mar a deir Ó Maolfabhail, 'gur claonadh chun stíle meafaraí atá nádúrtha sa chaint agus a leathnódh uaireannta faoi spreagadh éigin faisin nó laistigh d'aonad éigin sóisialta.'¹²⁰ Is é is dóichí gur ar mhaithe le haithint nó cur in iúl símplí soiléir a deineadh an t-ainmniú seo ar dtúis i measc daoine a chleacht foclóir tuairisciúil teoranta mar go raibh a saol féin an-teoranta. I bpobal a bhí fite fuaite le chéile bhí gá le hainmneacha a bhí so-aitheannta agus cumarsáidiúil. Bhí tábhacht nár bheag gan amhras leis an tsimplíocht. Cén samhail eile is mó go mbeadh tuiscint ag an duine uirthi ná samhail de chorp an

duine. Ba den riachtanas mar sin, a deineadh an t-ainmniú 'coirpiúil' seo ar áiteanna. Tarraingt ar an tsamhlaíocht, d'fhonn an cur in iúl agus aithint áite atá anseo. Fós, tá bá spioradálta agus fisiciúil an duine lena thimpeallacht léirithe tríd an gcóras ainmniúcháin seo.

5. Ainmniú ó ainmneacha pearsanta, sloinnte, forshloinnte, leasainmneacha agus ainmneacha áiteanna.

Luaitear ainmneacha áiteanna iasachta i 10 ainm agus déanfar an t-ainmniú a deineadh ar roinnt díobh a phlé níos déanaí faoi na 'Cineáil Áitainmneacha' atá sa bhailiúchán seo. Is leor a rá anso go mbaineann a bhformhór le hainmneacha áiteanna i dtíortha eile. Deintear an t-ainmniú ó ainmneacha pearsanta, sloinnte agus leasainmneacha daoine a iniúchadh thíos.



Ainmneacha

Ainmneacha Aiteanna	10
Ainmneacha Pearsanta	259
Sloinnte	172
Leasainmneacha	190
<i>Iomlán</i>	631

Éagsúlacht na n-ainmneacha pearsanta

Ainmneacha Gaeilge iad 34 den 259 nó 12.3 % de ainmneacha pearsanta a mbaintear feidhm astu i logainmníocht Chléire agus ainmneacha Béarlaithe is ea 20 ainm eile díobh. Bíonn idir sheilbh agus cheiliúradh ar dhaoine a chuaigh i gcionn ar an bpobal le tuiscint ó chuid den ainmniú ina mbíonn ainmneacha pearsanta mar chuid den ainm. Bíodh gur i nGaeilge atá formhór na n-ainmneacha seo sa logainmníocht, is é an leagan Béarla de gach ainm pearsanta díobh a bheadh breactha i Leabhair Baistí agus Póstaí agus ar cháipéisí oifigiúla talún. Dornán beag clárúcháin baistí i nGaeilge atá ar fáil ó 1910 ar aghaidh go dtí na seascaidí nuair a tháinig borradh faoi chlárú ainmneacha agus sloinnté i nGaeilge ní amháin i gClárleabhair Baistí Chléire, ach ar cháipéisí Chlárú Luacha Tálún chomh maith.

Ainmneacha fir is mó a gheibhtear i bhformhór na n-áitainmnacha ina bhfuil ainmneacha pearsanta luaite. Ar na téarmaí den chultúr ábhartha is mó atá curtha le hainmneacha pearsanta agus a chuireann seilbh in iúl tá *garraí*, *gort*, *goirtín*, *páirc* agus *field*, agus ar na téarmaí lonnaíochta, luaitear *tigh*, *cabhlach* agus *bothán*.

Baintear feidhm leathan as *Ainmneacha Ceana* in áitainmneacha agus is seilbh a bhíonn á chur in iúl iontu de ghnáth. Leaganacha ceana éagsúla des na hainmneacha pearsanta céanna a bhíonn in úsáid go minic agus deintear tuairisciú orthu i nGaeilge agus i mBéarla. Ar leaganacha de Thadhg mar shampla, tá Taidhgín, Teidí agus Ted; de Mhícheál tá Mick, Mikey agus Miko; de Shéamas tá Séamaí agus Jimmy. Tá leis, Seán, Seáinín, John agus Johnny; Éireamhóin agus Hernie; Finín agus Florence; Seosamh agus Joe, agus go leor ainmneacha mar Art, Marcas, Batt, Peadar agus Aindí atá le fada imithe as tobar na n-ainmneacha baistí a bhí tráth in uachtar i gCléire.

I measc Aleutaigh Alasca, mar shampla, tá ainmneacha ceanna an-choitianta agus is foirmeacha bhídeach na n-ainmneacha a mbaintear feidhm astu go minic san áitainmniú.¹²¹ Is amhlaidh atá leis, i gCléire mar a bhfuil fáil ar ghné den fhoirm bhídeach in ainmneacha a chríochnaíonn le *-án* agus *-ín*. Feictear samplaí de seo san áitainmniú ina bhfuil fáil ar na hainmneacha Ciarán, Rónán, Maolán, Léithín, Seáinín agus Taidhgín.

Tá luí fós i gCléire leis an ainm Ciarán mar ainm baistí ag Búrcaigh, Drisceolaigh agus ag Coitirigh ach go háirithe. Tá Éireamhóin leis sna háitainmneacha ach is annamh a gheibhtear é nó an leagan Béarlaithe, Heremon nó 'Hernie' mar ainm pearsanta i measc pobal an oileáin inniu. Ó Drisceoil atá tugtha mar shloinne in sna háitainmneacha seo a bhfuil Éireamhóin iontu : *Cabhlach Éireamhóin CB 71*; *Garraí Éireamhóin C 110*; *Tigh Éireamhóin BIT 263* agus *Tigh Hernie CB 72*. Bíodh is go raibh Éireamhóin agus Mac Con nó Miocan coitianta tráth i measc Drisceolach is mó go mór a thuairiscítear ainmneacha eile. Ar Chéadagánaigh bhíodh Donncha, Con, Mícheál, Liam agus Tadhg coitianta. Na hainmneacha pearsanta atá coitianta i

measc Drisceolach, Curtánach agus Síochánach, faightear leis iad ins na háitainmneacha. Luaite i measc ainmneacha na bhfear tá 20 ainm éagsúil. Maidir le hainmneacha pearsanta ban sna logainmneacha áirítear 15 ainm i nGaeilge agus 6 i mBéarla. Mhair na hainmneacha pearsanta céanna i gclanna áirithe glúin i ndiaidh glúine toisc drogall a bheith ar dhaoine ainm cúl le cine a bhronnadh.¹²²

Tuairisciú Ginealaigh:

Nuair a deintear ainmniú ar áit trí sheilbh a chur in iúl nochtar ginealach sa tuairisciú go han-mhínic.¹²³ Bíonn idir ainmneacha fear is ban luaite sna háitainmneacha seo a bhfuil go leor díobh dhátheangach. Ainmniú ón athair a bhíonn ann de ghnáth. Is leor agus ba leor riamh an tuairisciú é don aithint ar oileán mar a raibh ginealach na gcomharsan ar barr a dteanga ag daoine. I roinnt samplaí luaitear an t-ainm pearsanta céanna mar cháilitheoir. Ar an gComalán, mar shampla, tá *Tigh Chiaráin Chiaráin C 105* agus *Tigh Shéamaí Shéamais C 142b* agus i gCeathrúna tá *Tigh Thaidhgín Taidhgín Ca 30*. Ríomhadh ginealaigh atá ann dála *Tigh Sheáin C* nó *Tigh Johnny Mike C143b* mar is fearr aithne air; *Tigh Johnny Phaddy C 141*; *Tigh Dinny Shéamais C 142a*, *Tigh Dan Thaidhg (Ó Riagáin) A 104a* agus *Tigh Mhike Shéamais (Ó Drisceoil) C 173b*.

'Bhí daoine mórálach as a sinsear agus as a dtreabhchas go dtí nach mór go raibh uabhar ag gabháil dóibh'.¹²⁴ Deintear an ginealach a shíneadh siar breis agus glúin nó dhó leis in ainmneacha eile e.g. *Tigh Mhike Mháire Mhiocain Óig GL 17a*, *Tigh Dhónail Chonchúir Éireamhóin LM 228* agus *Goirtín Phádraig Chon Mhic Shéamais C 93b*.

Sloinnte in Áitainmneacha

Luaitear foirm éigin Gaeilge nó Béarla de 71 sloinne i gcás an 172 nó 8.2 % áitainm a bhfuil sloinnte luaite mar chuid díobh i logainmníocht Chléire. Ar na sloinnte is coitianta a gheibhtear i logainmníocht an oileáin tá Ó Drisceoil, Ó Céadagáin nó Cadogan agus Cadigan, Ó Donnchú, Ó Lionnán nó Leonard, Mac Coitir nó Cotter, de Búrca nó Burke, Ó Riagáin nó Regan,¹²⁵ Ó Síocháin, Ó Dálaigh nó Daly, Ó Mathúna agus Ó Sé. Is ainmneacha iad a bhfuil sínsearach ag baint leo ar an oileán. Ar na clanna seo a bhfuil cos acu ar an oileán le fada, seo leanas comhaireamh buanlonnaíochta 1992 ar gach clann díobh: Ó Drisceoil 45, Ó Céadagáin 19, Ó Lionnán 11, Ó Síocháin 8, Donnchú 8, de Búrca 4, Ó Riagáin 3, Ó Dálaigh 2 agus Mac Coitir 1. Níl fáil anois ar Mhathúnaigh ná ar an gClann Uí Shé i gCléire.

Cur in iúl seilbhe atá sa chuid is mó des na háitainmneacha a bhfuil sloinne luaite iontu. Ar an 24 eilimint éagsúil a fhaightear luaite i dteannta sloinnte tá : tigh (75), garraí (36), páirc (7), garden (5), róidín (1), dreapa (2), boilg (3), pier (2),

siopa (1), síbín (1), lisín (1), cabhlach (9), tobar (7), well (1), lochán (1), mullach (2), currach (3), fail (1), pointe (1), port (1), leaca (2), poll (1), droichead (1) agus avenue (1).

Dáileadh Sloinnte:

Is féidir le háitainmneacha cur go mór lenár n-eolas fé dháileadh sloinnte. D'eascair córas nua ainmnithe daoine thart ar A.D. 900 nuair a tháinig bronnadh ainmneacha clainne nó sloinnte chun cinn in Éirinn agus chuaigh cumadh ainmneach eile seachas leasainmneacha as ar fad nach mór.¹²⁶ Tá tuairiscí lonnaíochta Drisceolach sa *Calendar of Patent Rolls* agus sa *Down Survey* ón seachtú haois déag.¹²⁷ I leath thoir an oileáin is mó a bhí fáil riamh ar an sloinne Drisceoil agus is amhlaidh atá an scéal inniu leis. Cúig theaghlach Drisceolach atá i mbaile fearainn Lios Ó Móine, 3 i gComalán, 2 i gCeathrúna, 2 i gCill Leice Fórabháin, 2 i nGort na Lobhar agus teaghlach amháin in Ardghort agus sa Ghleann Oirtheach. Is léir ón mbailiúchán ainmneacha gur sna háiteanna seo leis atá fáil ar an líon is mó áitainmneacha ina bhfuil forshloinnte, ainmneacha pearsanta, agus leasainmneacha Drisceolach.

Bhí ainmneacha príomhchlanna Chléire préamhaithe go doimhin ar an oileán faoi 1818 nuair a tosnaíodh ar bhaistí a chlárú air go hoifigiúil don chéad uair.¹²⁸ Luaitear talamh i seilbh Daly, Cotter, agus Leonard sa *Tithe Applotment List* don bhliain 1833. Tá leagan Béarla de shloinnte daoine atá luaite go forleathan sna háitainmneacha le fáil sna *Field Books* agus *House Books* a cuireadh le chéile i lár na haoise seo caite. Bíodh gur i mBéarla a cláraíodh sloinnte, deineann na foinsí seo, i dteannta na *Leabhra Luacha Talún 1853-1986*,¹²⁹ ainmneacha pearsanta, sloinnte agus seoltaí úinéirí an talaimh sa tréimhse thuas a nascadh dúinn le háitainmneacha sealbhóireachta an oileáin agus cuirtear lenár gcumas tuairim a chaitheamh faoi aois áitainmneacha dá leithéid.

Tugann na háitainmneacha a bhfuil sloinnte ina n-eilimintí tánaisteacha iontu léargas ar dháileadh agus ginealach clanna ar an oileán. Mhair gaolta an-chóngarach dá chéile i gCléire agus ba mhinic a bhí gaol an-ghairid idir fhormhór na ndaoine a bhí sa bhaile fearainn céanna. Bhí dáileadh Céadagánach mar shampla riamh forleathan i gCléire mar atá inniu féin. Síneann ginealach Clann Mhaitiú siar go 1750¹³⁰ agus bhí a shliocht i gCoinlín, i mBaile Iarthach Thuaidh agus Theas agus sa Ghleann Oirtheach, ag an Lighthouse. Bhíodh tuairisciú orthu mar *Cadogans of the Lighthouse*, *Cadogans of South Harbour* (Harbour View), agus *Cadogans of Ballyieragh* (Atlantic View) coitianta i ngnáth chaint an phobail ar an oileán. Inniu féin, tá dhá theaghlach díobh ar an gComalán, Clann Sheáin agus Clann Mhichael

John. Ar an mBaile Iarthach Thuaidh tá *Muintir na Cille* agus Clann Mhicilo. Ag *An Loch* tá Michael Vincent Cadogan agus i 1988 cailleadh Din Cadogan, an duine deireanach den sloinne sin a chónaigh i mBaile Iarthach Theas. Níor ghnáthach don pobal áfach ainmneacha tí mar *Atlantic View*, *Gabriel View* nó *Harbour View* a lua in aon chor. Agus *Harbour View* Céadagánach glún eile faoi chaibidil, luadh sa bhliain 1881 go raibh sé i seilbh iascaire agus píolóit 'who, in irony of fate, dates his infrequent letters from the 'Glebe House', Cape Clear.'¹³¹ B'fhéidir gur beagán eirí in airde a bhain le Céadagánaigh ba chúis le cuid den ainmniú seo, ainmniú nach bhfuair seasamh riamh mar logainmneacha i measc an phobail.

Is i mBaile Iarthach Theas leis, mar atá *Tigh Danny Leonard BID 125*, a bhí na Búrcaigh roimh theacht dóibh ar an gComar. Bhí clann eile díobh i Lios Ó Móine uair dá raibh mar a bhí *Tigh Pheig de Búrca* agus is uathu a ainmníodh *Tobar Sheáinín de Búrca LM 79 b*, *Tigh Sheáin de Búrca LM 78*, agus *Garraí Pheig de Búrca LM 72b*. Is i ndá theaghlach, ceann díobh i *Siopa de Búrca* agus an ceann eile i *dTábhairne de Búrca BIT 82a*, nó *Paddy Burke's Bar*, atá fáil anois amháin ar an sloinne. Agus athraithe déanta ar úinéireacht an talaimh i gCléire le triochoa bliain anuas is sa logainmníocht anois atá fáil ar eolas faoi dháileadh na gclann ar an oileán.

Bhí muintir Dhonnchú i Lios Ó Móine le fada mar a bhfuil *Tigh Mhíchíl Uí Dhonnchú LM110*. Níl fágtha anois den sloinne ach an dá theaghlach, ceann acu i *dTigh Mack Donnchú BIT 264* ag *An Loch BIT 114a*, i mBaile Iarthach agus an ceann eile i *dTigh Connie A 110b* in Ardghort.

Bhí Riagánaigh lonnaithe i gCnocán an Choimhthigh agus dream eile díobh i gCrathach Thiar. Is i Lios Ó Móine Íochtair a bhí an chlann Bheist nó na Bheisteanna agus ba i gCnocán an Choimhthígh a bhí Riagánaigh na Struma. Bhí clann Riagáin leis, clann Dan Thaidhg Uí Riagáin, in Ardghort, agus i gCill Leice Fórabháin ag *An Crois CLF 36a* mar a bhfuil *Tigh Tommy Regan CLF 3* inniu a bhí clann Thaidhg Uí Riagáin. Is i mBaile Iarthach Thuaidh atá *Tigh Pheig*, nó *Tigh Pheig Regan BIT 266*. Ba de Riagánaigh an Chomair a fear Liam agus níl fágtha den sloinne Riagán i gCléire ach an teaghlach seo amháin. Ba ó *Na Laonna* sa *Bhá Thuaidh* don Charlie Regan atá luaite san ainmniú ceiliúrtha i *Charlie Regan's Boilg BIT 31a*.

I nGort na Lobhar agus in Ardghort a bhí na Dálaigh Dubha a ndúrthas fúthu go rabhadar chomh sleamhain le heascain. Duine díobh, Dónall, a phréamhaigh Dálaigh an Chomair, a bhláthaigh ansin ó 1880, ach a bhí imithe as ar fad faoi 1925. Tá Dálaigh fós in Ardghort agus i gCill Leice Fórabháin. I mBaile Iarthach Thuaidh tá *Garraí Phádraig Uí Dhálaigh BIT 224* atá ainmnithe ó mhuintir Dhálaigh an Chomair agus tá fáil ar *Thigh Dhonncha Uí Dhálaigh GL 38* in Ardghort, agus *Tigh Mikey Daly CLF 57a* i gCill Leice Fórabháin.

Is fada atá Síochánaigh i Lios Ó Móine. Ba é seanathair Chonchúir Uí Shíocháin, údar *Seanchas Chléire* (1940), a thug an sloinne go Cnocán na

mBáirneach nuair a thóg sé an tigh ar a dtugtar *Cabhlach Pheadair Uí Shíocháin* anois. Is sa dá bhaile fearainn seo agus ar an gComalán atá fáil ar an dtrí theaghlach de Shíochánaigh atá fós ag lonnú i gCléire. Bhí Lionánaigh nó Leonard i Lios Ó Móine ó thosach an naoú haois déag¹³² agus chuaigh duine díobh ina chliamhain isteach i measc Búrcaigh Bhaile Iarthach Theas mar a bhfuil *Tigh Danny Leonard* inniu. Is uathu seo a shíolraíonn Lionánaigh an Bhaile Iarthaigh, Choinlín agus an Ghleann Mhéanaigh an lae innu. I gCoinlín agus ar an mBaile Iarthach Theas a bhí an chlann Uí Shé, sloinne a chuaigh as ar an oileán le bás Dhiarmada Uí Shé i 1986. Tagraítear i gcónaí do *Thigh Jerry Sé* agus *Tigh Phaddy Sé* atá i mBaile Iarthach Theas bíodh nach gcónaíonn éinne go buaniontu le blianta anuas.

Sa Chomar a bhí na Coitirigh ar dtús, gur phós duine díobh Máire Sheáin Léith (Ní Dhonnchú) i Lios Ó Móine. Bhunaigh a sliocht san an t-ainm i Lios Ó Móine mar a raibh *Tigh Carey Cotter LM 225* agus i gCrathach Thoir mar a bhfuil *Tigh Sheáin Mhic Coitir CTi 47* anois. Ciarán Mac Coitir ón gComar a thug an sloinne go dtí an áit sa Ghleann mar a bhfuil *Tigh Mhic Coitir GO 56a*, *Tigh Julia* nó *Tigh Mary Frances Cotter GO 56b*.

An Chlann Bhuí Ó Mathúna a bhí i gCeathrúna agus i gCnocán na mBáirneach. D'ardaigh clann Dhonncha Uí Mhathúna a seolta go Meiriceá thart ar 1862, ach tá cuimhne ar Mhathúnaigh Chnocán an Choimhthígh fós sa logainmníocht ansin, e.g. *Dreapa Dhonncha Uí Mhathúna CC 7* agus *Cabhlach Dhonncha Uí Mhathúna CC 8*. D'imigh an sloinne i léig i gCléire in sna daichidí le bás Thomáis Uí Mhathúna ón gComar. Sloinnte a bhí ar fáil san aois seo caite ach a chuaigh as is ea : Ó Ficheallaigh, Ó Coileáin, Ó Muirthile, Ó Mathúna, Ó Coileán, Mac Gearailt, Mac Curtáin agus Curtin, Mac Suibhne nó Sweeney, Ó Gláimhín, O hAonghusa agus Hennessy ach luaitear sna logainmneacha fós iad.

Ainmneacha agus Sloinnte Ban

Ní fhágtar ainmneacha ban gan lua ach oiread. Bíonn idir ainmneacha pearsanta ban agus sloinnte luaite le roinnt ainmneacha. Ainmneacha ban a bhfuil stádas singil ag gabháil lena bhformhór atá sna hainmneacha seo ina mbíonn seilbh á chur in iúl de ghnáth. Ar chuid díobh tá: *Cabhlach Bheist Ní Chiaramháin A 64*, *Garraí Cháit Ní Chéadagáin C 48b* agus *Síbin Mháire Ní Mhuirthile GL 33*. Bíodh gur Ní Chathail atá luaite san áitainm *Faill Ní Chathail CTi 3*, níl tuairisc ar bith ar an sloinne seo i gCléire ach a dtugann Ainmleabhar na Suirbhéireachta Ordanáis air, 'the Cliff of Cathail's daughter.' Is beag ainm ann ina bhfuil ainm pósta na mná luaite ach i gcás ainmneacha daoine atá fós ina mbeathaidh agus is baintreacha iad uile na mná a luaitear. Cloistear *Tigh Shíle Bean Uí Shíocháin LM 255*, *Tigh Pheig Bean Uí Riagáin BIT 266*, *Tigh Mhairéad Bean Uí Dhonnabháin BID 134b*, *Tigh Bridgie Curtin GO 48a* agus *Tigh Julia Cotter GO 56* á lua ach is dóichí gur ainmniú é seo a

d'eascair le gairid. Ní bhíodh seilbh i gceart go minic tráth ag na mná ar ghabhálaisí ar bhás a bhfear, agus, dá bhrí sin ba mhinicí a lean ainm an fhir mar áitainm, go dtí gur ghlac an chéad ghlúin eile fireann seilbh ar an ngabháltas. Tá deireadh, is cosúil, leis an sean-reacht agus féachann sé go bhfuil nós 'ainmniúchán baintrí' tar éis sleamhnú isteach de réir a chéile mar chuid de phróiseas logainmníochta Chléire. Tháinig Duinníneach mar shampla, go Cléire mar chliamhain isteach thart ar 1920, agus ba é *Tigh Phádraig Uí Dhuinnín BIT 265a* nó *Paddy Dineen's* a bhíodh mar ainm i mbéal daoine, ach is *Tigh May BIT 265b* atá anois ag daoine. Baintreach Phádraig í May Dineen. Thóg sé thart ar dheich mbliana ó bhás Phádraig sara bhfuair ainm a mhná aon choitiantacht sa logainmníocht.

Ainmneacha pósta ban de dhúchas Chléire iad Stevens agus Ó Súilleabháin a bhfuil fáil orthu mar ainmneacha sealbhóireachta. Ainmneacha pearsanta baintreach atá luaite i gcás *Tigh Mháire Sheáin Muirín (Ó Drisceoil) CB 24* agus *Tigh Ellen Sheáin Éireamhóin (Ó Drisceoil)*. B'fhéidir gur mhair na mná seo ins na tithe céanna go ceann i bhfad tar éis bháis a bhfear agus gur nascadh ainmneacha na mban leis na tithe dá thoradh sin. Ní fhéachann sé go raibh a léithéid coitianta i gCléire, áfach.

Le fás na turasóireachta ó na seachtóidí ar aghaidh agus le teacht lucht na gColáistí Gaeilge, tá ainmneacha mná na dtithe aíochta tagtha isteach sa logainmníocht áitiúil. Is córas nua ainmnithe ar áiteanna atá ann agus é ceangailte le hainmneacha mná tí a mbíonn seirbhísí turasóireachta á gcur ar fáil acu. Tá feidhm fé leith ag an ainmniú seo. Deineann sé suíomhú ar áit don turasóir a chuireann ar a chumas an ball a aimsiú gan dua. Samplaí den ainmniú seo atá ag eascair ó bhliain go céile ar an oileán 'sea *Tigh Ghearóidín (Ó Donnabháin) A 111*, *Tigh Eleanor (Ó Drisceoil) GO 69b*, *Tigh Mhairéad (Ó Céadagáin) C 51b*, *Tigh Mary 'The Lake' (Ó Donnchú) BIT 264b*.

Tá leis, ainmneacha fear le tithe aíochta. e.g. *Tigh Duncan*, nó *Tigh MacLachlainn GO 61a*, *Tigh Bernie Lynch BID 20a*, *Tigh Chiaráin* agus *Máire (Ó Drisceoil) BIT 268*. Baineann an bronnadh ainm nua seo le cuid den chóras eacnamaíochta atá bunaithe ar an dturasóireacht agus atá á fhorbairt ar an oileán le roinnt blianta anuas, fé mar a bhain ainmniú áiteanna san aois seo caite le córas eacnamaíochta a bhí bunaithe ar iascaireacht agus saothrú an talaimh.

Sloinnnte Iasachta

Chuaigh sloinnnte ón mórthír i bhfeidhm ar áitainmneacha an oileáin cuid mhaith ó thosach an naoú haois déag. Sloinnnte iad Wade, Tóibín agus Ó Faoláin a tháinig ós na Déisibh ag tosach an naoú haois déag mar chúntóirí chun obair báillí a dhéanamh don tiarna talaimh, Beecher. Níl fáil in aon chor ar an ainm Wade i logainmníocht Chléire murab ionann agus Tóibín i n*Garraí Sheáin Tóibín CLF 38* nó *Garraí an Tóibín CLF 38-39*, *Tigh Sheáin Tóibín CLF 39*, *Poll Mháire Tóibín C*

19, agus Ó Faoláin sna hainmneacha *Páirc Neil Ní Fhaoláin GI 15* agus *Garraí Liam Uí Fhaoláin BID 99*.

Meastar gur tháinig na sloinnte Connolly, Griffen, Goodin, agus muintir Chochláin isteach ar an oileán chun tacú le hiarrachtaí a deineadh chun an Protastúnachas a chur chun cinn sa tréimhse 1845-53. Bhí Ó Brien nó Bryan sa Ghleann agus i mBaile Iarthach Theas cheana féin. Tá na sloinnte sna hainmneacha *Tigh Goodin GM 16* agus *Páirc Goodin GM 17* agus *Garraí Griffen GM 14* sa Ghleann Méanach cláraithe i gClár Leabhar Baistí Chléire de chuid Eaglais na hÉireann. Truailliú ar an sloinne Goodwin a luaitear sa Chlár Leabhar atá i 'Goodin' na náitainmneacha thuas. Des na sloinnte a tháinig isteach an uair úd ní raibh fágtha go dtí le deanaí ach na Conghailigh nó na Connollys agus ba sa bhliain 1989 a d'éag an Connolly ba dheireanaí de dhúchas Chléire a mhair ar an oileán. Is é an leagan Béarla Connolly is mó a cloistear i dtuairisciú sloinnte de mhuintir Chonghailigh. *Lisín Connolly LM 113* agus *Tigh John Connolly LM 245* a bheadh ar bhéal daoine ag tagairt dóibh do na baill áirithe seo.

Bhí an chlann Shipsey láidir i gCléire i lár an naoú haois déag. Ní ann don sloinne le breis agus ochtó bliain agus is é *Tigh Thomáis Shipsey CTi 46* i gCrathach Thiar an t-aon fhianaise atá sa logainmníocht go raibh a leithéid de ainm riamh i gCléire. Is mó de bheagán an rian a d'fhág an chlann Beamish ar an logainmníocht áitiúil ná na Shipsisigh. Tá, sa Ghleann, *Tigh Beamish GM 21a*, *Currach Beamish GM 23* agus *Beamish's Well GM 22*. Go hInis Earcáin lámh le Cléire a chuaigh muintir Beamish sna triochaidí agus tá fáil ansin orthu i gcónaí. Tá Hayes, Hegarty, Roche, Reilly, Sauntry agus Stack le fáil sna háitainmneacha *Tigh Master Hayes BIT 79*, *Hegarty's Garden (2) BIT 253-254*, *Roche's Garden LM 173b*, *Páirc Reilly GO 27*, *Garraí Thaidhg Sauntry CC 35* agus *Garraí Sheáin Stack BIT 179*. Bhí fáil, leis, ar shloinnte mar Bohane, Thomas agus Gosnell san aois seo chaite, ach is sa Ghaelú a deineadh ar na hainmneacha seo sa logainmníocht amháin atá fáil anois ar na sloinnte céanna. Tá na hainmneacha *Cabhlach Buacháin BID 129* agus *Páirc Eibhlín Thomáis CTi 14* i mbéal daoine fós. Gós a cuireadh mar Ghaeilge ar Gosnell agus is ar an gComalán atá *Cablach Léan Gós*, *Garraí Léan Gós*, *Tobar Léan Gós* nó *Lochán Léan Gós C 101b*. Gaelú ar an ainm Kilty atá san áitainm *Garraí Sheáin Uí Chaoilte BID 84*. Is ar éigin a bheadh na háitainmneacha seo i gcumarsáid daoine anois.

Leasainmneacha agus Forshloinnte

I dtuairisciú a deintear ar fhorshloinnte agus leasainmneacha i logainmníocht Chléire nochtar ginealach, tréithe pearsanta, buanna, suíomhanna, áiteanna, greann, searbhas agus gairmeacha. Tá leasainmneacha ina n-eilimintí i 190 nó 9 % de

áitainmneacha an oileáin agus is seilbh a cuirtear in iúl in a bhformhór. Bhí gá le tuairisciú sa bhreis ar thuirisciú ginealaigh nuair a bhí an oiread sin daoine agus an sloinne céanna orthu lonnaithe b'fhéidir, in aon bhaile fearainn amháin. Bhí, mar shampla, sa bhliain 1900 deich dteaghlach den sloinne Ó Drisceoil ar an gComalán.¹³³ Ón a bhforshloinne a dheintí aithint orthu. Dheintí an forshloinne a lua le háiteanna ansan agus d'aithníte áit láithreach ar thuirisciú forshloinne nó leasainm an té arb leis an áit nó an té ba ghiorra cónaí don áit a bhí le hainmniú.

Córas Forshloinnte Chléire:

Baineadh feidhm leathan as córas forshloinnte an oileáin in ainmniú áiteanna agus is in ainmniú a chuireann seilbh in iúl is mó a gheibhtear forshloinnte. Ar na forshloinnte a mbaintear feidhm astu in áitainmneacha tá :

Na Giollaí: Tuairiscítear na Giollaí sa logainmníocht le, *Garraí Sheáin 'ac Giolla C 59* agus *Garraí Léan ní Ghiolla C 60*. Is Léan ní 'olla' a bhíonn ar bhéalaibh daoine. Bhí muintir Lughaidh leis ar dhream díobh a tháinig isteach ar an oileán go luath sa naoú aois déag ach do chailleadar a bhforshloinne ar a dteacht.

Muintir na Páirce: Is de mhuintir na Páirce Jerry Sheáin (Ó Drisceoil), Comalán agus is ar an mbaile fearainn céanna atá *Tigh Sheáin na Páirce C 236*, *Cabhlach Mhíchíl na Páirce C 135*, *Garraí Fhinín na Páirce A 91* agus *Tigh Chonchúir na Páirce CB 63*.

Muintir Chrónacháin : D'eascair forshloinnte agus ainmneacha eile i measc na gclann seo a d'fhág leithéidí 'Crónachán' agus 'Leoil' luaite le hainmneacha Drisceolach an lae inniu. "Dir" in áit "Dri", a deirtí riamh sa sloinne úd bíodh gur Drisceoil is gnáth fhoirm don scríobh, iarsma is dócha den sean leagan den sloinne, Idirseoil. Thugtaí 'Crónachán' ar chlann Dhrisceolach a tháinig isteach ar an oileán ón mórthír agus a chuir futhu sa Chomar. Baintear úsáid as 'Cronicane' mar fhorshloinne ban i measc ainmneacha máthaireacha i gClárleabhair Baistí Chléire agus ní hionadh é bheith sa logainmníocht mar sin, e.g. *Garraí Dhonncha Uí Chrónacháin C 83*, *Garraí Mhíchíl Uí Chrónacháin GO 20a* agus *Faill Dhiarmada Uí Chrónacháin BID 119c*. Níl fáil i gCléire inniu ar Chrónachán ar fhorshloinnte Drisceolach, ach tá *Timsey* Ghort na Lobhar, *Leoil* Ghort na Lobhar agus Cill Leice Fórabháin, *Curly* Ceathrúna, *Crúidín* Lios Ó Móine agus *Dónaillín* Ardghort agus Comar ar bhéal daoine i gcónaí mar chuid den chóras cur in aithne áitiúil.

Na Táilliúirí : Ghaibh an forshloinne *Táilliúir* le Drisceolaigh a bhí tráth i gCeathrúna, Ardghort agus i nGort na Lobhar agus luaitear le hainmneacha fós é sna bailte fearainn sin. e.g. *Pointe Thaidhg an Táilliúra Ca 69*, *Garraí Chonchúir an Táilliúra A 6b*, *Cabhlach Chonchúir an Táilliúra A 9* agus *Garraí Thaidhg an Táilliúra A 6b*.

Píolóit : Bhí 'Píolóit' leis luaite mar fhorshloinne Drisceolach agus ba i mbaile fearainn Ghort na Lobhar a bhí fáil orthu. Is ansin atá fáil fós ar *Gharraí Mháire Píolóit GL 26*.

Na Miocainí : Sa chaint d'athraíodh Mac Con go 'Macon', nó 'Miocan' agus bhíodh sé tráth mar ainm pearsanta i measc na nDrisceolach. Ar na 'Miocainí', bhí leithéidí 'Miocan Mór', 'Miocan Beag', 'Miocan Óg', Conchúr Mhiocain agus 'Miocan Conchúir Mhiocain' ann. Ar áitainmneacha 'Mhiocanach' tá *Cabhlach Mhiocain Flor GL 28a* nó *Tigh Ellen Mhiocain Flor GL 28c* nó *Tigh Chonchúir Miocan GL 28b* agus *Garrraí Mhiocain GL 25*.

Na Geannaigh : 'Geannaigh' a bhí ar na Conghailigh, nó 'na Connollys.' Ní fios an de bharr geancaíocht sróine nó 'camacht' éigin a bheith sa phearsantacht ag teacht dóibh go Cléire a bronnadh an forshloinne. Is uathu, pé ní é, a ainmníodh *Garraí Chonchúir Uí Fhanncach BIT 60a* nó *Garraí Chonchúir Uí Gheanncach* agus *Garraí Dhonncha Uí Fhanncach*(nó Uí Fhranncach).

Mathúnaigh Cathrach : Bhí 'Cathrach' ar chuid de mhuintir Uí Mhathúna a bhí lonnaithe i mBaile Iarthach Theas agus bhí na 'Mathúnaigh Buí' nó 'an chlann Bhuí' i gCnocán na mBáirneach. Tá muintir na 'Cathrach' luaite le *Páirc Chonchúir na Cártha GM 10* agus *Tigh Dinny na Cathrach BID 62a* agus na Mathúnaigh Buí atá i gceist san ainm *Tigh Dhónail Bhúí*.

An Chlann Muirín : Ó Muirthile ba shloinne don chlann Muirín a raibh cónaí orthu i gCnocán na mBáirneach agus in Ardghort. Luaitear an sloinne sna háitainmneacha *Tigh Phádarig Uí Mhuirthile CB 24b* agus *Síbín Mháire Ní Mhuirthile GL 33* agus an forshloinne san ainm *Tigh Mháire Sheáin Muirín (Ó Muirthile) CB 24a*.

Na Bheastanna : Bhí 'Bheast' agus 'Struma' mar fhorshloinnthe Riagánach agus thugtaí 'na Bheastanna' nó 'an Chlann Bheast' orthu. Ar na háitainmneacha atá luaite leo tá *Tigh Sheáin na Struma CTo 19a*, *Tigh Liam na Struma CC 13d*, agus *Róidín Cháit Bheist BIT 249*.

An Chlann Liath : An mhuintir liath, nó 'an Chlann Liath' a bhí ar an muintir Dhonnchadha nó Dhonnchú. Is uatha a ainmníodh *Cabhlach Mháire Léith LM 224* a sheas i Lios Ó Móine go dtí 1987.

Na Spáinnigh: Thugtaí 'na Spáinnigh' ar na Cochlánaigh sliocht Shéamais Uí Chochláin, An Spáinneach Mór, báille an tiarna talaimh. D'fhágadar a rian ar an logainmníocht bíodh gur fada ó shin ó bhí an sloinne Cochláin ar an oileán. Ar na baill atá luaite leo tá *Garraí Sheáin Spáinnigh CC19*, *Carraig Sheáin Spáinneach A 93*, *Boilg na Spáinneach C 156 a* nó *Boilg na Spáinní*, nó *Boilgín na Spáinneach*, *Garraí Dhiarmaid na Spáinneach BIT 218*, *Garraí na Spáinneach CTo 24*, *Garraí Shéamais Spáinnigh BIT 239* nó *Garraí Shéamais Spáinneach*.

Aonad ann féin a bhí sa chlann nó sa ghrúpa a mbíodh an forshloinne orthu. Bíodh go bhfuil sloinne ag cách, is annamh a baintear feidhm as ach b'fhéidir mar léiriú sa bhreis don chuairteoir nó don stróinséar nach mbeadh na forshloinnite áitiúla ar a theanga aige. Ba é an dála céanna é le muintir na Struma agus an chlann Bheist Ó Riagáin. Chuaigh an forshloinne ar aghaidh ó ghlúin go glúin fé mar a mhair traidisiún an ainmchine.¹³⁴ Is fianaise bhreise iad na logainmneacha gurbh iad na forshloinnite seachas na sloinnite a d'úsáidí sa ghnáthchaint. Feidhm phraicticiúil a bhí leo sa phobal ina mbíodh an sloinne céanna coitianta. Solathraíonn forshloinnite córas ainmnithe atá níos soiléire agus níos pearsanta ná sloinnite. Agus sin amhlaidh, ní hionadh gur baineadh an oiread sin feidhme astu sa phróiseas áitainmniúcháin ar an oileán.

Ar fud Iarthar Chorcaí deintear ainmniú ar dhaoine ó ainmneacha bailte fearainn. I gceantar Droighneach mar shampla, tá leithéid Sullivan's Killovenogue, Connolly's Garryglass agus Hegarty's Pike. Níl a leithéid sa chóras ainmniúcháin i gCléire. Dá ndéanfaí tagairt i gcómhrá tráth do Dhrisceolaigh an Chomaláin mar shampla, d'fhéadfadh aon cheann de dheich dteaghlach a bheith i gceist. In ionad an tsaghais sin ainmnithe a bhíonn in áiteanna ar an mórthír tá an forshloinne an-choitianta i gCléire, mar shampla Na Táilliúirí nó Na Bheastanna, nó an t-ainmniú ó áiteanna atá níos cruinne ná an baile fearainn, e.g. Pádraig na Croise agus Joe Cuais. Tá ainmneacha pearsanta luaite anseo le mír den tírdhreach cultúrtha agus le mír den tírdhreach aiceanta.

Ní bhaintí feidhm go hiondúil i gCléire as an téarma 'mac' in ainmneacha daoine. Sa chaint deirtí 'ac', ciorrú atá le fáil san ainm Conchúr ac Éireamhóin agus sna háitainmneacha *Uaigh Chonchúir ac Éireamhóin BIT 12*, *Tigh Chonchúir 'ac Éireamhóin C 168*, *Ceárta Liam ac Thaidhg CB 48* agus *Garraí Sheáin 'ic Giolla A 52*. Tá, áfach, *Garraí Fhinín Mhic Shéamais C 46b* agus *Goirtín Chon Mhic Shéamais* nó *Goirtín Phádraig Chon Mhic Shéamais C 93b* ann.

Leasainmneacha

I ngach pobal bronntar leasainmneacha ar dhaoine agus téann a lán díobh i bhfeidhm go nádúrtha ar an bpróiseas áitainmniúcháin. Is féidir áitainmneacha a bhfuil feidhm bainte as leasainmneacha iontu a chur i ngrúpaí éagsúla. Tá, mar shampla, leasainmneacha bunaithe ar charactair nó aoibh daoine.¹³⁵ Bíonn leasainmneacha eile bunaithe ar ainmneacha pearsanta tuismitheoirí nó áit chónaithe daoine. Anuas ar sin bíonn leasainmneacha bunaithe ar ghairmeacha nó ceardanna. Tá mórán áitainmneacha ar Oileán Mhanainn¹³⁶ mar shampla, ar nós Chléire féin, ina bhfuil fáil ar leasainmneacha ó ainm athar nó máthar. Bhíodh córas an ainmchine agus forshloinnite an-choitianta tráth in Éirinn¹³⁷ agus bhíodh daoine laistigh den ghrúpa-

clainne a mbíodh a leasainmneacha féin orthu chomh maith, ainmneacha a gheibhtear fós luaite in áitainmneacha.

Is é atá sa leasainm ná tuairisciú nó breith poiblí ainmneora i leith daoine a chónaíonn in áit. Spreagann tréithe pearsanta a lán den ainmniú seo. Baintear úsáid leis, as dathanna i dtuairisciú leasainmneacha in áitainmneacha.¹³⁸ Buanna daoine a spreag ainmniú ar *Tigh Mal na nAmhrán LM 120b* agus *Tigh Pat the Poet GM 18b*. Deineann mórán den áitainmniú leasainmneach seo atá bunaithe ar thréithe daoine seilbh a chur in iúl, agus is aithint ar áit a deintear tré thuairisciú a dhéanamh ar leasainm shealbhóra na háite.

Dheintí ainmniú ar áiteanna ó leasainmneacha a bhfuil cuma ainmneacha ceana orthu chomh maith. Tá, i gCléire, meascán ainmneacha ceana ban ar nós *Tigh Nóiní LM 25a*, *Tigh Cháit Carey (2) LM 36b*, *Tigh May BIT 265b*, agus i measc na bhfear tá leithéid *Tigh Mhiciló (Ó Céadagáin) BIT 275*, *Tigh Hernie CB 72c*, *Tigh Eointí CLF 55*, *Garraí Dhearbaí C 114*. Tuairisciú ginealaigh a bhíonn in ainmneacha eile ina luaitear ainm ceana athair an té ag a raibh seilbh ar an áit atá luaite san áitainm e.g. *Tigh Shéamaí Shéamais (Ó Drisceoil) C 142b*, *Tigh Thaidhgín Taidhgín (Ó Drisceoil) Ca 30*. Tá mórán den ainmniú seo i mBéarla. e.g. *Tigh Pat Tammy (Ó Lionáin) LM 222a*, *Tigh Johnny Phaddy (Ó Drisceoil) C 141a* agus is meascán atá i gcuid eile de. e.g. *Tigh Dinny Shéamais C 142a* agus *Tigh Jerry Sheáin C 140*. Ainmniú ar áiteanna trí thuairisciú ginealaigh trí mhéan na leasainmníochta atá san áitainmniú seo. 'Nicknames are neither coined nor used by the indifferent', a deir Duckert, 'whether they are affectionate or derogatory or merely convenient, their making and application speak involvement. Those who do not care do not bother.'¹³⁹

Tá ainmniú leasainmneach ó ainmneacha ainmhithe agus ainmneacha éan coitianta.¹⁴⁰ Léiriú ar phearsantacht duine atá i gceist san áitainmniú *Tigh Thaidhg an Mhadra CLF 3c*.¹⁴¹ Tá an t-ainm Cors. Driscoll (Cuckoo) luaite i gClárleabhar Baistí Chléire agus is dóichí gur ionann an Conchúr seo agus an té atá luaite san áitainm *Dreapa Chonchúir na Cuaiche C 239*.¹⁴² Tharlódh gur imeacht a bhain leis an gcuach a spreag an leasainm Conchúr na Cuaiche ar dtús. Ó phearsantacht Phádraig Mhic Coitir a deineadh ainmniú ar *Thigh Pad the Lad GM 18c*.


Leasainm ar Churtánach atá i gceist san ainm *Dreapa Phaidhc C 236* nó Phyke. Ó leasainm máthar a ainmníodh *Tigh Sheáin Elico (Ó Drisceoil) C 137b*. Gaelic Mahony a tugtaí ar Mhathúnach a d'oibrigh tráth le muintir Chonghailigh i Lios Ó Móine agus is uaidh a ainmníodh *Páirc Gaelic LM 139*. Deintear ainmniú ar áit amháin tré shloinne a úsáid i bhfoirm leasainm d'fhonn seilbh a chur in iúl san áitainmniú. Is ón dealramh, mar shampla a bhí ag Crochúr Ó Drisceoil, Cnocán na mBáirmeach le fear den sloinne 'Gaffney' a baisteadh Crúidín Gafney' air agus is ón ainmniú seo a fhaightear *Tigh Crúidín Gaffney CB 62* sa logainmníocht áitiúil.¹⁴³

Leasainm atá sa téarma 'Rí' a luaitear le clann Drisceoil ar an gComalán mar atá *Tigh Mhíchíl Rí C 252*. Bhí rí i gCléire tráth ach ní dá shliocht an chlann a bhfuil an t-ainm luaite anois leo.¹⁴⁴ Ag scríobh ar '*Place Nicknames*', deir Audrey R. Duckert, 'While perhaps not strictly eligible for the status of nicknames, there are those forms current within a community which outsiders are not expected to know - or to use if they do.'¹⁴⁵ Is é seo an dála leis an dá ainm *Tigh Pat the Glebe BIT 285a* agus *Tigh Mhíchíl Rí C 252*. Chuaigh leasainmneacha daoine ar aghaidh ó ghlúin go glúin. I measc Riagánaigh Chnocán an Choimhthígh mar shampla, bhí Liam Rua agus ar a mhac bhí Seán Rua a luaitear sna hainmneacha *Cé Sheáin Rua CC 45a* agus *Tigh Sheáin Rua CC 13b*.

An t-oileánach atá fós i dtiún lena thimpeallacht, feiceann sé breactha sa tírdhreach áitiúil, saol agus scéal beatha a mhuintire. Tá ainmneacha pearsanta agus leasainmneacha athaireacha, máthaireacha, seanathaireacha agus a sinsear rompu faoi bhuanghlas sna céadta mionáitainmneacha. Is éifeachtach iad mar sin, forshloinnte agus leasainmneacha Chléire mar chuid de chóras logainmníochta atá pearsanta beacht agus an-oiriúnach don saol ina raibh daoine fite fuaite le chéile agus lena dtimpeallacht.

Tá córas na bhforshloinnte agus na leasainmníochta i réim i bpobail bheaga ar fud an domhain. Tá, mar shampla, i sráidbhaile Hal-Farrug Mhalta 244 sealbhóirí tithe ar a bhfuil 59 sloinne éagsúil ach go bhfuil an sloinne Farrugia luaite le 55 ainm díobh a fhágfadh meascán mearraí ar dhuine murach an córas leasainmníochta a dheineann scagadh agus ainmniú beacht orthu.¹⁴⁶ I gCléire athraíonn córas na bhforshloinnte isteach i gcóras an áitainmniúcháin gan stró. Is fíor faoin Chléireach a dúirt Strehlow faoin dearcadh a bhí ag treibh Aranda na hAstráile i leith a n-áite dhúchais, 'The whole countryside is his living, age-old family tree.'¹⁴⁷

7 Ainmniú ó Ghníomhaíochtaí Éagsúla



Gníomhaíochtaí

Talmhaíocht	39
Iascaireacht	16
Eile	30
<i>Iomlán</i>	<i>85</i>

Tá ainmneacha eile ann nach dtugann tuairisc ar thírghnéithe ná gnéithe den tírdhreach cultúrtha, ach a thuiriscíonn gaol idir áit agus ghníomhaíocht éigin a bhaineann le daoine nó le hainmhithe. Áirítear ainmneacha a dheineann aithint ar ghníomhaíochtaí talmhaíochta, gníomhaíochtaí iascaireachta agus meascán de ghníomhaíochtaí eile orthu san. Dhealródh sé go raibh baint ag ghníomhaíochtaí éagsúla le bronnadh 85 nó 4% de áitainmneacha an oileáin.

Ainmniú ó Ghníomhaíochtaí Talmhaíochta

Tá tuairisciú ar ghníomhaíochtaí talmhaíochta ar nós beathú ainmhithe agus curadóireacht le sonrú sna h-áitainmneacha. Tagraíonn 39 des na h-áitainmneacha do ghníomhaíocht éigin talmhaíochta.

Saothrú an Talaimh: Ar na ghníomhaíochtaí talmhaíochta a luaitear nó atá le tuiscint ó na h-áitainmneacha tá grafáil, treabhadh, draenáil, tógáil cruacha, portú lín agus leasú an talaimh.

Gléasanna feirme: Cuireann an áitainm *Gort an Ghrafaidh A 40* córas saothraithe an talaimh in iúl. Tuairiscítear sna háitainmneacha *An Grafa (3) LM 154, An Graifín (4) LM 125, Na Graifíní (2) Ca 39, Ca 78*, gur le grafán, gléas bainte barrfhód an talaimh a dheintí an saothrú.¹⁴⁸ Obair dhian a bhí sa ghráfáil agus ní hionadh go mbronnfaí ainm ar nós *Gort na Cráite Ca 37* ar áit a mbeadh dua dá leithéid i gceist ina saothrú. Le himeacht aimsire do leagadh na grafáin ar leataoibh agus do chuathas i muinín na ramhainne. Tá rian ceártan i *nGarraí na Ceártain CB 37* i gCnocán na mBáirneach agus clú uirthi gurb le Liam ac Thaidhg í. Ba é an gabha a dhéanadh an gráfán agus an rámhann. Ar an rámhainn bhí slineán láidir agus barra caol chun báin do bhaint agus barra leathan chun na prátaí do bhaint. Chaitheadh fear na rámhainne díriú ar an mbán a rómhar go luath san athbhliain. Tuairiscíodh i 1837 'The soil is shallow and would be unproductive, but for a careful system of cultivation, entirely performed by the women, and usually with the spade.'¹⁴⁹ Ba mhór an obair d'éinne leathacra, nó trí ceathrúna báin a iompáil lena rámhainn agus bíodh go bhfuil rian na rámhainne le feiscinct in iomairí i *nGarraí Dhonncha Uí Chrónacháin C 83* sa bhFuthar agus ar *Bhán an Chuais Leithin C 18* agus ar *Bhán Leicín C 207* níl a tuairisc le fáil in áitainm ar bith murab ionann agus an gráfán agus an corrán.

Páirceanna a bhféadfaí cuma chorráin bainte a shamhlú leo atá sa *Chorrán Thoir Ca 9* agus *Corrán Thiar Ca 10* agus is dóichí gur uaidh sin a ainmníodh. Is díol suime a bhfuil le rá ag John Field faoin a leithéid de ainmniú i Sasana:

The shape of tools and farming implements also provide a source of field-names. Chopping Knife occurs in Brighton...The Hook (s) is found in numerous places, often referring to curved meadow land adjoining a winding stream....Names like Crook Croft also designate curving riverside fields. The primary sense appears to be the recurved shape of a pot-hook or a shepherd's staff.¹⁵⁰

Tharlódh, áfach, gur ó oibriú an chorráin sa dá pháirc ar a dtugtar *An Corrán* i gCléire seachas ó chuma na bpáirceanna a deineadh an t-ainmniú. Is chun cruithneacht, drisleacha agus 7rl. a bhaint a bhí an corrán bainte nó an corrán saothair.¹⁵¹ Rinn talaimh atá sa *Chorrán GO 5* ar féidir cuma chorráin bainte a shamhlú léi chomh maith. Is uaidh a ainmníodh *Carraig an Chorráin GO 6*.¹⁵² Is ar éigean a bheadh tigh gan corrán agus ba leis a dheintí féar, cruithneacht, aiteann agus fásraí eile a bhaint. Ní hionadh mar sin go mbeadh déanamh nó oibriú an chorráin ina spreagadh do áitainmniú.

Is é *Goirtín na gCéacht GL 40* an t-aon tagairt don chéacht atá i logainmníocht an oiléain. Bíodh go raibh cáil ar Phádraig Ó Dálaigh, an Comar mar fhear déanta céachta¹⁵³ ní raibh céacht ná capall ann lasmuigh de thriúir nó ceathrar, agus ba ghearr le dul ar an gcuid eile den oileán an méid sin'.¹⁵⁴ Ó ghníomhaíocht

treafa a deineadh an tainmniú sa dá ainm *An Chaológ C 37* agus *Na Caológa GO 38-39*. 'Ní treabhthaí go caolfhód cam', a bhíodh ina nath.¹⁵⁵

Draenáil : Tuairiscíonn an t-ainm *Gort an Draenála C 163* cóiriú agus feabhsú a deineadh ar áit fé leith ar ghabháltas an té ar leis an gort áirithe seo. Tá baill leis ann, a raibh clais nádúrtha gearrtha iontu agus áiteanna eile mar deineadh claiseanna a ghearradh le haghaidh draeneála.¹⁵⁶ Luífeadh sé le ciall go ndéanfaí aithint agus ainmniú ar fheabhsaithe dá sórt. Orthu san tá leithéidí *Gort na Claise C 171* agus *An Draein Mhóir LM 206*. Fiú, mhair ainmneacha an té a thóg nó a dhein maoirseoireacht ar chuid des na scéimeanna taosctha seo, e.g. *Draenáil Dhiarmada Mhóir C 269* agus *Draenáil Dhiarmada Bháin C138*.¹⁵⁷ Is ón ngníomhaíocht ghlanta cloch de ghoirt agus á gcur i gcairn a deineadh ainmniú ar *Ghort na gCairn BIT 207*

Ar na háiteanna ina mbíodh an barra lín ag fás i gCléire bhí *Garraí an Lín BIT 227, GO 57*, agus tuairiscíonn *Loch an Lín C 161* agus *Tráigín an Líont CB 5* áiteanna ina ndeintí portú ar líon. Bhaintí úsáid leis as *Tobar an Lín LM 204* agus srutháin ar an oileán don ghnó céanna. Áit ghlactha sosa ón dianobair a bhain le portú lín ba ea *An Lín Suíocháin Cn 32*. Is léir ó na hainmneacha seo go raibh tábhacht le saothrú lín i saol an oileáin tráth.¹⁵⁸

Leasú an Talaimh: Gheibhtí mórán de dhua na bprátaí a leasú san earrach mar gur beag leasú sciobóil a bhí le fáil a chuirfí ar gharraí. Bhíodh daoine ag faire ar an dtaoide mhór mar sin chun an lóigh nó an fheamainn a bhaint.¹⁵⁹ Ba mhaith mar áiteanna chun lóigh iad *Poillín an Lóigh CB 2* agus *Boilg na Feamanaí BIT 70*. Bhí tábhacht leis, le gaineamh i leasú an talaimh agus ainmníodh áiteanna mar *Ghoirtín an Ghainimh BIT 168b* ina raibh fáil ar a leithéid. Tugann an t-ainmniú a deineadh ar *Ghoirtín an Luaithrigh LM 69* léargas ar ghníomhaíocht eile a bhain le leasú an talaimh. Dheintí lóch a thirimiú agus a dhó i dteannta drisleacha agus fiailí eile agus scaiptí an luaithreach ar an talamh. Bhí tábhacht nár bheag le luaithreach agus gaineamh mar sin i gcóras saothrú an talaimh i gCléire agus is ainmniú feidhmiúil a deineadh ar na háiteanna a bhfuil na téarmaí gaineamh agus luaithreach luaite iontu.

Ba ó ghníomhaíocht déanamh na cruaiche¹⁶⁰ a ainmníodh *Gort na gCruach C 233a, Gort na gCruach Thoir C 234, Gort na gCruach Thiar C 234, Páirc na Cruacha LM 22, Páirc na Cruaiche Ca 24* agus *Reek Garden BIT 229*. Ní raibh iothala ag gabháil le saol Chléire¹⁶¹ agus ba le hais an tí a tógtaí an chruach féir nó an chruach tuí de ghnáth. B'shin mar a bhí i gcás an ainmnithe a deineadh ar *Gharraí na Cruaiche CLF 4a*. Ba cheárdaí ann féin fear na cruaiche do dhéanamh. Bhíodh daoine níos fearr ná a chéile chun an ghnótha agus iad mórálach dá réir as múnú agus triopallacht a gceirde.

Nádúr na hIthreach: Bhí nádúr na hithreach in áiteanna ina spreagadh do go leor den áitainmniú a deineadh. An bhuneilimint a sholathraíonn an t-eolas dúinn

uaireannta in ainmniú mar *An Chluainé* nó *An Bán*, ach bítear ag brath ar an eilimint thánaisteach chun teacht ar an bhfianaise faoi chaighdeán na hithreach in áit mar *Garraí an Chlóbhair GL 19*. *Bán* a bhíonn ar thalamh féaraigh, téarma a gheibhtear luaite i 13 áitainm. Tá, áfach, *Garraí na nGearb C 25* agus *Gort na Raithiní GL 6a* a thuairiscíonn talamh ar a mhalairt de chaighdeán b'fhéidir. Ar nós *Currach an Fhéir Tirim GO 43* bheadh áfach tairbhe éigin don duine i ngach garraí acu. Is talamh gan mórán tairbhe a bheadh san áit a bheadh móinteach mar *Gort na Móna (4)* agus ní gheibhtear móin le haghaidh tine teaghlaigh in aon áit a bhfuil fáil ar an ainm seo i gCléire. Truailliú ar an bhfocal 'móintín', is dócha atá san ainmniú *Máintí na gCoinín* agus *Máintí na bhFuineall*?

Is beag tairbhe ach oiread a bhí sa ghort raithiní i mbeathú ainmhithe, ach bhí feidhm agus, mar sin, tábhacht lena leithéid ar ghabháltas mar ba ansin a bhaintí drisleacha agus Aiteann Fhrancach a chuirte faoin gcruach féir mar bhonn. Chuirte aiteann leis, isteach faoi na beithígh mar easair . 'Raithneach agus céad fás fiaile eile ab ábhar comhachta agus teasa na ndaoine sular tháinig an gás agus an aibhléis.'¹⁶² Bhí feidhm ábhar tine leis, ag raithneach¹⁶³ agus ní iontas ar bith é *Gort na Raithiní GL 6a*, *Gort na Raithiní Thoir GL 6b* agus *Gort na Raithiní Thiar GL 7* a bheith mar chuid den logainmníocht áitiúil.

Ainmniú ó Gníomhaíochtaí Iascaireachta

Ní dócha go raibh gníomhaíochtaí ar bith eile i saol an duine i gCléire chomh tábhachtach leo san a bhain le saol an iascaire. Lucht farraige go bunúsach ba ea muintir Chléire agus ba 'amadán na mbád' acu an té nár ghráigh an fharraige. Charles Davis, Sagart Paróiste an oileáin (1879-'92), a dúirt faoi iascairí Chléire: 'Every adult who can grasp an oar or line is a fisherman.'¹⁶⁴ Ba de riachtanas na beatha é bheith eolach ar gach a bhain le cúrsaí farraige, iascaireachta agus bád. Bhí bia is saibhreas sa bhfarraige.

Spreag buntáistí áiteanna ó thaobh na hiascaireachta de, mórán den ainmniú. Tuairiscítear sna hainmneacha, mar shampla, na baill a b'fhearr iascaireachta ar chósta an oileáin agus ar farraige. Luaitear ainmneacha iasc a bhí le fáil in áiteanna faoi leith in uiscí Chléire. Níl ach dornán beag áitainmneacha, áfach, a d'eascair as gníomhaíochtaí a bhain go díreach le cúrsaí iascaireachta agus bád. Ortha tá *Com an Bháid LM 137*, *Clais na mBád BID 21*, *Cuas an Bháid (2) C 197*, *Garraí na Jibe C 176*, *Leaba Bhád an Phoist BIT 6*, *Boat House BIT 59*, *Tithe na nIascairí BIT 86b* agus *Páláis Cn 10*, agus *The Palace BID 23b*. Is ait nach bhfuil níos mó ná 16 nó 0.8% de áitainmneacha an oileáin ag tagairt do gníomhaíochtaí iascaireachta agus bád. Deineann roinnt eile ainmneacha tagairt indíreach, áfach do imeachtaí a bhaineann le hiascaireacht .

Leasú Éisc: Don té nach raibh beart aige ar bhád nó don té ar mhian leis teacht i dtír ar shaibhreas na farraige ar chósta Chléire féin, bhí mion chur amach ar na baill iascaireacht slaithe a b'fhearr ar an oileán riachtanach. Ní hionadh go dtabharfaí ainmneacha mar *Bullán na nDeargán*, *Cuas an Éisc*, *Carraig an Éisc* nó *Poll na Bhreacaire* ar áiteanna ar chósta an oileáin in a raibh raidhsiúlacht éisc. Is le gníomhaíochtaí a bhain le leasú éisc áfach a bhaineann ainmneacha mar Charraig an Éisc i gCrathach Thoir (CTo 2) ar a deintí éisc a chur ag tirimiú. Is dóichí leis gur ó nós leasaithe deargán agus séirdíní á gcur dá dtirimiú a d'eascair an dá áitainm *Garraí na nDeargán BIT 98* agus *Goirtín na Séirdíní BID 83*. 'Nach cumhra go deo', adeir Donnchadh Shéamais Ó Drisceoil, 'an boladh a bhíodh ón ndeargán leasaithe agus é á chnuasacht ón gclaí, buí ón ngréin. Meascán de bholadh na sáile, na gaoithe, agus na gréine agus an éisc féin.'¹⁶⁵ Láithreacha leasaithe éisc, go háirithe séirdíní a bhí sna Páláis ar a dtugtar *The Palace BID 23b* nó *Páláis Cn 10* i gCléire agus is dócha gur tuairisciú ar láthair ceann eile díobh atá san ainm *Cnocán na Pailíseach BID 9a* nó *Cnocán na Polúiseach. BID 9b.*

Báid : Bhí gá le tógáil agus deisiú bád ar oileán agus ba den riachtanas é go mbeadh baill ina mbeadh na báid chéanna slán ó bhaol gála is tarrach taoide. Bheifí ag súil mar sin go mbronnfaí ainm ar áit ina mbeadh áiseanna agus buntáistí dá leithéid ar fáil don iascaire. Is ó ghníomhaíochtaí a bhain le tógáil bád mar shampla, a ainmníodh *Com an Bháid* agus *Clais na mBád*.¹⁶⁶ Ar an lámh eile dhe, áit ar leith nár ghéaráid a bhí feistithe ann a tharrach i gcaitheamh an tSamhraidh ba ea *Cuas an Bháid*. Ba den riachtanas cur amach a bheith ag an oileánach ar na háiseanna agus na háiteanna ina bhféadfaí cúram a dhéanamh de bhád ó cheann ceann na bliana .

Jib báid a bheith fágtha i leataoibh i ngarraí ar feadh i bhfad a spreag an t-ainmniú a deineadh ar *Gharraí na Jibe C 176*.¹⁶⁷ Ainmniú ón dealramh a samhlaíodh a bhí ag carraig mara le tón báid atá san ainm *Tón Luing Bheag BIT 274*¹⁶⁸ agus is dóichí gur ainmniú ó imeacht éigin é *Faill na Téide BIT 132*¹⁶⁹ toisc rópa a síneadh ón bhfaill seo chun farraige le linn tarthála am éigin. Ainmniú ó ghníomhú báid de chuid an tiarna talaimh sa naoú aois déag a bhí sa *Boat House BIT 59* agus tuairisciú ar ghníomhú bád Poist agus bád farantóireachta an oileáin sna blianta 1932-58 atá i *Leaba Bhád an Phoist BIT 6*. Iascairí ba ea formhór na bhfear a chónaigh sa tsraith tithe beaga ar a dtugtaí *Tithe na nIascairí BIT 68b* sa *Lána BIT 86a* , mar nach raibh talamh ar bith ag gabháil le haon tigh acu. Bheifí ag súil b'fhéidir go mbeadh níos mó tagairtí ar oileán do ghníomhaíochtaí iascaireachta sna hainmneacha ná mar atá léirithe anso.

Ainmniú ó Ghníomhaíochtaí Eile

Baineann dornán áitainmneacha an oileáin le gníomhaíochtaí eile seachas saothrú an talaimh agus cúrsaí iascaireachta. Is ó ghníomhaíochtaí a bhain le hobair na mbeach a ainmníodh *Gort Talmhóga GO 28* agus *Gort na mBeachlann GO 49*.

Oibriú Choiréil: Deintear tuairisciú agus ainmniú ar áiteanna faoi leith a raibh fáil ar bhun ábhair riachtanach iontu le haghaidh tógáil tithe agus cuanta. Deineadh coiréil mar an *Quarry Field* a oibriú le haghaidh leacacha, slinn agus clocha tógála. Bhí coiréil ar an gComalán, in Ardghort, i gCnocán na mBáirneach, i gCrathach Thiar, i Lios Ó Móine, i mBaile Iarthach Thuaidh agus sa Ghleann Oirtheach. Sa bhliain 1810 tuairiscíodh 'This island abounds with excellent but useless quarries of building stone, and fine dark coloured flags.-These are sometimes taken to Cork as ballast, and sold there.'¹⁷⁰ Tá cúig áit ar an oileán a bhfuil *An Coiréal* bronnta mar ainm orthu.

Bhí fáil ar leacacha breátha, ag *Trá Leagaigh BIT 30* agus is dócha gurb iad atá faoi chaibidil sa tuairisc seo ón mbliain 1844:

Much of the substructure of the island consists of an excellent white sandstone, resembling Portland stone; and part consists of a black laminated stone, suitable for flags and hearthstones, and long ago quarried as an article of export to Cork.¹⁷¹

Trá Leagaigh a sholáthraigh na leacacha a chuaigh isteach i dtógáil an chuain ag *Trá Chiaráin* 1904-05. Bhaintí slinn ag *Faill na Binne CC 25, LM 127* tráth. Iarrachtaí neamhthorthúla ar mhianadóireacht chopair sa Ghleann a spreag an t-ainmniú *The Mine CTi 32b*. Ainmniú ón bhfeidhm slándála a bhain le taisceadán a tógadh do ábhar pléascáin cois *Chuain Trá Chiaráin* thart ar 1903 atá san ainm *Bosca an Phúdair BIT 13a*. Ní beag mar sin an rian a d'fhág gníomhaíochtaí an chróbhuí agus cúrsaí mianadóireachta ar logainmníocht Chléire.

An Mhuileoireacht : *Sruth an Mhuilinnín LM 34* a dhéanadh na bróinte móra cloiche sa *Mhuileainín* a chasadh chun arbhar a mheilt tráth muileoireacht do dhéanamh ar an oileán.

Bhain go leor gníomhaíochtaí eile le soláthar riachtanaisí na beatha ar oileán mara. Ar chuid bheag díobh bhí díonú tithe, cur ar fáil solais, déanamh ciseán den uile shórt agus soláthar ábhair tine. Mhair an t-éileamh ar ábhar chun na gníomhartha sin a chur i gerích mar mhair na gníomhaíochtaí féin mar chuid den saol laethúil go dtí le fiordhéanaí ar an oileán. Ba é an riachtanas faoi deara bronnadh mórchuid áitainmneacha agus ba é sin chomh maith a chaomhnaigh iad chomh fada sin i gCléire.



An smugailéireacht : *An Coastguard Station GM 4c* a bhí tráth ar *Bhrú An Óige GM 4a*. Gníomhú smugailéirí ar an gcósta theas san ochtú agus san naoú aois

déag a spreag bunú *Coastguard Station* i gCléire mar a raibh sa bhliain 1823 'a crew of about twenty sailors with their families, who are stationed here to put a stop to smuggling on the coast.'¹⁷² Ní raibh an *Coastguard Station* ag feidhmiú a thuilleadh áfach faoin mbliain 1844 nuair a tuairiscíodh faoi phobal an oileáin 'They have frequent opportunities of a little traffic with homeward bound vessels.'¹⁷³ Tharlódh gur imeacht nó imeachtaí a bhain le gnó na smugailéireachta a spreag an t-ainmniú *Licín an Bhranda BIT 145*. Dhealródh sé gur ainmniú ar áit le haghaidh cur i dtaisce ábhar ar nós tobac a fuarthas go mídhleathach atá san ainm *An Poll Tobac Ca 48* i gCeathrúna.

Ós na háitainmneacha seo is féidir blaiseadh de dhúailcí na n-oileánach agus gníomhú oifigiúil an dlí. Ag tagairt do dhúailcí oileánach sa bhliain 1844 deir an *Parliamentary Gazetteer* 'Their prevailing vices are drunkenness', agus 'excessive appetite for tobacco',¹⁷⁴ dúil nár mhaolaigh puinn, is cosúil, faoi 1875 nuair a tuairiscítear 'brandy drinking is their only debauch.'¹⁷⁵ Ainmniú a dheineann ceiliúradh ar an gcéad iarracht ar phoitín a chur dá dhéanamh i gCléire sna daichidí atá san áitainm *Páirc an Phoitín A 97* ar an Ardhort. Gnó na smugailéireachta, déanamh poitín agus córas cur i bhfeidhm an dlí a dhein spreagadh is cosúil ar na háitainmneacha ceiliúrtha thuas.

8 An Dúlra sa Logainmníocht

Bhí gnéithe éagsúla den dúlra ina spreagadh i logainmníocht Chléire. Tá fáil ar ainmneacha a bhfuil an aeráid, ainmhithe, plandaí, éin, éisc agus mionmhíolta luaite iontu.



An Dúlra

Aeráid	20
Plandaí Fiaine	66
Barraí	31
Ainmhithe Fiaine & Ainmhithe Farraige	19
Beostoic	48
Éin	27
Éisc	16
Mionmhíolta	4
<i>Iomlán</i>	<u>231</u>

Tuairisciú ar an aeráid sa logainmníocht

Ina gcónaí dóibh ar oileán ach go háirithe, is dóichí nach raibh aon rud go raibh daoine chomh gearánach san air ná an aimsir.¹⁷⁶ Ón uair nach raibh lá i saol Chléire nach rabhthas ag brath ar an aimsir¹⁷⁷ bheifí ag súil go spreagfadh aeráid oileánda roinnt mhaith den áitainmniú. Ní hamhlaidh, atá áfach. Tá an comhaireamh beag le 20 nó .9% de ainmneacha agus an réimse téarmaí tuairisciúla a úsáidtear an-tearc. *Grian* agus *sun*, *gaoth* agus *windy*, *scamall*, *scáth* agus *samhradh* na heilimintí a úsáidtear san ainmniú agus is le gnéithe den tírdhreach cultúrtha is mó a bhíonn siad luaite.

Thagadh an gála a leagadh an clái, a bhogadh an bhéillic ón bhfaill, a réabadh an cuas, a ardódh díon agus a shéideadh salann sáile ar fud an oileáin ag scrios agus ag deargadh gach fásra. Ba é an gála céanna a thabharfadh ar thránna an oileáin, an lóch a bhí riachtanach do leasú an talaimh. Bhí gach ar bhain le saothrú an talaimh agus baint fómhar na farraige ag brath ar an aimsir.

Grianmhaireacht áiteanna faoi leith a spreag, is cosúil, an t-ainmniú atá tuairiscithe sa trí sampla de *Gharraí na Gréine C 85, BIT 206* atá le fáil in áitainmneacha an oileáin. Tá idir eirí agus luí gréine luaite i leith áiteanna ach ní tuairisciú ar aeráid atá faoi chaibidil iontu áfach. Níl san ainm *Éirí na Gréine CLF 20a* ach Gaelú ar *The Rising Sun*, ainm a bhí ar shíbin le Ciarán Ó Síocháin.¹⁷⁸ Ba i gcomhthéacs suímh an tsíbin chéanna a deineadh *Luí na Gréine LM 169b* a thabhairt le gairid ar *Thigh Uí Shúilleabháin LM 169a* atá suite i Lios Ó Móine. Bíodh gur áit ghrianmhar é *An Lána BIT 86a* um mhéan lae, is ainmniú searbhasach é *Sunbeam Row BIT 86c* toisc éileamh a bheith anois ag turasóirí ar na tithe beaga sa *Lána* ar a dtugtar *Tithe na nIascairí BIT 86b* chomh maith. Is é is dóichí go n-eascaíonn an t-ainm *An Teampall Gréine GL 22b* as ceangal éigin in aigne daoine idir lios ar an láthair agus adhradh na gréine. *The Sun Dial GO 71* atá ar ardán beag talaimh laistigh den bhfalla a thimpeallaíonn an *Tigh Solais* agus ar ar sheas tráth, gléas le haghaidh airde na gréine a thomhas.

Ainmniú ón dtionchar a bhíonn ag séideadh na gaoithe ar an nduine atá sna háitainmneacha *Bearna na Gaoithe LM 189, Bollán na Gaoithe Ca 68* agus *Windy Stile LM 190*. Bhraith saol an iascaire agus saol an oileánaigh riamh ar an ngaoth. Ní raibh gléas faisnéise acu a léireódh dóibh cad as a dtiocfadh an ghaoth ar uair ar bith.

Chaití imeacht na scamall d'fhaire de shíor agus an ghrian ag eirí ar maidin agus ag dul faoi tráthnóna. D'fhás go leor ráitis fhaisnéise ag baint leis an aimsir. 'Cosa ón ngréin ar maidin níor thaitin riamh le fear farraige', a bhí ina ráiteas acu i gCléire.¹⁷⁹ Tuairisciú ar an dreach áirithe a chuireann an aimsir ar áiteanna áirithe is bunús, is dócha, leis an dá ainm *Goirtín na Scáth CC 40* agus *Gort an Scamail A 24*.

Cuan Samhraidh GM 1c a thugtaí ar Chuan Inbhir mar go mbíodh go leor bád iascaireachta de chuid an oileáin feistithe i gcaitheamh an tsamhraidh ann. Go ginearálta in Éirinn, is annamh tagairt don aimsir i logainmneacha. Is dócha nár measadh go raibh aimsir bainteach le háiteanna ar leith, ach amháin i gcásanna áirithe - mar tá an aimsir cosúil leis an am, ag síor-athrú, seachas mar spás.

Ainmneacha plandaí sa logainmníocht

Fásra fiáin: Deintear tuairisciú ar fhásra éagsúl tíre is farraige in ainmniú 66 de áitainmneacha Chléire. Trí cinn de ainmneacha crann atá le fáil i logainmníocht an oileáin, an droighean, an troim agus 'ash'; *An Droighean LM 64-65, Carraig an Droighin C 265* agus *Cnocán Droighin C 177b*, *Garraí an Troim Ca 40* agus *Ash Garden GO 22*. Ainmníodh áiteanna ón bhfásra a bhí le fáil iontu. Ar an bhfásra fiáin a luaitear baintear feidhm as 20 téarma éagsúil; *eidhneáin bhuí, ivy, liodán, cupóg, dandelion, feochadán, neataí* (i.e. neantóga), *seamróg, féachán nó fraochán*,¹⁸⁰ *clóbhair, biorraí, biríneach, tuigí*¹⁸¹, *geatairí, fionnán, fraoch bán, raihneach*,¹⁸² *aiteann* agus *furze*. Bhíodh úsáid eacnamaíoch le cuid mhór des na plandaí seo, ní amháin i gCléire, ach ar fud Éireann agus Sasana. Téarma an-choitianta i logainmníocht na hÉireann é *aiteann* agus tá an leagan Béarla *furze* ¹⁸³ an-choitianta mar eilimint in áitainmneacha Shasana.¹⁸⁴ Spreag raidhisiúlacht aithinn ar an oileán roinnt ainmniúcháin. Tá fáil ar fiche sampla de *Gharraí an Aitinn* i dteannta *Furze Bank CB 67* agus *Furze Garden BIT 236b*. Tá fáil ar *Ghort na Raithiní GL 6a* faoi thrí, *Gort na bhFeochadán BID 49*, *Garraí na dTuigí GL 13, LM 92* agus *Páircín an Fhraoigh BIT 185-186* faoi dhó.

Ábhar riachtanach le haghaidh díonú tithe ba ea fionnán agus an birín chomh maith. Deineadh ainmniú ar na baill mar a raibh fáil ar a leithéid, mar atá *Páirc an Fhionnáin Bhuí C 77b*, *Port na Biorraí CB 14*, *Loch na Biorraí BT 18*, *An Bhiríneach C 71*, agus *Tobar an Bhirínigh C 72*. Bhí tithe ann a raibh seisc nó geatairí mar dhíon orthu¹⁸⁵ agus ba chuí *Páirc na nGeatairí LM 207* a thabhairt ar an áit a raibh fáil ar a leithéid, ach tuí nó bearrach a bhí mar chlúdach ar a bhformhór.

Is dócha gurb ó lus deilgneach an liodán¹⁸⁶ a ainmníodh *Gort an Liodáin A 53*. Bhaintí feidhm tráth as mionbhláthanna liathchorcra an liodáin i maisiú éadaigh. Ní raibh *Páirc na Neataí BIT 97* gan a húsáid leis.

Chreid go leor daoine gur mallacht iad na neantóga agus ná rabhadar ag fás in aon áit ach in áit éigin go raibh mallacht nó scamall éigin air... An té go raibh cúpla muc le beathú aige nó le ramhrú don soitheach ní fheacaigh sé aon mhallacht ar na neantóga. Gheobhadh sé a mhála gach lá agus chuardódh a leithéid an baile agus an baile is giorra dó ag stathadh na neantóg le beiriú dá mhucaibh...Ba shaor an beathú é agus ba fholláin".¹⁸⁷

Creideadh leis go raibh leigheas dathacha sna neantóga.¹⁸⁸ Má bhí mallacht orthu bhí tairbhe iontu chomh maith. Deineadh a raidhisiúlacht i mball amháin a aithint pé ní é san ainmniú a deineadh ar *Pháirc na Neataí BIT 97*.

Fásra farraige: Is é 'gasláigh' an t-aon cineál planda de fhásra na farraige atá le fáil i logainmníocht Chléire. e.g. *Cuas an Ghasláigh GM 27*.¹⁸⁹ Ainmnítear áiteanna sa bhfarraige, áfach, ina raibh lóch nó feamainn raidhisiúil, e.g. *Boilg na Feamanaí BIT 70* agus *Poillín an Lóigh CB 2*.

Gheobhfaí sleabhcán ag fás ar na carraigeacha móra ar nós *Oileán Éinne, Carraig Liúir GO 7* agus *Oileán na mBroc C 262*. Mar a deir Donnchadh Shéamais Ó Drisceoil, 'Níor bheo do bheo áfach gan béile de idir Lá Fhéile Bríde agus tosach Abrán.'¹⁹⁰ Bhí an iomad daoine ar an oileán chun a ndóthain den sleabhcán d'fháil agus théadh daoine go hOileán Éinne, Oileán na mBroc agus Carraig Liúir faoin a dhéin.¹⁹¹ Agus an oiread sin tóir air is ait gan tagairt ar bith dó sa logainmníocht. Féachann sé gurb é an scéal céanna é i gcás plandaí agus fásra eile de chuid an oileáin. Tá suas le 330 planda tíre i gCléire¹⁹² agus tá an-éagsúlacht san fhásra. Is ábhar iontais é nach bhfuil trácht ar níos mó acu sa logainmníocht.

Ainmneacha Barraí sa Logainmníocht

Tuairisciú ar bharraí atá i 31 de áitainmneacha an oileáin agus is le gnéithe aiceanta an tírdhreacha a bhíonn siad luaite. Ar na barraí a luaitear sna háitainmneacha tá coirce, arbhar, líon, beaifítí, féar agus meacain. Ba den riachtanas na háiteanna a b'fhearr curadóireachta a bheith ar eolas ag daoine agus bhí a raibh curtha ionta ó am go chéile mar spreagadh don ainmniú a deineadh orthu. Ar na háitainmneacha a thuairiscíonn saothrú choirce agus arbhair ar an oileán tá *Garraí an Choirce GI 16*, *Páirc an Arbhair LM 153*, *Gort an Bhranair CTo 31*, *An Geabhair Ghort BIT 75* agus *Páirc an Choinligh C 67*. Is dóichí gur ó nádúr na hithreach a bhí ann a ainmníodh an baile fearainn Coinlín.¹⁹³ 'The only grain is barley which is consumed within the island',¹⁹⁴ a scrígh Townsend faoi Chléire sa bhliain 1810. Dar leis an *Topographical Dictionary of Ireland 1837* 'The chief crops are oats and potatoes'¹⁹⁵ agus ag an *Hibernian Gazetteer* don bhliain c1835 bhí 'The north side bears potatoes, barley and a little wheat, and the south is mostly a craggy rock.'¹⁹⁶ In ainneoin tagairtí don phráta sna tuairiscí seo, ní luaitear práta i logainmneacha an oileáin ach gurb é an drochchuma a bhíodh ar an bpráta i ngarraí áirithe is cúlra don ainmniú a deineadh ar *Gharraí na nGearb C 25*.

Bhí tábhacht nár bheag, is cosúil, le lín in eacnamaíocht an oileáin sa naoú aois déag. Ainmnítear áiteanna mar *Garraí an Lín (3)* agus *An Bheafítí* ina raibh an barra ag fás agus ainmnítear na háiteanna ina ndeintí portú ar an líon. Tuairiscíodh sa bhliain 1810 'They also raise and manufacture flax, the quality was said to be remarkably good.'¹⁹⁷ Ainmnítear garraithe éagsúla féir sna háitainmneacha leis; *Páirc an tSíl Féir LM 136*, *Garraí an Fhéir (2) BIT 215, GO 34*, *Currach an Fhéir Tirim GO 43*, *Cnoc an Fhéir Tirim GO 44*, *Páirc an Fhionnáin C77a*, *Garraí an Chlóbhair (3) CB 28, CLF 24, GL 19*, *Gort na Seamróg GO 66*. Sampla amháin de ainm ghlasra atá i logainmníocht Chléire, viz. *Garraí na Meacan BID 56*.

Ainmneacha ainmhithe sna logainmneacha:

Ainmneacha ainmhithe atá i 67 de logainmneacha Chléire. Tagraítear do ainmhithe fiáine i 18 logainm agus do bheostoc agus ainmhithe eile i 49 sampla. Ina measc sin luaitear ainmneacha ainmhithe a gheibhtear sa bhfarraige i 6 áitainm.

Ainmhithe fiáine: Ar ainmneacha ainmhithe fiáine a gheibhtear tá *torc* (2), *sionnach* (1), *broc* (2) agus *coinín* (2). Ainmneacha a d'eascair as seanchas na Fiannaíochta atá i *gCuaisín an Toirc C 2* agus *Poll an Duirc C 3*. De réir an bhéaloidis ní raibh ach an t-aon sionnach riamh i gCléire agus ba dhrochchríoch a bhain do ansin, más fíor.¹⁹⁸ An ón dtarlúint neamhchoitianta seo a ainmníodh *Páirc an tSionnaigh*? Níl fáil ar an mbroc i gCléire agus is ar oileán amach ó chósta thoir Chléire gar do Inis Earcáin atá *Oileán na mBroc C 262* ón ar ainmníodh *Boilg Oileán na mBroc C 263*.

Bíodh go bhfuil Cléire tuilte le coiníní le fada, níor chuaigh a líonmhaireacht i bhfeidhm ar an logainmníocht puinn. Níor fhág coiníní Chléire de rian ar an logainmníocht ach an dá ainm *Páirc na gCoiníní C 246* agus *Bán Tí Choinín GL 29a*.

Ainmhithe mara: Ar ainmneacha ainmhithe mara a gheibhtear sna logainmneacha tá an rón (3), an mhuc mara (1) an portán (2), an báirneach agus an phiast (2). 'Anso againn féin', a scríobh Donnchadh Shéamais Ó Drisceoil, 'níor cuireadh puinn suim riamh i róinte níos mó ná iad a ruagairt ón ár líonta sna cuasanna.'¹⁹⁹ Bíodh go bhfuil an rón raidhsiúil in uiscí Chléire ní luaitear é ach i dtrí áitainm. Rinn tíre atá i *gCeann Róin BIT 66* mar a mbíonn na róinte ag cuplál.²⁰⁰ *Goirtín Róin CTo 3* agus *Garraí na Róinte C 21* atá ar dhá áit a thaithigh rón nó rón uair éigin. Is díol suime é gur *Garraí na Róinte* seachas Garraí na Rón a tuairiscítear san ainmniú thuas.²⁰¹ Bhí pisreoga leis ag baint le marú rón. Níor bacadh leis an muc mara mar bhia i gCléire ach féachann sé gurbh é a raidhsiúlacht ar chósta theas an oileáin a bhunaigh an t-ainm *Cuaisín na Muice Mara CTi 1*.²⁰²

Ainmhithe eile mara a luaitear sna logainmneacha is ea an portán agus an báirneach. Sa bhliain 1844 tuairiscíodh 'Crabs and lobsters abound round the coast.'²⁰³ Ainmniú ón raidhsiúlacht atá i gceist i gcás *Chúl Phortán C 202* agus *Carraig na bPortán C 264*. Bhí an-tóir ar an mbáirneach mar bhia aimsir an Ghorta Mhóir²⁰⁴ agus d'fhéadfaí bheith ag súil go léireofaí cuid des na baill a b'fhearr chucu in ainmniú roinnt áitainmneacha. Níl an scéal amhlaidh áfach. Bia na mbocht nó bia tuataigh a bhí sa bháirneach aimsir ghátair agus is dócha mar sin nach ró-fhada a mhair trácht thairis ar chaint daoine. Caithfidh gur tuairisciú ar raidhsiúlacht bháirneach ar chósta thuaidh Chléire na céadta bliain ó shin a phréamhaigh ainm bhaile fearainn Chnocán na mBáirneach. Imeacht ainmniú is dócha atá déanta i gcás *Pointe na Péiste C 194* agus *Oileán na Péise BT 42*.

Ainmneacha Beostoic: Ar 48 ainmneacha a bhaineann le beostoc atá sa bhailiúchán luaitear *an bhó* (2), *an damh* (2), *an gamhainín* (3), *an lao* (5), *an tarbh* (2) agus *bull* (1), *an capall* (9), *an t-asal* (5), *an chaora* (8), *an raimín* (1), *an t-uan* (2), *an mionnán* (6) agus *goat* (1). Tá fáil leis ar *an gcat* (1) agus ar *an madra* (1).

'Fear saibhir fear dhá bhó', a deirtí.²⁰⁵ Cómhartha agus aonad an tsaibhris a bhí sa bhó. Tuairiscíodh sa bhliain 1837 'The cattle and sheep are very small and there are only four horses on the island'²⁰⁶ agus ag an *Parliamentary Gazetteer of Ireland* 1844 bhí 'Cows are numerous, but small, and there are not more than half a dozen horses.' Bhí cáil an ghustail ag gabháil le seilbh na bó. Is beag tagairt di atá sa logainmníocht áfach. Tá fáil ar ainm an tairbh leis. Tharlódh gur imeacht éigin a bhain do tharbh uair a spreag an t-ainmniú a deineadh ar *Chuas an Tairbh* ón ar ainmníodh *Páirc Chuas an Tairbh* agus *Faill an Tairbh*. Ball coiméadta na ngabhann a bhí i n*Garraí na nGabhann* i Lios Ó Móine agus baill coiméadta ainmhithe leis ba ea *Pound GM 5* agus *An Póna A 79b, LM 166b*.

Thuill formhór an phobail i gCléire a mbeatha as allas a malaí agus iad ar an gcaolchuid ag stracadh le paistí beaga talaimh a bhí garbh sa chuid is mó. Bhíodar gan bhó, gan asal, gan ainmhí ar bith go hiondúil, agus iad ag brath riamh ar an iascaireacht chun an cíos a dhíol dóibh. I dtalamh méith i gCrathach Thoir, i Lios Ó Móine agus i mBaile Iarthach Thuaidh atá fáil ar na hainmneacha a thagrann don bhó. Bhí na gabháltaisí ina bhfuil *Garraí an Stoic*, *Garraí na Bó* agus *Garraí an Daimh* suite i seilbh daoine a raibh gustalach samhailte ag an bpobal leo tráth.

Ainmnítear áiteanna ón gcapall agus ós na háiteanna ar ghnáthach dó a bheith. e.g. *Cnoc an Chapail GO 31*, *Páirc an Chapail C 69* agus *Leaca na gCapall LM 197*. D'fhéadfadh gur imeacht a bhain do chapall uair éigin a bhí ina spreagadh don ainm *Cuas an Chapail C 117*. Tá *Gort an Ghearránaigh CTo 12a* leis ann. Ní raibh capail riamh raidhsiúil i gCléire. Sa bhliain 1810 mar shampla, dúrthas go raibh '...lately a few horses, employed in drawing seaweeds'²⁰⁷ agus faoin mbliain 1844 tuairiscíodh '...there are not more than half a dozen horses.'²⁰⁸ Ní raibh thar an dá chapall i gCléire ó 1976 go 1990 agus is dócha nach aon iontas é go ndéanfaí aithint sa logainmníocht ar an rud a bhí riamh gann.

Bhí tábhacht leis an asal chun iompair agus treafa agus ní hionadh go ndéanfaí na baill ina mbídís a ainmniú. e.g. *Garraí an Asail LM 90*, *Garraí Beag an Asail LM 91*, *Garraí na nAsail*, *Páirc an Asail LM 15* agus *Aonach an Asail LM 60*. Is ar ghábhaltas amháin i Lios Ó Móine atá fáil ar na hainmneacha seo ar fad. Is é a thugadh an plúr abhaile agus an chruithneacht chun an chuain le cur sa mhuileann. 'Is é a iompraíodh an gual ón gcuan ar a dhrom suas na cnoic arda.'²⁰⁹ Is iad a tharraingíodh clocha chun tí agus grean chun plástrála. Ba é a dhéanfadh draig aithinn a tharrac ón gcnoc.

Is léir ó na logainmneacha go raibh tábhacht le caoirigh in eacnamaíocht an oileáin tráth. Tá an raimín agus an t-uan luaite sna háitainmneacha chomh maith. Is ar ardáin talaimh, rinnte, pointí, failltreacha, leacacha agus ar thalamh scraitheanach atá fáil ar na hainmneacha a thagraíonn don chaora. Orthu tá *Leaca na gCaorach C226*, *Carraig na gCaorach GI 29*, *Screathan na gCaorach C 22a*, *Rinn Áit na gCaorach BIT 125b*, *Pointe Rinn Áit na gCaorach*, *Rinn Ard na gCaorach BIT 125a*, *Aonach na Raimíní LM 58*, *Lic na nUan CC 30* agus *Faill na nUan CC 29*. Spreag baill coiméadta caorach roinnt ainmneacha leis. Ball tógtha le clocha ar thaobh cnoic ina gcuirte na caoirigh agus na huain óga ar coiméad ba ea *Cró na gCaorach C 36*.

Is annamh caoirigh i gCléire anois murab ionann agus an aois seo caite, nuair a dheintí bréid garbh ar an oileán. Sa bhliain 1837 tuairiscíodh 'coarse woollen cloths are manufactured for domestic use which, instead of being thickened by mills, are put into pools of water and trampled by the younger and more active females.'²¹⁰ Sa bhliain 1844 tuairiscíodh 'The sheep are a tiny breed fed on the most barren spots',²¹¹ agus faoi 1876 dúrthas :

The sheep on Cape were formerly a peculiar variety, small in size, the flesh very delicate in flavour; they had long, depending twisted horns; the wool was exceedingly fine, a fact attributed to the nature of the pasturage near the sea.²¹²

'Chaithtí éadaí troma bréide de shamhradh agus de gheimhreadh agus do chodlaítí ar thochtanna clúimh na ngéanna faoi chuilteanna troma olna a fhág go mbíodh iarracht ciacháin ar go leor daoine nuair a théidís chun aois.'²¹³

Dheintí cúpla muc a bheathú leis, is cosúil, agus cloistear an téarma 'mucalach' á úsáid i leith cróitíní beaga atá le feiscint tógtha isteach i gclathacha gar do go leor des na seanchabhlaigh ar an oileán. B'fhéidir gur ó cheann díobh a ainmníodh *Cnocán na Mucallaí BIT 37* i mBaile Iarthach.

Ní fios cad uaidh a ainmníodh an charraig mhara sa Bhá Thuaidh ar a dtugtar *Carraig an Chait BT 25* agus is i leasainm atá fáil ar an téarma madra i gCléire, *Tigh Thaidhg an Mhadra*.

Ainmneacha éan sa logainmníocht

Tá cáil ar raidhsiúlacht agus éagsúlacht éan a thaithíonn Cléire. Tá Brú ag lucht faire éan ar an oileán le tríocha bliain a bhfuil cáil idirnáisiúnta bainte amach aige ar fheabhas a chuid obair éaneolaíochta. Tagraíodh do éagsúlacht éan fiaigh Chléire sa bhliain 1844, 'Game are rabbits, pigeons, snipe, green and grey plover, wild ducks, a very few partridge and a great number and variety of seabirds.'²¹⁴ Aithníodh 244 éan éagsúil i gCléire idir 1959 agus 1969, 88 nó níos mó ná an tríú cuid díobh a

bhíonn le feiscint ar bhonn laethúil.²¹⁵ Is beag éan díobh, áfach, atá luaite sa logainmníocht áitiúil. Ní fhaightear luaite ach ainmneacha dhá éan déag. Orthu san tá fiolar, seabhach, cáig, fáinleog, smólach, spideog, seaga (2), préachán (2), colúr, canóg, an chuach agus an fiach (dubh). In ainneoin raidhsiúlachta agus éagsúlachta éan Chléire ní déantar tuairisciú ar éin agus éanlaith ach i gcás 27 de áitainmneacha an oileáin.

Oileán na nÉan nó *Bird Island* a bhíonn ag lucht faire éan ar *Oileán Éinne* toisc, is dócha, an oiread sin éan a bheith le feiscint air. I gcás áitainmneacha ina bhfuil ainmneacha éan luaite iontu deineadh an t-ainmniú de ghnáth ó na háiteanna a thaithíonn -nó a mbíonn fáil ar éin áirithe. Ar na háiteanna a luaitear tá carraig, faill, cuas, gleann, garraí agus máintí. Inniu féin bailíonn éin mar an Seaga, an Préachán, an Chanóg, an Colúr agus na Cáig ins na baill atá luaite le fada sna háitainmneacha *Carraig na Seagaí BIT 2*, *Faill an Phréacháin BID 28*, *Cuas na gCanóg BIT 110*, *Cuas na gColúr BIT 25*, *C 116*, agus *Scol na Cáige C 124*. B'fhéidir gur samhlu cosúlachta idir mhír den tírdhreach agus sciathán éin atá san ainmniú *Faill an Sciatháin BIT 194*. Is dóichí gur truailliú ar an téarma *éin* atá le tuiscint ón ainm *Cuas an Eoin GO 10*.

Ní ithtear éin mar ghnáthbhia in Éirinn agus in aigne phobail oileánda a bhí ag stracadh le talamh agus iascaireacht is ar éigean a bhí mórán tábhacht le héin i saol eanamaíochta daoine i gCléire. An rud nach raibh feidhm leis ina saol féachann sé nár bacadh lena ainmniú. Dhealródh sé nár tógadh mórán ceann do éin ach sa chás go gcuirfidís as do dhaoine. Chuirfeadh na préacháin as don churadóireacht mar shampla, agus ní hionadh go mbaistfí ainm ar na baill a thaithídís. Orthu tá *Cnoc an Phréacháin LM 167a* agus *Faill an Phréacháin BID 28*. Seabhach a thaithíodh *Cnoicín an tSeabhaic GO 1b* agus teacht fiolar ar charraig ar an gComalán a thug *Carraig an Fhiolair C 9a* isteach sa logainmníocht má's fíor don tseanchas.²¹⁶

Ainmneacha éisc sna logainmneacha

Bhí saol Chléire tógtha suas nach mór go hiomlán le cúrsaí iascaireachta le fada an lá. Bheifí ag súil mar sin b'fhéidir, go mbeadh fáil ar a lán áitainmneacha ina mbeadh ainmneacha éisc luaite. Ar na héisc a gheibhtí coitianta tráth ar chósta Chléire agus baill eile a thaithíodh iascairí Chléire bhí langaí, colmóirí, pollóga, ballaig, gabhair, maicréil, scadáin, deargáin, ruthaí, cadóga, troisc agus eascúin.²¹⁷ Gheibhtí séirdíní leis, uair.

Sa bhliain 1832 deineadh tuairisciú ar an éagsúlacht iasc a raibh teacht ag iascairí an oileáin orthu.

They catch with long lines: turbot, john-dory, halibut, ling, cod, haddock,

sole, great quantities of skate which they cut into pieces, scar the skin and dry it- also conger eel, which is thought much of; they catch vast number of dog fish, which they eat, and of the livers make oil. Gurnet is caught in great abundance by the small boats, either sailing or rowing, by a line of twenty or thirty fathoms, with a lead and small hook, baited with a lash off the gurnet near the tail. Bream is caught by long poles with a crooked top, and a line, baited with muscles or crabs. Bruised mussels or periwinkles are thrown out to bring the fish close to the rocks.- Rock fish and black pollock are taken in the same manner. Large pollock are taken along the rocks, with a freshwater eel. Hake is caught towards the end of the season. Mackerel, scad, pollock, pilchards, and other fish, are taken in seines or nets along the rocks...²¹⁸

Luaitear breis is fiche cinéal éisc sa chuntas seo ach ní gheibhtear a leithéid sin de thuiriscíú ar ainmneacha éisc sna háitainmneacha áfach. Sé sampla déag nó 0.7 % de logainmneacha Chléire a thagraíonn do éisc. Is iad an deargán, an langa agus an eascú amháin a d'fhág rian ar an logainmníocht áitiúil. Is carraig, bollán, cuas agus poll a gheibhtear luaite leo san áitainmniú. I gcás an ainm *Goirtín na Séirdíní* is gníomhaíocht a bhain le leasú an tsaghas áirithe sin éisc a bhí ina spreagadh don ainmniú ar an áit a gcuirtí séirdíní á dtirimíú.²¹⁹

Ainmníodh áiteanna áirithe ar an raidhsiúlacht iasc a bhí le fáil iontu ach ainmníodh áiteanna leis ón gcineál éisc a bhí le fáil iontu. Ainmniú den chéad sórt atá i *gCuas an Éisc C 151* agus i *gCarraig an Éisc CB 8*. Tuairiscíú ar an saghas áirithe éisc a bhí le fáil in áiteanna faoi leith atá i *gCuas na Longaí C 155*, *Carraig na nDeargán (2) BT 52, C 267* agus *Bullán na nDeargán BID 110b*. Bhíodh eascúin tearc. Dá réir sin bhí meas orthu agus ba ina gcúplaí a dhíoltaí iad.²²⁰ Cén t-ionadh mar sin go ndéanfaí *Poll na nEascún C 266* a thabhairt ar an áit ina raibh teacht ar an rud a bhí gann. Áit faoi leith ba ea í. Ainmníodh leis na háiteanna mar *Charraig an Éisc CTo 26* i *gCrathach Thiar agus An Pálás Cn 10, BID 23* agus ina ndeintí leasú ar éisc.

Ainmneacha mionmhíolta sna logainmneacha

Taobh amuigh de bheacha agus dearnaití ní luaitear mionmhíolta sna logainmneacha. Tá *Gort na mBeachlann GO 49b* ann agus *Droichead na nDeairnití LM 217*.

9. Uimhreacha sna hAinmneacha

Tá áitainmneacha ina bhfuil na huimhreacha dó agus trí luaite ionta an-choitianta i logainmníocht na hÉireann. 'We have of course', a scrígh P.W. Joyce 'as they have in all countries, names with combinations of other numbers, and those containing the number three are very numerous; but the number two is met with many times more frequently than all the others put together.'²²¹ Ina seasamh amach sa bhfarráige léi féin atá *An Charraig Aonair BIT 290a* nó *An Charraig Aonach*. Luaitear sa bhéaloideas gur 'Carraig Aon Díobh'²²² is bunús don ainm. *Sruthán Dá Abha BIT 182*, *Idir Dhá Ghort GL 15* agus *Mol an Dá Ros BT 53* a thuiriscíonn uimhir a dó. An uimhir a trí atá luaite sna háitainmneacha *Na Trí Laotha, Garraí na dTrí Teorann CLF 50*, *Tobar na dTrí Teorann CLF 51* agus *Garraí na dTrí Cúinne CTi 34*.²²³ Tá fáil ar uimhir a ceathair leis san ainm *Carraigín na gCeithre bPoll C 12*. Bíodh nach bhfuil uimhreacha coitianta i logainmníocht Chléire, tá fáil ar ceann ígin de na huimhreacha aon, dó, trí, agus ceathar mar sin féin in aon áitainm déag i gCléire.

10. Ainmneacha na mBailte Fearainn sna mionainmneacha


Maireann roinnt ainmneacha bailte fearainn sna mionainmneacha. I mBaile Iarthach Thuaidh mar shampla, deintear tuairisciú ar an mBaile Thuaidh i roinnt áitainmneacha e.g. *Cnoc an Bhaile Thuaidh BIT 87-89*, *Loch an Bhaile Thuaidh BIT 114d*, agus *Loch an Bhaile Iarthaigh BIT 114c*. Is ar an gComalán atá fáil ar an méid is mó mionáitainmneacha a bhfuil ainm an bhaile fearainn ina phríomheilimint iontu. Ainmniú cnuasaitheach atá ann ina ndeintear roinnt áiteanna a ainmniú ó mhír éigin sa tírdhreach céanna. Tá mar shampla, dhá pháirc ann in bhfuil ainm an bhaile fearainn luaite leo. i.e. *An Comalán Beag C 107* agus *An Comalán Mór C 106*. Tá leis, ainm an bhaile fearainn bronnta ar loch ansin, *Loch an Chomaláin C 80c*, ar charraig, *Carraig an Chomaláin C 92* agus ar ghalláin, *Galláin an Chomaláin C 238a*. I mbaile fearainn Ceathrúna tá *Dreapa na gCeathrúna Ca 28* agus dhá pháirc, *Ceathrúna Íochtair Ca 49a* agus *Ceathrúna Thoir Ca 49b*. I Lios Ó Móine tá fáil ar ghallán atá ainmnithe ó ainm an bhaile fearainn, i.e. *Gallán Lios Ó Móine LM 186*. Ón gcnocainm *Cnoc an Chrathaigh CTi 40* a ainmníodh na bailte fearainn *Crathach Thoir* agus *Crathach Thiar* agus is uathu sin a ainmnítear *Bóthar Chnoc an Chrathaigh CTi 41* agus *Gallán an Chrathaigh CTi 26b*. Tá ainm baile fearainn *Ghort na Lobhar* ar pháirc ar an mbaile fearainn céanna. In Ardghort tá *Leaca an*

Ardghoirt A 57, Mainistir an Ardghoirt A109 agus ainm páirce An tArdhort A 55. Tá An Gleann luaite san áitainm Bóthar an Ghleanna GM 26 agus An Gleann Iarthach luaite san ainm Cuas an Ghleanna Iarthaigh. Cnócán an Choimhthígh atá ar chnoc i mbaile fearainn den ainm céanna, ach is fíor-annamh a cloistear a leithéid á thabhairt ar an gcnoc úd, ná ar an gceantar ina bhfuil sé suite. An Leaca Mhóir CC la a bhíonn ar bhéal daoine ag tagairt dóibh don cheantar ginearálta seo. Sa chaint, Crathach a tugtar ar an dá bhaile fearainn Crathach Thoir agus Crathach Thiar le chéile. Ní déantar idirdhealú eatarthu. Is é an dála céanna é le Baile Iarthach. Ní luaitear Baile Iarthach Thuaidh ná Baile Iarthach Theas sa chaint, ach an Baile Iarthach. I gcaint na ndaoine, aonad amháin atá sa Ghleann leis, bíodh gur bailte fearainn éagsúla iad an Gleann Iarthach, An Gleann Meánach agus An Gleann Oirtheach.

Na modhanna ainmniúcháin

Is fíor faoi ainmneacha Chléire inniu a dúirt Power i dtaobh logainmneacha na nDéise sa bhliain 1907, 'Up to a hundred years ago every place-name conveyed some definite idea of the physical character, history or ownership of the place it represented.'²²⁴ Agus an méid sin amhlaidh, is léiriú leis iad ar chruthaitheacht an duine agus a chumas chun cumarsáid a dhéanamh lena chomhduine thar na céadta bliain. Tugann inúchadh ar eilimintí tánaisteacha na n-ainmneacha grinnléargas ar na gnéithe ba thábhachtaí a bhí in aigne ainmneoirí Chléire. Cumadh agus athrá de réir a chéile sa chumarsáid atá iontu. Seo in ord a minicíochta, na heilimintí tánaisteacha a mbaintear feidhm astu mar cháilitheoirí. .

Anailís ar Eilimintí Tánaisteacha



1. Ainmniú ó ainmneacha pearsanta, sloinnte agus leasainmneacha.
2. Ainmniú a thugann coibhneas suímh, treo agus ama le fios.
3. Ainmniú ó ghnéithe den dúlra mar aeráid, plandaí fiaine, barraí, ainmhithe fiáine, beostoc, éin, éisc agus mionmhíolta.
4. Ainmniú a thuairiscíonn dath, méid agus cuma.
5. Meastóireacht agus Tuairimíocht faoi cháilíocht, ábhar agus mothú san áitainmniú.
7. Ainmniú ó ghníomhaíochtaí talmhaíochta, iascaireachta agus gníomhaíochtaí eile.
8. Ainmniú aicmí daoine, ceardanna, gairmeacha, tréithe agus baill choirp.
9. Ainmniú ó uimhreacha.

Cineáil Áitainmneacha

Agus iniúchadh déanta ar na modhanna is tábhachtaí a tharraing áitainmneoirí Chléire chucu féin i mbun cumadh ainmneacha dóibh, is féidir na príomhchinéalacha ainmneacha a aithint ón bhfeidhm a ghaibh leis na háiteanna a ainmníodh. Eolas a thabhairt faoi áiteanna is príomhaidhm le háitainmniú ar bith. 'Their function', a scrígh Helleland, 'is to identify one object as distinct from another.'²²⁵ 'In Ireland', a deir Crozier, 'it is of course just as true that the primary function of a place-name is to identify a location, not to describe it.'²²⁶ Dála roghnú ainm agus an rud ar a mbronnar ainm, deir Goranson, 'Both the name *per se* and the subject are somehow selected. A place which acquires a name must have a role to play in society.'²²⁷ Feidhm áitiúil a bhíonn ag an áitainm agus d'fhonn freastal ar riachtanaisí phobal an oileáin amháin a chéad ceapadh áitainmneacha Chléire.

An té a d'ainmnigh na páirceanna agus míreanna eile sa tírdhreach, bhí cumarsáid aige leis féin agus lena mhuintir seachas cumarsáid leis an saol mór amuigh. An té a bhronn ainmneacha, bhí dlúthbhaint aige leis na baill a ainmníodh. Bhí saol iomlán dá chuid féin á chaitheamh aige ar an oileán. Bhí saol le caitheamh laistigh den mbaile fearainn agus fiú saol laistigh de gach gabháltas ann féin. Bhí gá le rudaí a ainmniú chun cumarsáid a dhéanamh laistigh den teaghlach agus leis na comharsain béal dorais. Bhí daoine ag dul soir, siar, ó thuaidh agus ó dheas go minic sa ló ag trasnú gabháltaisí a chéile, ag tarraingt uisce, ag dul chun farraige, ag iascaireacht, ag baint lóigh ar thránna, ag baint aitinn, ag gearradh tuigí, agus an iliomad cúraimí eile ar siúl acu. Ní hionadh mar sin aithne phearsanta a bheith acu ar an timpeallacht agus ainmneacha á mbronnadh acu ar mhíreanna den tírdhreach fisiciúil agus ar mhíreanna den tírdhreach cultúrtha a sonraíodh a bheith tábhachtach dóibh ina saol. Bhí ciall leis an ainmniú a deineadh mar bhí feidhm le gach ainm díobh, bíodh gur feidhm áitiúil í. I ngnáthchumarsáid teaghlaigh bhí gá le páirceanna, garraithe, toibreacha 7rl. a aithint agus a dheighilt ó chuid na gcomharsan. Ní raibh feidhm b'fhéidir, le cuid des na hainmneacha seo taobh amuigh den teaghlach, nó le cuid eile acu taobh amuigh den bhaile fearainn. Bhí áitainmneacha ar ghabháltaisí na gcomharsan ar eolas mar sin ag daoine mar go rabhadar ag maireachtaint ar scáth a chéile.

Scéim nó córas tagartha ag an oileánach is ea a mbíonn de logainmneacha ina chloigeann. Is san aigne oileánda amháin atá fáil orthu. Mír thagartha i scéim iomlán atá i ngach áitainm ar leith a dheineann tuairisciú ar shuíomh faoi leith a chuireann ar chumas an té a bhfuil an t-ainm sin ar eolas aige a bhealach a dhéanamh. 'Where there are no names,' a deir Relph, 'the environment is chaotic, lacking in orientation, even fearful, for it has no humanised and familiar points of reference.'²²⁸ Deirimid ár slí

ó áit go háit trí thagairt do na siombail nó do na comharthaí áite a bhíonn ar eolas againn. Siombalaíonn an áitainm na comharthaí seo dúinn. 'A name', a deir Hawkes, 'can become a part of the character of a place, and, when caught up in the art of its people, can assume a life and significance of its own.'²²⁹

Bhaintí feidhm as comharthaí ar tír chun teacht ar áiteanna ar farraige. Ar na comharthaí sin bhí cnoic, gleannta, locha, failltreacha agus míreanna den tírdhreach cultúrtha cosúil le tithe solais, séipéil agus bóithre. Ar cheann de na comharthaí talaimh i gCléire a mbaintí leas as sa ghníomhaíocht triantánachta seo bhí an log nádúrtha talaimh a ritheann idir *Chnoc Phoill an Duirc C 1a* agus *Cúl Phortáin C 202* ar an gComalán. Cinn eile ba ea *Bóthar Chnoc an Chrothaigh CTi 41*, *An Charraig Aonair BIT 290a*, *Oileán Éinne BT 1*, *An Séipéal LM 219a* agus *An Ghearathar BID 30*. D'aimsítí na talúintí iascaigh a bhí idir chúig mhíle déag agus daichead míle ó Chléire trí chomharthaí talaimh i gCléire agus ar an mórthír fan an chósta.²³⁰ Ar chuid díobh sin a bhí tamall amach ó Chléire bhí; *An Leac*, *An Charraig Nua*, *An Drom Istigh* agus *An Drom Amuigh*.²³¹

Feabhas ball áirithe ar farraige chun iascaireachta ba chúis le hainmniú áiteanna ar a dtugtaí meánna, rabhtacha agus talúintí éisc. Deineadh na baill seo ar a dtugtar Mig, Rabha agus Talamh a ainmniú ón gcoibhneas suímh a bhí idir iad agus míreanna den tírdhreach ar nós faille b'fhéidir a bhí so-aitheanta sa chomharsanacht. Amach ó *Fhail Ní Chathail*, mar shampla, tá *Mig Fhail Ní Chathail*. Sa bhfarraige amach ó Chuan Inbhir, tá an ball iascaireachta ar a dtugtaí *Mig Inbhir* agus mar sin do i gcás na rabhtacha agus talúintí éisc ar a dtugtaí *Rabha Charraig Liúir*, *Rabha Fhail na Téide*, *Rabha Mhionnán na Caillí*, *Rabhtacha Oileán Éinne*, *Talamh Bhéal na Gaibhge*, agus *Talamh Charraig an Locha*. Bhain na háiteanna seo ar farraige go dlúth le heacnamaíocht an oileáin. Deineadh ainmniú ar shuíomhanna sa bhfarraige chomh maith ón gcoibhneas a bhí idir iad agus, fiú, carraigeacha faoi uisce ar a dtugtaí *boilg*. Carraig a nochtadh ar trá mhara agus go gclúdódh an lán mara í atá sa bhoilg.²³² Carraig dhoimhin go mbeadh seó uisce os a cionn agus mar sin féin a bheadh dainséartha atá sa rabha.²³³ Bronnadh ainm ar an mboilg agus an rabha i gcomhthéacs a suímh i leith míreanna éagsúla sa tírdhreach áitiúil. Ar 28 boilg a luaitear, tá a bhformhór ainmnithe ón gcoibhneas atá idir iad agus an tírghné is giorra dóibh, mar shampla *Boilg Oileán na gCeard BIT 23*, *Boilg Inbhir GI 35*, *Boilg na Carraige Iarthaí LM 6*, *Boilg Oileán na mBroc C 263* agus *Boilg Phoill an Duirc C 11c*. Na *Boilgeacha Móra BT 22b* atá ar sraith carraigeacha sa Bhá Thuaidh. Naoi gcinn de rabhtacha a luaitear sna hainmneacha agus iad ainmnithe ón gcoibhneas idir iad agus tírghné ar an oileán féin. Ar chuid díobh tá: *An Rabha BIT 19*, *Rabha Thráigh Chiaráin BIT 21*, *Rabha Fail na Téide BIT 130* agus *Rabha Mhionnán na Caillí CC 28*. Ó oileáin nó carraigeacha sa bhfarraige atá ainmniú déanta ar *Rabha*

Charraig Liúir GO 8, Rabha Oileán na gCeard BIT 273, Rabha Thón Loing BIT 69, Rabha Charraig an tSáile BT 19, agus Rahbtacha Oileán Éinne BT 4.

Ní léir i gcónaí cén fheidhm a bhí le hainm agus is minic leis nach léir sin ach oiread, do mhuintir na háite a úsáideann é. Ón méid a deir Donnchadh Shéamais Ó Drisceoil faoin ainm *Cuaisín Faille Rónáin CB 7* is léir nach fios a thuilleadh an comóradh, nó seilbh, nó cuimhne ar imeacht a bhí i gceist le logainm le hainm pearsanta ann. Dar leis: 'is ó dhuine den ainm sin [Rónán] a tháinig i dtír ann, a thit anuas nó a bhí ina chónaí ann, a ainmníodh.'²³⁴ Tá an mearbhall céanna ag gabháil dó i gcás ainmneacha eile. Dar leis, rinn tíre a bhfuil déanamh péiste air nó a ainmníodh ó ainmhí éigin atá i *bPointe na Péiste C 194*, agus capall a bádh nó a caitheadh i gcuas is bunús don ainm *Cuas an Chapail C 117*. Cuid den 'truailiú' nó cuid den tsamhlaíocht a ghabhann leis an logainmníocht atá ann. Pléifear an truailiú agus an meath atá tagtha ar ainmneacha níos déanaí thíos.

Tá na feidhmeanna, imeachtaí agus gníomhaíochtaí a chéad-spreag ainmniú ar mhórán áiteanna atá luaite sa bhailiúchán seo imithe i léig, cuid acu le breis agus céad blian. Le himeacht aimsire, tháinig athrú ar fhoirm ainmneacha áirithe, agus chuaigh a lán acu ó úsáid agus níor fágadh mar fheidhm ag go leor acu ach an t-idirdhealú.²³⁵ Ach sna hainmneacha féin lean an fheidhm a bhí le gach ainm acu in aigne an chéad ainmneora. Ar na príomhfheidhmeanna a ghaibh leo, tá léiriú ar bhuntáistí nó mífhuntáistí a ghaibh le háiteanna, an úsáid a baineadh as áiteanna, soiléiriú ar sheilbh na gcomharsan, ceiliúradh ar dhaoine agus imeachtaí. Is annamh a gheobhfaí ainmneacha a mbeadh breis agus trí fheidhm leo. Is mó sin áit díobh atá anois tréigthe agus cur amach ar an ngníomhaíocht a thug cáil dóibh tráth anois imithe as cuimhne daoine.


Caitheann, is cosúil, feidhm éigin reatha a bheith le bronnadh áitainm, ach i gcás Chléire, dhealródh an scéal nár chuaigh a lán den ainmniú as nuair a d'imigh ar spreag iad i léig. Le himeacht aimsire deineadh nascadh idir thalamh agus ainmneacha. 'Place names', a deir Hawkes, 'are among the things that link men most intimately with their territory. As the generations pass on these names from one to the other, successive tongues wear away the syllables just as water and wind smooth the rocks; so they become rounded, slip more easily from tongue to tongue, perhaps lose their meaning, yet grow more and more closely attached to the land itself.'²³⁶ Is cuid den saol a chaitheann daoine anois a bhfuil fágtha des na hainmneacha céanna i gCléire. Ceangal beo iad na hainmneacha leis an am atá thart agus is cuid shuntasach den oidhreacht bheo iad.

Is féidir seacht mór-roinn a dhéanamh de áitainmneacha Chléire os na feidhmeanna a ghaibh lena mbunailimintí agus eilimintí tánaisteacha. Sa rangú seo, tarlaíonn go mbaineann roinnt ainmneacha le níos mó ná roinn amháin agus deineadh cinneadh ar deireadh thiar faoin rangú i bhfianaise eolais eile mar an dinnseanchas nó

gineolaíocht, b'fhéidir, a bhain leis an ainm. Is iad na mór chinéalacha ainmeacha i gCléire mar sin in ord a líonmhaire, ná

1. Ainmneacha Tuairisciúla.
2. Ainmneacha Sealbhóireachta.
3. Ainmneacha Ceiliúrtha.
4. Ainmneacha Samhlaíocha.
5. Cnuasainmneacha.
6. Ainmneacha Imeachtaí.
7. Ainmneacha Seanchais.

Cineáil Áitainmneacha



Cineáil Áitainmneacha	Líon	% den Iomlán
Ainmneacha Tuairisciúla	1105	52.49 %
Ainmneacha Sealbhóireachta	415	19.71 %
Ainmneacha Ceiliúrtha	174	8.27 %
Ainmneacha Samhlaíocha	148	7.03 %
Cnuasainmneacha	216	10.26 %
Ainmniú ón Seanchas	18	.86 %
Ainmiú ó Imeachtaí	29	1.38 %
Iomlán	2105	100 %

1. Ainmneacha Tuairisciúla

Tá fáil i gCléire ar ghrúpa mór ainmneacha a d'eascair go nádúrtha. Ainmneacha iad a bhfuil tréithe fiseagrafaíochta ag baint leo. Dhealródh sé gur feidhm thuairiscithe atá i gceist i gcás 52.5 % nó 1105 áitainm as an 2105 ainm sa bhailiúchán seo. Ainmneacha Tuairisciúla iad seo ina bhfuil feidhm bainte as

coincheapanna mar *méid* chun mír amháin sa tírdhreach a scaradh ó mhír eile san aicme céanna. Is iad na téarmaí *mór, beag, leathan* agus *caol* a léiríonn an cháilíocht seo. Bíonn idir threo, shuíomh, chuma, ábhar agus cháilíocht gnéithe den tírdhreach aiceanta tuairisceithe iontu chomh maith. Tuairisc agus mionchur síos, leis, iad ar shaol, imeachtaí agus gníomhú an duine sa timpeallacht inar mhair sé. Tugann go leor díobh léargas ar shaothrú na beatha ar talamh agus ar farraige.

D'fhéadfadh feidhm cur in iúl buntáiste nó míbhuntáiste áite a bheith i gceist in ainm. Bhí rí-thábhacht, mar shampla, le toibreacha i saol daoine agus ní hionadh go ndéanfaí ainmniú ar áit a bhí úsáideach do cách. Is léiriú é ar an dtábhacht eacnamaíochta a ghaibh le háiteanna ina raibh fáil ar uisce agus leis an dtobar ach go háirithe gur ainmníodh an oiread sin díobh i gCléire. Ar chuid díobh sin tá *Tobar Róibín GI 3a, Tobar na Cille C 150a* agus *Tobar na gCeann CTo 5, Faill an Uisce LM 124, Sruthán Dá Abha BIT 182* agus *Sruth an Mhuilín LM 34*. Tá buntáistí agus míbhuntáistí talaimh tugtha le fios, leis i roinnt ainmneacha. Talamh maith atá tugtha le fios san ainm *An Bán Breá C 26* i gcomórtas leis an áit a ainmníodh *Beag an Mhaith GO 23*. Tugann ainmneacha boilgeacha ar farraige baol agus tairbhe don iascaire le fios. D'fhéadfaí míbhuntáiste, baol nó dainseár áite a chur in iúl le hainm mar *An Fhail Ard BIT 108* nó *Rinn na mBreall BT 28b*. Feidhm fholáirimh atá ag *Carraig an Áidh BT 29* agus *An Bhinn Mhór LM 144*.

Tá atmasféar nó blas le sonrú i dtuairisciú ar áiteanna a raghadh i bhfeidhm ar an té a bheadh ina gcóngar, mar shampla; *Poll an Amhrais C 27, An Fhail Fhiaclach BIT 131, Faill na gCloch nGeal BT 191, Pointe Ard an tSrutha BIT 141a, Pointe an Treithin C 218* agus *Díleann na Cille BIT 123*. Bíonn meastóireacht agus caitheamh tuairime faoi ghnéithe an tírdhreacha, idir thórdhreach aiceanta is cultúrtha tugtha le fios in ainmneacha. D'fhéadfadh áit a bheith ainmnithe ó thréith éigin de mhír ar nós a dath, cuma, méid nó suíomh (e.g. *Cuas Gorm, Cuas Caol, Cuas Mór, Cuas an Ghleanna Iarthaigh*).

Ba shaothar in aisce é bheith ag iarraidh a bhfuil de ainmneacha tuairisciúla ann a rangú toisc an oiread sin díobh a bheith i gceist agus toisc éagsúlacht na n-ainmneacha féin atá ar fáil. Ar na príomhshaghasanna ainmneacha tuairisciúla tá ainmneacha atá tuairisciúil amháin, is é sin ainmneacha a thugann cur síos lom ar thréith éigin de rud. Nuair a tugtar ainm mar *An Cuas Gorm* nó *An Leac Bhuí* ar áit is tuairisciú ar fhíric lom a bhíonn i gceist; tá uisce an chuais gorm, agus tá cosúlacht nó dath buí ar leac áirithe. Tá ainmneacha eile áfach, ina mbíonn comparáid idir rudaí tugtha le fios iontu (e.g. *Garraí Beag, An Fhail Ard, Currach an Fhéir Tirim*). Deintear an t-ainmniú is suimiúla ar fad, áfach, ar áiteanna nuair a sholáthraítear ainm neamhghnáthach trí chomparáid faoi leith a dhéanamh le rud éigin a tharraingítear as tobar na samhlaíochta (e.g. *Tón na gCaincíní, An Capall Bán, An t-Óglach*).

Is féidir le ceann amháin nó meascán de na bealaí ainmniúcháin thuas a bheith i gceist in áitainmniú ar bith. Gníomh daonna atá san ainmniú, gníomh a bhí ann ó thús aimsire agus atá ag síor athrú. 'The naming process', a d'fhógair W.F. Nicolaisen, 'is a continuum which has never been interrupted since it first began. In fact, naming is so intimately linked with the history of the human race and its mastery over the world by which it is surrounded, that ultimately the history of naming may be said to be the same as the history of the human spirit or, putting it in the proverbial nutshell, man has always been, and still is, a naming animal.'²³⁷

Eascraíonn ainm nuair a scarann ainmneoir ina aigne áit amháin ó áiteanna eile san aicme chéanna. D'fhéadfadh bunús ábhartha a bheith leis an idirdhealú. Tharlódh tréith éigin nó mianach éigin a bheith san áit a dheineann de, áit ar leith. Baintear feidhm leathan as tuairisciú. Tuairisciú bunaithe ar imprisean céadfaíoch a bhíonn san ainmniú tuairisciúil agus is ainmneacha a bhraitheann ar radharc na súl is mó a gheibhtear. Eispéaras duine ag suíomh áirithe a théann i bhfeidhm ar an mbreith ar leith sin.²³⁸ Is é is ciall anseo le hainmneacha tuairisciúla ná téarmaí a aithníonn agus a dhéanann idirdhealú ar áiteanna trí aird a tharraingt ar thréith éigin buan a scarann áit amháin ó áiteanna eile san aicme céanna sa cheantar. Trí iniúchadh a dhéanamh ar na téarmaí a cháilíonn buneilimint na n-ainmneacha is féidir trí mhórróinn a dhéanamh de na hainmneacha sa bhailiúchán seo a dheineann tuairisciú ar áiteanna. Ar an gcéad dul síos tá ainmneacha a bhfuil eilimint iontu a thugann dath, méid nó cuma le fios. Tá ansin ainmneacha ina mbíonn eilimint iontu a thugann coibhneas suímh, treo nó ama le fios agus tá ainmneacha ina bhfuil meastóireacht agus tuairimíocht ar leith léirithe iontu a thugann cáilíocht, ábhar nó mothú i leith áiteanna le fios.

(i) Cur síos ar dhath, méid agus cuma sa logainmníocht

Dath: Luaitear deich gcinn de dhathanna i dtuirisciú ainmneacha i gCléire. Is iad *rua, liath, dubh, bán, gorm, glas, buí* na príomh dathanna a luaitear sna hainmneacha a thuiriscíonn gnéithe den tírdhreach. Is mar bhuneilimint tíreolaíochta seachas téarma datha is mó a gheibhtear *bán* in úsáid in áitainmneacha i gCléire, i gCill Ghallagáin i Muigheo agus sa Rinn, i bPortláirge. Tá an éagsúlacht datha in áitainmneacha níos leithne i gCléire ná mar atá, mar shampla, in ainmneacha sa Spidéal, Co. na Gaillimhe²³⁹ nó sa Rinn. Is annamh *bán* mar dhath i dtéarmaíocht na Rinne, ach is minicí *buí* ann ná mar atá i gCléire. Is minicí *buí* agus *bán* i gCill Ghallagáin ná i gCléire. Seachas na hainmneacha *An Cnocán Rua, An Lic Bhuí, An Poll Gorm, An Cuas Gorm* agus dornán eile ainmneacha, is annamh dathanna tuairiscithe i leith an tírdhreacha i gCléire, bíodh go bhfuil an-éagsúlacht datha le feiscint i bhfásra an oileáin féin. Baintear feidhm, áfach, as *bán, buí* agus *dearg* mar eilimint thánaisteach i roinnt ainmneacha sealbhóireachta ina mbíonn dath mar chuid

de leasainm san ainmniú. e. g. *Cabhlach Mháire Léith, Tigh Sheáin Rua* agus *Tigh Dhonncha Dearg*.

Méid: Ainmniú ó chomparáid idir mhíreanna den aicme céanna sa tírdhreach fisiciúil is mó a bhíonn ann. Is annamh mar shampla, ná faightear *mór* ag tuairisciú eiliminte sna logainmneacha gan *beag* a bheith ag tuairisciú na buneiliminte céanna sa chomharsanacht. Ainmniú amhlaidh atá déanta sna hainmneacha seo; *An Leathanán Mór GO 13a* agus *An Leathanán Beag GO 11*; *An Rinn Ramhar Mór A 68a* agus *An Rinn Ramhar Bheag Ca 1*; *An Díodán Mór GI 10* agus *An Díodán Beag GI 11*; *An Bunadach Mór C 203b* agus *An Bunadach Beag*; *An tÓglach Mór BT 7a* agus *An tÓglach Beag BT 5*

Ainmniú ó thaobh coibhnis atá le sonrú san ainmniú a deineadh ar na garraithe ar a dtugtar *An Comalán Mór C 106* agus *An Comalán Beag C 107*. Cúig sampla den ainm *Garraí Mór* atá ann, bíodh go bhfuil fáil ar fiche cúig sampla de *Garraí Beag*. Garraithe nó páirceanna atá *mór* i gcomhthéacs a bhfuil de gharraithe beaga ar an oileán atá iontu. Samhlaítear *mór* i leith garraithe a mbeadh, mar shampla, méid acra iontu. Bíodh go bhfuil méid thart ar 12 acra sa *Réidh Mhór* is méid nó achar idir trícheathrú agus acra is ceathrú a bheadh i gceist sa tuairisciú a deintear ar 'mór' i gcás gort, garraithe agus páirceanna Chléire. Garraithe móra iad i dtuairisciú na haigne oileánda. Tá méid agus airde samhailte san ainmniú a deineadh ar *An Leaca Mhór CC 1a*.

Is i gcomhthéacs a chéile a deintí na tearmaí *mór* agus *beag* a bhronnadh mar cháilitheoirí ar an mbuneilimint *currach*, sna hainmneacha *Currach Mór CLF 30* agus *Currach Beag CLF 17*, mar nach ionann *mór*, nó *beag*, in aon dá áit, fiú sa mheon oileánda. Baintear feidhm as an uimhir iolra de *bheag* san ainmniú ar *Na Garraíocha Beaga*. Deineadh ainmniú is cosúil ar *Na Boilgeacha Móra BT 22b* sa Bhá Thuaidh ón méid atá iontu i gcoibhneas le boilgeacha eile atá níos lú.

Tá coibhneas méid agus coibhneas treo tugtha le fios i roinnt den ainmniú. Tá, mar shampla, dornán ainmneacha ar nós *An Pháirc Mhóir Thoir CB 18*, *An Pháirc Mhóir Thiar CB 19* ina bhfuil idir mhéid agus treo i gceist iontu agus ainmneacha mar *An Pháirc Mhóir Íochtair Ca 72* ina bhfuil coibhneas méid agus airde tugtha le fios. Tá leis, *An Rinn Ramhar Mhór A 68a* ina bhfuil cuma á thuairisciú chomh maith le méid.

Ní coibhneas méid ag braith ar radharc na súl amháin atá i gceist sa phróiseas seo. Tá gaol i gceist idir an ainmneoir agus an rud atá ainmnithe - gaol saothair b'fhéidir, nó gaol achrainn agus fiú gaol toraidh. Is é an rud a shamhlaítear don áitritheoir leis *An Garraí Mór* ná an garraí go gcaitear níos mó dua leis ná an garraí beag, ach ar an lámh eile dhe gur mó de thoradh a bhíonn le baint as seachas as an garraí beag.

Is dlúth an gaol atá idir an té a shaothraíonn an talamh agus an rud a ainmnítear. Ní hionadh mar sin réimse foclóra na tuairiscithe a bheith teoranta go focal nó dhó ar nós mór agus beag. Bhí an gaol idir shaothraí an talaimh agus míreanna den tírdhreach fisiciúil agus den chultúr ábhartha buan. Theagmhaigh sé leo gach lá dá shaol.

Cuma : Ainmniú ar áiteanna tré choibhneas cuma a chur in iúl atá déanta ins na háitainmneacha ina bhfuil na heilimintí tánaisteacha *ard, fada, caol, leathan, ramhar* agus *cam* iontu. Airde choibhneasta i gcomhthéacs airde míreanna eile i gcomharsanacht an oileáin féin a shamhlaigh ainmneoirí in úsáid an téarma *ard* i logainmneacha Chléire. Tá *An Pháirc Ard CTi 13*, *ard* i gcoibhneas le páirceanna eile sa chomharsanacht chéanna. Is fíor go bhfuil *An Cláí Ard GL 34b* le hairde os cionn deich dtroigh, an-ard i gcomhthéacs clathacha sa chomharsanacht chéanna. Tá *An tArdghort A 55* ar an ngort is airde ar an mbaile fearainn den ainm céanna. Tá breis airde ag an bh*Faill Ard BIT 108* ar fhaitreacha atá taobh léi. Taobh amuigh den ainm *An tArdghort A 55* is ag deireadh ainm a bhíonn an téarma 'ard' in ainmneacha Chléire mar atá i *An Talamh Ard CTi 8* agus *An Cuar Ard LM 231*. In ainmniú áiteanna cosúil leis *An Sliabh Ard BID 108* is féidir idir radharc na súl, déanamh, fásra agus torthúlacht a bheith i gceist san ainmniú chomh maith le hairde choibhneasta le míreanna eile den tírdhreach sa chomharsanacht. Tá *An Sliabh Ard*, *ard* i gcoibhneas le tírghnéithe eile sa bhaile fearainn ina bhfuil sé suite. Tá *An Sliabh Ard* le hairde 275' beagán os cionn leath an airde atá i *gCnoc Coraintín CLF 11*, atá 533' os cionn farraige. Ar farraige tá an téarma *ard* luaite san ainm *Loch Ard* atá i gcóngar Dhún na Séad.

Is le tírghnéithe is mó a luaitear an téarma *fada*. Tá an téarma luaite le míreanna sa tírdhreach cultúrtha leis. Ainmniú coibhneasta iad *Garraí Fhada LM 30*, *BIT 171a* agus *Páirc Fhada BIT 171b, LM 159*. Ní garraithe ná páirceanna fada iontu féin iad ach go sonraítear iad a bheith fada i gcomparáid le páirceanna nó gnéithe fisiciúla eile sa chomharsanacht chéanna. Is mór idir fhaid *Faill Fhada* atá gearrtha go doimhin isteach san oileán agus failtreacha eile sa chomharsanacht chéanna. In ainmneacha eile tá idir fhaid, chruth, agus threo tuairiscithe. e.g. *An Talamh Fada Thoir BID 7*, *An Talamh Fada Thiar BID 8*, *An Pháirc Fhada Theas C 185*, *An Pháirc Fhada Thuaidh C 184b*. Is dóichí gur i leith an tí ar an ngabháltas ina bhfuil na míreanna seo den chultúr ábhartha suite a deineadh an t-ainmniú. D'fhéadfadh mar shampla, na háiteanna ar a dtugtar *An Talamh Fada* a bheith suite thoir nó thiar ón dtigh a bhí ar an ngabháltas nuair a ainmníodh ar dtús iad, nó d'fhéadfadh gur i leith suímh a chéile atá an t-ainmniú déanta. Agus ainmniú dá réir déanta is *cnuasainmniú* a bhíonn ann.

Is le tírghnéithe agus gnéithe den tírdhreach cultúrtha a bhíonn na téarmaí *caol* agus *leathan* luaite. Tá, mar shampla, *caol* luaite le cúig garraí, cuas amháin agus

bealach farraige. Ar aon dul le húsáid an téarma *caol* in áitainmneacha cosúil leis *An Cuas Caol C 158* agus *Garraí Caol an Aitinn LM 116* tá coibhneas leithid le sonrú in úsáid an fhocail *leathan* san ainm *An Cuas Leathan C 15*. Ainmniú ón gcoibhneas atá acu i leith a chéile atá déanta ar *An Leathanán Mór GO 13a* agus *An Leathanán Beag GO 11*, dhá ghob nó rinn talaimh i mbaile fearainn an Ghleanna Iarthaigh agus is uatha a deintear an cnuasainmniú *Pointe an Leathanáin Mhóir GO 14* agus *Pointe an Leathanáin Bhig GO 12*.

Úsáidtear an téarma *ramhar* i leith an dá rinn tíre *An Rinn Ramhair Mhór A 67a* agus *An Rinn Ramhair Bheag Ca 1*, atá suite ar aghaidh a chéile ar thaobh theas an oileáin. Úsáid ar mhaithe le hidirdhealú atá á baint as na téarmaí *mór* agus *beag* anseo. Sampla amháin den chuma *cam* atá i logainmníocht Chléire i.e. *An Cuar Cam LM 52*. Dhealródh sé gur ainmniú ó chaoile iomairí treafa atá i gceist le Caológ. Ceithre sampla atá ar fáil den ainm *An Chaológ C 37*, GO 38-39 agus sampla amháin de *Na Caológa* a chuireann síos, is cosúil, ar mhodh treafa seachas cuma nó cruth ann féin.

Uaireanta is i gcomparáid le gné eile san aicme chéanna, e.g. *Carraig an Chomair BIT 85* agus uaireanta eile is i gcomparáid le 'gné' eile ar fad den tírdhreach , e.g. *Faill an TÍ BIT 192* a ainmnítear rud. Níl fáil puinn ar théarmaí cuma in áitainmneacha Cill Ghallagáin, seachas *cam* agus *caol*, b'fhéidir. Tá na heilimintí *leathan*, *caol*, *cam*, *fada*, *ard* le fáil in ainmneacha sa Spidéal, ach níl siad chomh líonmhar is atá i gCléire.

Ní gá, don chur síos a thuairiscíonn dath, méid nó cuma, áit a bheith beacht amach is amach. Is leor go ndéanfadh an cáilitheoir idirdhealú ar dhá áit sa chomharsanacht chéanna. An rud a thuairiscítear a bheith dubh, mar shampla, in áit amháin, is dorcha nó donn a bheadh sé, b'fhéidir , i mbreith ainmneora in áit eile. Trí thuairisciú agus ainmniú a dhéanamh ar thoirt, faid, leithead agus airde mhionthírghnéithe sa chomharsanacht, glacann an duine chuige féin míreanna den tírdhreach. Ionannaíonn sé leo. Bíonn sé snadmtha leo. Is leis féin iad. Is cuid dá áit dúchais iad. A dhúchas féin atá le sonrú iontu. Is é atá i dtuairisciú datha, méid agus cruth in áitainmneacha Chléire, mar sin, ná léargas oileánda ar chuid den mhionaithe agus cur amach a bhí agus atá ag an duine ar a thimpeallacht. Is i gcomhthéacs míreanna sa chomharsanacht oileánda a deintear breith agus nochtadh tuairime faoin rud atá mór nó beag, fada, leathan nó caol.

(ii) Coibhneas i dtuairisciú áitainmneacha

In úsáid téarmaí cosúil le bun, barr, mullach, tón 7rl i dtuairisciú ainmneacha, táthar ag tagairt do léibhéil éagsúla cnoc, failltreacha agus míreanna eile go coibhneastúil. Coibhneas i leith míreanna sa chónagar é, atá bunaithe ar radharc na súl, agus atá beag beann ar aon choibhneas airde cruinn i dtroighthe. Ní luíonn coibhneas

don oileánach ach taobh istigh den scála oileánda. *Ainmniú Cnuasaitheach* nó *Name Cluster* a bhíonn ann nuair a bhíonn roinnt áiteanna ainmnithe ó bhuneilimint tírghné sa chomharsanacht céanna. Seasann an téarma *lár* do choibhneas atá idir mhíreanna den tsórt céanna sa chomharsanacht chéanna. Bíonn áiteanna ainmnithe i gcomhthéacs méid nó treoanna taobh thuaidh nó taobh theas de áiteanna ina mbíonn téarmaí mar *mór* agus *lár* iontu. Sa *Bhá Thuaidh* mar shampla, tá carraig mhara *An tÓglach Láir BT 6* suite idir dhá charraig eile *An tÓglach Beag BT 5* agus *An tÓglach Mór BT 7*. Idir an *Súnta Thuaidh BT 9* agus *An Súnta Theas BT 17* tá *An Súnta Láir BT 3*. Cnuasainmniú ón mbuneilimint chéanna atá déanta i gcás *óglach* agus *siúnta* sna hainmneacha seo. Ar farraige sa *Bhá Thuaidh* tá áit ar a dtugtar *Lár na Cúlach Ca 87*.

Deineann na téarmaí *meán* agus *meánach* lárú nó dearbhú ar an gcoibhneas suímh a bhíonn idir mhíreanna éagsúla den tírdhreach faoi mar a dheineann an téarma *lár*.²⁴⁰ Tá mar shampla, *Garraí Shíle Meán BIT 242* idir *Gharraí Shíle Thiar BIT 243* agus *Garraí Shíle Thoir BIT 241*, agus tá baile fearainn Ghleann Meánach suite idir an Gleann Iarthach agus an Gleann Oirtheach. Ar farraige sa *Bhá Thuaidh* tá oileán *Lao Mheáin BT 35* suite idir na hoileáin *Lao Iarthach BT 26* agus *Lao Oirtheach BT 40*. Cnuasainmniú agus ainmniú coibhneasta ó shuíomhanna áiteanna eile a bhfuil an bhuneilimint chéanna iontu atá ann. Is i dteannta eilimintí treo amháin a bhíonn *meán* agus *meánach* luaite i logainmníocht Chléire.

Tharlódh gur tuairisciú ar an roinnt a deineadh agus an úsáid a baineadh as píosa talaimh a bhí ainmnithe cheana féin atá i gceist san fheidhm a baineadh as téarmaí cosúil le *bun*, *tóin*, *barr*, *mullach*, *íochtar*, *uachtar*, *méan* nó *méanach*, agus *lár* in ainmniú roinnt áiteanna. Téarmaí iad a mbaintear feidhm coitianta astu i gcnuasainmniú. Ag brath ar an bhfeidhm a bhí á baint as píosa talaimh ag am áirithe ba ghá, is cosúil, codanna ar leith de a ainmniú. Tá, mar shampla i Sasana, téarmaí mar *Near*, *Far*, *Top*, *Middle* agus *Bottom* coitianta sa pháirc-ainmniú.²⁴¹ Tá áit ar ar tugadh *Thirty Acres* tráth uirthi, ach atá anois roinnte i dtrí pháosa le *Far*, *Middle* agus *Near Thirty Acres* anois orthu. Tá a leithéid seo déanta i gCléire leis i gcás *Ghort an Mhoirtéil* mar a bhfuil *Íochtar Ghort an Mhoirtéil* ainmnithe mar chuid de. Tá *Gort Gall* ann agus *Gort Gall Uachtair* agus *Gort Gall Íochtair* ainmnithe mar chodanna de.

Ainmniú ón dtigh: Domhan ann féin a bhíonn sa tigh cónaithe do roinnt daoine. Is timpeall ar an tigh feirme a chaitheann an feirmeoir an chuid is mó dá shaol. Deintear mórchuid áiteanna a ainmniú ón gcoibhneas atá idir iad agus an tigh cónaithe atá nó a bhí ar an ngabháltas ina bhfuil na háiteanna ainmnithe suite. 'The home, [is] the central reference point of human existence'²⁴² agus is leis an baile seo a léiríonn ainmneacha páirceanna gaol nó coibhneas de ghnáth. Tá ainmniú mar *Garraí*

an Tí an-choitianta ar fud Éireann agus deintear suíomhú beacht ar áiteanna eile le hainmneacha mar *Gharraí Ceann an Tí CLF 7* nó *An Garraí Laistíos den tSeomra Ca 46*. Ní fhágtar aon amhras faoi shuíomh *An Pháirc Laistiar den Tigh CB 37*. Is é an dála céanna é le hainmniú ón dtigh cónaithe sa Bhreatain Beag ach is ó choibhneas i leith an tsráidbhaile a dheintí ainmniú ar pháirceanna sa Bhreatain Mhór.²⁴³

Nuair a ainmnítear níos mó ná páirc amháin ó mhír ar bith, deintear an t-idirdhealú i gcomhthéacs a ngaol leis an tigh ar an ngabháltas a thuairisciú agus cuirtear iarmhíreanna san ainmniú ag brath ar shuíomh páirceanna i bhfad, nó i gcóngar, taobh thuas nó taobh thíos de thigh cónaithe. Ar a leithéid de chnuasainmniú tá *Ardán Uachtair A 15* agus *Ardán Íochtair A 20*,²⁴⁴ *An Pháirc Mhóir Thoir CB18* agus *An Pháirc Mhóir Thiar CB19* nó *An Pháirc Mhóir Íochtair Ca 72*; *An Pháirc Fhada Thuaidh C184* agus *An Pháirc Fhada Theas C185*. Coibhneas den tsórt seo atá le tuiscint ón ainm *Baile i bhFad Éireann CLF 52*, sé sin, áit atá i bhfad ón dtigh ar an ngabháltas áirithe seo. Is dóichí gur ainmniú ó thaobh coibhnis den tsórt céanna atá i gceist san ainm *Garraí Sia Síos A 73*, sé sin an garraí ab fhaide ón dtigh cónaithe. Tá ainmniú ar an ndul céanna coitianta sa Bhreatain mar a gheibhtear páirceanna mar *America, Far Away, Seldom Seen*²⁴⁵ ainmnithe ón suíomh atá acu i gcoibhneas le suíomh sráidbhaile nó tigh cónaithe.

Is léiriú comparáideach agus dearbhú suímh cinnte atá i gceist san úsáid a baintear as na heilimintí *íochtar* agus *uachtar* i roinnt ainmneacha. In úsáid na neilimintí seo, is féidir suíomh ar an dtaobh uachtair, nó ar an dtaobh íochtair den tigh cónaithe a bheith i gceist. Tharlódh, áfach, gur suíomh ó dheas nó ó thuaidh ón dtigh atá i gceist leis na téarmaí céanna. Áitainmneacha iontu féin iad i gCléire na téarmaí *Uachtar* agus *Íochtar*. Bíonn na téarmaí seo luaite leis le heilimintí eile.²⁴⁶ Is áitainmneacha iontu féin iad 8 sampla den ainm *An tUachtar A15b* agus 9 sampla den ainm *An tÍochtar A 22, A 23*. Samplaí iad de aidiachtaí a úsáidtear mar ainmfhocail de bharr na logainmníochta. Paistí talaimh ar an taobh uachtarach agus íochtarach den tigh ar an ngabháltas ina bhfuil siad suite atá iontu, agus is ainmniú coibhneasta i gcomhthéacs tigh cónaithe atá déanta orthu. Baintear feidhm leis as *Íochtar* in ainmneacha ina bhfuil idir shuíomh agus threo curtha in iúl iontu ar nós *Ceathrúna Íochtair Thoir Ca 49b* agus *Ceathrúna Íochtair Thiar Ca 50a* agus is tuairisciú ar luí an talaimh atá i gceist. Ag deireadh an ainm a bhíonn an suíomh luaite de ghnáth mar atá le: *Garraí Phádraig Uachtair BIT 224*, *Garraí Phádraig Íochtair BIT 225* ina bhfuil ceangal déanta idir dhá áit trí na heilimintí íochtair agus uachtair a úsáid. Is mar a chéile an t-ainmniú a deineadh ar *Ghoirtín an Ghainimh Uachtair LM 237* agus *Goirtín an Ghainimh Íochtair LM 236* nó *Gort Gall Uachtair A 7e*, *Gort Gall Íochtair A 7d*. Ainmniú suímh faoi leith, leis, i gcoibhneas le háiteanna eile atá san

ainm *Idir Dhá Ghort GL 15* atá ina ardán talaimh taobh le gort ar a dtugtar *Gort na Lobhar GL 23* agus atá suite thoir ón *Garraí Glas GL 16*.

Is cosúil go raibh ainmniú coibhneasta, ó thaobh suíomh an tí de, ina ghné fhíorthábhachtach den phróiseas áitainmniúcháin i gCléire. Pointe tagartha ag an duine é an tigh cónaithe. 'Our home', a deir Relph, 'is our corner of the world.....It is our first universe, a real cosmos in every sense of the word.'²⁴⁷ Agus an scéal amhlaidh, is léir gur dhein áitritheoirí Chléire mionainmniú ar mhíreanna den tírdhreach fisiciúil agus tírdhreach cultúrtha laistigh de gach gabháltas ann féin agus is léir chomh maith gur i gcoibhneas an tí a bhí ar an ngabháltas a deineadh formhór an ainmnithe sin.

Treo san áitainmniú: Cáilítear buneilimint ainmneacha le téarmaí treo mar thuaidh, theas, thoir, agus thiar ag brath ar an suíomh atá acu i gcoibhneas le míreanna eile den tírdhreach aiceanta nó den tírdhreach cultúrtha. Ar chósta thuaidh *Lios Ó Móine* tá *An tOileán Thuaidh LM 25* agus beagán siar ó dheas uaidh tá *An tOileán Theas LM 26*. Is ón gcoibhneas treo atá acu lena chéile atá ainmniú déanta orthu. Tá *Gort na nGallán Thiar C 235b* agus *Gort na nGallán Thoir C 237b* ainmnithe ón suíomh atá acu i gcoibhneas agus i gcomhthéacs suímh *Galláin an Chomaláin C 238 a*. Fé mar a deintear áiteanna a ainmniú ón suíomh atá acu i gcoibhneas le tigh ar ghabháltas, is féidir áiteanna eile ar an ngabháltas a bheith ainmnithe ón gcoibhneas treo atá acu i leith míre eile sa chónagar. Sin mar atá sa chnuasainmniú *Gort an Ghainimh Thoir A1b* agus *Gort an Ghainimh Thiar A 3* atá suite thoir agus thiar ó *Ghort an Ghainimh Láir A 2*. Is é an dála céanna é le *Garraí Shíle Thoir BIT 241* agus *Garraí Shíle Thiar BIT 243* a bhfuil *Garraí Shíle Meán BIT 242* eatarthu. I gcomhthéacs an choibhnis treo atá idir ghort amháin agus gort eile atá ainmniú déanta orthu seo. D'fhéadfadh an t-ainmniú a bheith déanta ón gcoibhneas i leith míre eile den tírdhreach áitiúil, nó ón gcoibhneas i leith an tí chónaithe i gcás na n-ainmneacha *Corrán Thoir Ca 9* agus *Corrán Thiar Ca 10*; *Cnocán Thoir Ca 32 b* agus *Cnocán Thiar Ca 31b*.

Nochtar meascán eilimintí suímh, méid agus faid i dteannta treo san ainmniú a deineadh ar roinnt áiteanna. Tá fáil mar shampla, ar eilimintí suímh agus treo i méid beag ainmneacha ar nós *Ceathrúna Íochtair Thoir Ca 49b*, *Ceathrúna Íochtair Thiar Ca 50a*, *Páirc Íochtair Thoir C 249* agus *Taobh Theas Leicín. C 213*. Tá coibhneas méid, faid i dteannta treo le feiscint san ainmniú ar *An Pháirc Mhór Thoir CB 18* agus *An Pháirc Mhór Thiar CB 19*; *An Pháirc Fhada Theas C 185b* agus *An Pháirc Fhada Thuaidh C 184b*.

Tá dornán beag ainmneacha ar deacair a dhéanamh amach orthu an coibhneas suímh nó treo atá i gceist iontu, nó an amhlaidh gur tagairt atá iontu don mhodh treafa ab fhearr a ghlacadh daoine chucu tráth agus iad i mbun saothair sna háiteanna a bhfuil *Síos is Aníos BIT 181*, *Siar is Aniar Ca 75* agus *Ó Dheas Aneas BT 180* orthu.

Ainmneacha garraithe iad ina bhfuil dhá suíomh luaite atá sna hainmneacha *Garraí Sia Síos A 73* agus *Garraí Sia Soir GL 42*.

Féachann sé go raibh ainmniú ó phointí an chompáis ríthábhachtach sa phróiseas áitainmniúcháin i gCléire²⁴⁸ mar tá treo luaite le go leor ainmneacha den tírdhreach aiceanta is cúltúrtha. Bíonn ainmniú déanta ar ghnéithe, ní amháin i gcomhthéacs coibhneas treo ó mhíreanna eile, ach i gcomhthéacs méid agus faid ghnéithe eile sa chomharsanacht chéanna. Is annamh, áfach, a gheibhtear ainmniú le téarmaí suímh agus treo iontu gan a gcomhthearmaí a bheith ar fáil in ainmneacha eile sa chomharsanacht chéanna mar chomparáid agus is cnuasainmniú atá in a lán den ainmniú seo.

Téarmaí ama san ainmniú: Bíodh go mb'fhéidir gur ainmníodh cuid des na páirceanna a bhfuil ainmneacha mar *An Pháirc Nua*, *An Garraí Nua* agus *Currach Nua* orthu breis agus céad blian ó shin agus gur míreanna 'nua' a bhí iontu an tráth sin, mhair na hainmneacha a bronnadh go dtí an lá inniu. Is beag páirc díobh a d'fhéadfaí 'nua' a thabhairt anois uirthi ó thaobh aoise. Nuair a baisteadh 'nua' orthu bhíodar nua i gcoibhneas le páirceanna agus míreanna eile sa chomharsanacht a bhí 'sean' nó a bhí gan chóiriú nua orthu ag an am.

Cuirtear coibhneas ama agus coibhneas treo i dteannta a chéile san áitainmniú a deineadh ar ainmneacha mar *Garraí Nua Thoir LM 14* agus *Garraí Nua Thiar LM 13*. Bíonn na téarmaí *old* agus *sean* luaite de ghnáth le foirgnimh, lonnaíochtaí agus míreanna eile den tírdhreach cultúrtha ar nós *An Sean Scoil* nó *An Sean Teach Scoile LM 221*, *An Sean Tigh Solais GO 2a*, *An Sean Tigh Teileagrafa GI 1a* agus *An Sean Túr GO 3b*. Tá *An Sean Scoil*, nó *An Sean Teach Scoile* i Lios Ó Móine ainmnithe ón gcoibhneas ama atá aici leis an scoil nua a tógadh i gCoinlín sa bhliain 1897. Tharlódh go bhfuil *An Sean Tigh Solais* ainmnithe ar an ndul céanna i gcomhthéacs *Tigh Solais an Charraig Aonair BIT 291a* a tógadh sa bhliain 1849 le cabhair an tsolais a bhí roimhe sin sa Teach Solais ar *Chnoicín an tSeabhaic GO 1b* i gCléire. Ba ag tosach an naoú haois déag a tógadh an Signal Tower nó túr comharthaíochta ar an genoc céanna ar a dtugtar *An Túr GO 3a*. Bhain sé le córas cumarsáide a d'imigh i léig go tapaidh le teacht an chórais Teileagrafaíochta go Cléire i lár an naoú haois déag. D'imigh an córas comharthaíochta as, ach fágadh a thuairisc ní amháin mar mhír den tírdhreach cultúrtha atá anois mar chuid de ársaíocht an oileáin, ach buanaíodh a thuairisc mar chuid den logainmníocht áitiúil tré *An Sean Túr GO 3b* a bheith bronnta mar ainm air.

Bhí tábhacht nár bheag le casáin nó bóithre ag dul thar chnoic ón gComar go Coinlín agus an Gleann. Bhí teacht agus imeacht ag daoine orthu ar feadh na nglúnta. Bíodh gur fada an lá ó baineadh úsáid rialta as na bóithre seo, tá a rian le fáil fós ag an té a lorgódh, agus maireann cur amach orthu sna logainmneacha. Pé ainm a bhí orthu sna 'sean-laethanta', *Sean-Bhóthar an Chomair Cn 13*, *Sean-Bhóthair Choinlín Cn*

2 agus *Sean-Bhóthair an Ghleanna CTi 18* atá bronnta anois orthu agus iad díomhaoin gan éinne ag gabháil na mbealaí sin.

Is gnáthach i gCléire an téarma *cabhlach* a thabhairt ar shean-tigh. Ní sean-tigh go fírinneach atá i gceist san ainm '*Seantí*' *BID138* ach tagairt do rian éigin de shean-bhothán a bhí i n*Gort an Túir BID 107* ar an *Sliabh Ard BID 108* tráth ag lucht faire loingeas ón *Sean Tigh Teileagrafa GI 1a* a bhí in Inbhear. Seanchabhlach tí atá i gceist áfach san ainm Béarla *Bett's Old House CC 22b* agus *The Old School House LM 221* a bhíonn go coitianta ag daoine ar an *Sean Scoil* mar a bhfuil an *Láthair Oidhreacht* anois.

I bhformhór na samplaí de chnuasainmniú i gCléire atá tugtha thuas, is ó bhuneilimint tírghné in áit amháin atá ainmniú déanta ar áiteanna eile. Deintear cnuasainmniú de shórt eile, áfach, nuair a deintear ainmneacha eile a thógáil timpeall ar an mbuneilimint fé mar atá déanta le *Gob an Chuais Leithin C 16* agus *Pointe an Chuais Leithin C14* atá tógtha timpeall ar an ainmniú a deineadh ar an gCuas Leathan. San ainmniú coibhneasta bíonn an cnuasainmniú coitianta agus dá bharr sin áirítear an cnuasainm mar chineál áitainm ar leith .

(iii) Meastóireacht is Tuairimíocht i dTuairisciú Ainmneacha

Ainmniú ón nganntanas: Ón uair gurb í feidhm áitainm áit ar leith a thabhairt chun grinnis, is mó an seans go síolródh ainm ón neamhchoitiantacht seachas ón gcoitiantacht. Feidhmíonn teirce ábhair in áit mar spreagadh don áitainmniú. Tharraingeódh an rud a bheadh gann i gcoitinne níos mó aird, agus is é an dála céanna é i gcás *an rud as an ngnáth* a bheadh raidhsiúil in áit. Deineann soláthar ar mhianach áirithe a bhíonn gann idirdhealú ar áiteanna agus spreagtar áitainmniú mar *An Coiréil A 4a*, nó *Gort an Mhoirtéil C 96-97* dá thoradh. Tá mar shampla, flúirse iasc tugtha le fios san ainm *Cuas an Éisc C 151*, ach is é an soláthar ar leith atá i gceist san ainmniú a deineadh ar chinéal ar leith éisc san ainmniú *Cuas na Longaí C 155* agus *Carraig na nDeargán BT 52* a dheineann áiteanna le luach agus brí dá gcuid féin díobh. Bíonn fo-áitainm bunaithe ar an dtionchar a bhí ag áit ar chéadfaí eile seachas radharc na súl. Dhealródh sé gurb é glór na farraige a spreag an tainmniú *Díodán Mór GI 10* agus *Díodán Beag GI 11*. Tá áitainmneacha ann mar sin ina dtagann meastóireacht nó tuairimíocht ar leith sa tuairisciú a deintear iontu. Pléitear thíos cuid des na cáilíochtaí, ábhair agus mothúcháin a bhí mar spreagadh i roinnt den ainmniú seo.

Cáilíocht: In aon chomhluadar a bheadh ag saothrú an talaimh bheadh gá le hainmniú a dhéanamh ní amháin ar ghnéithe fé leith den talamh féin ach ar a thorthúlacht i gcoibhneas le torthúlacht talaimh eile laistigh den ghabháltas céanna b'fhéidir, nó i gcomparáid le talamh ar bith sa chomharsanacht. Faoin té a chloisfeadh an t-ainm á lua a bheadh sé gach a bhí faoi chaibidil ann a mheas do féin. Tuairiscíonn

An Garraí Bocht A 75, mar shampla, nach raibh mianach an talaimh ann den scoth. Tá sé le tuiscint ón ainmniú a deineadh go raibh ainnise agus cruatan áirithe ag baint lena shaothrú, agus go mb'éigean b'fhéidir leasú lóigh na farraige a bhreith chuige chun torthúlacht a spreagadh ann. Ní áibhéal a rá go mbeadh an-dua ag baint le soláthar go leor ciseán lóigh ón dtrá chun tairbhe torthúlachta ar bith a dhéanamh i mball mar é a bheadh 'bocht' cheana féin. A mhalairt de thalamh atá tuairiscithe san ainm *An Bán Breá C 26*.

Is féidir réimse nó scála cáilíochta a tharraing áitainmneoirí chucu féin in ainmniú áiteanna áirithe a fheiscint sna hainmneacha a bronnadh. Tuairiscíodh áit amháin a bheith *breá*, is áit eile *bocht*. Grádú ar cháilíocht ghnéithe den tírdhreach atá sa chóras bronnta áitainmneacha seo. Tá cáilíocht níos ísle ná bocht tugtha le fios sa tuairisciú a dheineann an áitainm *Beag an Mhaith GO 23*. Ráiteas é a deineadh de thoradh machnaimh i bhfianaise aithne, agus taithí stracadh na mblianta b'fhéidir le píosa talaimh is gan puinn dá bharr. Bhí breith tugtha agus ainm bronnta, ainm a scar in aigne daoine, an áit seo ó áiteanna eile sa chomharsanacht agus bhí ainm bronnta a mhair ar feadh na nglúnta.

Tá fáil ar théarmaíocht i logainmníocht Shasana leis, a nochtann dísbheagadh agus caitheamh anuas ar chaighdeán an talaimh in áiteanna. Deintear cur síos ansin go forleathan ar thalamh portaigh in ainmneacha mar *Bog Field* agus ar áiteanna a raibh dua ag baint lena saothrú. Tá, mar shampla, *Troublesome, Dreadful* agus *Terrible* ar ainmneacha páirceanna. 'The connection between unproductive land and such names as *Bare Arse*, is perhaps felt rather than intellectually grasped.'²⁴⁹ Tá a leithéid de thuairisc ar chaighdeán an talaimh tugtha le fios in ainm mar *Barefield*, atá ar Ghort Lomán i gCo. an Chláir. Bíodh gur dísbheagadh a bhí i gceol an té a bhronn *Beag an Mhaith GO 23* ar áit i gCléire, tá dea-cháilíocht áite tugtha le fios san ainmniú ar *An Cionáit Thoir BIT 238*, *An Cionáit Thiar BIT 237* agus *Garraí na Gréine C 85*.

Ní hionadh go mbeadh an áit neamhthorthúil ina spreagadh do ainmneoir. Easpa torthúlachta na bprátaí i ngarraí ar leith atá á tuairisciú san ainm *Garraí na nGearb C 25*. agus *An Goirtín Giobach LM 185*. Garraí a cóiríodh b'fhéidir as cuid de phort atá le sonrú i leith *Garraí an Phoirt BIT 184, C 58*. Is ainmniú é a dheineann comóradh ar chumas an duine cuid de thalamh bhása portaigh a thabhairt chun tairbhe mar gharraí. Tá sé le tuiscint ón ainm go raibh brú talaimh i gCléire agus go mb'éigean garraithe mar é a ghearradh amach as poirt agus baill eile a raibh cáilíocht an talaimh iontu an-íseal.

Ní bhfeifí ag súil le haon fhiúntas féir as currach ar bith. San ainm *Currach an Fhéir Tirim GO 43*, áfach, tá bua is cáilíocht an fhéir atá le fáil sa churrach áirithe seo tuairiscithe. B'fhiú aird a tharraingt ar a leithéid de áit agus ainm a bhronnadh uirthi. Is é is dóichí a chiallaíonn 'tirim' anseo ná seirgthe. Tugtar fionnán ar a

leithéid seo in áiteanna eile.²⁵⁰ Cáilíocht na gréine in áit áirithe is dócha atá i gceist san ainmniú ar *An Seabhain Leacain CLF 46*.²⁵¹

Carraig a sheasann amach ar *Chnoc Phoill an Duirc Cla* atá sa *Chathaoir Ríoga C9c*. Tá cáilíocht ar leith tugtha don 'chathaoir cloiche' seo toisc gurb áit faoi leith í ag a mbailíodh seandaoine chun mórcheisteanna a phlé.²⁵² Ní fhágann an t-ainm *Trump Field*, nó *Gort na mBá LM 182b* aon amhras ach gurb é an gort ab fhearr ar fad sa chomharsanacht é, nó, gurb amhlaidh a bhí an scéal, ní hamháin go bhfuil feabhas a bhfásann ann curtha in iúl, ach tá mórtas ag baint le *Trump Field*, nó *Gort na mBá* a rá. Is de thoradh taithí ar oibriú an talaimh a tugadh breith ar gach áit díobh a d'fhág mar áiteanna ar leith iad agus a bpearsantacht féin acu. Mionscathán de shaol nach bhfillfidh go deo atá in áitainmneacha dá leithéid. Tá dua, achrann, allas nó míbhlas lucht saothraithe an talaimh le sonrú ón ainmniú a deineadh ar *Ghort na Cráite Ca 37*.

Ábhar: Léiríodh cheana san iniúchadh ar eilimintí tánaisteacha an tábhacht a ghaibh le hábhar mar aol, moirtéal agus gaineamh. Tá lóch nó feamainn luaite chomh maith in ainmneacha, ábhar a bhí rí-thabhachtach do leasú an talaimh. Luaitear aiteann, raitheach, tuigí, fionnán, geataire agus cloch, ábhair a raibh feidhm laethúil leo i saol daoine tráth. Is minic a bhíonn ainmniú geolaíochta ar áit nuair a deintear eilimint datha agus ábhar a nascadh le gné éigin den tírdhreach. Tá idir dhath agus ábhar luaite, mar shampla, san ainmniú *Faill na gCloch nGeal (2) BIT 191, C191, Cuas na gCloch nGeal C253* agus *Claí na Cloiche Báine BIT 96*. Tuairisciú is dócha ar an gcuma soballach a thagann sa chuas de thoradh suaitheadh na farraige atá san ainmniú *Cuas an Ghallúnaigh BID 87*.

Mothú: Bíonn mothúcháin éagsúla ag an duine i leith a thimpeallachta, cuid acu láidir, cuid acu séimh.²⁵³ 'Topophilia' a thugann Yi Fu Tuan ar na mothúcháin go léir a bhíonn ag an duine i leith na timpeallachta. D'fhéadfadh an mothú a bheith aestéitiúil go príomha. Is féidir pléisiúr neomaitiúil a bhaint as radharc, nó díonmhothú a bhrath i leith radharc álainn a thagann gan choinne i raon súl. Ní ró-fhada a mhaireann an dá mhothú seo, áfach. B'fhéidir go maireann an chuimhne agus go bhfaightear cuid dá tuairisc i logainmneacha mar *The Windy Stile LM 190* nó *Carraig an tSáile CB 10, Bollán na Gaoithe, Poll an Amhrais, agus Cuas na Boilge*.

Tá mothú de shaghas éigin i gceist i ngach ainmniú, ach tá mothúchán mar eilimint i gcuid díobh. Is féidir, cuir i gcás, scéirdiúlacht na háite a mhothú ón ainmniú a deineadh ar an *Windy Stile LM 190*. Téann cnoic, gleannta, failltreacha, cuasanna i bhfeidhm ar chéadfaí an duine. Bíonn cnoic agus sléibhte eascáirdiúil agus doicheallach i súile an duine. Is féidir le cnoc nó faille a bheith toirmisciúil faoi mar atá *An Fhail Ard BIT 108a*, *An Fhail Bhriste C250* agus *An Fhail Fhiaclach BIT 131*.

nó fiantacht fásra a shonrú agus a bhlaiseadh ón ainmniú a chuireann síos ar fhothair, poirt, réidhe nó curraigh. Braitear fliuchras agus míchompórd sa *Latrach LM 210* i Lios Ó Móine. Bíonn síofracht, slándacht, mistéireacht chomh maith le dua, bagairt agus baol le blaiseadh i gcuasanna agus góilíní beaga an chósta. Caithfidh go dtéann blas áite i bhfeidhm ar an ainmniú. Ní foláir nó gur chuir blas na háite leis an ainmniú a deineadh ar *Chuas na Síofraí CC 20*, *The Fairy Garden CC 34* agus *Poll an Phúca CC 32*.

Bíonn doimhinaithne agus cion ar an áit atá cúng teoranta. Is féidir mothú doimhin a bhrath in áit bheag. Bíonn a leithéid beag go leor chun go mbeadh aithne phearsanta ag duine uirthi. Dá fhaid a bhíonn an mhuintir chéanna lonnaithe ann is doimhne an aithne phearsanta a chuireann siad ar an áit²⁵⁴ agus is déine an mothú a bhíonn acu i leith na háite ar díobh féin agus a sinsear rompu. Bronntar meas ar áit trín ainmniú agus is áit fé leith a bhíonn inti feasta.²⁵⁵

Nochtar meascán de mhothúcháin i leith míreanna áiteanna dúchais daoine. Ar na mothúcháin is suimiúla atá léirithe in áitainmneacha an oileáin tá crá croí, soineantacht, dísbheagadh agus sástacht. Is deacair, áfach, réimse aon mhothú i leith áite ar bith a mheas. Is mó an léiriú a deintear ar mhothú in áitainmneacha a d'eascair as saothar daoine ná ainmneacha a chuireann síos ar mhíreanna den tírdhreach. Bhí taithí na mblianta ag an duine ar a chuid páirceanna. Bhí mion chur amach aige ar gach cúinne dá ghabháltas féin. Ní haon iontas é, mar sin, go dtuairisceódh sé, nó go léireódh sé mothú i leith roinnt acu. Bheadh crá agus briseadh croí ag baint le hoibriú grafáin nó rámhainne i ngort, b'fhéidir. Ní hionadh go dtabharfaí *Gort na Cráite Ca 37* ar bhall ina mbeadh a leithéid i gceist.²⁵⁶ Is ón dtionchar a d'imir áit faoi leith ar aigne ainmneora a deineadh ainmniú ar *Pholl an Amhrais BIT 27*. Braithear contúirt, nó baol éigin inníoch, neamhchinnte á fhógairt sa tuairisciú. Poll seantoinne atá ann. Tá dainséar titim talaimh sa bhfarraige tuartha san ainmniú agus le feiscint fós ag an suíomh féin. Ball amhrasach é.

Bíonn mothú i gceist sa luach a bronntar ar gach áit, a thugann di a brí. Cur in iúl brí de thoradh taithí atá in ainmniú áite ar bith. Mar atá feicthe, níl ráiteas, áfach, i dtaobh mothú léirithe ach i gcás 10 nó .5 % de áitainmneacha an oileáin. Cén fáth ?

(iv) Ainmneacha na mBailte Fearainn

Tá thart ar 60,000 baile fearainn in Éirinn atá éagsúil i nádúr agus in aois. Is féidir iad a rangú ar shlite difriúla a thabharfadh léargas b'fhéidir ar cén fáth agus conas mar a ainmníodh amhlaidh iad i dtosach báire. 'Thus', a deir Ó Maolfabhail, 'a particular name may represent a certain aspect of the geography, climate, vegetation, fauna, or phenomena of a place or of the economy, language, religion, social customs, or history of people who have lived in the place.'²⁵⁷ Ar na gnéithe luaite is í an tíreolaíocht is mó a gheibhtear i mbuneilimintí ainmneacha na mbailte fearainn i

gCléire. Eilimintí treo is mó a bhíonn mar eilimint thánisteach sna hainmneacha céanna.

Tá ainmneacha na mbailte fearainn ar na hainmneacha is seanda dá bhfuil le fáil i gCléire. Bhí a bhfformhór bunaithe faoi 1655 nuair a deineadh an Down Survey.²⁵⁸ Ní ainmneacha tíolactha ná ainmneacha bronnta iad. 'The townland pattern', a deir Deirdre Flanagan, 'was not imposed on Ireland; it evolved naturally as part of the gradual social evolution of the country....Their names were not consciously bestowed on the townland units; they, like the system itself, evolved naturally as an aspect of the common consensus of expression.'²⁵⁹ Ainmneacha a d'eascair as an tuairisciú a deineadh ar mhíreanna den tírdhreach áitiúil atá i gcuid acu. Tá, mar shampla, gleann sa taobh theas den oileán agus is uaidh a ainmníodh na bailte fearainn an Gleann Iarthach, an Gleann Méanach agus an Gleann Oirtheach. Tá anseo, trí bhaile fearainn ainmnithe ó mhír thíreolaíoch agus baintear leas as na treoanna chun suíomhú a dhéanamh orthu.

Tá an mhír thíreolaíoch *cnocán* luaite in ainmneacha an dá bhaile fearainn, *Cnocán an Choimhthígh* agus *Cnocán na mBáirneach*. Is mór atá idir airde na gcnocán atá tuairiscthe sa dá ainm, áfach. Cnoc géar a chuireann giorranáil ar cách atá i g*Cnocán an Choimhthígh* i gcomparáid leis an ardán talaimh atá le fáil thart timpeall ar an g*Carraig Liath CB 29* i g*Cnocán na mBáirneach*. Airde talaimh i gcoibhneas le talamh eile sa chomharsanacht a samhlaíodh, is dócha, in aigne an chéad ainmneora nuair a baineadh feidhm as an mbuneilimint sna hainmneacha seo ar dtúis. Is dócha gur coimhthíoch éigin a bhí san áit áirithe seo, agus raidhsiúlacht báirnigh ar láthair eile, a spreag an t-ainmniú seo a dheineann cáiliú agus buanú ar an mír tíreolaíoch *cnocán* mar chuid de ainmneacha dhá bhaile fearainn. Tuairimiú faoi dhuine stróinséartha a bheith ar láthair díobh agus tuairisciú ar ábhar bia ar láthair eile atá iontu, dhá rud arb fhiú a aithint agus a ainmniú sa chomharsanacht. Ainmniú ó mhír den tírdhreach ar an dtaobh thoir atá, is cosúil, san ainm *Comalán*, mar a bhfuil fáil ar lug talún nó cúm a ritheann ó *Pholl an Duirc C 3* go *Cúl Phortáin C 202*.²⁶⁰ Luíonn an béaloideas leis an dtuairim gur baile i gcúm idir *Cnoc Rinn Guaille C 159* agus *Cnoc Phoill an Duirc C 1a* atá á chur in iúl san ainm.²⁶¹ Chun teacht ar cheann de na bainceanna a b'fhearr iascaireachta ba é an comhartha a bhíodh ag iascairí tráth ná an *cúm* nó log talaimh seo a 'shamhlú' *lán* le huisce.²⁶² Bhí feidhm thábhachtach ag an lug seo sa talamh le beatha iascairí an oileáin mar sin. Bhí sé ina áis fharraigeoireachta dóibh leis na céadta bliain amhail na comharthaí talaimh agus farraige eile a bhíodh acu.

Is dóichí gur tuairisciú ar an gcuma atá ar mhír den tírdhreach áitiúil i.e. *Cnoc an Chrathaigh CTi 40*, atá san ainm *Crathach* ón a bhfuil an dá bhaile fearainn *Crathach Thoir* agus *Crathach Thiar* ainmnithe.²⁶³ Tá, leis, ainmneacha ar bhailte fearainn nach ainmneacha tírghnéithe iad. *An Baile Iarthach* a tugtar ar an mbaile is

faide siar san oileán. Tagraíonn an téarma *baile* i gcónaí do bhuanlonnaíocht de shaghas éigin pé luath nó déanach aois na lonnaíochta céanna.²⁶⁴ Tá an baile roinnte i ndhá chuid, thuaidh agus theas a fhágann *An Baile Iarthach Thuaidh* agus *An Baile Iarthach Theas*. Ainmneacha suíomhanna iad atá tuairiscithe i gcomhthéacs áiteanna eile atá suite soir, thuaidh agus theas uathu. Níl fáil ar an ainm Baile Iarthach sa Down Survey. Is féidir glacadh leis mar sin, is dócha, gur am éigin ina dhiaidh sin a tosnaíodh ar úsáid a bhaint as an ainm. Is cosúil gur ó mhír lonnaíochta agus ársaíochta nach fios a haois a ainmníodh baile fearainn *Lios Ó Móine*. Ainmniú tíolactha Naomh Mughana atá san ainmniú leis is cosúil.²⁶⁵

Tá ainmniú bailte fearainn eile préamhaithe sa roinnt a dheintí ar thalamh i bhfad siar. Ba é an *gort* an píosa is lú talaimh ar a dheintí roinnt agus cíos a leagadh.²⁶⁶ Ba chun curadóireachta an gort. Tá ainmniú déanta ar bhaile fearainn ó airde ghoirt i mball áirithe i gcás *An tArdghort*.²⁶⁷ Is dóichí gur ainmniú ón bhfeidhm a baineadh as gort in áit eile atá tuairiscithe san ainm *Gort na Lobhar*.²⁶⁸ An roinnt i *gceathrú* a bhí ina spreagadh, is cosúil don ainmniú a deineadh ar Ceathrúna. Tá sé cinn de chealla i gCléire,²⁶⁹ ach is é *Cill Leice Fórabháin* an t-aon cheann díobh ar glacadh léi mar ainm bhaile fearainn. Ba as nós adhlactha na marbh a d'eascair ainm an bhaile fearainn *Cill Leice Fórabháin* mar a bhfuil fáil ar sheanchill. Sé cinn déag de bhailte fearainn atá i gCléire inniu. Deir Lewis go raibh talamh Chléire roinnte i 17 baile fearainn sa bhliain 1837.²⁷⁰ Do bhain ainm baile le *Cill Chiaráin* ins sa tsean-shaol.²⁷¹ *Sean Glebeland* ba ea é a bhí ina aonad talaimh nó ina bhaile ann féin. '*Townland of Kill*' atá luaite ar léarscáil an Boundary Survey²⁷² i leith na háite ar a dtugtar 'talamh na Cille' anois. Pé uair a d'eascair ainmneacha na mbailte fearainn, bhí siad préamhaithe go maith faoi 1655 nuair a deineadh an Down Survey.²⁷³

(v) Tuairisciú ar ghníomhaíochtaí talmhaíochta, iascaireachta agus gníomhaíochtaí eile.

Deineann na hainmneacha a bhfuil tagairt iontu do ghníomhaíochtaí talmhaíochta, iascaireachta agus gníomhaíochtaí eile lonnú nó suíomhú ar áiteanna faoi leith. Is tré mheán tuairisce a deintear na hainmneacha seo a chur in iúl. Is é an dála céanna é i gcás ainmneacha ina bhfuil tagairtí iontu do ghnéithe den dúlra. Léireofar thíos gur foinse mhór eolais faoi shaol agus saothar phobal an oileáin iad na hainmneacha céanna.

2. Ainmneacha Sealbhóireachta

Ba é an grúpa príomhchomhartha sóirt an chomhludair chnuasaitheigh tráth. Maoin a bhí sa talamh ach ní raibh sí tábhachtach go leor chun go mbronnfaí ainm

uirthi. Le himeacht aimsire d'aistrigh an comhluadar ón gcóras a bhí bunaithe ar an gcnuasiarracht go comhluadar a bhí bunaithe ar an nduine aonair in a raibh tábhacht le talamh agus úinéireacht an talaimh, agus d'eascair áitainm de shórt nua.²⁷⁴ Tháinig an áitainmniú ina raibh ainm pearsanta luaite le mír éigin den tírdhreach ar an saol. Ainmniú a thugann seilbh daoine le fios a bhí sa chuid is mó de agus is le míreanna sa tírdhreach cultúrtha a gheibhtear luaite é go hiondúil. Cé go gcuirtear seilbh in iúl san ainmniú seo is cur in iúl suímh faoi leith nó ainmniú ar áit faoi leith atá ann chomh maith.²⁷⁵ Ón uair go mbaineann formhór na n-ainmneacha sealbhóireachta anois le daoine atá ar shlí na fírinne, cuid acu le breis agus céad caoga bliain, is féidir a rá gur ainmneacha ceiliúrtha leis iad, bíodh nárbh é sin an fheidhm a bhí leo nuair a chéad cheapadh iad.

Spreagann an tuairim faoi sheilbh áite na múrtha áitainmneacha. Úinéireacht aonair, grúpa, nó clainne a tuairiscítear iontu. Ní gá gur seilbh le ceangail dlithiúil a bhí i gceist ag an ainmneoir. Pé ní é, nuair a bhíonn seilbh glactha ar áit is ansin a eascraíonn ainm di. Is an-dealraitheach le hainmneacha coibhneasta iad agus is leis an tírdhreach cultúrtha a bhaineann siad. Déantar áiteanna ar leith a aithint trí ainmneacha pearsanta, sloinnte, forshloinnte, nó leasainmneacha a chur le míreanna éagsula den tírdhreach cultúrtha agus bíonn na saghasanna céanna ainmneacha luaite le roinnt bheag tírghnéithe, ach is ainmniú coibhneasta, nó ainmneacha ceiliúrtha a bhíonn ann go hiondúil seachas ainmniú sealbhóireachta.²⁷⁶ Ainmneacha Sealbhóireachta atá i 415 nó 19.7 % de ainmneacha Chléire.

In ainmniú an duine ina áit dhúchais ní bhaintí an oiread sin feidhme as sloinnte. D'aithnítf duine óna ainm pearsanta i dteannta ceann éigin des na cinnitheachtaí seo mar shoiléiriú sa bhreis. Sna háitainmneacha i gCléire;

- (1) Faightear ainm an athar an choitianta, e.g. *Tigh Shéamaí Shéamais C 142b*, *Tigh Pat Tammy LM 222a*, agus *Tigh Shiobhán Connie LM 205* etc.
- (2) Luaitear gairmeacha le hainmneacha pearsanta, e.g. *Tigh Jimmy an Phoist CB 75*, *Tigh an Mháistir Cn 28* agus *Pointe Thaidhg an Táiliúra Ca 69* etc.²⁷⁷
- (3) Deintear buanna agus tréithe daoine a lua le hainmneacha pearsanta, e.g. *Tigh Pat the Poet GM 18b*, *Tigh Mal na nAmhrán LM 120c* etc., *Boilg Bill Mór BT 32*, *Tobar Chonchúr Bhig C 44* agus *Cé Sheáin Rua CC 45*.
- (4) Bíonn leasainmneacha i dteannta ainmneacha pearsanta leis. Leanann mar, shampla, an téarma *Óg* clanna áirithe ar feadh na nglúnta, a fhágann leithéidí *Tigh Mhike Mháire Mhiocain Óig GL 17b* agus *Gort Dhiarmaid Óig C 103b* sa logainmníocht.
- (5) Cuirtear ainmneacha pearsanta i dteannta forshloinnte, e.g. *Tigh Mhíchíl Leoil GL 17c* agus *Cabhlach Bhait an Ghiolla C 89*.
- (6) Baintear úsáid as *an* nó *The* agus an mhír áitiúil i leaganacha de ainmneacha atá i nGaeilge agus i mBéarla ar nós iad sin sna háitainmneacha *Tigh Phádraig na*

Croise CLF 58b, Tigh Pat The Glebe BIT 285a, Tigh Pat the Poet GM 18b, agus Tigh Pad the Lad GM 18c.

'Traditional naming modes,' a deir Henry 'bearing witness to a common social and cultural heritage are very persistent in most areas in Ireland.'²⁷⁸ agus is amhlaidh atá leis i gCléire. Is leis an tírdhreach cultúrtha is mó a nasctar ainmneacha pearsanta, ní amháin i gCléire ach ar fud Éireann.²⁷⁹

Nuair a bhíodh ainm clainne líonmhar in áit dheintí idirdhealú ar na brainsí éagsúla trí chóras forshloinnte, leasainmneacha, lua gairmeacha, dathanna, ainm an athar nó ainm na máthar.²⁸⁰ Dheintí an córas ainmniúcháin seo ar dhaoine a aistriú isteach sa logainmníocht tríd an ainm pearsanta a lua le forshloinne, b'fhéidir, agus le pé mír a bhí le hainmniú mar atá san ainm *Tigh Sheáin an Ghiolla*. Míreanna sa tírdhreach cultúrtha is mó a ainmnítear ar an gcuma seo. Is féidir idir sheilbh agus cheiliúradh a bheith i gceist in ainmneacha a mbíonn ainmneacha pearsanta luaite iontu.

Ainmniú ó Ainmneacha Pearsanta: Coibhneas i leith na nglúnta a d'imigh rómpu atá in a lán den áitainmniú i gCléire. Ainmnítear daoine ní amháin ó ainmneacha tuismitheoirí, athair is máthair, ach ainmnítear iad chomh maith ó ainmneacha pearsanta athaireacha is máthaireacha críonna. Tá áitainmneacha a bhfuil ginealach trí ghlún tuairiscithe iontu agus is minic a chaomhnaítear leis, ainmneacha pearsanta clainne a théann siar b'fhéidir dhá chéad bliain de réir bhéaloideas an oileáin. Tá gaol daoine lena chéile, agus lena sinsir léirithe agus buanaithe go doimhin san úsáid a bhaintear as ainmneacha pearsanta i logainmníocht Chléire. Ainmniú ó ainmneacha fear atá sa chuid is mó de, ach tá ginealach luaite leis, i roinnt ainmneacha a mbíonn ainmneacha pearsanta ban luaite iontu agus is gnáthach gur ainm athair na mná a bhíonn luaite. e.g. *Garraí Mháire Ciaróg LM 12, Garraí Mháire Labhráis (Bohane) BID 96, Garraí Mháire Chonchúir Óig LM 71, Garraí Eibhlín Mhiocain (Ó Drisceoil) CB 57b, Tigh Shiobháin Connie (Ó Céadagáin) LM 205, agus Garraí Mháire Dhónaill BID 92*. Is féidir le cuid des na hainmneacha seo a bheith dátheangach cosúil le *Tigh Ellen Phaddy C 141b* nó *Garraí Cháit Carey LM 35*. Arís is ainmniú é seo a deineadh trí sheilbh a chur in iúl le tuairisciú ginealaigh. Ainm athar agus seanathar i dteannta a chéile atá san ainmniú *Tigh Ellen Mhiocan Flor (Ó Drisceoil) GL 28c*. Deintear ainmniú ó ainm na máthar leis ó am go chéile, e.g. *Tigh Dhathí Mháire Dhá agus Tigh Dhiarmaid Mháire (Ó Muineatháin) agus Tobar Mháire Mháirín A 46a*. Níl aon sampla áfach de ainmniú ó sheanmháthair.

Baintear feidhm leis, as ainm pearsanta dúbalta in ainmniú roinnt áiteanna. Bíonn an chuid is mó de seo dátheangach, e.g. *Tigh Mary Anne, Tigh Mary F.* agus mar sin do.. Tá an saghas céanna ainmnithe déanta i gcás roinnt ainmneacha fear agus arís is tuairisciú ainmneacha pearsanta i mBéarla a deintear sa chuid is mó. Ar chuid díobh tá *Tigh Michael John C 173d (Ó Céadagáin)* agus *Tigh Michael Vincent (Ó*

Céadagáin) BIT 170. Tá leis, leithéidí *Tigh Mhíchíl C. (Ó Drisceoil)* agus *Tigh Phádraig G. (Ó Drisceoil)* agus *Tigh Sheáin C. (Ó Drisceoil)* ann.

Tá stádas daoine agus a ngaol lena chéile léirithe sna hainmneacha seo chomh maith. Sa tuairisciú a deintear, cuirtear stádas pósta nó singil fear is ban in iúl, agus luaitear téarmaí gaoil mar iníonacha nó mic. Ba chuid den tradaisiún é cuimhne na sean a choiméad beo, agus deineadh caomhnú omósach ar ghinealach daoine trí mheán na logainmníochta. Bhí na daoine agus an talamh fite fuaite ina chéile agus ba athghairm ar shinsear a bhí i gcuid mhaith den áitainmniú i gCléire rud a chabhraigh le préamhú agus buaná ainmneacha. Is ffor i gcás Chléire a dúirt Dónal Ó Corcara i *The Hidden Ireland* i dtaobh athghairm logainmneacha: 'All the Gaels,' a scrígh sé, 'were one...with the very landscape itself....To run off the family names...was to call to vision certain districts - hills, rivers, plains; while contrariwise, to recollect the place-names in certain regions was to remember the ancient tribes and their memorable deeds.'²⁸¹ Deineann cuid mhaith de áitainmniú Chléire athghairm ar shinsir, tuismitheoirí críonna, athaireacha is máthaireacha críonna, a saol agus a ngníomhartha.

Baintear feidhm as ainmneacha pearsanta daoine ní amháin chun tuairisciú a dhéanamh ar áiteanna faoi leith ach feidhmíonn a leithéid mar cheangal idir an pobal beo agus a sinsir. Ba mhinic in áiteanna mar an Ungáir go gcuirtí ainmneacha pearsanta ag feidhmiú mar áitainmneacha.²⁸² Trí thuairisciú ginealaigh, ní amháin go gcuirtear seilbh in iúl ach léirítear coibhneas ama leis, ó thaobh tréimhse nó faid na seilbhe ag an muintir chéanna. Bíodh gur cur in iúl seilbhe d'fhonn na haithne is feidhm leis an chuid is mó den tuairisciú a deintear ar ghinealach sna h-ainmneacha, is féidir dearcadh agus mothú ainmneora i leith a mhuintire féin a shonrú san ainmniú chomh maith. Bíonn gá ag an duine é féin a lonnú, nó a nascadh le háit éigin. Tá mian leis ann, cuimhne air féin, ar a mhuintir nó a áit dhúchais a chaomhnú ar bhealach éigin. 'This identity of people with their place is', a deir Deirdre Flanagan, 'instinctive, traditional and deep-rooted.'²⁸³ I measc Síneach agus Laplannach ach go háirithe, mar shampla, dheintí ainmneacha traidisiúnta clanna a chaomhnú glúin i ndiaidh glúine mar chreid daoine riamh go dtiocfadh a sinsir i gcabhair orthu sn a raibh a n-ainmneacha orthu.²⁸⁴ Bhí gá riamh ag an duine ceiliúradh a dhéanamh air féin agus ar a mhuintir. Deintear freastal ar chuid den ghá agus den mhian seo trí ghinealach a thuairisciú i mbronnadh logainmneacha. Faid a mhairfidh an síol san áit dhúchais féachann sé go mairfidh cuimhne ar an ainm pearsanta agus an ginealach a ghabhann leis.

D'úsáidítí áitainmneacha chun aithint nó idirdhealú ar sheilbh daoine a chur in iúl. I bpobal oileánda bíonn aithne ag cách ar a chéile. In ainmniú áiteanna mar sin, ba dheacair, mar phointí tagartha don phobal áitiúil, buachaint ar na logainmneacha a raibh ainmneacha pearsanta, forshloinnnte agus leasainmneacha clanna luaite iontu

agus ina theannta sin ba thairbheach leis iad mar fhianaise chun greim daoine ar a seilbh féin a neartú agus a bhuanú in aghaidh aighneas talún ar bith a ardófaí.

Ar an láimh eile dhe, bhí feidhm riamh dar le Brian Ó Cuív leis an logainm in ainmniú agus aithint daoine.²⁸⁵ Is trí thagairt do ainmneacha áiteanna a dheintí aithint ar roinnt daoine, mar shampla Pat the Glebe, Mary the Lake agus Regan's the Cross. I gCléire inniu ní bhaineann daoine úsáid as leasainmneacha, sloinnte ná forshloinnte agus iad ag fáiltiú roimh a chéile ach baintear feidhm astu agus iad ag trácht ar dhaoine nach mbíonn sa chuideachta chéanna ag an am áirithe sin. Tugann na hainmneacha caint na sean chun cuimhne; mar a deir Hawkes: 'Place-names recall the talk of forgotten tribes.'²⁸⁶ Feidhmíonn na hainmneacha seo agus an ginealach atá caomhnaithe (i 142 sampla díobh) mar shnáth a dheineann ceiliúradh agus nascadh ar an bpobal fós.

3. Ainmneacha Ceiliúrtha

Níl teora ar bith leis an oiread rudaí gur féidir a cheiliúradh. Agus ainmniú déanta ar rudaí, is féidir le ceann ar bith acu a bheith ceiliúrtha mar áitainm. Is féidir le duine, áit, nó imeacht ar bith a bheith luaite san ainm ceiliúrtha. Ainmniú tíolactha, bronnadh gradaim, nó ceiliúradh atá i gceist i 174 nó 8.3 % de áitainmneacha an oileáin

Is féidir ceithre roinn a dhéanamh de ainmneacha ceiliúrtha Chléire. Ainmneacha pearsanta agus sloinnte, ainmneacha aicmí daoine, ainmneacha áiteanna i dtíortha eile agus imeachtaí is mó atá iontu. Bronnadh onóra nó gradaim a bhíonn i gceist de ghnáth. Bheifí ag súil mar sin go ndéanfaí ceiliúradh ar ainmneacha naomh áitiúil, agus deintear a leithéid a nascadh le gnéithe den tírdhreach cultúrtha de ghnáth ach luaitear leis iad le míreanna den tírdhreach aiceanta ó am go chéile. Nasctar ainmneacha pearsanta daoine le míreanna an tírdhreacha go minic a fhágann duine leis an tuairim gur ainm sealbhóireachta a bhíonn i gceist seachas ainm ceiliúrtha. Is le cabhair eolais bhreise faoi shuíomh, nádúr an talaimh, a bhfásra agus gnéithe eile na tíre a deintear ainmneacha mar iad a rangú ina n-ainmneacha ceiliúrtha anso.

Bíonn foirmeáltacht ag baint le hainmneacha ceiliúrtha agus ar uairibh tá dlúthcheangal idir iad agus ainmneacha sealbhóireachta. Bíonn, mar shampla, idir sheilbh agus cheiliúradh le tuiscint ó roinnt ainmneacha mar *Tigh Master Hayes*, nó *Tigh an Mháistir*. Is ar shuíomhanna lonnaíochta is mó a deintear an t-ainmniú ceiliúrtha i gCléire ach bíonn a leithéid i gceist leis, ó am go chéile, in ainmniú ghnéithe aiceanta mar chnoic agus failtreacha. Ainmneacha a bhíonn buanaithe cheana féin agus a dtugtar feidhm nua dóibh a bhíonn in ainmneacha eile. Bronnadh onóra nó gradaim is aidhm leis an ainm nua de ghnáth. Ceiliúradh ar dhaoine, imeachtaí agus áiteanna a bhíonn i gceist. Tugann siad áiteanna eile, daoine nó an t-

am atá thart chun cuimhne.²⁸⁷ Geintear ainmneacha ceiliúrtha ón mian a bhíonn sa duine ainm daoine a mbíonn meas acu orthu a chaomhnú, nó onóir a bhronnadh orthu. Tá an sórt seo áitainmnithe an-choitainta sna Stáit Aontaithe agus i dTalamh an Éisc.²⁸⁸ Ceiliúradh ar ainm naomh nó daoine cáiliúla sa stair áitiúil is mó a bhíonn ann in Éirinn. Is beag de a gheibhtear i gCléire, áfach.

Ainmiú Tíolactha : Ainmneacha pearsanta a bhíonn luaite go coitianta le tírghnéithe i logainmneacha san Eoraip agus i Meiriceá agus feidhm cheiliúrtha leo de ghnáth. Ainmiú ceiliúrtha ar phearsain mór le rá i stair tíre a bhíonn ann go hiondúil. Mian ainmneoirí onóir a bhronnadh ar Naomh Ciarán, Cléire a spreag roinnt Ainmneacha Ceiliúrtha, atá luaite mar ainmneacha a bhaineann leis an tírdhreach aiceanta agus an tírdhreach cultúrtha. Ar na heilimintí cultúrtha a bhfuil an t-ainm pearsanta Ciarán luaite leo tá *cill*, *teampall* agus *gallán* nó *cloch* agus ar na tírghnéithe tá *trá*, *tobar* agus *pointe*. Ainmneacha Ceiliúrtha iad mar sin *Cill Chiaráin BIT 10a*, *Teampall Chiaráin BIT 11*, *Gallán Chiaráin BIT 8*, *Trá Chiaráin BIT 3*, *Tobar Chiaráin BIT 7* agus *Pointe Chiaráin BIT 14a*. Is dóichí gur bronnadh gradaim leis atá i gceist san ainm *Cill Léithín BID 42*, agus tuairiscítear chomh maith go raibh naomh darb ainm Maolán ann uair, agus más fíor sin caithfidh gurb uaidh a ainmníodh *Cloch Maoláin Cn 20*, *Tobar Maoláin Cn 18* agus *Gort Maoláin Cn 17* i gCoinlín. Téann tuairisc ar na hainmneacha Ciarán, Rónán, Éanna agus Éireamhóin i bhfad siar i nGinealach Chorca-Laidhe a bhfuil cóip de le fáil i *Leabhar Bhaile an Mhóta c. 1390*.²⁸⁹ Tuairiscítear gur de shliocht Chorca-Laidhe Naomh Ciarán Cléire agus an Chlann hEidirséal a bhfuil a sliocht go láidir fós ar Oileáin Chairbre agus ar fud Iarthar Chorcaí. Bhí an t-ainm Éireamhóin coitianta i measc Drisceolach Chléire le fada. Luaitear, mar shampla, Hugh mcErrean Driscoll sa *Down Survey* agus sa *Book of Survey and Distribution* a thógann an t-ainm siar i gcáipéisí oifigiúla go lár na seachtú aoise déag. Féachann sé mar sin go bhfuil na háitainmneacha tíolactha seo ar na cinn is seanda dá bhfuil i gCléire. Ní tuairiscítear i gCléire cэр díobh an Éanna agus an Rónán a luaitear sna háitainmneacha *Oileán Éinne BT 2a*; *Faill Rónáin CB 13*, *Faill Rónáin Thoir CB 42*, agus *Faill Rónáin Thiar CB 41*. Dhealródh sé gur bronnadh gradaim agus ceiliúradh ainmneacha daoine a chuaigh i gcionn ar shaol agus aigne oileánach, faoi mar a chuaigh Naomh Ciarán ina linn féin, atá sna háitainmneacha seo. 'The question of whether a character really lived makes no difference as far as names are concerned.'²⁹⁰

Bíodh go bhfuil na hainmneacha pearsanta thuasluaite i nGinealach Chorca Laoighdhe, is deacair a rá cathain a tosnaíodh ar úsáid a bhaint as aon ainm díobh sa logainmníocht. Is ón mbéaloideas, mar shampla, a gheibhtear tuairiscí gur mhair, nó gur dóichí gur mhair, céad nó dhá chéad bliain ó shin, daoine áirithe a luaitear i logainmneacha fé leith. Sin a thuairiscítear go háitiúil i dtaobh *Chnoc Éireamhóin*

LM 176 agus *Boilg Bill Mór BT 32*. Ainmneacha iad a lán acu atá préamhaithe i mbéaloideas agus i nginealach mhuintir an oileáin.

Bhí mothú sásaimh, iontais agus fiú tarraingt an chreidimh ag baint le roinnt gnéithe aiceanta riamh. 'Perhaps', a deir Yi-Fu Tuan, 'any overpowering feature in the landscape creates its own world which may expand or contract with the passing moods of the people, but which never completely loses its identity'.²⁹¹ Nuair a bronntar ainm duine ar thírghné a sheasann amach sa tírdhreach áitiúil is ardghradam a bhíonn bronnta; is ionann síoraíocht nó neamhbhásmhaireacht a bheith tíolactha air nach mór. Deintear athghairm agus ceiliúradh ar ainmneacha na laoch Fiannaíochta, Fionn Mac Cumhaill agus Diarmaid Ó Duibhne, sna hainmneacha *Gort an Tí Finn GL 21*, *Leac Dhiarmada BID 121*, agus *Faill Dhiarmada Uí Dhuibhne BID 118b*. Déithe atá déanta díobh, nach mór. Bronntar gradam leis, ar dhaoine a bhíonn ag saothrú i measc an phobail. Ainmneacha a cheiliúránn maor mheitheal oibre chuain atá sa dá shloinne sna h-ainmneacha *Killeen's Pier GI 2b* agus *Duffy's Pier BIT 5b*. Deineadh *Cé Cillín* agus *An Cé* díobh ina nGaelú. Ainmniú tíolactha iad ar nós *Dhroichead Chon Sé C 108b*, nó *Con Shea's Bridge* a cheiliúránn Con Sé, maor oibre de chuid Chomhairle Chontae Chorcaí. Iarracht den ghreann áitiúil atá san ainmniú O'Connell Avenue, ainm atá ar chasán sléibhe a tógadh thart ar 1926 de thoradh idirghabhála a dhein an t-Ath. Pádraig Ó Conaill sagart cúnta an oileáin le Comhairle Chontae Chorcaí. Níl na h-ainmneacha *Cé Cillín GI 2b*, *Duffy's Pier BIT 5b* ná *O'Connell Avenue LM 252b* ar bhéalaibh daoine ar chor ar bith anois. Is féidir roinnt ainmneacha pearsanta agus sloinnthe a thagrann do ghairmeacha daoine a rangú ina n-ainmneacha ceiliúrtha. Ní fios, áfach, céard a spreag an t-ainmniú atá ceiliúrtha san ainm *Faill Ní Chathail*.

Is léir, ón a bhfuil ráite thuas faoi ainmneacha sealbhóireachta, go bhfuil gaol gairid idir na hainmneacha sealbhóireachta agus na hainmneacha ceiliúrtha agus is deacair gan iad a mheascadh. Ba le cabhair eolas gineolaíochta, dinnseanchais agus staidéir ar phatrún lonnaíochta an oileáin a deineadh iad scagadh ó chéile. Deintear ceiliúradh leis, ar aicmí daoine i roinnt ainmneacha i gCléire, bíodh go gcuirtear seilbh in iúl chomh maith. Tá an sagart, an máistir, an píolóta, an táiliúr agus an bhanaltra ainmnithe. Ina theannta sin, amanta, luaitear na háiteanna a ghaibh lena ngairm nó lena gceard.

Ainmniú Ceiliúrtha ar áiteanna Eile: Is cuid den phróiseas áitainmniúcháin idirnáisiúnta é gur rug daoine ainmneacha a n-áiteanna dúchais leo nuair a chuardar ar deoraíocht. Toisc a ndeachaigh de dhaoine ó thíortha Eorapacha ach go háirithe go Meiriceá, le trí céad blian anuas is dócha gur i Meiriceá Thuaidh atá fáil ar an líon is mó ainmneacha áiteanna ó thíortha eile. Dála ainmneacha a dheineann athghairm nó ceiliúradh ar áiteanna idirnáisiúnta deir Shelley Drew, 'Often when a man settles in a new territory, he names it for the home he left behind....'²⁹² 'There is no part of the

world' a dúirt Robert Louis Stevenson, 'where nomenclature is so rich, poetical, humorous and picturesque as the United States of America. All times, races and languages have brought their contribution.'²⁹³ Tá fáil ar leithéidí London, Bristol agus na mílte ainmneacha eile ó thíortha na hEorpa, sna Stáit Aontaithe, san Astráil agus i dtíortha eile. Ainmniú atá iontu a d'eascair as mian daoine a n-áit dúchais a bheith comórtha go buan i dtíortha nua in ar shocraíodar síos.²⁹⁴ Tharla a lán áitainmniú den tsórt seo i dtíortha eile tar éis an Chéad agus an Dara Cogadh Domhanda nuair a bhíodh tuairiscí coitianta ar na nuachtáin faoi imeachtaí cogaidh in áiteanna áirithe.²⁹⁵ Is ceiliúradh ar áiteanna, daoine agus gnéithe fisiciúla agus cultúrtha tírdhreach na máthar tíre atá san aistriú seo a deintear ar ainmneacha go tíortha eile nó go láthaireacha nua. Is féidir *ainmneacha athbhronnta* nó Transfer Names²⁹⁶ a thabhairt ar na hainmneacha seo, agus is dócha gur fíor a rá gurb é an imirce ba chúis le formhór acu. Is éagsúil iad na próiséis ina ndeintear aistriú ar ainmneacha áite amháin go háit eile.²⁹⁷ Aistrítear ainmneacha ó thír go tír agus ó áit go háit laistigh de thíortha. Is dócha gur mothú don bhfód dúchais nó maoithneachas a spreag an chuid is mó den áitainmniú seo a dheineann ceiliúradh ar áiteanna eile. Is mó cúis, áfach, a d'fhéadfadh ainmneoir a spreagadh chun ainm áite eile a bhronnadh ar a áit dhúchais féin. In aimsir chogaidh sa chéad seo mar shampla, bhíodh láithreacha cogaíochta i mbéal daoine agus ní hionadh ar bith go dtugadh máirnéalaigh agus saighdiúirí tuairisc abhaile leo ar na háiteanna seo agus áiteanna eile a chuaigh i gcionn orthu agus cuid díobh a bhronnadh ar áiteanna ina mbaile féin. Féachann sé gur taithí éigin mar sin agus cur amach ar an saol a spreag aistriú ar roinnt ainmneacha áiteanna thar lear go Cléire. Aistriú ainmneacha ó thíortha eile iad dornán de áitainmneacha an oileáin. Tá an t-ainm *Sebastopol* ar dhá pháirc (*GM 20, BIT 223*), *Honolulu BIT 205* (páirc) *Burma Road C 222* (bóithrín), *Danzig BIT 84a*, (bothán) agus *Stroma LM 179c* (tigh) ar fáil. Tá leis, ainm tíre luaite mar chuid den ainm *The China Wall C 31*. Is féidir le hainmneacha creidimh agus ainmneacha litríochta a bheith in a spreagadh do áitainmniú nua chomh maith. Tá fáil, mar shampla, ar an ainm *Calvary LM 167c*, ainm a bhaineann le cúrsaí creidimh agus *Baigdeaid C 268*, ainm a gheibhtear ó litríocht an Oirthir i logainmníocht an oileáin.

Bhí an Captaen Seán Mac Coitir ón Gleann Meánach i gCléire ina Mháistir ar long mhór a bhíodh ag iompar trúpaí Mheiriceá idir na Stáit Aontaithe agus na hOileáin Philipíneacha sa tréimhse 1941-45.²⁹⁸ Bhí Honolulu i mbéal lucht cabhlaigh Mheiriceá le linn na tréimhse sin agus bheadh a tuairisc i litreacha abhaile go Cléire ag leithéidí an Choitirigh. Bhí Pádraig, 'Pat the Poet', deartháir leis an gCaptaen Seán Mac Coitir, i gCabhlach Mheiriceá leis, agus throid sé sa Chiúin Aigéan. Faoi 1947 bhí Pádraig ar ais i mbun feirmeoireachta sa Ghleann, tar éis dó go leor de *Honolulu* agus den chogaíocht a fheiscint.²⁹⁹ Ní hionadh mar sin go bhfaighfí ainm aistríoch cosúil le *Honolulu* ar ghabháltas an Choitirigh sa Ghleann. D'eascair an t-ainm

Burma Road i gCléire as gníomhú mheitheal oibre ar bhóithre Chléire le linn an chogaidh thart ar an am go raibh an Tiarna Mountbatten agus a chuid fórsaí ar an mbóthar go Burma. Deineadh dul chun cinn an mheitheal oibre a chur i gcomparáid leis an easpa dul ar aghaidh a bhí á dhéanamh ag Mountbatten ag an am. Searbhas a bhí i gceist, mar sin, san ainm aistriú a deineadh ar Bhurma go bóithrín i gCléire. Deineadh ainmniú den tsórt seo in áiteanna eile leis. Tá, mar shampla, *Burma Road* á thabhairt fós ar chuid de bhóthar i gCathair Luimní a tógadh thart ar 1942 agus cogadh géar ar siúl i mBurma.³⁰⁰

Tugtar *Danzig* ar thigín beag atá sa Chomar toisc gur éirigh conspóid faoi úinéireacht na háite thart ar 1938 nuair a bhí Hitler ag éileamh Danzig ar son a mhuintire féin.³⁰¹ Bhí 'The Great Wall of China' sa nuacht sna triochaidí nuair a dhein an tSeapáin ionsaí ar an tSín agus ba aighneas faoi chlaí teorann ar an gComalán thart ar an am céanna a spreag ainm aistriú ar 'The China Wall' go háitainm i gCléire. Bhí *Sebastopol* i mbéal daoine in aimsir chogaidh sa Chrimé 1851-56.³⁰² Thart ar 1905-06 bhí *Sebastopol* faoi ionsaí ag na Seapánaigh agus bhíodh an áit i mbéal daoine leis, sa tréimhse 1940-45. Bhí go leor de mhuintir Chléire ag seoladh farraigí an domhain ag na tráthanna seo chun tuairiscí *Sebastopol* a fháil agus a bhreith leo, nó a chur abhaile. Tá an t-ainm le fáil ar ghabháltas Coitirig sa Ghleann agus ar ghabháltas Céadagánaig ar an mBaile Iarthach Thuaidh. Lucht seolta farraigí móra an domhain ba ea baill den dá chlann seo.

Samhlaítear diamhaireacht agus áilleacht Bhaigdeaid don té a bhreathnaíonn ar an radharc ó bharr *Chnoc Phoill an Duirc C 1a* ar an gComalán. B'shin an áit ab ansa le Donnchadh Shéamais Ó Drisceoil, údar *Aistí Ó Chléire* a bheith agus a mhadra lena chois. B'shin Baigdeaid dó agus do na glúnta a d'imigh roimhe.³⁰³ Is maith leis an duine áit a thógaint chuige féin agus ionannú léi. Sórt 'Tír na nÓg' ina bhfuil iontaisí an domhain le feiceáil atá le sonrú ón mbronnadh seo ainm *Baigdeaid C 268* i gCléire. Is dóichí gur ainmniú é de thoradh ar chur amach ainmneora ar litríocht an Oirthir seachas aon chur amach a bhí aige ar chathair Bhaigdeaid féin. Léiriú ar chumas an duine áiteanna a chruthú le hoibriú na samhlaíochta atá ann. Dála sin deir Tuan, 'The human mind has the power to envisage a dream place, a small-scale utopia, and when the dream is translated into reality the place is from the start a centre of meaning.'³⁰⁴

Don té a bheadh ag iarraidh taobh thoir an oileáin a bhaint amach ba ghá dó gabháil soir ó *Chuan Trá Chiaráin BIT 1b* agus *An Leaca Mhór CC 1a* a chur de. Agus sin déanta is géar atá an bóthar go barra *Cnoch an Phréacháin LM 167a*. Ag druidim le barr an chnoic tá sé chomh géar san go ndeirtear gur mar a chéile é agus bheith ar Chnoc Chalvaire. Is géire go mór ná san féin an chuid sin den chnoc laistigh de chlathacha an bhóthair, áit go mbeadh ar dhuine dul ar na ceithre boinn nach mór

chun an barr a bhaint amach. Ní ceiliúradh a bhí spreagtha ag mothú creidimh atá san ainm aistriú ar *Calvary LM 167c* ach greann áitiúil agus iarracht den searbhas.

Ní ainmneacha athbhronnta amach is amach atá sna hainmneacha seo a gheibhtear i gCléire, ach cuid de chóras ainmniúcháin idirnáisiúnta³⁰⁵ a bhfuil meon agus greann Chléire curtha i bhfeidhm air. Is cuí go mbéarfadh daoine ainmneacha a mbailte agus a n-áiteanna dúchais leo go ceantracha agus go tíortha eile agus go ndéanfaí ceiliúradh buan ar áiteanna mar sin.³⁰⁶ Imirce a spreag an chuid is mó des na hAinmneacha Ceiliúrtha idirnáisiúnta a thugann áiteanna eile agus daoine móra le rá chun cuimhne. Imeachtaí polaitíochta i dtíortha eile áfach seachas imirce nó bronnadh gradaim is cúis le roinnt den athbhronnadh ainmneacha i gCléire. Ní ainmneacha ceiliúrtha ar áiteanna eile sa ghnáthchiall a gheibhtear ach cuid éigin den ghreann agus den searbhas áitiúil a léiríonn gnéithe den aigne oileánda. Comhlíontar, mar sin, an bhunaidhm a bhíonn le hainmniú ar bith, agus aithnítear an áit mar áit inti féin. Bíonn luach nó gradam ag baint léi a thugann di a brí agus a pearsantacht speisialta féin.

4. Ainmneacha Samhlaíocha

Cé gur mar a chéile a lán ainmneacha i gCléire agus a mbíonn ar fáil in áit ar bith, tá go leor ainmneacha ann atá éagsúil agus neamhghnáthach. Is díol suime é mar sin gach sórt ainm a bhaineann le háit ar bith. Is éagsúil iad an 148 nó 7 % áitainm i gCléire atá meafrech agus samhailteach sa chuid is mó. Tá, áfach, ainmneacha eile orthu agus is beag ciall atá le baint astu.

I bpróiseas áitainmniúcháin tíortha éagsúla samhlaítear cosúlacht³⁰⁷ a idir mhíreanna den tírdhreach agus daoine, ainmhithe agus rudaí difriúla. Samhlaítear, mar shampla, cosúlacht idir charraigeacha agus an duine go minic. Ar oileán St. Helena, *The Friar*³⁰⁸ atá ar charraig agus i gCléire *An Seandúine* atá ar rinn tíre agus *An Doirseoir* atá ar charraig mhara. Cur síos meafrech ar thírghnéithe agus ar mhíreanna sa tírdhreach cultúrtha a bhíonn ann go hiondúil ina ndeintear cosúlacht a tharraingt idir aicmí daoine, ainmhithe agus tírghnéithe. Áitainmniú é atá bunaithe ar bhreith radharc na súl agus samhlaíocht ar leith áitainmneoirí. Tuairisciú chomparáideach atá ann ina ndeintear gné éigin den tírdhreach a chur i gcomparáid le rud éigin atá so-aitheanta i saol an duine. 'At the other extreme we have', a deir Robert Plank, 'the descriptive element forced into a secondary place in favour of a more imaginative and less obvious comparison.'³⁰⁹ Caitheann an chomparáid a deintear san ainmniú seo a bheith so-aitheanta don phobal i gcoitinne sar a nglacfaí léi sa chumarsáid mar phointe tagartha. Ní bhunaítear ach an tainm a ghnóthaíonn coitiantacht sa chumarsáid áitiúil. Tuairisciú mheafrech atá déanta i gcás aicmí daoine sna hainmneacha atá ar na carraigeacha mara *Óglach Beag BT 5*, *Óglach Láir BT 6* agus *Óglach Mór BT 7*.

Is minic sa logainmníocht leis, an téarma *seanduine* a bheith tugtha ar thírghnéithe. Tá *An Seanduine* ar charraig bheag sa bhfarraige i nDún Chiaráin Theas i gCiarraí agus i gCléire *An Seanduine BIT 137* atá ar rinn tíre. Tugtar *Na Fir Bréige BID 109b*, *Na Fir Bhréagacha* agus *Na Saighdiúirí* ar shraith 'ghallán' beag ar an *Sliabh Ard* a chóiríodh in éadaí saighdiúra in aimsir Napoilín chun dalladh púicín a chur ar an namhaidh. Ainmniú a d'eascair as imeacht stairiúil atá anseo, mar sin. Is ainmniú meafrach a d'eascair as an súiomh atá ag carraig mara idir an *Lao Oirtheach BT 40* agus *Lao Mheáin BT 35* atá sa *Doirseoir BT 27*. Samhlaíodh an charraig ina 'doirseoir' idir an dá oileán agus ainmníodh amhlaidh í. Is ón gcuma nó an déanamh atá ar stucán ard carraige suite ag *Béal Chuain Trá Chiaráin BIT 2* a ainmníodh *Mionnán na Caillí CC 27*. Tuairisciú shamhailteach bheacht bunaithe ar radharc na súl agus cuma na háite atá ann.

Bíodh gur mhúnlaigh na glúnta tírdhreach an oileáin, mhúnlaigh an tírdhreach na daoine chomh maith. Spreag an tírdhreach cruthaitheacht teanga sa duine. Ar áitainmneacha Chléire tá ainmneacha neamhghnáthacha a tharraingíonn aird ar ghnéithe aiceanta agus gnéithe a bhaineann leis an tírdhreach cultúrtha. Ar na hainmneacha a bhaineann leis an tírdhreach aiceanta tá ainmneacha a eascraíonn as an cosúlacht a samhlaíodh a bheith idir thírghnéithe agus rudaí eile agus ainmneacha a tharraingíonn aird ar ghné neamhchoitianta nó ar ghné faoi leith de mhír den tírdhreach. 'An impression is endowed by the imaginative viewer with a meaningful structure which it does not in itself possess', a deir Plank faoi oibriú seo na samhlaíochta.³¹⁰ Ní feidhm fhilíochta a bhíonn leis áfach. 'The motive', a deir Maxwell, 'is not poetical or sentimental, but attempts by means of comparison with familiar objects, to convey definition.'³¹¹ Cé nach aidhm fhilíochta a bhíonn lena leithéid de ainmniú, torrath fileata a bhíonn len a lán de mar sin féin. Ar lug talaimh, mar shampla, ar oileán St. Helena tá *The Punchbowl*³¹² agus i gCléire baintear feidhm as an eilimint oighean don smaoineamh céanna san ainm *Gort an Oighean*. Nuair a tugadh faoi deara, mar shampla, go raibh déanamh áirithe ar thrí ghob talaimh a bhí dealraitheach le crúibíní muice cad tugadh orthu ach *Na Crúibíní*. 'Is é an dála céanna é san ainmniú a deineadh ar an bhFaill Fhiaclach agus ar na carraigeacha mara *An t-Óglach, Gamhainín*, agus *Doirseoir* atá sa Bhá Thuaidh.

Ar thírghnéithe i gCléire atá ainmnithe ón gcosúlacht a samhlaíodh idir iad agus daoine, ainmhithe nó rudaí so-aitheannta, tá carraigeacha mara agus carraigeacha ar tír, rinnte tíre, failltreacha, stucáin agus mar sin de. Ag trácht dó ar logainmníocht na hAlban sa bhliain 1894 dúirt Maxwell, 'There is, indeed, a certain class of names of a somewhat figurative derivation, as when we speak of a brow, flank, or shoulder of a hill, from analogy with the human figure.'³¹³ Luaitear codanna de chorp an duine in áitainmneacha sna teangacha Ceilteacha chomh maith le háitainmneacha Indiacha Mheiriceá.³¹⁴ I *Place-names of Ross and Cromarty*, deir Watson, 'The following

parts of the body are found to denote shape, position and appearance; ceann, head; clai-ionn, skull; Aodann, face; sron, nose; beál, mouth; teanga, tongue, fiocal, tooth; bile, lip; súil, eye; feusag, beard.³¹⁵ Ainmniú samhlaíoch a bhíonn bunaithe ar eolas faoi leith a bhíonn i dtuairisciú roinnt des na háiteanna a bhíonn i gceist. Is de thoradh machnaimh nó spreagtha ar leith, mar shampla, a bronntar ainmneacha le baill choirp mar eilimint iontu.³¹⁶ Ar na heilimintí a gheibhtear sna háitainmneacha seo a thagraíonn do chosúlachtaí a samhlaíodh idir thírghnéithe agus an duine nó baill choirp an duine tá *ceann*, *grua*, *mala*, *leiceann*, *tóin*, *droim*, *caincín* agus *béal* ar na cinn is coitianta. Ainmneacha iad *Grua na nGallán*, *Tón na gCaincíní* agus *Béal Inbhir GI 38* ina bhfuil téarmaí a thuiriscíonn gnéithe de chorp an duine in úsáid chun tuairisciú a dhéanamh ar ghnéithe fisiciúla an tírdhreacha. Tá an téarma *ceann* ar chúpla rinn tíre a shíneann amach sa bhfarraige agus *Tón* atá ar bhun faille i gcúpla áit eile. Tá an eilimint *grua* luaite in ainm páirce agus *mala* le háiteanna ar airde talaimh sa Chomar agus in Ardghort. Samhalaíocht mheafnach ainmneoirí a fuair aitheantas coitianta sa chóras áitainmniúcháin atá san ainmniú seo.

Tá ainmniú déanta chomh maith ón gcosúlacht a samhlaíodh idir thírghnéithe agus ainmhithe. 'That animals, as primitive man's friends or enemies, often become commemorated in names is equally natural'³¹⁷ agus is cuid shuntasach de áitainmniú Chléire an bronnadh ainmneacha ainmhithe a deineadh ar charraigeacha mara is tíre. Tá a leithéid coitianta sa logainmníocht in Éirinn. *The Cow*, *The Bull* agus *The Calf* mar shampla, atá ar thrí cinn de charraigeacha ar chósta Chorcaí ar a tógadh tithe solais. Ar oileán Raithlinne luaitear *An Bhó*, *Iorball na Bó*, *Ineán na Bó*, *Lorg na Bó* agus fiú *Leabaidh na Bó* in áitainmneacha a thuiriscíonn gnéithe den tírdhreach fisiciúil.³¹⁸ I Sasana tá cosúlacht ainmhithe samhlaíthe le míreanna den tírdhreach i gcás ainmhithe áirithe.³¹⁹ I gCléire tá lao, gamhain, bull agus capall samhlaíthe i leith míreanna ar tír agus ar farraige. Oileáin sa Bhá Thuaidh atá ins *Na Trí Laonna* nó *Na Trí Laoithe* agus is rinn tíre ar Lao Iarthach *Ceann Lao BT 27*. *The Calves* a tugtar orthu leis. Tugtar "Calf" leis ar oileáin in áiteanna eile. Dar le Maxwell, 'The Norsemen, who have left a deep impression on Scottish Topography, call a small island beside a big one a calf, as Manarkalfr, still known to us as the Calf of Man.'³²⁰ *Wester Calf* agus *Easter Calf* a bhíonn ar an *Lao Iarthach BT 26* agus an *Lao Oirtheach BT 40* fá seach ag daoine a chónaigh ar na hoileáin seo tráth.³²¹ Ainmniú ar an gcaol uisce idir *Lao Mhéain BT 35* agus *Lao Iarthach* atá i *mBealach Lao BT 36*.³²² *An Gamhainín BIT 288a* atá ar charraig atá suite sa bhfarraige gar don *Charraig Aonair*. Deineadh ainmniú eile ar an gcarraigín céanna trí thuirisciú a dhéanamh uirthi i gcoibhneas leis an gCarraig Aonair a d'fhág *Gamhainín na Carraige BIT 288b* uirthi. *Capall* atá ar charraig ar tír agus sa bhfarraige. Tugtar *Capall an Chuaisín* ar charraig mhara agus ar charraig ar tír tá *An Capall Bán*. Tá leis, na carraigeacha a shíneann i bhfarraige ag an *mBunadach Mór* ar a dtugtar

Capall na Bunadáí, a bhíonn clúdaithe ag lán mara, agus carraig chnoic ar a ngairmtear *An Capall*. Tá *Na Siorracha* ar charraigeacha mara sa *Bhá Thuaidh*. Stucáin sa bhfarraige atá i *Mionnán na Caillí CC 27*, *Mionnán*, *Mionnán Bhuí*. Ní fios áfach, an bhféadfaí cosúlacht mhionnán gabhair a chur i leith na stucán chéanna.

Luaitear go leor ainmneacha ainmhithe sna háitainmneach i gcoitinne sa logainmníocht in Éirinn ach is tearc iad ainmneacha ar chodananna corp ainmhithe. Deir Mac Mathúna:

I have not detected any widespread evidence of words for parts of the bodies of animals being incorporated into the topographical lexicon, although it is to be assumed that they may well have contributed, at least secondarily, to those anatomical transferred elements such as *druim*, which are common to both man and beast.³²³

Is cosúil go bhfaca ainmneoirí cosúlachtaí idir ghnéithe den tírdhreach agus corp ainmhithe agus nuair a bhí an chosúlacht sin le haithint ag an bpobal ba mhinic a chuaigh caint uirthi isteach sa chumarsáid áitiúil. Le himeacht aimsire glacadh lena leithéid mar phointe tagartha ag an bpobal agus buaníodh áitainm eile. *Ceann Róin BIT 66* agus *Ceann Lao BT 27* atá ar dhá rinn tíre, ach ní ainmneacha iad a bronnadh toisc go bhfacthas cosúlacht idir rinn tíre agus ceann ainmhí ar bith díobh. Is é sin, ní baill choirp ainmhí a bhí i gceist in aonchor sa dá ainm seo cé go mb'fhuirist é sin a cheapadh. Is dócha gur ainmniú ón seanchas áitiúil faoi róna do bheith ag cupláil ar rinn tíre i mBaile Iarthach atá san ainmniú *Ceann Róin* agus is dóichí gur feidhm marc farraige³²⁴ atá san ainmniú a deineadh ar *Ceann Lao* atá ar cheann tiar *Lao Iarthach BT 26* idir Chléire agus an Scoil Mhuire. Trí ghob talaimh a chuireann cosúlacht chrúibín muice ar áit atá san ainm *Na Crúibíní BID 29*. *Pointe na Ríthe BIT 14a* atá ar ghob talaimh ar samhlaíodh cuma sróna tairbh leis agus a thug, is cosúil, ar lucht na mbád seoil *The Bull's Nose BIT 14b* a bhronnadh ar an áit. Ní *The Bull's Nose* atá ag an oileánach ar an áit áfach, ach *Pointe na Ríthe*. Tá rinn talaimh ar a dtugtar *Srón an Bhainibhín* ag síneadh chun farraige ar an aistear tríd an *Chaol ó Dhún na Séad go Cléire* agus tá *Srón an Choileáin* ar áit i mBéara.³²⁵

'It is obvious at any rate', a deir Mac Mathúna, 'that Irish, like a great many other languages, has experienced close interrelating of the vocabulary of the human anatomy and man's physical environment at all periods....In most instances, however, there can be little doubt but that the application to a physical feature of the landscape is secondary. Man has seen himself as being at the centre of the world and viewed the landscape subjectively, fancying resemblances between it and the human body.

At a superficial level, this may be interpreted as a simple analogical transfer, but it may be that deeper, instinctive processes have been at work, and that this lexical personification of forbidding natural phenomena, such as mountains, may have had

the psychological effect of lessening man's fear of an often hostile environment by investing it with familiar qualities.³²⁶

Ar théarmaíocht chultúrtha atá tugtha ar thírghnéithe tá *cathaoir*, *suíochán*, *cupord* agus *simné*. Ainmniú ar charraigeacha ar tír a raibh feidhm shuíocháin leo, tráth, más fíor don seachas, atá san ainmniú a deineadh ar : *An Chathaoir Ríoga*, *Cathaoir an Phíobaire* agus *Lín Suíocháin*. *Drom an Chupoird* atá ar charraig mhara. Deineadh an t-ainmniú seo laistigh de réimse téarmaí atá so-aitheanta do chách.

Ar thithe eile tá *Sunbeam Row* agus *Danzig*, *Éirí na Gréine* atá ar bhrú do lucht freastal Choláiste Samhraidh agus *Luí na Gréine* atá ar halla pobail. *Sebastopol BIT 223* agus *Honolulu BIT 205* atá ar dhá pháirc. Casán sléibhe atá in *O'Connell Avenue LM 252*. *Stacán Mionnán LM 95* atá ar stacán sa bhfarrage. Ar áitainmneacha eile a bhfuil samhlaíocht ar leith ag baint leo, tá bun faille ar a dtugtar *Tón an Amadáin* agus taobh faille a bhfuil *Taobh an Bháid*. *BIT 134* tugtha air. Samhlú faoi dhéanamh na faille atá san ainmniú a deineadh ar *An Fhail Fhiaclach BIT 131* agus *An Slios BIT 196*, agus is dócha gur samhlaíocht den tsórt céanna a spreag na hainmneacha *Boilg an Anama BT 49*, *Páircín Fuadair LM 104* agus *Cuas na Srann BIT 33*. Searbhas agus greann áitiúil atá i gcuid bheag den ainmniú. Fiú, tá ainmneacha mar *Gort Camulum*, *Páirc an Bhumba*, *Sebastopol* agus *Sinia* atá gan mórán céille anois b'fhéidir, ach is suimiúil iad na heisceachtaí seo toisc an blas a ghabhann leo a thugann léargas agus tuiscint dúinn ar an dream a chum iad.

Is cosúil go mbronnar ainmneacha a mbíonn samhlaíocht faoi leith ag gabháil leo ar ghnéithe den tírdhreach aiceanta mar chnoic, carraigeacha agus rinnte tíre a sheasann amach leo féin. Cinntíonn na hainmneacha samhlaíocha áit bhuan do shamhlaíocht an áitainmneora i gcumarsáid an phobail. Nuair a bhíonn na tréithe a chéad spreag samhlaíocht ainmneora so-fheicthe do go leor daoine eile tugtar an tsamhail chun cuimhne minic go leor chun go nglactar léi sa chumarsáid mar áitainm. Caitheann gach ainm coitiantacht a ghnóthú sa chumarsáid chun go mbuanófar é sa logainmníocht. An Seapánach Higuchi, a dúirt, 'I believe that a place having a given physical terrain has the power to cause human beings to form a particular type of mental image or images'³²⁷ íomhánna a chuaigh i gcionn go mór is cosúil ar an saghas ainmnithe a deineadh ar roinnt áirithe áiteanna i gCléire.

5. Ainmniú Cnuasaitheach

Nuair a deintear eilimint thánaisteach ainm amháin a nascadh le heilimint eile d'fhonn ainmniú úr a dhéanamh ar áit sa chomharsanacht chéanna *Ainm Aistriú* nó *Shift Name*³²⁸ atá ag Stewart ar a leithéid. Nuair a bhíonn roinnt áiteanna ainmnithe amhlaidh ón mhír chéanna sa chomharsanacht, *Ainmniú Cnuasaitheach* a bhíonn ann, nó *Name*

Cluster.³²⁹ Is féidir leis an eilimint a aistrítear a bheith bainteach le hainmneacha a bhaineann le gnéithe den tírdhreach aiceanta nó tírdhreach cultúrtha.

I gcás cnuasainmnithe de shaghas amháin, bíonn na heilimintí a úsáidtear sa chnuasainmniú gaolmhar leis an mbuneilimint chéanna. Ón mbuneilimint *Óglach*, mar shampla, faightear an cnuasainmniú: *Óglach Mór*; *An tÓglach Láir*, *An tÓglach Beag*, *Na hÓglaigh*. Is é an dála chéanna é sa chnuasainmniú *Lao Iarthach*, *Lao Meánach*, *Lao Mhéain*, *Lao Oirtheach* agus *Bealach Lao* atá ainmnithe ón mbuneilimint *lao*. Deintear cnuasainmniú de shórt eile leis, trí ainmneacha eile a thógáil timpeall ar an mbuneilimint fé mar atá déanta leis an ainm *An Loch*. Ón loch ag Loch Iorail, mar shampla, a d'eascair an t-ainmniú cnuasaitheach ina bhfuil na hainmneacha seo: *An Loch*, *Tráigín an Locha*, *Bóthar an Locha*, *Loch an Bhaile Iarthaigh*. Ón ngleann céanna atá *Gleann Iarthach*, *Gleann Meánach*, *Gleann Oirtheach*, *Bóthar an Ghleanna*, agus *Glen Road* ainmnithe. Tá *An Bunadach Beag*, *Pointe na Bunadaí*, *Capall na Bunadaí* ainmnithe ón *mBunadach Mór*. Tá an dá shórt cnuasainmnithe le fáil san ainmniú a deineadh ar *An Leathanán Beag* ón *Leathanán Mór* agus uathu san a deineadh cnuasainmniú eile ar na háiteanna ar a dtugtar *Pointe an Leathanáin Bhig* agus *Pointe an Leathanáin Mhóir*. Cnuasainmniú atá i 216 nó 10.3% de áitainmneacha an oileáin.

Mar atá léirithe cheana féin, in ainmneacha ina mbíonn coibhneas *faid* agus *méid* i gceist, cuirtear eilimint a thuiriscíonn treo nó suíomh le buneilimint sa chnuasainmniú leis. Mar sin a deineadh leis an mbuneilimint *garraí* i gcás *Garraí Shíle Thoir*, *Garraí Shíle Thiar* agus *Garraí Shíle Meán*. Cnuasainmniú ó *Ghalláin an Chomaláin* atá san ainm *Gort an Ghalláin*, *Grua na nGallán*, *Gort an Ghalláin Thuaidh* agus sna hainmneacha *Gort an Mhoirtéil Thiar*, *Íochtar Ghort an Mhoirtéil* a ainmníodh ó *Ghort an Mhoirtéil*.

Ainm aistriú ar Loch an Lín atá san ainm *Leaca Loch an Lín*. Ó ainm bhaile fearainn, *An Baile Iarthach* tá ainmniú déanta ar *Loch an Bhaile Iarthaigh*, agus ar *Bhóthar Bhaile Iarthaigh*. Sé an dála céanna é i gcás ainm bhaile fearainn an *Chomaláin* sa chnuasainmniú ar *Loch an Chomaláin*, *Carraig an Chomaláin*, *An Comalán Mór* agus *An Comalán Beag*. Ó *Chabhlach Bhait an Ghiolla* atá an cnuasainmniú *Róidín Bhait* agus *Crosaire Bhait* déanta. Ó *Pholl an Duirc* a thagann an cnuasainmniú *Cnoc Phoill an Duirc*, *Cuaisín an Toirc* agus *Migh Phoill an Duirc* agus ba ó *Fhail an Tairbh Ca 57* a deineadh an cnuasainmniú *Cuas an Tairbh Ca 56*, *Páirc Chuas an Tairbh Ca 55*.

Tá 'macnamh cnuasaitheach' i gceist san ainmniú a deineadh ar roinnt áiteanna mar *Na Cnoicíní*, *Na Buailíní*, *Na Cúilíní*, *Na hÓglaigh Mhóra*, *Na Boilgeacha Móra*, *Na Garraíacha Beaga*, *Rabhatacha Oileán Éinne*, *Na Caológa* agus *Na Graifíní*.

6. Ainmniú ó Imeachtaí

Is le himeachtaí a bhaineann 29 nó 1.3 % de ainmneacha an oileáin. Cuid des na himeachtaí atá tugtha chun cuimhne in ainmneacha níl iontu ach imeachtaí a samhlaíodh in aigne ainmneóirí. Maireann a leithéid le cois ainmneacha a cheiliúránn an fhírinne agus fíor-imeachtaí. Tá cumadh agus caomhnú ainmneacha beag beann ar an bhfírinne cheart agus maireann an tsamhlaíocht rábach in ainmneacha mar a mbíonn imeachtaí, fíor nó bréagach. Nuair a mhaireann logainm, maireann an t-imeacht leis, ar shlí, cuma an fíor nó bréagach é. Is cuma sin, mar bhí tábhacht nár bheag leo uile in aigne daoine tráth, agus caomhnaíodh an ní a bhí tábhachtach.

Deintear imeachtaí aonair, imeachtaí leanúnacha agus imeachtaí stairiúla a cheiliúradh in áitainmneacha Chléire. D'fhéadfaí a leithéid a rangú mar ainmneacha ceiliúrtha mar sin, ach rangaíodh ina n-aicme leo féin sa saothar seo iad. Ní ainmneacha bronnta iad ar nós ainmneacha ceiliúrtha eile, ach ainmneacha a d'éirigh as imeacht éigin a chuaigh i gcionn ar aigne daoine agus a dhein áit ar leith de shuíomh an imeachta.³³⁰ Ainmneacha iad a lán acu a chláraíonn tréith shealadach, nó tarlúint éigin gearrthéarmach a bhunaigh ainmniú ar leith a mhair in aigne an phobail.³³¹ Sa ghrúpa seo leis, tá ainmneacha a cheiliúránn imeachtaí leanúnacha nó nósanna caitimh aimsire agus imeachtaí stairiúla agus imeachtaí a bhain le gníomhú an stáit.

Ainmneacha ceiliúrtha ar imeachtaí aonair: San ainmniú a deineadh de thoradh imeachtaí agus tarlúintí éagsúla ³³² deintear buancheiliúradh ar imeachtaí a tharla in áit faoi leith a scarann an áit sin ó áiteanna eile sa chomharsanacht. Áit inti féin í feasta, an áit go ndéantar imeacht ainmniú uirthi. *Incident Names* a thugann Stewart³³³ orthu. Deineann 16 nó 0.8 % de ainmneacha an oileáin ceiliúradh ar imeachtaí aonair.

Deintear ceiliúradh sna hainmneacha ar imeachtaí beaga áitiúla agus imeachtaí a bhí ina mórimeachtaí in áit bheag. Ar na mionimeachtaí bheadh tarlúint a bhainfeadh de bhó, de tharbh nó de chapall éigin, b'fhéidir. Ba mhór mar chailliúint do dhuine é bó, tarbh nó capall leis do thitim le faill, mar shampla, agus ní hionadh ar bith é cuimhne ar a léithéid a bheith tuairiscithe go buan i bhfoirm áitainm sa chomharsanacht. Tharlódh gur as a leithéid de mhionimeachtaí a d'eascair ainmneacha mar *Faill na Bó LM 126*, *Faill an Tairbh Ca 57* agus *Cuas an Chapail C 117*. Ar mhórimeachtaí oileánda bheadh eachtraí agus tarlúintí a bhainfeadh le báid agus le lucht seoladh na farraige. Is cosúil gur dó loinge in Inbhear a spreag agus a bhunaigh an t-ainm *Cuaisín na Loinge Dóite Cn 8*. Ainmniú ceiliúrtha longbhriste na Poirtingéala atá san ainm *Carraig an Phoirtingéalaigh C260*. Is dóichí leis, gur de bharr longbhrisí eile a ainmníodh *Faill na Loinge BID 124*. Tharlódh gur de bharr iarrachtaí tarrthála éigin ós na failltreacha a deineadh an tainmniú *Faill na Téide BIT 132*. *Rinn na mBreall BT 28b* atá ar rinn tíre ar *Lao Iarthach BT 26* a chuir dalladh

púicín ar an long Meiriceánach 'Stephen Whitney' sa bhliain 1847 nuair a chuaigh sí go tón poill ansin le linn stoirme agus is ainmniú ar áis do lucht seolta na farraige móire atá i d*Tigh Solais an Charraig Aonair BIT 291a* a tógadh sa bhliain 1849 tar éis ar bhain don 'Stephen Whitney.' Ní foláir gur mórimeacht éigin a d'éirigh ar farraige, chomh maith, a spreag agus a phréamhaigh an t-ainm *Carraig an Áidh BT 29* sa *Bhá Thuaidh*. Imeachtaí nóis áirithe a spreag an t-ainmniú ar *Faill na mBan LM 233* agus *Garraí an Phíobaire CB 30*.

Tá roinnt ainmneacha i gCléire nach ainmneacha bronnta iad, ach ainmneacha a thagraíonn do 'iarsmaí' trína, deintear stair áitiúil a cheiliúradh. Soláthar áiseanna agus seirbhísí ag tréimhsí éagsúla a d'fhág mar shampla, *An Lighthouse GO 2*, *An Sean Tigh Teileagrafa GI 1a*, *Signal Tower GO 3d*, *Coastguard Station GM 4c* agus *An Sean-Teach Scoile LM 221b* mar chuid den tírdhreach cultúrtha agus dá bhrí sin, mar chuid den logainmníocht. Ainmneacha ceiliúrtha anois iad sa mhéid is go gceiliúrann siad imeachtaí nó gníomhú an stáit ag tréimhsí éagsúla san am atá thart. Is cuid den stair áitiúil iad na hiarsmaí seo a bhfuil a hainm féin ar gach mír díobh. Léiríú atá san ainmniú seo ar conas mar a chuaigh soláthar oifigiúil seirbhísí ag tréimhsí éagsúla i bhfeidhm ar an logainmníocht i gCléire. Tá imeachtaí a bhaineann leis an stair áitiúil agus a chuaigh i gcionn ar shaol daoine a bheag nó a mhór san am atá thart, ceiliúrtha in a lán acu. Bíodh gur chuaigh na himeachtaí a cleachtaíodh sna háiteanna atá ainmnithe as i bhfad ó shin, mhair na hainmneacha féin go dtí an lá inniu agus tá feidhm leo i gcónaí sa chumarsáid áitiúil.

Feachtas oifigiúil an stáit in aghaidh smugailéireachta ag tosach an naoú haois déag a d'fhág *Coastguard Station* mar ainm áite. Tuairiscíonn *Cé Cillín GI 2b*, nó *Cé Inbhir GI 2a*, *Duffy's Pier BIT 5b*, *An Doic BIT 4* agus *Cé Sheáin Rua CC45a* soláthair áiseanna agus feabhsaithe do iascairí agus pobal an oileáin. Ceiliúrann *An Túr GO 3a* nó *An Sean Túr* ar Chnoicín an tSeabhaic ré na gcomharthaí séamafóir. Ba chuid den chóras slándála agus cumarsáide ar chósta na hÉireann an túr a tógadh thart ar 1806. Tá *An Túr* nó *An Sean Túr* agus fiú *Caisleán Faill Ní Chathail* tugtha ar an *Signal Tower* ó shin. Ré na Teileagrafaíochta a spreag an t-ainmniú a deineadh ar *Gort an Túir BID 107* mar a raibh bothán, nó túr de chuid lucht riartha an *Telegraph House* in Inbhir suite. Córas bratacha séamafóir a bhíodh in úsáid ag cléirigh ón d*Tigh Teileagrafa* sa bhothán a bhí suite san áit ar a dtugtar *Gort an Túir* anois. Dhéanaidís comharthaí le bratacha sa ló agus le lampa san oíche le cléirigh eile a bhí sa *Telegraph House* ar a dtugtar an *Sean Tigh Teileagrafa GI 1a* anois, ag cur in iúl dóibh go raibh long ar an bhfarraige gar do Chléire le scéalta le cur i dtír.

Teacht seirbhís an teileafóin thart ar 1941 a thug an t-ainm *An Bothán Dubh A 115* isteach sa logainmníocht. Ba sa *Bothán Dubh* in Ardghort a bhí treallamh teileafóin de chuid Roinn Poist agus Teileagrafa i dtaisce. Soláthar seirbhísí poist thart ar 1894 a bhunaigh *Tigh an Phoist Cn 29a* nó *Oifig an Phoist* mar áitainm agus

soláthar bád poist nua sa bhliain 1958 a spreag an t-ainm *Leaba Bhád an Phoist* mar a dheintí an bád a cheangal ag *An Cé*.

Dul ar aghaidh i mbonneagar an oileán atá fógraithe san ainmniú a deineadh ar : *An Bóthar Nua CB 32*, *An Bóthar Theas Cn 35*, *Bóthar an Locha BIT 203*, *An Bóthar Láir CC 44* agus *Casán an tSléibhe LM 252c*. Cur ar fáil seirbhísí oideachais a phréamhaigh na hainmneacha seo: *An Scoil Náisiúnta CN 11c* nó *Scoil Inis Cléire*, *An Sean Teach Scoile LM 221d* agus *Scoil an tSúip GM 7d* nó *An Scoil Ghallda GM 7a*.

D'fhás agus buanaíodh roinnt ainmneacha sa logainmníocht mar thoradh ar iarrachtaí a deineadh ar eacnamaíocht agus seirbhísí cumarsáid an oileáin a fheabhsú ag tréimhsí eile leis. Bronnadh *An Factory LM 179a*, mar shampla, ar thigh ina mbíodh cníotáil ar siúl nuair a deineadh iarracht beagán fostaíochta a chur ar fáil ann sna daichidí. Coláiste Chiaráin atá ar fhoirgneamh a tógadh i 1967 mar Choláiste Samhraidh. *Tigh na nGeineadóirí BIT 281* atá ar bhall geinte aibhléise agus *Na Muilte Gaoithe CLF 59* atá ar láthair dhá mhuilleann gaoithe a tógadh ar Chnoc Coraintín i 1987. *An Malartán Teileafóin A 116* atá anois ar láthair teileafóin nua-aoiseach de chuid Telecom Éireann i gCléire. D'fhág polasaithe cumhachta agus cumarsáide agus pleananna stáit rian láidir ar na logainmneacha, mar sin.

Tá *Oifig an Chomharchumainn BIT 282* buanaithe mar ainm le blianta anois mar is uaithi a eagraíodh mórán de imeachtaí forbartha agus sóisialta an oileáin ós na seachtóidí ar aghaidh. Tá áitainmneacha eile á mbuanú le cois na n-athraithe a tháinig i saol sóisialta mhuintir an oileáin le fiche bliain anuas. Tá *Tábhairne de Búrca BIT 82b* nó *Paddy Burke's* agus *Tigh an Choitirigh BIT 80a* nó *Cotter's* sa logainmníocht le fada an lá. Ar na háiteanna siamsaíochta nua a ainmníodh, tá *An Halla Glas GM 7b* agus *Luí na Gréine LM 169* agus ar na háiteanna ina bhfuil áiseanna turasóireachta ar fáil tá *Brú An Óige GM 4a* nó *An Hostel*.

Ainmniú feidhmiúil a deineadh ar na háiteanna seo mar gur imir gach áit díobh tionchar ar shaol eacnamaíochta nó ar shaol sóisialta an phobail. Is féidir dáta cuíosach cruinn a chur le formhór na n-ainmneacha seo a d'eascair as pleananna oifigiúla an Stáit nó as an cur chuige áitiúil a sholáthraigh áiseanna agus seirbhísí do phobal Chléire le gar do dhá chéad bliain anuas.

Athainmniú: Athbhaisteadh atá in a lán den ainmniú seo toisc feidhm nua a bheith tugtha do áiteanna. *Scoil an tSúip* mar shampla, a bhí tráth ar an *Halla Glas GM 7a* agus *Tigh Uí Shúilleabháin LM 169a* a bhíodh ar *Luí na Gréinne. Coastguard Station* a tugtaí ar *Brú an Óige GM 4a*. *An Stór* a bhíodh ar *An Club*. Tá feidhm nua leis na háiteanna seo ar fad le beagán thar fiche bliain agus tá na seanainmneacha báite cheana féin ag an nua-ainmniú. Is é an táitainmniú is déanaí a deineadh i gCléire ná an tIonad Fiontair a tógadh i 1991.

Ainmneacha a cheiliúran tréimhsí staire: Eascraíonn ainmneacha leis as móreachtraí a bhaineann de phobal i dtréimhsí áirithe staire. Baineann 17 de ainmneacha Chléire leis an grúpa seo. Ainmneacha a d'fhás faoi anáil mhórghluaisteachtaí stairiúla atá i gceist anso seachas mionimeachtaí a thit amach i ngnáthshaol daoine ar an oileán nó ainmneacha a dheineann ceiliúradh ar stair iarsmaí atá fós le feiscint agus a bhfuil plé déanta orthu cheanna féin. Ainmneacha mar shampla, atá préamhaithe i stair na lonnaíochta i ré ársaíochta Chléire ar nós na dúnta *Dún Thomáis BIT 199* agus *Dún Cléire LM 23* atá faoi chaibidil le ainmneacha a bhaineann le tréimhsí staire. D'eirigh roinnt ainmneacha as Ré na Luath-Chríostachta a dheineann ceiliúradh ar Naomh Ciarán agus teacht na Críostaíochta go dtí an oileán. Ar na hainmneacha seo, tá *Cill Chiaráin BIT 10a*, *Gallán Chiaráin BIT 8*, *Tobar Chiaráin BIT 7* agus *Trá Chiaráin BIT 3* ar a dtugtaí *Fionn Tráigh Cléire* tráth. Is dóichí go mbaineann na cillainmneacha *Cill Bhrún C 139a*, *Cill Léithín BID 42* agus *An Chillíneach LM 187* le tréimhse na Luath-Chríostaíochta chomh maith. Ainmniú a d'eirigh as gabhálacha talaimh a deineadh in aimsir Anraí VIII atá sa *Glebe* nó *Glebeland* ar a dtugtar *Talamh na Cille* leis. Ainmniú a d'eascair as ionsaí fórsaí Shasana ar *Dhún an Óir BIT 64a* sa bhliain 1602 atá san áitainm *Áit an Chatha BIT 61a*. Buancheiliúradh ar imeacht faoi leith a tharla in áit ar leith atá san ainmniú seo. Ainmniú ceiliúrtadh ocaíde stairiúile atá sna '*Spanish Armada Wrecks*' *GO 19a*, sraith uaigneanna atá ar *Chnoicín an tSeabhaic*. Cur i bhfeidhm na bPéin Dlíthe agus an tóir do bheith ar shagairt a spreag *Cnoc an Aifrinn BID 60* agus *Léim an Chapail BIT 127a* mar áitainmneacha, más fíor a bhfuil sa dinnseanchas faoi na háiteanna atá ainmnithe.³³⁴ D'fhág imeachtaí Réabhlóid na Fraince rian ar an logainmníocht leis. Ba imeachtaí na bhFranncach ar chósta theas na hÉireann sa tréimhse 1796-1806 a spreag tógáil agus ainmniú ar *Na Fir Bhréagacha BID 109a*, nó *Na Saighdiúirí* ar an *Sliabh Ard BID 108* agus *An Túr GO 3a*, nó *Signal Tower* ar *Chnoicín an tSeabhaic GO 1b*. Áiteanna ar leith í gach áit díobh seo agus a blas stairiúil féin ag baint léi. Is féidir sa logainm, blaiseadh nach mór den imeacht a thug ar ainmneoirí an tainmniú a dhéanamh.

Is dóichí gur ainmniú a d'eascair as teip na bprátaí i gCléire sna blianta 1845-48 nó sa bhliain 1862 atá i b*Páirc an Ghorta LM 203* agus *Goirtín a' Mheathlaigh LM 174b*. Tharlódh gur eascair an t-ainm *Gort na Lobhar* le linn gorta, gátair nó galair i bhfad siar. Iarrachtaí a deineadh ar choilíneacht Phrotastúnach a bhunú i gCléire sa tréimhse 1846-80 a phréamhaigh *Scoil an tSúip GM 7d* nó *An Scoil Ghallda GM 7a* agus *An Teampall Gallda GM 6* i logainmníocht Chléire. Féachann sé gur tuairisciú ar dhíshealbhú daoine sa tréimhse chéanna atá san áitainmniú *Gort Gabhála A 7c* nó *Gort Gallda A 7f*. Tugtar *Garraí na Galltachta A 7b* leis, ar an ngort céanna.³³⁵ Ainmniú atá sa *Sean Tigh Teileagrafa GI 1a* agus i n*Gort an Túir BID 107* a d'fhás as ré Teileagrafaíochta Chléire c.1853-66.³³⁶

Tá dlúthcheangal idir chumarsáid laethúil phobal an oileáin agus stair áitiúil na n-aoiseanna. Cuid mhór den cheangal seo is ea an logainmníocht. Cad eile atá le blaiseadh ach seandacht ó áitainmneacha ar mhíreanna den tírdhreach a shíneann siar go dtí an Ré Neoilíocht. Tugann na hainmneacha seo léargas dúinn ar ghnéithe de shaol aoiseanna éagsúla. D'fhág polasaithe slándála agus eacnamaíochta an stáit rian láidir leis, ar logainmníocht Chléire, ó 1800 anall ach go háirithe. Le linn na tréimhse seo a tógadh bóithre, séipéil, scoileanna, céanna, doiceanna cois cuain agus tithe solais as a d'eascair go leor ainmneacha a mhaireann inniu. Mionscathán de ghníomhú mall an chórais oifigiúil ar na hoileáin atá le sonrú in a lán des na háitainmneacha a bronnadh. Anuas ar sin ba sa tréimhse 1830-'50 a deineadh talamh an oileáin a leagadh amach i ngabháltaisí ina raibh méid áirithe acra roinnte i bpáirceanna agus garraithe beaga, a raibh a ainm féin ar gach ceann acu ag an dream arb leo iad.

Tá tarraingt ag an am atá thart ar mheon an duine agus nochtar pearsain agus laochra na sean sna gnátháitainmneacha atá fós i mbéal oileánach. Is fíor a deir David Lowenthal 'The tangible links that bind us to history defy enumeration.'³³⁷ Is é atá sa logainmníocht ríshaibhir áitiúil ná cuid éigin des na snáithí nó na ceangail sin.

7. Ainmniú ón Seanchas agus Béaloideas

Ba as nósmaireacht áitiúil a d'eascair ainmneacha mar *Garraí an Phíobaire CB 30* ar gharraí ina mbíodh píobaire ag seinnt do lucht rince tráthnóintí Domhnaigh agus *An Chathaoir Ríoga C 9c* ag a mbíodh teacht le chéile ag seandaoine chun mórcheisteanna a phlé tráth. Ainmniú leis, a d'éirigh as nósmaireacht agus seanchas an tseanshaoil atá i n*Galláin na nGeallúna C 238b* agus *An Teampall Gréine GL 22b*. Ainmniú atá caomhnaithe sa seanchas áitiúil atá in *Oileán na gCeard BIT 22 a*. Ba ar *Oileán na gCeard*, mar shampla, a dheineadh Drisceolaigh a gcuid airm más fíor. Géarleanúint sagart in aimsir na bPéin-Dlithé atá tugtha le fios sa seanchas a ghabhann le *Leaca na mBráthar C 125*,³³⁸ *Carraig an Aifrinn BID 60* agus *Léim an Chapail BIT 127a*. Deireadh na seandaoine go gcloistí clog an aifrinn ag bualadh i n*Gort an tSéipéil A 10b*, bíodh nach bhfuil rian séipéil ar bith san áit. Bhíodh ainmneacha agus an seanchas a ghaibh leo fite fuaite i ngnáthchaint daoine tráth. Dhein an seanchas caomhnú ar na hainmneacha agus is deacair uaireannta, an nósmaireacht nó seanchas a spreag ainmniú a scagadh ó chéile. Gabhann seanchas éigin le mórán ainmneacha ach ní 'ainmneacha seanchais' iad. Ní dócha gur seanchas a spreag na hainmneacha thuas ach imeacht éigin áitiúil nó stairiúil. Ba mhinic, is dócha, a cumadh ainm mar gheall ar scéal i ndiaidh an bronnadh ainm, mar go raibh an chéad ainm dearmadta. Tharla leis, nuair a bhí ainm préamhaithe gur fhás an seanchas ina thaobh. I dtaobh an ainm *Cuas an Chapail, C 117*, mar shampla, deir Donnchadh Shéamais Ó Drisceoil agus é ag caitheamh tuairime faoin áit, 'is dóichí

gur bádh capall nó gur caitheadh capall marbh isteach ann am éigin'.³³⁹ Agus faoi *Phointe na Péiste C 194*, ainm eile a mhaireann, cé nach léir a bhrí, deir Donnchadh 'rinn tíre a bhfuil déanamh péiste air atá ann nó b'fhéidir gurb ó ainmhní éigin farraige anaithnid a h-ainmníodh'.³⁴⁰ Ar an lámh eile, áfach, tá ainmneacha ann a bhaineann go dlúth leis an scéalaíocht.

Bhain an seanchas agus an scéalaíocht go dlúth le saol sóisialta daoine tráth agus ní hionadh go raghadh ainmneacha agus gníomhartha na muintire agus a gcuid laochra mar laochra na Fiannaíochta i bhfeidhm ar an ainmniú a deineadh ar ghnéithe den tírdhreach aiceanta. Is léiriú ar mheon agus ar chuid den saol sóisialta a bhí in uachtar tráth i gCléire an 18 áitainm a d'eascair ó bhéaloideas agus seanchas an oileáin. 'Placenames', a deir Ekwall, 'have something to tell us about religion and belief before conversion to christianity. Numerous names throw light on belief in supernatural beings of a lower order, elves, sprites, goblins.'³⁴¹ Chreid daoine sna púcaí agus sa slua sí agus sa díobháil a dheinidís. Ag éirí as an gcreideamh sin, ní hionadh go luafaí púcaí sa logainmníocht. Luaitear púca ceithre uair, síofraí faoi dhó agus 'fairy' uair amháin i logainmneacha Chléire. Tugann áitainmniú mar *Cnoc an Phúca CC 31a*, *Poll an Phúca (2) CC 32, C 5*, *Dreapa an Phúca C 81*, *Cuas na Síofraí C 220*, *Páirc na Síofraí BIT 74* agus *Fairy Garden CC 34* léargas ar mheon a bhí coitianta tráth, ní amháin i gCléire ach ar fud na hÉireann. Tá fáil leis, ar áitainmneacha a bhfuil a mbunús sa bhFiannaíocht. Tá *Gort an Tí Finn GL 21* i mbaile fearainn Ghort na Lobhar mar a bhfuil *An Lios GL 22a* agus an *Teampall Gréine GL 22b*. Príomhimeachtaí scéil, Thoraíocht Dhiarmada agus Ghráinne, a spreag na 'háitainmneacha Fiannaíochta' *Faill Dhiarmada BID 118a*, *Faill Dhiarmada Uí Dhuibhne BID 118b*, *Leac Dhiarmada BID 121*, *Tobar na Corann Crosta Cn 14b*, *Gleann Smóil Cn 1b*, *Poll an Duirc C3*, *Cuaisín an Tuirc C2* agus *Cnoc Phoill an Duirc C1a*. Dhein áitainmneoirí Chléire a gcionn féin de scéal Dhiarmada Uí Dhuibhne nuair a bhronn siad na hainmneacha seo ar ghnéithe de thírdhreach an oileáin.

Daoine agus Áiteanna

Tá ainmniú á dhéanamh ar dhaoine le fada trí mheán an áitainmnithe.³⁴² Aithnítear agus ainmnítear daoine ón ngaol atá acu le háiteanna. Aithnítear an duine óna áit chónaithe agus aithnítear áiteanna ón dtuairisciú seilbhe a deintear ina leith. Deintear go leor áiteanna a ainmniú tré ainm duine a cheangal leo. Ní bronnadh leasainm atá i gceist san ainmniú *Tigh Pat the Glebe BIT 285a* ach tuairisciú ar áit nó suíomh fé leith, *An Glebe*, mar a bhfuil tigh agus gabháltas i seilbh Céadagánaigh ar ainm pearsanta dó Pat. Is é an dála céanna é leis an áitainm *Tigh Carey of the Glen GO 56c*. Ainmniú an-chinnté atá ann mar nach bhfuil ach an t-aon Glebe agus an

t-aon ghleann i gCléire. Deintear áiteanna fé leith de na suíomhanna seo nuair a tagraítear do ainmneacha baill an phobail a lonnaigh iontu. Arís is tagairt do áit faoi leith atá san ainmniú a deineadh ar *Gharraí Sheáin an Phoirt BID 105. An Port* atá i mBaile Iarthach Theas atá i gceist, áit a raibh garraí i seilbh Sheáin an ainm seo. Ainmniú ó shuíomh agus seilbh atá ann agus ba ainmniú rí-shoiléir do chách é. Is é atá san ainm *Tigh Joe Cuais BID 20b* ná *Ainm Aistrú Áitiúil* nó an rud gur thug Stewart 'Shift-Name' air.³⁴³ Tá mír den tírdhreach sa gharchomharsanacht, *cuas* nasctha le hainm darb ainm pearsanta Joe, agus dar shloinne Ó Drisceoil. Is ionann an *cuas* seo agus *Cuas an Uisce BID 12*. Bhíodh leis ainmniú ar nós 'Dálaigh an Chomair' agus 'Regan's the Cross' agus 'Regan's Cross House' i mbéal daoine tráth faoi mar atá 'Mary the Lake' ar bhéal daoine inniu.

Mothú san Áitainmniú

Bíonn mothú i leith tírdhreacha níos pearsanta agus níos buaine nuair a bhíonn sé meascáithe le cuimhní ar imeachtaí daonna. I roinnt áitainmneacha is féidir meas pearsanta daoine a bhrath i leith áiteanna atá luaite le cuimhní ar imeachtaí daonna. Braithear cuid de alltacht daoine a tháinig ar long agus í dóite amach gan tuairisc ar éinne ar bord inti san ainm *Cuaisín na Loinge Dóite Cn 8*. Mothaímíd an mórtas cine a bhíonn le sonrú sna hainmneacha a bronnadh ar mhíreanna den tírdhreach cultúrtha cosúil le ainmneacha páirceanna agus baill lonnaíochta. Mórtas atá le sonrú sa tuairisciú ginealaigh atá déanta i bhformhór na n-ainmneacha seo a chuireann seilbh in iúl. Cén mothú, ach mórtas atá á chraoladh sa tuairisciú ginealaigh atá san ainm *Tigh Mhike Mháire Mhiocain Óig GL 17b*. Tá na háiteanna go léir i gCléire a thuairiscíonn ginealach mar seo 'invested with the symbols of the identity of many competing families and one enduring community.'³⁴⁴ Don oileánach, maireann a shinsear iontu.

Níl amhras ar bith ann ach go gcabhraíonn mothú le hainmniú agus caomhnú áitainmneacha. Tá mothú ainmneoirí áiteanna dá n-áit dhúchais léirithe sa nascadh a deineadh idir í agus an scéalaíocht thraidisiúnta a tháinig chucu anall thar na céadta bliain. Meas agus urraim ar an bhfód ar díobh féin faoi ndear dóibh ainmniú a dhéanamh ó thobar logainmníochta na Fiannaíochta a bhí mar chuid dá ndúchas le cianta. Ba chuid thábhachtach den bhFiannaíocht an nascadh a deineadh idir an scéalaíocht Fiannaíochta agus áit.³⁴⁵ Nascadh mórtais agus nascadh oidhreacht na scéalaíochta le míreanna den tírdhreach áitiúil atá in ainmniú *Chuaisín an Toirc C 2* agus ainmneacha Fiannaíochta eile i gCléire. Mothú láidir don rud a bhí dúchasach faoi ndear don ainmniú seo. Is féidir blaiseadh de shaol na Fiannaíochta ón ainmniú a deineadh ar roinnt áiteanna. Ag barr *Cnoc Phoill an Duirc C1a*, mar shampla, féachaimíd síos ar *Chuaisín an Toirc C 2* agus *Poll Duirc C 3* mar a mharaigh

Diarmaid Ó Duibhne an torc a ghoin go marfach é. Ansin amach beagán feictear *Oileán Ghualainn* mar a bhfuil *Leaba Dhiarmada agus Gráinne*. Ag gabháil siar trí Ghort na Lobhar tagtar ar an *dTeampall Gréine GL 22b* agus *Gort an Tí Finn GL 21* mar a raibh cónaí ar Fhionn féin. Mothaímíd draíocht *Thobar na Corann Crosta Cn 14b* i gCoinlín mar a raibh leigheas le fáil ag Diarmaid. Síos linn ag déanamh ar *Ghleann Smóil Cn 1b* mar a mbíodh Fionn agus na Fianna ag seilg. Is uaigneach a bítear ag barr *Faill Dhiarmada BID 118a* ar an mBaile Iarthach mar a bhfuil an laoch curtha faoi *Leac Dhiarmada BID 121*, má's fíor don tseanchas.

Níl teacht ar dhá áit gur mar a chéile iad i ngach slí. Bhí an difríocht seo idir áit amháin agus áit eile riamh ina díol suime ag an duine. Ba í a spreag chun ainmnithe ar dtúis é.³⁴⁶ Is de thoradh aithne agus buanlonnaíochta a d'eascair ainmniú áiteanna ar leith a raibh brí leo in eispéaras an ainmneora. Is mór idir áit amháin agus áit eile agus is gá idirdhealú a dhéanamh ar ábhar agus cáilíocht áiteanna agus na tírghnéithe éagsúla atá ar fáil in áit ar bith acu. Ba ghá meastóireacht agus tuairim a chaitheamh faoi cháilíocht agus ábhair tírghnéithe éagsúla sa timpeallacht. Tagraíodh cheana do ábhar agus cáilíocht áiteanna agus don ainmniú a d'eascair as an tuairisciú seo i logainmníocht Chléire. Léiriú ar mhothú daoine i leith míreanna den tírdhreach atá in a lán den chóras ainmniúcháin. Is ón dtionchar a imríonn áit ar aighe ainmneora a deintear ainmniú ar áiteanna agus is dócha go bhféadfaí glacadh leis go mbíonn mothú éigin i gceist sar a n-imrítear tionchar ar bith ar dhuine.

Is fada ó phréamhaíodh grá an duine don fhód dúchais. Bíonn sé sa bhfuil. Is leis an duine na cnoic, na srutháin, na toibreacha, na bóithríní, na goirt. A shinsear féin a mhúnlaigh a lán dá bhfuil timpeall air. Feiceann an t-oileánach stair agus seanchas agus saothar a mhuintire féin sa tírdhreach áitiúil. Deineann sé ionannú grámhar, mórtasach le gníomhartha agus stairsheanchas a shinsear féin. Bíonn sé nasctha leo.

Dearcadh agus mothú pearsanta na céad ainmneoirí atá sna háitainmneacha a chuireann síos ar tírghnéithe an oileáin. Dearcadh claonta b'fhéidir, ach is nochtadh aighe indibhidiúil atá ann i leith gach ainm díobh. Léiriú mothúcháin go bunúsach atá i dtuairisciú mar *An Fhail Fhiaclach BIT 131* a ghnóthaigh aitheantas ina linn féin, agus a bhí láidir go leor chun go mbuanófaí é agus go ndéanfaí caomhnú omósach air glúin i ndiaidh glúine i bfoirm áitainm. Mar atá ráite cheana bíonn mothúchán de chineál éigin i gceist i ngach ainmniú a deintear agus is fíor seo leis i gcás ainmneacha Chléire, bíodh nach bhfuil téarmaí mothúcháin luaite mar chuid de ainm ach i gcás deich n- ainm. Go minic, áfach, ní bhíonn an mothú a spreag ainmneacha soiléir go dtí go ndeintear anailísiú ar bhuneilimint agus eilimint tánaisteach na n-ainmneacha. Ina theannta sin, is minic a bhíonn an mothú a spreag ainmneacha le feiscint ón dinnseanchas a ghabhann leo. Is léir mar sin, go bhfuil mothú de shórt éigin intuigthe

in a lán eile den ainmniú a deineadh i gCléire bíodh nach mbeadh sin soiléir ón gcéad fhéachaint b'fhéidir.

Feidhmeanna Éagsúla le hAinmneacha Pearsanta san Áitainmniú

Ainmneacha sealbhóireachta iad formhór na n-ainmneacha sa bhailiúchán seo a bhfuil ainmneacha pearsanta sloinnte, forshloinnte agus leasainmneacha luaite iontu. Ní feidhm cur in iúl seilbhe, áfach, a bhí le húsáid ainmneacha pearsanta in áitainmneacha de shórt eile. Ní seilbh atá á tuairisciú, mar shampla, sna hainmneacha *Áitín Dhónaill LM 170*, *Carraig Mharcais C13* agus *Poinnte Thaidhg an Táilliúra Ca 69* ach cur in iúl gur ag Dónall, Marcas agus Tadhg a bhí cearta lóigh a bhaint sna baill seo sa bhfarrage. Bhíodh a bheart lóigh féin ag gach sealbhóir is ba mhór le rá an lóch dearg mar athleasú ar phrátaí nó fé chóir turnapaí. Dheintí baill lóigh sa bhfarrage a ainmniú ón té a raibh ceart aige lóch a bhaint ann. 'Ba chailte contúirteach a bheadh sé dul ag baint an lóigh ar bheart an duine thall', adeir Donnchadh Shéamais Ó Drisceoil.³⁴⁷ Ba ag báillí an tiarna talaimh a bhíodh an t-ionad a b'fhearr agus ba ó shliocht duine díobh sin a ainmníodh *Carraig Sheáin Spáinní A 98*. Dheintí lóch a bhaint le corrán cam. Ag tagairt do bhaint lóigh sa bhliain 1844 tuairiscíodh 'Seaweed is the chief manure, and is procured by means of an implement resembling a scythe.'³⁴⁸ Bhí tábhacht nár bheag le gaineamh agus lóch i leasú an talaimh. '[T]he manure is sand and seaweed which the women collect upon the strand, and carry on their backs up the steep and dangerous cliffs that surround the island.'³⁴⁹

Tá ainmneacha eile go gceapfaí, b'fhéidir, ar an gcéad fhéachaint, gur ainmniú sealbhóireachta iad. Tá, mar shampla, ainmneacha pearsanta luaite le gnéithe cultúrtha mar *róidín*, *tobar*, *bóithrín*, *croisaire*, *dreapa* agus *cé*, ach ní ainmniú sealbhóireachta atá i gceist áfach, ach go bhfuil tuairisciú déanta ar ainm pearsanta duine a raibh cónaí air i gcomharsanacht na míreanna atá ainmnithe. Ainmniú ceiliúrtha ar dhuine sa chomharsanacht atá ann. Ní tuairisciú seilbhe mar chuid den chóras áitainmniúcháin atá i gceist le húsáid ainmneacha pearsanta i gcás róidín i *Róidín Bhait C 90*; tobar i *dTobar Gláimhín LM 45*; bóithrín i *mBóithrín Theidí GL 59*; crois i *gCrois Aindí CLF 36c* nó croisaire i *gCroisaire Bhait C 91* ach ainmniú déanta ón gcoibhneas atá idir mhír den tírdhreach cultúrtha agus lonnaíocht nó seilbh éigin de chuid an té atá luaite san ainm. Is é an scéal céanna é leis an ainm *Róidín Cháit Bheist BIT 249* ina a bhfuil ainmniú déanta ar mhír den tírdhreach nuair a luaitear í i dteannta ainm

phearsanta agus forshloinne duine in aon chomharsanacht. Sa chás seo bheadh aithne ag cách ar Cháit ar a raibh an forshloinne Riagánach 'Beast.'

Ar na téarmaí den tírdhreach fisiciúil a luaitear le hainmneacha pearsanta, tá cnoc san ainm *Cnoc Éireamhóin LM 176*, fothar i bh*Fothair Eoin GL 48*, tobair i d*Tobair Airt GO 51*, carraig i g*Carraig Mhike A 30b* agus *leaca* san ainmn *Leaca Joan BIT 269* atá sa Chomar. Ní seilbh atá á tuairisciú, áfach, i gcás an tsnadhmaidh ainm a deineadh le leaca agus carraig thuas ach ainmniú ón ngaol nó coibhneas idir áiteanna agus daoine a raibh cónaí orthu ag am áirithe gar don áit atá ainmnithe. Is le hainmneacha sealbhóireachta a bhaineann ainmneacha pearsanta sa chuid is mó, ach mar atá léirithe thuas tá feidhmeanna eile leo sa logainmníocht mar phointí tagartha. Bíodh gur seilbh a chuireann ainm pearsanta in iúl bo bunúsach is léir go gcomhlíonann sé feidhmeanna ceiliúrtha ar dhaoine agus ar imeachtaí chomh maith.

IV Tábhacht na nÁitainmneacha

Anso pléitear tábhacht na n-áitainmneacha mar fhoinsí eolais agus mar léiriú ar chultúr áite, agus deintear iarracht ar an léiriú ar mheon, nósanna, shaol agus shaothar pobail atá le sonrú sna háitainmneacha a nochtadh beagán.

Ainmneacha mar chumarsáid

Dar le Cohen agus Kliot, 'Place-Names provide a clue to a culture, to ideology as part of culture, to historical changes in both, and to regional variations.'³⁵⁰ Tá an tírdhreach aiceanta in Éirinn mar an gcéanna cuid mhaith, le 12,000 bliain nó mar sin agus raidhse acmhainní nádúrtha ag baint leis. Ó thosach saol an duine bhí sé ag cur isteach ar an dtimpeallacht a bheag nó a mhór. Múnlaíodh an tírdhreach cultúrtha nuair a tosnaíodh ar na hacmhainní sin a chur chun leasa an duine. Tré mheán na cainte d'éirigh leis an duine a ghaol leis an nádúr agus na tírghnéithe aiceanta a chur in iúl. Ní fios cad iad na téarmaí a d'úsáid na céad áitritheoirí chun cur síos do dhéanamh ar an talamh, ach ní foláir gur éirigh go luath leo idirdhealú a dhéanamh idir 'gnéithe' éagsúla mar a chonaiceadar iad. De réir a chéile forbraíodh an teanga agus cuireadh in oiriúint í mar uirlis chun tuairisciú a dhéanamh ar mhionghnéithe agus cáilíochtaí an tírdhreacha. 'Because', a deir E. Joan Wilson Miller, in alt ar 'The Naming of the Land', 'the name-giver was essentially involved in what was immediately in front of him, here is not only a geographical and spatial point of view,

but one that is micro-cosmic. Thus, out of the apparent heterogeneity of the small detail, it is possible to build up a knowledge of a composite picture of a large unit.³⁵¹ Tugann an roghnú ar ainmneacha i gCléire mionchur síos ar an úsáid a bhain daoine as talamh an oileáin i dteannta an dearcaidh a bhí acu i leith gnéithe éagsúla den timpeallacht oileánda in ar mhair siad ag tréimhsí éagsúla san am atá thart. Tugann na hainmneacha léiriú leis ar an roghnú foclóra agus úsáid na teanga a tharraing muintir Chléire chucu agus áitainmneacha á gcumadh acu. 'Placenames', a deir Basso, 'provide materials for resonating ellipsis, for speaking and writing in potent shorthand, for communicating much while saying very little.'³⁵² Bíodh go bhfuil mórathraithe teanga agus daonra imithe i bhfeidhm ar Chléire le leathchéad blian anuas is cuid den teanga laethiúil fós iad na mion-logainmneacha a tharraingíonn oileánaigh chucu féin chun cumarsáid a dhéanamh len a gcomhoileánaigh.

Ainmneacha mar fhoinsé eolais

Is féidir stair na muintire a tharraingt as na logainmneacha, a smaointí, a n-idéil, a mbeáloideas, a ngineolaíocht, a greideamh, a slí beatha, chomh maith le léargas ar tírdhreach, aeráid agus fásra na timpeallachta in ar mhaireadar. Tá leis, gnéithe dá siceolaíocht nó dá meon i leith na timpeallachta agus i leith a chéile le feiscint sna háitainmneacha. 'Place - names', a deir Stewart, 'enshrine both the history and the poetry of man upon the earth, much of his folk-lore, something of his religion. His daily life proceeds among the 'little' names.'³⁵³

Don té ar suim leis an tábhacht a bhaineann le logainmneacha mar léiriú ar mheon agus ar shaíocht pobail níor mhiste féachaint ar a bhfuil ráite ag Breandán Ó Cíobháin i *Toponomia Hibernia* I, 1978, (lch.vii.):

Tá mioneolas le baint as logainmneacha ar shlí maireachtana na ndaoine, ar mhodhanna talmhaíochta nó iascaireachta, ar na hathraithe a tháinig ar dhreach na tíre agus ar an ndúlra, ar iarsmaí seandálaíochta, ar mhodhanna agus ar sheanbhealaí taistil, ar an gcráifeacht nó ar na piseoga a cleachtadh i láithreacha beannaithe, ar eachtraí staire nó béaloideas, ar stór focal agus ar fhuaimneanna na canúna atá calcaithe sna hainmneacha. Nuair a déantar taifeach ar dháileadh agus ar mhinicíocht míreanna na n-ainm, nochtar ní hamháin canúintí agus aonaid aiceanta ach aonaid shóisialta agus polaitíochta ar minic an fhianaise ina dtaobh gann i bhfoinnsí eile.

Is féidir tírdhreach oileáin Chléire a léamh ó theanga na logainmníochta, mar tá feidhm bainte as 83 téarmaí éagsúla sa tuairisciú a deintear ar ghnéithe fisiciúla an tírdhreacha. 'There is little doubt that physical features, for example, surface configuration, drainage, vegetation, exert considerable influence on what is named, and on the distribution, density, and kinds of names', dar le Matti Kaups.³⁵⁴ Tá téarmaí luaite le talamh ard, talamh réidh agus talamh íseal chomh maith le gnéithe den

fhásra agus gnéithe ar farraige. Tá téarmaí leis sna hainmneacha ag cur síos ar shrutháin, toibreacha, poirt, latraigh, curraigh, aonaigh agus locha. 'The nature of the environment as perceived by the local inhabitants', a deir Matley, 'is the key element in understanding the development of a topographical vocabulary.'³⁵⁵

Mionchur síos ar ghnéithe aiceanta an oileáin atá le sonrú sna háitainmneacha a thagraíonn do chnoc, cnocán is cnocáinín, sliabh, leaca, lug talún, clais, poll, comar is gleann. Tagraítear do dhromáin, ardáin, réidhleáin, sliabh, cuaranna agus bainc chomh maith. Féachann cuid des na cnoic agus na failltreacha, an-ard ó leibhéal na mara ach is airde i gcomhthéacs airde choibhneasta oileánda atá i gceist i ngach breith a tugadh i roghnú ainmneacha do na gnéithe den tírdhreach a ainmníodh. Is é a bhíonn sa chnoc in Albain ná talamh ar airde 300 -1,800'³⁵⁶ le mullach réidh ciorcalach. Is breith i gcomhthéacs airde choibhneasta *Chnoc Coraintín* atá 533' os cionn na mara a deintear in ainmniú *Chnocáinín an tSeabhaic GO 1b*, *Cnocán na Muclaí BIT 167a*, *Cnoc an tSuíocháin BIT 95* agus *Cnoc Phoill an Duirc C 1a*.

Léarscáil de chósta oileánda atá le sonrú ón iliomad tírghné cóstúil atá luaite sna hainmneacha. Ainmnítear failltreacha arda, oileáin, carraigeacha mara, stacáin, boilgeacha faoi uisce, cuaisíní, poill agus pluaiséanna. Deineann roinnt mhaith ainmneacha tuairisciú ar fhoirm nó dreach áiteanna, sa chaoi go bhféadfaí buille fé thuairim a dhéanamh de ainm áite ón tírghné, mar shampla, *An Comar CC 33a*, *Com na Cille BIT 32a*, *An Cuar CLF 34*, *An Leaca Mhór CC 1a*, *Inbhear Mór GM 2*, *An Fhail Ard BIT 108a*, *An Fhail Fhiaclach BIT 131* agus *Cnoc an Chrathaigh CTi 40*.

Ní fhágtar an gheolaíocht gan áireamh ach oiread. Tuairiscítear sna hainmneacha, talamh screathanach, talamh carraigeach, go leor béilliceacha, aol, moirtéal, gaineamh, slinn, clocha agus leacacha. Ainmnítear coiréil chloiche agus slinne.

Bhain treoíocht agus scéirdiúlacht áite go dlúth leis an gcaidreamh a bhí idir dhaoine agus an talamh. Bhí cáilíocht na ngnéithe fisiciúla á tabhairt faoi ndeara ag an nduine le cianta. Léirítear an tuiscint ar seo sna príomhranna inmhéanacha a deineadh den tírdhreach. Tugadh aitheantas don talamh méith, an cnoc, an sliabh, an fothar, an currach agus codanna eile an oileáin san ainmniú a deineadh ar na háiteanna a bhfuil fáil ar a leithéidí. Bhí an eilimint, *cnoc* ar cheann de na téarmaí ba thúisce a chuaigh isteach i dtobar oifigiúil logainmníochta Chléire nuair a breacadh mar eilimint ainm bhaile fearainn é sa *Down Survey 1655-59*. Tuairisciú tíreolaíoch atá san ainmniú a deineadh ar *Chomalán (C)*, *Cnocán an Choimhthígh (CC)*, *Cnocán na mBáirneach (CB)*, *Crathach Thiar (CTo)*, *Crathach Thoir (CTi)* agus *An Gleann Iarthach (GI)*, *Gleann Meánach (GM)* agus *Gleann Oirtheach (GO)*.

Ar thionchar na tíreolaíochta ar an áitainmniú tá seo le rá ag Eleanor Butler:

The words describing the geographical features are the main ground-work on which the whole structure of names, adding the human associations, is built up. Also, the geographical forces have been always at work and must have been very strong factors in fostering and in shaping the movements of human thought, and the trend of human events, the memory of which, wrought into the place-names, adds to the bare geography the note of human interest.³⁵⁷

Bhí daoine agus an timpeallacht in ar mhaireadar chomh fite fuaite sin lena chéile gur minic a shamhlaíodar fiú, cosúlachtaí idir iad féin agus gnéithe den tírdhreach.

Foinse mhór eolais ar an tíreolaíocht daonna atá sna hainmneacha mar léiríonn siad an duine mar mhúnlaitheoir na timpeallachta. Is tré mheán a chuid gníomhartha a mhúnlaíonn an duine a thimpeallacht. Bíonn cuspóirí éagsúla laistiar de chuid des na gníomhartha sin. Cuspóir eacnamaíoch a spreagann a lán acu, ach cuspóir polaitiúil a bhíonn mar spreagadh ag roinnt eile. Tá na cuspóirí éagsúla a bhí laistiar de ghníomhartha glúnta éagsúla daoine le haithint san ainmniú a deineadh ar na céadta láithreacha saothair, lonnaíochta, creidimh agus caitheamh aimsire a ainmníodh ar an oileán. Tá saol iomlán na muintire le h-aithint os na hainmneacha a ceapadh agus a bronnadh ar bhreis agus 2,000 mionáiteanna i gCléire. Tá, mar shampla, eagrú agus feidhmeanna áiteanna inniu agus san am atá caite tugtha le fios iontu.

Foinse bhreis eolas faoi chultúr daoine ag am áirithe atá iontu leis, mar is léiriú iad ar an ngaol a bhí idir dhaoine agus an timpeallacht, timpeallacht atá athraithe go mór anois. Tugann áitainmneacha léargas dúinn ar aigne na ndaoine a chum i slí nach bhfaighfí ar chor ar bith ó fhoinsí eile seachas foinsí liteartha. 'Placenames can', a deir Mac Aodha, 'provide a palimpsest of the whole human occupance of a country. Their significance from the point of view of the geographer, the historian and the archaeologist is very great, particularly in respect of those areas of the earth's surface which have a long history of human settlement.'³⁵⁸ Tá seo fíor i gcás Cléire mar a bhfuil stair na lonnaíochta ag síneadh siar go dtí an Ré Neoilíothach. Is minic a thuiriscíonn ainm suíomh míre éigin den tírdhreach cultúrtha nach bhfuil ann a thuilleadh.³⁵⁹ I gcás ainmneacha mar *An Lios* agus *An Teampall Gréine* i nGort na Lobhar nó an lios a bhí tráth i nGort na Leasa i Lios Ó Móine, ní ann a thuilleadh sa tírdhreach dos na míreanna ársaíochta atá luaite. Murach a n-ainmneacha a bheith beo sa logainmníocht agus sa dinnseanchas ní bheadh tuairisc b'fhéidir, ar an gcuid sin de ársaíocht Chléire. Arís, is ceiliúradh suíomh séipéil atá san ainm *Carraig an tSéipéil*. Níl aon rian de shéipéal anois, áfach, mar a bhfuil *Gort an tSéipéil* agus *Carraig an tSéipéil*. Mar sin féin, ón uair go bhfuil na hainmneacha seo agus an dinnseanchas a ghabhann leo beo fós i gcaint na ndaoine, is féidir glacadh leis go raibh séipéal de shórt éigin tráth san áit atá ainmnithe. Léiríonn suíomh na n-áiteanna atá ainmnithe conas mar a bhain grúpaí difriúla leas as suíomhanna éagsúla i bhfad siar. Bíonn fáil

ar liosainmneacha mar shampla, mar a bhfuil talamh maith, agus dúnta ar leithinsí arda agus is eol dúinn anois an fheidhm chosanta a ghaibh le suíomhanna dá leithéid. Tugann na dúnainmneacha mar *Dún Thomáis* agus *Dún Chléire* agus na liosainmneacha léargas leis, ar stíleanna luath ailtireachta agus ábhar tógála.

Go minic leis, bíonn fíric thábhachtach stairiúil follaithe in ainm. 'Place-names', a deir Nicolaisen, 'act like keys to the past, and preserve many a trace of local and national history.'³⁶⁰ Tuairiscíonn an t-ainm *Áit an Chatha* mar shampla, gur buaileadh cath ag an áit áirithe atá faoi chaibidil san ainm. Murach an áitainm seo ní bheadh anois eolas beacht ar fáil faoi shuíomh ionsaithe a deineadh ar *Chaisleán Dhún an Óir* sa bhliain 1602. Arís, murach na hainmneacha pearsanta agus na forshloinnte atá luaite sna háitainmneacha, bheadh cuid mhaith eolais faoi shean-ainmneacha agus córas ainmniúcháin na gclann i gCléire caillte.

Tugann na háitainmneacha léargas ar phatrúin lonnaíochta seanda agus patrúin a d'eascair le gairid. Tugann roinnt ainmneacha suíomh gnéithe cultúrtha le fios ó ré luath ach nach ann a thuilleadh dóibh sa tírdhreach. Is trí na hainmneacha *Tithe Falla Feidín BID 61*, *Gort na Leasa LM 66*, *An Teampall Gréine GL 22b* agus *An Lios GL 22a* atá teacht anois ar na suíomhanna ina raibh na hiarsmaí cultúrtha seo tráth. Is é an dála céanna i gcás na ndúnta rinne ag *Dún Cléire LM 23* agus *Dún Thomáis BIT 199*, míreanna nach maireann sa tírdhreach anois ach a bhaineann ó thaobh na hársaíochta de leis an tréimhse réamhchríostaíochta. Is trí cuid des na hainmneacha seo a deintear léiriú ar luath-phatrún lonnaíochta Chléire. Tuairiscíonn *Gallán Chiaráin BIT 8*, *Tobar Chiaráin BIT 7* agus *Cill Léithín BID 42* iarsmaí a bhaineann le tréimhse na Luath Chríostaíochta. Is féidir blaiseadh de shaol an chaisleáin, scrios na nDrisceolach agus Ré na Meánaoise ón ainmniú ar *Áit an Chatha BIT 61a*, *Faill an Chaisleáin BIT 108c*, *Caisleán Dhún an Óir BIT 64b* agus *Cuas an Dúna BIT 65*.

Is le míreanna atá so-fheicthe i dtírdhreach Chléire inniu a bhaineann na hainmneacha nádúrtha go léir sa bhailiúchán seo seachas mír nó dhó díobh b'fhéidir atá titithe le faill. Bhí tábhacht eacnamaíoch nár bheag le gnéithe áirithe díobh seo tráth, tábhacht a bhain le hairde nó comhdhéanamh agus tábhacht nár léir anois b'fhéidir. Seans maith gur ainmníodh a lán áiteanna de bharr fiúntas eacnamaíoch na n-acmhainní insaothraithe a ghaibh leo. Is mó tuairisciú beacht in ainmneacha a thug le fios do ghlúnta daoine cá háit a bhféadfaí saothrú nó a mhalairt do dhéanamh. I ndiaidh Bliain na gCeathrúna 1833 dhein na teoránacha ar ghabháltaisí léiriú ar leagan amach agus úinéireacht nua an talaimh agus bronnadh ainmneacha faoi leith ar na háiteanna go léir ab fharr féarach agus curadóireachta laistigh de gach gabháltas acu d'fhonn aithint a dhéanamh ar a gcáilíocht. Ceanglaíodh ainmneacha áitritheoirí agus úinéirí le gnéithe aiceanta agus cultúrtha an tírdhreacha agus deineadh, i mbronnadh ainmneacha, tuairisciú iltaobhach, samhailteach, neamhghnáthach ar na míreanna

céanna ar uairibh. Tugann na hainmneacha seo léiriú cuimsitheach ar chóras sealbhóireachta an oileáin. Mhair ainmneacha na ngarraithe a bhí ann sar a deineadh an t-oileán a roinnt i ngabháltaisí agus uathu san is féidir léiriú a fháil ar an leagan amach a bhí ar thalamh an oileáin roimh 1833, Bliain na gCeathrúna. Tá leis, mar shampla, ainmneacha pearsanta agus ginealach daoine nasctha leis na céadta páirceanna, garraithe, tithe agus sean-chabhlaigh agus is léiriú ar an stair shóisialta leis, a leithéid, mar go bhfuil córas forshloinneach agus leasainmneach an oileáin faoi bhuanghlas sna háitainmneacha.

Is léir ó phatrúin na n-ainmneacha a bhaineann leis an tírdhreach cultúrtha cé chomh mór agus a bhí daoine faoi chuing láidir na timpeallachta ag uair céad cheapadh na n-áitainmneacha seo. Tá an tionchar a d'imir imeachtaí agus gníomhaíochtaí talmhaíochta ar an tírdhreach le sonrú sna céadta logainm i gCléire. Tuairiscítear iontu go leor de na feabhsaithe talaimh, cur barraí nua ar nós lín, i dteannta tuairiscithe ar bheathú ainmhithe. Léiríonn suíomh na n-áitainmneacha breith áitiúil na muintire ar na hionaid a b'fhearr chun na ngníomhaíochtaí céanna. Gnéithe de stair úsáid an talaimh atá faoi ghlas mar sin sna céadta ainm. Uaidh sin is féidir blaiseadh den saol laethúil a chaith oileánaigh agus iad ag stracadh le talamh an oileáin.

Tá an úsáid a baineadh as an talamh soiléir ón ainmniú a deineadh ar ghnéithe de, agus is féidir uaidh sin, roinnt mhaith a fhoghlaim i dtaobh gníomhaíochtaí agus saol na ndaoine fadó. Ag tagairt do gharraíainmneacha deir John Field, 'The identification of people and the social and agrarian systems alluded to in these field names may provide or elucidate useful material for social, economic and agricultural history.'³⁶¹ Tá an saothrú agus an fhorbairt a dhein daoine ar thalamh an oileáin, chomh maith le córas beatha oileánaigh, le sonrú sna tuilte áitainmneacha i gCléire. Bhí daoine nasctha le talamh agus farraige agus tá seo léirithe sna háitainmneacha. Tá ar bhain le saothrú an talaimh ó threabhadh nó grafáil, leasú agus cur, go baint barraí agus sábháil féir, coirce agus lín, tugtha le fios san ainmniú a deineadh ar mhórchuid áiteanna ar an oileán. Tugtar le fios leis, iontu, leagan amach an talaimh i mbailte fearainn, i gceathrúna, i ngarraithe le ceann thall agus ceann eile i bhus b'fhéidir, chomh maith le goirt, nó páirceanna agus nochtar eolas faoi shaothrú an talaimh idir dhraenáil, threabhadh agus leasú. Ní amháin sin, ach soláthraítear ainmneacha na ndaoine a dhein cuid mhaith den saothrú seo ar mhionáiteanna mar snadhmadh ainmneacha pearsanta, forshloinnthe agus leasainmneacha leis na céadta garraithe, páirceanna agus lonnaíochtaí éagsúla a fhágann anois foinse shaibhir geineolaíochta caomhnaithe faoi bhuanghlas sna céadta ainmneacha.

Tagraíonn roinnt ainmneacha do ghníomhaíochtaí áirithe agus, sa tslí sin cuireann siad feidhmeanna ar leith in iúl. Agus an t-ainm céanna i gceist uaireannta, is meafar a bhíonn san úsáid. Tugtar léargas ar mhodhanna treafa an chaolfhóid san ainm *An Chaológ* agus tagraítear do ghléasanna feirmeoireachta na sean ar nós an ghrafáin,

rámhainn agus chorráin bainte i roinnt ainmneacha eile. Ar na nósanna agus gníomhaíochtaí a bhain le hoibriú an talaimh taispeánann ainmneacha mar *An Corrán GO 5* agus *Carraig an Chorráin GO 6* tábhacht an chorráin bainte agus an chorráin cham i saol na ndaoine. Uirlisí chun bainte a bhí iontu, a mhair in úsáid go déanach ar an oileán. 'Leis an corrán a dheintí an bhaint sa ghort agus bhí na mná níos fearr ná na fearaibh chuige agus is iad na daoine nár fhás ró-mhór do b'fhearr ar fad'.³⁶² Obair mhall ab ea í agus thógadh sé seachtain nó níos mó ar an gnáth-dhuine a ghort do bhaint. Tá idir fheidhm agus úsáid mheafarach curtha in iúl leis an téarma *corrán* thuas. Agus a raibh sa ghort bainte, bhí an chruach le déanamh agus tá a tuairisc sin i n*Garraí na Cruaiche CLF 4a* agus *Reek Garden BIT 229*. Tugann ainmneacha eile chun cuimhne modhanna leasú an talaimh agus tábhacht ábhar nádúrtha ar nós gaineamh na trá, nó lóch na farraige sa chóras talmhaíochta.

Bíonn gnéithe den tíreolaíocht stairiúil faoi ghlas sa tuairisciú a deintear in áitainmneacha. 'Bíodh nach bhfuil caoire ar bith againn anois ná ní raibh le leathchéad bliain agus tuilleadh, bheadh a fhios ag an ndall go rabhadar againn go fairsing lá dár saol mar go luaitear iad i logainmneacha dhá cheann ár n-oileán mar atá *Screathan na gCaereach* agus ard na *gCaerach*.³⁶³ Tuairisc, mar shampla, ar thógáil draenacha sa naoú aois déag atá san ainmniú *Draenáil Dhiarmada Bháin*. Tugann an t-ainm léargas dúinn ar an gcrúatan a lean cóiriú agus saothrú an talaimh ar an oileán. Bhí an t-uafás oibre ann agus gan acu ach an grafán agus an cró-bhuí chun an tochailt do dhéanamh. Leis an dua seo ar fad a bhain le taoscadh an talaimh ní hiontas ar bith é go ndéanfaí tuairisciú agus ceiliúradh sa logainmníocht ar ainmneacha daoine mar *Dhiarmaid Mór* nó *Diarmaid Bán* a bhí bainteach le hobair draenála. Ní hionadh ach oiread, go ndéanfaí tuairisciú ar ghléasanna feirme agus nádúr na hithireach i gcoitinne. Murach na tagairtí seo sna logainmneacha seans maith nach mbeadh puinn cur amach ag an nglúin seo ar chuid des na gníomhaíochtaí a bhain leis an tseansaol i gCléire ná ar a spreag go leor den tuairisciú atá ar fáil sna hainmneacha.

'Faoi 1979, agus le roinnt blianta roimhe sin is dócha, ní raibh stuaicín ná síogán le feiscint i ngarraí ná i ngart. Ní hé ná raibh an síol dá chur agus an fómhar dá bhaint ach go raibh an obair sin dá dhéanamh ag innealra leis an oiread sin luas ná raibh greim ag an súil orthu.³⁶⁴ Bhí *Páirc an tSíl Féir LM 136* leis ann a dhéanfadh soláthar don athchur. Ar na teicnící talmhaíochta a nochtar nó atá le tuiscint sna hainmneacha tá, gráfáil an talaimh in ainmneacha mar *Na Graifíní Ca 39* agus *An Grafa LM 16* agus déanamh an bhranair i n*Gort an Bhranair CTo 31*, baint lóigh leis an gcorrán cam sna tagairtí mar *Phoillín an Lóigh CB 2*, *Boilg na Feamanaí BIT 70*, *Cuas an Ghasláigh GM 27* agus a úsáid mar leasú. Baineann an t-ainmniú a deineadh ar *Ghoirtín an Luathrigh LM 69* agus *Gort an Ghainnimh A 1a* le modhanna leasaithe chomh maith, is cosúil.

Déantar tuairisciú ar nádúr na hithreach i mórchuid ainmneacha mar *An Chluainea BID 102*, *Garraí an Chlóbhair CB 28*, *Garraí na Seamróg*, *An Bán CLF 27*, *An Currach GO 25*, *Páirc na Neataí BIT 97*, *Gort na bhFeochadán BID 49*, *An Port BIT 149* agus *Garraí an aitinn*, ainmneacha a léiríonn breith phearsanta daoine ar an timpeallacht in ar mhaireadar. Leagtar béim leis, mar shampla, ar dheacrachtaí a bhaineann le talamh áirithe san ainmniú ar *Gort na Cráite Ca 37*. Réimsí talaimh neamhthorthúla atá tugtha le fios le *An Réidh Mhóir CB 51* nó *An Currach Mhór CB 53*. Fuarthas leis, mar shampla, ábhar le haghaidh d'fionú na dtithe ceann tuí in áiteanna mar *Pháirc an Fhionnáin C 77a* agus *Port na Biorraí CB 14*, agus ábhar tine i *gCurrach an Fhéir Tirim GO 43*, *Garraí na dTuigí GL 13*, nó, i *nGarraí an Aitinn Ca 66*. Ainmniú ar chuid de phort gur deineadh draenáil agus cóiriú air atá i *nGarraí Poirt. BID 101*. Tá fiúntas nádúr na hithreach sa phort a dhéanfaí a chóiriú nochtaithe san ainmniú a deineadh ar an chuid sin de a réitíodh mar gharraí. Tá toradh saothair le blaiseadh ón ainmniú a deineadh. Ní hionadh, mar sin, go mbeadh buanaíocht ag a leithéid de ainm sa logainmníocht ar oileán in a raibh brú riamh ar pé talamh a bhí torthúil. Fógraíonn *An Currach Nua GO 55* malairt crutha agus dul ar gcúl an talaimh de bharr imirce b'fhéidir, nó toisc úinéirí a bheith imithe in éag. Áitainmneacha iad seo ar fad a thuairiscíonn gnéithe den saol a chaitheadh oileánaigh tráth.

A lán den chur amach a bhíonn ag oileánach ar an bhfarraige agus ar an loingseoireacht, is ó dhúchas agus gan dua a thugann sé leis é. Sa mhuireolas oileánda a dheineann seoltóir cumasach de dhuine, bíonn eolas foirmeálta i dteannta deasghnáthaí beaga pearsanta fite fuaite ina chéile a chuireann ar chumas an tseoltóra boilgeacha mar *Boilg Cinn Cléire BIT 144* agus *Boilg Thón an Amadáin BID 118* a aithint ó dhath an uisce agus a chabhraíonn leis a shlí a dhéanamh trí chaol, bealach agus súnta. Bíonn an míoneolas a bhailíonn an seoltóir agus an t-iascaire níos líonmhaire agus níos éagsúlaí ná cuid an ghnáth-oileánaigh. Cuireann sé eolas ar na carraigeacha mara, cuaisíní agus marcanna talaimh a thabharfaidh ar na bainceanna agus tailte iascaireachta é agus a thabharfaidh slán abhaile arís é. Beidh mionchur amach aige ar an ngaoth, treoanna agus sruthanna ar chósta agus ar farraige. Éilíonn cothú na beatha agus slándáil phearsanta an duine go mbeadh aithne aige ar na gnéithe seo ar fad agus is cuí chuige sin go mbronnfaidh sé ainmneacha orthu.

Ní ar a cruth amháin a bhraitheann tuairisciú áite ach ar an gcaoi a spreagtar suim ainmneóra. Éilíonn an loingseoireacht go n-aithneófaí na háiteanna ina mbíonn farraigí arda, e.g. ag *Carraig an tSáile CB 10*, *Pointe an Treithin C 218* agus *Pointe Ard an tSrutha BIT 141*, is an tarrach taoide sa *Chuan*, nó i *Sruth an Ghaisceanáin C 257b*. Bíonn gá le cur amach ar na háiteanna mar a mbíonn uisce doimhin ar na rabhatacha ag *Oileán Éinne BT 2* nó ag *Béal Chuain Tráigh Chiaráin BIT 2*, i dteannta na mbuntáistí iascaireachta agus an baol a ghabhann le háiteanna mar

Leac Leith Ard BT 20 agus na scórtha boilgeacha ar nós *Bhoilg Oileán na gCeard BIT 23* agus *An Bhoilgín C 11a* atá in uiscí éadoimhine ar chósta an oileáin.

Luaitear sna hainmneacha na bealaí uisce is fearr chun teacht ar an oileán. D'fhéadfaí teacht, mar shampla, go *Cuan Trá Chiaráin BIT 1b*, tré *Bhéal an Bhealaigh C 255*, *Súnta an Ghaisceanáin C 257a*, *An Bealach C 254* agus *Súnta an Talaimh BT 11* nó d'fhéadfaí gabháil timpeall ar *Oileán an Ghainimh*, amach tríd *An Caol go Trant BT 10* agus *Súnta an Ré Shúnta BT 16* agus ar aghaidh caol díreach go *Trá Chiaráin BIT 3*. Léirítear an tábhacht a bhí leis an iascaireacht san iliomad tagairt sna hainmneacha do na baill a b'fhearr chun iascaireacht slaithe, mar shampla, *Barra an Bhulláin BID 113*, *Oileán Athach GI 5a*, *Rinn Áit na gCaorach BIT 125b*,³⁶⁵ *Ceann Róin BIT 66*, *An Bhinn Iarthach CC 24* agus *Áit an Chatha BIT 61a*.

Deineadh ainmniú ar áiteanna eile in uiscí Chléire mar a raibh fáil ar na méanna, na boilgeacha, na rabhatacha agus na talúintí iascaireachta eile a thathíodh iascairí Chléire. Ainmníodh leis, na bainceanna móra iascaireachta amuigh sa bhfarraige a raibh teacht ag iascairí an oileáin orthu. Talamh iascaigh a bhí sna meánna a ainmníodh ó mhír éigin den tírdhreach a bhí i raon na súl uathu. Deineadh mar shampla, *Mig Fhail Ní Chathail CTi 5* a ainmniú ó *Fhail Ní Chathail*, *Mig Pholl Duirc C 6* ó phluais agus poll séideáin, agus ainmníodh *Mig Inbhir Gi 37* ón gcuan. Nuair a théadh sé isteach sa bhfómhar, thagadh colmóirí ar na méanna agus dhíreódh iascairí an oileáin ar na háiteanna sin.³⁶⁶ Deineadh talúintí iascaireachta eile a ainmniú ó mhíreanna cosúil leis an charraig sa bhfarraige ón ar ainmníodh *Talamh Charraig an Locha. BT 13*. Bhí leis, ó dhúchas ag daoine, ainmneacha na gcarraigeacha mara ar a n-oibrítí saidhní, i.e. *Oileán Athach GI 5a*, *Lic an Chapail BID 27*, *Capall an Chuaisín CTo 28*, *Bollán na Conaireach* i dteannta *Thráigh Inbhir Mhóir GM 3a* agus *Tráigh Inbhir Bhig BID 2*. Ní amháin go dtarraingítear aird an iascaire ar na háiteanna a b'fhearr iascaireachta ach luaitear an cinéal éisc a bhí le fáil i roinnt áiteanna díobh. I dteannta *Chuas an Éisc C 151* luaitear *Carraig na nDeargán* faoi dhó (*BT 52, C 267*) agus *Bollán na nDeargán BID 110b*, *Cuas na Longaí C 155*, *Poll na nEascún. C 266*, *Cúl Phortáin C 202* agus *Carraig na bPortán C 264*.

Tá gníomhaíochtaí a bhain le nósanna leasú éisc curtha in iúl san áitainmníocht leis. Chuirtear éisc ag tiriú tar éis salainne, mar shampla, ar *Charraig an Éisc CTo 26*, carraig atá suite i bhfad ó aon uisce agus dhealródh sé gurb amhlaidh leis a chleachtaíodh i *nGarraí na nDeargán BIT 98* agus i *nGoirtín na Séirdíní BID 83* a. Ba áit le haghaidh leasú séirdíní a bhí sna Páláis ar a dtugtar *The Palace BID 23b* nó *Páláis Cn 10*. Tá sain-chur amach mhuintir an oileáin ar an bhfarraige agus ar thírdhreach chósta Chléire maille gníomhaíochtaí a bhain le leasú éisc léirithe sna hainmneacha. Bheadh mórán den eolas ar an tairbhe a bhí le baint riamh ag iascairí as

fómhar na farraige cailte in éagmais na n-ainmneacha seo. Agus deireadh le hiascaireacht slaite, cur saidhní agus gníomhaíochtaí iascaireachta eile, is beag tuairim a bheadh ag an nglún seo ar an saol a chaitheadh iascairí tráth, i gCléire murach a bhfuil fágtha anois de thuairisc orthu sna háitainmneacha. Taisce eolais ar an saol úd atá iontu.

Liodán ainmneacha áitritheoirí agus saothraitheoirí an talaimh atá sna céadta ainm i gCléire. Murach tuairisc orthu a bheith sna hainmneacha ní bheadh fianaise ar bith ann gur mhair a bhformhór riamh. Is stór saibhir gineolaíochta agus cuimhní ar an bpobal a mhair ann agus ar na gnásanna ainmniúcháin a cleachtaíodh atá sna háitainmneacha a bhfuil ainmneacha pearsanta, sloinnte, forshloinnte agus leasainmneacha luaite iontu.

Bíonn daoine roghnaitheach agus cruthaíonn siad gnéithe den saol atá caite a mbíonn gá acu féin leo. Tuairisc roghnaitheach ar an saol mar a bhí agus ar na glúnta daoine a mhair atá in áitainmneacha an oileáin agus is iarracht iad ag an duine áiteanna a rangú ó dhearcaí éagsúla. Ag trácht dó ar áitainmneacha na hAlban deir Nicolaisen, 'Every one of them speaks of the ways and means by which man attempted to master the surrounding world through the medium of language.'³⁶⁷ Léiríonn na hainmneacha atá ar na céadta páirceanna, garraíacha, talamh méith, portaigh, leagan amach gabháltaisí, bealaí ar talamh is uisce roghnú comhfhiosach ar acmhainní na timpeallachta. '[M]an's conscious selection of soils and slopes, elevations and exposures, sites and routes provided in the beginning by nature,' atá iontu.³⁶⁸ Tá gnéithe de shiceolaíocht an oileánaigh nochtaithe leis sa roghnú a deineadh ar théarmaíocht na logainmneacha. Is freagairt ag an oileánach ar a thimpeallacht iad na hainmneacha éagsúla a cumadh ar thírghnéithe, ach go háirithe. Chonaic sé cosúlachtaí láidre idir ghnéithe den tírdhreach agus rudaí so-aitheanta ina shaol féin. Is foinse thábhachtach eolais iad ar oibriú an aigne oileánda na háitainmneacha a cumadh i gCléire. In alt leis ar *Projection in Topographic Names*, deir Robert Plank, 'Psychology is therefore interested in spontaneous projection, and a study that can help towards understanding it- which the study of topographic names can - becomes a contribution to psychology. This science in turn can provide us with instruments for the study of names. The assistance is mutual.'³⁶⁹ Tá fiosrú le déanamh fós ar na gnéithe eile eolais atá follaithe in áitainmneacha agus sna próiseis a ghabhann le háitainmniú. 'The study of placename systems', a deir Basso, 'may reveal a great deal about the cognitive categories with which environmental phenomena are organised and understood.'³⁷⁰

Tugann na hainmneacha a bronnadh léargas dúinn ar iompar ghrúpaí i bpobal thar tréimhse fhada. Nuair a mhaireann glúnta daoine san áit chéanna gabhann mothú ama leo agus lena sliocht. Bíonn siad leo féin, cosantach ar a chéile agus suim acu iontu féin. Bíonn saol iomlán á chaitheamh acu, beag beann ar an ndomhan mór.

Éilíonn croí an duine a bheith nasctha le háit agus sásaíonn áitainmneacha cuid den riachtanas seo. Aigne oileánda a bhronn meas agus gradam ar na háiteanna a ainmníodh. Tá féinmhuinnín na muintire le feiscint in a gcuid áitainmneacha. Léiríonn na próiseis a tharraing áitainmneoirí Chléire chucu féin gur dream intleachtúil, éagsúil agus praiticiúil iad. Léiriú iltaobhach ar an saol a bhí á chaitheamh acu atá san ainmniú a deineadh ar mhionáiteanna an oileáin.

Ainmneacha mar léiriú ar chultúr áite

Is féidir tré mhéan na logainmneacha tírdhreach ar bith a shamhlú agus blaiseadh den chultúr ann. Suimiú dá raibh fágtha le gairid i gCléire de ainmneacha a bhí cumtha ag na glúnta daoine atá bailithe le chéile sa saothar seo. Tá an gaol caidrimh a bhí idir an duine agus an dúlra thar na céadta bliain nochtaithe sa roghnú agus faisnéisiú a deintear sna hainmneacha faoi áiteanna ar an oileán. 'Since time immemorial' a deirtear i *Living in a Coded Landscape* faoi bhronnadh áitainmneacha, 'people have signed their own distinguishing features on to the face of the land. They have thus issued their own particular spatial comments and studying these affords a better insight into the nature of their creators. All such signatures share a common bond : they serve as cultural markers.'³⁷¹ Is é an dála céanna é i gcás logainmneacha Chléire. Breith na nglúnta ar luach agus fiúntas an talaimh ar an oileán atá san ainmniú a deineadh ar na céadta áiteanna. Tá gníomhú mhuintir Chléire sa timpeallacht oileánda agus an múnlú a dhein siad ar ghnéithe áirithe den tírdhreach le sonrú ón mionainmniú a dhein siad ar mhórán de. Bhraith líon na n-ainmneacha in áit ar bith ar líon na ndaoine a bhí lonnaithe inti, buanacht dreamanna daoine sa láthair céanna, carachtair na ndaoine agus topagrafaíocht na háite.³⁷² Cuid de Éirinn, múnlaíthe, forbartha agus smachtaithe thar na haoiseanna atá le sonrú san oidhreacht oileánda logainmneacha atá i gCléire. Cuid shuntasach de chultúr agus oidhreacht na tíre atá sa tírdhreach oileánda céanna agus a bhfuil de áitainmneacha bronnta ar ghnéithe de.

An Timpeallacht Shóisialta: Is féidir le rud ar bith eile atá bainteach in aon tslí le gníomhú an duine ina thimpeallacht a bheith ina spreagadh ag ainmneoir. Tá, mar shampla, gnéithe de chreideamh agus nósanna na muintire a shíneann siar breis agus 4000 bliain le sonrú ar roinnt ainmneacha a bronnadh ar áiteanna ina bhfuil fáil anois ar mhíreanna seandálaíochta. Léiriú ar an saol sóisialta a caitheadh ag tréimhsí éagsúla atá le sonrú in a lán de áitainmniú an oileáin. Tugann na téarmaí a thagraíonn do lonnaíochtaí léiriú ar an bpróiseas mar a coinníodh greim ar an dtírdhreach ar mhaithe le freastal ar riachtanaisí an duine. Léirítear leis, an ceangal láidir idir chlanna áirithe agus tailte in áiteanna ar leith. Tá Dálaigh, mar shampla, luaite le hArdghort ar feadh na nglúnta; Búrcaigh leis an gComar, agus tá go leor Drisceolach fós ar an dtaobh thoir, go mórmhór ar an gComalán.

Eagrú an Talaimh : Soláthraíonn na hainmneacha fianaise faoi conas mar a dhein daoine eagrú agus múnú ar ghnéithe den tírdhreach aiceanta, agus tírdhreach cultúrtha a dhéanamh díobh. Nochtar sna hainmneacha córas roinnt an talaimh i mbailte fearainn, páirceanna, garraithe, ceathrúna agus talamh cimín nó talamh sléibhe. Ceathrú talaimh atá luaite, mar shampla in ainm an bhaile fearainn *Ceathrúna* agus san ainm *Ceathrú Bheití C 113* agus is píosa talaimh atá luaite san ainmniú *An Píosa Mór GL 3*. Tá ainm faoi leith ag gabháil leis na céadta ranna talaimh de gharraithe, goirt agus páirceanna a léiríonn an diansaothrú a deineadh ar thalamh Chléire ag tréimhsí éagsúla ina stair.

Seilbh: Is féidir buaine ghrúpaí éagsúla i gCléire a aithint ón tírdhreach talmhaíochta. Tá ainmneacha pearsanta agus forshloinnte Drisceolacha le fáil go tiubh sa chuid thoir den oileán, in ainmneacha mar *Gharraí Dhonncha Uí Chrónacháin C 83*, *Pointe Thaidhg an Táilliúra Ca 69* ar an gCeathrúna agus in Ardhort tá Dálaigh le *Garraí Eoin Mhóir Uí Dhálaigh CLF 16* agus *Garraí Neill Ní Dhálaigh*. Bhí Coitirigh sa Chumar go dtí le gairid agus tá Lionánaigh i mBaile Iarthach le breis agus céad blian agus tá a n-ainmneacha luaite i go leor áitainmneacha ansin. Anuas ar sin, bhí na céadta áiteanna mar gharraithe agus mar chabhlaigh ainmnithe tráth ó ainmneacha pearsanta, sloinnte, forshloinnte nó leasainmneacha úinéirí agus áitritheoirí.

Ceartha: Fógraíonn ainmneacha cearta daoine, leis. Tá cearta dlí follaithe i roinnt ainmneacha. Bhí cearta acu taisteal thar dhreapaí na gcomharsan mar *Dhreapa na gCeathrúna Ca 28*, nó *Dreapa Dhonncha Uí Mhathúna CC 7* agus imeacht leo síos tríd a gcuid talaimh chun farraige, b'fhéidir. Bhí ceart chun uisce ag cách ag áiteanna mar *Thobar Shéainín LM 79a*, *Tobar an Lín LM 204*, *Tobar na gCeann CTo 5* agus *Tobar Róibín GI 3a*. Mhair suas le caoga tobarainmneacha sa ghnáthchaint mar bhí tarrach ag daoine orthu cúpla uair sa ló agus ba láithreacha caidrimh leis iad ag na comharsain. Bhí cearta leis acu dul ar an sliabh ag bailiú ábhair tine agus bhí gan amhras cearta chun na trá ag cách.

Bhí casáin agus róidíní beaga ag dul chun farraige ag mórán áiteanna agus a ainm féin ar gach ceann acu. e.g. *Bóithrín na Trá LM 247*, *Bóithrín Chuas an Dúglais C 148* agus *Róidín Faille Cua Ca 64*. Ceartha daoine chun lóigh a bhaint sa bhfarraige atá tugtha le fios san ainmniú ar *Áitín Dhónaill LM 170*, *Boilg Nóra Ní Shíocháin BT 24* agus *Carraig Mharcais C 13*.

Caitheamh aimsire: Is féidir gné eile den saol sóisialta a bhí tráth ar an oileán a bhlaiseadh ón áitainm *Garraí an Phíobaire CB 30*. Thugtaí 'comhthlán' ar theacht le chéile daoine in áit fé leith le haghaidh tráthnóna rince is caithimh aimsire. Píosa talaimh leibhéalta atá i n*Garraí an Phíobaire* agus ba ansin a dheintí rince le ceol an pháobaire a bhíodh ina shuí ar chloch ar a dtugtaí *Cathaoir an Phíobaire CB 31*. Ar na nósanna caithimh aimsire a bhí ag daoine sa bhliain 1844 bhí, dar le *The*

Parliamentary Gazetteer of Ireland 1844, '...dissipating delight in dancing, and the pursuit of pastimes, including dancing to the bagpipes in the open air on the Lord's day'³⁷³. Imeacht sóisialta mar sin a spreag an t-ainmnú seo, is cosúil. Fógraíonn na hainmneacha *Tigh Mal na nAmhrán LM 120c* agus *Tigh Pat The Poet GM 18b* cuid éigin den bhlas a bhain le saol sóisialta mhuintir an oileáin sna daichidí go dtí na caogaidí déanacha. Tigh scoraíochta a bhí i d*Tigh an Údair CB 44a* sna tríochaidí agus b'amhlaidh leis do *Thigh Connie A 110b* agus *Tigh Neill GL 38a* sna seascaidí nuair a tháinig méadú ar líon na gcuairteoirí a bhí ar thóir na Gaeilge.

Bhíodh *An Lighthouse* in úsáid chun rince agus bhí Dinny Burke's agus Paddy Burke's (*BIT 82a*) nó an *Shamrock Hotel* ann chun óil, ceoil is rince. Bhí leis, *Cotter's (BIT 80a)* nó an *Central Hotel* chun spraoi agus bhí *The Rising Sun CLF 20b* ina shíbin mar a ríomhtaí eachtraí a bhain le saol agus scéalaíocht na sean ar an oileán. Ar shíbiní eile, bhí mar shampla, *Síbin Mháire Ní Mhuirthile GL 33* agus *Síbin Nóra Fhinín C 199b* ina ndeintí cleamhnaisí agus baineadh triail fiú as poitín a dhéanamh, is cosúil, a d'fhág *Páirc an Phoitín A 97* mar áitainm.

Tá sé le tuiscint ó ainmneacha mar *Leac Dhiarmada, Faill Dhiarmada* agus *Faill an Tuirc* go raibh cur amach ar an bhFiannaíocht ag áitainmneoirí an oileáin agus gur nascadh ainmneacha laochra na scéalaíochta leis an tírdhreach fisiciúil faoi mar a deineadh i mórán áiteanna eile ar fud Éireann.³⁷⁴ Ba chuid shuntasach de nósmaireacht an chultúir náisiúnta an ghné seo den phróiseas áitainmniúcháin.

Áitainmneacha mar chomhartha athraithe agus leanúnachais

Bíodh gur dóichí go bhfuil tírdhreach fisiciúil an oileáin mar an gcéanna cuid mhaith le cúpla míle bliain, tá acmhainní nádúrtha an oileáin á múnú go comhfhiosach ó chéad teacht daoine ansin. Tá leanúnachas agus athraithe ar thírdhreach Chléire le feiscint sna hainmneacha atá bailithe anso.

Athraithe : Nochtann ainmneacha athraithe buan a tháinig ar an tírdhreach cultúrtha ó aois go haois. Tá na hathraithe a d'imir na céad áitritheoirí ar an tírdhreach le feiscint os na hainmneacha atá ar na míreanna ársaíochta mar ghalláin, dúnta agus liosanna agus os na hainmneacha eaglasta ina bhfuil an eilimint *cill* agus níos déanaí an téarma *teampall*. Tugann ainmneacha na mbailte fearainn gnéithe de eagrú agus luathroinnt an talaimh le fios. Tá na hathraithe bunúsacha a tháinig ar eacnamaíocht agus saol sóisialta an oileáin ó lár an naoú haois déag le feiscint san ainmniú a deineadh ar ghnéithe den tírdhreach cultúrtha oileánda. Níl sna hathraithe cultúrtha seo áfach, ach an ghné sheachtrach shofheicthe de athraithe sa chultúr iomlán.

Tháinig deireadh le lonnaíochtaí i gclocháin ó 1800 anall agus tháinig patrún na lonnaíochta scaipithe chun cinn a shíneann ó *Chuas an Dúghlais C 149* thoir go dtí *An Sliabh Ard BID 108* thiar agus suas tríd *An Gleann*. Bhain an t-athrú seo le hathraithe talmhaíochta nuair a cuireadh córas na ngabháltas in áit córas na ngarraithe.

Tugann a lán de gharraí-ainmneacha Chléire léiriú ar leagan amach an talaimh roimh Bhliain na gCeathrúna 1833. Comhchéimeach le méadú in acraíocht na ngabháltas tháinig dídhaonú, go háirithe i ndiaidh an Ghorta Mhóir 1845-47. Le dídhaonú an oileáin le tríocha bliain anuas ach go háirithe, tá líon na ngabháltas tar éis titim agus acraíocht roinnt acu tar éis méadú arís, bíodh gur gabhátaisí neamhiomlána cuid díobh. Tá ainmneacha a bhíodh in úsáid ar na seanghabhátaisí seo cailte anois don chuid is mó. Níl oiread is ainm páirce amháin de chuid Clann Sweeney ná Beamish an Ghleanna fágtha sa chuimhne áitiúil. Is é an dála céanna é i gcás ghabhátaisí Jerry Shea, Paddy Shea agus Din Cadogan i mBaile Iarthach Theas, gabháltas Pat Bill Cadogan i gCoinlín agus gabháltas Dan Thaidhg Uí Riagáin in Ardghort. Dealraíonn sé gur tharla an chailliúint is mó ar ainmneacha nuair nár fhan gabhátaisí i seilbh na muintire céanna.

Tá, le cúlú na hiascaireachta, mórán ainmneacha ar chósta Chléire imithe as úsáid chomh maith. Níl gá anois ag an oileánach le hainmneacha failltreacha, cuaisíní agus boilgeacha a bhíodh tráth ina dtéarmaí tagartha laethúil aige. Ó 1976, mar shampla, tá na faisnéiseoirí a sholáthraigh formhór na n-ainmneacha atá sa bhailiúchán seo imithe ar shlí na fírinne agus tá a raibh de ainmneacha acu imithe as gnáthúsáid toisc gur tháinig athrú ar chursaí iascaireachta, úinéireacht agus saothrú an talaimh i dteannta mórchúlú ar labhairt na teangan ar an oileán ó shin.

Bhí na cúiseanna le hathraithe i saol mhuintir Chléire coitainta go leor in Éirinn tríd is tríd. Níor leor gabhátaisí a bhí níos lú ná deich n-acra chun clann a chothú a thuilleadh, agus b'é an fhíric eacnamaíochta seo ba chúis le mór athraithe talmhaíochta agus sóisialta ar fud Éireann. Ba scathán d'Éirinn í Cléire, ach go raibh bánú an oileáin beagán níos moille sa tréimhse 1881-1920 toisc go raibh baint an-mhór ag an iascaireacht le heacnamaíocht agus beatha daoine ann. Nuair a theip ar an iascaireacht, áfach, b'éigean do dhaoine imeacht as an oileán ar thóir oibre, agus tréigeadh go leor tithe. Mhair cuimhne ar an dream a bhí imithe in a lán cásanna sna hainmneacha. Cúiseanna sóisialta agus cúiseanna eacnamaíochta faoi ndear do chuid mhór den dídhaonú, méadú ar ghabhátaisí agus ar deireadh ó thaobh na logainmníochta do, mórchailliúint ar áitainmneacha. Bhí an ráta pósta an-íseal i gCléire, cumarsáid leis an mórthír an-teoranta, agus gan aon ró-fhonn is dócha ar mhná na mórthíre a saol a chaitheamh ar oileán mara. Nuair nach raibh pósadh i ndán do dhaoine thit daonra an oileáin go tubaisteach agus fágadh go leor daoine singil i mbun an talaimh. Faid a mhair siad choimeád formhór na ngabháltas a n-ionannas féin in aghaidh gorta, imirce agus an bháis.

Tá clanna iomlána scuabtha as an oileán ag gorta, imirce agus an bás. Níl éinne de mhuintir Mhathúna fágtha mar a raibh siad tráth i gCeathrúna, i mBaile Iarthach agus i gCnocán na mBáirneach. Tá sliocht Riagánach Lios Ó Móine, Cnocán an Choimhthígh agus Ardghort imithe ón oileán le fada. Tá Drisceolaigh de mhuintir

Shéamais ón gComalán marbh. Na Coitirigh a bhí sa Ghleann, sa Chumar agus i Lios Ó Móine tríocha bliain ó shin, ní ann dóibh a thuilleadh. Níl fáil ach oiread, ar Dhonnabhánaigh, Drisceolaigh ná Céadagánaigh i mBaile Iarthach Theas. Is le daoine atá anois marbh a bhaineann formhór na n-áitainmneacha ina bhfuil ainmneacha pearsanta, sloinnte, forshloinnte agus leasainmneacha luaite. Léiríú ar láidreach an traidisiúin gur mhair a leithéid amhlaidh go dtí inniu. Ar fud an oileáin mar shampla, tá seanchabhlaigh mar *Chabhlach Chonchúr an Táilliúra A 9* agus *Bett's Old House CC 22b* gan díon orthu, agus tá, chomh maith, tithe breátha mar *Thigh Mhíchíl Uí Dhonnchú LM 110* fágtha gan éinne iontu. Tá dreapaí chuig a lán des na háiteanna seo a bhí deathógtha tráth mar a bhí *Dreapa na gCeathrúna Ca 28*, nó *Dreapa an Phúca C 81*, dúnta nó briste anois mar atá *Dreapa an Bhóthair Láir CC 9* agus an *Windy Stile LM 190*. Tá casáin ar nós *Casán an tSléibhe LM 252* agus *Róidín Cháit Bheist BIT 249* agus *Róidín Faille Chua Ca 64* a mbíodh mórán siar is aniar ag daoine orthu leathchéad bliain ó shin anois gan dul iontu agus iad clúdaithe le drisleacha agus uisce ina stad iontu. I go leor páirceanna mar *An Réidhléan Thuaidh A 102* agus *Garraí Dhonncha Uí Chrónacháin C 83* feictear rian rámhainne sna hiomairí agus ar a fágadh gan baint. Gan pobal líonmhar ag gabháil na sean cosán agus bóithríní a thuilleadh, tá a bhformhór imithe as úsáid; tá na garraithe gan cur sa chuid is mó; Níl éinne sna sean-chabhlaigh le fada. Agus sin amhlaidh, níl gá a thuilleadh lena n-ainmneacha. Maireann na hainmneacha, áfach, bíodh gur ar éigin gur ann dos na háiteanna. Léiríonn a bhfuil de raitheach agus aiteann atá anois ag piocadh a slí ar fud an oileáin an casadh atá déanta ón gcuradóireacht go talamh garbh féaraigh. Innéacs agus buantuaireasc ar na hathraithe atá tagtha ar an tírdhreach cultúrtha atá sna háitainmneacha atá anois caomhnaithe sa bhailiúchán seo.

Leanúnachas : Tá leagan amach an talaimh agus patrúin na lonnaíochta gan athrú le 150 bliain, nach mór. Is buaine i bhfad, mar shampla, ainmneacha na bpáirceanna i gCléire thar áiteanna eile mar bhí athraithe ar theorannacha páirceanna agus méid gabháltaisí ansin níos moille ná mar a bhí in áiteanna eile ar an mórthír agus fiú ar oileáin eile i gcomharsanacht Chléire. Níor dhein mar shampla, Bórd na gCeantar Cúng a bunaíodh sa bhliain 1891 aon roinnt ar thalamh an oileáin murab ionann agus Inis Uí Drisceoil agus Inis Fada, toisc go raibh an talamh i gCléire leagtha amach cheana féin ó Bhliain na gCeathrúna 1833. Tríd is tríd, tá na gabháltaisí i seilbh na muintire céanna le 150 bliain, nach mór, is gan de athrú orthu ach ainmeacha pearsanta úinéirí. Cur i gcás, bhí muintir Mhíchíl Rua (Ó Drisceoil) ar an gComalán agus clann Eoin Uí Dhálaigh in Ardghort ó 1849 ar a dhéanaí. Is beag garraí nach bhfuil an méid agus an cuma céanna air is a bhí, abair, céad caoga bliain ó shin³⁷⁵ agus iad uile nach mór, timpeallaithe fós leis na clathacha singil agus dúbailte céanna a tógadh leis na clocha a glanadh de thalamh an oileáin thar na glúnta.

Tá an comhairle ar a chinn daoine san am atá caite le sonrú inniu ar an ainmniú a deineadh ar ghnéithe éagsúla an tírdhreacha. Tá mar shampla, go leor seanchabhlach ar an oileán a tógadh mar thithe cónaithe breis agus céad blian ó shin agus maireann sa logainmníocht tuairisc ar an ndream a thóg agus ar an ndream a mhair iontu. Tá a ainm féin fós ar mhórán díobh, mar shampla, *Cabhlach Mháire Chiaráin A 11* agus *Cabhlach Bhuacháin CTi 19a*. Is é *Cabhlach Éibhear Mór GL 18* an cabhlach tí is seanda dá bhfuil ar an oileán le haois trí chéad bliain leis nach mór, de réir an tseanchais. Caomhnaítear stair úinéireacht tithe agus gabháltaisí sna céadta áitainm ar an oileán. In éagmais cáipéisí oifigiúla is foinse an-luachmhar iad logainmneacha Chléire do stair na lonnaíochta ar an oileán.

In ainneoin athruithe talmhaíochta agus úinéireachta caomhnaítear ar an oileán mórán ainmneacha gníomhaíochtaí atá i léig le fada. Cuirim i gcás, níor baineadh barra lín i gCléire le ceithre scór bliain is dócha, ach fós bheadh *Garraí an Lín BIT 227*, *Tobar an Lín LM 204* agus *Loch an Lín C 161* ar eolas ag an muintir ar leo an talamh ina bhfuil siad seo suite. Tá leis, mar shampla, *An Bacús BIT 271* ar stór le Paddy Burke bíodh nach raibh bacús ann le breis agus céad blian. Tá feidhm chumarsáide ag na hainmneacha seo i gcónaí bíodh go bhfuil ar spreag a n-ainmniú imithe as le blianta fada. 'The study of place names', dar le Miller, 'indicates that they are a geographical expression of cultural processes that are still dynamic. So they, too, are part of the continuum of man's changing occupance of the land.'³⁷⁶ Feidhmíonn siad mar chuid den chultúr beo.

In áit na gcasán rócharsacha tá bóithre taraidh mar an *Bóthar Theas Cn 35*, *An Bóthar Nua CB 32*, *Bóthar Bhaile an Iarthaigh BID 19* ann agus in áit na n-asal tá tarracóirí agus gluaisteáin chun oibre agus chun taistil agus céad áis eile ar liosta le háireamh. Agus ré an asail thart ní bronnfar i gCléire ainm mar *Gharraí an Asail* ar áit feasta.

Teanga na Logainmneacha

Staid na teanga i measc an phobail

Le céad blian anuas tá laghdú 80% tagtha ar dhaonra an oileáin agus tá casadh iomlán, geall leis, déanta ag an pobal ón Gaeilge, a bhí mar ghnáththeanga cumarsáid go Béarla. Bhí teagmháil rialta ag iascairí le lucht labhartha Béarla go háirithe ó 1879 ar aghaidh nuair a d'fhás tionscal na hiascaireachta agus bhí cumarsáid idir phobal an oileáin agus lucht déanta bád is treallaimh agus ceannaitheoirí éisc, ní amháin ó Éirinn ach ó Shasana agus ó Mheiriceá. I 1906 bhí ceantracha áirithe casta ar an mBéarla agus tugadh 'Comar an Bhéarla' fiú ar an gComar.³⁷⁷ An tráth san leis, agus go ceann

na mblianta fada ina dhiaidh bhíodh seirbhísí eaglasta agus scoile á reachtáil trí mheán an Bhéarla. Mhéadaigh ar theagmháil oileánach le Béarla nuair a chuaigh a lán daoine ar farraige ar feadh roinnt blianta agus ar filleadh dóibh níor ghnáthach dóibh bachaint puinn le Gaeilge mar theanga teaghlaigh nó mar theanga cumarsáide i measc na gcomharsan. Ní dócha go raibh bás nó beatha na teanga riamh in ábhar buartha ag an oileánach. Má bhí féin, ba thrí mheán an Bhéarla a tógadh páistí Chléire ós na seascaidí ar aghaidh ach go háirithe, agus tá a rian sin le feiscint go láidir inniu ar an gcaighdeán Gaeilge atá ag daoine san aoisghrúpa 10-40. Gaeilge bunscoile gan puinn saibhris a bheadh le fáil inniu ón aoisghrúpa seo agus is ar éigean a bheadh aon stór logainmneacha ar eolas ag a bhformhór. Ar an meán, bheadh Gaeilge na mban níos fearr ná Gaeilge na bhfear toisc b'fhéidir oideachas dara leibhéal a bheith faighte ag a bhformhór ó 1968 i leith.

Bíodh gur i nGaeilge a bailíodh na hainmneacha sa bhailiúchán seo, Béarla is mó, go bhfios dom, a bhí mar theanga teaghlaigh ag na faisnéiseoirí ag am bailithe na nainmneacha. Faoi 1976, nó b'fhéidir i bhfad roimhe sin, ba léir gurb í an Béarla a bhíodh le clos i ngnáth chómhrá i measc oileánach cé gurb í an Ghaeilge a labharófaí leis an stróinséar a luaithe agus a chuirfí caint i nGaeilge ar an oileánach. Cé gur shamhlaigh sé dom i 1976 gurb í an Béarla a bhí in uachtar mar theanga laethúil i gCléire, níl aon amhras ann ach go raibh an Ghaeilge ar a dtoil ag a lán des na faisnéiseoirí atá luaite sa saothar seo, fiú muna bhfuil an faisnéisiú a dhein siad ar roinnt ainmneacha agus ar chuid den dinnseanchas ag teacht le rialacha na gramadaí. Máthaireacha ón mórthír gan Gaeilge ag teacht dóibh ar an oileán a bhí ag roinnt des na faisnéiseoirí seo agus athaireacha a chaith blianta ar farraigí an domhain a bhí ag tuilleadh acu. Dá bharr sin bhí cleachtadh sa bhreis ar an mBéarla ag a leithéidí. Fós, thugadar slán a bhfuil de ainmneacha dúchais Chléire sa bhailiúchán seo. Bhí faisnéiseoirí eile agus bíodh, go raibh fuaimiú roinnt ainmneacha go maith acu, bhíodar ar fíor bheagean Gaeilge nuair a cuireadh agallamh orthu.

Structúr na logainmneacha

Téarmaíocht:

Is i nGaeilge atá na hainmneacha ar fad geall leis, sa bhailiúchán seo . Téarmaíocht na tíreolaíochta agus téarmaíocht a bhaineann le hoibriú an talaimh agus tuilleamh na beatha ar muir agus ar tír atá i bhfoclóir logainmneacha Chléire sa chuid is mó. Baintear feidhm as 83 téarma éagsúil i bhfoclóir tíreolaíochta na nainmneacha agus is iad is coitianta orthu ná *cnoc, leaca, carraig, fail, tobar, boilg, cuas, oileán, loch, poinne, poll, rinn, bollán, gleann, com, comar, drom* agus *trá*. Ar na focail a bhaineann le cúrsaí talmhaíochta is minicí a gheibhtear in ainmneacha Chléire tá *garraí, gort, páirc, bánóg, gáirdín, ceathrú, bán, aonach,*

port, currach, fothar, latrach, aiteann, raithneach . Is iad *tigh, cabhlach, bóthar*, cé na focail is coitianta a luaitear i dtéarmaíocht ainmneacha a bhaineann le gnéithe den tírdhreach cultúrtha. Ar fhocail do ghnéithe ársaíochta is iad *cill* agus *gallán* na téarmaí is coitianta. Cúpla sampla den téarma *lios, dún* agus *teampall* atá ar fáil, ach ní gheibhtear focail mar *rath, cathair* nó *eaglais* ar chor ar bith. Is do dhá bhaile fearainn amháin a thagraíonn *baile*, an téarma is coitianta in ainmneacha bailte fearainn in Éirinn. Téarmaí an-choitianta iad *bearna, bealach, binn, com, comar, mullach, screathan* i logainmneacha áiteanna eile mar Dhún Chiaráin i gCho. Chiarraí agus tá leithéidí *cloch, cuid, píosa, cúilín, droichead, gob, lána, móinteán, sruth* an-raidhsiúil sa Rinn, i bPort Láirge, ach is an-annamh iad i gCléire. Bíodh go bhfuil fáil ar samplaí de *poll, páirc, sruth, talamh* agus *gáirdín* i gCléire, is minicí ar fad atá fáil orthu sa Rinn. Is suimiúil leis, go bhfuil éagsúlacht na dtéarmaí datha a úsáidtear mar aidiachtaí in ainmneacha, níos líonmhaire i gCléire, ná mar atá in áiteanna eile in Éirinn, b'fhéidir.

Tá neart na teanga mar a bhí tráth ar an oileán le feiscint ó líon na nainmneacha a bhí ar fáil go dtí le gairid agus ón nGaelú a deineadh le dhá chéad bliain anuas ar mhórán focail Béarla. Is léir seo ón nGaelú a deineadh ar ainmneacha pearsanta agus sloinnte a tháinig isteach ar an oileán. e.g. *Garraí Sheáin Uí Chaoilte*. (Kilty) agus *Garraí Léan Gós* (Gosnell). Tá focail glactha chucu féin ón mBéarla ag oileánaigh agus feidhmíonn siad anois mar fhocail dhúchasacha. Ar leithéid tá *teampall, séipéal* agus *máistir*. Samplaí eile iad clóbhar (clover) san áitainm *Garraí an Chlóbhair* agus banc (bank) sna hainmneacha *Banc Faille Chua* agus *Leaca an Bhainc*. Deineadh 'Gaelú' leis ar roinnt téarmaí Béarla eile e.g. an téarma 'Road' i b*Páirc an Róidín*, "Soup'i *Scoil an tSúip*, "Drain' i n*Gort an Draenála* agus *An Draein Mhór* . Ní próiseas é seo a d'eascair le gairid, áfach. Tá, mar shampla, an téarma *gáirdín* sa teanga leis na céadta bliain agus faightear roinnt samplaí de sa logainmníocht i gCléire. Is suimiúil iad na hathraithe a deineadh ar an bhfocal 'jib' i n*Garraí na Jibe*, agus ar an bhfocal *Cottage* i n*Garraí an Chottage*. Glacadh le focail agus téarmaí ó Bhéarla na Stát Aontaithe leis, mar tháinig a lán focal ar nós 'jib', 'topsail' agus téarmaí seoltóireachta agus téarmaí iascaireachta mar 'fál fish' isteach sa chaint i gCléire faoi thionchar ceannaitheoirí éisc Mheiriceá thart ar 1890.³⁷⁸ 'Jib' do bhád, mar shampla, atá faoi chaibidil san ainmniú agus san iarracht ar Ghaelú a deineadh air san ainm *Garraí na Jibe*. Fé mar a tugadh *An Scoil Ghallda* agus *An Teampall Gallda* ar dhá áit a bhí i mbéal daoine lena linn, tá ainmneacha Gaeilge nuachumtha curtha le háiteanna atá i mbéal daoine inniu. e.g. *Na Muilte Gaoithe, Tigh an Bhainisteora* agus *Luí na Gréine*.

An Focal aonair mar logainm:

Focal amháin atá sa chuid is mó des na hainmneacha a thuiriscíonn tírghnéithe agus gabhann an t-alt len a bhformhór. Ainmfhocail agus ainmneacha aon eiliminte gan an t-alt atá i 81 ainm díobh, e.g. *Aonach, Cnoc, Cúilín, Crathach, Coinlín, Port, Leaca, Currach*. Faightear aidiachtaí mar *uachtar* agus *íochtar* leis in úsáid mar ainmneacha. Ní chlaitear le gnáth rialacha gramadaí i dtuairisciúl roinnt ainmneacha. Tá seo fíor uaireannta i gcásanna go mbíonn liostáil á dhéanamh ag faisnéiseoir ar shraith ainmneacha. Uaireannta ní luaitear an t-alt sa bhfaisnéisiú agus is deacair a dhéanamh amach ansin an ainm ceart a bhíonn i gceist i bhfocail aonair mar *Port, Currach, Cnoc* nó an lom tuairisciú ar phort, ar churrach agus ar chnoc a faoi chaibidil ag am bailithe na nainmneacha. Tá, mar shampla, fáil ar 11 *An Port* agus 9 *Port* gan an t-alt. Tharlódh gur gnáth ainmfhocail agus tuairisciú atá sa téarma *Port* gan an t-alt agus nach ainmneacha áiteanna roinnt acu. Bhí ainmneacha ligthe i ndearmad ar fhaisnéiseoirí agus nochtadh tuairimí faoi áiteanna a bhí portúil b'fhéidir agus b'éigin glacadh ag an am le *Port* mar ainm seachas *An Port* nó a leithéid, ceal aon ainm eile ón bhfaisnéiseoir ar an áit áirithe sin a bhí faoi chaibidil. Ní comhartha ar na hainmneacha seo gan an t-alt go bhfuil siad ársa fé mar a léiríonn Deirdre Flanagan i gcás ainmneacha eile a chuireann síos ar ghnéithe den tírdhreach aiceanta,³⁷⁹ ach go bhfuil méid áirithe de thruailliú imithe ar na samplaí seo ó Chléire. Chuaigh cleachtadh faisnéiseoirí áirithe ar an mBéarla i gcionn ar an bhfaisnéisiú truaillithe a deineadh ar na hainmneacha thuas agus ar roinnt eile ainmneacha. Mar atá luaite cheanna bailíodh ainmneacha istigh agus amuigh ó fhaisnéiseoirí agus ba le cabhair léarscála a deineadh an chuid is mó de aimsiú ar ainmneacha, modh a chuir isteach ar cheart ainmniú agus fuaimiú méid áirithe ainmneacha.

An t-Alt + an Ainmfhocal:

(a) Faightear an t-alt luaite le hainmfhocal amháin i gcás 127 áitainm a chuireann síos ar thírghnéithe an oileáin. e.g. *An cnoc, An Charraig, An Garraí, An Port, An Cuar, An Grafa, an Caol, An Capall, An Díle, An Fothar*. Tá samplaí leis de *na* (iolra an ailt) + ainmfhocal in ainmneacha mar *Na Cnoicíní, Na Graifíní* agus *Na Lochtíní, Na Cabhlaí, Na Lochtíní, Na Crúibíní, Na hÓglaigh*. Luaitear an t-alt i nGaeilge i dteannta ainmneacha i mBéarla mar *An Lighthouse* agus *An Bird Hostel* agus faightear a chontráracht sin i *The Leaca Mhór*.

(b) Ainmfhocal +*an* (nó *na*) + ainmfhocal sa ghinideach atá i 920 logainmn. Sna hainmneacha seo a mbíonn an cáilitheoir ina ainmfhocal iontu, bíonn an t-alt idir an dá ainmfhocal i sórt amháin agus bíonn sórt eile gan alt. Samplaí den chéad chineál iad : *Garraí an Chnoic, Poillín an Lóigh, Cncán an Tobair, Cnocán an tSeandúine, Gort na Raithíní, Gamhainín na Carraige, Cuas na Gainimhe*.

(c) Ar ainmneacha le hainmfhocal +na+ainmfhocal sa ghinideach iolra tá leithéidí *Drom na mBolg*, *Cnocán na mBáirneach*, *Cró na gCaorach*, *Cuas na gColúr*.

(d) Agus ar ainmneacha le hainmfhocal + ainmfhocal sa ghinideach gan an t-alt, tá leithéid *Ceann Róin*, *Garraí Mharcais*, *Garraí Poirt*, *Goirtín Róin*.

(e) Is féidir leis an gcáilitheoir in ainm a bheith ina ainmfhocal eile sa ghinideach mar atá léirithe thuas nó ina aidiacht sa ghinideach mar atá 230 ainm. e.g. *Garraí an Datha*, *Currach Láir*, *Gort Gabhála*. Baintear feidhm as ainmfhocal + ainmfhocal agus aidiacht i dteannta a chéile sa tuiseal ginideach sa logainm chomh maith. e.g. *Claí na Cloiche Báine*, *Faill na gCloch nGeal*, *Pointe na Rinne Ramhaire Bige*, *Bothán na Mná Boichte*, *Garraí na Carraige Léith*, *Cuas an Ghleanna Iarthaigh* agus *Simné na Carraige Móire*.

(f) Faightear ainmfhocal le hainm pearsanta sa ghineadach an-choitianta. e.g. *Garraí Mhuiris*, *Garraí Bheist*, *Leaca Shéamais Thaidhg*, *Carraig Mhaidhc*. I gcás ainmneacha fear, is gnáthach an t-ainm baiste agus an sloinne a bheith sa tuiseal gineadach i ndiaidh an ainmfhocail, mar shampla *Tigh Sheosaimh Uí Dhálaigh A 51*, *Garraí Sheáin Mhic Giolla*. Is minicí ar fad, áfach, ainm ceana nó mar sin bheith tugtha agus é bheith sa tuiseal gineadach. e.g. *Garraí Chonchúir an Táilliúra A 6*, *Cabhlach Chonchúir an Táilliúra A 9*, *Garraí Thaidhg Bháin A 31*, *Cabhlach Mháire Chiaráin A 11*, *Garraí Dhonncha Bháin A 31*, *Garraí Fhinín na Páirce A 91*. Maidir le hainmneacha ban, ní chuirtear an sloinne sa tuiseal gineadach in aon chor: *Garraí Cháit Ní Dhálaigh A 26*, *Tobar Nóra Ní Shíocháin*, *Leaca Nóra Ní Shíocháin*, *Cabhlach Bheist Ní Chiaramháin A 64*. Eisceacht atá san ainm *Tigh Nóra Uí Dhuinshléibhe A 113* a tháinig is baolach, faoi thionchar an bhailitheora.

An Aidiacht

Tá fáil an-choitianta ar an aidiacht mar cháilitheoir in áitainmneacha an oileáin agus is féidir rangú a dhéanamh orthu san i slite éagsúla. Tuairiscíonn siad : méid, cuma, treo, dath, aois agus tréithe fisiciúla. Is iad *mór*, *beag* agus *ard* na téarmaí méid is coitianta a gheibhtear mar aidiachtaí le hainmneacha. Ar na haidiachtaí cuma tá fáil ar : *fada*, *leathan*, *ramhar*, *caol*, agus i gcás treo baintear úsáid coitianta as *thoir*, *thiar* agus *thuaidh* mar aidiachtaí. Baintear feidhm aidiachta as na dathanna *buí*, *dearg*, *gorm*, *dubh*, *rua*, *geal*, *liath*, *bán*, *glas*, *óir* i ndéanamh a lán ainmneacha. e.g. *An Charraig Liath*, *An Lic Bhuí* agus *An Gort Dubh*.

Firinscneach agus baininscneach

Tá roinnt ainmfhocail i gCléire go mbronntar an dá inscne orthu. Tá an focal gaineamh firinscneach agus baininscneach sa chaint i gCléire mar atá *Gort a' Ghainimh*, *Cuas na Gainimhe*, *Poll na Gainimhe* agus mar sin de. Tá bunadach firinscneach agus baininscneach sa chaint leis agus tá *An Bhunadach* agus *An Bunadach* sa chaint chomh maith leis *An Bhunadach Bheag*, *An Bhunadach Mhór* agus *An Bunadach Mór*, agus uaidh sin tá *Capall na Bunadaí* sa ghinideach.

Comhfhocail

Cúpla sampla de chomhfhocail atá sna logainmneacha i gCléire, e.g. *An Geamharghort*, *An Gleannaghort*, *An tArdghort*, *An C[h]ionáit*, *Cúl bhá*

Meath ar úsáid áitainmneacha

An brú talaimh a bhíodh i gCléire tráth nuair a mhair na céadta daoine ann ní ann dó a thuilleadh agus tá an talamh imeallach a bhíodh in úsáid an uair úd ligthe i leataoibh agus is portach nó talamh bhásta arís a lán de. Tá na hainmneacha mar *Gharraí Sheáin Stack BIT 176* agus *Garraí Sheáin an Phoirt BID 105* agus ainmneacha eile a ghaibh leis na háiteanna céanna imithe as cuimhne daoine don chuid is mó, ach amháin, b'fhéidir, sa chás ina bhfuil an talamh fós i seilbh sliocht na ndaoine ar leo é leis na glúnta. Is mór an t-athrú atá tagtha mar sin, san aois seo san úsáid a baintear as an talamh tríd an oileán. Sa taobh ó thuaidh, mar shampla, tá níos lú gabháltaisí, ach tá cuid mhaith des na páirceanna maithe in úsáid i gcónaí chun ithreach. Tá an chuid is mó de thalamh *Chnocán na mBáirneach (CB)*, *Cnocán an Choimhthígh (CC)* agus *Lios Ó Móine (LM)* clúdaithe, áfach, le raitheach anois. Bhí an *Gleann* ar an áit ba thorthúla ar an oileán tráth ach tá cuid mhór den talamh ansin imithe ó mhaith leis, bíodh go bhfuil trí ghabháltas curtha i dteannta a chéile ansin le gairid ag eachtranach agus tá feabhsú mór déanta orthu. Tá an talamh ar an dtaobh thiar imithe as úsáid ar fad nach mór, toisc úinéirí a bheith imithe in aois agus ag fáil bháis. Bíodh go bhfuil roinnt gabháltaisí ceannaithe ag eachtranaigh i *mBaile Iarthach*, *Gort na Lobhar (GL)* agus sa *Ghleann* níl, don chuid is mó, leas á bhaint acu as an talamh. Tá deireadh go deo mar sin le h-úsáid na n-ainmneacha dúchais i leith áiteanna ar na gabháltaisí seo go léir mar nach bhfuil aon ní ag tarlúint sna páirceanna agus sna garraithe a choiméadfadh caint orthu i mbéal daoine agus tá na húnéirí nua dall ar fad ar na hainmneacha a bhíodh in úsáid. Mar a luadh cheanna, tá an Ghaeilge mar ghnáththeanga ag muintir an oileáin ag

imeacht as le dídháonú agus athraithe eile sa saol eacnamúil agus sa saol sóisialta le leathchéad blian anuas.³⁸⁰ Is annamh anois a chloistear ainmneacha na ngarraithe, páirceanna, ná ainmneacha toibreacha á lua. Ní chloistear ainmneacha cuaisíní, boilgeacha agus carraigeacha mara ach oiread mar nach mbíonn éinne ag iascaireacht sna baill seo agus níl trácht tharastu. Léitear an tAifreann i nGaeilge agus labhartar Gaeilge leis na páistí ar scoil; bíonn cruinnithe áirithe trí mheán na Gaeilge agus labhartar Gaeilge le lucht na gColáistí Gaeilge. Béarla, áfach, atá mar ghnáththeanga le fada, i gclós an tséipéil, sa tigh tábhairne agus i mbéal páistí ag súgradh dóibh.

Truailliú ar Áitainmneacha: 'Ní tugtar feasta i gcaint na ndaoine ar *Rinn Ard na gCaorach* agus ar *Rinn Ard an tSrutha* ach "thiar ar an gceann" nó "west at the head" ag lucht an Bhéarla. 'Is uafásach an truailliú é ar an dteangain,' a deir Donnchadh Shéamais Ó Drisceoil.³⁸¹ Is uafásach an "truailliú" é ar an logainmníocht chomh maith. Sampla eile den saghas seo truailithe atá san ainm *Lios Ó Móine*; ní heol dúinn cén leagan den ainm atá ceart. Ag trácht dó ar an ainm seo, deir Donnchadh Shéamais Ó Drisceoil, 'Is deacair a rá cad as nó cad uaidh a ainmníodh an baile seo. Ní móin atá i gceist ann mar ba *Lios na Móna* a bheadh air dá mbeadh. Is gnáthaí 'Liosamóine' air sa chaint. Tharlódh leis gur ainm nó sloinne a bheadh ann dála *Rinn Ó gCuanach*.³⁸² Sampla eile den ainm débhríoch is ea Crathach, ainm atá ar dhá bhaile fearainn. "Tharlódh gur ó "Crothach" nó "Cruthach", sé sin dea-chuma a ainmníodh an baile fearainn. Is áit riascach í *Crathach Thoir*.³⁸³ Tá truailliú déanta leis ar fhocail Ghaeilge. 'Máintí' mar shampla, atá in áit 'móintín' san ainm *Máintí na bhFuineall?* agus is dóichí gur truailliú ar an bhfocal 'fáinleog' atá i gceist le 'fuineall'. Truailliú ar an ainm Cáit atá san áitainm *Kite's*. Dála an ainm *Cuas an Eoin GO 10* "[b]fhéidir gur Cuas an Éin atá i gceist ach go bhfuil an Eoin níos fileata, nó b'fhéidir go dtagann sé ó inneoin, an uirlis a bhíonn ag gabha sa cheárta chun bróg na gcapall a mhúnlú. Tharlódh gur ainm cailín atá i gceist, sé sin Neoin nó Nóra agus gur Cuas Neoin an ainm ceart ar an gcuas seo. An amhlaidh go dtagann an tainm ón ainm Eoghan, rud a d'fhágfadh Cuas Eoin againn?'³⁸⁴ Arís is sampla é seo den truailliú, ach is sampla leis é den bhreáthacht atá sa truailliú - samhlaíocht ghéar ag bronnadh brí nua ar ainm agus beatha nua tugtha don ainm sa tslí sin.

Tá ainmneacha ann gur athraigh a mbrí, nó go dtuigtear níos mó ná brí amháin leo anois. Tá, mar shampla, amhras faoi bhrí an ainm *Ceann Róin BIT 66*. Mheas faisnéiseoir amháin gur meafar a bhí i gceist, fiú más rud eile ba bhunús leis an ainm. 'Tagann róna le chéile ann agus bíonn siad ag cúpláil ann', a deir Donnchadh Shéamais Ó Drisceoil (DSD), ach 'tá sé mar a bheadh ceann róin air', a deir Pádraig Ó Céadagáin (PC).³⁸⁵ 'Ceann eile dár n-oileánaibh is ea Oileán Éinne nó Éanna. Nuair a bhí ár muintir ag gabháil le galántacht agus gan tuigsint acu dár n-ainmneacha dúchais thugadar Bird Island air. Ní nach ionadh shíleadar gur éan Éanna. Anois lenár linn féin, tá sé athchasta arís acu go Gaeluinn agus

oileán na n-éan dá ghlaoch air. Má leantar dá réir sin ní fada go mbeimid féin agus ár ndúchas chomh truaillithe lena chéile.³⁸⁶ Tugann Donnchadh Shéamais 'truailliú' ar an bpróisis seo ar fad, ach d'fhéadfaí é a mheas mar chomhartha samhlaíochta beo.

Ainmneacha míreanna den tírdhreach cultúrtha is mó a gheibhtear i mBéarla e.g. *The Lighthouse, Coastguard Station, The Pier, The Hostel, The Pound, Boathouse, Cross House, Windy Stile, North Harbour agus South Harbour, The Fairy Garden, Kitchen Garden, Reek Garden, Dandelion Field, Quarry Field, The China Wall, Burma Road*. Béarlú ar *An Comar* atá san ainm *The Cummer* agus aistriúchán ar *An Loch* atá i *The Lake* agus ar *Bhóthar an Ghleanna* tá *The Glen Road*. Tá ord Béarla -Gaeilge i roinnt bheag ainmneacha. e.g. *Beamishe's Currach, The Comar (The Cummer), The Bollán, The Leaca Mhór (The Leacamore)* agus ord Gaeilge-Béarla ar roinnt eile; *Páirc Reilly* agus *Seán Rua's Pier*. Tá *Gort na Móna West, Gort na Móna South* agus *Gort na Móna East* leis ann. Tá an dátheangachas coitianta go leor in ainmneacha sealbhóireachta ina mbíonn idir ainmneacha pearsanta agus sloinnte luaite e.g. *Tigh Pat Tammy, Tigh Mikey, Tigh Dinny Shéamais, Tigh Pat the Poet, Tigh Patrick Crúidín, Tigh Jerry Sheáin etc, Tigh Phaddy Carey*. Luaitear sloinnte Béarla coitianta go leor i gcás ainmneacha sealbhóireachta mar : *Tigh Danny Leonard* agus *Tigh Chon Hegarty, Dinny Burke's, Paddy Burke's* agus *Cotter's*.

Tá gné eile den truailliú agus cúlú seo atá tagtha ar an dteanga agus dá réir sin ar an logainmníocht i gCléire le feiscint sna mhíchruinnis atá le sonrú i roinnt ainmneacha. e.g. *Tigh an Bhanaltra ?, Garraí F(h) ada, Carraig G(h)ort na Cráite, Páirc na (g)Cabhlaí, Páirc na Cruacha, (na Cruaiche nó na gCruach), Páirc na (n)Geataí, Páirc an Chlais(na Claise), Páirc an Bhrollach (an Bhrollaigh), Boilg an Dóirseoir (an Dóirseora)*. In aidiachtaí a leanann ainmfhocail bhaininscneacha bíonn séimhiú in easnamh go minic, e.g. *An Clais Fada, Clais Mór* in áit b'fhéidir *An Clais Fhada* agus *Clais Mhór*; agus nuair a bhíonn ainm nó sloinne Béarla i gceist ar uairibh gheibhtear leithéidí *Tigh Danny Mike, Tigh Connie Con* ach tá *Tigh Chon Hegarty, Tigh Phaddy Shéamais, Tigh Johnny Phaddy* leis ann.

Tá truailliú ar mhionáitainmneacha Chléire á chur chun cinn sa bhfocal scríofa le fada leis. Cuireadh bonn faoi leis an tSuirbhéireacht Ordanáis agus tá curtha leis ó am go céile i saothair éagsúla. Tá glactha le blianta, mar shampla, ag lucht faire éan leis na leaganacha truaillithe Béarla de ainmneacha an oileáin a chuir J.T.R. Sharrock i gcló i *The Natural History of Cape Clear Island* (1973). Ag éirí as sin tá idir ainmneacha na Suirbhéireachta Ordanáis agus úrchumadóireacht lofa ar ainmneacha eile á mbuanú i litríocht idirnáisiúnta na héaneolaíochta ó shin. In *The Man From Cape Clear*, aistriúchán Béarla ar *Sheanchas Chléire* le Riobárd

P. Breatnach, thóg an claonadh chun truaillithe seo casadh eile nuair a cuireadh léarscáil ar fáil ina bhfuil iarracht déanta ' "phonetic" equivalents of the originals ' a sholáthar ar léarscáil maille le nótaí orthu i 'Appendix on Placenames' ina bhfuil roinnt mhaith cumadóireachta déanta ag an údar. Ní chloistear leaganacha Béarla mar iad seo thíos sa chaint, ach faightear a leithéid scríte ó am go chéile ag oileánaigh i gcómhfhreagras oifigiúil. e.g. Limpet Hill do bhaile fearainn Chnocán na mBáirneach, Comilane South don Chomalán, 'Craugh' agus Craughagh do Chrathach. Le cois a leithéid tá nuachumadóireacht i mBéarla á préamhú ar an oileán. Sampla de is ea *The Bull's Nose* in áit *Pointe na Ríthe*. Sa bhfeachtas bolscaireachta is déanaí do theach lóistín tá The Southernmost House tugtha ar *Thigh Johnny Finín* sa Ghleann, atá anois i seilbh Mheiriceánaigh. Is gearr is dócha go mbeidh go leor den ainmniú mar The Long Field, The Hill Field, The Point agus mar sin do, ag teacht in áit na n-ainmneacha dúchais. Ní déanfar feasta áfach, ainmniú ar nós *Gharraí an tSíl Féir*, nó *Garraí na Cruaiche* mar nach bhfuil gá a thuilleadh len a leithéid ar an oileán. Tá lorg an tseanshaoil agus lorg na nua-aimsire le cois a chéile ní amháin i dtírdhreach an oileáin ach sna logainmneacha chomh maith.

Léiriú ar an aigne oileánda

Léiriú ar mhodh smaointe daoine i leith na timpeallachta ag tréimhsí áirithe atá san ainmniú a deineadh ar na mílte áiteanna i gCléire. Is rud é an áitainmniú go mbíonn a bhlas áitiúil féin ag baint leis, cé go mbíonn na próiseis ginearálta ainmniúcháin mar an gcéanna i ngach áit cuid mhaith. Is é an luach a bhronnann daoine ar spás ar bith a thugann dó a bhrí agus a bhlas féin, agus a dhéanann áit de. Cáilítear an bhrí i bhfocail nuair a bronntar ainm fé leith uirthi a dheineann áit ar leith di. 'Space becomes time as people turn earth into landscape and claim it with names.'³⁸⁷ Is díol suime a deir an t-antropolaí Meiriceánach, Keith Basso, faoin éifeacht a ghabhann le háitainmneacha.

Because of their inseparable connection to specific localities, placenames may be used to summon forth an enormous range of mental and emotional associations, associations of time and space, of history and events, of persons and social activities, of oneself and stages in one's life. And in their capacity to evoke, in their compact power to muster and consolidate so much of what a landscape may be taken to represent in both personal and cultural terms, placenames acquire a functional value that easily matches their utility as instruments of reference.³⁸⁸

Grá áite: Is iomaí ceangal atá idir mhothú an duine agus an t-am atá thart. Braitheann daoine go bhfuil siad préamhaithe sa talamh. Eascraíonn a lán den mhothú seo ón ngineólaíocht agus ó imeachtaí tábhachtacha ina raibh daoine comhpháirteach, nithe atá anois fite fuaite le miotaseolaíocht an phobail.³⁸⁹ Bhí caidreamh ó thús idir

an duine agus an nádúr, caidreamh a dtugann Tuan 'Geopiety' air.³⁹⁰ Clúdaíonn an téarma réimse leathan snadhmana mothúcháin idir an duine agus an áit a shamhlaíonn sé a bheith dúchasach dó. Dá fhaid a mhair seilbh an talaimh ag an comhlúadar chéanna is déine de ghnáth an mothú a nochtar tré líonmhaireacht agus saibhreas na n-ainmneacha a bronnadh in áiteanna. Is saibhre go mór iad ainmneacha an Chomaláin mar a raibh buanlonnaíocht ag na clanna céanna le fada, ná na hainmneacha atá le fáil i gCoinlín, i gCrathach agus sa Ghleann mar a raibh díshealbhú agus athraithe, áitreabhthoireachta.

Tá grá tíre agus grá don bhfód dúchais ina mothú fíorláidir i gcroí an duine le fada an lá. I measc Gréigigh, mar shampla, bhí mothú i leith na náite dúchais chomh teann láidir sin gurbh ionann le scrios na tíre dóibh é agus a bheith curtha ó bhaile.³⁹¹ Ba é an dála céanna é, nach mór, don Chléireach. Dúrtas fúthu :

So attached are they to their sterile home, that they never quit it, even for a short time, without evident reluctance; and they view an expulsion from the island as the greatest of all calamities.³⁹²

Léiríonn na céadta áitainmneacha i gCléire a bhfuil ainmneacha tuismitheoirí agus ginealach clann luaite iontu, an cion a bhí ag daoine ar an bhfód dúchais. Caomhnaíodh na hainmneacha céanna glúin i ndiaidh glúine ar na gabháltaisí faid a mhair seilbh orthu ag an mhuintir chéanna. Sa mhothú nádúrtha a bhíonn ag an duine i leith a áite dúchais is é urraim an eilimint is láidre sa mhothú, ach ina theannta sin bíonn idir thrua, fhábhar, shásamh agus chion i gceist.³⁹³ Is léir go raibh baint nár bheag ag mothú daoine le caomhnú an oiread sin ainmneacha ar an oileán. Deineann bronnadh ainmneacha daonnú ar an dtimpeallacht, rud a neartaíonn gaol an duine leis. Thagair Edmund Burke don mhothú a bhíonn ag daoine don fhód dúchais :

Next to the love of parents for their children, the strongest instinct, both natural and moral, that exists in man, is the love of his country..... All creatures love their offspring; next to that they love their homes; they have a fondness for the place where they have been bred, for the habitations they have dwelt in, for the stalls in which they have been fed, the pastures they have browsed in, and the wilds in which they have roamed. We all know that the natal soil has a sweetness in it beyond the harmony of verse. This instinct, I say, that binds all creatures to their country, never becomes inert in us, nor even suffers us to want a memory of it.³⁹⁴

Braitheann cion duine i leith áite ar mhionaithe, cuimhní agus lonnaíocht san áit thar thréimhse fhada. Léiríonn an mion-chur síos ar ghnéithe na timpeallachta atá le sonrú sa bhailiúchán ainmneacha ó Chléire an snadhmadh atá idir dhaoine agus áit. Deineann an t-omós mar shampla, atá ag an bpobal i gCléire do Naomh Ciarán, daoine

a nascadh le háit, go háirithe le háiteanna mar *Thobar Chiaráin BIT 7* agus *Reilig Chiaráin BIT 10c* atá tíolaithe in onóir an naoimh. Áiteanna ar leith iad a bhfuil a mblas féin ag baint leo. Bíodh gur ar éigin a bheadh aon eolas doimhin ag an bpobal áitiúil faoi shaol an naoimh, is léir ó líonmhaireacht an ainm pearsanta Ciarán i measc oileánach agus sa logainmníocht go raibh an pobal riamh an-mhórálach as Ciarán Naofa. Tá mothú láidir i leith an oileáin dúchais go smior i measc oileánach a bhfuil cónaí orthu i bhfad ó Chléire. Maireann cuimhne acu ar ainmneacha na n-áiteanna ar tír agus ar farraige a raibh feidhm leo ina saol tráth. Sampla iontach de seo iad na h-ainmneacha a chaomhnaigh Bill Curtin ón Gleann, bíodh gur chaith sé a shaol sna Stáit Aontaithe.

Breith agus cumas meastóireachta : Breith atá in ainmniú áite ar bith. Is mór idir ainmneacha áiteanna ar scála domhanda agus is éagsúil mar a thugann áitainmneoirí tíortha an domhain breith. Maítear gur ag na Síneach atá an réimse áitainmneacha is leithne.

The world of names which spans the widest registry is that of the Chinese (plus Annamite), embracing on the one hand high-sounding names like Tientsin ("heavenly ford") Wuchang ("warlike splendor"), and on the other hand drastically realistic ones, like the common Su Ho, "snot (mucus) river."³⁹⁵

Agus cuirtear clisteacht i leith an Fhraincigh i mbun bronnadh ainmneacha do:

Frenchmen appear clever in their name-giving, which is considerably more lively and subtle than that of the Germanic peoples. The names of Negro villages have often arisen from actual events, and may be dramatic phrases, more vivid than the Turkish ones of the same kind, but shorter..³⁹⁶

I gcomparáid leo san, bíonn luí le dáiríreacht agus praiticiúlacht in áitainmneacha Indiaigh Mheiriceá agus go hiondúil bíonn siad an-fhada.³⁹⁷

Léiríonn áitainmneacha tíre ar bith breith phearsanta a thug daoine éagsúla ar an iliomad gné den timpeallacht am éigin. Breith faoi leith ó shuíomh áirithe atá i ngach ainmniú. Sainainmniú atá i ngach áitainm mar sin. Glactar leis na comharthaí agus na suíomhanna seo sa tírdhreach mar phointí tagartha agus, thar am, deintear mothú céadfaíoch daoine ina leith agus an bhrí speisialta a ghabhann leo a aistriú go dtí an rud nó an ghné den tírdhreach a bhíonn i gceist. Bronnann áitainmneoirí luach siombalach ar an tírdhreach tré ainmniú a dhéanamh ar áiteanna ina bhfuil a leithéid suite.³⁹⁸ 'Such symbols,' a deir Good, 'yield pleasure, pain melancholy or nostalgia.'³⁹⁹ Bíonn luach leo in aigne daoine agus eascraíonn mothú láidir i leith na n-áiteanna céanna go minic, mothú a chabhraíonn chun ainmneacha a choiméad beo . Bíonn gá ag an duine leis an siombalachas seo. Trí na hainmneacha a bronnadh, tá smachtú éigin déanta ag

an oileánach ar na háiteanna go léir atá timpeall air. Tá a phearsantacht bronnta aige orthu agus is blas oileánda a fhaightear ón áitainmniú a deineadh. 'Landscapes of place, of which place-names are an important aspect, are most certainly an expression of landscapes of the mind',⁴⁰⁰ agus tá éifeacht, cumas meastóireachta agus cur in iúl an oileánaigh ar a thimpeallacht léirithe go beacht i logainmníocht oileánda Chléire mar atá léirithe thíos.

Searbhas. Ba dhream fileata gearchúiseach iad muintir Chléire. Sé an dála céanna é i gcás cuid den áitainmniú atá déanta le gairid. Tá beagán den searbhas léirithe sa leathmhagadh atá le tuiscint ón ainmniú a deineadh ar *Bhurma Road C 222*. Bhíothas go maith riamh chun spíde i gCléire, agus is cuid den aigne sin atá san áitainmniú *Danzig BIT 84a* agus *The China Wall C 31*. Greann nó leath-mhagadh atá san ainmniú *Sunbeam Row BIT 86c*, *O'Connell Avenue LM 252b*, *Calvary LM 167c* agus *Pagan Square C 189b* agus is díol suime é gur i mBéarla atá na hainmneacha seo ar fad. Is cuid den chultúr neamhoifigiúil é an nochtadh tuairime leathmhagúil seo faoi áiteanna. Bíonn gá ag an duine faisnéisiú a dhéanamh agus is cuid den bhfaisnéisiú seo ar thuairim pobail air féin atá san ainmniú scigiúil a deintear ó am go chéile.

Tá coimhlint na gcultúr agus mothú pobal an oileáin le brath san ainmniú a deineadh ar *An Teampall Gallda GM 6*, *An Scoil Ghallda GM 7a* nó *Scoil an tSúip GM 7d*. An rud aindúchasach nó an rud "gallda" a spreag an t-ainmniú seo.

Siombalaítear leanúnachas idir anois agus am stairiúil sa roghnú a deineadh ar ainm Naomh Ciaráin agus an nascadh a deineadh air le gnéithe cultúrtha mar thobar, cill, gallán agus teampall sna hainmneacha mar *Thobar Chiaráin*, *Cill Chiaráin*, *Gallán Chiaráin* agus *Teampall Chiaráin*. Deineadh an t-ainm Ciarán a nascadh leis, le tírghnéithe mar phointe agus trá sna hainmneacha *Pointe Chiaráin* agus *Trá Chiaráin*. Téann an nascadh ainmneacha pearsanta seo le míreanna an tírdhreacha siar go dtí tréimhse na Luath-Chríostaíochta mar a gheibhtear é i gCill-ainmneacha agus i dtobar-ainmneacha na hÉireann agus na hAlban.⁴⁰¹ Pearsantú tíreolaíochta a bhíonn ann ina ndeintear ainm duine a chur le mír den tírdhreach. Dar le Ó Catháin agus O'Flanagan 'Placenames... may be regarded as constituting an attempt by man to categorise places from a variety of disparate though not necessarily distinct viewpoints.'⁴⁰²

Creideamh: Tá cuid de shaol agus de shaíocht na bpágánach le sonrú i roinnt ainmneacha ar an oileán. Féachann sé go mbaineann na hiarsmaí ársaíochta atá ag *An Teampall Gréine GL 22b*, *Galláin an Chomaláin C 238a* agus *An Boulder Dolmen GL 61* le Ré na bPágánach. Ag trácht dó ar thábhacht logainmneacha Shasana scrígh Ekwall, go raibh scéal le hinsint ag áitainmneacha faoi chreideamh roimh theacht na Críostaíochta. Tugann a lán ainmneacha, dar leis, léargas dúinn ar an gcreideamh a bhí ag daoine sna púcaí, sprideanna agus an slua sí.⁴⁰³ Ní hé go mbaineann púcaí nó

síofraí le creideamh ré na bpágánach amháin ach gur dóichí gur sa tréimhse Réamhchríostaíochta atá an creideamh san préamhaithe. Mhair creideamh san osnádúr agus an Chríostaíocht taobh le taobh i bhfad ar fud Éireann agus is dóichí gurb amhlaidh a bhí leis, i gCléire. Ag trácht ar thionchar reiligíúin ar an logainmníocht, deir Ekwall, 'Not the least important name-making force in intellectual life has been religion, from its lower stages where trolls and ghosts, nymphs and elves exist, to the highest stage of religious feeling.'⁴⁰⁴ Tá críostú déanta ar an tírdhreach ag ainmneoirí agus cumhacht shiombalach bronnta acu ar mhíreanna cultúrtha. Tá, mar shampla, tírdhreach beannaithe cruthaithe tré ainmneacha críostaí a nascadh le cilleanna agus le toibreacha beannaithe. Tá ainm Naomh Chiaráin nasctha ag ainmneoirí leis an tírdhreach nádúrtha agus an tírdhreach cultúrtha sna háitainmneacha *Pointe Chiaráin BIT 14a*, *Trá Chiaráin BIT 3*, *Tobar Chiaráin BIT 7*, *Cill Chiaráin BIT 10a*, *Teampall Chiaráin BIT 11* agus *Gallán Chiaráin BIT 8*. Deineadh críostú ar ghalláin pháigánacha tré chrosanna críostaí a ghearradh ar *Ghallán Lios Ó Móine LM 186a*, *Gallán an Chrathaigh CTi 26b* agus *Gallán Bhaile an Iarthaigh BIT 220*. Bhain an phiseogacht le saol daoine agus le saol ainmneoirí agus is léiriú iad ainmneacha mar *Dhreapa an Phúca C 81*, *Poll an Phúca C 5*, *Cuas na Síofraí C 220* agus *The Fairy Garden CC34* ar an gcreideamh a bhí acu sa saol eile sin.

In aigne an phobail, caithtear go h-omósach i gcónaí le galláin Réamh Chríostaíochta. Tá fáil ar 13 gallánainmneacha, 6 ainm leis an eilimint *lios* iontu agus 10 gcillainm. Ar chuid des na hiarsmaí Réamhchríostaíochta atá ainmnithe tá *An Teampall Gréine GL 22b*, *An Cairn CLF 12*, *Galláin an Chomaláin C 238a* agus na hionaid lonnaíochta a sheas sna háiteanna ar a dtugtar *An Lios GL 22a* agus *Gort an Leasa LM 66*.

Tréimhse na Luath Chríostaíochta ar an oileán a d'fhág na hainmneacha ina bhfuil ainm Naomh Chiaráin luaite. *Gort an tSéipéil A 10b* de réir an tseanchais atá ar láthair na seanmhainistreach ar a dtugtar *Mainistir an Ardghoirt A 109*. Is le tréimhsí lonnaíochta sagart i mBaile Iarthach agus ar an gComalán a bhaineann na hainmneacha *Garraí an tSagairt BID 11* agus *Gáirdín an tSagairt C 228b*. Ainmniú a d'eascair as géarleanúint na sagart i gcaitheamh ré na bPéin Dlithe atá i *gCarraig an Aifrinn BID 60* agus *Léim an Chapail BIT 127a*. *The Glebe BIT 45b*, *Tigh an Mhinistéara GM 4c*, agus *An Teampall Gallda GM 6* a d'fhág an Protastúnachas mar oidhreacht logainmníochta. Saibhríonn na hainmneacha na scéalta, fíor nó a mhalairt, faoi chúrsaí creidimh agus cabhraíonn siad linn suíomhú a dhéanamh ar imeachtaí. Léiríonn an oiread sin ainmneacha a bhaineann le creideamh an tionchar láidir a d'imir cúrsaí creidimh ar mhuintir an oileáin leis na céadta bliain anuas.

Tíreolaíocht Shóisialta

Is féidir leis, tré mheán na n-áitainmneacha, léiriú a fháil ar an oileánach mar bhall den chomhlúadar. Gnéithe de thíreolaíocht shóisialta Chléire atá sna hainmneacha mar is scéim rangaithe ag an gnáth-duine ar acmhainní na timpeallachta atá sna cineálacha éagsúla ainmneacha a bronnadh. An gaol atá idir mhuintir na hÉireann agus a dtimpeallacht ins an lá inniu, ní hionann é agus an gaol a bhí ann céad blian ó shin. Tugann na hainmneacha sa saothar seo léargas agus tuiscint ar an ngaol a bhí idir dhaoine ar Oileán Chléire agus a dtimpeallacht tráth. Tá an mionchaidreamh a bhí ag daoine le gnéithe an tírdhreacha léirithe sa mhionchur síos a deintear in ainmneacha ar mhionáiteanna an oileáin. Bhí daoine nasctha le tírdhreach an oileáin agus dhein siad rangú agus mion-ghrádú ar acmhainní agus gnéithe éagsúla de tré mheán na logainmníochta. Is féidir, tré shúil a chaitheamh ar ainmneacha áite, na slite éagsúla in ar mhúnlaigh an duine a thimpeallacht i dteannta na slite éagsúla in ar chuir an timpeallacht isteach ar shaol an duine a mheas. Chuir an timpeallacht srian láidir le gníomhú an duine. Ina gcónaí dóibh ar oileán bhí daoine snadhmta le talamh agus farraige, gan fáil acu ar áiseanna iompair is cumarsáide an lae inniu. Bhí an spás inar chaitheadar a saol an-chúng, rud a chinntigh go raibh gaol gairid idir iad agus mionghnéithe na timpeallachta. Tá tabhairt faoi dear an oileánaigh agus a chumas chun idirdhealú a dhéanamh ar ghnéithe a thimpeallachta léirithe sna hainmneacha a ceapadh i gCléire.

Roghnaítheacht: Feictear an ruda bhí tábhachtach i saol daoine ón ainmniú roghnaítheach a deintear i gcás ainmneacha a bhaineann leis na háiteanna curadóireachta, mar shampla *Garraí an Choirce GI 16*, agus *Na Graifíní Ca 39* agus áiteanna iascaireachta, toibreacha agus go leor ball eile a raibh feidhm leo ina saol. Ní bactar puinn, mar shampla, le tuairisciú agus ainmniú a dhéanamh ar radharcanna áille le heisceacht amháin (.i. Baigdeaid C 268) ná ar an éagsúlacht fásra is éanlaith atá le fáil ar an oileán. Bhí fiúntas i bplandaí farraige mar bhia agus mar leasú ach ní deintear ainmniú orthu. In ainneoin a bhfuil ainmnithe, nó a bhfuil dearmadta nó cailte tá stráicí móra talaimh agus áiteanna cois cósta a fágadh, is cosúil, gan ainmniú.

Mórtas : Díreach faoi mar a chothaíonn áit mórtas i bhfoireann ar bith⁴⁰⁵cothaíonn áitainmneacha mórtas áite. Is tábhachtach ag an oileánach a shínsearach leis. Is ábhar maoíte agus mórtais aige í. Mórtas cine agus mórtas oileánda a chaomhnaíoh ó ghlúin go glúin an oiread sin áitainmneacha a bhfuil ginealach clainne le sonrú iontu.

Scoite amach ar oileán mara in áit nár tháinig fé anáil 'an tsaoil nua' go dtí le fíor-dhéanaí bhí muintir an oileáin ag caitheamh saoil a bhí difriúil ar fad ó shaol na mórhíre. Is mó ceangal gaoil atá fós idir na teaghlaigh ar an oileán agus ba mhinic colceatharacha agus gaolta eile a bheith mar chomharsain béal dorais ag daoine. Bheifí

ag súil mar sin, go mbeadh an mothú i leith áite níos pearsanta agus mar sin níos láidre ná mar a bheadh b'fhéidir in áit ar an mórthír. Ba chuid den mhórtas clainne é go ndéanfaí ceiliúradh ar na gaolta a bhí marbh, mórtas a bhfuil rian an-láidir fágtha aige anois ar an logainmníocht.

Dílseacht: Amuigh ar oileán braitheann an duine aonarach, scoite amach i ndomhan eile ar fad. Bíonn gá ag an duine le háit gur féidir leis a thógaint chuige féin. Deineann sé é seo trí ainmneacha a bhronnadh a shiombalaíonn áiteanna dó. Is leis ansin a thimpeallacht agus tá greim acu ar a chéile agus fanann sé dílis don traidisiún fad a bhíonn sé lonnaithe ina áit dhúchais. Má leanann a shliocht sa sean-áitreabh fé mar a tharla de ghnáth i gcás Chléire, deintear caomhnú dílis ar a lán des na hainmneacha ó ghlúin go glúin. Cuid de oidhreacht na clainne a bhíonn ann. Cloistear sna hainmneacha, guthanna na nglúnta a mhúnlaigh aghaidh topagrafach Chléire lena a n-athraithe cultúrtha.

Patrúin agus Sainiúlacht i Logainmníocht.

Ní ainmnítear mír sa tírdhreach ach sa chás go bhfuil sí suntasach ar chuma éigin. Ach an rud a bhíonn so-fheicthe, feiceálach i gcomhluadar amháin, b'fhéidir nach amhlaidh a bheadh in aon chor i gcomhluadar eile. Tharlódh gur rud fisiciúil amháin a bhíonn sa rud feiceálach. D'fhéadfadh, mar shampla, mír a bheith mórthaibhseach ar nós *Cnoc Coraintín* nó *An Sliabh Ard* nó do b'fhéidir fiúntas treoáochta a bheith le háit mar mharc talaimh ar nós *Pointe an Chuais Leithin*. Spreagann míreanna mar iad ainmneacha tuairisciúla ina mbíonn fáil ar théarmaí méid, datha, cuma, treoáochta agus suímh. Ainmniú ina ndeintear coibhneas idir mhír amháin agus mír eile sa chomharsanacht chéanna a thabhairt le fios a bhíonn ann go minic. Bíonn an t-ainmniú comparáideach, meafrach, nó an t-ainmniú samhailteach, nó siombalach i gceist in ainmniú ar áiteanna eile.

Tá próiseas áitainmniúcháin an oileáin ar aon dul leis sin atá le fáil in áiteanna éagsúla ar fud an domhain. Cuid de phróiseas atá coitianta i dteangacha éagsúla⁴⁰⁶ atá san ainmniú a deintear ó ainmneacha pearsanta, sloinnte, forshloinnte agus leasainmneacha. Is trí ainmneacha dílse a thabhairt ar dhaoine agus ar áiteanna a deintear aithint orthu, agus deintear iad a chur in áit a chéile ar mhórán ócáidí. Tá a leithéid forleathan. Sa bhFionlannais mar shampla, ainmneacha pearsanta is mó a bhíonn luaite le feirmeacha agus sráidbhailte agus is mó áitainm Arabach chomh maith a shíolraíonn ó ainmneacha pearsanta.⁴⁰⁷ Sé an dála céanna é i gcás a lán ainmneacha de chuid na hUngáire.⁴⁰⁸

In a lán tíortha leis, deintear ainmaistriú ar ainmneacha áiteanna idirnáisiúnta. Tá seo fíor i gcás na Stát Aontaithe ach go háirithe. Níl Cléire gan a stór féin den ainmaistriú ar ainmneacha áiteanna idirnáisiúnta. Tá ainmniú ón mbéaloideas agus seanchas mar atá i gCléire, forleathan i logainmníocht thíortha eile. Deineann gach dream daoine ceiliúradh ar a gcuid laochra miotaseolaíochta agus staire féin, agus tá a leithéid seo le fáil i gCléire chomh maith. Deintear ceiliúradh ar ainmneacha dhaoine a chuaigh i gcionn ar an bpobal ann, agus is léiriú iad na hainmneacha bronnta seo ar an dtuairim a bhíonn ag comhlúadar de féin. Deintear mór-imeachtaí agus mion-imeachtaí an chomhlúadair a cheiliúradh in áitainmneacha gach tíre. Bíonn gnéithe de ainmniú áiteanna sainiúil, áfach, do na háiteanna áirithe sin. Ní hionann, mar shampla, an t-ainmniú ar oileán agus ar an mórhír, mar nach mar a chéile a bhíonn an tírdhreach sa dá áit. Tá gnéithe den ainmniú ar oileán mar Chléire oileánda agus sainiúil, agus tá a phatrún tíreolaíoch, stairiúil, sóisialta, cultúrtha féin ag baint leis. D'imir iargúlacht, teorantacht agus mall-ghluaiseacht saol an oileáin tionchar láidir ar an roghnú ar áiteanna a bhí le hainmniú agus ar conas mar do ainmníodh iad. Ainmniú símplí, praiticiúil atá in ainmneacha Chléire don chuid is mó.

Bhí baint nár bheag is cosúil, ag acraíocht agus daonra áiteanna le minicíocht na gcineálacha éagsúla ainmneacha. Is ar oileán mara mar shampla, mar a raibh daoine fite fuaite i saol a chéile, a d'fhéadfaí an oiread sin ainmneacha leis an alt i dteannta míre eile feidhmiú mar áitainmneacha iontu féin. San áit a mbaintear feidhm as an alt i dteannta eiliminte a chuireann síos ar mhír den tírdhreach, tugtar le fios gur mír shainiúil, nó ainmniú sainiúil atá i gceist, agus léiríonn an saghas seo ainmniúcháin fáil ar líon íseal de mhíreanna den chineál céanna sa chomharsanacht sin ar ghá ainmniú a dhéanamh orthu. Is léiriú iad ainmneacha mar *An Cnoc*, *an Corrán*, *An Bhaifítí* ar chomhshamhlú an chomhlúadair, nó cé chomh mór is a bhí daoine fite fuaite lena chéile, nuair nár ghá aon cháiliú, nó idirdhealú eile a dhéanamh ar na hainmneacha seo.

San áit a bhí teoranta ó thaobh na hacraíochta dhe mar atá Cléire, le faid trí mhíle agus leithead míle go leith, bhí brú agus éileamh trom ar an méid talaimh a bhí ar fáil, rud a ghéaraigh ar an dian-saothrú agus mionainmniú ar an gcuid a b'fhearr de, agus a d'fhág ainmneacha, fiú ar an gcuid ba mheasa de. Tá leis, le sonrú i gCléire, ar nós a lán áiteanna eile in Éirinn agus i dtíortha eile, an patrún ina mbíonn mionainmniú ar áiteanna áirithe agus ar ghnéithe faoi leith den tírdhreach coitianta faid a bhíonn stráicí móra den talamh agus den chósta fágtha gan ainm ar bith.

Is é atá in a lán dá bhfuil ar léarscáileanna de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis ná roghnú leathan eolais a bailíodh os cionn céad agus caoga bliain ó shin. I gcomparáid leis sin, is mion chursíos ar ghnéithe na timpeallachta atá déanta ag áitainmneoirí Chléire sna hainmneacha atá bailithe anso. I mbun chumadh ainmneacha dó, tá dearcadh sainiúil an oileánaigh ar a thimpeallacht féin i bhfad níos doimhne ná

an dearcadh a bhí ag foireann na Suirbhéireachta. Ainmneacha ar mhionáiteanna iad de réir an choincheapa den domhan a bhí ag feirmeoirí agus iascairí Chléire a chaith a saol i dteagmháil leis na háiteanna seo agus a thug orthu an eilimint a bhí i ngnáthchaint na muintire.

Tá na feidhmeanna difriúla a bhain leis na háiteanna éagsúla laistigh den bhaile fearainn i gCléire thar tréimhse gar do dhá chéad blian léirithe ó mhnicíocht saghasanna áirithe ainmneacha. Tá, mar shampla, an talamh torthúil clúdaithe le hainmneacha pearsanta, forshloinnnte agus sloinnnte daoine. Ní feidhm eacnamúil amháin a bhíonn le hainm áfach, ach feidhm shóisialta leis. Tá eilimintí sna hainmneacha a chuireann síos ar ghinealach is tréithe daoine, ar ainmneacha pearsanta is leasainmneacha, ar láthaireacha adhlactha is caitheamh aimsire chomh maith le cur síos ar chainníocht, ar mhéid, ar aois, agus ar úinéireacht. Is mar a chéile leis iad ainmneacha Chléire agus ainmneacha áiteanna eile in Éirinn ina raibh an Ghaeilge beo, ó thaobh na bpatrún ginealachta agus eolais ar lonnaíocht na muintire atá léirithe iontu. Cuirtear ginealach agus córas ainmniúcháin pobail in iúl in áitainmneacha agus tugann dáileadh sloinnnte léargas ar phatrún lonnaíochta grúpaí áirithe daoine. Tá, mar a luadh cheana teaghlaigh éagsúla an oileáin luaite le tailte agus áiteanna fé leith. Ba sa Chomar, mar shampla, a bhí na Búrcaigh agus in Ardghort a bhí na Dálaigh ó thús, agus Coitirigh sa Ghleann, i Lios Ó Móine agus sa Chomar.

Tugtar léargas ar chaint agus deisméireachtaí teangan daoine ina gcuid logainmneacha. Fanann a lán ainmneacha a bheag nó a mhór mar an gcéanna thar thréimhse fhada. Foinse eolais béil is ea logainm ar an dteanga a bhí in úsáid nuair a chéad cheapadh é mar is minic nach n-athraíonn logainmneacha i bhfoirm thar na glúnta. Is taisce é de theanga daoine ag am áirithe logainm mar *Fhail na gCloch nGeal*, *Garraí na Róinte*, *Baile i bhFad Éireann* agus tharlódh gur rud sainiúil canúnach a bhíonn i gceist amanta, rud nach mairfeadh, b'fhéidir, ar aon bhealach eile seachas i logainm. Tá éagsúlacht agus deisméireachtaí cainte pobail bhig glactha chucu féin ag áitainmneacha Chléire i slí gur dóichí nach mairfeadh cur amach ar a leithéid in aon chor murach an logainm.

Foinse mhaith iad na logainmneacha seo ar mhionchaint áite, mar go maireann an leagan céanna den teanga sa logainm, gan athrú; fiú más 'míchruinneas' atá i gceist, is í an ghnáthchaint a chaomhnaítear mar sin féin, e.g. *Boilg Bill Mór* (BT 32). Sa chaint '*Garraí na Róinte*' atá ar gharraí ar an gComalán agus ní '*Garraí na Rón*'.⁴⁰⁹ Tá *Lios Ó Móine* ar bhaile fearainn i gCléire. 'Ní móin atá i gceist ann mar ba Lios na Móina a bheadh air dá mbeadh'.⁴¹⁰ Fós is '*Liosamóine*' is gnáthaí air sa chaint. Agus in úsáid ainm mar *Chuaisín na Muice Mara* (CTi 1) tá eolas de shaghas eile fachta againn ar an dteanga. Murach an logainm amháin seo, mar shampla, cheapadh scoláirí, b'fhéidir, nár úsáideadh an téarma muc mhara riamh i gCléire. Arís, bíodh nach

bhfuil caora ar bith i gCléire, bheadh a fhios againn go raibh siad ann tráth, mar go luaitear iad i logainmneacha mar *Screathan na gCaorach*, *Ard na gCaorach* agus *Cró na gCaorach*.⁴¹¹ Is léir gur foinse thábhachtach eolais iad ainmneacha ar shaol agus ar shaothar pobail. Is léiriú fíorthábhachtach leis iad, ar an dteanga a bhí in úsáid thar thréimhse fhada, agus soláthraíonn na logainmneacha atá bailithe anso eolas faoi stáid na teanga i gCléire ón mbliain 1976..

Dar leis An Seabhach, ní thuileann leithéid *An Gort Dubh*, *An Garraí Beag*, *Páirc Bhun an Chnoic* nó *Gort na Trá* go n-áireofaí 'ina n-ainmneacha iad ach nuair a bheadh éifeacht éigin ar leith ag baint leo seachas tuaras- gabháil ar chruth nó ionad na neithe go bhfuilid mar chomharthaí aitheantais orthu ag beagán daoine. Ní hionann iad agus ainmneacha ar nós *Páirc na Leasa*, *Gort na Catharach*, *Garrdha na nDeor*, *Poll an Lín*, go bhfuil stair de shaghas éigin ceangailte díobh. Mionainmneacha iad a bhíonn ag síor-athrú de ghnáth de réir mar a athraíonn daoine sa bhaile fearainn, nó sa teaghlach gur leo na páirceanna. Ní bhíonn rud stairiúil ná suaitheantasach san ainm chun í a chosaint agus a bhuanú. Ina theannta sin nuair ná bíonn ainm ach ag beagán daoine ar áit, muintir bhaile amháin, abair, nó líontí, ní bhíonn buaine ann.⁴¹² Léiríonn an *corpus* toirtiúil mionainmneacha ó Chléire atá bailithe anso, áfach, go raibh buanacht ag baint le mionainmneacha an oileáin go dtí le fíor-dhéanaí ach go háirithe. Lean mionainmneacha na ngarraithe mar shampla, bíodh gur éag na húinéirí, chuaigh tuilleadh acu ar imirce, deineadh díshealbhú ar chuid eile acu agus bronnadh a gcuid tailte ar úinéirí nua. Mhair ainmneacha mar *Gort an Ghrafaidh* nó *Garraí an Lín* ar áiteanna, bíodh nach raibh ann le fada dos na feidhmeanna a chéad spreag an t-ainmniú. I gcásanna eile, bhí aon rian de na míreanna ba chúis le hainmniú áite ar nós *An Muileainín*, imithe gan tuairisc le fada an lá. Feidhmeanna nua a bhí le cuid des na sean-ainmneacha, mar sin, le thréimhse fada anuas. Mhair formhór na n-ainmneacha sa bhailiúchán seo beo sa chumarsáid faid a mhair an Ghaeilge agus an pobal a bhain úsáid astu mar phointí tagartha. Le deich mbliain anuas, áfach, tá na cainteoirí a b'fhearr Gaeilge agus iad sin is mó a choiméad na sean-ainmneacha in úsáid ar shlí na fírinne agus tá na háiteanna in ar shaothraigh siad anois tréigthe sa chuid is mó agus a gcuid ainmneacha dearmadta.

Ba thrua gan cuimhne dreama éigin daoine a bhain leis na háiteanna san a mhúscailt agus a cheangail leo - daoine a d'fhág rian a lámh ar aghaidh na talún, a réitigh agus a shaothraigh a ithir, a thóg na clathacha, a shuigh cois tine na dtithe ceann-tuí, a rugadh agus a mhair agus a fuair bás i ngach baile acu agus atá ina luí anois gan lua ar a n-ainm i reiligí aosta na bparóistí.⁴¹³

Rud cultúrtha atá sa phróseas áitainmniúcháin. Léiriú é ar shainchumas daoine comparáid neamhghnáthach a dhéanamh idir nithe a shamhlaítear a bheith dealraitheach le daoine agus ainmhithe, agus dathanna áirithe a thabhairt le fios i

ngnáthchumarsáid. Ealaíonn mar shampla, tuairiscí topagrafacha tagairtí deimhniitheacha do dhath. Tá mar shampla *An Cnocán Rua*, rua i gcomparáid le hardáin nó cnocáin eile talaimh sa chomharsanacht chéanna, agus bíodh go bhfuil seacht gcinn de áiteanna i gCléire a bhfuil an tainm, *An Charraig Liath* orthu, tá siad fada go leor ón a chéile chun bheith sainiúil. Is léiriú suntasach leis iad dathanna ní amháin ar ábhar áiteanna ach ar phróiseas aigine daoine a lonnaigh iontu. Sé an dála céanna é i gcás na ngnéithe topagrafacha a shamhlaítear a bheith dealraitheach le baill choirp daoine agus ainmhithe.

Baintear feidhm fós as ainmneacha, leasainmneacha, sloinnte agus forshloinnte an phobail bheo agus an phobal mhairbh i dtuairisciú áiteanna ina mbíonn seilbh i gceist. Tá leithéidí *Tigh Sheáin Curly Ca 85*, *Tigh Mhíchíl Leoil GL 17c* agus *Tigh Mhíchíl Rí C 252* ar sheilbh de chuid an phobail beo. Tá cuimhne ar na glúnta nach maireann sna céadta ainmneacha garraithe, tithe agus seanchabhlaigh ina bhfuil ainmneacha pearsanta, sloinnte agus leasainmneacha luaite. Bíodh go bhfuil ainmneacha sealbhóireachta á gcumadh agus in úsáid i gcónaí, den riachtanas, baineann na hainmneacha a ghabhann le formhór na n-áiteanna acu le daoine atá marbh anois. An gaol atá idir mhuintir an oileáin agus a dtimpeallacht inniu, ní hionann é ar chor ar bith agus an gaol a bhí ann céad go leith blian ó shin nuair a tháinig mórán dá bhfuil de ainmneacha sa bhailiúchán seo ar an saol. Tá na gníomhaíochtaí talmhaíochta agus iascaireachta a spreag agus a chaomhnaigh mórchuid ainmneacha imithe as le fada agus níl aon amhras ann ach go bhfuil deireadh anois ar bhéalaibh daoine lena lán des na hainmneacha sin. Tharlódh, amach anseo, go mbeadh deireadh le saothrú an talaimh agus leo san a thuilleann a mbeatha ón talamh, faoi mar a tháinig deireadh ar fad nach mór leo san a thuill a mbeatha ar an bhfarraige amach ó Chléire. Agus an scéal amhlaidh, is cinnte go gcaillfear tuilleadh saibhris logainmníochta a mhair beo i gcaint na ndaoine go dtí le fíordhéanaí. Tá, is baolach, gné shuntasach de chultúr na hÉireann i mbaol báis i gCléire.

Tá na snadhmanna mothúcháin a cheangail pobal Chléire leis an bhfarraige agus leis an talamh tráth nach mór scriosta anois ag na hathruithe a tháinig le bás, dídhaonú agus athraithe eacnamaíochta na fichiú aoise. Imríodh cailliúint thubaisteach ar líon logainmneacha an oileáin le cois na n-athruithe céanna. Bhuail an cúlú a tháinig ar thionscal na hiascaireachta i gCléire buille trom ar líon na n-ainmneacha a bhí tráth sa chumarsáid. Ar aon dul le hoileáin eile, agus iad san ar chósta na hAlban ach go háirithe tháinig meath ar úsáid ainmneacha san áit ina raibh meath ar chúrsaí iascaireachta. 'Many names', a deir Nicolaisen, 'of cliffs, little bays, submerged rocks, and other coastal features have gone in districts where fishing became unprofitable.'⁴¹⁴ Níl sa saothar seo, mar sin, ach cuid de fúlleach na n-ainmneacha dúchasacha a bhí fós ar fáil i gCléire sna blianta ó 1976. Ó cailleadh na faisnéiseoirí áitainmneacha ba thábhachtaí sna blianta deireannacha tá, faraoir, formhór a bailíodh

anois imithe as tobar logainmníochta na ngnáthmuintire. Le cúlú na Gaeilge ar an oileán agus tionchar fórsaí an domhain mhóir ar an bpobal amach anso, is beag díobh a mhairfidh feasta. Bíodh gur fíor a deir Ó Maolfabhail, 'Names of places were never intended for conservation in books.'⁴¹⁵ níl athnuachaint á déanamh ar thobar na logainmníochta a thuilleadh i gCléire seachas an cúpla ainm a cumtar anso is ansúd a mbíonn gá leo. Is cuí, mar sin, go mbeadh clárú déanta anso ar a raibh de mhionainmneacha i mbéal daoine go dtí le fíordhéanaí. Tá a bhfuil fágtha ag imeacht go tiubh le haistriú gabháltaisí, ar bhás agus dul in aois úinéirí. Féachann sé mar sin gur anseo is mó feasta a bheidh fáil ar áitainmneacha dúchasacha an oileáin.

Tá áitainmneacha Chléire sainiúil mar go dtuairiscíonn siad mothú dream daoine ar leith a bhfuil a stair féin acu. Baineann áitainmniú an oileánaigh lena phearsantacht agus lena chruthaitheach. Roghnú faoi leith ar ábhar ó bhéal a fuair coitiantacht sa chumarsáid atá san ainmniú a deineadh. Cuid de eispéaras dream áirithe daoine atá sna hainmneacha agus is freagairt réalaióch, praiticiúil na muintire ar a suíomh iad a bhformhór. Is fianaise iad ar leanúnachas an chultúir i gCléire thar thréimhse an-fhada. 'The total picture of a people's naming practice furnishes a not uninformative index to their psychology,'⁴¹⁶ a deir Ivan Lind. Tugann ainmniú tírdhreachúil Chléire gnéithe den siceolaíocht sin le fios. Nochtadh croí agus nochtadh mianta bunúsacha an duine a bhíonn san áitainmniú. Indibhidiúlacht agus cruthaitheacht dream daoine ar leith atá le tuiscint ón ainmniú neamhghnáthach a deineadh ar roinnt áiteanna. Mothú agus anam daoine a sonraítear iontu. Smachtú an duine ar a thimpeallacht atá san áitainmniú go bunúsach agus is díol suime an caitheamh tuairime nó teilgeadh tuairime atá le feiscint in áitainmniú oileánda Chléire. 'It is', a deir Robert Plank, "the power by which man breathes life into the lifeless. It is an ability through which man carries on his strange love affair with nature, reflecting all that in his yearnings which is vulgar or scurrile, and all that is splendid."⁴¹⁷ Cad eile ach cruthaitheacht an duine a thug *Simné na Carraige Móire* ar stacán carraige, nó *An Fhail Fhiaclach* ar fhail i gCléire.

Foinsí sainiúla eolais faoi choinníollacha nádúrtha agus cultúrtha ó luath-thréimhsí go dtí ár linn féin atá in áitainmneacha an oileáin. Eispéaras laethúil an duine ina thimpeallacht atá caomhnaithe sna hainmneacha seo ar áiteanna a raibh tábhacht leo i saol mhuintir an oileáin thar na céadta blian. Léiriú iad ar chultúr Chléire mar a bhí, atá sna háitainmneacha atá bailithe anseo; ciste eolais is ea iad ar an múnla a deineadh ar an tírdhreach oileánda agus is cuimhneachán suntasach iad ar an ndream a chum agus a chaomhnaigh na seóda seo. Bíodh go bhfuil líon na n-ainmneacha 'samhailteacha' teoranta, ar an meán is ainmneacha símplí iad áitainmneacha Chléire. B'fhéidir gurb í an tréith is suntasaí i dtaobh na nainmneacha seo, ná a líon seachas na hainmneacha féin. Tá ainm ar gach paiste talaimh nach mór, bíodh gur ainm símplí é b'fhéidir. Ábhar iontais é an méid mór mionainmneacha atá i gCléire. Is deacair leis, a

thuisicint, go dtí go ndeintear doimhin-staidéar ar logainmneacha mar atá i gCléire, an réimse eolais atá folaithe iontu. 'Tá baol mór ann,' a deir Donnchadh Shéamais Ó Drisceoil, 'go gcaillfidh aos óg na linne seo greim ar a ndúchas trí aineolas ar stair agus ar logainmneacha na h-áite in ar saolaíodh iad. Sé is dóichí gurb fíor-aineolas é toradh ár scolaíochta.'⁴¹⁸

¹Yi-Fu Tuan, 'Language and the Making of Place: A Narrative-Descriptive Approach', Annals of American Geographers, (1991): 688.

²Tá, áfach, roinnt mhaith scríte in Éirinn ag leithéidí Éamonn de hÓir, Deirdre Ní Fhlanagáin, T. S. Ó Máille, Art Ó Maolfabhail, P.W. Joyce agus daoine eile nach iad ar an bhfianaise atá ar fáil i dtaobh ainmneacha agus eilimintí éagsúla. Cf. Breandán S. Mac Aodha, 'Ríocht na hÁitainmníochta in Éirinn', Irish Geography, Dublin (1984): 167-187.

³Ivan Lind, 'Geography and Place Names' i Readings in Cultural Geography, Edited with introductions and translations by Philip L. Wagner and Marvin W. Mikesell, The University of Chicago Press, Chicago and London, 1962, 122.

⁴E. Relph, Place and Placelessness, London. Pion Limited, 1976, Third reprint 1986, 17.

⁵Cf. E. Joan Wilson Miller, 'The naming of the Land in the Arkansas Ozarks: A study in Culture Processes', Annals of the Association of American Geographers, Vol. 59 (1969): 241.

⁶Liam Mac Mathúna, 'The Topographical Components of the Place-Names in Táin Bó Cúailnge and Other Selected Early Irish Texts', i Hildegard L.C. Tristram (Hrsg.): Studien Zur Táin Bó Cuailnge, GNV Gunter Narr Verlag Tubingen, (1993): 100.

⁷Yi-Fu Tuan, 'Space, Time, Place : A Humanistic Frame', Making Sense of Time, Edited by Tommy Carlstein, Don Parkes and Nigel Thrift, London, 1978, 7.

⁸Margaret C. Rodman, 'Empowering Place : Multilocality and Multivocality', American Anthropologist, Vol. 94 (1992): 641.

⁹Cf. Yi-Fu Tuan, Space and Place: The Perspective of Experience, Minneapolis: University of Minnesota Press, 1977, 6.

¹⁰Stewart, Names on the Globe, Oxford University Press, New York, 1975, 4-5.

¹¹F. Lukermann. 'Geography as a formal intellectual discipline and the way in which it contributes to human knowledge', Canadian Geographer 8, (4) (1964): 170.

¹²Yi Fu Tuan, 'Space and Place', Stephen Gale and Gunnar Olsson, (eds.), Philosophy in Geography, D. Reidel Publishing Company, London, 1979, 421.

¹³R.J. Johnson, 'Places Matter', Irish Geography, Vol. 18, The Geographical Society of Ireland, Dublin, (1985): 60.

¹⁴Cf. Baigdeaid C 268; Léim an Chapail BIT 127 (i gCuid 2).

¹⁵Cf. Shelley Drew, 'Place Names in Ten Northeastern Counties of Florida', American Speech, 37 (1962): 256.

¹⁶Cf. Farhang Zabeeh, What is in a Name?, Martinus Nijhoff, The Hague, 1968, 66.

¹⁷Bela Kálmán, The World of Names : A Study in Hungarian Onomatology, Akadémiai Kiadó, Budapest, 1978, 96.

Sa téarma "logainm" síolraíonn an téarma *log* ón Laidin *locus* a chiallaíonn áit nó spás. Is é atá in *ainm* ná an téarma a úsáidtear i leith duine, ainmní, rud nó áit nuair a bítear ag trácht orthu [Cf. Ciarán Ó Coigligh, Logainmneacha agus Cultúr, Diarmuid Ó Gráinne a thúsáigh. Daithí Ó hÓgáin a chuir in eagar. Coiscéim, Baile Átha Cliath, 1993, 28].

¹⁸Cf. Breandán S. Mac Aodha, 'Mionainmneacha i gCo. Fhearmanach', BUPS, Ser. 2, Vol. 4 (1981-82): 14.

¹⁹Éamonn de hÓir, 'Logainmneacha : Mionainmneacha Áite', Feasta, Baile Átha Cliath. (Iúil, 1969): 7.

- ²⁰ Cf. Denis E. Cosgrove, 'The Idea of Landscape', Social Formation and Symbolic Landscape, Croom Helm, London & Sydney, 1984, 13.
- ²¹ In alt ar 'The Theoretical aspects of landscape study', scríobh Christian Keller, 'We are all familiar with the twin concepts natural landscape and cultural landscape. The first is of course the untouched- or should I say unspoiled - nature, and the other refers to landscapes cultivated or used by man... [T]he terms 'cultural landscape' and 'natural landscape' are not very useful in modern ecological theory and some people have suggested they should be totally abandoned'. (Cf. Timothy Collins ed. Decoding the Landscape. Centre for Landscape Studies, 1994, 83.
- ²² Cf. Denis E. Cosgrove, 'The Idea of Landscape', op. cit. 14.
- ²³ Cf. Yi-Fu Tuan, 'Strangers and Strangeness', The Geographical Review, Vol. LXXVI (1988): 11-19.
- ²⁴ Cf. Stephen C. Jett, 'An Analysis of Navajo Place-Names', Names, Vol. 18, No 3 (Sept. 1970): 180.
- ²⁵ Cf. D. W. Meinig, The Interpretation of Ordinary Landscapes, op. cit. 3
- ²⁶ Cf. T.T. Waterman, 'The Geographic names used by the Indians of the Pacific Coast', The Geographical Review, XII (1922): 175-94.
- ²⁷ Cf. Ivan Lind, 'Geography and Place Names', op. cit., 123.
- ²⁸ Ivan Lind, 'Geography and Place Names' op. cit. 123.
- ²⁹ Cf. Breandán S. Mac Aodha, 'Placename Research in Ireland', Anglo-Irish Studies, Vol. 1 (1975): 101-103. Do scéimeanna rangaithe eile cf. Breandán S. Mac aodha, 'Ainmneacha na nGarraithe: A Nádúr agus a dTábhacht', Dinnseanchas, Iml. VI, Uimh. 3, Meitheamh, 1975):93-96; Séamas Ó Catháin agus Patrick O'Flanagan, The Living Landscape: Kilgalligan, Erris, County Mayo, Comhairle Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, 1975, 65-72; Breandán Ó Cíobháin, Toponomia Hiberniae: Placenames of Ireland, IV, Baile Átha Cliath. An Foras Duibhneach, 1985, xxxv-xxxviii; George R. Stewart, 'A classification of Place Names', Names 2 (March 1954): 1-13. [Cf. 'Names' Encyclopoedia Britannica, Vol. 12 (1974): 814-819]; G.R. Stewart, Names on the Globe, 1975, 85-162.
- ³⁰ David Lowenthal, 'Geography , Experience and Imagination: Towards a Geographical Epistemology', Man , Space and Environment, (Eds.) Paul Ward English and Robert C. Mayfield. Oxford University Press, London, 1972, 236.
- ³¹ Cf. Tim Robinson, 'Listening to the Landscape', The Irish Review, No. 14 (Summer 1993): 29.
- ³² Is amhlaidh leis atá an scéal i gCorn na Breataine. Cf. O.J. Padel, Cornish Place-Names, Penzance, Cornwall. Alison Hodge, 1988, 11.
- ³³ Cf. Stewart, Names on the Globe. New York: Oxford University Press, 1975, 20-25.
- ³⁴ Cf. George Broderick, 'Creag and Carraig in Manx Place-Names', Ainm, II (1987): 141-143.
- ³⁵ Cf. DSD, IT, 18/2/1981.
- ³⁶ Cf. Litir ó Thomás Ó Síocháin (i dtaisce i Leabharlann Russell, Má Nuad) chuig an Ath. D. Ó Floinn, Má Nuad ina bhfuil na boilg sa Bhá Thuaidh agus ar chósta Chléire luaite. Cf. An Bhá Thuaidh i 'Seanchas na n-Áitainmneacha' i gcuid 2 den tráchtas seo.
- ³⁷ Cf. Deirdre Flanagan, (i) 'Common Elements in Irish Place-Names', Ceall, Cill', BUPS, Ser. 2 (1979): 1-19; (ii) 'Placenames as Historical Source Material', Ulster Local Studies, Vol. I, No. I, (1975): 11.
- ³⁸ Do choitiantacht na heiliminte seo i gCorcaigh cf. V. Hurley, 'The Distribution, Origins and Development of Temple as a Church name in the South-West of Ireland', JCHAS, Vol. LXXXIV, No. 20 (1979): 74-87.
- ³⁹ ADSD 145.
- ⁴⁰ DSD, IT, 27/3/1983.
- ⁴¹ Cf. John Field, 'Size and Shape in English Field-Nomenclature', Names, Vol. 23, No. 1 (March 1975): 6.
- ⁴² Cf. Logainneacha as Paróiste na Rinne. Co. Phortláirge, 1975, 36-38.
- ⁴³ John Field, 'Human Life and Activities Reflected In English Field-Names', Names , Vol. 37, No. 1 (March 1989): 31.
- ⁴⁴ Cf. John Field, 'Select Classified Index of English Field Names', A Dictionary of English Field Names, David & Charles, Newton Abbot, Devon, 1972, 275-279.
- ⁴⁵ Cf. VB, GV.
- ⁴⁶ Cf. ADSD 29.

- 47 Is le gnéithe fisiciúla a bhaineann formhór na n-ainmneacha a bhí i suirbhé a dhein Breandán S. Mac Aodha i gCo. Mhuigheo. Cf. 'Minor names in an Irish mountain area', Studia Celtica, XXIV-XXV (1989-90): 141-152.
- 48 Cf. Helen E. Ross, 'Orientation and Geographic Perception', Behaviour and Perception in Strange Environments, Basic Books, Inc. Publishers, New York, 1974, 102.
- 49 Cf. Yi-Fu Tuan, 'Thought and Landscape: The Eye and the Mind's Eye', i The Interpretation of Ordinary Landscapes, D. W. Meinig ed. Oxford University Press, New York, 1979, 90.
- 50 David Lowenthal, 'Geography, Experience and Imagination: Towards a Geographical Epistemology'. Man, Space and Environment, (Eds.) Paul Ward English and Robert C. Mayfield. Oxford University Press, London, 1972, 232.
- 51 Cf. Ross, Behaviour and Perception in Strange Environments, op.cit. 111.
- 52 Roger M. Downs, David Stea, Maps in Minds: Reflections on Cognitive Mapping, New York, London: Harper & Row, 1977, 124.
- 53 Roger M. Downs & David Stea, 'Cognitive Maps in Perception and Thought', Image and Environment: Cognitive Mapping and Spatial Behaviour. Chicago: Aldine Publishing Company, 1973, 66-67.
- 54 Cf. J.E. Spencer and W. L. Thomas, 'Perceptions of Areas, Places, and Conditions', Introducing Cultural Geography, (Sec. ed.), New York, 1978, 5; 'Environmental learning', D. J. Walmsley & G.J. Lewis, Human Geography: Behavioural Approaches, Longman Group Ltd., London & New York, 1984, 49-51.
- 55 Cf. Roger M. Downs, David Stea, Maps in Minds, op. cit., 126-27.
- 56 Cf. Roger M. Downs & David Stea, 'Cognitive Maps in Perception and Thought', Image and Environment, op. cit. 66-67.
- 57 Relf, Place and Placelessness, op. cit. 17.
- 58 Faightear na dathanna bán, glas, gorm, dubh, liath, buí, dearg, rua, breac, geal, i dteannta liathghlas agus dubh-ghorm coitianta in áitainmneacha na hAlban chomh maith. Cf. 'Introduction', 'Colours': H. Cameron Gillies, The Place-Names of Argyll, London: David Nutt, 1906, xviii.
- 59 Do thuairisc ar ainmneacha méid agus cuma i bpáircainmneacha Shasana Cf. John Field, 'Size and Shape in English field-nomenclature', Names, Vol. 23, No.1 (March 1975): 6-25.
- 60 Cf. Franz Boaz, 'On Geographical Names of the Kwakiutl Indians'; Dell Hymes, Language in Culture and Society: A Reader in Linguistics and Anthropology, New York, 1964, 171.
- 61 Cf. INP 1, 528.
- 62 Cf. INP 1, 526.
- 63 Ciall (a) 'Surface, ground, Floor', (b) 'interior, middle' atá ag DIL don eilimint *lár*. Do athraithe a tháinig ar chiall an téarma *lár* cf. Liam Mac Mathúna, 'The Scope of Landscape', Studia Celtica Japonica, New Series No. 6., The Celtic Society of Japan, (1994): 45-47.
- 64 Cf. Breandán S. Mac Aodha, 'Ainmneacha na nGarraithe: A nádúr agus a dtábhacht'. Dinnseanchas, Iml., VI, Uimh. 3, (Meitheamh, 1975): 94.
- 65 Cf. Franz Boaz, 'On Geographical Names of the Kwakiutl Indians', op.cit., 171.
- 66 Cf. Stewart, 'A Classification of Names', Names, (March 1954): 3.
- 67 Cf. John Field, 'Derogatory Field Names', EPNS, Vol. 9 (1976-77): 22.
- 68 Ivan Lind, 'Geography and Place Names', Readings in Cultural Geography 1962, op. cit., 127.
- 69 Cf. 'Screathan', Top. Hib. IV (1985): 121; TCCD, III (1938): 159.
- 70 Cf. Innéacs', Logainmneacha na Rinne, op. cit., 34.
- 71 C. Otway, op. cit., 205.
- 72 Léarscáil SO 1841 agus SO 1901.
- 73 Bhain an nós seo teacht le chéile le háiteanna eile i gCléire chomh maith. e.g. *Cnoc an tSuíocháin, Carraig an Éisc, Carraig an Fhiolair, An Cuar agus An Crois*.
- 74 Cf. Failil na mBan LM 233 (i gCuid 2).
- 75 Do thuairisc ar seo ch. Parliamentary Gazetteer of Ireland 1844, 303.
- 76 DSD. IT.13/6/1984.
- 77 DSD. IT.13/6/1984.
- 78 Cf. DSD. IT.13/6/1984.
- 79 Cf. ADSD 143.
- 80 DSD. IT.13/6/1984.
- 81 Cf. Statistical Survey of the County of Cork, op. cit., 302.
- 82 i.e. Clann Mháire Bean Chiaráin Uí Chéadagáin, Comalán. Cf. Ó Céadagáin, Comalán BGC.
- 83 Cf. Mac Mathúna, Ainm, IV (1989-90): op. cit., 145.

- 84 Irish Names of Places, 1, op. cit., 522
- 85 Cf. W.J. Watson, Place-Names of Ross and Cromarty, Inverness, 1926, lxxvi.
- 86 Cf. The Place-Names of Argyll, op. cit., xvii.
- 87 Cf. Franz Boaz, 'On Geographical Names of the Kwakiutl Indians'; op. cit., 172.
- 88 Ar chodanna eile coirp a luaitear in ainmneacha áiteanna seachas áiteanna i gCléire tá an *scórnach guala, béal, tón, ceann agus an chos*. Ar an mBlascaod Mór mar shampla tá leithéid Scórnach an Cheanna Duibh, Guala na Móna, Guala na Sgairte, Béal na Trá, Tón an Phaiste Bháin, Ceann Dubh, An Tobar Caoch. An Chos atá ar leithinis ar an nDrom Mór i nDún Chiaráin Theas, Co. Chiarraí [Cf. Top. Hib. IV (1985): 35]. Tá an téarma *tóin* coitianta leis in ainmneacha bailte fearainn in Éirinn mar a bhfuil thart ar 120 sampla a thosnaíonn leis an bhfocal [Cf. 'Tóin', 'Baill Choirp mar Logainmneacha', Ainm, III (1988): 24-25.
- 89 Cf. Ceann Chléire BIT 142; 'Rinn', DSD, IT, 18/2/1981.
- 90 Cf. INP, 1, 522.
- 91 Cf. OS, 1, 2.
- 92 Cf. Art Ó Maolfabhail, 'Baill Choirp Mar Logainmneacha', Ainm, II (1987): 76.
- 93 *ibid*, lch. 78.
- 94 e.g. 1339 Cap d'Clar, Angelino Dulcert; 1450 c. de Claro, Upsal Map. Cf. lms.1209/ TCD.
- 95 Cf. Art Ó Maolfabhail, 'Baill Choirp Mar logainmneacha', Ainm, II (1987): 78.
- 96 Baintear feidhm as a leithéid de thuirisciú in áitainmneacha ar an mBlascaod Mór chomh maith. Cf. Ceann an Ghoirt Sheáin Tom Uí Chearnaigh; Ceann an Ghoirt Pheats Tom Uí Chearnaigh. Cf. léarscáil An Blascaod Mór, 1991, Inné Teo., Dún Chaoin, Co. Chiarraí.
- 97 Cf. Nóta 16o BIT (i gCuid 1); Innéacs, Top. Hib. IV (1985): 87; The Living Landscape, op. cit. 303.
- 98 Don téarma *éadan* mar eilimint in ainmneacha bhailte fearainn; Cf. Art Ó Maolfabhail, 'Baill Choirp Mar Logainmneacha', Ainm, II (1987): 80-82.
- 99 Cf. Liam Mac Mathúna, 'The Topographical Vocabulary of Irish : Patterns and Implications', Ainm, IV (1989/90): 145.
- 100 Cf. (i) Málann atá ar bhaile fearainn i gCiarraí. Is dóichí gur ionann é agus an ainm málainn atá in a lán áiteanna eile in Éirinn. -gen, 'málainn'. An Seabhach, Uí Rathach, Baile Átha Cliath (g.d.) 45. (ii) Ian Matley, 'Perceptions of Mountain Environments as Reflected in the names of Landforms in the Scottish Highlands, Norway and Romania', Topothesia, op.cit., 28.
- 101 Do ainmneacha áiteanna a bhfuil an eilimint *mullach* iontu: Cf. Edmund Hogan, S.J. Onomasticon Goedilicum, Dublin: Hodges, Figgis & CO., Limited, 1912, 551-552; Top. Hib. IV (1985): 115-116.
- 102 Cf. "Stroin, literally, 'a nose' is used in local names of a promontory or headland", V. Moore, Manx Place Names, London, 1903, 94.
- 103 Cf. Dónall Mac Giolla Easpaig, 'Place-Names of Rathlin', Ainm, IV (1989-90) (a) Srón Dearg- a bold prominent precipitous headland 24-25; (b) An tSrón Liath (Stroanlea), a bold prominent headland, 47.
- 104 Cf. Gasaitéar na hÉireann, Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1989, 161.
- 105 Cf. Top. Hib., IV (1985): 63: Srón an Mhionnáin ; Living Landscape, op.cit., 46; Srón an Locháin atá ar bhaile fearainn in Uí Rathach, Cf. Uí Rathach, op. cit., 46.
- 106 Cf. 'leaca', INP II, 418. Logainmneacha na Rinne, op. cit., (1975), 36; Innéacs le Toponomia Hibernica, op. cit., IV (1985): 111-112; Innéacs le The Living Landscape, op. cit., 308.
- 107 Cf. Tomás de Bhaldraithe, *Varia I*, Ériu, XXXVII., Proinsias Mac Cana agus E.G. Quin (eag.), Dublin Royal Irish Academy, (1986): 181-82.
- 108 Placenames of Argyll, op. cit., 16.
- 109 Cf. T.S. Ó Máille, An Béal Beó, Baile Átha Cliath, 1936, 102.
- 110 Topothesia, op. cit., 29.
- 111 Cf. (i) Drom an Ghalláin C 95, Nóta 412; (i gCuid 1); (ii) INP, 1, 524-25; (iii) Nóta 12 A (i gCuid 1); (iv) Ainm, IV, . 152-53; (v) Cf. Druim (m), Thurneysen, A Grammar of Old Irish, Dublin, 1964, repr. 1969, 192. (vi) Cf. Druim: the human back or shoulders; a ridge, a hill FGD. 'Ridge, a narrow spur of a mountain which can be transformed into an arête by glacial modification', John Whitton, Penguin Dictionary of Physical Geography, Penguin Ltd., Middlesex, 1984, 453.
- 112 Cf. '*Cúil*, a corner or a nook, but can easily be confused with *cúl*, a "hill". *Cúil*, means back, with special reference to the back of the head and thence to anything resembling the shape of the back of the head, i.e. a "hill" '. INP 65-66; INP 1, 530-31

- 113 Cf. Cúl Mór Ca 20, Nóta 321 sa liostáil. Tá an téarma coitianta sa Rinn. Cf. Logainmneacha na Rinne, op. cit. 35; Top. Hib. IV, 101.
- 114 Cf. (i) T. S. Ó Máille, Liosta Focail as Ros Muc, Baile Átha Cliath, 1974, 232; (ii) Tón na gCaincín C 119, Nóta 521 (i gCuid 1).
- 115 Cf. INP, I, 525-26.
- 116 Baintear feidhm as an téarma 'tóin' chun tuairisciú a dhéanamh ar chuid de shliabh san ainm *Tóin a' tSléibhe*. Cf. Breandán S. Mac Aodha, 'Minor names in an Irish mountain area'. Studia Celtica, Vol. XXIV-XXV (1989-90): 145. Baintear úsáid as an téarma 'tóin' leis i dtuairisciú páircainmneacha agus gnéithe den tírdhreach nádúrtha i gCill Ghallagáin, Co. Mhuigheo. Tá ansin ainmneacha mar Tóin na Páirce Móire, Tóin na Binne, Tóin Rinn na nÉan [Cf. Living Landscape, op. cit. 312]. Níl fáil ar an téarma áfach i Logainmneacha as Paróiste na Rinne. Co. Phortláirge.
- 117 Cf. Nóta 34 (i gCuid 1).
- 118 Cf. Páirc Barraicín BID 33, Nóta 105 (i gCuid 1).
- 119 Do áitainmneacha eile a bhfuil an eilimint ceann nó cenn iontu: Cf. (a) Edmund Hogan Onomasticon Goedelicum, Dublin, 1910, 171, 223-228; (b) Ainm, IV (1989-90): 146-47; (c) Ceann Chléire BIT agus nóta 237 (i gCuid 1).
- 120 Cf. Art Ó Maolfabhail, 'Baill Choirp mar logainmneacha', Comhar, (Bealtaine 1985, Meitheamh 1985, Iúil 1985).
- 121 William S. Laughlin, Aleuts: Survivors of the Bering Land Bridge. New York: Holt, Rinehart and Winston, 1980, 113.
- 122 Ó Cuiv, 'Aspects of Irish Personal Names', Celtica, Vol. XVIII. Dublin: The Dublin Institute for Advanced Studies, (1986): 172-174.
- 123 Do léargas ar phróiseas geinealachta oileán Éireannach féach 'Genealogy: Principles and practice'. Cf. Robin Fox. The Tory Islanders: A people of the Celtic fringe. Cambridge University Press, (g.d.): 31-65.
- 124 Cf. ADSD 12.
- 125 Fuaimítear Regan mar *Ray-gan* i gCléire.
- 126 Cf. 'Old Irish Personal names', Celtica X, (1973): nóta 6, lgh. 217-18.
- 127 Bhí mar shampla, Teige O' Driscoll lonnaithe i Dununore (i.e. Dún an Óir), Cnogher oge mcErean Driscoll i Reheloge (i.e. Réidhleán, Ardghort), Hugh mcErean Driscoll in Ardghort & Parke agus fyninn mcCon O Driscoll i Lisamonin, i.e. Lios Ó Móine.
- 128 An tAth.Labhrás Ó Mathúna a chuir tús leis i gCléire d, ach tá ainmneacha Inis Earcáin agus Cléire curtha le chéile i gClár Leabhar na mBaistí sa tréimhse 1818-'41 mar ba pharóiste amháin iad go dtí an bhliain 1851.
- 129 Gabhann léarscáil leis na Leabhra Luacha Talún a chinntíonn suíomh agus teorann gach gabháltas ar an oileán.
- 130 Cf. Cairt ginealaigh Clann Mhaitiú CLOC.
- 131 Cf. C. Davis, 'Cape Clear- A Retrospect', The Month, (1881): 485.
- 132 Cf. Tithe Applotment List 1833 do Chléire CLOC.
- 133 Cf. VB 1900.
- 134 Cf. 'Ainm chúil le Cine', 'Irish Personal Names', Celtica, Vol. XVIII (1986): 172
- 135 Faightear go leor sloinnte Béarla a bhí tráth ina leasainmneacha a d'easair ó bhaill choirp an duine. Cf. William Dodgson Bowman, The Story of Surnames, London, 1932, 149.
- 136 Do leasainmneacha in áitainmneacha Oileán Mhanainn féach: A.W. Moore. Manx Names, (Second ed. revised.), London, 1903, 76-80.
- 137 Do thuairisc ar chóras ainmniúcháin daoine ar oileáin, féach (i) 'Kinship and naming' in Oileán Toraigh. Cf. Robin Fox, The Tory Islanders, op. cit., 66-81. (ii) 'The Family and Kinship' i Inis Beag. Cf. John C. Messenger, Inis Beag: Isle of Ireland, Holt, Rinehart and Winston, New York & London, 1969, 71-79.
- 138 Cf. 'Colour-names', P. H. Reaney, The Origin of English Surnames, op. cit., 237.
- 139 Duckert, *ibid.*, 153.
- 140 Cf. 'Nicknames from animals, birds and fishes', Reaney, op.cit., 261-274.
- 141 Cf. 'Nicknames from mental and moral characteristics', Reaney, op. cit. 56-57.
- 142 Tá ainmniú daoine ó ainmneacha éan coitianta go leor. Cf. Jeremy F. Boissevain, Hal-Farrug, a village in Malta: Case Studies in Cultural Anthropology, New York, 1968, 44.
- 143 Agallamh le PC, Lúnasa 1981.
- 144 Do chuntas ar "Rí" Chléire, cf. Lewis, I, 250.
- 145 Audrey R. Duckert. 'Place Nicknames', Names, Vol. 21, No 3 (Sept. 1973): 156.
- 146 Cf. Jeremy F. Boissevain, op. cit., 43-44.

- 147 Cf. T. G. Strehlow, Aranda Traditions, Melbourne: Melbourne University Press, 1947, 57.
- 148 Cf. Gort an Ghrafaidh A 40, Nóta 18 sa liostáil.
- 149 Lewis, 1, 249.
- 150 Cf. John Field, 'Size and Shape in English Field Nomenclature', Names, Vol. 23, No. 1 (March 1975): 23.
- 151 Cf. Seán Ó Dubhda, 'Foclóir agus Téarmaí Feirmeoireachta', Béaloideas, 13 (1943): 26.
- 152 Is do ghob nó rinn talún a shíneann i bhfarraige a sheasann **Corrán** i nGaeilge na hAlban. Thug Watson [History of the Celtic Place-Names of Scotland, W.J. Watson, 1926, 506] "a low Cape tapering symmetrically to a point" mar mhíniú air. "A point of land reaching out into the sea (generally), sometimes curved like a reaping-hook" a bhí i gceist le corrán, dar le Forbes [Place-Names of Skye, A.R. Forbes, 1923, 140]. Ní aontaíonn Gillies leis an tuairim go bhfuil aon bhaint ag an téarma corrán, le sickle bíodh go dtacaíonn déanamh agus tírdreach a lán des na háiteanna b'fhéidir lena leithéid sin de thuairim a chur abhaile ar údair. Dar leis, "The name is applied to small, blunt promontories at which the tidal current runs swift [H.Cameron Gillies, The Place-Names of Argyll, 1906, 14].
- Tá léiriú Mackinnon éagsúlacht brí don téarma *Corrán* in alt leis sa Celtic Review, III (1906-1907): 92. Dar leis baintear feidhm as an téarma ní amháin i logainmneacha tíre mar a deintear in Éirinn ach gur líonmhaire go mór a usáid i gcás míreanna a bhaineann le h-uisce aibhneacha agus farraige. "There are" adeir sé "scores of Corrans in the sea for one on land. The curve which a swift current assumes in rounding a sharp point is called a corran, and a 'cur a' chorrain is an experience which the boatmen of the west are not likely to forget. The land corrans are promontories of sand and shingle, and they look as if the current gave them their rounded form. So far as form is a guide, it would seem that the name was first given to the current from its curvature, and was afterwards transferred to such portions of the shore as showed similar lines".
- Tá leagan éigin den téarma *corrán* sna céadta ainmneacha bailte fearainn in Éirinn agus tharlódh gur samhlaíodh cuma chorráin bainte, corrán gealaí nó cuma an chnáibh géill féin a bheith ag baint len a lán des na háiteanna a bhfuil 'corrán' ina phríomh-chuid des na háitainmneacha atá orthu. Cf. (i) '*Corrán, Curraun, Corrane, Crann*,' T.S. Ó Máille, Béal. XXX (1962): 76-88; (ii) '*Corrán*,' BUPS, Ser. 2, Vol. 4 (1981-82): 64; (iii) '*Corraun*,' '*An Corrán*,' Nollaig Ó Muraíle, Mayo Places: Their Names & Origins, Dublin: FNT, 1985, 108.
- 153 Cf. Garraí Phádraig Uí Dhálaigh BIT 217, BIT 224c (i gCuid 2); RBÉ S 295:7
- 154 Cf. SC 17.
- 155 Cf. DSD. IT. 2/5/1979.
- Bheadh asal ag duine chun treafa agus chun ualaigh a iompar. 'Is súgán tuí nó féir a bhíodh thart faoin a muineál ag treabadh nó ag tarraingt draig aitinn ón gcnoc' [Cf. ADSD 130].
- 156 Cf. Nóta 531 (i gCuid 1).
- 157 Cf. DSD, IT. 16/4/1980.
- 158 Cf. 'Descriptive Remarks', Clear Island Name Book, c. 1839/40.
- 159 Cf. SC 18.
- 160 Do chuntas ar déanamh na cruaiche Cf. DSD IT. 19/9/1979.
- 161 Cf. DSD IT. 19/9/1979.
- 162 Cf. ADSD 55.
- 163 Cf. Seán O'Faoláin, An Irish Journey, Longman's Green and Co., London, (g.d.), 111.
- 164 C. Davis, 'Cape Clear, A Retrospect', The Month, (1881), op. cit., 479.
- 165 Cf. ADSD 117-18.
- 166 De réir an tseanchais tógadh báid sna háiteanna seo. Agallamh le HS, Lúnasa 1976.
- 167 Agallamh le MCD, Lúnasa 1978.
- 168 Agallamh le DSD, Meitheamh 1976.
- 169 Deineadh a léithéid i 1917 le linn tarrthála ón Nestorian. Cf. Cuntaisí nuachtáin i dtaisce i gCartlann Láthair Oidhreachta Chléire; Séamus Ó hAodha, 'An Nestorian', An Branar, Iml. 1, Uimh.4. Ar na cur amach ag Muintir an Bhranair, BaileÁtha Cliath, (Meadhon Foghmhair, 1919), 143-148.
- 170 Townshend, Statistical Survey, op. cit., 304-05.
- 171 Parliamentary Gazetteer of Ireland, 1844, 303.
- 172 C. Otway, Sketches in Ireland, 1839, 209.
- 173 Parliamentary Gazetteer of Ireland 1844, 303.
- 174 *ibid*.
- 175 Charles Smith, The Ancient and Present State of the County and City of Cork, Vol. 1. Cork, 1815, 281.

- 176 Cf. 'An aimsir mar fhéilire' ADSD 42-44.
- 177 Cf. 'Gaoth anoir na Samhna', ADSD 121-23.
- 178 Cf. Léachtaí Cholm Cille, LCC XXII, 1992, 16
- 179 Do fhaisnéisí agus comharthaí aimsire féach 'Faisnéis na hAimsire', ADSD 79-81.
- 180 'Fraochán', Cf. Nóta 822 sa liostáil.
- 181 ADSD 120-21.
- 182 Cf. Gort na Raithíní GL 6; Nóta 711 (i gCuid 1); ADSD 55.
- 183 Cf. Do choitaintacht aitinn i logainmníocht Leicester Shasana sa naoú haois déag féach Barrie Cox, 'Furze, Gorse and Whin- an aside on Rutland in the Danelaw'; English Place-Name Society Journal, 20, (1987-1988): 3.
- 184
- 185 Cf. CFC 105.
- 186 Cf. Garraí Liodáin A 53, Nóta 25 (i gCuid 1).
- 187 Cf. ADSD 171.
- 188 Cf. ADSD 172.
- 189 Cf. Cuas an Ghasláigh GM 27, Nóta 662 (i gCuid 1).
- 190 ADSD 146-48: IT.11/4/1984.
- 191 ADSD 147.
- 192 Cf. NHC 174; 'Cape Clear Plant List' CBOR, 7, 50-51.
- 193 Cf. Coinleach nó coinlín a bhíonn fágtha sa pháirc i ndiaidh chruithneacht a bhaint. Agallamh le DSD, Meitheamh 1976,
- 194 Townsend, Statistical Survey, op. cit., 303.
- 195 Lewis 143.
- 196 Hibernian Gazetteer, 143.
- 197 Townshend, Statistical Survey, op. cit. 303. Cf. Lewis, 1, 249.
- 198 Cf. 'An t-aon mhadra rua amháin a bhí i gCléire riamh', CFC 58-60.
- 199 ADSD 131.
- 200 Cf. Ceann Róin BIT 66 (i gCuid 2).
- 201 Cf. ADSD 131.
- 202 Cf. nóta 587 (i gCuid 1).
- 203 Parliamentary Gazetteer, op. cit., 303.
- 204 Cf. Southern Reporter, January 12, 1847.
- 205 ADSD 84.
- 206 Lewis 1837.
- 207 Townshend, Statistical Survey, op. cit. 303?
- 208 Parliamentary Gazetteer, op. cit., 303.
- 209 Cf. ADSD 129.
- 210 Lewis, 1, 249.
- 211 Parliamentary Gazetteer, op. cit., 303.
- 212 Sketches in Carbery, op. cit., 111.
- 213 Cf. DSD. IT.116/1983.
- 214 Parliamentary Gazetteer of Ireland, op. cit., 303.
- 215 Cf. 'List of the Birds', NHC 36-121.
- 216 Cf. 'Éanlaith an Aeir', ADSD 83.
- 217 Cf. Béaloideas, XI, i-ii (1941): 38.
- 218 RW 27-28.
- 219 Cf. (i) Goirtín na Séirdíní BID 83 (i gCuid 1); (ii) Agallamh le DSD, Meitheamh 1976..
- 220 Béaloideas, XI, i-ii (1941), 38.
- 221 Irish Names of Places, Vol. 1, op. cit., 247.
- 222 Cf. Gamhainín na Carraige BIT 288 (i gCuid 2); RBÉ 609:284.
- 223 'I Sasana 'Names incorporating the technical terms of geometry have a wider range' agus gheibhtear leithéidí Square Close agus Three Cornered Cap Field coitianta mar ainmeacha páirceanna. Cf. John Field, 'Size and Shape in English Field Nomenclature', Names, Vol. 23. No. 1, (March 1975): 18-19.
- 224 Rev. P. Power, The Place-Names of Decies, op. cit. xi.
- 225 Cf. Topothesia, op. cit., 133.

- 226 Alan Crozier, 'On the Transparency of Place-Names in Ireland, England and Sweden', Ainm, III (1988): 46
- 227 Cf. U. Goranson, 'Land use and settlement patterns in the Malar area of Sweden before the foundation of villages', i Alan R. H. Baker and Mark Billinge, Period and Place, Cambridge University Press, Cambridge, 1982, 161.
